

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

22 Nollaig 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### I Gníomhartha reachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE <sup>(1)</sup> ..... 1

### II Gníomhartha neamhreachtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ..... 33
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2284 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta agus nochtuithe ag gnólachtaí infheistíochta <sup>(1)</sup> ..... 48
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialachán Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292 ..... 173
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2286 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 maidir leis na sonraí atá le soláthar le haghaidh na bliana tagartha 2023 de bhun Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh comhtháite feirme a mhéid a bhaineann le liosta na n-athróg agus a dtuairisc agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1200/2009 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 284

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragail tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragail tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ..... 344
  - ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil <sup>(1)</sup> ..... 459
  - ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise ..... 463
  - ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2290 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ..... 486
  - ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2291 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas <sup>(1)</sup> ..... 494
- CINNÍ
- ★ Cinneadh (AE) 2021/2292 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh cinneadh ó Chomhlacht Feidhmiúcháin a bhaineann leis an modheolaíocht le haghaidh coigeartuithe chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas a léiriú, d'fhonn an 41ú seisiún de chuid an Chomhlachta Feidhmiúcháin don Choinbhinsiún Aerthruailliú Trasteorann Fadraoin, agus maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seisiún sin ..... 512
  - ★ Cinneadh (AE) 2021/2293 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe maidir le síneadh a chur leis an maolú ón oibleagáid sonraí i dtaifid ainmneacha paisinéirí na bpaisinéirí a scríosadh tar éis dóibh imeacht ón Ríocht Aontaithe ..... 514
  - ★ Cinneadh (AE) 2021/2294 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún ..... 517
  - ★ Cinneadh (AE) 2021/2295 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 21 Nollaig 2021 lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta ..... 519

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2296 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinise leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas <sup>(1)</sup> ..... 521
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2297 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Montainéagró leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas <sup>(1)</sup> ..... 524
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2298 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas <sup>(1)</sup> ..... 527
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2299 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Téalainn leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas <sup>(1)</sup> ..... 530
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2300 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Téaváin leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas <sup>(1)</sup> ..... 533
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2301 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 536

---

## Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021) (IO L 0, 6.4.2021) ..... 539
- ★ Ceartúchán ar Chinneadh (AE) 2020/245 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhpháirtíochta agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhpháirtíochta, na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile arna mbunú ag an gComhairle Comhpháirtíochta, agus bunú liosta na bhfochoistí, chun an Comhaontú sin a chur i bhfeidhm cé is moite de Theideal II de (IO L 52, 25.2.2020) (IO L 0, 25.2.2020) ..... 540

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.



## I

(Gníomhartha reachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/2282 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2021

maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 168 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá forbairt na dteicneolaíochtaí sláinte ina mhórspreagadh don fhás eacnamaíoch agus don nuálaíocht san Aontas agus tá an-tábhacht léi i dtaca leis an gá atá leis an ardleibhéal cosanta don tsláinte a bhaint amach a gcaithfidh beartais sláinte é a áirithiú, chun leasa gach duine. Is earnáil nuálaíoch den gheilleagar í earnáil na dteicneolaíochtaí sláinte agus cuid de mhargadh foriomlán caiteachais ar chúram sláinte í arb ionann í agus 10 % den olltáirgeacht intíre san Aontas. Cuimsítear leis na teicneolaíochtaí sláinte táirgí íocshláinte, feistí leighis, feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus gnáthaimh leighis, chomh maith le bearta a úsáidtear sa chúram sláinte chun galair a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil.
- (2) Is é atá i measúnú ar theicneolaíocht sláinte (HTA) próiseas eolaíoch fianaisebhunaithe a fhágann gur féidir le húdaráis inniúla éifeachtacht choibhneasta teicneolaíochtaí sláinte nua nó teicneolaíochtaí atá ann cheana a chinneadh. Díritear go sonrach le HTA ar an luach breise a bhaineann le teicneolaíocht sláinte i gcomparáid le teicneolaíochtaí eile sláinte nua nó atá ann cheana.
- (3) Is féidir le HTA rannchuidiú le cur chun cinn na nuálaíochta, a thairgeann na torthaí is fearr d'othair agus don tsochaí trí chéile, agus is uirlis thábhachtach é chun cur i bhfeidhm agus úsáid leormhaith na dteicneolaíochtaí sláinte a áirithiú.
- (4) Is féidir gnéithe cliniciúla agus gnéithe neamhcliniciúla araon de theicneolaíocht sláinte a chumhdach le measúnaithe ar theicneolaíocht sláinte, ag brath ar an gcóras cúraim sláinte. Le gníomhaíochtaí comhphárteacha a fhaigheann cómhaoiniú ón Aontas Eorpach i leith HTA (Gníomhaíochtaí Comhphárteacha EUnetHTA), aithnítear naoi réimse a ndéantar teicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú trína mbíthin. Ar na naoi réimse sin tá ceithre réimse chliniciúla agus cúig réimse neamhcliniciúla. Baineann na ceithre réimse measúnaithe chliniciúla le fadhb shláinte

<sup>(1)</sup> IO C 283, 10.8.2018, lch. 28 agus IO C 286, 16.7.2021, lch. 95.

<sup>(2)</sup> Seasamh Parlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2019 (OJ C 449, 23.12.2020, lch. 638) agus seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an 9 Samhain 2021 (IO C 493, 8.12.2021, lch. 1). Seasamh Parlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

agus an teicneolaíocht sláinte atá ann faoi láthair a shaináithint, scrúdú ar thréithe teicniúla na teicneolaíochta sláinte atá faoi mheasúnú, a sábháilteacht choibhneasta, agus a héifeachtacht chliniciúil choibhneasta. Baineann na cúig réimse measúnaithe neamhchliniciúla le costas teicneolaíochta sláinte agus meastóireacht eacnamaíoch uirthi, agus na gnéithe eitice, eagraíochtúla, sóisialta agus dlíthiúla di.

- (5) Is féidir le HTA feabhas a chur ar an bhfianaise eolaíoch a úsáidtear chun cinntí cliniciúla agus rochtain othar ar theicneolaíochtaí sláinte a threorú, lena n-áirítear i gcás ina n-imíonn teicneolaíocht sláinte as feidhm. Úsáidtear torthaí an mheasúnaithe ar HTA mar eolas i dtaca le cinntí a dhéanamh maidir le hacmhainní buiséadacha a leithdháileadh i réimse na sláinte, mar shampla, i dtaca le leibhéil praghsála nó aisíocaíochta teicneolaíochtaí sláinte a bhunú. Dá bharr sin, féadtar le HTA cuidiú leis na Ballstáit córais cúraim sláinte inbhuanaithe a chruthú agus a chothabháil agus nuálaíocht a spreagadh chun torthaí níos fearr a chur ar fáil d'othair.
- (6) Is é is féidir a bheith mar thoradh ar mheasúnuithe comhthreomhara a dhéanann Ballstáit éagsúla agus ar na héagsúlachtaí idir forálacha náisiúnta reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin maidir le próisis agus modheolaíochtaí measúnaithe ná go mbeidh ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte déileáil leis an iliomad iarrataí éagsúla ar shonraí. D'fhéadfadh dúbailt agus éagsúlacht i dtorthaí teacht as freisin, a éiríonn as comhthéacs sonrath an chúraim sláinte náisiúnta.
- (7) Cé go ndearna na Ballstáit roinnt measúnuithe comhpháirteacha faoi chuimsiú Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha EUnetHTA, bhí an comhar deonach agus an toradh neamhéifeachtúil agus bhí sé ag brath ar an gcomhar tionscadalbhunaithe cheal modh comhoibrithe inbhuanaithe. Leanann úsáid thorthaí Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha EUnetHTA, lena n-áirítear a measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, de bheith teoranta ar leibhéal na mBallstát, rud a fhágann nár tugadh aghaidh go leormhaith ar dhúbailt na measúnuithe ar an teicneolaíocht sláinte chéanna a rinne údarais agus comhlachtaí HTA sna Ballstáit éagsúla laistigh de thráthchláir chomhchosúla nó chomhionanna. Ar an taobh eile, ba cheart príomhthorthaí Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha EUnetHTA a bhreithniú agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, go háirithe a aschur eolaíoch amhail doiciméid mhodheolaíochta agus treoirchoiciméid chomh maith le huirlisí theicneolaíochta faisnéise (TF) chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú.
- (8) Ina conclúidí an 1 Nollaig 2014 maidir le nuálaíocht ar mhaithe le hothair <sup>(3)</sup>, d'aithin an Chomhairle an ról lárnach atá ag HTA mar uirlis beartais phoiblí chun tacú le roghanna fianaisebhunaithe, inbhuanaithe agus cothromasacha i dteicneolaíochtaí cúraim sláinte agus i dteicneolaíochtaí sláinte ar mhaithe leis na hothair. Sna conclúidí sin, d'iarr an Chomhairle, ina theannta sin ar an gCoimisiún leanúint, ar bhealach inbhuanaithe, den tacaíocht a thugann sé don chomhar idir na Ballstáit maidir le HTA agus luaigh sí go bhfuil gá ann le deiseanna comhair maidir le malartú faisnéise idir comhlachtaí inniúla a iniúchadh. Ina theannta sin, sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cógas leighis pearsantaithe do na hothair <sup>(4)</sup> an 7 Nollaig 2015, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún treisiú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí HTA is infheidhme maidir le cógais leighis pearsantaithe agus sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcothromaíocht a neartú sna córais chógaíochta san Aontas Eorpach agus ina chuid Ballstát an 17 Meitheamh 2016, dhearbhaigh an Chomhairle athuair gur léir do na Ballstáit <sup>(5)</sup> go bhfuil breisluach soiléir ag gabháil le comhar maidir le HTA. Iarradh sa tuarascáil chomhpháirteach ón Ard-Stiúrthóireacht um Eacnamaíocht agus Gnóthaí Airgeadais an Choimisiúin agus ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, ó mhí Dheireadh Fómhair 2016, go mbeadh comhar feabhsaithe Eorpach ann i leith HTA. Ar deireadh, ina Conclúidí an 15 Meitheamh 2021 maidir le rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis le haghaidh Aontas níos láidre agus níos athléimní <sup>(6)</sup>, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí plean gníomhaíochta de chuid an Aontais a chur ar bun maidir le fíorshonraí a bhailiú agus fíorfhianaise a ghiniúint, lena ndéanfaí comhoibriú níos fearr a chur chun cinn idir tionscnaimh leanúnacha náisiúnta agus trasteorann agus lena bhféadfaí cur le bearnaí fianaise i gcinntí a bhaineann le HTA agus íocóirí a laghdú.
- (9) D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún, sa rún uaithi an 2 Márta 2017 maidir le roghanna an Aontais chun an rochtain ar chógais a fheabhsú <sup>(7)</sup>, togra reachtaíochta a ullmhú, a luaithe is féidir, maidir le córas Eorpach um HTA agus critéir thrédhearcacha i ndáil le HTA a chomhchuibhiú chun luach breise teiripeach cógas agus éifeachtacht choibhneasta na dteicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú le hais na roghanna malartacha is fearr atá ar fáil a chuireann san áireamh leibhéal na nuálaíochta agus an tairbhe d'othair.

<sup>(3)</sup> IO C 438, 6.12.2014, lch. 12.

<sup>(4)</sup> IO C 421, 17.12.2015, lch. 2.

<sup>(5)</sup> IO C 269, 23.7.2016, lch. 31.

<sup>(6)</sup> IO C 269I, 7.7.2021, lch. 3.

<sup>(7)</sup> IO C 263, 25.7.2018, lch. 4.

- (10) Sa teachtaireacht uaidh an 28 Deireadh Fómhair 2015 maidir leis an Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus don ghnó, dhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil rún aige tionscnamh i dtaca HTA a thabhairt isteach chun an comhordú a mhéadú d'fhonn an iliomad measúnuithe ar an táirge céanna i mBallstáit éagsúla a sheachaint agus feidmiú an Mhargaidh Aonair do theicneolaíochtaí sláinte a fheabhsú.
- (11) Is é is aidhm don Rialachán seo ardleibhéal cosanta sláinte a bhaint amach d'othair agus d'úsáideoirí agus feidmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i ndáil le táirgí íocshláinte, feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. An tráth céanna, bunaítear leis an Rialachán seo creat chun tacú le comhar na mBallstát agus leis na bearta is gá chun measúnú cliniúil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte. Tá an dá chuspóir sin á saothrú go comhuaineach, agus, cé go bhfuil siad doscartha, ní thugtar tosaíocht do cheachtar acu ar an gceann eile. A mhéid a bhaineann le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), leagtar amach sa Rialachán seo na nósanna imeachta agus na rialacha maidir le hobair chomhpháirteach a dhéanamh agus creat a bhunú ar leibhéal an Aontais. A mhéid a bhaineann le hAirteagal 168 CFAE, agus é mar aidhm ag an am céanna ardleibhéal cosanta sláinte a sholáthar, ceadaítear leis an Rialachán seo comhar idir na Ballstáit maidir le gnéithe áirithe de HTA.
- (12) Ba cheart obair chomhpháirteach a dhéanamh de réir phrionsabal an dea-chleachtais riaracháin, agus ba cheart í a bheith dírithe ar an leibhéal is airde cáilíochta, trédhearcachta agus neamhspleáchais a bhaint amach.
- (13) Is minic a bhíonn sé deacair ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí céanna agus fianaise eile a thíolacadh chuig Ballstáit éagsúla, agus ag pointí éagsúla ama freisin. D'fhéadfadh dúbailt an tíolactha agus breithniú ar uainiú éagsúil le haghaidh tíolactha ar fud na mBallstát a bheith ina ualach suntasach riaracháin ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte, go háirithe i gcás cuideachtaí beaga a bhfuil acmhainní teoranta acu, agus d'fhéadfadh sé cur le rochtain ar an margadh a chosc agus a shaobhadh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le heaspa intuarthachta gnó, costais níos airde, agus, san fhadtárma, le héifeachtaí diúltacha ar an nuálaíocht. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le sásra lena n-áirithítear nár cheart don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte aon fhaisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile atá riachtanach don mheasúnú cliniúil comhpháirteach a thíolacadh ach an t-aon uair amháin ar leibhéal an Aontais.
- (14) I gcomhréir le hAirteagal 168(7) CFAE, tá na Ballstáit freagrach as a mbeartas sláinte a shainiú agus as seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar. Áirítear ar na freagrachtaí sin seirbhísí sláinte agus cúram leighis a bhainistiú, agus go háirithe na hacmhainní a shanntar dóibh a leithdháileadh. Dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht an Aontais a bheith teoranta do na gnéithe sin de HTA a bhaineann le measúnú cliniúil comhpháirteach ar theicneolaíocht sláinte, agus a áirithiú go háirithe nach mbeidh aon bhreithiúnais luacha i measúnuithe cliniúla comhpháirteacha chun freagrachtaí na mBallstát de bhun Airteagal 168(7) CFAE a urramú. I ndáil leis sin, is éard atá sna measúnuithe cliniúla comhpháirteacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo anailís eolaíoch ar éifeachtaí coibhneasta na teicneolaíochta sláinte ar theicneolaíocht sláinte arna measúnú ar na torthaí sláinte i gcomparáid leis na paraiméadair a roghnaíodh atá bunaithe ar raon feidhme an mheasúnaithe. Áireofar leis an anailís eolaíochta breithniú sa bhreis ar leibhéal cinnteachta na n-éifeachtaí coibhneasta, agus a láidre agus a theoranta atá an fhianaise atá ar fáil á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, níor cheart torthaí na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha difear a dhéanamh do lánrogha na mBallstát measúnuithe a dhéanamh ar luach cliniúil breise na dteicneolaíochtaí sláinte lena mbaineann ná i dtaca le cinntí a réamhchinneadh, ar cinntí iad a dhéanfar níos déanaí maidir le teicneolaíochtaí sláinte a phraghsáil agus a aisíoc, lena n-áirítear critéir a shocrú do na cinntí sin maidir le praghsáil agus aisíoc, a d'fhéadfadh a bheith ag brath ar chúinsí cliniúla agus neamhchliniciúla ina n-aonair nó le chéile, cinntí a leanann de bheith faoi réir na hinniúlachta náisiúnta agus fúithi sin amháin.
- (15) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann anailísí cliniúla comhlántacha a dhéanamh, atá riachtanach dá bpróiseas foriomlán náisiúnta maidir le HTA, ar na teicneolaíochtaí sláinte a bhfuil tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach ar fáil dóibh. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann anailísí cliniúla comhlántacha a dhéanamh a bhaineann, *inter alia*, le grúpaí othar, le comparadóirí nó le torthaí sláinte seachas iad siúd a áirítear sa tuarascáil maidir leis an measúnú cliniúil comhpháirteach, nó trí úsáid a bhaint as modheolaíocht éagsúil dá mbeadh gá leis an modheolaíocht sin sa phróiseas foriomlán náisiúnta maidir le HTA de chuid an Bhallstáit lena mbaineann. Má tá faisnéis bhreise, sonraí breise, anailísí breise agus fianaise eile de dhíth le haghaidh anailísí comhlántacha cliniúla, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann iarraidh ar na forbróirí teicneolaíochtaí sláinte an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise eile sin is gá a thíolacadh. Níor cheart don Rialachán seo srian a chur ar aon bhealach ar chearta na mBallstát measúnuithe neamhchliniciúla a dhéanamh ar an teicneolaíocht sláinte chéanna sula ndéanfar tuarascáil maidir leis an measúnú cliniúil comhpháirteach, le linn don tuarascáil sin a bheith á hullmhú nó i ndiaidh a fhoilsithe.

- (16) Chun ardchaighdeán na measúnuithe cliniúla comhphárteacha a ráthú, glacadh forleathan a áirithiú agus comhthiomsú saineolais agus acmhainní ar fud údaráis agus comhlachtaí náisiúnta HTA a chumasú, is iomchuí cur chuige céim ar chéim a leanúint, ag tosú le líon beag táirgí íocshláinte a measúnaíodh go comhphárteach agus, ag tráth níos déanaí amháin, a cheangal go ndéanfar measúnuithe cliniúla comhphárteacha ar tháirgí íocshláinte eile atá faoi réir an nós imeachta údarúcháin láraithe margáiochta dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>, agus i gcás ina n-údarófar na táirgí íocshláinte sin ina dhiaidh sin le haghaidh tásc teiripeach nua.
- (17) Ba cheart measúnuithe cliniúla comhphárteacha a dhéanamh ar fheistí leighis áirithe mar a shainítear i Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup> atá sna haicmí riosca is airde agus a bhfuil tuairimí agus barúlacha tugtha ag na painéil saineolaithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 106(1) den Rialachán sin ina leith, agus ar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a aicmítear in aicme D de bhun Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(10)</sup>.
- (18) Agus castacht feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* áirithe á gcur san áireamh, agus an saineolas is gá chun measúnú a dhéanamh orthu, ba cheart do na Ballstát a bheith in ann, i gcás ina bhfeiceann siad go bhfuil breislúach ann, dul i mbun comhar deonach maidir le HTA i gcás feistí leighis a aicmítear in aicme IIb nó III de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2017/745 agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a aicmítear in aicme D de bhun Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2017/746 ar bhogearraí iad agus nach dtagann faoi raon feidhme measúnuithe cliniúla comhphárteacha faoin Rialachán seo.
- (19) Chun a áirithiú go leanfaidh na measúnuithe cliniúla comhphárteacha a dhéantar ar theicneolaíochtaí sláinte de bheith cruinn agus ábhartha, ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an fhianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil tráth ar bith, is iomchuí coinníollacha a bhunú chun na measúnaithe sin a nuashonrú, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sonraí breise a thagann chun bheith ar fáil tar éis an mheasúnaithe tosaigh cur le cruinneas agus cáilíocht an mheasúnaithe.
- (20) Ba cheart Grúpa Comhordaithe na mBallstát um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (“an Grúpa Comhordaithe”) a bhunú a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe na mBallstát go háirithe ó údaráis agus comhlachtaí HTA, agus é a bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mheasúnaithe cliniúla comhphárteacha agus as obair chomhphárteach eile a dhéanamh faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Chun cur chuige faoi stiúir na mBallstát a áirithiú maidir le measúnuithe cliniúla comhphárteacha agus comhairliúcháin eolaíoch comhphárteacha, ba cheart do na Ballstát comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe a ainmniú. Ba cheart na comhaltaí sin a ainmniú agus é mar aidhm ardleibhéal inniúlachta sa Ghrúpa Comhordaithe a áirithiú. Ba cheart do chomhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe údaráis agus comhlachtaí HTA a ainmniú do na foghrúpaí, a chuirfidh saineolas teicniúil leordhóthanach ar fáil chun measúnuithe cliniúla comhphárteacha agus comhairliúcháin eolaíoch comhphárteacha a dhéanamh, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann saineolas a chur ar fáil maidir le HTA ar tháirgí íocshláinte, ar fheistí leighis agus ar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*.
- (21) Chun cineál eolaíoch an chomhair a léiriú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na cinní a dhéanfaidh an Grúpa Comhordaithe na cuspóirí maidir le hobair chomhphárteach den cháilíocht agus den neamhchlaontacht eolaíoch is airde a ráthú, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe a dhícheall a dhéanamh teacht ar chomhthoil. Mura féidir teacht ar chomhthoil den sórt sin, agus chun sásra cinnteoireachta rianúil a áirithiú sa Ghrúpa Comhordaithe, ba cheart cinní de chineál teicniúil agus eolaíoch a dhéanamh ar bhonn tromlaigh shimplí i gcás ina dtugtar vóta amháin do gach Ballstát beag beann ar líon chomhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe ó aon Bhallstát ar leith. Mar eisceacht air sin, agus ós rud é go bhfuil siad éagsúil óna chéile, ba cheart cinní maidir leis an gclár oibre bliantúil, an tuarascáil bhliantúil agus an treoir straitéiseach d’obair na bhfoghrúpaí a ghlacadh a dhéanamh ar bhonn tromlach cáilithe.
- (22) Níor cheart don Choimisiún páirt a ghlacadh i vótaí ar mheasúnuithe cliniúla comhphárteacha ná barúil a thabhairt faoi ábhar na dtuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhphárteacha.

<sup>(8)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

<sup>(10)</sup> Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).



- (23) Ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe a áirithiú go ráthaítear an cháilíocht is airde leis an obair eolaíoch chomhpháirteach agus leis na nósanna imeachta agus leis an modheolaíocht chun tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus doiciméid toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a ullmhú, go n-ullmhófar iad go tráthúil agus go léireofar leo úrscothacht na heolaíochta leighis tráth a n-ullmhaithe.
- (24) Ba cheart modheolaíochtaí chun measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha a dhéanamh a oiriúnú chun sainiúlachtaí teicneolaíochtaí nua sláinte a áireamh nach mbeadh fáil éasca ar roinnt sonraí ina leith. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás nó *inter alia*, táirgí íocshláinte dílleachta, vacsaíní agus táirgí íocshláinte ardteiripe.
- (25) Ba cheart raon feidhme an mheasúnaithe le haghaidh measúnuithe cliniúla comhpháirteacha a bheith cuimsitheach agus ba cheart dó riachtanais na mBallstát uile i dtéarmaí sonraí agus anailís atá le tíolacadh ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte a léiriú.
- (26) Nuair a úsáidtear measúnuithe cliniúla comhpháirteacha chun cinntí riaracháin a dhéanfar ina dhiaidh sin a ullmhú ar leibhéal na mBallstát, is céim amháin é sin as measc roinnt céimeanna ullmhúcháin i nós imeachta ilchéime. Is é an Ballstát féin an t-aon eintiteas amháin i gcónaí atá freagrach as na próisis náisiúnta maidir le HTA, as na conclúidí maidir le luach na teicneolaíochta sláinte agus as na cinntí a eascraíonn as HTA. Ba cheart go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh cén chéim dá bpróiseas HTA ba cheart na tuarascálacha maidir leis an measúnú cliniúil comhpháirteach a bhreithniú, agus cén t-údarás nó cén comhlacht a dhéanfaidh sin.
- (27) Ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe gach iarracht a dhéanamh an tuarascáil ar na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha a fhormhuiniú trí chomhthoil. I gcás nach féidir teacht ar chomhthoil, d'fhonn áirithiú go gcuirfear bailchríoch ar thuarascálacha ar mheasúnuithe cliniúla comhpháirteacha laistigh den chreat ama a shocraítear, ba cheart tuairimí eolaíochta éagsúla a chur san áireamh sna tuarascálacha. Chun sláine chóras na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus an aidhm atá le comhthoil a áirithiú, níor cheart tuairimí eolaíochta éagsúla a áireamh ach na tuairimí sin a bhfuil bonn cirt iomlán leo ar fhorais eolaíochta, agus dá bhrí sin, ba cheart iad a bhreithniú mar bheart eisceachtúil.
- (28) Ba cheart do na Ballstáit leanúint de bheith freagrach as teacht ar chonclúidí ar an leibhéal náisiúnta maidir le breisluach cliniúil teicneolaíochta sláinte, ós rud é go mbraitheann conclúidí den sórt sin ar chomhthéacs sonrath an chúraim sláinte in aon Bhallstát ar leith, agus ar ábharthacht na n-anailísí aonair a áirítear sa tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach (mar shampla, d'fhéadfaí roinnt comparadóirí a chur san áireamh sa tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach, nach mbaianeann ach rogha díobh le Ballstát ar leith). Ba cheart cur síos ar na héifeachtaí coibhneasta a breathnaíodh i dtaca leis na torthaí sláinte a ndearnadh anailís orthu a áireamh sa tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach, lena n-áirítear torthaí uimhriúla agus eatraimh muiníne, agus anailís ar éiginnteacht agus láidreachtaí eolaíochta agus teorainneacha na fianaise (mar shampla bailíocht inmheánach agus sheachtrach). Ba cheart don tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach a bheith fíorasach agus níor cheart aon bhreithiúnas cliniúil breisluacha ná aon rangú torthaí sláinte a bheith inti, ná conclúidí maidir le tairbhe fhoriomlán nó breisluach cliniúil na teicneolaíochta sláinte measúnaithe, ná aon seasamh maidir leis an spriocphobal inar cheart an teicneolaíocht sláinte a úsáid, ná aon seasamh maidir leis an áit ar cheart a bheith ag an teicneolaíocht sláinte sa straitéis theiripeach, dhiagnóiseach nó choisctheach.
- (29) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an próiseas trédhearcach agus go n-ardófaí feasacht phoiblí ina leith. I gcás ina bhfuil sonraí rúnda ann ar chúiseanna tráchtála, ba cheart na cúiseanna do cheanglais rúndachta a leagan amach go soiléir agus údar cuí a thabhairt leo agus ní mór na sonraí rúnda a theorannú go soiléir agus iad a chosaint.
- (30) I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit HTA ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach maidir le teicneolaíochtaí sláinte a ndearnadh measúnú orthu ar leibhéal an Aontais, ba cheart dóibh na tuarascálacha maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach a bhreithniú ar an leibhéal sin. I ndáil leis an méid sin, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh gur féidir feidhm a bheith ag uainiú éagsúil iarratas ar chinntí náisiúnta maidir le HTA, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann faisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile nach raibh mar chuid den mheasúnú cliniúil comhpháirteach ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh. Ba cheart an HTA a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach maidir le teicneolaíocht sláinte a ndearnadh measúnú uirthi ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe.
- (31) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, ciallaíonn an téarma “a bhreithniú go cuí”, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm é ar thuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach, gur cheart don tuarascáil a bheith mar chuid de dhoiciméadacht na n-údarás nó na gcomhlachtaí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí HTA ar leibhéal na mBallstát nó ar an leibhéal réigiúnach agus gur cheart é a bhreithniú le haghaidh aon HTA ar leibhéal na mBallstát. Má tá an tuarascáil maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach ar fáil, ba cheart í a bheith mar chuid den doiciméadacht a thacaíonn leis an bpróiseas náisiúnta maidir le HTA. Mar sin féin, is de chineál eolaíoch ábhar na

tuarascála maidir le measúnú clínicíúil comhpháirteach, agus níor cheart dó a bheith ina cheangal ar na húdaráis nó ar na comhlachtaí sin ná ar na Ballstáit. Mura mbeidh tuarascáil maidir le measúnú clínicíúil comhpháirteach ar fáil tráth a gcuirtear bailchríoch ar an HTA náisiúnta, níor cheart dó sin moill a chur ar aon phróiseas ina dhiaidh sin ar leibhéal na mBallstát. Níor cheart aon tionchar seachtrach a bheith ag tuarascáil maidir le measúnú clínicíúil comhpháirteach ar iarratasóirí ná ar pháirtithe eile seachas na Ballstáit.

- (32) Leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit gan aon fhaisnéis, sonraí, anailísí nó fianaise eile a thíolaic forbróirí teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal an Aontais, a iarraidh ar an leibhéal náisiúnta, laghdaítear, i gcás ina gcomhlíonann forbróirí teicneolaíochtaí sláinte na ceanglais maidir le faisnéis a thíolacadh arna leagan síos de bhun an Rialacháin seo, an t-ualach riaracháin agus airgeadais a bheadh orthu le hiarrataí iomadúla agus eisréimneacha ar fhaisnéis, sonraí, anailísí nó fianaise eile ar leibhéal na mBallstát. Níor cheart áfach, leis an oibleagáid sin, a eisiaimh go bhféadfadh na Ballstáit soiléiriú a iarraidh ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte maidir leis an bhfaisnéis, na sonraí, na hanailísí nó an fhianaise eile arna dtíolacadh.
- (33) Níor cheart, leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit gan faisnéis, sonraí, anailísí nó fianaise eile a thíolaic forbróirí teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal an Aontais cheana féin a iarraidh ar an leibhéal náisiúnta, iarrataí ar fhaisnéis, sonraí, anailísí ná fianaise eile laistigh de raon feidhme na gclár um rochtain luath ar leibhéal na mBallstát a chuimsiú. Maidir leis na clár um rochtain luath sin ar leibhéal na mBallstát, is é is aidhm dóibh rochtain ar tháirgí íocshláinte a sholáthar d'othair i gcásanna ardriachtanas leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu sula ndeonófar údarú margaíochta láraithe.
- (34) Níor cheart d'fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte aon fhaisnéis, sonraí, anailísí ná fianaise eile a thíolacadh ar an leibhéal náisiúnta a tíolacadh cheana féin ar leibhéal an Aontais. Áirithítear leis sin nach féidir leis na Ballstáit faisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile a iarraidh ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal na mBallstát ach amháin mura bhfuil siad ar fáil cheana ar leibhéal an Aontais.
- (35) I gcás táirgí íocshláinte, ba cheart, agus measúnú clínicíúil comhpháirteach á dhéanamh, tús áite a thabhairt do staidéir chomparáideacha dhíreacha atá randamaithe, dall agus a bhfuil grúpa cóimheastóra acu, a bhfuil a modheolaíocht i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta an leighis fianaisebhunaithe. Leis an gcur chuige sin, níor cheart, áfach, staidéir bhreathnóireachta a eisiaimh *per se*, lena n-áirítear staidéir atá bunaithe ar fhíorshonraí, nuair atá staidéir den sórt sin ar fáil.
- (36) Ba cheart an clár ama do mheasúnuithe clínicíúla comhpháirteacha ar tháirgí íocshláinte a shocrú, a mhéid is féidir, de réir an chláir ama is infheidhme maidir leis an nós imeachta um údarú láraithe margaíochta a thabhairt chun críche dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004. Le comhordú den sórt sin, ba cheart a áirithiú go bhféadfadh measúnuithe clínicíúla comhpháirteacha rochtain éifeachtach ar an margadh a éascú agus cuidiú le go mbeadh teicneolaíochtaí sláinte nuálacha d'othair ar fáil go tráthúil. Dá bhrí sin, ba cheart d'fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte na spriocdhátaí arna mbunú de bhun an Rialacháin seo a urramú agus an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise eile a iarradh á dtíolacadh acu.
- (37) Ba cheart, agus clár ama á bhunú do mheasúnuithe clínicíúla comhpháirteacha ar fheistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, an bealach fíor-dhláraithe chun rochtain a fháil ar an margadh do na feistí sin, mar aon le hinfhaighteacht na sonraí fianaise iomchuí is gá chun measúnú clínicíúil comhpháirteach a dhéanamh, a chur san áireamh. Ós rud é go bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh an fhianaise is gá le fáil ach a gcuirfear an feiste leighis nó an feiste leighis dhiagnóiseach *in vitro* ar an margadh, agus ionas go bhféadfaí iad a roghnú chun dul faoi mheasúnú clínicíúil comhpháirteach ag am cuí, ba cheart go bhféadfaí measúnuithe den chineál sin a dhéanamh ar na feistí sin tar éis iad a chur ar an margadh.
- (38) I ngach cás, ba cheart é a bheith mar aidhm leis an obair chomhpháirteach a dhéantar faoin Rialachán seo, go háirithe na measúnuithe clínicíúla comhpháirteacha, torthaí ardcháilíochta tráthúla a tháirgeadh, agus comhar níos fearr a chothú idir na Ballstáit maidir le HTA ar fheistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus níor cheart moill a chur ná cur isteach ar an marcáil CE ar fheistí leighis ná ar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro* ná moill a chur ar an rochtain atá acu ar an margadh. Ba cheart an obair sin a bheith ar leithligh ó na measúnuithe rialála a dhéantar de bhun Rialacháin (AE) 2017/745 agus (AE) 2017/746 agus níor cheart aon tionchar a bheith aici ar chinntí a dhéantar i gcomhréir leis na Rialacháin sin.

- (39) Chun próiseas ullmhúcháin na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha a éascú, ba cheart, i gcásanna iomchuí, an deis a thabhairt d'fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte dul i mbun comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha leis an nGrúpa Comhordaithe chun treoir a fháil maidir leis an bhfaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus aon fhianaise eile ar dócha a éileofar ó staidéir chliniciúla. Áirítear ar staidéir chliniciúla trialacha cliniúla ar tháirgí íocshláinte, imscrúduithe cliniúla is gá le haghaidh meastóireacht chliniciúil ar fheistí leighis agus staidéir feidhmíochta is gá chun meastóireachtaí feidhmíochta a dhéanamh ar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. I bhfianaise chineál réamhchémnitheach an chomhairliúcháin, ba cheart gan aon chomhairle a thabharfaí a bheith ceangailteach ó thaobh dlí de ar na forbróirí teicneolaíochtaí sláinte ná ar na húdaráis ná ar na comhlachtaí HTA. Ba cheart don treoir sin, áfach, úrscothacht na heolaíochta leighis a léiriú tráth an chomhairliúcháin eolaíoch chomhpháirtigh, go háirithe chun leas na n-othar.
- (40) I gcás ina ndéanfar comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha i gcomhthráth le hullmhú na comhairle eolaíche maidir le táirgí íocshláinte dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó i gcomhthráth leis an gcomhairliúchán maidir le feistí leighis dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/745, ba cheart na próisis chomhthreomhara sin, lena n-áirítear malartú faisnéise idir na foghrúpaí agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach nó na painéil saineolaithe ar fheistí leighis, a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh giniúint na fianaise riachtanais na gcreataí faoi seach, agus scaradh a sainorduithe faoi seach á chaomhnú ag an am céanna.
- (41) Chun measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha a dhéanamh is gá faisnéis rúnda a chomhroinnt idir forbróirí teicneolaíochtaí sláinte agus údaráis agus comhlachtaí HTA. Chun cosaint na faisnéise sin a áirithiú níor cheart an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe faoi chuimsiú measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha a nochtadh do thrú páirtí ach amháin tar éis comhaontú rúndachta a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, aon fhaisnéis a phoibleofar maidir le torthaí na gcomhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteach, tá sé riachtanach í a chur i láthair i bhformáid anaithnidithe agus aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bhaint.
- (42) Chun úsáid éifeachtúil na n-acmhainní atá ar fáil a áirithiú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cleachtadh “scanadh ionchais” chun gur féidir teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn a shainiú go luath, teicneolaíochtaí ar cosúil go mbeidh tionchar mór acu ar othair, ar an tsláinte phoiblí agus ar chórais cúraim sláinte, agus ar cosúil go ndéanfaí an taighde a threorú leo. D'fhéadfaí an scanadh ionchais sin a úsáid chun tacú leis an nGrúpa Comhordaithe agus a chuid oibre á pleanáil aige, go háirithe i ndáil le measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a sholáthar freisin chun críoch pleanála fadtéarmaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- (43) Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhar deonach idir na Ballstáit maidir le HTA i réimsí amháin clár um vacsaíní a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus fothú acmhainneachta na gcóras náisiúnta HTA. Leis an gcomhar deonach sin ba cheart, ina theannta sin, sineirgíochtaí a éascú le tionscnaimh faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach i réimsí ábhartha digiteacha agus sonraibhunaith den chúram sláinte d'fhonn fíorfhianaise bhreise a chur ar fáil don HTA. Is féidir leis an gcomhar deonach maidir le HTA réimsí a chuimsiú freisin, amháin diagnóisiú comhlántach don chóireáil, gnáthaimh mháinliachta, cosc, scagadh agus clár um chur chun cinn na sláinte, uirlisí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide mar aon le próisis chúraim chomhtháite. Athraíonn na riachtanais a ghabhann le teicneolaíochtaí sláinte éagsúla a mheas, ag brath ar a saintréithe sonracha, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le cur chuige comhleánach ar féidir leis freastal ar na teicneolaíochtaí sláinte éagsúla sin i réimse HTA.
- (44) Chun cuimsitheacht agus trédhearcacht na hoibre comhpháirtí a áirithiú, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe déileáil agus dul i gcomhairle ar bhonn cuimsitheach le heagraíochtaí geallsealbhóirí ar suim leo comhar a dhéanamh leis an Aontas maidir le HTA, lena n-áirítear eagraíochtaí othar, eagraíochtaí gairmithe cúraim sláinte, sochaithe cliniúla agus an lucht acadúil, comhlachais eile d'fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte, eagraíochtaí tomhaltóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha eile i réimse na sláinte. Ba cheart líonra geallsealbhóirí a chur ar bun chun an t-idirphlé idir eagraíochtaí geallsealbhóirí agus an Grúpa Comhordaithe a éascú.
- (45) D'fhonn a áirithiú gur den ardcháilíocht eolaíoch an obair chomhpháirteach agus gur léiriú í ar an úrscothacht, ba cheart do shaineolaithe seachtracha a bhfuil saineolas speisialaithe domhain ábhartha acu ionchur a sholáthar maidir leis na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus na comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha. Ba cheart a áireamh ar na saineolaithe sin saineolaithe cliniúla sa réimse teiripe lena mbaineann, na hothair a bhfuil tionchar ag an ngalar orthu, agus saineolaithe ábhartha eile, mar shampla, maidir leis an gcineál teicneolaíochta sláinte lena mbaineann nó maidir le saincheisteanna a bhaineann le dearadh an staidéir chliniciúil. D'fhéadfaí líonraí

Tagartha Eorpacha a úsáid freisin mar fhoinsé chun na saineolaithe sin a shaináithint agus chun eolas ábhartha i réimsí teiripeacha ar leith a rochtain. Ba cheart na hothair, na saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile a roghnú dá saineolas maidir lena n-ábhar agus gníomhú i gcáil aonair seachas ionadaíocht a dhéanamh ar aon eagraíocht, institiúid nó Ballstát ar leith. Chun sláine eolaíoch na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus na gcomhairliúcháin eolaíoch comhpháirteacha a chaomhnú, ní mór rialacha a fhorbairt chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na n-othar, na saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile lena mbaineann a áirithiú agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

- (46) Tá ról tábhachtach ag an gcomhar i réimse HTA feadh shaolré na teicneolaíochta sláinte ón gcéim luath den fhorbairt trí scanadh ionchais agus trí chomhairliúcháin eolaíoch comhpháirteach agus níos déanaí a luaithe a bheidh an teicneolaíocht sláinte ar an margadh tríd an measúnú cliniciúil comhpháirteach agus an nuashonrú a dhéanfar air.
- (47) D'fhonn a áirithiú gur cur chuige aonfhoirmeach agus faoi stiúir na mBallstát a bheidh ann don obair chomhpháirteach dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe a chéimeanna mionsonraithe níos imeachta agus a n-uainiú a fhorbairt le haghaidh measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, nuashonruithe ar mheasúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch comhpháirteacha. I gcás inarb iomchuí, agus torthaí na hoibre a rinneadh cheana i nGníomhaíochtaí Comhpháirteacha EUnetHTA a chur san áireamh, ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe rialacha faoi leith a fhorbairt do tháirgí íocshláinte, d'fheistí leighis agus d'fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*.
- (48) Ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe treoir mhodheolaíoch a cheapadh maidir leis an obair chomhpháirteach dá bhforáiltear sa Rialachán seo, de réir caighdeáin idirnáisiúnta leighis fhianaisebhunaithe. Ba cheart an próiseas measúnaithe a bheith ag brath ar fhianaise chliniciúil atá ábhartha, cothrom le dáta agus d'ardcháilíocht. Ba cheart don Ghrúpa Comhordaithe treoir maidir le measúnóirí agus cómhneasúirí a cheapadh do mheasúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíoch comhpháirteacha, lena n-áirítear maidir leis an saineolas eolaíoch is gá chun an obair chomhpháirteach a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme.
- (49) Chun cur chuige aonfhoirmeach a áirithiú i leith na hoibre comhpháirtí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh, i gcás ina sásaítear coinníollacha áirithe, gur cheart do tháirgí íocshláinte eile a bheith faoi réir measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar dháta roimh an dáta a bhunaítear sa Rialachán seo, chun go roghnófaí feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* áirithe chun bheith faoi réir measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, agus chun rialacha níos imeachta mionsonraithe a bhunú a bhaineann le gnéithe áirithe de mheasúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus do mheasúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, rialacha níos imeachta ginearálta a bhunú a bhaineann le measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha, agus an fhoráid agus na teimpléid a bhunú do na doiciméid tíolactha agus tuairiscithe. I gcás inarb iomchuí, ba cheart rialacha faoi leith a fhorbairt do tháirgí íocshláinte, d'fheistí leighis agus d'fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(11)</sup>.
- (50) Agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa Rialachán seo á n-ullmhú aige, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear leis an nGrúpa Comhordaithe agus ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr <sup>(12)</sup>.
- (51) Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil don obair chomhpháirteach dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, ba cheart don Aontas féachaint le maoiniú cobhsaí agus buan a chur ar fáil don obair chomhpháirteach agus don chomhar deonach, agus don chreat chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart a chuimsiú sa mhaoiniú, go háirithe costais maidir leis na tuarascálacha cliniciúla comhpháirteacha agus na tuarascálacha comhairliúcháin eolaíoch comhpháirteacha a tháirgeadh. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Choimisiún chun tacú le rúnaíocht an Ghrúpa Comhordaithe.
- (52) Chun an obair chomhpháirteach agus an malartú faisnéise idir na Ballstáit i leith HTA a éascú, ba cheart go bhforálfáid maidir le hardán TF a bhunú ina mbeadh bunachair sonraí iomchuí agus slánbhealaí cumarsáide. Ba cheart don Choimisiún tógáil ar na bunachair sonraí agus na feidhmiúlachtaí a forbraíodh faoi Gníomhaíochtaí Chomhpháirteacha EUnetHTA chun faisnéis agus fianaise a mhalartú, agus ba cheart é a bheith mar aidhm aige a áirithiú go mbeidh nasc idir an t-ardán TF agus na bonneagair sonraí eile atá ábhartha chun críocha HTA, amhail cláir agus bunachair sonraí a bhaineann le fíorshonraí. Agus ardán TF den chineál sin á fhorbairt, ba cheart féachaint freisin ar na deiseanna a chuireann Spás Eorpach Sonraí Sláinte a bheidh ann amach anseo ar fáil.

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>(12)</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (53) Chun bunú agus feidhmiú rianúil measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar leibhéal an Aontais a áirithiú, agus a gcáilíocht a choimirciú, is iomchuí tosú le líon beag measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha. Amháil 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart méadú leanúnach forásach a dhéanamh ar líon na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha.
- (54) Chun a áirithiú go leanfaidh an creat tacaíochta de bheith chomh héifeachtúil agus chomh cost-éifeachtach agus is féidir, ba cheart don Choimisiún tuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm. Leis an tuarascáil ba cheart díriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar bhreisluach na hoibre comhpháirtí do na Ballstáit. Go háirithe, ba cheart breithniú a dhéanamh sa tuarascáil i dtaobh an gá sásra íoctha táille a thabhairt isteach lena n-áiritheofaí neamhspleáchas an Ghrúpa Comhordaithe agus trína gcuirfeadh forbróirí teicneolaíochtaí sláinte le cistiú na gcomhairliúcháin eolaíoch comhpháirteach freisin. Ina theannta sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh sa tuarascáil ar an éifeacht a bheadh ag neamh-dhúbail na n-iarrataí ar fhaisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile le haghaidh measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha i dtéarmaí an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte a laghdú, rochtain ar an margadh a éascú do tháirgí nua agus nuálacha agus costais a laghdú. D'fhéadfadh an tuarascáil a bheith ina bhunsíocair ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rochtain na n-othar ar theicneolaíochtaí nuálacha sláinte, maidir le hinbhuanaitheacht na gcóras sláinte agus maidir le hacmhainneacht HTA ar leibhéal na mBallstát.
- (55) Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis thús an mheasúnaithe ar tháirgí íocshláinte a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, go háirithe, maidir lena measúnú ar bhreisluach na dtuarascálacha ar na measúnaithe cliniciúla comhpháirteacha ina bpróisis HTA náisiúnta agus maidir le hualach oibre an Ghrúpa Comhordaithe.
- (56) Chun an liosta faisnéise atá le tíolacadh ag forbróirí teicneolaíochtaí sláinte a choigeartú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún d'fhonn Iarscríbhinní I agus II a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (57) Foráiltear le Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup> go n-éascóidh an tAontas an comhar agus an malartú faisnéise eolaíche idir na Ballstáit agus go dtacóidh sé leis, laistigh de líonra deonach trína nascfar na húdaráis náisiúnta nó na comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a bhfuil freagracht orthu maidir le HTA. De bhrí go bhfuil na hábhair sin á rialú leis an Rialachán seo, ba cheart Treoir 2011/24/AE a leasú dá réir sin.
- (58) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon creat measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar theicneolaíochtaí sláinte a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bhunú ar leibhéal an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le príonsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le príonsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

#### Airteagal 1

#### Ábhar

1. Bunaítear an méid seo a leanas leis an Rialachán seo:
  - (a) creat tacaíochta agus nósanna imeachta do chomhar na mBallstát ar theicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal an Aontais;

<sup>(13)</sup> Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

- (b) sásra lena leagtar síos nach bhfuil ar an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte aon fhaisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile is gá don mheasúnú cliniciúil comhpháirteach ar theicneolaíochtaí sláinte a thíolacadh ach aon uair amháin ar leibhéal an Aontais;
- (c) rialacha agus modheolaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh measúnú cliniciúil comhpháirteach a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte.

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'inniúlacht na mBallstát teacht ar chonclúidí maidir le héifeachtacht choibhneasta teicneolaíochtaí sláinte ná cinní a dhéanamh maidir le húsáid teicneolaíochta sláinte ina gcomhthéacs sonrath náisiúnta sláinte. Ní chuirfidh sé isteach ar inniúlacht náisiúnta eisiach na mBallstát, lena n-áirítear inniúlacht le haghaidh cinní praghsála náisiúnta agus aisíocaíochta, ná ní dhéanfaidh sé difear d'aon inniúlachtaí eile a bhaineann leis an mbainistíú agus an soláthar a dhéanann na Ballstáit i ndáil le seirbhísí sláinte nó cúraim leighis ná le leithdháileadh na n-acmhainní a shanntar dóibh.

### Airteagal 2

#### Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “táirge íocshláinte” táirge íocshláinte mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2), de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(14)</sup>;
- (2) ciallaíonn “feiste leighis” feiste leighis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2017/745;
- (3) ciallaíonn “feiste leighis dhiagnóiseach *in vitro*” feiste leighis dhiagnóiseach *in vitro* mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2017/746;
- (4) ciallaíonn “teicneolaíocht sláinte” teicneolaíocht sláinte mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2011/24/AE;
- (5) ciallaíonn “measúnú ar theicneolaíocht sláinte” nó “HTA” próiseas ildisciplíneach ina dtugtar achoimre, ar shlí chórasach, thrédhearcach, neamhchlaonta agus stóinsithe, ar an bhfaisnéis faoi ghnéithe leighis agus na gnéithe a bhaineann le hothair agus leis an ngné shóisialta, agus na saincheisteanna eacnamaíochta agus eitice, i ndáil le húsáid teicneolaíochta sláinte;
- (6) ciallaíonn “measúnú cliniciúil comhpháirteach” ar theicneolaíocht sláinte tiomsú eolaíoch agus tuairisc ar anailís chomparáideach ar an bhfianaise chliniciúil atá ar fáil maidir le teicneolaíocht sláinte i gcomparáid le ceann amháin nó níos mó de theicneolaíochtaí sláinte eile nó nósanna imeachta atá ann cheana, i gcomhréir le raon feidhme measúnaithe arna chomhaontú de bhun an Rialacháin seo agus atá bunaithe ar ghnéithe eolaíochta réimsí cliniciúla HTA, arb iad tuairisc ar an bhfadhb shláinte a dtugtar aghaidh uirthi leis an teicneolaíocht sláinte agus an úsáid a bhaintear faoi láthair as teicneolaíochtaí eile sláinte chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shláinte sin, tuairisc ar an teicneolaíocht sláinte agus a saintréithriú teicniúil, éifeachtacht chliniciúil choibhneasta, agus sábháilteacht choibhneasta na teicneolaíochta sláinte;
- (7) ciallaíonn “measúnú neamhchliniciúil” an chuid sin de HTA atá bunaithe ar na réimsí neamhchliniciúla de HTA arb iad costas agus meastóireacht eacnamaíoch teicneolaíochta sláinte, agus na gnéithe eiticiúla, eagraíochtúla, sóisialta agus dlíthiúla a bhaineann lena húsáid;
- (8) ciallaíonn “measúnú comhoibríoch” measúnú cliniciúil ar fheiste leighis nó feiste leighis dhiagnóiseach *in vitro* arna dhéanamh ar leibhéal an Aontais ag líon údarás agus comhlachtaí leasmhara HTA agus iad rannpháirteach ar bhonn deonach;
- (9) ciallaíonn “raon feidhme measúnaithe” an tacar paraiméadar don mheasúnú cliniciúil comhpháirteach i dtéarmaí phobal na n-othar, na hidirghabhála, na gcomparadóirí agus na dtorthaí sláinte, arna iarraidh ag na Ballstáit go comhpháirteach.

### Airteagal 3

#### Grúpa Comhordaithe na mBallstát maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte

- 1. Bunaítear leis seo Grúpa Comhordaithe na mBallstát maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (“an Grúpa Comhordaithe”).

<sup>(14)</sup> Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

2. Ainmneoidh na Ballstáit a gcomhaltaí féin ar an nGrúpa Comhordaithe agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus faoi aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin. Ceapfaidh comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe a n-ionadaithe sa Ghrúpa Comhordaithe ar bhonn *ad hoc* nó ar bhonn buan, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoina gceapachán agus faoi aon athrú a dhéanfar ar na ceapacháin ina dhiaidh sin.

3. Ainmneoidh comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe a n-údaráis agus a gcomhlachtaí náisiúnta nó réigiúnacha mar chomhaltaí d'fhoghrúpaí an Ghrúpa Comhordaithe. Féadfaidh comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe níos mó ná comhalta amháin a ainmniú ar fhoghrúpa, lena n-áirítear comhalta an Ghrúpa Comhordaithe gan dochar don riail gur vóta amháin a bhíonn ag gach Ballstát. Ceapfaidh comhaltaí an fhoghrúpa a n-ionadaithe féin, a mbeidh saineolas iomchuí faoi HTA acu, sna foghrúpaí ar bhonn *ad hoc* nó ar bhonn buan, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoina gceapachán agus faoi aon athrú a dhéanfar ar na ceapacháin ina dhiaidh sin. I gcás ina bhfuil gá le heolas sonrath, féadfaidh comhaltaí an fhoghrúpa níos mó ná ionadaí amháin a cheapadh.

4. I bprionsabal, feidhmeoidh an Grúpa Comhordaithe trí chomhthoil. I gcás nach féidir an chomhthoil a bhaint amach, ní féidir cinneadh a ghlacadh gan tacaíocht na gcomhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar thromlach simplí na mBallstát. Beidh vóta amháin ag gach Ballstát. Déanfar torthaí na vótála a thaifeadadh i miontuairiscí chruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe. I gcás ina ndéanfar vótáil, féadfaidh comhaltaí a iarraidh go ndéanfaí tuairimí éagsúla a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe ina ndearnadh an vótáil.

5. De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, i gcás nach féidir teacht ar chomhthoil, glacfaidh an Grúpa Comhordaithe, trí thromlach cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 16(4) CAE agus le hAirteagal 238(3), pointe (a), CFAE, a chlár oibre bliantúil, a thuarascáil bhliantúil agus an treoir straitéiseach dá dtagraítear i mír 7, pointí (b) agus (c), den Airteagal seo.

6. Beirt chomhaltaí tofa as an nGrúpa Comhordaithe agus as Ballstáit éagsúla a dhéanfaidh cathaoirleacht agus comhchathaoirleacht, ar feadh téarma teoranta a shaineofar trína rialacha nós imeachta, ar chruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe. Beidh an cathaoirleach agus an comhchathaoirleach neamhchlaonta agus neamhspleách. Feidhmeoidh an Coimisiún mar rúnaíocht ar an nGrúpa Comhordaithe agus tacóidh sé lena chuid oibre i gcomhréir le hAirteagal 28.

7. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe na nithe seo a leanas:

- (a) rialacha nós imeachta a ghlacadh agus na rialacha sin a nuashonrú i gcás inar gá;
- (b) clár oibre bliantúil agus tuarascáil bhliantúil a ghlacadh de bhun Airteagal 6;
- (c) stiúradh straitéiseach a chur ar fáil don obair atá ar bun ag na foghrúpaí;
- (d) treoir maidir le modheolaíocht a ghlacadh i ndáil le hobair chomhpháirteach i bhfianaise caighdeán idirnáisiúnta leighis fhianaisebhunaithe;
- (e) céimeanna mionsonraithe nós imeachta a ghlacadh mar aon leis an gcreat ama maidir le na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus nuashonruithe orthu a dhéanamh;
- (f) bearta mionsonraithe nós imeachta a ghlacadh mar aon leis an gcreat ama maidir le a comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha a dhéanamh, lena n-áirítear iarrataí ó fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte a thíolacadh;
- (g) treoir a ghlacadh maidir le measúnóirí agus cómhéasúnóirí a cheapadh do mheasúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha, lena n-áirítear maidir leis an saineolas eolaíoch is gá;
- (h) obair a fhoghrúpaí a chomhordú agus a fhorpheas;
- (i) an comhar a áirithiú le comhlachtaí ábhartha ar leibhéal an Aontais a bhunaítear de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 726/2004, (AE) 2017/745 agus (AE) 2017/746 chun gur fusa breis fianaise a ghiniúint atá ag teastáil le haghaidh a chuid oibre;
- (j) rannpháirtíocht iomchuí na n-eagraíochtaí geallsealbhóirí agus saineolaithe a áirithiú ina chuid oibre;
- (k) foghrúpaí a bhunú, go háirithe do na nithe a leanas:
  - (i) measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha;
  - (ii) comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha;
  - (iii) teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn a shainathint;
  - (iv) treoir maidir le modheolaíocht agus nós imeachta a fhorbairt.

8. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe maille lena fhoghrúpaí teacht le chéile i bhfoirmíochtaí difriúla go háirithe maidir leis na catagóirí seo a leanas: táirgí íocshláinte, feistí leighis, feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus teicneolaíochtaí sláinte eile.

#### Airteagal 4

##### Dearbhú cáilíochta

1. Áiríteoidh an Grúpa Comhordaithe go mbeidh an obair chomhpháirteach a dhéanfar de bhun Airteagail 7 go 23 ar an gcaighdeán is airde, go gcomhlíonfaidh sí caighdeáin idirnáisiúnta leighis fhianaisebhunaithe, agus go ndéanfar an obair sin a sheachadadh go tráthúil. Chun na críche sin, bunóidh an Grúpa Comhordaithe nósanna imeachta a ndéanfar athbhreithniú córasach orthu. Agus nósanna imeachta den sórt sin á bhforbairt, breithneoidh an Grúpa Comhordaithe ar shainiúlachtaí na teicneolaíochta sláinte a bhaineann leis an obair chomhpháirteach, lena n-áirítear feistis táirgí íocshláinte dílleachta, vacsaíní agus táirgí íocshláinte ardteiripe,.
2. Bunóidh an Grúpa Comhordaithe nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a thagann faoi raon feidhme Airteagail 3(7), pointí (d), (e), (f) agus (g), agus déanfaidh sé athbhreithniú go rialta orthu,
3. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe athbhreithniú go tráthrialta ar threoir mhodheolaíoch agus nós imeachta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(7), pointí (d), (e), (f) agus (g), agus nuair is gá an treoir sin a nuashonrú.
4. I gcás inarb iomchuí, agus an mhodheolaíocht atá forbartha cheana ag Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha EUnetHTA á cur san áireamh, déanfar treoir shonrach modheolaíochta agus nós imeachta a fhorbairt do tháirgí íocshláinte, d'fheistí leighis agus d'fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*.

#### Airteagal 5

##### Trédhearcacht agus coinbhleacht leasa

1. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe a ghníomhaíochtaí ar bhealach neamhspleách neamhchlaonta trédhearcach.
2. Maidir leis na hionadaithe a cheapfar chuig an nGrúpa Comhordaithe agus a fhoghrúpaí, agus othair, saineolaithe cliniúla agus saineolaithe ábhartha eile atá rannpháirteach in aon obair chomhpháirteach, ní bheidh aon leasanna airgeadais ná aon leasanna eile acu in earnáil thionscal na bhforbróirí teicneolaíochtaí sláinte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht.
3. Déanfaidh na hionadaithe a cheapfar chuig an nGrúpa Comhordaithe agus a fhoghrúpaí dearbhú i dtaobh a gcuid leasanna airgeadais agus pé leasanna eile atá agus déanfaidh siad é a nuashonrú go bliantúil agus aon am is gá. Nochtfaidh siad aon fhíoras eile a dtagann siad ar eolas fúthu, ar fíoras iad a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, de mheon macánta, go mbeadh coinbhleacht leasa i gceist leo nó go mbeidís ina gcúis le coinbhleacht leasa.
4. Déanfaidh ionadaithe a ghlacfaidh páirt i gcruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe agus foghrúpaí an ghrúpa dearbhú, roimh gach cruinniú, maidir le haon leasa d'fhéadfaí a mheas a bheith chun dochair dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht i ndáil leis na hítimí ar an gclár oibre. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gurb ionann leas dearbhaithe agus coinbhleacht leasa, ní ghlacfaidh an t-ionadaí sin páirt in aon phlé ná in aon chinnteoireacht, ná ní bhfaighidh sé aon fhaisnéis maidir leis an mír sin ar an gclár oibre. Déanfar dearbhuithe sin na n-ionadaithe agus cinneadh an Choimisiúin a thaifeadadh i miontuairiscí achoimre an chruinnithe.
5. Dearbhóidh othair, saineolaithe cliniúla agus saineolaithe ábhartha eile aon leasanna airgeadais agus aon leasanna eile is ábhartha i dtaca leis an gcomhobair ina mbeidh siad le bheith rannpháirteach. Déanfar na dearbhuithe sin agus aon ghníomhaíochtaí a dhéanfar i ngeall air sin a thaifeadadh i miontuairiscí achoimre an chruinnithe agus i ndoiciméid toraidh na hoibre comhpháirtí i dtrácht.
6. Beidh na hionadaithe arna gceapadh ar an nGrúpa Comhordaithe agus ar a fhoghrúpaí chomh maith le hothair, saineolaithe cliniúla agus saineolaithe ábhartha eile atá rannpháirteach in obair aon fhoghrúpa, beidh siad, fiú agus deireadh tagtha lena ndualgais, faoi réir ceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil.



7. Leagfaidh an Coimisiún síos rialacha maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (a), agus go háirithe rialacha maidir le coinbhleacht leasa a mheasúnú dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 den Airteagal seo agus an ghníomhaíocht a bheidh le glacadh i gcás ina dtiocfaidh coinbhleacht leasa nó coinbhleacht leasa féideartha chun cinn.

#### *Airteagal 6*

### **Clár oibre bliantúil agus tuarascáil bhliantúil**

1. Gach bliain, glacfaidh an Grúpa Comhordaithe faoin 30 Samhain, ar a dhéanaí, clár oibre bliantúil agus leasóidh sé é ina dhiaidh sin más gá.
2. Leagfar amach sa chlár oibre bliantúil an obair chomhpháirteach a dhéanfar le linn na bliana féilire tar éis an clár a ghlacadh, lena gcumhdófar:
  - (a) líon agus cineál na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha atá beartaithe agus líon na nuashonruithe ar na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha a bheartaítear i gcomhréir le hAirteagal 14;
  - (b) líon na gcomhairliúcháin eolaíoch comhpháirteach atá beartaithe;
  - (c) líon na measúnuithe a bheartaítear i réimse an chomhair dheonaigh, agus a dtionchar ar othair, ar an tsláinte phoiblí nó ar chórais cúraim sláinte á bhreithniú.
3. Agus an clár oibre bliantúil á ullmhú nó á leasú aige, déanfaidh an Grúpa Comhordaithe an méid seo a leanas:
  - (a) cuirfidh sé san áireamh na tuarascálacha maidir le teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 22;
  - (b) cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, arna soláthar ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 28 maidir le stádas na n-iarratas ar údarú margaíochta le haghaidh táirgí íocshláinte a tiolacadh agus na n-iarratas a dhéanfar amach anseo dá dtagraítear in Airteagal 7; de réir mar a bheidh sonraí rialála nua ar fáil, roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin leis an nGrúpa Comhordaithe ionas go bhféadfar an clár oibre bliantúil a leasú;
  - (c) faisnéis arna soláthar ag an nGrúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis a bhunaítear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2017/745 (“an Grúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis”) nó as foinsí eile, a chur san áireamh, agus a chuireann an Coimisiún ar fáil de bhun Airteagal 28 den Rialachán seo maidir le hobair na bpainéal saineolaithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 106(1) de Rialachán (AE) 2017/745 (“painéil saineolaithe”);
  - (d) dul i gcomhairle leis an líonra geallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 29, agus a bharúlacha a chur san áireamh;
  - (e) cuirfidh sé san áireamh na hacmhainní atá ar fáil ag an nGrúpa Comhordaithe le haghaidh na hoibre comhpháirtí;
  - (f) rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an dréachtchlár oibre bliantúil agus cuirfidh sé a thuairim siúd san áireamh.
4. Glacfaidh an Grúpa Comhordaithe a thuarascáil bhliantúil gach bliain, faoin 28 Feabhra ar a dhéanaí.
5. Cuirfear faisnéis ar fáil sa tuarascáil bhliantúil faoin obair chomhpháirteach a rinneadh le linn na bliana féilire sular glacadh í.

## CAIBIDIL II

## OBAIR CHOMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE MEASÚNÚ AR THEICNEOLAÍOCHT SLÁINTE AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

## ROINN 1

**Measúnuithe cliniciúla comhphárteacha**

## Airteagal 7

**Teicneolaíochtaí sláinte atá faoi réir measúnuithe cliniciúla comhphárteacha**

1. Beidh na teicneolaíochtaí sláinte seo a leanas faoi réir measúnuithe cliniciúla comhphárteacha:
  - (a) táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus Airteagal 3(2), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, a dtíolacfar an t-iarratas ar údarú margaíochta ina leith i gcomhréir leis an Rialachán sin tar éis na ndátaí ábhartha mar atá leagtha amach i mír 2 den Airteagal seo, agus a gcomhlíonann an t-iarratas sin ina leith Airteagal 8(3) de Threoir 2001/83/CE;
  - (b) táirgí íocshláinte atá údaraithe san Aontas ar foilsíodh tuarascáil maidir leis an measúnú cliniciúil comhphárteach ina leith, i gcásanna ina ndeonófar údarú de bhun an dara fómhír d'Airteagal 6(1) de Threoir 2001/83/CE d'athrú ar údarú margaíochta atá ann cheana agus a fhreagraíonn do thásc teiripeach nua;
  - (c) feistí leighis atá aicmithe in aicme IIb nó aicme III de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2017/745 ar thug na painéil saineolaithe ábhartha tuairim eolaíoch ina leith faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le comhairliúchán i ndáil le meastóireacht chliniciúil de bhun Airteagal 54 den Rialachán sin agus atá faoi réir roghnúcháin de bhun mhír 4 den Airteagal seo;
  - (d) feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* atá aicmithe in aicme D de bhun Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2017/746 ar thug na painéil saineolaithe ábhartha a dtuairimí ina leith faoi chuimsiú an nós imeachta de bhun Airteagal 48(6) den Rialachán sin agus atá faoi réir roghnúcháin de bhun mhír 4 den Airteagal seo.
2. Is mar a leanas a bheidh na dátaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a):
  - (a) an 12 Eanáir 2025, i gcás táirgí íocshláinte ina bhfuil substaintí gníomhacha nua iontu agus a ndearbhaíonn an t-iarratasóir ina leith ina iarratas ar údarú arna thíolacadh chuig an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach go bhfuil substaintí gníomhach nua ann arb í cóireáil na hailse is tásc teiripeach di agus i gcás táirgí íocshláinte a rialaítear mar tháirgí íocshláinte ardteiripe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(15)</sup>;
  - (b) an 13 Eanáir 2028, i gcás táirgí íocshláinte a ainmnítear mar tháirgí íocshláinte dílleachta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(16)</sup>;
  - (c) an 13 Eanáir 2030, i gcás táirgí íocshláinte dá dtagraítear i mír 1, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo.
3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún, ar mholadh ón nGrúpa Comhordaithe cinneadh, trí bhithin gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear go mbeidh táirgí íocshláinte dá dtagraítear sa mhír sin faoi réir measúnú cliniciúil comhphárteach ar dháta is luaithe ná na dátaí a leagtar amach sa mhír sin, ar choinníoll go bhfuil sé d'acmhainn ag an táirge íocshláinte, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 22, dul i ngleic le riachtanas leighis nach ndéantar freastal air nó éigeandáil sláinte poiblí nó a bhfuil tionchar suntasach aige ar chórais cúraim sláinte.

<sup>(15)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (IO L 324, 10.12.2007, lch. 121).

<sup>(16)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachta (IO L 18, 22.1.2000, lch. 1).

4. Tar éis an 12 Eanáir 2025, glacfaidh an Coimisiún, ar mholadh ón nGrúpa Comhordaithe, cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme agus gach 2 bhliain ar a laghad, lena ndéantar na feistí leighis agus na feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a roghnú dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) agus (d), don mheasúnú clínicíúil comhpháirteach bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

- (a) riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu;
- (b) an chéad cheann san aicme lena mbaineann;
- (c) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar othair, ar an tsláinte phoiblí nó ar chórais cúraim sláinte;
- (d) bogearraí a ionchorprú a bhaineann úsáid as an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí meaisínfhoghlama nó algartaim;
- (e) an ghné thábhachtach thrasteorann a bhaineann léi;
- (f) an mórluach breise a bhaineann léi don Aontas Eorpach ina iomláine.

5. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

#### Airteagal 8

### Measúnuithe clínicíúla comhpháirteacha a thionscnamh

1. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe measúnuithe clínicíúla comhpháirteacha ar theicneolaíochtaí sláinte ar bhonn a chlár oibre bhliantúil.

2. Tionscnóidh an Grúpa Comhordaithe measúnuithe clínicíúla comhpháirteacha ar theicneolaíochtaí sláinte ar bhonn a chlár oibre bhliantúil tríd an bhfoghrúpa ar mheasúnuithe clínicíúla comhpháirteacha a ainmniú chun formhaoirseacht a dhéanamh, thar ceann an Ghrúpa Comhordaithe, ar an measúnú clínicíúil comhpháirteach.

3. Déanfar an measúnú clínicíúil comhpháirteach i gcomhréir leis an nós imeachta arna bhunú ag an nGrúpa Comhordaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo, in Airteagal 3(7), pointe (e), agus in Airteagail 4, 9, 10, 11 agus 12, chomh maith leis na ceanglais atá le bunú de bhun Airteagail 15, 25 agus 26.

4. Ceapfaidh an foghrúpa ainmnithe, as measc comhaltaí an fhoghrúpa, measúnóir agus cómheasúnóir as Ballstáit éagsúla chun an measúnú clínicíúil comhpháirteach a dhéanamh. Maidir leis na ceapacháin, cuirfear san áireamh an saineolas eolaíoch is gá chun an measúnú a dhéanamh. I gcás ina raibh an teicneolaíocht sláinte ina hábhar do chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagail 16 go 21, ceapfar measúnóir agus cómheasúnóir nach ionann agus an measúnóir agus an cómheasúnóir a ceapadh de bhun Airteagal 18(3) chun an doiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a ullmhú.

5. D'ainneoin mhír 4, i gcásanna eiseachtúla nach mbeidh an saineolas sonrath is gá ar fáil ar shlí eile, féadfar an measúnóir nó an cómheasúnóir céanna, nó iad beirt, atá rannpháirteach sa chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a cheapadh chun an measúnú clínicíúil comhpháirteach a dhéanamh. Beidh bonn cirt leis an gceapachán sin agus beidh sé faoi réir fhormheas ag an nGrúpa Comhordaithe agus déanfar é a dhoiciméadú sa tuarascáil maidir leis an measúnú clínicíúil comhpháirteach.

6. Cuirfidh an foghrúpa ainmnithe tús le próiseas scóipe ina sainithneoidh sé paraiméadair ábhartha raon feidhme an mheasúnaithe. Beidh raon feidhme an mheasúnaithe cuimsitheach agus léireoidh sé riachtanais na mBallstát i dtéarmaí na bparaiméadar agus na faisnéise, na sonraí, na hanailíse agus na fianaise eile atá le tíolacadh ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte. Áireofar sa mheasúnú ar an raon feidhme go háirithe na paraiméadair ábhartha go léir don mheasúnú i dtéarmaí na nithe seo a leanas:

- (a) an pobal othar;
- (b) an idirghabháil nó na hidirghabhálacha;
- (c) an comparadóir nó na comparadóirí;
- (d) na torthaí sláinte.

Cuirfear san áireamh sa phróiseas scóipe faisnéis a sholáthraíonn an forbróir teicneolaíochtaí sláinte, ionchur a fhaightear ó othair, ó shaineolaithe cliniciúla agus ó shaineolaithe ábhartha eile.

7. Cuirfidh an Grúpa Comhordaithe an Coimisiún ar an eolas faoi raon feidhme measúnaithe an mheasúnaithe chliniciúil chomhpháirtigh.

#### Airteagal 9

### Na tuarascálacha maidir leis na measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus sainchomhad an fhorbróra teicneolaíochta sláinte

1. Beidh de thoradh ar mheasúnú cliniciúil comhpháirteach tuarascáil maidir leis an measúnú cliniciúil comhpháirteach a mbeidh tuarascáil achomair ag gabháil léi. Ní bheidh aon bhreithiúnas luacha ná tátail sna tuarascálacha maidir le breisluach cliniciúil foriomlán na teicneolaíochta sláinte measúnaithe agus beidh siad teoranta do thuairisc ar anailís eolaíoch an mhéid seo a leanas:

- (a) éifeachtaí coibhneasta na teicneolaíochta sláinte, mar a measúnaíodh iad, ar na torthaí sláinte i gcomparáid leis na paraiméadair sin a roghnaíodh atá bunaithe ar raon feidhme an mheasúnaithe mar a leagtar amach de bhun Airteagal 8(6);
- (b) cinnteacht na n-éifeachtaí coibhneasta, agus láidreachtaí agus teorainneacha na fianaise atá ar fáil á gcur i gcountas.

2. Beidh na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar shainchomhad ina bhfuil faisnéis, sonraí, anailís agus fianaise eile atá iomlán agus cothrom le dáta arna dtíolacadh ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte chun measúnú a dhéanamh ar na paraiméadair a áirítear i raon feidhme an mheasúnaithe.

3. Comhlíonfaidh an sainchomhad na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá an fhianaise arna tíolacadh iomlán maidir leis na staidéir agus na sonraí atá ar fáil a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn don mheasúnú;
- (b) tá anailís déanta ar na sonraí trí mhodhanna iomchuí a úsáid chun gach ceist taighde a bhaineann leis an measúnú a fhreagairt;
- (c) tá cur i láthair na sonraí dea-struchtúrtha agus trédhearcach ionas go bhféadfar measúnú iomchuí a dhéanamh laistigh de na tréimhsí teoranta ama atá ar fáil;
- (d) áirítear ann doiciméadacht fholuiteach i bhfianaise na faisnéise arna tíolacadh ionas gur féidir leis na measúnóirí agus leis na cómheasúnóirí cruinneas na faisnéise a fhíorú.

4. Áireofar sa sainchomhad do tháirgí íocshláinte an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Sa sainchomhad maidir le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* áireofar ann an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 32, chun Iarscríbhinn I a leasú a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá sa sainchomhad do tháirgí íocshláinte agus chun Iarscríbhinn II a leasú a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá sa sainchomhad le haghaidh feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*.

#### Airteagal 10

### Na hoibleagáidí ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte agus iarmhairtí neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí sin

1. Cuirfidh an Coimisiún an forbróir teicneolaíochtaí sláinte ar an eolas faoi raon feidhme an mheasúnaithe agus iarrfaidh sé go dtíolacfar an sainchomhad (an chéad iarraidh). Áireofar san iarraidh sin an spriocdháta um thíolacadh mar aon leis an teimpléad don sainchomhad de bhun Airteagal 26(1), pointe (a), agus déanfar tagairt do na ceanglais don sainchomhad i gcomhréir le hAirteagal 9(2), (3) agus (4). I gcás táirgí íocshláinte, beidh sprioc ann do thíolacadh an tsainchomhaid 45 lá, ar a dhéanaí, roimh an dáta a bheartaítear don tuairim dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ón gCoiste um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine.

2. Tíolacfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte an sainchomhad chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an iarraidh um thíolacadh arna déanamh de bhun mhír 1.

3. Níor cheart don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte aon fhaisnéis, sonraí, anailísí ná fianaise eile a thíolacadh ar an leibhéal náisiúnta a tíolacadh cheana féin ar leibhéal an Aontais. Ní dhéanfaidh an ceanglas sin difear d'arrataí ar fhaisnéis bhreise maidir le táirgí íocshláinte a thagann faoi raon feidhme clár um rochtain luath ar leibhéal na mBallstát a bhfuil sé d'aidhm acu rochtain a sholáthar d'othair ar tháirgí íocshláinte i gcásanna ina bhfuil riachtanais arda leighis ann nach bhfuiltear ag freastal orthu sula ndeonófar údarú margaíochta láraithe.

4. I gcás ina ndeimhneoidh an Coimisiún gur tíolacadh an sainchomhad go tráthúil de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus go gcomhlíonann an sainchomhad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2), (3) agus (4), cuirfidh an Coimisiún an sainchomhad ar fáil do chomhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe go tráthúil, tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30 agus cuirfidh sé an forbróir teicneolaíochtaí sláinte ar an eolas ina thaobh.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach gcomhlíonann an sainchomhad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2), (3) agus (4), iarrfaidh sé an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise eile atá in easnamh ón bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte (an dara hiarraidh). I gcás den sórt sin, tíolacfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise eile a iarradh i gcomhréir leis an gcreat ama a bhunaítear de bhun Airteagal 15.

6. I gcás, tar éis an dara hiarraidh dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, ina measfaidh an Coimisiún nár thíolaic an forbróir teicneolaíochtaí sláinte sainchomhad go tráthúil, nó má fhianaíonn sé nach gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2), (3) agus (4), scoirfidh an Grúpa Comhordaithe den mheasúnú cliniúil comhpháirteach. Má scoirtear den mheasúnú, déanfaidh an Coimisiún ráiteas ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30 ina dtabharfar údar maith leis na cúiseanna leis an scor agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte dá réir. I gcás ina a scoirtear den mheasúnú cliniúil comhpháirteach, ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1), pointe (d).

7. I gcás inar scoirfead den mheasúnú cliniúil comhpháirteach agus ina bhfaighidh an Grúpa Comhordaithe, de bhun Airteagal 13(1), pointe (e), faisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile ina dhiaidh sin a bhí mar chuid den iarraidh um thíolacadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Grúpa Comhordaithe measúnú cliniúil comhpháirteach a atosú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa Roinn seo agus é sin 6 mhí, ar a dhéanaí, tar éis an spriocdháta um thíolacadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a luaithe a dhearbhóidh an Coimisiún gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 9(2), (3) agus (4).

8. Gan dochar do mhír 7, i gcás ina n-atosófar measúnú cliniúil comhpháirteach, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte nuashonruithe ar fhaisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile a soláthraíodh cheana a thíolacadh.

#### Airteagal 11

### An próiseas measúnaithe le haghaidh measúnuithe cliniúla comhpháirteacha

1. Ar bhonn an tsainchomhaid arna thíolacadh ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte agus ar bhonn raon feidhme an mheasúnaithe a leagtar amach de bhun Airteagal 8(6), ullmhóidh an measúnóir, i gcomhar leis an gcómheasúnóir, an dréacht-tuarascáil ar an mheasúnú cliniúil comhpháirteach agus an dréacht-tuarascáil achomair. Formhuineoidh an Grúpa Comhordaithe na dréacht-tuarascálacha de réir an chreat ama a leagtar amach de bhun Airteagal 3(7), pointe (e). Rachaidh na creatáí ama sin in éag mar a leanas:

- (a) i gcás táirgí íocshláinte, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndeonaítear údarú margaíochta;
- (b) i gcás feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le measúnuithe cliniúla comhpháirteacha arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(7), pointe (e), agus Airteagal 15(1), pointe (b).

2. I gcás ina measfaidh an measúnóir, i gcomhar leis an gcómheasúnóir, tráth ar bith le linn na dréacht-tuarascálacha a ullmhú, go bhfuil tuilleadh sonraíochtaí nó soiléirithe nó tuilleadh faisnéise, sonraí, anailísí nó fianaise eile riachtanach chun an measúnú a dhéanamh, iarrfaidh an Coimisiún ar an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí nó fianaise eile sin a sholáthar. Féadfaidh an measúnóir agus an gcómheasúnóir dul ar iontaoibh bunachar sonraí

agus foinsí eile faisnéise cliniúla freisin, amhail cláranna othar, i gcás ina meastar gur gá sin. I gcás ina mbeidh sonraí nua cliniúla ar fáil le linn an phróisis measúnaithe, cuirfidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte lena mbaineann an Grúpa Comhordaithe ar an eolas ina leith go réamhghníomhach.

3. Tabharfaidh comhaltaí an fhoghrúpa ainmnithe a gcuid barúlacha uathu i dtaobh na ndréacht-tuarascálacha.
4. Áiríteoidh an foghrúpa go mbeidh othair, saineolaithe cliniúla agus saineolaithe ábhartha eile rannpháirteach sa phróiseas measúnaithe trí dheis a thabhairt dóibh ionchur a sholáthar maidir leis na dréacht-tuarascálacha. Soláthrófar an t-ionchur sin laistigh den chreat agus i gcreat ama a leagtar amach de bhun Airteagal 15(1), pointe (c), agus Airteagal 25(1), pointe (b), agus an nós imeachta arna ghlacadh ag an nGrúpa Comhordaithe, agus cuirfear ar fáil go tráthúil don Ghrúpa Comhordaithe é tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.
5. Tabharfar na dréacht-tuarascálacha don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte. Déanfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte aon mhíchruinneas atá go hiomlán teicniúil nó fíorasach a chur in iúl i gcomhréir leis na creataí ama a bhunaítear de bhun Airteagal 15. Déanfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte aon fhaisnéis a mheasann sé a bheith rúnda a chur in iúl chomh maith agus tabharfaidh sé údar le cineál fogaireacht thráchtála na faisnéise. Ní thabharfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte aon bharúlacha i dtaobh thorthaí an dréacht-mheasúnaithe.
6. Tar éis barúlacha a tugadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a fháil agus a mheas, ullmhóidh an measúnóir, i gcomhar leis an gcómheasúnóir, na dréacht-tuarascálacha, agus tíolacfaidh sé na dréacht-tuarascálacha sin chuig an nGrúpa Comhordaithe ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.

#### *Airteagal 12*

#### **Bailchríoch a chur ar na measúnuithe cliniúla**

1. Tar éis dó an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe ar an measúnú cliniúil comhpháirteach agus an dréacht-tuarascáil achomair athbhreithnithe a fháil, athbhreithneoidh an Grúpa Comhordaithe na tuarascálacha sin.
2. Laistigh den chreat ama a leagtar amach de bhun Airteagal 3(7), pointe (e), agus de bhun Airteagal 15(1), pointe (c), féachfaidh an Grúpa Comhordaithe leis na dréacht-tuarascálacha athbhreithnithe a fhormhuiniú de chomhthoil. De mhaolú ar Airteagal 3(4), i gcás nach féidir teacht ar chomhthoil, déanfar na tuairimí eolaíochta éagsúla, lena n-áirítear na forais sin ar ar bunaíodh na tuairimí sin, a ionchorprú sna tuarascálacha agus measfar na tuarascálacha a bheith formhuinithe.
3. Tíolacfaidh an Grúpa Comhordaithe na tuarascálacha formhuinithe chuig an gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú nós imeachta de bhun Airteagal 28, pointe (d). I gcás ina gcinfidh an Coimisiún, laistigh de 10 lá oibre tar éis dó na tuarascálacha formhuinithe a fháil, nach gcomhlíonann na tuarascálacha sin na rialacha nós imeachta a leagtar síos de bhun an Rialacháin seo nó go n-imíonn na tuarascálacha sin ó na ceanglais arna nglacadh ag an nGrúpa Comhordaithe de bhun an Rialacháin seo, cuirfidh sé an Grúpa Comhordaithe ar an eolas faoi na cúiseanna lena tháil agus iarrfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú ar na tuarascálacha. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe athbhreithniú ar na tuarascálacha ó thaobh an nós imeachta de, déanfaidh sé aon ghníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá, agus ath-fhormhuineoidh sé na tuarascálacha i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.
4. Foilseoidh an Coimisiún, go tráthúil, na tuarascálacha a chomhlíonann na nósanna imeachta agus atá formhuinithe nó ath-fhormhuinithe ag an nGrúpa Comhordaithe ar an leathanach gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air den ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (a), agus cuirfidh sé an forbróir teicneolaíochtaí sláinte ar an eolas faoin bhfoilsíú.
5. Má chinneann an Coimisiún nach gcomhlíonann na tuarascálacha ath-fhormhuinithe na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo go fóill, cuirfidh sé, go tráthúil, na tuarascálacha sin agus a athbhreithniú nós imeachta ar fáil ar inlíon sábháilte an ardáin TF dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (b), le breithniú ag na Ballstáit agus cuirfidh sé an forbróir teicneolaíochtaí sláinte ar an eolas dá réir. Áireoidh an Grúpa Comhordaithe tuarascálacha a choimre ar na tuarascálacha sin mar chuid dá thuarascáil bhliantúil a ghlacfar de bhun Airteagail 6(4) agus, a fhoilseofar ar an ardán TF mar a leagtar síos in Airteagal 30(3), pointe (g).

*Airteagal 13***Cearta agus oibleagáidí na mBallstát**

1. Agus HTA náisiúnta á dhéanamh acu ar theicneolaíocht sláinte ar foilsíodh tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhphárteacha ina leith nó ar tionscnaíodh measúnú cliniúil comhphárteach ina leith, déanfaidh na Ballstát an méid seo a leanas:
  - (a) an aird chuí a thabhairt ar na tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhphárteacha a foilsíodh agus ar an bhfaisnéis eile go léir atá ar fáil ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30, lena n-áirítear an ráiteas scoir de bhun Airteagal 10(6), a bhaineann leis an measúnú cliniúil comhphárteach sin ina HTAnna ar leibhéal na mBallstát; ní dhéanfaidh sé sin difear d'inniúlacht na mBallstát a dtáil féin a bhaint as an mbreisluach cliniúil foriomlán a bhaineann le teicneolaíocht sláinte i gcomhthéacs a gcóras sláinte sonrach agus na codanna de na tuarascálacha is ábhartha sa chomhthéacs sin a mheas;
  - (b) an sainchomhad arna thíolacadh ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte a chur i gceangal, i gcomhréir le hAirteagal 10(2), le doiciméadacht an HTA ar leibhéal na mBallstát;
  - (c) an tuarascáil maidir leis an measúnú cliniúil comhphárteach a foilsíodh a cheangal leis an tuarascáil maidir leis an HTA ar leibhéal na mBallstát;
  - (d) gan faisnéis, sonraí, anailís ná fianaise eile a iarraidh ar an leibhéal náisiúnta a tíolacadh cheana féin ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 10(1) nó (5);
  - (e) aon fhaisnéis, sonraí, anailís nó fianaise eile a fhaigheann siad ón bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal na mBallstát agus ar codanna iad den iarraidh um thíolacadh arna déanamh de bhun Airteagal 10(1) a chomhroinnt láithreach leis an nGrúpa Comhordaithe tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.
2. Cuirfidh na Ballstát ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe, tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30, faisnéis faoin HTA i dtaca le teicneolaíocht sláinte a bhí faoi réir measúnú cliniúil comhphárteach laistigh de 30 lá ón dáta a chríochnófar é. Go háirithe, cuirfidh na Ballstát faisnéis ar fáil maidir leis an gcaoi ar cuireadh tuarascálacha comhphárteacha maidir leis an measúnú cliniúil comhphárteach san áireamh agus an HTA náisiúnta á dhéanamh acu. Bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstát, déanfaidh an Coimisiún achoimre ar ghlacadh na dtuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhphárteacha in HTAnna ar leibhéal na mBallstát agus foilseoidh sé tuarascáil faoin bhforléargas sin ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30 ag deireadh gach bliana chun an malartú faisnéise idir na Ballstát a éascú.

*Airteagal 14***Nuashonruithe ar mheasúnuithe cliniúla comhphárteacha**

1. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe nuashonruithe ar mheasúnuithe cliniúla comhphárteacha i gcás inar sonraíodh sa chéad tuarascáil ar an measúnú cliniúil comhphárteach go bhfuil gá le nuashonrú nuair a bheidh fianaise bhreise ar fáil le haghaidh measúnú breise.
2. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe nuashonruithe ar mheasúnuithe cliniúla comhphárteacha a dhéanamh i gcás ina n-iarraíodh comhalta amháin nó níos mó dá chuid air é sin a dhéanamh agus de réir mar a thagann cruthúnas cliniúil nua chun solais. Agus an clár oibre bliantúil á ullmhú, féadfaidh an Grúpa Comhordaithe athbhreithniú a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh an amhlaidh an gá nuashonruithe ar na measúnuithe cliniúla comhphárteacha agus cinneadh a dhéanamh ina leith.
3. Déanfar na nuashonruithe i gcomhréir leis na ceanglais chéanna a leagtar amach de bhun an Rialacháin seo don mheasúnú cliniúil comhphárteach agus de bhun na rialacha nós imeachta a bhunaítear de bhun Airteagal 15(1).
4. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na Ballstát nuashonruithe náisiúnta a dhéanamh ar mheasúnuithe ar theicneolaíochtaí sláinte a bhí faoi réir measúnú cliniúil comhphárteach. Cuirfidh comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe an Grúpa Comhordaithe ar an eolas sula dtabharfar faoi aon nuashonruithe den sórt sin. I gcás ina mbaineann an gá le nuashonrú le níos mó ná Ballstát amháin, féadfaidh na Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an nGrúpa Comhordaithe nuashonrú comhphárteach a dhéanamh de bhun mhír 2.
5. Comhroinnfear nuashonruithe náisiúnta le comhaltaí den Ghrúpa Comhordaithe ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30 a luaithe a thabharfar chun críche iad.

*Airteagal 15***Rialacha mionsonraithe nós imeachta a ghlacadh le haghaidh measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha nós imeachta mionsonraithe maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (a) comhar, go háirithe trí mhalartú faisnéise, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach maidir le measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar tháirgí íocshláinte a ullmhú agus a nuashonrú;
  - (b) comhar, go háirithe trí mhalartú faisnéise, leis na comhlachtaí dá dtugtar fógra agus leis na painéil saineolaithe maidir le measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar fheistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a ullmhú agus a nuashonrú;
  - (c) idirghníomhaíocht, lena n-áirítear a huainiú, leis an nGrúpa Comhordaithe agus idir é, a fhoghrúpaí agus na forbróirí teicneolaíochtaí sláinte, na hothair, saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile le linn measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus nuashonruithe cliniciúla comhpháirteacha.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

## ROINN 2

**Comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha***Airteagal 16***Prionsabail na gcomhairliúcháin eolaíochta comhpháirteacha**

1. Déanfaidh an Grúpa Comhordaithe comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha chun faisnéis a mhalartú le forbróirí teicneolaíochtaí sláinte maidir lena bpleananna forbartha le haghaidh teicneolaíocht sláinte ar leith. Leis na comhairliúcháin sin, éascófar giniúint fianaise a chomhlíonann na ceanglais fianaise ar dócha a bheidh ag measúnú cliniciúil comhpháirteach ina dhiaidh sin ar an teicneolaíocht sláinte sin. Cuimseofar sa chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach cruinniú leis an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte as a dtiocfaidh doiciméad toraidh ina leagfar amach an moladh eolaíoch a rinneadh. Bainfidh comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha go háirithe le gach gné ábhartha de dheardh an staidéir chliniciúil, nó le gnéithe de dheardh an imscrúdaithe chliniciúil, lena n-áirítear comparáidí, idirghabhálacha, torthaí sláinte, agus pobail othar. Agus comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha á ndéanamh maidir le teicneolaíochtaí sláinte seachas táirgí íocshláinte, cuirfear sainiúlachtaí na dteicneolaíochtaí sláinte sin san áireamh.
2. Beidh teicneolaíocht sláinte incháilithe le haghaidh comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha de bhun mhír 1 den Airteagal seo i gcás inar dócha go mbeidh sí faoi réir measúnú cliniciúil comhpháirteach de bhun Airteagal 7(1) agus i gcás ina bhfuil na staidéir chliniciúla agus na himscrúduithe cliniciúla fós ag céim na pleanála.
3. Ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag an doiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach ar na Ballstáit, ar an nGrúpa Comhordaithe ná ar an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte. Ní dhéanfaidh comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha dochar don mheasúnú cliniciúil comhpháirteach a fhéadfar a dhéanamh ar an teicneolaíocht sláinte chéanna.
4. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát comhairliúchán eolaíoch náisiúnta maidir le teicneolaíocht sláinte a bhí ina ábhar do chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach, chun comhlánú leis nó chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá sonrath don chomhthéacs a bhaineann leis an gcóras náisiúnta HTA, cuirfidh an comhalta den Ghrúpa Comhordaithe lena mbaineann an Grúpa Cordaithe ar an eolas faoi sin ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.
5. Féadfar na comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha ar tháirgí íocshláinte a dhéanamh i gcomhthrath leis an gcomhairle eolaíoch a fháil ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach de bhun Airteagal 57(1), pointe (n), de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004. Is é a áirítear le comhairliúcháin i gcomhthrath den sórt sin go mbeidh malartú faisnéise i gceist agus uainiú sioncronaithe ar siúl, agus scaradh shainorduithe an Ghrúpa Comhordaithe agus na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí faoi seach á chaomhnú ag an am céanna. Féadfar comhairliúcháin eolaíoch chomhpháirteacha maidir le feistí leighis a dhéanamh i gcomhthrath leis an gcomhairliúchán leis na painéil saineolaithe de bhun Airteagal 61(2) de Rialachán (AE) 2017/745.



*Airteagal 17***Iarrataí ar chomhairliúchán eolaíochta comhphárteacha**

1. Maidir le teicneolaíochtaí sláinte dá dtagraítear in Airteagal 16(2), féadfaidh forbróirí teicneolaíochtaí sláinte comhairliúchán eolaíoch comhphárteach a iarraidh.
2. Féadfaidh forbróirí teicneolaíochtaí sláinte a dhéanann táirgí íocshláinte a iarraidh go ndéanfar an chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach i gcomhthráth leis an bpróiseas maidir le comhairle eolaíoch a fháil ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. I gcás den sórt sin, déanfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte an iarraidh ar chomhairle eolaíoch ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach nuair a thíolacfaidh sé an iarraidh ar an gcomhairliúchán eolaíoch comhphárteach. Féadfaidh forbróirí teicneolaíochtaí sláinte a dhéanann táirgí íocshláinte a iarraidh go ndéanfar an chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach i gcomhthráth leis an gcomhairliúchán leis an bpainéal saineolaithe. I gcás den sórt sin, nuair a thíolacfaidh sé an iarraidh ar an gcomhairliúchán eolaíoch comhphárteach, féadfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte an iarraidh ar chomhairliúchán leis an bpainéal saineolaithe a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí.
3. Foilseoidh an Grúpa Comhordaithe dátaí na dtréimhsí iarrata agus luafaidh sé líon na gcomhairliúchán eolaíoch comhphárteach atá beartaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí iarrata sin ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30. Ag deireadh gach tréimhse iarrata, i gcás ina rachaidh líon na n-iarrataí incháilithe thar líon na gcomhairliúchán eolaíoch comhphárteach atá beartaithe, roghnóidh an Grúpa Comhordaithe na teicneolaíochtaí sláinte atá le bheith faoi réir comhairliúcháin eolaíochta chomhphárteacha agus áiritheoidh sé cóir chomhionann na n-iarrataí maidir le teicneolaíochtaí sláinte a bhfuil tásca comhchosúla beartaithe leo. Is iad seo a leanas na critéir a úsáidfear chun iarrataí incháilithe ar tháirgí íocshláinte agus ar fheistí leighis a roghnú:
  - (a) riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu;
  - (b) an chéad cheann san aicme lena mbaineann;
  - (c) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar othair, ar an tsláinte phoiblí, nó ar chórais cúraim sláinte;
  - (d) an ghné thábhachtach thrasteorann a bhaineann léi;
  - (e) an mórluach breise a bhaineann léi don Aontas Eorpach ina iomláine; nó
  - (f) tosaíochtaí an Aontais don taighde cliniciúil.
4. Laistigh de 15 lá oibre tar éis dheireadh gach tréimhse iarrata, cuirfidh an Grúpa Comhordaithe in iúl don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte a bhfuil an iarraidh á déanamh aige cé acu a ghlacfaidh an Grúpa Comhordaithe páirt sa chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach. I gcás ina ndiúltoídh an Grúpa Comhordaithe don iarraidh, cuirfidh sé é sin in iúl don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte agus míneoidh sé na cúiseanna atá leis an diúltú sin ag féachaint do na critéir a leagtar síos i mír 3.

*Airteagal 18***Doiciméid toraidh um chomhairliúcháin eolaíochta chomhphárteacha a ullmhú**

1. Tar éis glacadh le hiarraidh ar chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach i gcomhréir le hAirteagal 17, cuirfidh an Grúpa Comhordaithe tús leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhphárteach trí fhoghrúpa a ainmniú don chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach. Déanfar an chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach i gcomhréir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta a bhunaítear de bhun Airteagal 3(7), pointe (f), agus Airteagail 20 agus 21.
2. Tíolacfaidh an forbróir teicneolaíochtaí sláinte doiciméadacht atá cothrom le dáta ina bhfuil an fhaisnéis is gá don chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach de bhun Airteagal 21, pointe (b), laistigh den tréimhse ama a leagtar amach de bhun Airteagal 3(7), pointe (f).
3. Ceapfaidh an foghrúpa ainmnithe, as measc comhaltaí an fhoghrúpa, measúnóir agus cómhéasúnóir as Ballstáit éagsúla chun an chomhairliúchán eolaíoch comhphárteach a dhéanamh. Maidir leis na ceapacháin, cuirfear san áireamh an saineolas eolaíoch is gá don chomhairliúchán.

4. Ullmhóidh an measúnóir, i gcomhar leis an gcómheasúnóir, an dréachtdoiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo agus i gcomhréir leis na treoirdhoiciméid agus na rialacha nós imeachta a bhunaítear de bhun Airteagal 3(7), pointí (d) agus (f), agus Airteagal 20. I gcás táirgí íocshláinte, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta leighis fianaisebhunaithe, molfar, nuair is iomchuí sin, tús áite a thabhairt do staidéir cliniciúla atá comparáideacha go díreach atá randamaithe, dall agus a bhfuil grúpa cóimheastóra acu.
5. Beidh an deis ag comhaltaí an fhoghrúpa ainmnithe a gcuid barúlacha a thabhairt uathu le linn don dréachtdoiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a bheith á hullmhú. Féadfaidh comhaltaí an fhoghrúpa ainmnithe, de réir mar is iomchuí, moltaí breise a bhaineann go sonrach lena mBallstát aonair a chur ar fáil.
6. Áiritheoidh an foghrúpa ainmnithe go dtabharfar deis d'othair, do shaineolaithe cliniciúla agus do shaineolaithe ábhartha eile ionchur a thabhairt le linn don dréachtdoiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a bheith á ullmhú.
7. Déanfaidh an foghrúpa ainmnithe cruinniú duine le duine nó cruinniú fíorúil a eagrú chun tuairimí a mhalartú leis an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte agus le hothair, le saineolaithe cliniciúla agus le saineolaithe ábhartha eile.
8. I gcás ina ndéanfar an comhairliúchán eolaíoch comhpháirteach i gcomhthráth le hullmhú na comhairle eolaíche a thugann an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach nó leis an gcomhairliúchán le painéal saineolaithe, tabharfar cuireadh d'ionadaithe ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach nó d'ionadaithe den phainéal saineolaithe a bheith rannpháirteach, faoi seach, chomh maith sa chruinniú chun an comhordú a éascú de réir mar is iomchuí.
9. Tar éis aon bharúlacha agus ionchur, arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo, a fháil agus a bhreithniú, cuirfidh an measúnóir, le cúnaimh ón gcómheasúnóir, bailchríoch ar an dréachtdoiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach.
10. Cuirfidh an measúnóir, le cúnaimh ón gcómheasúnóir, barúlacha san áireamh a fuarthas agus an dréachtdoiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach á ullmhú, agus cuirfidh sé a dhreacht críochnaitheach, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le Ballstáit aonair, faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe.

#### *Airteagal 19*

### **Doiciméid toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach a fhorghéara**

1. Beidh an dréachtdoiciméad toraidh bailchríochnaithe maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach faoi réir a fhorghéara ag an nGrúpa Comhordaithe laistigh den chreat ama a leagtar amach de bhun Airteagal 3(7), pointe (f).
2. Cuirfidh an Coimisiún an doiciméad toraidh maidir leis an gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach chuig an bhforbróir iarrthach teicneolaíochtaí sláinte 10 lá oibre ar a dhéanaí tar éis bailchríoch a chur air.
3. Cuirfidh an Grúpa Comhordaithe faisnéis achomair neamhrúnda, comhiomlánaithe, anaithnidithe faoi na comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha, lena n-áirítear faoi bharúlacha a fuarthas agus é á ullmhú, ina thuarascálacha bliantúla agus ar leathanach gréasáin an ardáin TF atá inrochtana don phobal dá dtagraítear in Airteagal 30(1), pointe (a).

#### *Airteagal 20*

### **Rialacha mionsonraithe nós imeachta a ghlacadh le haghaidh comhairliúcháin eolaíocha chomhpháirteacha**

1. Tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha nós imeachta mionsonraithe maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (a) tíolacadh iarrataí ó fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte;
  - (b) roghnú eagraíochtaí geallsealbhóirí agus othar agus saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile i gcomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach;

- (c) comhar, go háirithe trí mhalartú faisnéise, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach i dtaca le comhairliúcháin eolaíocha chomhphárteacha maidir le táirgí íocshláinte i gcás ina n-iarrfaidh forbróir teicneolaíochtaí sláinte an comhairliúcháin a dhéanamh i gcomhthráth le próiseas le haghaidh comhairle eolaíoch a fháil ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach;
- (d) comhar, go háirithe trí mhalartú faisnéise leis na painéil saineolaithe maidir leis na comhairliúcháin eolaíocha chomhphárteacha i ndáil le feistí leighis i gcás ina n-iarrfaidh forbróir teicneolaíochtaí sláinte go ndéanfaí an comhairliúcháin i gcomhthráth leis an gcomhairliúcháin leis na painéil saineolaithe sin.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

#### *Airteagal 21*

### **Formáid agus teimpléid na ndoiciméad um thíolacadh agus toraidh le haghaidh comhairliúcháin eolaíocha chomhphárteacha**

Bunóidh an Grúpa Comhordaithe, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (a), formáid agus teimpléid na nithe seo a leanas:

- (a) iarrataí ar chomhairliúcháin eolaíocha chomhphárteacha ó fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte;
- (b) sainchomhaid faisnéise, sonraí, anailísí, agus fianaise eile atá le tíolacadh ag forbróirí teicneolaíochtaí sláinte atá rannphárteach i gcomhairliúcháin eolaíocha chomhphárteacha;
- (c) doiciméid toraidh maidir leis an gcomhairliúcháin eolaíoch chomhphárteach.

#### *ROINN 3*

### ***Teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn***

#### *Airteagal 22*

### **Teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn a shaináithint**

1. Áiríteoidh an Grúpa Comhordaithe go n-ullmhófar tuarascálacha ar theicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn a mheastar go mbeidh mórthionchar acu ar othair, ar an tsláinte phoiblí, nó ar chórais cúraim sláinte. Tabharfar aghaidh sna tuarascálacha sin go háirithe ar an tionchar cliniciúil measta agus ar na hiarmhairtí eagraíochtúla agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag na teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn ar chórais náisiúnta cúraim sláinte.
2. Beidh ullmhú na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar thuarascálacha eolaíocha nó tionscnaimh eolaíocha atá ann cheana maidir le teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn agus faisnéis ó fhoinsí ábhartha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- (a) cláir staidéar cliniciúil agus tuarascálacha eolaíocha;
- (b) an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach i ndáil le hiarratais ar údarú margáíochta le haghaidh táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a thíolacadh amach anseo;
- (c) an Grúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis;
- (d) forbróirí teicneolaíochtaí sláinte maidir leis na teicneolaíochtaí sláinte atá á bhforbairt acu;
- (e) comhaltaí an líonra geallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 29.
3. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe dul i gcomhairle le heagraíochtaí geallsealbhóirí nach bhfuil ina gcomhaltaí den líonra geallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 29 agus le saineolaithe ábhartha eile, de réir mar is iomchuí.

## ROINN 4

**Comhar deonach maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte**

## Airteagal 23

**Comhar deonach**

1. Tacóidh an Coimisiún leis an gcomhar agus leis an malartú faisnéise eolaíche idir na Ballstáit maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (a) measúnuithe neamhchliniciúla ar theicneolaíochtaí sláinte;
  - (b) measúnuithe comhoibríocha ar fheistí leighis agus ar fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro*;
  - (c) HTAnna ar theicneolaíochtaí sláinte nach táirgí íocshláinte, feistí leighis ná feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* iad;
  - (d) soláthar na fianaise breise is gá chun tacú le HTAnna, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí sláinte le haghaidh úsáid atruach agus teicneolaíochtaí sláinte atá imithe i léig;
  - (e) measúnuithe cliniúla ar theicneolaíochtaí sláinte dá dtagraítear in Airteagal 7 nár cuireadh tús le measúnú cliniúil comhpháirteach ina leith go fóill agus ar theicneolaíochtaí sláinte nach dtagraítear dóibh san Airteagal sin, go háirithe teicneolaíochtaí sláinte arb é tátal na tuarascála ar theicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 22 ina leith go meastar go mbeidh mórthionchar acu ar othair, ar an tsláinte phoiblí nó ar chórais cúraim sláinte.
2. Úsáidfean an Grúpa Comhordaithe chun an comhar dá dtagraítear i mír 1 a éascú.
3. Féadfar an comhar dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), den Airteagal seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na rialacha nós imeachta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 3(7) agus Airteagal 15 agus 25 agus trí úsáid a baint as an bhformáid agus as na teimpléid a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26.
4. Áireofar an comhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gclár oibre bhliantúla an Ghrúpa Comhordaithe agus cuirfean torthaí an chomhair sin ina thuarascálacha bliantúla agus ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.
5. Féadfaidh na Ballstáit, trína gcomhalta ainmnithe sa Ghrúpa Comhordaithe, tuarascálacha measúnaithe náisiúnta a chomhroinnt maidir le teicneolaíocht sláinte nach dtagraítear di in Airteagal 7, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí sláinte arb é an tátal ar tháinig an tuarascáil ar theicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 22 ina leith go meastar go mbeidh mórthionchar acu ar othair, ar an tsláinte phoiblí nó ar chórais cúraim sláinte, leis an nGrúpa Comhordaithe tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.
6. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as treoir mhodheolaíoch a forbraíodh de bhun Airteagal 3(7), pointe (d), chun críche measúnuithe náisiúnta.

## CAIBIDIL III

**RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE MEASÚNUITHE CLINICIÚLA COMHPHÁIRTEACHA**

## Airteagal 24

**Tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla náisiúnta**

I gcás ina ndéanfaidh Ballstát HTA, nó nuashonrú ar an HTA sin, ar theicneolaíocht sláinte dá dtagraítear in Airteagal 7(1), cuirfidh an Ballstát sin, trína chomhalta ainmnithe sa Ghrúpa Comhordaithe, an tuarascáil measúnaithe náisiúnta maidir leis an teicneolaíocht sláinte sin ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe tríd an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30 laistigh de 30 lá tar éis a cur i gcrích.

*Airteagal 25***Rialacha nós imeachta ginearálta**

1. Glacfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha nós imeachta ginearálta:
  - (a) lena n-áirítear go nglacfaidh comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe, a fhoghrúpaí, chomh maith le hothair, saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile páirt i measúnuithe cliniciúla comhphárteacha ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach, saor ó choinbhleachtaí leasa;
  - (b) maidir le roghnú eagraíochtaí geallsealbhóirí agus othar agus saineolaithe cliniciúla agus saineolaithe ábhartha eile agus dul i gcomhairliúcháin leo i measúnuithe cliniciúla comhphárteacha ar leibhéal an Aontais.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

*Airteagal 26***Formáid agus teimpléid na ndoiciméad um thíolacadh agus tuarascála**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, formáid agus teimpléid i dtaca leis seo a leanas:
  - (a) sainchomhaid faisnéise, sonraí, anailísí, agus fianaise eile atá le cur ar fáil ag forbróirí teicneolaíochtaí sláinte le haghaidh measúnuithe cliniciúla chomhphárteacha;
  - (b) tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniciúla chomhphárteacha;
  - (c) tuarascálacha achoimre maidir le measúnuithe cliniciúla chomhphárteacha.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2).

## CAIBIDIL IV

**CREAT TACAÍOCHTA***Airteagal 27***Maoiniú ón Aontas**

1. Áiríteoidh an tAontas maoiniú obair an Ghrúpa Comhordaithe, maille lena fhoghrúpaí agus na ngníomhaíochtaí chun tacú leis, a chuimsíonn an comhar leis an gCoimisiún, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, leis an nGrúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis, le painéil saineolaithe agus leis an líonra geallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 29. Déanfar cúnamh airgeadais an Aontais do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(17)</sup>.
2. Áireofar leis an maoiniú dá dtagraítear i mír 1 maoiniú le haghaidh rannpháirtíocht chomhaltaí ainmnithe na mBallstáit, den Ghrúpa Comhordaithe agus dá fhoghrúpaí chun tacú leis an obair ar mheasúnuithe cliniciúla comhphárteacha agus comhairliúcháin eolaíoch chomhphárteacha, lena n-áirítear treoir mhodheolaíoch a fhorbairt agus ar theicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn a shainiú. Beidh na measúnóirí agus na cómhéasúnóirí i dteideal liúntas speisialta, i gcomhréir le rialacha inmheánacha an Choimisiúin, chun iad a chúiteamh as a gcuid oibre ar na measúnuithe cliniciúla comhphárteacha agus na comhairliúcháin eolaíoch chomhphárteacha.

<sup>(17)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 28***Tacaíocht ón gCoimisiún don Ghrúpa Comhordaithe**

Tacóidh an Coimisiún le hobair an Ghrúpa Comhordaithe agus feidhmeoidh sé mar rúnaíocht dó. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- (a) cruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe agus a fhoghrúpaí a óstáil ina áitreabh;
- (b) cinneadh a dhéanamh maidir le coinbhleacht leasa i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5 agus sna rialacha nós imeachta ginearálta atá le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (a);
- (c) an sainchomhad a iarraidh ar an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte i gcomhréir le hAirteagal 10;
- (d) maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta le haghaidh measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha agus an Grúpa Comhordaithe a chur ar an eolas faoi shárúithe féideartha orthu;
- (e) tacaíocht riaracháin, theicneolaíoch agus TF a sholáthar;
- (f) an t-ardán TF de bhun Airteagal 30 a chur ar bun agus a chothabháil;
- (g) foilseoidh sé an fhaisnéis agus na doiciméid, lena n-áirítear cláir oibre bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla an Ghrúpa Comhordaithe, miontuairiscí achoimre a chruinnithe, agus tuarascálacha agus tuarascálacha achoimre maidir le measúnuithe cliniciúla comhpháirteacha ar an ardán TF, i gcomhréir le hAirteagal 30;
- (h) an comhar a éascú, go háirithe tríd an malartú faisnéise, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach i dtaca leis an obair chomhpháirteach dá dtagraítear sa Rialachán seo a bhaineann le táirgí íocshláinte, lena n-áirítear faisnéis rúnda a chomhroinnt;
- (i) an comhar a éascú, go háirithe tríd an malartú faisnéise, le painéil saineolaithe agus leis an nGrúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis i dtaca leis an obair chomhpháirteach dá dtagraítear sa Rialachán seo a bhaineann le feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, lena n-áirítear faisnéis rúnda a chomhroinnt.

*Airteagal 29***Líonra geallsealbhóirí**

1. Bunóidh an Coimisiún líonra geallsealbhóirí. Tacóidh an líonra geallsealbhóirí le hobair an Ghrúpa Comhordaithe agus a fhoghrúpaí ar a iarraidh sin.

2. Bunófar an líonra geallsealbhóirí trí ghlaos oscailte ar iarratais dírithe ar gach eagraíocht geallsealbhóirí incháilithe, go háirithe comhlachais othar, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha sa réimse sláinte, forbróirí teicneolaíochtaí sláinte agus gairmithe sláinte. Leagfar amach na critéir incháilitheachta sa ghlaos oscailte ar iarratais agus áireofar iontu:

- (a) cruthúnas ar rannpháirtíocht reatha nó bheartaithe i bhforbairt HTA;
- (b) saineolas gairmiúil atá ábhartha don líonra geallsealbhóirí;
- (c) cumhdach geografach ar roinnt Ballstát;
- (d) cumais chumarsáide agus scaipthe.

3. Dearbhóidh eagraíochtaí a dhéanfaidh iarratas ar a bheith ina gcuid den líonra geallsealbhóirí a mballraíocht agus a bhfoinsí cistiúcháin. Dearbhóidh ionadaithe eagraíochtaí geallsealbhóirí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an líonra geallsealbhóirí aon leasanna airgeadais nó eile in earnáil thionscal na bhforbróirí teicneolaíochtaí sláinte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht.

4. Déanfar an liosta de na heagraíochtaí geallsealbhóirí atá sa líonra geallsealbhóirí, dearbhuithe na n-eagraíochtaí sin maidir lena mballraíocht agus a bhfoinsí cistiúcháin, agus dearbhuithe leasa ionadaithe eagraíochtaí geallsealbhóirí a chur ar fáil go poiblí ar an ardán TF dá dtagraítear in Airteagal 30.

5. Tiocfaidh an Grúpa Comhordaithe le chéile leis an líonra geallsealbhóirí uair sa bhliain ar a laghad chun:
  - (a) geallsealbhóirí a choinneáil cothrom le dáta maidir le hobair chomhpháirteach an Ghrúpa Comhordaithe lena n-áirítear maidir lena phríomh-aschur;
  - (b) foráil a dhéanamh do mhalartú faisnéise.
6. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe cuireadh a thabhairt do chomhaltaí an líonra geallsealbhóirí freastal ar a chuid cruinnithe mar bhreathnóirí.

### Airteagal 30

#### Ardán TF

1. Déanfaidh an Coimisiún ardán TF a chur ar bun agus a chothabháil ar a mbeidh an méid seo a leanas:
  - (a) leathanach gréasáin atá inrochtana go poiblí;
  - (b) infion slán chun faisnéis a mhalartú idir comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe agus a fhoghrúpaí;
  - (c) córas slán chun faisnéis a mhalartú idir an Grúpa Comhordaithe maille lena fhoghrúpaí agus forbróirí teicneolaíochtaí sláinte agus saineolaithe atá rannpháirteach san obair chomhpháirteach dá dtagraítear sa Rialachán seo, agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Grúpa Comhordaithe maidir le Feistí Leighis;
  - (d) córas slán chun faisnéis a mhalartú idir comhaltaí an líonra geallsealbhóirí.
2. Déanfaidh an Coimisiún leibhéal iomchuí rochtana ar an bhfaisnéis atá ar an ardán TF a áirithiú do na Ballstáit, do chomhaltaí an líonra geallsealbhóirí, agus don phobal i gcoitinne.
3. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, ar an leathanach gréasáin a mbeidh rochtain phoiblí air:
  - (a) liosta cothrom le dáta de chomhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe agus dá n-ionadaithe ceaptha, mar aon lena gcáilíochtaí agus a réimsí saineolais agus a ndearbhuithe coinbhleachta leasa tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an obair chomhpháirteach;
  - (b) liosta cothrom le dáta de chomhaltaí na bhfoghrúpaí agus a n-ionadaithe ceaptha, mar aon lena gcáilíochtaí agus a réimsí saineolais agus a ndearbhuithe coinbhleachta leasa tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an obair chomhpháirteach;
  - (c) rialacha nós imeachta an Ghrúpa Comhordaithe;
  - (d) an doiciméadacht uile faoi Airteagal 9(1), Airteagal 10(2) agus (5) agus Airteagal 11(1) tráth foilsithe na tuarascála maidir le measúnú cliniúil comhpháirteach, faoi Airteagal 10(7) i gcás inar scoireadh den mheasúnú cliniúil comhpháirteach, agus faoi Airteagail 15, 25 agus 26;
  - (e) clár oibre agus miontuairiscí achoimre chruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe, lena n-áirítear na cinntí a glacadh agus torthaí vótála;
  - (f) critéir incháilitheachta le haghaidh geallsealbhóirí;
  - (g) clár oibre bliantúil agus tuarascálacha bliantúla;
  - (h) faisnéis faoi mheasúnuithe cliniúla comhpháirteacha atá beartaithe, atá ar siúl agus atá críochnaithe, lena n-áirítear nuashonruithe a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 14;
  - (i) na tuarascálacha maidir leis an measúnú cliniúil comhpháirteach a mheastar a chomhlíonann na nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 12, in éineacht leis na barúlacha go léir a fuarthas le linn a n-ullmhaithe;
  - (j) faisnéis faoi thuarascálacha náisiúnta na mBallstát maidir le measúnú cliniúil dá dtagraítear in Airteagal 13(2), lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit faoin gcaoi ar breithníodh tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhpháirteacha ar an leibhéal náisiúnta, agus in Airteagal 24;
  - (k) faisnéis achomair neamhrúnda, comhiomlánaithe, anaithnidithe faoi na comhairliúcháin eolaíochta chomhpháirteacha;
  - (l) staidéir ar shainaitheant na dteicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn;

- (m) faisnéis achomair neamhrúnda, comhiomlánaithe, anaithnidithe ó na tuarascálacha ar theicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 22;
- (n) torthaí ar an gcomhar deonach idir na Ballstáit a rinneadh de bhun Airteagal 23;
- (o) i gcás ina scoirfear de mheasúnú cliniúil comhpháirteach, an ráiteas de bhun Airteagal 10(6), lena n-áirítear liosta den fhaisnéis, de na sonraí, de na hanailísí nó den fhianaise eile nár thíolaic an forbróir teicneolaíochtaí sláinte;
- (p) an t-athbhreithniú nós imeachta ón gCoimisiún de réir Airteagal 12(3);
- (q) nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha agus treoir maidir le dearbhú cáilíochta de bhun Airteagal 4(2) agus (3);
- (r) an liosta d'eagraíochtaí geallsealbhóirí a áirítear sa líonra geallsealbhóirí, mar aon le dearbhuithe na n-eagraíochtaí sin maidir lena mballraíocht agus a bhfoinsí cistiúcháin, agus dearbhuithe leasa a n-ionadaithe de bhun Airteagal 29(4).

### Airteagal 31

#### Meastóireacht agus tuairisciú

1. Tráth nach déanaí ná an 13 Eanáir 2028, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Díreofar sa tuarascáil ar athbhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:
  - (a) an breisluach do na Ballstáit maidir leis an obair chomhpháirteach a dhéantar de bhun Chaibidil II agus, go háirithe, an gcomhfhreagraíonn na teicneolaíochtaí sláinte atá faoi réir measúnuithe cliniúla comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 7 agus cáilíocht na measúnuithe cliniúla comhpháirteacha sin do riachtanais na mBallstát;
  - (b) neamh-dhúbailt na n-iarrataí ar fhaisnéis, sonraí, anailísí agus fianaise eile le haghaidh measúnuithe cliniúla comhpháirteacha i dtéarmaí an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar fhorbróirí teicneolaíochtaí sláinte a laghdú;
  - (c) feidhmiú an chreata tacaíochta a leagtar amach sa Chaibidil seo agus, go háirithe, an bhfuil gá le sásra íochta táille a thabhairt isteach trína gcuirfeadh forbróirí teicneolaíochtaí sláinte le cistiú na gcomhairliúcháin eolaíoch comhpháirteach freisin.
2. Tráth nach déanaí ná an 13 Eanáir 2027, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, go háirithe, maidir leis an obair chomhpháirteach de bhun Chaibidil II a mheas ina bpróisis HTA náisiúnta, lena n-áirítear an chaoi ar breithníodh tuarascálacha maidir le measúnuithe cliniúla comhpháirteacha agus HTAnna á ndhéanamh de bhun Airteagal 13(2), agus maidir le hualach oibre an Ghrúpa Comhordaithe. Tuairisceoidh na Ballstáit freisin maidir le cibé ar bhreithnigh siad treoir mhodheolaíoch a forbraíodh de bhun Airteagal 3(7), pointe (d), chun críche measúnuithe náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 23(6).
3. Le linn don Choimisiún a thuarascáil a ullmhú, rachaidh sé i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe agus úsáidfidh sé an méid seo a leanas:
  - (a) an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 2;
  - (b) na tuarascálacha maidir le teicneolaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 22;
  - (c) an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 13(2) agus 14(4).
4. Tíolacfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach arna bhunú ar an tuarascáil sin chun an Rialachán seo a nuashonrú.



## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 32***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 11 Eanáir 2022.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 33***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 34***Gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú**

1. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagail 15, 20, 25 agus 26 faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí.
2. Agus na gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na saintréithe a bhaineann le hearnálacha na dtáirgí íocshláinte, na bhfeistí leighis, agus na bhfeistí diagnóiseacha *in vitro*.

*Airteagal 35***Leasú ar Threoir 2011/24/AE**

1. Scriostar Airteagal 15 de Threoir 2011/24/AE.
2. Déanfar tagairtí don Airteagal scriosta a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 36***Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 12 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 15 Nollaig 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. LOGAR

---

## IARSCRÍBHINN I

**Sonraíochtaí an tsainchomhaid le haghaidh táirgí íocshláinte**

Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a áireamh sa sainchomhad dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán seo le haghaidh táirgí íocshláinte:

- (a) na sonraí maidir le sábháilteacht chliniciúil agus na sonraí éifeachtúlachta atá sa chomhad um thíolacadh don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach;
- (b) an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise uile eile atá cothrom le dáta, agus atá foilsithe nó neamhfhoilsithe, mar aon le tuarascálacha staidéir, prótacail staidéir agus pleananna anailíse ó staidéir leis an táirge íocshláinte arbh urraitheoir ina leith an forbróir teicneolaíochtaí sláinte, agus an fhaisnéis go léir atá ar fáil maidir le staidéir leis an táirge íocshláinte atá ar siúl nó ar scoireadh leo arbh urraitheoir ina leith an forbróir teicneolaíochtaí sláinte nó lena bhfuil baint airgeadais aige ar shlí eile, agus faisnéis chomhfhreagrach faoi staidéir arna ndéanamh ag tríú páirtithe, má tá sí ar fáil, atá ábhartha maidir le raon feidhme an mheasúnaithe a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 8(6), lena n-áirítear tuarascálacha agus prótacail na staidéir cliniciúil má tá siad ar fáil don fhorbróir teicneolaíochtaí sláinte;
- (c) Tuarascálacha HTA maidir leis an teicneolaíocht sláinte atá faoi réir an mheasúnaithe chliniciúil chomhpháirtigh;
- (d) faisnéis maidir le staidéir bunaithe ar chláranna;
- (e) i gcás ina raibh an teicneolaíocht sláinte ina hábhar do chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach, míniú ón bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte maidir le haon diall ón bhfianaise a mholtar;
- (f) tréithriú an reachta sláinte atá le cóireáil lena n-áirítear an spriocphobal othar;
- (g) tréithriú an táirge íocshláinte atá faoi mheasúnú;
- (h) ceist taighde an tsainchomhaid, a cuireadh i dtoll a chéile sa sainchomhad um thíolacadh; lena léirítear raon feidhme an mheasúnaithe a leagtar amach de bhun Airteagal 6(6);
- (i) tuairisc ar na modhanna atá in úsáid ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte chun ábhar an tsainchomhaid a fhorbairt;
- (j) na torthaí ar aisghabháil faisnéise;
- (k) na saintréithe a bhaineann leis na staidéir a áirítear;
- (l) na torthaí maidir le héifeachtacht agus sábháilteacht na hidirghabhála faoi mheasúnú agus an comparadóir;
- (m) an doiciméadacht fholuiteach ábhartha a bhaineann le pointí (f) go (l).

## IARSCRÍBHINN II

**Sonraíochtaí an tsainchomhaid le haghaidh feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro***

1. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a áireamh sa sainchomhad dá dtagraítear in Airteagal 9(2) den Rialachán le haghaidh tháirgí íocshláinte:
    - (a) an tuarascáil maidir leis an meastóireacht chliniciúil;
    - (b) doiciméadacht meastóireachta cliniciúla an mhonaróra arna tíolacadh chuig an gcomhlacht dá dtugtar fógra de bhun Roinn 6.1, pointí (c) agus (d), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/745;
    - (c) an tuairim eolaíoch arna soláthar ag na painéil saineolaithe ábhartha ina leith faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le comhairliúchán i ndáil le meastóireacht chliniciúil;
    - (d) an fhaisnéis, na sonraí, na hanailísí agus an fhianaise uile eile atá cothrom le dáta, agus atá foilsithe nó neamhfoilsithe, mar aon le tuarascálacha staidéir, prótacail staidéir agus pleananna anailíse ó staidéir leis an táirge íocshláinte arbh urraitheoir ina leith an forbróir teicneolaíochtaí sláinte agus an fhaisnéis go léir atá ar fáil maidir le staidéir leis an táirge íocshláinte atá ar siúl nó ar scoireadh leo arbh urraitheoir ina leith an forbróir teicneolaíochtaí sláinte nó lena bhfuil baint airgeadais aige ar shlí eile, agus faisnéis chomhfhreagrach faoi staidéir arna ndéanamh ag tríú páirtithe, má tá sí ar fáil, atá ábhartha maidir le raon feidhme an mheasúnaithe a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 8(6), lena n-áirítear na tuarascálacha agus prótacail na staidéir cliniciúil má tá siad ar fáil don forbróir teicneolaíochtaí sláinte;
    - (e) Tuarascálacha HTA maidir leis an teicneolaíocht sláinte atá faoi réir an mheasúnaithe chliniciúil chomhpháirtigh, i gcás inarb iomchuí;
    - (f) sonraí ó chláranna a bhaineann leis an bhfeiste leighis agus faisnéis maidir le staidéir bunaithe ar chláranna;
    - (g) i gcás ina raibh an teicneolaíocht sláinte ina hábhar do chomhairliúchán eolaíoch comhpháirteach, míniú ón bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte maidir le haon diall ón bhfianaise a mholtar.
    - (h) tréithriú an reachta sláinte atá le cóireáil lena n-áirítear an spriocphobal othar;
    - (i) tréithriú na feiste leighis atá faoi mheasúnú, lena n-áirítear treoracha a húsáide;
    - (j) ceist taighde an tsainchomhaid, a cuireadh i dtoll a chéile sa sainchomhad um tíolacadh, lena léirítear raon feidhme an mheasúnaithe a leagtar amach de bhun Airteagal 8(6);
    - (k) tuairisc ar na modhanna atá in úsáid ag an bhforbróir teicneolaíochtaí sláinte chun ábhar an tsainchomhaid a fhorbairt;
    - (l) na torthaí ar aisghabháil faisnéise;
    - (m) na saintréithe a bhaineann leis na staidéir a áirítear.
  2. Áireofar an fhaisnéis sa sainchomhad le haghaidh feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) den Rialachán seo an méid seo a leanas ar a laghad:
    - (a) tuarascáil meastóireachta ar fheidhmíocht an mhonaróra;
    - (b) doiciméadacht meastóireachta ar fheidhmíocht an mhonaróra, dá dtagraítear i Roinn 6.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/746;
    - (c) an tuairim eolaíoch arna soláthar ag na painéil saineolaithe ábhartha ina leith faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le comhairliúchán i ndáil le meastóireacht ar fheidhmíocht;
    - (d) tuarascáil shaotharlann tagartha an Aontais.
-

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/2283 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Nollaig 2021

**lena n-osclaítear bainistiú taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ní leor táirgeacht táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe san Aontas chun ceanglais shonracha na dtionscal úsáideoirí san Aontas a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, braitheann soláthairtí Aontais na dtáirgí sin ar allmhairí ó thríú tíortha. Na ceanglais is práinní a chuireann an tAontas ar na táirgí lena mbaineann, ba cheart iad a chomhlíonadh láithreach ar na téarmaí is fabhraí is féidir. Dá bhrí sin, na taraif-chuótaí uathrialaitheacha de chuid an Aontais (“cuótaí”) atá ag rátaí dleachta cuótaí fabhracha, ba cheart iad a oscailt laistigh de theorainneacha méideanna iomchuí na gcuótaí lena gcuirtear san áireamh an gá atá ann gan cur isteach ar na margáí le haghaidh táirgí den sórt sin nó gan bac a chur ar bhunú nó ar fhorbairt táirgthe san Aontas.
- (2) Tá sé riachtanach rochtain chomhionann agus neamhbhriste ar chuótaí a áirithiú d'allmhairithe uile san Aontas agus feidhmiú neamhbhriste rátaí dleachta cuótaí a áirithiú a leagtar síos le haghaidh na gcuótaí sin maidir le hallmhairí uile na dtáirgí lena mbaineann a thugtar isteach chuig na Ballstáit go dtí go mbeidh na cuótaí uile ídithe.
- (3) Déantar foráil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> maidir le córas bainistíochta taraif-chuótaí lena n-áirithítear rochtain chomhionann agus neamhbhriste ar na chuótaí agus feidhmiú neamhbhriste rátaí dleachta cuótaí, agus lena leantar ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na taraif-chuótaí arna n-oscailt ag an Rialachán seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras sin dá bhrí sin.
- (4) Sloinntear méideanna na gcuótaí mar aonaid fhorlíontacha meáchain den chuid is mó. Maidir le táirgí áirithe lena n-osclaítear taraif-chuóta, leagtar amach méid an taraif-chuóta mar aonad eile forlíontach. I gcás nach sonraítear aon aonad eile maidir leis na táirgí san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle <sup>(2)</sup> (“an Ainmníocht Chomhcheangailte”), is féidir go mbeidh éiginnteacht maidir leis an aonad forlíontach a úsáidfear. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bainistiú cuótaí níos fearr, is gá dá bhrí sin a fhoráil, chun tairbhe a bhaint as na cuótaí sin, go gcuirfear cainníochtaí beachta na dtáirgí a allmhairítear sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht lena n-úsáidtear aonad forlíontach mhéid an chuóta a leagtar amach le haghaidh na dtáirgí sa Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

- (5) Is gá a shoiléiriú go mba cheart aon mheascán, aon ullmhóid nó aon táirge atá comhdhéanta de chomhábhair éagsúla ina bhfuil táirgí atá faoi réir cuótaí a eisiamh ó raon feidhme an Rialachán seo ós rud é nach bhfuil faoi réir na gcuótaí ach na táirgí a thuairiscítear sa Rialachán seo.
- (6) Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle <sup>(3)</sup> a leasú roinnt uaireanta. Ina theannta sin, de bhí gur tugadh códú na hAinmníochta Comhcheangailte cothrom le dáta le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, bheadh gá le líon mór leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013. Dá bhí sin, ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht, ba cheart an Rialachán sin a ionadú ina iomláine.
- (7) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun na bunchuspóirí a bhaint amach maidir leis an trádáil a chur chun cinn idir Ballstáit agus tríú tíortha, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos chun leasanna tráchtála éagsúla de chuid oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a chur i gcothromaíocht gan athrú a dhéanamh ar scideal an Aontais leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (8) Chun nach mbrisfead cur i bhfeidhm scéim na gcuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa theachtairacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 a bhaineann le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag na cuótaí le haghaidh na dtáirgí a liostaítear sa Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022. Dá bhí sin, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

1. Déanfar taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais (“cuótaí”) a oscailt le haghaidh na dtáirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta a liostaítear san Iarscríbhinn.
2. Laistigh de na cuótaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup> a chur ar fionraí le linn na dtréimhsí cuóta, ag rátaí dleachta gcuótaí, agus suas go dtí méideanna na gcuótaí a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
3. Níl feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir le haon mheascán, ullmhóidí nó táirgí atá comhdhéanta de chomhpháirteanna éagsúla ina bhfuil na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn.

#### *Airteagal 2*

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na cuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

#### *Airteagal 3*

I gcás ina dtaisctear dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht le haghaidh na dtáirgí ar ina leith a thugtar na haonaid fhorlíontacha san Iarscríbhinn, úsáidfead an t-aonad forlíontach a leagtar amach san Iarscríbhinn chun cainníochtaí beachta na dtáirgí a allmhairítear a chur sa dearbhú sin.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-oscáiltear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 7/2010 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 319).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

*Airteagal 4*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. VIZJAK

---

## IARSCRÍBHINN

Uimhir ordaithe	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta	Ráta dleachta an chuóta
09.2637	ex 0710 40 00 ex 2005 80 00	20 30	Diasa arbhair ( <i>Zea mays</i> var. <i>saccharata</i> ), bídís gearrtha nó ná bídís, atá 10 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 20 mm, ar trastomhas, atá lena núsáid i monarú táirgí de chuid thionscal an bhia atá lena gcóireáil ar shlí seachas trí athphacáil amháin <sup>(1)</sup> <sup>(2)</sup> <sup>(3)</sup>	1.1.-31.12.	550 t	0 % <sup>(3)</sup>
09.2849	ex 0710 80 69	10	Beacáin den speiceas <i>Auricularia polytricha</i> (iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalbhuith nó trína mbhuith), iad reoite, le haghaidh monarú béil réamhullmhaithe <sup>(1)</sup> <sup>(2)</sup>	1.1.-31.12.	700 t	0 %
09.2664	ex 2008 60 39	30	Silíní milse a bhfuil biotáille bhreise curtha leo, ina bhfuil cion siúcra nach mó ná 9 % de réir meáchain, nach bhfuil níos mó ná 19,9 mm ar trastomhas, ina bhfuil clocha, agus atá lena núsáid i dtáirgí seacláide <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	1 000 t	10 %
09.2740	ex 2309 90 31	87	Tiúchán próitéine pónairí soighe ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % ( $\pm$ 10 %) amhphróitéin, — 5 % ( $\pm$ 3 %) amhshnáithín, — 5 % ( $\pm$ 3 %) amhluath, agus — 3 % nó níos mó ach méid nach mó ná 6,9 % stáirse, atá lena núsáid i monarú táirgí beatha ainmhithe <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	30 000 t	0 %
09.2913	ex 2401 10 35 ex 2401 10 70 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 10 95 ex 2401 20 35 ex 2401 20 70 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95 ex 2401 20 95	91 10 11 21 91 91 10 11 21 91	Tobac nádúrtha neamh-mhonaraithe, bíodh sé gearrtha de réir gnáthmhéid nó ná bíodh, ag a bhfuil luach custaim nach lú ná EUR 450 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, atá lena úsáid mar cheanglóir nó mar chumhdach le haghaidh monarú táirgí atá faoi fho-cheannteideal 2402 10 00 <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %
09.2586	ex 2710 19 81 ex 2710 19 99	20 40	Bonn-ola atá hidrea-isiméirithe agus díchiartha go catalaíoch ó hidreacarbóin shár-iseapairifíneacha, ina bhfuil: — 90 % nó níos mó sáitheáin de réir meáchain, agus — méid nach mó ná 0,03 % sulfar de réir meáchain, agus ag a bhfuil: — innéacs slaodachta atá cothrom le 80 nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 120, agus — slaodacht chinéimiteach atá cothrom le 5,0 cSt ag 100 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 13,0 cSt ag 100	1.1.-30.6.	75 000 t	0 %
09.2828	2712 20 90		Céir phairifín ina bhfuil níos lú ná 0,75 % ola de réir meáchain	1.1.-31.12.	100 000 t	0 %



09.2600	ex 2712 90 39	10	Céir ola (CAS RN 64742-61-6)	1.1.-31.12.	100 000 t	0 %
09.2578	ex 2811 19 80	50	Aigéad sulfaimídeach (CAS RN 5329-14-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó, de réir meáchain, bíodh méid nach mó ná 5 % den oibreán frithstolptha dé-ocsaíd sileacain (CAS RN 112926-00-8) curtha leis nó ná bíodh	1.1.-31.12.	27 000 t	0 %
09.2928	ex 2811 22 00	40	Líonach silice i bhfoirm gráinníní ag a bhfuil íonacht dé-ocsaíde sileacain atá cothrom le 97 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 700 t	0 %
09.2806	ex 2825 90 40	30	Trí-ocsaíd tungstain, lena náirítear ocsaíd ghorm tungstain (CAS RN 1314-35-8 nó CAS RN 39318-18-8)	1.1.-31.12.	12 000 t	0 %
09.2872	ex 2833 29 80	40	Sulfáit chaeisiam (CAS RN 10294-54-9) i bhfoirm sholadach nó ina tuaslagán uiscí ina bhfuil 48 % nó níos mó ach méid nach mó ná 52 % sulfáit chaeisiam	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2567	ex 2903 22 00	10	Tríchlóireitilín (CAS RN 79-01-6) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	11 885 000 kg	0 %
09.2837	ex 2903 79 30	20	Brómaclóraimeatán (CAS RN 74-97-5)	1.1.-31.12.	600 t	0 %
09.2933	ex 2903 99 80	30	1,3-Déchlóraibeinsín (CAS RN 541-73-1)	1.1.-31.12.	2 600 t	0 %
09.2700	ex 2905 12 00	10	Própán-1-ól (propyl alcohol) (CAS RN 71-23-8)	1.1.-31.12.	15 000 t	0 %
09.2830	ex 2906 19 00	40	Cioglapróipilmeatanól (CAS RN 2516-33-8)	1.1.-31.12.	20 t	0 %
09.2851	ex 2907 12 00	10	O-créasól (CAS RN 95-48-7) ag a bhfuil íonacht nach lú ná 98,5 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	20 000 t	0 %
09.2704	ex 2909 49 80	20	2,2,2',2'-Teitricis(hiodrocsaimeitiol)-3,3'-ocsaidéphrópán-1-ól (CAS RN 126-58-9)	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2565	ex 2914 19 90	70	Aicéitiolaicéatónáit chailciam (CAS RN 19372-44-2) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2852	ex 2914 29 00	60	Cioglapróipilmeitilcéatón (CAS RN 765-43-5)	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2638	ex 2915 21 00	10	Aigéad aicéiteach (CAS RN 64-19-7) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	1 000 000 t	0 %
09.2679	2915 32 00		Aicéatáit vinile (CAS RN 108-05-4)	1.1.-31.12.	400 000 t	0 %
09.2728	ex 2915 90 70	85	Trífhluaraicéatáit eitile (CAS RN 383-63-1)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2665	ex 2916 19 95	30	(E,E)-heicsi-2,4-dé-eanáit photaisiam (CAS RN 24634-61-5)	1.1.-31.12.	8 250 t	0 %
09.2684	ex 2916 39 90	28	Clóiríd 2,5-démheitiféiniolaicéitile (CAS RN 55312-97-5)	1.1.-31.12.	700 t	0 %
09.2599	ex 2917 11 00	40	Ocsaláit dé-eitile (CAS RN 95-92-1)	1.1.-31.12.	500 t	0 %

09.2769	ex 2917 13 90	10	Seabacáit dé-mheitle (CAS RN 106-79-6)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2634	ex 2917 19 80	40	Aigéad dóideacáindé-óch (CAS RN 693-23-2) ar mó ná 98,5 % a íonacht de réir meáchain	1.1.-31.12.	8 000 t	0 %
09.2808	ex 2918 22 00	10	Aigéad O-aicéitiolsalaicileach (CAS RN 50-78-2)	1.1.-31.12.	120 t	0 %
09.2646	ex 2918 29 00	75	3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit ochtaideicile (CAS RN 2082-79-3) s: — ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 49 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 54 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	380 t	0 %
09.2647	ex 2918 29 00	80	Teitricis(3-(3,5-déthreasbhúitil-4-hiodrocsaifeiniol)próipianáit) peinteirtríotóil (CAS RN 6683-19-8): — ar mó ná 75 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 250 µm leithead a mhogaill, agus ar mó ná 99 % de réir meáchain an ráta ar dá réir a théann sí trí chriathar arb é 500 µm leithead a mhogaill, agus — a bhfuil a leáphointe cothrom le 110 °C nó níos mó ná sin, ach gan bheith níos mó ná 125 °C, atá lena húsáid i monarú cobhsaitheoirí aon phaca ar meascáin púdar (púdair nó gráinníní) is bonn dóibh le haghaidh próiseáil PVC <sup>(1)</sup>	1.1.-31.12.	140 t	0 %
09.2975	ex 2918 30 00	10	Dé-ainhidríd bheinseafeanóin-3,3',4,4'-teitreacarbocsaileach (CAS RN 2421-28-5)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2688	ex 2920 29 00	70	Foisfít tris(2,4-déthreasbhúitilfeinile) (CAS RN 31570-04-4)	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %
09.2598	ex 2921 19 99	75	Ochtaideiciolaimín (CAS RN 124-30-1)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2649	ex 2921 29 00	60	Bis(2-démheitiolaiméitil)(meitiol)aimín (CAS RN 3030-47-5)	1.1.-31.12.	1 700 t	0 %
09.2682	ex 2921 41 00	10	Anailín (CAS RN 62-53-3) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 000 t	0 %
09.2617	ex 2921 42 00	89	4-Fluarai-N-(1-meitileitil)beinséanaimín (CAS RN 70441-63-3)	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2602	ex 2921 51 19	10	o-feiniléindé-aimín (CAS RN 95-54-5)	1.1.-31.12.	1 800 t	0 %
09.2563	ex 2922 41 00	20	Hidreaclóiríd L-lisín (CAS RN 657-27-2) nó tuaslagán uiscí L-lisín (CAS RN 56-87-1), ina bhfuil cion L-lisín 50 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-30.6.	122 500 t	0 %
09.2592	ex 2922 50 00	25	L-Tréóinín (CAS RN 72-19-5)	1.1.-31.12.	166 000 t	0 %
09.2575	ex 2923 90 00	87	Clóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam (CAS RN 3327-22-8), i bhfoirm tuaslagáin uiscí ina bhfuil cion 65 % nó níos mó ach nach mó ná 71 % de chlóiríd 3-clóra-2-hiodrocsapróipil)trímheitiolamóiniam de réir meáchain	1.1.-31.12.	19 000 t	0 %

09.2854	ex 2924 19 00	85	N-búitíolcarbamaít 3-íadapróip-2-inile (CAS RN 55406-53-6)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2874	ex 2924 29 70	87	Paraicéiteamól (CAS RN 103-90-2)	1.1.-31.12.	20 000 t	0 %
09.2742	ex 2926 10 00	10	Aicrilínítríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 55 agus faoi cheannteideal 6815 (!)	1.1.-31.12.	60 000 t	0 %
09.2583	ex 2926 10 00	20	Aicrilínítríl (CAS RN 107-13-1), lena húsáid i monarú earraí atá faoi cheantheidil 2921, 2924, 3906 agus 4002 (!)	1.1.-31.12.	40 000 t	0 %
09.2856	ex 2926 90 70	84	2-Nítri-4-(trífhluaraimeitil)beinsínítríl (CAS RN 778-94-9)	1.1.-31.12.	900 t	0 %
09.2708	ex 2928 00 90	15	Monaiméitilhidraisín (CAS RN 60-34-4) ina thuaslagán uiscí inarb é 40 (± 5) % an cion monaiméitilhidraisín de réir meáchain	1.1.-31.12.	900 t	0 %
09.2581	ex 2929 10 00	25	Dé-íscianáit 1,5-naiftiléin (CAS RN 3173-72-6) nach lú ná 90 % a hionacht	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2685	ex 2929 90 00	30	Nítreaguainidín (CAS RN 556-88-7)	1.1.-31.12.	6 500 t	0 %
09.2597	ex 2930 90 98	94	Bis[3-(trí-eatocsaisiliol)próipil]désuilfid (CAS RN 56706-10-6)	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %
09.2596	ex 2930 90 98	96	Aigéad beansóch 2-clórai-4-(meitiolsulfóinil)-3-((2,2,2-trífhluarifluareatocsaí)meitile) (CAS RN 120100-77-8)	1.1.-31.12.	300 t	0 %
09.2580	ex 2931 90 00	75	Heicsideicilrímhéatocsaisiolán (CAS RN 16415-12-6) ar a laghad 95 % a íonacht de réir meáchain lena úsáid i monarú poileitiléine (!)	1.1.-31.12.	165 t	0 %
09.2842	2932 12 00		2-Fúraildéad (fúrfúraildéad)	1.1.-31.12.	10 000 t	0 %
09.2696	ex 2932 20 90	25	Deacán-5-óilíd (CAS RN 705-86-2)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %
09.2697	ex 2932 20 90	30	Dóideacán-5-óilíd (CAS RN 713-95-1)	1.1.-31.12.	6 000 kg	0 %
09.2812	ex 2932 20 90	77	Heacsán-6-óilíd (CAS RN 502-44-3)	1.1.-31.12.	4 000 t	0 %
09.2858	2932 93 00		Pipearóinil (CAS RN 120-57-0)	1.1.-31.12.	220 t	0 %
09.2673	ex 2933 39 99	43	2,2,6,6- Teitriméitilpipiridín -4-ol (CAS RN 2403-88-5)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2880	ex 2933 59 95	39	Iobróitinib (INN) (CAS RN 936563-96-1)	1.1.-31.12.	5 t	0 %
09.2860	ex 2933 69 80	30	1,3,5-Tris[3-(démheitiolaimínea)próipil]heacsaihídrí-1,3,5-trí-aisín (CAS RN 15875-13-5)	1.1.-31.12.	600 t	0 %
09.2566	ex 2933 99 80	05	1,4,7,10-Teatrasaiciogladóideacán (CAS RN 294-90-6) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 t	0 %
09.2658	ex 2933 99 80	73	5-(Aicéataicéitiolaimíni)beinsimíodasólón (CAS RN 26576-46-5)	1.1.-31.12.	400 t	0 %

09.2593	ex 2934 99 90	67	Aigéad 5-clóraitiaifín-2-carbocsaileach (CAS RN 24065-33-6)	1.1.-31.12.	45 000 kg	0 %
09.2675	ex 2935 90 90	79	Clóiríd 4-[[[(2-meatocsaibeansóil)aimínea]sulfóinil]beansóile (CAS RN 816431-72-8)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2710	ex 2935 90 90	91	(3R,5S,6E)-7-(4-(4-fluaraifeinil)-6-iseapróipil-2-(N-meitiolsulfónaimídi)pirimidín-5-il)-3,5-déhidrocsaiheapt-6-anóáit 2,4,4-trímheitilpeantán-2-aiminiam (CAS RN 917805-85-7)	1.1.-31.12.	5 000 kg	0 %
09.2945	ex 2940 00 00	20	D-Xiolós (CAS RN 58-86-6)	1.1.-31.12.	400 t	0 %
09.2686	ex 3204 11 00	75	Dathán C.I. Disperse Yellow 54 (CAS RN 7576-65-0) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Disperse Yellow 54 atá cothrom le 99 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	250 t	0 %
09.2676	ex 3204 17 00	14	Ullmhóidí atá bunaithe ar an Dathán C.I. Pigment Red 48:2 (CAS RN 7023-61-2) ag a bhfuil cion den dathán sin atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 85 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 t	0 %
09.2698	ex 3204 17 00	30	Dathán C.I. Pigment Red 4 (CAS RN 2814-77-9) agus ullmhóidí atá bunaithe air sin ag a bhfuil cion den dathán C.I. Pigment Red 4 atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin de réir meáchain	1.1.-31.12.	150 t	0 %
09.2659	ex 3802 90 00	19	Cré ionfúsórach arna cailcínú le flosc sóide	1.1.-31.12.	35 000 t	0 %
09.2908	ex 3804 00 00	10	Ligneasulfáit sóidiam (CAS RN 8061-51-6)	1.1.-31.12.	40 000 t	0 %
09.2889	3805 10 90		Tuirpintín sulfáite	1.1.-31.12.	25 000 t	0 %
09.2935	ex 3806 10 00	10	Aigéid roisín agus roisín ó olaroisíní úra	1.1.-31.12.	280 000 t	0 %
09.2832	ex 3808 92 90	40	Ullmhóid ina bhfuil cion since piritióin (CAS RN 13463-41-7) ina heasrán uiscí atá cothrom le 38 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 50 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	500 t	0 %
09.2876	ex 3811 29 00	55	Breiseáin arb é atá iontu táirgí imoibriúcháin défheiniolaimín agus nóinéiní brainseacha ina bhfuil, de réir meáchain: — 28 % nó níos mó ach méid nach mó ná 55 % 4-monanaoinildéfheiniolaimín, — 45 % nó níos mó ach méid nach mó ná 65 % 4,4'-dénaoinildéfheiniolaimín, agus — méid nach mó ná 5 % 2, 4-dénaoinildéfheiniolaimín agus 2, 4'-dénaoinildéfheiniolaimín, a úsáidtear le haghaidh monarú olaí bealaithe (1)	1.1.-31.12.	900 t	0 %
09.2814	ex 3815 90 90	76	Catalaíoch arb é atá ann dé-ocsaíd tíotáiniam agus trí-ocsaíd tungstain	1.1.-31.12.	3 000 t	0 %

09.2644	ex 3824 99 92	77	Ullmhóid ina bhfuil, de réir meáchain: — 55 % nó níos mó ach méid nach mó ná 78 % glútaráit démhéiteile (CAS RN 1119-40-0), — 10 % nó níos mó ach méid nach mó ná 30 % adapáit démhéiteile (CAS RN 627-93-0), — méid nach mó ná 35 % suctsanáit démhéiteile (CAS RN 106-65-0)	1.1.-31.12.	10 000 t	0 %
09.2681	ex 3824 99 92	85	Meascán de bhis[3-(trí-eatocsaisilil)próipil]sulfidí (CAS RN 211519-85-6)	1.1.-31.12.	9 000 t	0 %
09.2650	ex 3824 99 92	87	Aicéitífearnón (CAS RN 98-86-2) ag a bhfuil íonacht atá cothrom le 60 % nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 90 % de réir meáchain	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2888	ex 3824 99 92	89	Meascán d'aimíní ailcildémhéiteile treasacha ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % nó níos mó ach méid nach mó ná 80 % dóideicildémhéitiolaimín (CAS RN 112-18-5), agus — 20 % nó níos mó ach méid nach mó ná 30 % démhéiteil(teitrideicil)imín (CAS RN 112-75-4)	1.1.-30.6.	10 000 t	0 %
09.2829	ex 3824 99 93	43	Úsc soladach ón iarmhar, agus é dothuaslágha i dtuaslagóirí alafatacha, a fuarthas le linn úscadh róisín as adhmaid, agus na saintréithe seo a leanas ag baint leis: — cion aigéid roisín nach mó ná 30 % de réir meáchain, — aigéad-uimhir nach airde ná 110, agus — leáphointe atá cothrom le 100 °C nó níos mó ná sin	1.1.-31.12.	1 600 t	0 %
09.2907	ex 3824 99 93	67	Meascán d'fhítistéaróil, i bhfoirm púdair, ina bhfuil, de réir meáchain: — 75 % stéaróil nó níos mó ná sin, — méid nach mó ná 25 % stanóil, atá lena húsáid i monarú stanól/stéaról nó eistear stanóil/stéaróil (!)	1.1.-31.12.	2 500 t	0 %
09.2568	ex 3824 99 96	91	Meascán, i bhfoirm millíní, ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 49 % nó níos mó ach nach mó ná 50 % de pholasulfidí bis[3-(trí-eatocsaisilil)próipil] (CAS RN 211519-85-6), agus — cion 50 % nó níos mó ach nach mó ná 51 % de dhubh carbóin (CAS RN 1333-86-4), a rachaidh cion 75 % nó níos mó de, de réir meáchain, trí chriathar ina bhfuil cróite 0,60 mm, ach nach mó ná 10 % an cion de a rachaidh trí chriathar ina bhfuil cróite 0,25 mm (arna chinneadh de réir mhodh ASTM D1511)	1.1.-31.12.	1 500 t	0 %
09.2820	ex 3827 90 00	10	Meascáin ina bhfuil, de réir meáchain: — 60 % nó níos mó ach méid nach mó ná 90 % 2-clórapróipéin (CAS RN 557-98-2), — 8 % nó níos mó ach méid nach mó ná 14 % (Z)-1-clórapróipéin (CAS RN 16136-84-8), — 5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 23 % 2-clóraprópán (CAS RN 75-29-6),	1.1.-31.12.	6 000 t	0 %

			— méid nach mó ná 6 % 3-clórapróipéin (CAS RN 107-05-1), agus — méid nach mó ná 1 % clóiríd eitile (CAS RN 75-00-3)			
09.2671	ex 3905 99 90	81	Bútaral polaivinile (CAS RN 63148-65-2): — ina bhfuil, de réir meáchain, 17,5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 20 % grúpaí hidrocsaile, agus — ar mó ná 0,6 mm méid airmheánach na gcáithníní (D50) atá ann	1.1.-31.12.	12 500 t	0 %
09.2846	ex 3907 40 00	25	Cumasc polaiméireach de pholacarbonáit agus polai(meataicrioláit mheitile) ag a bhfuil cion polacarbonáite nach lú ná 98,5 % de réir meáchain, i bhfoirm millíní nó gráinníní, agus tarchuras solais nach lú ná 88,5 % arna thomhas le sampla tástála atá ar tiús 4 mm ag an tonnfhad $\lambda = 400$ nm (de réir ISO 13468-2)	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2585	ex 3907 99 80	70	Comhpholaiméir de phola(teireataláit eitiléine) agus démheatánól cioglaheacsáin, ina bhfuil cion is mó ná 10 % de dhémheatánól cioglaheacsáin de réir meáchain	1.1.-31.12.	60 000 t	2 %
09.2723	ex 3911 90 19	10	Pola(ocsai-1,4-feiniléinsulfóinil-1,4-feiniléinocsai-4,4'-déphéiniléin)	1.1.-31.12.	5 000 t	0 %
09.2816	ex 3912 11 00	20	Calóga aicéatáite ceallalóis	1.1.-31.12.	75 000 t	0 %
09.2573	ex 3913 10 00	20	Ailgionáit sóidiam a úscadh as feamainn rua, ag a bhfuil — caillteanas ar thriomú di nach mó ná 15 % de réir meáchain (4 uair an chloig ag 105 °C), — codán dothuaslachta in uisce nach mó ná 2 %, agus é sin arna thomhas de réir an mheáchain thirim	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %
09.2641	ex 3913 90 00	87	Hialúrónáit sóidiam neamhsteiriúil: — nach mó ná 900 000 meánmheáchan a meáchain mhóilínigh (Mw), — nach mó ná 0,008 aonad Iontocsaine (EU)/mg an leibhéal iontocsainí atá inti, — nach mó ná 1 % de réir meáchain an cion eatánóil atá inti, — nach mó ná 0,5 % de réir meáchain an cion iseaprópánóil atá inti	1.1.-31.12.	300 kg	0 %
09.2661	ex 3920 51 00	50	Leatháin de pholaimeitilmeataicrioláit atá i gcomhréir leis na caighdeáin: — EN 4364 (MIL-P-5425E) agus DTD5592A, nó — EN 4365 (MIL-P-8184) agus DTD5592A	1.1.-31.12.	100 t	0 %
09.2645	ex 3921 14 00	20	Bloc ceallach de cheallalós athghinte atá tuilthe le huisce ina bhfuil clóiríd mhaighnéisiam agus comhdhúile amóniam cheathartha ar mhéid 100 cm ( $\pm$ 10 cm) x 100 cm ( $\pm$ 10 cm) x 40 cm ( $\pm$ 5 cm)	1.1.-31.12.	1 700 t	0 %
09.2572	ex 5205 26 00 ex 5205 27 00	10 10	Abhras singil de chádas geal neamhchóirithe, — de shnáithíní cíortha, — arb é 36,5 mm nó níos mó meánfhad na snáithíní ann, — a táirgeadh trí phróiseas an tsníomhacháin fáinne le fuineadh, agus le comhbhrú neomatach, — ag a bhfuil láidreacht stróicthe 26,5 cN/tex nó níos mó (de réir ISO 2062:2009, ag luas 5 000 mm/nóiméad)	1.1.-31.12.	50 000 t	0 %

09.2576	ex 5208 12 16	20	Fabraic fhite neamhthuartha d'fhí phléineáilte: — nach bhfuil níos mó ná 145 cm ar leithead, — ina bhfuil meáchan 120 g/m <sup>2</sup> nó níos mó ach nach mó ná 130 g/m <sup>2</sup> , — a bhfuil 30 nó níos mó ach gan níos mó ná 45 shnáithe in aghaidh an cheintiméadair ina hinneach, — a bhfuil dlúthchiumhais fhillicíneach ar a dhá taobh. Maidir leis an dlúthchiumhais fhillicíneach 15 mm (± 2 mm) ar leithead, is é atá ann, ón taobh istigh amach go himeall, stráice d'fhí phléineáilte atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead agus stráice d'fhí phanamach atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead	1.1.-31.12.	1 500 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2577	ex 5208 12 96	20	Fabraic fhite neamhthuartha d'fhí phléineáilte: — nach bhfuil níos mó ná 145 cm ar leithead, — ina bhfuil meáchan 130 g/m <sup>2</sup> ach nach mó ná 145 g/m <sup>2</sup> , — a bhfuil 30 nó níos mó ach gan níos mó ná 45 shnáithe in aghaidh an cheintiméadair ina hinneach, — a bhfuil dlúthchiumhais fhillicíneach ar a dhá taobh. Maidir leis an dlúthchiumhais fhillicíneach 15 mm (± 2 mm ar leithead), is é atá ann, ón taobh istigh amach go himeall, stráice d'fhí phléineáilte atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead agus stráice d'fhí phanamach atá 6 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 9 mm, ar leithead	1.1.-31.12.	2 300 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2848	ex 5505 10 10	10	Dramhaíl as snáithíní sintéiseacha (lena náirítear scothanna, dramhaíl as snáth, agus stoc gairnéadaithe) as nílón nó polaimídí eile (PA6 agus PA66)	1.1.-31.12.	10 000 t	0 %
09.2721	ex 5906 99 90	20	Fabraic theicstíle rubaraithe atá fite lannaithe agus na saintréithe seo a leanas ag baint léi: — tá trí shraith inti, — fabraic aicrileach atá i sraith sheachtrach amháin, — fabraic phoileistir atá sa tsraith sheachtrach eile, — rubar clórabúitile atá sa tsraith láir, — tá meáchan ina sraith láir atá cothrom le 452 g/m <sup>2</sup> nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 569 g/m <sup>2</sup> — tá meáchan iomlán inti atá cothrom le 952 g/m <sup>2</sup> nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 1 159 g/m <sup>2</sup> — tá tiúchan iomlán inti atá cothrom le 0,8 mm nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 4 mm úsáidtear í le haghaidh monarú díonta inardaithe mótarfheithiclí (!)	1.1.-31.12.	375 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2866	ex 7019 12 00 ex 7019 12 00	06 26	Stratifils gloine S (caisirníní): — atá comhdhéanta d'fhiliméid leanúnacha ghloine 9 µm (± 0,5 µm), — ar mhéid 200 tex nó níos mó ná sin ach gan bheith níos mó ná 680 tex, — nach bhfuil aon ocsaíd charbóin iontu, agus — arb é 3 550 MPa a neart briste de réir ASTM D2343-09, atá lena núsáid i monarú san aerloingseoireacht (!)	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2628	ex 7019 66 00	10	Mogall gloine atá fite as snáithín gloine atá cumhdaithe le plaisteach, arb é 120 g/m <sup>2</sup> (± 10 g/m <sup>2</sup> ) an meáchan atá ann, de chineál a úsáidtear i sciatha feithidí inchornta ina bhfuil frámaí suite	1.1.-31.12.	3 000 000 m <sup>2</sup>	0 %

09.2799	ex 7202 49 90	10	Fearóchróimiam ina bhfuil 1,5 % nó níos mó ach méid nach mó ná 4 % carbón agus méid nach mó ná 70 % cróimiam de réir meáchain	1.1.-31.12.	50 000 t	0 %
09.2652	ex 7409 11 00 ex 7410 11 00	30 40	Scragall agus bandaí copair mhínghlanta arna monarú go leictrealaíoch is mó ná 0,015 mm ar tiús	1.1.-31.12.	1 020 t	0 %
09.2734	ex 7409 19 00	20	Plátaí nó leatháin arb é atá iontu: — sraith de cheirmeach nítríde síleacain atá 0,32 mm ( $\pm$ 0,1 mm) nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 1,0 mm ( $\pm$ 0,1 mm), ar tiús — atá cumhdaithe ar an dá thaobh le scragall de chopar scagtha atá 0,8 mm ( $\pm$ 0,1 mm) ar tiús, agus — atá cumhdaithe go páirteach ar thaobh amháin le cumhdach airgid	1.1.-31.12.	7 000 000 p/st	0 %
09.2662	ex 7410 21 00	55	Plátaí: — arb é atá iontu sraith amháin ar a laghad d'fhabraic snáithín gloine atá tuilthe le roisín eap-ocsaíde, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le scragall copair nach mó ná 0,15 mm ar tiús, — ag a bhfuil tairiseach tréleictreach (DK) is lú ná 5,4 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — ag a bhfuil tadhlaí cailteanais (DK) is lú ná 0,035 ag 1 MHz arna thomhas de réir IPC-TM-650 2.5.5.2, — arb é 600 nó ar mó ná sin a ninnéacs rianaithe comparáideach	1.1.-31.12.	80 000 m <sup>2</sup>	0 %
09.2835	ex 7604 29 10	30	Slata cóimhiotal alúmanaim atá 300,1 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 533,4 mm, ar trastomhas	1.1.-31.12.	1 000 t	0 %
09.2736	ex 7607 11 90 ex 7607 11 90 ex 7607 11 90 ex 7607 11 90	75 77 78 79	Stiall nó scragall de chóimhiotal alúmanaim agus maignéisiam: — de chóimhiotal atá i gcomhréir leis na caighdeáin 5182-H19 nó 5052-H19, — ina rollaí agus atá 1 250 mm ar a laghad, agus 1 350 mm ar a mhéad, ar trastomhas seachtrach — atá 0,15 mm, 0,16 mm, 0,18 mm nó 0,20 mm ar tiús (lamháltas - 0,006 mm), — atá 12,5 mm, 15,0 mm, 16,0 mm, 25,0 mm, 35,0 mm, 50,0 mm nó 356 mm ar leithead (lamháltas $\pm$ 0,3 mm), — nach mó ná 0,4 mm/750 mm a lamháltas droinne, — ag a bhfuil tomhas plánachta: aonad I: $\pm$ 4, — ar mó ná (5182-H19) 365 MPa nó (5052-H19) 320 MPa an neart teanntachta atá iontu, — ar mó nó (5182-H19) 3 % nó (5052-H19) 2,5 % a bhfadú A50, atá lena núsáid i monarú lataí le haghaidh dallóg ( <sup>1</sup> )	1.1.-31.12.	600 t	0 %
09.2722	8104 11 00		Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil 99,8 % maignéisiam ar a laghad de réir meáchain	1.1.-31.12.	120 000 t	0 %
09.2840	ex 8104 30 00	20	Púdar maignéisiam: — nach lú ná 98 %, ach nach mó ná 99,5 %, a íonacht de réir meáchain, — a bhfuil a cháithníní 0,2 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 0,8 mm	1.1.-31.12.	2 000 t	0 %



09.2629	ex 8302 49 00	91	Hanla teileascópach alúmanaim atá lena úsáid i monarú bagáiste (!)	1.1.-31.12.	1 500 000 p/st	0 %
09.2720	ex 8413 91 00	50	Ceann caidéal le haghaidh caidéal ardghrá dhá shorcóir atá déanta as cruach ghaibhnithe ina bhfuil: — feistithe snáithithe foibrthe atá 10 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 36,8 mm, ar trastomhas, agus — cainéil dhruileáilte bhreosla atá 3,5 mm nó níos mó, ach gan bheith níos mó ná 10 mm, ar trastomhas, de chineál a úsáidtear i gcórais insteallta díosail	1.1.-31.12.	65 000 p/st	0 %
09.2569	ex 8414 90 00	80	Feireadh rotha turbaluchtaire as cóimhiotal alúmanaim theilgthe nó as iarann teilgthe: — ag a bhfuil teasfhríotáocht suas go 400 °C, — ina bhfuil poll atá 30 mm nó níos mó ach nach bhfuil níos mó ná 300 mm chun an roth comhbhrúite a chur isteach, a bhfuiltear lena úsáid sa tionscal mótarfeithiclí (!)	1.1.-31.12.	4 000 000 p/st	0 %
09.2570	ex 8482 91 90	10	Rollóirí, faoi phróifíl logartamach, atá 25 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 70 mm, ar trastomhas nó meallta atá 30 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 100 mm, ar trastomhas, — déanta as cruach 100Cr6 nó cruach 100CrMnSi6-4 (ISO 3290), — ag a bhfuil diallas 0,5 mm nó níos lú arna chinneadh de réir mhodh FBH a bhfuiltear lena úsáid sa tionscal tuirbíní gaoithe (!)	1.1.-31.12.	600 000 p/st	0 %
09.2738	ex 8482 99 00	30	Cásanna práis — ar a bhfuil múnú leanúnach nó lártheifeach déanta, — ar a bhfuil deileadh déanta, — ina bhfuil, de réir meáchain, 35 % nó níos mó ach méid nach mó ná 38 % sinc, — ina bhfuil, de réir meáchain, 0,75 % nó níos mó ach méid nach mó ná 1,25 % luaidhe, — ina bhfuil, de réir meáchain, 1,0 % nó níos mó ach méid nach mó ná 1,4 % alúmanam, agus — a bhfuil an neart teanntachta atá iontu cothrom le 415 Pa nó níos mó ná sin, de chineál a úsáidtear i monarú grán iompair	1.1.-31.12.	50 000 p/st	0 %
09.2763	ex 8501 40 20 ex 8501 40 80	40 30	Mótar cómhálartáin leictreach srutha ailtéarnaigh a bhfuil a chumhacht aschuir cothrom le 250 W nó níos mó ná sin, a bhfuil a chumhacht ionchuir cothrom le 700 W nó níos mó ná sin gan bheith níos mó ná 2 700 W, atá 120 mm (± 0,2 mm), ach nach bhfuil níos mó ná 135 mm (± 0,2 mm), ar trastomhas seachtrach, ar tapúla ná 30 000 isn ach nach tapúla ná 50 000 isn a luas rátaíthe, ar a bhfuil aerthóir ionsaithe air feistithe agus atá lena úsáid i monarú folúsghlantóirí (!)	1.1.-31.12.	2 000 000 p/st	0 %
09.2672	ex 8529 90 92 ex 9405 42 31	75 70	Clár ciorcaid phriontáilte ar a bhfuil dé-oidí LED: — bíodh priosmaí/lionsaí feistithe air nó ná bídis, agus	1.1.-31.12.	115 000 000 p/st	0 %

			— bíodh nascóir/nascóirí feistithe orthu ná ná bíodh a úsáidtear i monarú aonad cúlsoilais le haghaidh earraí atá faoi cheannteideal 8528 (¹)			
09.2574	ex 8537 10 91	73	Gléas ilfheidhmeach (painéal ionstraimí) ina bhfuil — taispeáint chuar TFT LCD (dar ga 750 mm) — micreaphróiseálaithe agus sliseanna cuimhne, — modúl fuaimne agus callaire, — nascóirí le haghaidh CAN, bus LIN x 3, LVDS agus Ethernet, — chun feidhmeanna éagsúla a oibriú (e.g. fonnadh, solas) agus — chun sonraí a thaispeáint a bhaineann le staid na feithicle agus leis an loingseoireacht (e.g. an luas, an t odaiméadar, leibhéal lucht an bhataire tiomána), a bhfuiltear lena úsáid chun gluaisistéin paisinéirí dá soláthraíonn mótar leictreach atá cumhdaithe faoi fho-cheannteideal CC 8703 80, agus sin amháin, cumhacht, a mhonarú (¹)	1.1.-31.12.	66 900 p/st	0 %
09.2003	ex 8543 70 90	63	Gineadóir minicíochta rialaithe voltais arb é atá ann eilimintí gníomhacha agus éighníomhacha atá feistithe ar chiorcad priontáilte agus é i gcásáil nach mó ná 30 mm x 30 mm	1.1.-31.12.	1 400 000 p/st	0 %
09.2910	ex 8708 99 97	75	Brac taca cóimhiotail alúmanaim ar a bhfuil poill feistiúcháin, bíodh cnónna teannta air nó ná bíodh, chun an gearbhosca a cheangal go hindíreach le cabhail an chairr lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87 (¹)	1.1.-31.12.	200 000 p/st	0 %
09.2694	ex 8714 10 90	30	Teanntáin acastóra, cásálacha, droichid foirc agus píosaí teanntála, as cóimhiotal alúmanaim de chineál a úsáidtear le haghaidh gluaisrothar	1.1.-31.12.	1 000 000 p/st	0 %
09.2668	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	21 31 75	Fráma rothair arna dhéanamh as snáithíní carbóin agus roisín saorga, lena úsáid i monarú rothar (lena n áirítear rothair leictreacha) (¹)	1.1.-31.12.	600 000 p/st	0 %
09.2564	ex 8714 91 10 ex 8714 91 10 ex 8714 91 10	25 35 77	Fráma, déanta as alúmanam nó as snáithíní alúmanaim agus carbóin agus roisín saorga, a bhfuiltear lena úsáid i monarú rothar (lena n áirítear rothair leictreacha) (¹)	1.1.-31.12.	9 600 000 p/st	0 %
09.2579	ex 9029 20 31 ex 9029 90 00	40 40	Painéal ionstraimí braislithe: — ina bhfuil mótar chéimniúcháin, — ina bhfuil snáthaidí analóige agus diaileanna, — bíodh clár rialúcháin micreaphróiseálaí ann nó ná bíodh, — bíodh táscairí LED nó taispeáint LCD ann nó ná bíodh — a thaispeánann an méid seo a leanas, ar a laghad: — an luas, — ráta imrothlaithe an innill, — teocht an innill,	1.1.-31.12.	160 000 p/st	0 %

			<ul style="list-style-type: none"> <li>— leibhéal an bhreosla,</li> <li>— a dhéanann cumarsáid trí phrótacail CAN-BUS agus/nó K-LINE,</li> </ul> a bhfuiltear lena úsáid chun earraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú <sup>(1)</sup>			
--	--	--	---	--	--	--

<sup>(1)</sup> Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

<sup>(2)</sup> Maidir le dleachtanna taraife a chur ar fionraí, áfach, níl sin infheidhme i gcás ina ndéanann gnóthais mhiondíola nó lónadóireachta an phróiseáil.

<sup>(3)</sup> Ní chuirtear ar fionraí ach an dleacht ad valorem. Leanfaidh an dleacht shonrach de bheith infheidhme.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2284 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 10 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta agus nochtuithe ag gnólachtaí infheistíochta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 49(2) agus Airteagal 54(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart na ceanglais tuairiscithe ar ghnólachtaí infheistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/2033 a chur in oiriúint do ghnó na ngnólachtaí infheistíochta agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le scála agus le castacht gnólachtaí infheistíochta éagsúla. Leis na ceanglais sin, ba cheart a chur san áireamh go háirithe gur ceart gnólachtaí infheistíochta áirithe a mheas mar ghnólachtaí beaga neamh-idirnasctha de réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033.
- (2) De réir Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, ní mór do ghnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha faisnéis a thuairisciú faoi leibhéal agus comhdhéanamh a gcistí dílse, a gceanglais cistí dílse, an bhonn ar a ríomhtar a gceanglais cistí dílse, agus an leibhéal gníomhaíochta i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear ar ghnólachtaí beaga neamh-idirnasctha an leibhéal mionsonraithe céanna faisnéise a thuairisciú is a cheanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta eile atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2033. Dá bhrí sin níor cheart na teimpléid tuairiscithe maidir le K-fhachtóir a ríomh a bheith infheidhme maidir le gnólachtaí beaga neamh-idirnasctha. Ina theannta sin, de réir Airteagal 54(2), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2019/2033, díolmhaítear gnólachtaí beaga agus neamh-idirnasctha ó riosca comhchruinnithe a thuairisciú agus féadfaidh údaráis inniúla gnólachtaí beaga agus neamh-idirnasctha a dhíolmhú ón oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar cheanglais leachtachta.
- (3) Ba cheart do gach gnólacht infheistíochta atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2033 a phróifíl gníomhaíochta agus a mhéid a thuairisciú chun a chur ar chumas na n-údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar cé acu a gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na gnólachtaí infheistíochta sin na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033 chun iad a aicmiú ina ngnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha.
- (4) Chun trédhearcacht a chur ar fáil dá n-infheisteoirí agus do na margáí i gcoitinne, le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/2033 ceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, an fhaisnéis a shonraítear i gCuid a Sé den Rialachán sin a nochtadh go poiblí. Níl gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha faoi réir na gceanglas sin maidir le nochtadh, ach amháin i gcás ina n-eiseoidh siad ionstraimí Breise Leibhéal 1 chun trédhearcacht a chur ar fáil dóibh siúd a infheisteoidh sna hionstraimí sin.
- (5) Ba cheart leis an Rialachán seo teimpléid agus táblaí a sholáthar do ghnólachtaí infheistíochta chun faisnéis atá cuimsitheach agus inchomparáide go leor a chur in iúl maidir le comhdhéanamh agus cáilíocht a gcistí dílse. Go sonrach, is gá teimpléad nochtach cainníochtúil maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus teimpléad solúbtha maidir le cistí dílse rialála a réiteach leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt isteach. Ar an gcúis chéanna, is gá freisin teimpléad a leagan síos le faisnéis maidir leis na gnéithe is ábhartha de na hionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag an ngnólacht infheistíochta.

<sup>(1)</sup> IO L 314, 5.12.2019, lch. 1.

- (6) Chun chur chun feidhme na gceanglas tuairiscithe agus nochta a éascú, is gá an chomhsheasmhacht idir na teimpléid tuairiscithe agus nochta a fheabhsú. Ba cheart an teimpléad maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse a nochtadh a ailíniú go dlúth leis an teimpléad tuairiscithe gaolmhar maidir le leibhéal agus comhdhéanamh na gcistí dílse. Ar an gcúis chéanna, ba cheart don teimpléad le haghaidh réiteach iomlán na gcistí dílse leis na ráitis airgeadais iniúchta a nochtadh a bheith solúbtha sa mhéid agus gur cheart miondealú an teimpléid a bheith bunaithe ar mhiondealú an chláir comhardaithe i ráitis airgeadais iniúchta an ghnóilachta infheistíochta. Ina theannta sin, ba cheart don teimpléad chun faisnéis faoi phríomhghnéithe na gcistí dílse rialála a nochtadh a bheith ina theimpléad seasta agus ba cheart dá chastacht a bheith ag brath ar chastacht na n-ionstraimí cistí dílse.
- (7) Chun a áirithiú nach méadófar go míréasúnta na costais chomhlíonta le haghaidh gnólachtaí infheistíochta agus go gcoinneofar cáilíocht sonraí ar bun, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta a ailíniú ina substaint lena chéile a mhéid is féidir. Dá bhrí sin, is iomchuí na caighdeáin is infheidhme maidir le ceanglais tuairiscithe agus nochta araon a leagan amach in aon Rialachán amháin.
- (8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí.
- (9) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### TUAIRISCIÚ MAOIRSEACHTA

#### *Airteagal 1*

#### **Dátaí tagartha maidir le tuairisciú**

1. Tuairisceofar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 54(1) den Rialachán, faoi mar atá an fhaisnéis sin, ar na dátaí tagartha seo a leanas maidir le tuairisciú:

- (a) tuairisciú ráithiúil: an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig;
- (b) tuairisciú bliantúil: an 31 Nollaig.

2. Féadfar coigeartú a dhéanamh ar na dátaí tagartha maidir le tuairisciú dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina bhfuil cead ag gnólachtaí infheistíochta faoin dlí náisiúnta a bhfaisnéis airgeadais a thuairisciú bunaithe ar dheireadh a mbliana cuntasaíochta, nach mar a chéile é agus deireadh na bliana féilire, ionas go ndéanfar tuairisciú ráithiúil na faisnéise gach 3 mhí den bhliain chuntasaíochta agus an tuairisciú bliantúil ag deireadh a mbliana cuntasaíochta.

#### *Airteagal 2*

#### **Dátaí fócaíochta a thuairisciú**

1. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a chur isteach faoi am scoir gnó ar na dátaí fócaíochta seo a leanas:

- (a) tuairisciú ráithiúil: an 12 Bealtaine, an 11 Lúnasa, an 11 Samhain agus an 11 Feabhra;
- (b) tuairisciú bliantúil: an 11 Feabhra.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. I gcás inar saoire phoiblí é lá an tuairiscithe íocaíochta i mBallstát an údaráis inniúil dá bhfuil an tuarascáil le soláthar, nó más Satharn nó Domhnach é, beidh lá an tuairiscithe íocaíochta ar an lá oibre dár gcionn.
3. I gcás ina dtuairiscíonn gnólachtaí airgeadais a bhfaisnéis airgeadais agus úsáid á baint as dátaí tagartha coigeartaithe maidir le tuairisciú bunaithe ar dheireadh a mbliana cuntasáíochta mar a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, féadfar na dátaí íocaíochta a choigeartú dá réir ionas go gcoinneofar ar bun an tréimhse íocaíochta chéanna ón dáta tagartha coigeartaithe maidir le tuairisciú.
4. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta figiúirí neamhiniúchta a chur isteach. I gcás nach mar a chéile na figiúirí iniúchta agus na figiúirí neamhiniúchta a cuireadh isteach, cuirfear isteach na figiúirí iniúchta athbhreithnithe gan moill mhíchuí. Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh 'figiúirí neamhiniúchta' figiúirí nach bhfuil tuairim ó iniúchóir seachtrach faighte ina leith, agus is éard atá i bhfigiúirí iniúchta figiúirí a d'iniúch iniúchóir seachtrach agus tuairim iniúchóireachta á cur in iúl aige.
5. Na ceartúcháin ar na tuarascálacha a cuireadh isteach, cuirfear isteach iad chuig na húdaráis inniúla gan moill mhíchuí.

### *Airteagal 3*

#### **Cur i bhfeidhm ceanglas tuairiscithe ar bhonn aonair**

Chun ceanglais tuairiscithe Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/2033 a chomhlíonadh ar bhonn aonair, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis a shonraítear in Airteagail, 5, 6 agus 7 den Rialachán seo leis an minicíocht a shonraítear iontu.

### *Airteagal 4*

#### **Cur i bhfeidhm ceanglas tuairiscithe ar bhonn comhdhlúite**

Chun na ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/2033 a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis a shonraítear in Airteagail, 5 agus 6 den Rialachán Cur Chun Feidhme seo leis an minicíocht a shonraítear iontu.

### *Airteagal 5*

#### **Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ag gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad**

1. Le minicíocht ráithiúil, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, an fhaisnéis a bhfuil sé de cheangal a sholáthar le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2019/2033 trí úsáid a bhaint as na teimpléid a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a dhéanann an ceanglas de réir K-fhachtóirí RtM a chinneadh ar bhonn K-NPR i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad le minicíocht ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid C 18.00 go C 24.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 <sup>(?)</sup> ón gCoimisiún i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
3. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a bhaineann leas as an maolú a leagtar síos in Airteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad le minicíocht ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléad C 34.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

<sup>(?)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1).

4. Gnólachtaí infheistíochta, nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, a bhaineann leas as an maolú a leagtar síos in Airteagal 25(5), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2019/2033, tuairisceoidh siad le minicíocht ráithiúil an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléad C 25.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

#### *Airteagal 6*

### **Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ag gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha**

1. Le minicíocht bliantúil, tuairisceoidh gnólachtaí beaga neamh-idirnasctha an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléid Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le treoracha Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo. Gnólachtaí infheistíochta a bhaineann leas as an díolúine dá dtagraítear in Airteagal 43(1), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2019/2033, beidh díolúine acu ón dualgas an fhaisnéis a shonraítear i dteimpléad IF 09.01 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a sholáthar.

#### *Airteagal 7*

### **Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ó eintitis a bhaineann tairbhe as cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033**

De mhaolú ar Airteagal 4 den Rialachán seo, déanfaidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033, a bhaineann tairbhe as cur i bhfeidhm an Airteagail sin, an fhaisnéis a leagtar amach i dteimpléid Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo

#### *Airteagal 8*

### **Beachtas sonraí agus faisnéis a bhaineann le sonraí a chur isteach**

1. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta na sonraí dá dtagraítear sa Rialachán seo isteach sna formáidí malartaithe sonraí agus sna huiríll a shonraíonn údaráis inniúla agus tabharfaidh siad urraim do shainmhíniú pointe sonraí na samhla pointe sonraí agus do na foirmlí bailíochtaithe a shonraítear in Iarscríbhinn V chomh maith leis na sonraíochtaí seo a leanas:

- (a) faisnéis nach bhfuil de cheangal a sholáthar nó nach infheidhme, ní chuirfear i dtíolacadh sonraí í;
- (b) cuirfear luachanna uimhriúla isteach mar fhíoras de bhun na gcoinbhinsiún seo a leanas:
  - (i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíocht' ag gabháil leo a thuairisciú ag baint úsáide as íosbheachtas atá coibhéiseach leis na mílte aonad;
  - (ii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Céatadán' ag gabháil leo a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus íosbheachtas acu atá coibhéiseach le ceithre dheachúil;
  - (iii) déanfar pointí sonraí leis an gcineál sonraí 'Slánuimhir' a thuairisciú gan aon deachúil a úsáid agus beachtas atá coibhéiseach le haonaid á chur i bhfeidhm.

2. Is trína n-Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) a aithneofar gnólachtaí infheistíochta. Déanfar na heintitis dhlítheanacha agus na contrapháirtithe, nach gnólachtaí infheistíochta iad, a shainnithint lena LEI i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

3. Faisnéis a chuirfidh na gnólachtaí infheistíochta isteach ar bhonn an Rialacháin seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil léi:

- (a) dáta tagartha maidir le tuairisciú agus tréimhse thagartha tuairiscithe;
- (b) airgeadra tuairiscithe;
- (c) caighdeán cuntasáíochta;
- (d) Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) na hinstiúide tuairiscithe;
- (e) raon feidhme comhdhlúthaithe.

## CAIBIDIL II

## NOCHTADH POIBLÍ AG GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA

## Airteagal 9

## Prionsabail nocht

1. An fhaisnéis atá le nochtadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh sí faoi réir na bprionsabal seo a leanas:
  - (a) beidh na nochtuithe faoi réir an leibhéil chéanna fíoraithe inmheánaigh agus is infheidhme maidir leis an tuarascáil bhainistíochta a áirítear i dtuarascáil airgeadais an ghnólachta infheistíochta;
  - (b) beidh na nochtuithe soiléir agus cuirfear iad i láthair i bhfoirm atá intuigthe d'úsáideoirí faisnéise agus cuirfear iad in iúl trí mheán inrochtana. Leagfar béim ar theachtairreachtaí tábhachtacha agus beidh sé éasca teacht orthu. Míneofar saincheisteanna casta le friotal simplí. Cuirfear faisnéis ghaolmhar i láthair i dteannta a chéile;
  - (c) beidh nochtuithe fóna agus comhsheasmhach thar am chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí faisnéise faisnéis a chur i gcomparáid lena chéile thar thréimhsí nocht;
  - (d) ag gabháil leis na nochtuithe cainníochtúla, beidh mínithe cáilíochtúla agus aon fhaisnéis fhorlíontach eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun go mbeidh úsáideoirí na faisnéise sin in ann iad a thuiscint, agus go háirithe aon athrú suntasach in aon nochtadh ar leith i gcomparáid leis an bhfaisnéis atá i nochtuithe roimhe sin á lua.

## Airteagal 10

## Nochtadh cistí dílse ag gnólachtaí infheistíochta

Déanfaidh gnólachtaí infheistíochta na nochtuithe maidir le cistí dílse a cheanglaítear le hAirteagal 49(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 trí úsáid a bhaint as teimpléid Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo agus i gcomhréir leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Airteagal 11

## Forálacha ginearálta maidir le nochtadh

1. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo á nochtadh acu, áiritheoidh gnólachtaí infheistíochta go gcuirfear luachanna uimhriúla isteach mar fhíorais i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
  - (a) déanfar sonraí airgeadaíochta cainníochtúla a nochtadh ag baint úsáide as íosbheachtas atá coibhéiseach leis na mílte aonad;
  - (b) déanfar sonraí cainníochtúla a nochtar mar 'Céatadán' a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus íosbheachtas acu atá coibhéiseach le ceithre dheachúil.
2. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo á nochtadh acu, áiritheoidh gnólachtaí infheistíochta go mbaineann na sonraí leis an bhfaisnéis uile seo a leanas:
  - (a) dáta tagartha nocht agus tréimhse thagartha nocht;
  - (b) airgeadra nocht;
  - (c) ainm agus, i gcás inarb ábhartha, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) na hinstiúide nocht;
  - (d) i gcás inarb ábhartha, an caighdeán cuntasáíochta;
  - (e) i gcás inarb ábhartha, raon feidhme an chomhdhlúthaithe.



## CAIBIDIL III

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 12***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

TUAIRISCIÚ LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA SEACHAS GNÓLACHTAÍ  
INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA

<b>TEIMPLÉID LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>			
<b>Uimhir theimpléid</b>	<b>Cód teimpléid</b>	<b>Ainm an teimpléid / grúpa teimpléad</b>	<b>Ainm gairid</b>
<b>CISTÍ DÍLSE: leibhéal, comhdhéanamh, ceanglais agus ríomh</b>			
1	I 01.00	Cistí dílse	I1
2,1	I 02.01	Ceanglais cistí dílse	I2.1
2,2	I 02.02	Cóimheasa caipitil	I2.2
3	I 03.00	Ríomh ceanglas maidir le forchostais sheasta	I3
4	I 04.00	Ríomhanna na gceanglas iomlán de réir K-fhachtóirí	I4
<b>GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA</b>			
5	I 05.00	Leibhéal gníomhaíochta – Athbhreithniú tairseach	I5
<b>CEANLAIS DE RÉIR K-FHACHTÓIRÍ – SONRAÍ BREISE</b>			
6,1	I 06.01	Sócmhainní faoi bhainistiú (AUM) – Sonraí breise	I6.1
6,2	I 06.02	Meánluach AUM iomlán laethúil	I6.2
6,3	I 06.03	Airgead cliant atá ar seilbh (CMH) – Sonraí breise	I6.3
6,4	I 06.04	Meánluach an CMH iomlán laethúil	I6.4
6,5	I 06.05	Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar (ASA) – Sonraí breise	I6.5
6,6	I 06.06	Meánluach ASA iomlán laethúil	I6.6
6,7	I 06.07	Orduithe cliant arna láimhseáil (COH) – Sonraí breise	I6.7
6,8	I 06.08	Meánluach COH iomlán laethúil	I6.8
6,9	I 06.09	K-riosca an ghlansuimh (K-NPR) – Sonraí breise	I6.9
6,1	I 06.10	Corrlach Imréitigh ar leith (CMG) – Sonraí breise	I6.10
6,11	I 06.11	Mainneachtain an chontrapháirtí trádála (TCD) – Sonraí breise	I6.11
6,12	I 06.12	Sreabhadh trádála laethúil (DTF) – sonraí breise	I6.12
6,13	I 06.13	Meánluach an DTF laethúil iomlán	I6.13
<b>RIOSCA COMHCHRUINNITHE</b>			
7	I 07.00	K-CON – sonraí breise	I7
8,1	I 08.01	Leibhéal an riosca comhchruinnithe – Airgead cliant atá ar seilbh	I8.1
8,2	I 08.02	Leibhéal an riosca comhchruinnithe – Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar	I8.2
8,3	I 08.03	Leibhéal an riosca comhchruinnithe – Airgead tirim iomlán arna chur i dtaisce	I8.3
8,4	I 08.04	Leibhéal an riosca comhchruinnithe – Tuilleamh iomlán	I8.4
8,5	I 08.05	Neamhchosaintí leabhair trádála	I8.5
8,6	I 08.06	Leabhar neamhthrádála agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe	I8.6
<b>CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTACHT</b>			
9	I 09.00	Ceanglais maidir le leachtacht	I9

**C 01.00 – COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE (I1)**

<b>Rónna</b>	<b>Ítim</b>	<b>Méid 0010</b>
0010	<b>CISTÍ DÍLSE</b>	
0020	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>	
0030	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>	
0040	Ionstraimí caipitil láníochta	
0050	Scairbhiseach	
0060	Tuilleamh coimeáda	
0070	Tuilleamh coimeáda na mblianta roimhe sin	
0080	Brabús is incháilithe	
0090	Ioncam cuimsitheach carntha eile	
0100	Cúlchistí eile	
0110	Leasanna mionlaigh a aithnítear i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0120	Coigeartuithe ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a raibh scagairí stuamachta ina gcúis leo	
0130	Cistí eile	
0140	<b>ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>	
0150	(-) Ionstraimí dílse chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0160	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0170	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0180	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0190	(-) Cailteanais don bhliain airgeadais reatha	
0200	(-) Cáilmheas	
0210	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile	
0220	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara	
0230	(-) Sealúchais cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó é ná 15 % de na cistí dílse	
0240	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid na 60 % dá chistí dílse	
0250	(-) Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0260	(-) Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0270	(-) Sócmhainní cistí pinsin a bhfuil sochar sainithe ag gabháil leo	
0280	(-) Asbhaintí eile	
0290	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Eilimintí caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0300	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>	
0310	Ionstraimí caipitil arna n-eisiúint go díreach agus atá láníochta	
0320	Scairbhiseach	
0330	(-) <b>ASBHAINTÍ IOMLÁNA AS CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>	
0340	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1	
0350	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1	
0360	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1	
0370	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1	
0380	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0390	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0400	(-) Asbhaintí eile	
0410	Caipiteal breise Leibhéal 1: Eilimintí caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0420	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>	
0430	Ionstraimí caipitil arna n-eisiúint go díreach agus atá láníochta	
0440	Scairbhiseach	
0450	(-) <b>ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó LEIBHÉAL 2</b>	
0460	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Leibhéal 2	
0470	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2	
0480	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2	
0490	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2	
0500	(-) Ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0510	(-) Ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0520	Leibhéal 2: Eilimintí caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	

## I 02.01 – CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (I2.1)

Rónna	Ítim	Méid
		0010
0010	Ceanglas Cistí Dílse	
0020	Ceanglas maidir le híosmhéid buan caipitil	
0030	Ceanglas maidir le forchostas seasta	
0040	Ceanglas iomlán de réir K-fhachtóirí	
0010	<b>Ceanglas maidir le Forchostas Seasta</b> Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Beidh an méid a thuairisceofar ar a laghad 25 % d'fhorchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin (ró 0020). Sna cásanna ina bhfuil athrú ábhartha, is é an méid a thuairisceofar an ceanglas maidir le forchostais sheasta a fhorchuireann an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Sna cásanna a shonraítear in Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2019/2033, is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú, forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha (ró 0210).

0020	<p><b>Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús</b>          Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.          Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta forchostais sheasta na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús.</p>
0030	<p><b>Speansais iomlána na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús</b>          Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.          Is é an méid tar éis dáileadh brabús a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0040	<p><b>Ar a bhfuil: Costais sheasta arna dtabhú ag tríú páirtithe thar ceann na ngnólachtaí infheistíochta</b>          I gcás inar thabhaigh tríú páirtithe, lena n-áirítear gníomhairí faoi cheangal, speansais sheasta, thar ceann na ngnólachtaí infheistíochta, nach bhfuil san áireamh cheana féin laistigh de na speansais iomlána sa ráiteas airgeadais bliantúil dá dtagraítear i mír 1, cuirfear na speansais sheasta sin le costais iomlána an ghnólachta infheistíochta. I gcás ina mbeidh miondealú ar chostais an tríú páirtí ar fáil, ní chuirfidh gnólacht infheistíochta leis an bhfigiúr a sheasann do na speansais iomlána ach an sciar de na speansais sheasta sin is infheidhme maidir leis an ngnólacht infheistíochta. I gcás nach mbeidh miondealú den sórt sin ar fáil, ní chuirfidh an gnólacht infheistíochta leis an bhfigiúr a sheasann do na speansais iomlána ach a sciar de speansais an tríú páirtí mar a eascraíonn sé as plean gnó an ghnólachta infheistíochta.</p>
0050	<p>(-)Asbhaintí iomlána          Sa bhreis ar na hítimí atá le hasbhaint dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 asbhainfear na hítimí seo a leanas ó na costais iomlána, má áirítear iad faoi chostais iomlána i gcomhréir leis an gcreat cuntasaiochta ábhartha:          (a) táillí, bróicéireacht agus muirir eile a íocadh le contrapháirtithe lárnacha, le malartáin agus ionaid trádála eile agus le bróicéirí idirmheánacha chun idirbhearta a fhorghníomhú, a chlárú nó a imréiteach, ach amháin i gcás ina gcuirtear ar aghaidh iad chuig an gcustaiméir agus go ngeartar iad ar an gcustaiméir go díreach. Ní áireofar leo sin táillí agus muirir eile is gá chun ballraíocht i gcontrapháirtithe lárnacha, stocmhalartáin agus ionaid trádála eile a choinneáil ar bun nó chun na hoibleagáidí airgeadais lena mbaineann maidir le roinnt cailteanais a chomhlíonadh.          (b) ús ar airgead cliant arna íoc le custaiméirí sa chás nach bhfuil aon oibleagáid de chineál ar bith an t-ús sin a íoc;          (c) caiteachas cánach i gcás ina bhfuil sé dlite i ndáil le brabús bhliantúla an ghnólachta infheistíochta;          (d) cailteanais a eascraíonn as trádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais;          (e) íocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú ar dá réir a bhfuil oibleagáid ar ghnólacht infheistíochta, tar éis dó a ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, a thoradh bliantúil a aistriú chuig an máthairghnóthas;          (f) íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincéireachta i gcomhréir le hAirteagal 26(1)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;          (g) costais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint cheana as cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0060	<p><b>(-)Bónais foirne agus luach saothair eile</b>          Airteagal 13(4), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Measfar go mbraitheann bónais foirne agus luach saothair eile ar ghlanbhrabús an ghnólachta infheistíochta sa bhliain sin i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:</p>

	<p>(h) gur íocadh na bónais foirne nó luach saothair eile atá le hasbhaint leis na fostaithe sa bhliain roimh an mbliain íocaíochta nó nach mbeidh aon tionchar ag íocaíocht na mbónas foirne nó luacha saothair foirne eile ar staid chuntais chaipitil an ghnólachta sa bhliain íocaíochta;</p> <p>(i) nach bhfuil oibleagáid ar an ngnólacht, i leith na bliana reatha agus i leith na mblianta atá le teacht, tuilleadh bónas nó íocaíochtaí eile i gcineál luacha saothair a leithdháileadh nó a bhronnadh ach amháin má dhéanann sé glanbhrabús sa bhliain sin.</p>
0070	<p><b>(-)Scaireanna fostaithe, stiúrthóirí agus páirtithe i nglanbhrabús</b> Airteagal 13(4) pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033. Ríomhfar scaireanna brabúis de chuid fostaithe, stiúrthóirí agus comhpháirtithe ar bhonn na nglanbhrabús.</p>
0080	<p><b>(-)Íocaíochtaí lánroghnacha eile brabús agus luacha saothair inathraithe</b> Airteagal 13(4), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0090	<p><b>(-)Coimisiún comhroinnte agus táillí iníoctha</b> Airteagal 13(4), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0100	<p><b>(-)Táillí, bróicéireacht agus muirir eile a íoctar le CPLanna a ghearrtar ar chustaiméirí</b> Táillí, bróicéireacht agus muirir eile a íocadh íoc le contrapháirtithe lánacha, le malartáin agus ionaid trádála eile agus le bróicéirí idirmheánacha chun idirbhearta a fhorghníomhú, a chlárú nó a imréiteach, ach amháin i gcás ina gcuirtear iad ar aghaidh chuig an gcustaiméir agus go ngearrtar iad ar an gcustaiméir go díreach. Ní áireofar leo sin táillí agus muirir eile is gá chun ballraíocht i gcontrapháirtithe lánacha, stocmhalartáin agus ionaid trádála eile a choinneáil ar bun nó chun na hoibleagáidí airgeadais lena mbaineann maidir le roinnt caillteanais a chomhlíonadh.</p>
0110	<p><b>(-)Táillí do ghníomhairí faoi cheangal</b> Airteagal 13(4), pointe (e), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0120	<p><b>(-)Ús a íoctar le custaiméirí ar airgead cliant i gcás ina bhfuil sé de rogha ag an ngnólacht sin a dhéanamh</b> Ús ar airgead cliant arna íoc le custaiméirí sa chás nach bhfuil aon oibleagáid de chineál ar bith an t-ús sin a íoc;</p>
0130	<p><b>(-)Costais neamh-athfillteacha ó ghníomhaíochtaí neamhchoitianta</b> Airteagal 13(4), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>(-)Speansais ó chánacha</b> Caiteachas cánach i gcás ina bhfuil sé dlite i ndáil le brabúis bhliantúla an ghnólachta infheistíochta.</p>
0150	<p><b>(-)Caillteanais ó thrádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais</b> Caillteanais a eascraíonn as trádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais.</p>

0160	<b>(-)Comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú</b> Íocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú ar dá réir a bhfuil oibleagáid ar ghnólacht infheistíochta, tar éis dó a ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, a thoradh bliantúil a aistriú chuig an máthairghnóthas.
0170	<b>(-)Caiteachas ar amhábhair</b> Maidir le caiteachas ar amhábhair i dtaca le gnólacht infheistíochta atá ag trádáil i ndíorthaigh an tráchtearra fhorluitigh, féadfaidh déileálaithe tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí an caiteachas sin a asbhaint.
0180	<b>(-)Íocaíochtaí isteach i gciste le haghaidh riosca ginearálta baincéireachta</b> Íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincéireachta i gcomhréir le hAirteagal 26(1)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0190	<b>(-)Speansais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint as cistí dílse cheana féin</b> Costais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint cheana as cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0200	<b>Forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha</b> Réamh-mheastachán ar forchostais sheasta na bliana reatha tar éis dáileadh brabús.
0210	<b>Inathraitheacht forchostas seasta (%)</b> Is é an méid a thuairisceofar an luach absalóideach den mhéid seo a leanas: [(Forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha) - (Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin)]/(Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin).

1.6. I 04.00 – RÍOMHANNA NA gCEANGLAS IOMLÁN DE RÉIR K-FHACHTÓIRÍ (I 4)

1.6.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>CEANGLAS IOMLÁN DE RÉIR K-FHACHTÓIRÍ</b> Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0020	<b>Riosca don chliant</b> Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é suim rónna 0030 - 0080 an luach a thuairisceofar.
0030	<b>Sócmhainní faoi bhainistíocht</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/2033. I sócmhainní faoi bhainistiú beidh an bhainistíocht punainne lánroghnach agus socruithe neamh-lánroghnacha comhairleacha.
0040	<b>Airgead cliant atá ar seilbh – Leithscartha</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/2033.
0050	<b>Airgead cliant atá ar seilbh – Neamh-leithscartha</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/2033.

0060	<p><b>Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0070	<p><b>Orduithe cliaint arna láimhseáil – Trádálacha in airgead tirim</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 20(1) agus Airteagal 20(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0080	<p><b>Orduithe cliaint arna láimhseáil – Trádálacha i ndíorthaigh</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 20(1) agus Airteagal 20(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0090	<p><b>Riosca don mhargadh</b> Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é suim rónna 0100 - 0110 an luach a thuairisceofar.</p>
0100	<p><b>Ceanglas maidir le K-riosca an ghlansuímh</b> Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0110	<p><b>Corrlach imréitigh ar leith</b> Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0120	<p><b>Riosca don ghnólacht</b> Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é suim rónna 0130 - 0160 an luach a thuairisceofar.</p>
0130	<p><b>Mainneachtain an chontrapháirtí trádála</b> Airteagal 26 agus Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil – Trádálacha in airgead tirim</b> Chun an ceanglas de réir K-fhachtóirí a ríomh, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm agus iad ag tuairisciú. I gcás dálaí struis ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 15(5), pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/2033, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht choigeartaithe i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 1(1), pointe (a) de na caighdeáin theicniúla rialála chun coigeartuithe ar chomhéifeachtaí K-DTF a shonrú. Déanfar an fachtóir maidir le sreabhadh trádála laethúil a ríomh de réir Airteagal 33(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0150	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil – Trádálacha díorthach</b> Chun an ceanglas de réir K-fhachtóirí a ríomh, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm agus iad ag tuairisciú. I gcás dálaí struis ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 15(5), pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/2033, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht choigeartaithe i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) de na caighdeáin theicniúla rialála chun coigeartuithe ar chomhéifeachtaí K-DTF a shonrú. Déanfar an fachtóir maidir le sreabhadh trádála laethúil a ríomh de réir Airteagal 33(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0160	<p><b>Ceanglas maidir le riosca comhchruinnithe K</b> Airteagal 37(2), Airteagal 39 agus Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Méid an fhachtóra</b> Déanfaidh gnólachtaí infheistíochta an méid a thuairisciú, ar méid é a chomhfhreagraíonn do gach ceann do na fachtóirí, sula ndéanfaidh siad gach fachtóir a iolrú faoin gcomhéifeacht chomhfhreagrach.
0020	<b>Ceanglas de réir K-fhachtóirí</b> Déanfar é a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16, le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033.

## 2. GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA

### 2.1. I 05.00 – LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA – ATHBHREITHNIÚ TAIRSÍ (I.5)

#### 2.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Sócmhainní faoi bhainistíocht (ar bhonn comhcheangailte)</b> Airteagal 12(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033. I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta sócmhainní lánroghnacha agus neamh-lánroghnacha faoi bhainistiú san áireamh. Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfidh chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.
0020	<b>Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte)– Trádálacha in airgead tirim</b> Airteagal 12(1), pointe (b)(i) de Rialachán (AE) 2019/2033. I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfidh chun K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.
0030	<b>Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte) – Díorthaigh</b> Airteagal 12(1), pointe (b)(ii) de Rialachán (AE) 2019/2033. I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfidh chun K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.
0040	<b>Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar</b> Airteagal 12(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfidh chun K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.

0050	<p><b>Airgead cliant ar seilbh</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun K-fhactóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0060	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil - Trádálacha in airgead tirim agus trádálacha díorthach</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun K-fhactóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0070	<p><b>Riosca an ghlansuímh</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun K-fhactóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0080	<p><b>Corrlach imréitigh ar leith</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun K-fhactóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0090	<p><b>Mainneachtain an chontrapháirtí trádála</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (g) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun K-fhactóirí a ríomh sula gcuirfear na comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0100	<p><b>Iomlán (comhcheangailte) lasmuigh den chlár comhardaithe agus laistigh den chlár comhardaithe</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0110	<p><b>Ollioncam iomlán bliantúil comhcheangailte</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0120	<p><b>Ollioncam iomlán bliantúil</b></p> <p>Luach ollioncaim iomlán bhliantúil diomaite d'ollioncam a ghintear laistigh den ghrúpa de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0130	<p><b>(-) Cuid inghrúpa den ollioncam bliantúil</b></p> <p>Luach ollioncaim a ghintear laistigh den ghrúpa gnólachta infheistíochta de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó orduithe a ghlacadh agus a tharchur</b></p> <p>Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>



0150	<p><b>Ar a bhfuil: orduithe a fhorghníomhú ar son cliant</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0160	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó dhéileáil ar a gcuntas féin</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0170	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó bhainistiú punainne</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0180	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó chomhairle infheistíochta</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0190	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh/a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0200	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin</b>  Airteagal 54(1) pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0210	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó shaoráid trádála iltaobhach a oibriú</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0220	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó oibriú OTF</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0230	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chumhdach agus a riar</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0240	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó chreidmheasanna nó iasachtaí a dheonú d'infheisteoirí</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.</p>
0250	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam a eascraíonn as comhairle a thabhairt do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus nithe gaolmhara agus comhairle agus seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas;</b>  Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

	Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.
0260	<b>Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí malairte eachtraí</b> Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.
0270	<b>Ar a bhfuil: taighde infheistíochta agus anailís airgeadais</b> Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.
0280	<b>Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí a bhaineann le frithghealladh</b> Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.
0290	<b>Ar a bhfuil: seirbhísí infheistíochta agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann le díorthaigh a fholuá</b> Airteagal 54(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3), de Threoir 2014/65/AE.

### 3. CEANLAIS DE RÉIR K-FHACHTÓIRÍ - SONRAÍ BREISE

#### 3.1. Barúlacha ginearálta

12. In I 06.00 tá dhá thábla ainmnithe ag gach ceann de na K-fhachtóirí AUM, ASA, CMH, COH agus DTF.
13. Sa chéad tábla tá faisnéis sna colúin a bhaineann le 'Méid an fhachtóra' le haghaidh gach mí den ráithe tuairiscithe. Is é méid an fhachtóra an luach a úsáidtear chun gach K-fhachtóir a ríomh sula gcuirfear i bhfeidhm an chomhéifeacht ó Thábla 1 d'Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.
14. Sa dara tábla tá an fhaisnéis mhionsonraithe is gá chun méid an Fhachtóra a ríomh.

I gcás AUM, comhfhreagraíonn sin do luach na sócmhainní faoi bhainistiú an lá deireanach den mhí mar a shonraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/2033.

I gcás CMH, ASA, COH agus DTF, beidh an luach arna thuairisciú comhfhreagrach le meán luach laethúil an táscaire ábhartha le linn na míosa.

#### 3.2. I 06.01 – SÓCMHAINNÍ FAOI BHAINISTIÚ – SONRAÍ BREISE (I 6.1)

##### 3.2.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>AUM iomlán (meánmhéideanna)</b> Airteagal 4(1), pointe (27), de Rialachán (AE) 2019/2033. Luach iomlán AUM mar mheán uimhríochtúil i gcomhréir le hAirteagal 17(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é suim rónna 0020 agus 0040 an luach a thuairisceofar.

0020	<b>Ar a bhfuil: AUM – Bainistíocht punainne lánroghnach</b> Méid iomlán na sócmhainní a ndéanann an gnólacht infheistíochta bainistíocht punainne ina leith mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (8) de Threoir 2014/65/AE agus arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0030	<b>Ar a bhfuil: AUM arna tharmligean go foirmiúil chuig eintiteas eile</b> Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0040	<b>AUM – Comhairle neamh-lánroghnach leanúnach</b> Méid iomlán na sócmhainní a dtugann an gnólacht infheistíochta comhairle infheistíochta ina leith mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (4), de Threoir 2014/65/AE agus a dhéanann sin ar bhonn leanúnach neamh-lánroghnach.
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Méid an fhachtóra – Mí t</b> AUM ag deireadh an tríú mí (i.e. an mhí is déanaí) den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.
0020	<b>Méid an fhachtóra – Mí t-1</b> AUM le haghaidh an dara mí den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.
0030	<b>Méid an fhachtóra – Mí t-2</b> AUM le haghaidh na chéad mhíosa den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil

### 3.3. I 06.02 – SÓCMHAINNÍ MÍOSÚLA FAOI BHAINISTIÚ (I 6.2)

#### 3.3.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Sócmhainní iomlána míosúla faoi bhainistiú</b> Airteagal 4(1), pointe (27), de Rialachán (AE) 2019/2033. Na sócmhainní míosúla iomlána atá faoi bhainistiú an lá gnó deireanach den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é suim rónna 0020 agus 0040 an luach a thuirisceofar sa ró seo.
0020	<b>Sócmhainní míosúla faoi bhainistiú – bainistíocht punainne lánroghnach</b> Is é an méid a thuirisceofar na sócmhainní a ndéanann an gnólacht infheistíochta bainistíocht punainne ina leith mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (8) de Threoir 2014/65/AE arna thomhas an lá gnó deireanach den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0030	<b>Ar a bhfuil: sócmhainní arna dtarmligean go foirmiúil chuig eintiteas eile</b> Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Sócmhainní míosúla ar tarmligeadh a mbainistiú go foirmiúil chuig eintiteas eile, agus arna dtuairisciú mar atá siad an lá gnó deireanach den mhí ábhartha.

0040	<p><b>Sócmhainní míosúla faoi bhainistiú – Comhairle leanúnach neamh-lánroghnach</b></p> <p>Méid iomlán na sócmhainní a dtugann an gnólacht infheistíochta comhairle infheistíochta ina leith mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (4), de Threoir 2014/65/AE agus a dhéanann sin ar bhonn leanúnach neamh-lánroghnach, méid arna thuairisciú amháil ón lá gnó deireanach den mhí ábhartha.</p>
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0140	<p><b>Luachanna ag deireadh na míosa</b></p> <p>Déantar na luachanna mar atá siad an lá gnó deireanach den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a thuairisciú.</p>

#### 3.4. I 06.03 – AIRGEAD CLIANT AR SEILBH – SONRAÍ BREISE (I 6.3)

##### 3.4.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>CMH – leithscartha (meánmhéideanna)</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointí (28) agus (49) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus Airteagal 1 de na Caighdeáin Theicniúla Rialála maidir leis an sainmhíniú ar chuntas leithscartha (Airteagal 15(5), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033).</p> <p>Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meán uimhríochtúil luachanna laethúla CMH i gcás ina bhfuil airgead cliant ar seilbh i gcuntais leithscartha i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>CMH – neamhscartha (meánmhéideanna)</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointí (28) agus (49) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p> <p>Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meán uimhríochtúil luachanna laethúla CMH i gcás nach bhfuil airgead cliant ar seilbh i gcuntais leithscartha i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t</b></p> <p>CMH ag deireadh an tríú mí den ráithe (i.e. an mhí is déanaí) dá dtagraítear sa tuarascáil</p> <p>Déantar an méid sin a ríomh mar mheán uimhríochtúil na méideanna laethúla laistigh den tréimhse ama a shonraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t-1</b></p> <p>CMH ag deireadh an dara mí den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p> <p>Déantar an méid sin a ríomh mar mheán uimhríochtúil na méideanna laethúla laistigh den tréimhse ama a shonraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

0030	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t-2</b></p> <p>CMH ag deireadh na chéad mhíosa den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p> <p>Déantar an méid sin a ríomh mar mheán uimhríochtúil na méideanna laethúla laistigh den tréimhse ama a shonraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
------	---

3.5. I 06.04 – MEÁNLUACH IOMLÁN LAETHÚIL AN AIRGID CLIANT ATÁ AR SEILBH (I 6.4)

3.5.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Iomlán laethúil an airgid cliant atá ar seilbh – Leithscartha</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointí (28) agus (49) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus na Caighdeáin Theicniúla Rialála maidir leis an sainmhíniú ar chuntas leithscartha (Airteagal 15(5), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033).</p> <p>Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meánluach iomlán míosúil an airgid cliant atá ar seilbh i gcás ina bhfuil airgead cliant ar seilbh i gcuntais leithscartha i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>Iomlán laethúil an airgid cliant atá ar seilbh – Neamhscartha</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointí (28) agus (49) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p> <p>Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meánluach iomlán míosúil an airgid cliant atá ar seilbh i gcás nach bhfuil airgead cliant ar seilbh i gcuntais leithscartha i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010-0080	<p><b>Meánluachanna míosúla an airgid cliant atá ar seilbh</b></p> <p>Gach mí, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánluach míosúil maidir le hiomlán laethúil an airgid cliant atá ar seilbh, luach a thomhaisfear ag deireadh gach lae gnó de réir Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

3.6. I 06.05 – SÓCMHAINNÍ ATÁ Á gCOIMIRCIÚ AGUS Á RIAR – SONRAÍ BREISE (I 6.5)

3.6.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>ASA iomlán (meánmhéideanna)</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (29), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 5(1) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna lena dtomhaistear na K-fhachtóirí a shonrú (Airteagal 15(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033).</p> <p>Luach iomlán ASA mar mheán rollach de luach na sócmhainní iomlána laethúla atá á gcoimirciú agus á riar, arna thomhas ag deireadh gach lae gnó le linn na 9 mí roimhe sin, diomáite de na 3 mhí is déanaí i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

0020	<p><b>Ar a bhfuil: Luach cóir ionstraimí airgeadais (Leibhéal 2)</b></p> <p>Airteagal 5(1), pointe (a) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna a shonrú chun na K-fhachtóirí a thomhas (Airteagal 15(5), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033).</p> <p>Ionstraimí airgeadais Leibhéal 2 arna luacháil de bhun IFRS 13.81.</p>
0030	<p><b>Ar a bhfuil: Luach cóir ionstraimí airgeadais (Leibhéal 3)</b></p> <p>Airteagal 5(1), pointe (a) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna a shonrú chun na K-fhachtóirí a thomhas (Airteagal 15(5), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033).</p> <p>Luacháil bunaithe ar ionchuir dhobhraite a úsáideann an fhaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil IFRS 13.86.</p>
0040	<p><b>Ar a bhfuil: sócmhainní arna dtarligean go foirmiúil chuig eintiteas airgeadais eile</b></p> <p>Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Luach na sócmhainní a ndearnadh a gcoimirciú agus a riar a tharligean go foirmiúil chuig eintiteas airgeadais eile mar mheán uimhríochtúil i gcomhréir leis an gcéad an chéad fhomhír d'Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0050	<p><b>Ar a bhfuil: sócmhainní de chuid eintitis airgeadais eile arna dtarligean go foirmiúil chuig an ngnólacht infheistíochta</b></p> <p>Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Luach sócmhainní eintitis airgeadais eile a bhfuil coimirciú agus riaradh tarmligthe aige go foirmiúil chuig an ngnólacht infheistíochta mar mheán uimhríochtúil i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t</b></p> <p>ASA ag deireadh an tríú mí den ráithe (i.e. an mhí is déanaí) dá dtagraítear sa tuarascáil.</p>
0020	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t-1</b></p> <p>ASA ag deireadh an dara mí den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p>
0030	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t-2</b></p> <p>ASA ag deireadh na chéad mhíosa den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p>

3.7. I 06.06 – MEÁNLUACH NA SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LAETHÚLA ATÁ A gCOIMIRCIÚ AGUS Á RIAR (I 6.6)

3.7.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (29), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 5(1) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna lena dtomhaistear na K-fhachtóirí a shonrú (Airteagal 15(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033).</p>

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
	Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meánluach míosúil na sócmhainní iomlána laethúla atá á gcoimirciú agus á riar i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0020	<b>Ar a bhfuil: Luach cóir ionstraimí airgeadais (Leibhéal 2)</b> Airteagal 5(2) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna lena dtomhaistear na K-fhachtóirí a shonrú (Airteagal 15(5), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033) Ionstraimí airgeadais Leibhéal 2 arna luacháil de bhun IFRS 13.81.
0030	<b>Ar a bhfuil: Luach cóir ionstraimí airgeadais (Leibhéal 3)</b> Airteagal 5(1), pointe (a) de na Caighdeáin Theicniúla Rialála chun na modhanna a shonrú chun na K-fhachtóirí a thomhas (Airteagal 15(5), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033). Luacháil bunaithe ar ionchuir dhobhraithe a úsáideann an fhaisnéis is fearr dá bhfuil ar fáil IFRS 13.86.
0040	<b>Ar a bhfuil: sócmhainní arna dtarmligean go foirmiúil chuig eintiteas airgeadais eile</b> Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meánluach míosúil na sócmhainní iomlána laethúla a ndearnadh a gcoimirciú agus a riaradh a tharmligean ar eintiteas airgeadais eile i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0050	<b>Ar a bhfuil: sócmhainní de chuid eintitis airgeadais eile arna dtarmligean go foirmiúil chuig an ngnólacht infheistíochta</b> Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar meánluach míosúil sócmhainní iomlána laethúla eintitis airgeadais eile a bhfuil coimirciú agus riaradh tarmligthe aige ar an ngnólacht infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010-0080	<b>Meánluachanna míosúla na sócmhainní laethúla iomlána atá á gcoimirciú agus á riar</b> Gach mí, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánluach míosúil na sócmhainní iomlána laethúla atá á gcoimirciú agus á riar, luach a thomhaisfear ag deireadh gach lae gnó de réir Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

### 3.8. I 06.07 – ORDUITHE CLIAINT ARNA LÁIMHSEÁIL – SONRAÍ BREISE (I 6.7)

#### 3.8.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Trádálacha COH in airgead tirim (meánmhéideanna)</b> Luach trádálacha COH in airgead tirim mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1), pointe (30) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus arna thomhas de bhun Airteagal 20(1) Rialachán (AE) 2019/2033.

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
	Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánmhéid uimhríochtúil na dtrádálacha COH in airgead tirim le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí de réir na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 20(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.
0020	<p><b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fhorghníomhú</b></p> <p>COH i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta feidhmiú orduithe cliaint ina leith agus a dhéanann sin in ainm cliaint mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (5), de Threoir 2014/65/AE.</p> <p>Tuairisceofar meánmhéid uimhríochtúil luach COH le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí de réir na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0030	<p><b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fháil agus a tharchur</b></p> <p>COH i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta orduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur ina leith.</p> <p>Tuairisceofar meánmhéid uimhríochtúil luach COH le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí de réir na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0040	<p><b>COH – Díorthaigh (meánmhéideanna)</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (30), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánmhéid uimhríochtúil na ndíorthach COH le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí de réir na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 20(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0050	<p><b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fhorghníomhú</b></p> <p>COH i gcás trádálacha i ndíorthaigh a ndéanann an gnólacht infheistíochta feidhmiú orduithe cliaint ina leith agus a dhéanann sin in ainm cliaint mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (5), de Threoir 2014/65/AE.</p> <p>Tuairisceofar meánmhéid uimhríochtúil luach COH le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí, de bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0060	<p><b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fháil agus a tharchur</b></p> <p>COH i gcás trádálacha i ndíorthaigh a ndéanann an gnólacht infheistíochta orduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur ina leith.</p> <p>Tuairisceofar meánmhéid uimhríochtúil luach COH le haghaidh na 6 mhí roimhe sin, díomaite de na 3 mhí is déanaí, de bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
0010	<p><b>Méid an fhachtóra – Mí t</b></p> <p>Luach COH ag deireadh an tríú mí (i.e. an mhí is déanaí) den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p>



0020	<b>Méid an fhachtóra – Mí t-1</b> Luach COH ag deireadh an dara mí den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil
0030	<b>Méid an fhachtóra– Mí t-2</b> Luach COH amhail ó dheireadh na chéad mhíosa den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.

3.9. I 06.08 – MEÁNLUACH IOMLÁN LAETHÚIL NA nORDUITHE CLIAINT ARNA LÁIMHSEÁIL (I 6.8)

3.9.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<b>Orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil – Trádálacha in airgead tirim</b> Airteagal 4(1), pointe (30), de Rialachán (AE) 2019/2033. Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil (trádálacha in airgead tirim) den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 20(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.
0020	<b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fhorghníomhú</b> Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta feidhmiú orduithe cliaint ina leith agus a dhéanann sin in ainm cliaint mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (5) de Threoir 2014/65/AE.
0030	<b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fháil agus a tharchur</b> Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta orduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur ina leith
0040	<b>Iomlán na n-orduithe cliaint arna láimhseáil – Díorthaigh</b> Airteagal 4(1), pointe (30), de Rialachán (AE) 2019/2033. Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil (díorthaigh) den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 20(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.
0050	<b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fhorghníomhú</b> Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta feidhmiú orduithe cliaint ina leith agus a dhéanann sin in ainm cliaint mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (5), de Threoir 2014/65/AE.
0060	<b>Ar a bhfuil: Orduithe cliaint a fháil agus a tharchur</b> Meánluach na n-orduithe cliaint iomlána laethúla arna láimhseáil i gcás trádálacha in airgead tirim a ndéanann an gnólacht infheistíochta orduithe cliaint a ghlacadh agus a tharchur ina leith
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0050	<b>Meánluachanna míosúla na n-orduithe cliaint arna láimhseáil</b> Déanfaidh gnólachtaí infheistíochta meánluach míosúil na n-orduithe cliaint laethúla iomlána arna láimhseáil de réir Airteagal 20(1) a thuairisciú.

## 3.10. I 06.09 – K-RIOSCA AN GHLANSUÍOMH – SONRAÍ BREISE (I 6.9)

## 3.10.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Cur chuige caighdeánaithe iomlán</b> Airteagal 22 (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Suíomhanna a ndéantar ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Caibidil 2, 3 nó 4 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0020	<p><b>Riosca an tsuímh</b> Airteagal 22(a) agus Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Suíomhanna leabhair trádála a ndéantar ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca an tsuímh a chinneadh ina leith i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013,</p>
0030	<p><b>Ionstraimí cothromais</b> Airteagal 22(a) agus Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Suíomhanna leabhair trádála in ionstraimí cothromais a ndéantar ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0040	<p><b>Ionstraimí fiachais</b> Airteagal 22(a) agus Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Suíomhanna leabhair trádála in ionstraimí fiachais a ndéantar ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Roinn 2 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0050	<p><b>Ar a bhfuil: urrúsúcháin</b> Airteagal 22(a) agus Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2019/2033</p> <p>Suíomhanna in ionstraimí urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 337 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus suíomhanna sa phunann trádála comhghaoil dá dtagraítear in Airteagal 338 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0055	<p><b>Cur chuige ar leith maidir le riosca an tsuíomh i ngnóthais chomhinfheistíochta</b> Airteagal 22(a) agus Airteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Méid iomlán na neamhchosanta ar riosca maidir le suíomhanna i ngnóthais chomhinfheistíochta má ríomhtar ceanglais chaipitil i gcomhréir le hAirteagal 348(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, láithreach nó mar iarmhairt na huasteorann a shainmhíneáir in Airteagal 350(3), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ní shanntar na suíomhanna sin go sainráite don riosca ráta úis ná don riosca cothromais.</p> <p>Má chuirtear an cur chuige ar leith a leagtar amach i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 348(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm, is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú 32 % de ghlansuíomh neamhchosanta an ghnóthais chomhinfheistíochta atá i gceist.</p> <p>Má chuirtear an cur chuige ar leith a leagtar amach i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 348(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm, is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú 32 % de ghlansuíomh neamhchosanta an ghnóthais chomhinfheistíochta ábhartha nó an difríocht idir 40 % den ghlansuíomh sin agus na ceanglais cistí dílse a eascraíonn as an riosca malaire eachtraí a bhaineann le neamhchosaint an ghnóthais chomhinfheistíochta sin, cibé acu is ísle.</p>

0060	<p><b>Riosca malairte eachtraí</b></p> <p>Airteagal 22(a) agus Airteagal 21, míreanna (3) agus (4), de Rialachán (AE) 2019/2033</p> <p>Suíomhanna faoi réir riosca malairte eachtraí a ndéantar ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0070	<p><b>Riosca tráchtearraí</b></p> <p>Airteagal 22(a) agus Airteagal 21, míreanna (3) agus (4), de Rialachán (AE) 2019/2033</p> <p>Suíomhanna faoi réir riosca tráchtearraí a ndéantar ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0080	<p><b>Cur chuige na samhla inmheánaí</b></p> <p>Airteagal 57(a) agus Airteagal 21, míreanna (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/2033</p> <p>Suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna sa leabhar neamhtrádála atá faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí a ndéantar an ceanglas cistí dílse a chinneadh ina leith i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p>

### 3.11. I 06.10 – CORRLACH IMRÉITIGH AR LEITH – SONRAÍ BREISE (I 6.10)

15. Sa teimpléad sin, tuairisceoidh na gnólachtaí a bhíonn ag déileáil ar a gcuntas féin gach comhalta imréitigh de chuid na gcontrapháirtithe lárnacha incháilithe ar faoina fhreagracht a dhéantar idirbhearta an ghnólachta a fhorghníomhú agus a shocrú.

#### 3.11.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colún	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0030	<b>Comhalta Imréitigh</b>
0010	<p><b>Ainm</b></p> <p>Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta ainm aon chomhalta imréitigh de chuid na gcontrapháirtithe lárnacha incháilithe ar faoina fhreagracht a dhéantar idirbhearta an ghnólachta atá ag déileáil ar a chuntas féin a fhorghníomhú agus a shocrú.</p>
0020	<p><b>Cód</b></p> <p>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le hinstiúidí, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfeadh cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfeadh é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.</p>
0030	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Saináithneofar an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0020 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p>

0040 - 0060	<p><b>Ranníocaíocht leis an gcorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil</b></p> <p>Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta faisnéis maidir leis an trí lá den 3 mhí roimhe sin ar ar ríomhadh an méid is airde, an dara méid is airde agus an tríú méid is airde den chorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil, dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Cuirfidh an gnólacht infheistíochta gach comhalta imréitigh sa teimpléad a úsáideadh ar cheann amháin de na laethanta sin ar a laghad.</p> <p>Déanfar an ranníocaíocht leis an gcorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil a thuairisciú mar an méid roimh an iolrú leis an bhfachtóir 1.3 dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0040	<b>Ranníocaíocht leis an gcorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil – lá an mhéid is airde den chorrlach iomlán a bhfuil gá leis</b>
0050	<b>Ranníocaíocht leis an gcorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil – lá an dara méid is airde den chorrlach iomlán a bhfuil gá leis</b>
0060	<b>Ranníocaíocht leis an gcorrlach iomlán a bhfuil gá leis ar bhonn laethúil – lá an tríú méid is airde den chorrlach iomlán a bhfuil gá leis</b>

### 3.12. I 06.11 – MAINNEACHTAIN AN CHONTRAPHÁIRTÍ TRÁDÁLA – SONRAÍ BREISE TCD (I 6.11)

#### 3.12.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0080	<b>Miondealú de réir na modhanna lena ndéantar luach na neamhchosanta a ríomh</b>
0010	<p><b>Cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2033 ón gCoimisiún K-TCD</b></p> <p>Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Neamhchosaintí a ndéantar an ceanglas cistí dílse a ríomh ina leith mar K-TCD i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>Cuir chuige mhalartacha: Luach na neamhchosanta a chinntear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</b></p> <p>Airteagal 25(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/2033</p> <p>Neamhchosaintí a gcinntear luach na neamhchosanta ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus na ceanglais cistí dílse ghaolmhara díobh a ríomhtar trí luach na neamhchosanta a iolrú faoin bhfachtóir riosca a leagtar amach i dTábla 2 in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033</p>
0030	<p><b>SA-CCR</b></p> <p>Airteagal 274 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0040	<p><b>SA-CCR simplithe</b></p> <p>Airteagal 281 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0050	<p><b>Modh na neamhchosanta tosaigh</b></p> <p>Airteagal 282 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p>
0060	<p><b>Cuir chuige mhalartacha Cur chun feidhme iomlán chreat Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</b></p> <p>Airteagal 25(4), an dara fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2033</p>

	Neamhchosaintí a gcinntear luach na neamhchosanta agus na ceanglais cistí dílse ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
0070	<p><b>Ítim mheabhráin: Comhpháirt an chúnaimh airgid thirim agus dearbhán (CVA)</b> Airteagal 25(5) agus Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina gcuireann institiúid cur chuige Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm nó ina gcuireann sí an maolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm, cinnfear Comhpháirt CVA mar an difríocht idir an méid ábhartha tar éis iolrú fhachtóir CVA a chur i bhfeidhm agus an méid ábhartha sular cuireadh iolrú fhachtóir CVA i bhfeidhm.</p> <p>I gcás ina gcuireann institiúid an maolú ar an dara fhomhír d'Airteagal 25(5) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm, déanfar comhpháirt CVA a chinneadh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal VI, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0080	<p><b>ar a bhfuil: arna ríomh i gcomhréir le creat Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</b> Airteagal 25(5), an dara fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2033</p>
0090 - 0110	<p><b>Miondealú de réir cineál contrapháirtí</b> Is ar na cineálacha contrapháirtithe dá dtagraítear i dTábla 2 in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033 a bhunófar an miondealú de réir contrapháirtí.</p>
0090	<b>Rialtais láir, bainc cheannais, eintitis earnála poiblí</b>
0100	<b>Institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta</b>
0110	<b>Contrapháirtithe eile</b>
Colún	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Ceanglas de réir K-fhachtóirí</b> Déanfar an ceanglas cistí dílse a thuairisciú mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033 nó i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0020	<p><b>Luach na neamhchosanta</b> Luach na neamhchosanta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2019/2033 nó leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0030	<p><b>Costas athsholáthair (RC)</b> Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0040	<p><b>Neamhchosaint fhéideartha todhchaí (PFE)</b> Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0050	<p><b>Comhthaobhacht (C)</b> Airteagal 30(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is éard a bheidh sa luach a thuairisceofar luach na comhthaobhachta mar a úsáideadh é chun luach na neamhchosanta a ríomh agus dá bhrí sin, nuair is infheidhme, luach tar éis an coigeartú luaineachta agus an neamhréir airgeadra coigeartaithe luaineachta in Airteagal 30 (1) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/2033 a chur i bhfeidhm.</p>

## 3.13. I 06.12 – SREABHADH TRÁDÁLA LAETHÚIL – SONRAÍ BREISE (I 6.12)

## 3.13.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>DTF iomlán – trádálacha in airgead tirim (meánmhéideanna)</b></p> <p>Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánmhéid uimhríochtúil na dtrádálacha DTF in airgead tirim le haghaidh na 6 mhí atá fágtha, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 33(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Cuirfear Airteagal 33(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 san áireamh agus an méid sa chill seo á thuairisciú.</p>
0020	<p><b>DTF iomlán – trádálacha i ndíorthaigh (meánmhéideanna)</b></p> <p>Airteagal 33(2) pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánmhéid uimhríochtúil na dtrádálacha DTF i ndíorthaigh le haghaidh na 6 mhí atá fágtha, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 33(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Cuirfear Airteagal 33(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 san áireamh agus an méid sa chill seo á thuairisciú.</p>
Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Meánmhéid an fhachtóra – Mí t</b></p> <p>Luach DTF amhail ó dheireadh an tríú mí (i.e. an mhí is déanaí) den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil.</p>
0020	<p><b>Meánmhéid an fhachtóra– Mí t-1</b></p> <p>Luach DTF ag deireadh an dara mí den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil</p>
0030	<p><b>Meánmhéid an fhachtóra– Mí t-2</b></p> <p>Luach DTF ag deireadh na chéad mhíosa den ráithe dá dtagraítear sa tuarascáil</p>

## 3.14. I 06.13 – MEÁNLUACH NA SREAFÁI TRÁDÁLA LAETHÚLA IOMLÁNA (I 6.13)

## 3.14.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil – trádálacha in airgead tirim</b></p> <p>Meánluach an tsreafa trádála laethúil iomláin (luach in airgead tirim) den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 33(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil – trádálacha díorthach</b></p> <p>Meánluach an tsreafa trádála laethúil iomláin (trádálacha díorthach) den mhí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus déanfar é a thomhas de bhun Airteagal 33(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
0010-0080	<b>Meánluachanna míosúla na sreafaí iomlána trádála laethúla</b> I ngach colún ábhartha maidir leis an mí, tuairisceoidh gnólachtaí infheistíochta meánluach míosúil an tsreafa trádála laethúil iomláin, luach a thomhaisfear le linn gach lae gnó de réir Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

#### 4. TUAIRISCIÚ AR RIOSCA COMHCHRUINNITHE

##### 4.1. Barúlacha Ginearálta

16. Sa tuairisciú ar riosca comhchruinnithe tá faisnéis faoi na rioscaí comhchruinnithe a nochtar do ghnólacht infheistíochta trína shuíomhanna leabhair trádála mar gheall ar mhainneachtain contrapháirtithe. Mar thoradh air sin, ríomhtar K-CON, ceanglas cistí dílse breise i ngeall ar na neamhchosaintí atá ag an ngnólacht infheistíochta ar a chlár comhardaithe. Tá sé sin i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'riosca comhchruinnithe' in Airteagal 4(1)(31) de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcás ina: gciallaíonn 'riosca comhchruinnithe' nó 'CON' na neamhchosaintí i leabhar trádála an ghnólachta infheistíochta i leith cliant nó grúpa cliant nasctha ar mó a luach ná na teorainneacha a leagtar síos in Airteagal 37(1).
17. Sa tuairisciú ar riosca comhchruinnithe tá faisnéis maidir leis an méid seo a leanas freisin:
- Airgead cliant
  - Sócmhainní cliant
  - Airgead tirim dílis an ghnólachta
  - Tuilleamh ó chliant
  - Suíomhanna leabhair trádála
  - Neamhchosaintí arna ríomh agus sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe nach bhfuil taifeadta sa leabhar trádála á gcur san áireamh.
18. Cé go dtagraítear freisin san fhoclaíocht in Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 do 'riosca comhchruinnithe', níl an sainmhíniú air sin atá in Airteagal 4(1), pointe (31), de Rialachán (AE) 2019/2033 agus na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 comhoiriúnach leis na hítimí a ndéantar cur síos orthu in Airteagal 54(2), pointí (b) go (e) de Rialachán (AE) 2019/2033. Dá bhrí sin, díríonn an tuairisciú atá riachtanach ar na cúig shuíomh is mó, má tá siad ar fáil, i ndáil le gach ceann de na hítimí (i) go (vi) de mhír 19 atá ar seilbh ag institiúid, cliant nó eintiteas eile ar leith nó atá inchurtha ina leith. Cuireann an tuairisciú sin ar chumas na n-údarás inniúil tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag bagairt ar ghnólachtaí infheistíochta.
19. Is é atá sa tuairisciú ar riosca comhchruinnithe teimpléid I 07.00 agus I 08.00 agus, i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, gnólachtaí a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh cáiliú mar ghnólacht infheistíochta beag neamh-idirnasctha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, ní cheanglaítear orthu faisnéis a thuairisciú ina leith sin.

##### 4.2. I 07.00 – K-CON – SONRAÍ BREISE (I7)

###### 4.2.1. Teoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
0010 - 0060	<b>Aitheantas an contrapháirtí</b> Déanfaidh an gnólacht infheistíochta aitheantas na gcontrapháirtithe nó an ghrúpa cliant nasctha ar a bhfuil neamhchosaint acu a thuairisciú, neamhchosaint ar mó é ná na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0010	<b>Cód</b> Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfeadh cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfeadh é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.

0020	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p> <p>Déanfar an cineál cóid a thuairisciú i gcónaí.</p>
0030	<p><b>Ainm</b></p> <p>Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa cliant nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.</p>
0040	<p><b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht infheistíochta '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.</p>
0050	<p><b>Cineál an chontrapháirtí</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht infheistíochta maidir le gach neamhchosaint má bhaineann sé sin leis an méid seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. institiúid creidmheasa nó grúpa cliant nasctha ina bhfuil institiúid chreidmheasa;</li> <li>2. gnólacht infheistíochta nó grúpa cliant nasctha ina bhfuil gnólacht infheistíochta;</li> <li>3. Contrapháirtithe nach institiúidí creidmheasa ná gnólachtaí infheistíochta ná grúpa cliant nasctha iad ina bhfuil gnólacht infheistíochta nó institiúid.</li> </ol>
0060 - 0110	<p><b>Neamhchosaintí Leabhair Trádála ar mó iad ná na teorainneacha a leagtar síos in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2019/2033</b></p> <p>Déanfaidh an gnólacht infheistíochta faisnéis maidir le gach neamhchosaint ar mó í ná na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagail 36 agus 39 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0060	<p><b>Luach na Neamhchosanta (EV)</b></p> <p>Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0070	<p><b>Luach na Neamhchosanta (mar % de Chistí Dílse)</b></p> <p>Neamhchosaint arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2019/2033 agus arna sloinneadh mar chéatadán de chistí dílse an ghnólachta.</p>
0080	<p><b>Ceanglas Cistí Dílse na neamhchosanta iomláine (OFR)</b></p> <p>Ceanglas cistí dílse na neamhchosanta iomláine ar an gcontrapháirtí aonair nó ar an ngrúpa cliant nasctha, arna ríomh mar mhéid iomlán K-TCD agus an cheanglais riosca shonraigh le haghaidh K-NPR maidir leis an neamhchosaint ábhartha.</p>
0090	<p><b>Barrachas Luach na Neamhchosanta (EVE)</b></p> <p>An méid arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 37(2), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir leis an neamhchosaint ábhartha.</p>
0100	<p><b>Fad an Bharrachais (i laethanta)</b></p> <p>Líon na laethanta ó bhí barrachas na neamhchosanta ann den chéad uair.</p>



0110	<b>Ceanglas Cistí Dílse K-CON maidir leis an mBarrachas (OFRE)</b> An méid arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir leis an neamhchosaint ábhartha.
------	---

4.3. I 08.01 – LEIBHÉAL AN RIOSCA COMHCHRUINNITHE – AIRGEAD CLIANT ATÁ AR SEILBH (I 8.1)

4.3.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010 - 0060	<b>CMH iomlán</b> Airteagal 54(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033. Má tá sé ar fáil, tuairisceoidh an gnólacht infheistíochta aitheantas na gcúig chontrapháirtí nó an ghrúpa contrapháirtithe nasctha ag a bhfuil an méid is mó airgid cliant ar seilbh.
0010	<b>Cód</b> Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.
0020	<b>An cineál cóid</b> Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.
0030	<b>Ainm</b> Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa contrapháirtithe nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.
0040	<b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b> Tuairisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.
0050	<b>CMH iomlán ar an dáta tuairiscithe</b> Tuairisceoidh an gnólacht méid iomlán an airgid cliant ar an dáta tuairiscithe.
0060	<b>An céatadán d'airgead cliant atá i seilbh na hinstiúide</b> Déanfaidh an gnólacht an méid airgid cliant atá ar seilbh ar an dáta tuairiscithe a thuairisciú le gach ceann de na contrapháirtithe nó na grúpaí de chontrapháirtithe nasctha a ndéantar tuairisciú ina leith, arna shloinneadh mar chéatadán den iomlán (a thuairiscítear i gcolún 0050).

4.4. I 08.02 – LEIBHÉAL AN RIOSCA COMHCHRUINNITHE – SÓCMHAINNÍ ATÁ Á gCOIMIRCIÚ AGUS Á RIAR (I 8.2)

4.4.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
0010-0060	<b>ASA Iomlán</b> Airteagal 54(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033. Má tá sé ar fáil, tuairisceoidh an gnólacht aitheantas na gcúig chontrapháirtí nó an ghrúpa contrapháirtithe nasctha ag a bhfuil an méid is mó urrús cliant i dtaisceadh.
0010	<b>Cód</b> Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.
0020	<b>An cineál cóid</b> Sainithneoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.
0030	<b>Ainm</b> Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa contrapháirtithe nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.
0040	<b>Grúpa/contrapháirtí aonair</b> Tuairisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.
0050	<b>ASA iomlán ar an dáta tuairiscithe</b> Tuairisceoidh an gnólacht méid iomlán na n-urrús cliant arna gcur i dtaisceadh ag gach institiúid ar an dáta tuairiscithe.
0060	<b>An céatadán d'urrús cliant arna gcur i dtaisceadh san institiúid</b> Déanfaidh an gnólacht an méid urrús cliant atá i dtaisceadh ar an dáta tuairiscithe a thuairisciú le gach ceann de na contrapháirtithe nó na grúpaí de chontrapháirtithe nasctha a ndéantar tuairisciú ina leith, arna shloinneadh mar chéatadán den iomlán (a thuairiscítear i gcolún 0050).

4.5. I 08.03 – LEIBHÉAL AN RIOSCA COMHCHRUINNITHE – AIRGEAD TIRIM DÍLIS IOMLÁN ARNA CHUR I dTAISCE (I 8.3)

4.5.1. Teoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus teoracha
0010 - 0060	<b>Airgead Tirim Dílis Iomlán arna chur i dTaisce</b> Airteagal 54(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE) 2019/2033. Má tá sé ar fáil, tuairisceoidh an gnólacht aitheantas na gcúig chontrapháirtí nó an ghrúpa contrapháirtithe nasctha ag a bhfuil an méid is mó d'airgead tirim dílis an ghnólachta i dtaisceadh.

0010	<p><b>Cód</b></p> <p>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.</p>
0020	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p>
0030	<p><b>Ainm</b></p> <p>Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa contrapháirtithe nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.</p>
0040	<p><b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.</p>
0050	<p><b>Méid thaiscí airgid an ghnólachta ag an institiúid</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht méid iomlán an airgid thirim dhílis atá ar seilbh ag gach institiúid ar an dáta tagartha.</p>
0060	<p><b>An céatadán d'airgead tirim dílis an ghnólachta arna chur i dtaisce aige san institiúid</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht an méid airgid thirim dhílis arna chur i dtaisce ar an dáta tuairiscithe le gach ceann de na contrapháirtithe nó na grúpaí de chontrapháirtithe nasctha a ndéantar tuairisciú ina leith, agus sloinnfear é mar chéatadán d'airgead tirim dílis iomláin an ghnólachta infheistíochta.</p>

#### 4.6. I 08.04 – LEIBHÉAL AN RIOSCA COMHCHRUINNITHE – TUILLEAMH IOMLÁN (I 8.4)

##### 4.6.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010-0080	<p><b>Tuilleamh Iomlán</b></p> <p>Airteagal 54(2), pointí (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Má tá sé ar fáil, tuairisceoidh an gnólacht aitheantas na gcúig chliant nó an ghrúpa cliant nasctha óna bhfaightear na méideanna is mó de thuilleamh an ghnólachta.</p>
0010	<p><b>Cód</b></p> <p>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.</p>
0020	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p>

0030	<b>Ainm</b> Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuiriscítear grúpa cliant nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chliant aonair.
0040	<b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b> Tuirisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.
0050	<b>Tuilleamh iomlán ón gcliant</b> Tuirisceoidh an gnólacht an tuilleamh iomlán arna ghiniúint in aghaidh an chliant nó in aghaidh an ghrúpa cliant nasctha ó thús na bliana cuntasáíochta. Déanfar an tuilleamh a mhiondealú de réir úis agus ioncaim díbhinne ar thaobh amháin agus de réir táille agus ioncaim coimisiúin agus ioncaim eile ar an taobh eile.
0060 - 0090	<b>Ioncam úis agus ioncam díbhinne</b>
0060	<b>Ioncam úis agus ioncam díbhinne – An méid arna ghiniúint ó shuíomhanna sa leabhar trádála</b> Leabhar trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (54) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0070	<b>Ioncam úis agus ioncam díbhinne – An méid arna ghiniúint ó shuíomhanna sa leabhar neamhtrádála</b>
0080	<b>Ioncam úis agus ioncam díbhinne – ar a bhfuil: an méid arna ghiniúint ó ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe</b>
0090	<b>An céatadán den ús agus den ioncam díbhinne ón gcliant</b> Tuirisceoidh an gnólacht an t-ioncam úis agus an t-ioncam díbhinne arna ghiniúint ó gach cliant nó grúpa cliant nasctha, agus sloinnfear é mar chéatadán d'ioncam úis agus ioncam díbhinne iomlán an ghnólachta infheistíochta.
0100 - 0110	<b>Ioncam táille, ioncam coimisiúin agus ioncam eile</b>
0100	<b>Ioncam táille, ioncam coimisiúin agus ioncam eile – Méid</b>
0110	<b>An céatadán den ioncam táille, den ioncam coimisiúin agus den ioncam eile ón gcliant</b> Tuirisceoidh an gnólacht an t-ioncam táille, ioncam coimisiúin agus ioncam eile arna ghiniúint ó gach cliant nó grúpa cliant nasctha, agus sloinnfear é mar chéatadán d'ioncam táille, ioncam coimisiúin agus ioncam eile iomlán an ghnólachta infheistíochta.

## 4.7. I 08.05 – NEAMHCHOSAINTÍ LEABHAIR TRÁDÁLA (I 8.5)

## 4.7.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010-0050	<b>Neamhchosaintí leabhair trádála</b> Airteagal 54(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033. Má tá sí ar fáil, tuirisceoidh an gnólacht an fhaisnéis maidir leis na cúig neamhchosaint is mó sa leabhar trádála.

0010	<p><b>Cód</b></p> <p>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfeadh cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfeadh é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.</p>
0020	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p>
0030	<p><b>Ainm</b></p> <p>Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa contrapháirtithe nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.</p>
0040	<p><b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.</p>
0050	<p><b>Céatadán na neamhchosanta ar an gcontrapháirtí sin i ndáil le cistí dílse an ghnólachta (suíomhanna leabhair trádála amháin)</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht na neamhchosaintí leabhair trádála ar an dáta tuairiscithe le gach ceann de na contrapháirtithe nó na grúpaí de chontrapháirtithe nasctha a ndéantar tuairisciú ina leith, agus sloinnfeadh é mar chéatadán dá chistí dílse.</p>

4.8. I 08.06 – ÍTIMÍ LEABHAIR NEAMHTHRÁDÁLA AGUS ÍTIMÍ LASMUIGH DEN CHLÁR-COMHARDAITHE (I 8.6)

4.8.1. Treoracha a bhaineann le colúin shonracha

Colúin	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010-0050	<p><b>Leabhar neamhtrádála agus ítimí lasmuigh den chlár-comhardaithe</b></p> <p>Airteagal 54(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Má tá sí ar fáil, tuairisceoidh an gnólacht an fhaisnéis maidir leis na cúig neamhchosaint is mó arna ríomh, lena n-áirítear sócmhainní nach bhfuil taifeadta sa leabhar trádála.</p>
0010	<p><b>Cód</b></p> <p>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I dtaca le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é cód LEI an cód a bheidh i gceist. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfeadh cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfeadh é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.</p>
0020	<p><b>An cineál cóid</b></p> <p>Sainaitheoidh na gnólachtaí infheistíochta an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010 mar 'cód LEI' nó 'cód Náisiúnta'.</p>

0030	<p><b>Ainm</b></p> <p>Beidh an t-ainm ag freagairt d'ainm an mháthairghnóthais aon uair a thuairiscítear grúpa contrapháirtithe nasctha. I ngach cás eile, freagróidh an t-ainm don chontrapháirtí aonair.</p>
0040	<p><b>Grúpa contrapháirtithe/contrapháirtí aonair</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht '1' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig cliant aonair nó '2' agus é ag tuairisciú neamhchosaintí chuig grúpa cliant nasctha.</p>
0050	<p><b>Céatadán na neamhchosanta i ndáil le cistí dílse an ghnólachta (lena n-áirítear sócmhainní lasmuigh den chlár comhardaithe agus ítimí leabhair neamhtrádála)</b></p> <p>Tuairisceoidh an gnólacht neamhchosaintí, arna ríomh ag cur san áireamh sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe nach bhfuil taifeadta sa leabhar trádála, mar aon le suíomhanna leabhair trádála, ar an dáta tuairiscithe, chuig gach ceann de na contrapháirtithe nó de na grúpaí de chontrapháirtithe nasctha a ndéantar an tuairisciú ina leith, agus sloinnfear iad mar chéatadán den chaipiteal incháilithe.</p>

## 5. CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTACHT

### 5.1 I 09.00 – CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTACHT (I 9)

#### 5.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlíthiúla agus treoracha
0010	<p><b>Ceanglas maidir le Leachtacht</b></p> <p>Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0020	<p><b>Rátháíochtaí cliant</b></p> <p>Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an luach a thuairisceofar 1.6 % de mhéid iomlán na rátháíochtaí a thugtar do na cliant de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0030	<p><b>Sócmhainní leachtacha iomlána</b></p> <p>Airteagal 43(1), pointe (a) agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é méid na sócmhainní leachtacha iomlána tar éis na caolchorrleigh is infheidhme a chur i bhfeidhm a thuairisceofar.</p> <p>Suim rónna 0040, 0050, 0060, 0170, 0230, 0290 agus 0300 atá sa ró seo.</p>
0040	<p><b>Taiscí gearrthearma neamhualaithe</b></p> <p>Airteagal 43(1), pointe (d) agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p>
0050	<p><b>Iomlán na n-earraí infhaighte incháilithe dlite laistigh de 30 lá</b></p> <p>Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0060	<p><b>Sócmhainní Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagal 10 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61 agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é méid na sócmhainní leachtacha iomlána tar éis na caolchorrleigh is infheidhme a chur i bhfeidhm a thuairisceofar.</p> <p>Suim rónna 0070 - 0160</p>

0070	<b>Boinn agus nótaí bainc</b> Airteagal 10(1), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Méid iomlán airgid a thagann de bhoinn agus nótaí bainc.
0080	<b>Cúlchistí inaistarraingte bainc ceannais</b> Airteagal 10(1), pointe (b) (iii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61
0090	<b>Sócmhainní bainc ceannais</b> Airteagal 10(1), pointí (b)(i) agus (ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0100	<b>Sócmhainní rialtais láir</b> Airteagal 10(1), pointe (c)(i) agus (ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0110	<b>Sócmhainní rialtais réigiúnaigh/údarás áitiúil</b> Airteagal 10(1), pointe (c)(iii) agus (iv), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0120	<b>Sócmhainní eintiteas san earnáil phoiblí</b> Airteagal 10(1), pointe (c)(v), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0130	<b>Sócmhainní inaitheanta airgeadra intíre agus eachtraigh rialtais láir agus bainc ceannais</b> Airteagal 10(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0140	<b>Sócmhainní institiúide creidmheasa (atá á gcosaint ag rialtas Ballstáit, iasachtóirí cur chun cinn)</b> Airteagal 10(1), pointe (e)(i) agus (ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0150	<b>Sócmhainní bainc forbartha iltaobhaigh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta</b> Airteagal 10(1), pointe (g), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0160	<b>Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeán</b> Airteagal 10(1), pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0170	<b>Sócmhainní Leibhéal 2A</b> Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0180	<b>Sócmhainní rialtais réigiúnaigh/údarás áitiúil nó Eintitis san Earnáil Phoiblí (Ballstát, RW20 %)</b> Airteagal 11(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0190	<b>Sócmhainní bainc ceannais nó rialtais láir/réigiúnaigh nó údarais áitiúil nó Eintitis san Earnáil Phoiblí (Tríú Tír, RW20 %)</b> Airteagal 11(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61
0200	<b>Bannaí faoi chumhdach ardchaighdeán (CQS2)</b> Airteagal 11(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.

0210	<b>Bannaí faoi chumhdach ardchaighdeáin (Tríú Tír, CQS1)</b> Airteagal 11(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0220	<b>Urrúis fiachais chorparáidigh (CQS1)</b> Airteagal 11(1), pointe (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0230	<b>Sócmhainní Leibhéal 2B</b> Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0240	<b>Urrúis de bhun sócmhainní</b> Airteagal 12(1), pointe (a) agus Airteagal 13(2), pointe (g), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/61
0250	<b>Urrúis fiachais chorparáidigh</b> Airteagal 12(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61
0260	<b>Scaireanna (mórinneacs malartáin)</b> Airteagal 12(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0270	<b>Saoráidí leachtachta tiomanta de chuid an bhainc ceannais a bhfuil srian lena n-úsáid</b> Airteagal 12(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0280	<b>Bannaí faoi chumhdach ardchaighdeáin (RW35 %)</b> Airteagal 15(2), pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0290	<b>Scaireanna/aonaid GC cháilitheacha:</b> Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Airteagal 43(1) pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.
0300	<b>Iomlán na n-ionstraimí airgeadais incháilithe eile</b> Airteagal 43(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.



## IARSCRÍBHINN III

## TUAIRISCIÚ LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA

TEIMPLÉID LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Uimhir theimpléid	Cód teimpléid	Ainm an teimpléid / grúpa teimpléad	Ainm gairid
		<b>CISTÍ DÍLSE: leibhéal, comhdhéanamh, ceanglais agus ríomh</b>	
1	I 01.01	Cistí dílse	I1.1
2,3	I 02.03	Ceanglais cistí dílse	I2.3
2,4	I 02.04	Cóimheasa caipitil	I2.4
3,1	I 03.01	Ríomh ceanglas maidir le forchostais sheasta	I3.1
		<b>GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA</b>	
5	I 05.00	Leibhéal gníomhaíochta - Athbheithniú tairseach	I5.0
		<b>CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTAIGHT</b>	
9,1	I 09.01	Ceanglais maidir le leachtacht	I9.1

## C 01.01 - COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE (I1.1)

Rónna	Ítim	Méid
		0010
0010	<b>CISTÍ DÍLSE</b>	
0020	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>	
0030	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>	
0040	Ionstraimí caipitil láníochta	
0050	Scairbhiseach	
0060	Tuilleamh coimeádta	
0070	Tuilleamh coimeádta na mblianta roimhe sin	
0080	Brabús incháilithe	
0090	Ioncam cuimsitheach carntha eile	
0100	Cúlchistí eile	
0110	Leasanna mionlaigh a aithnítear i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0120	Coigeartuithe ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta	
0130	Cistí eile	
0140	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA AS GNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1	
0190	(-) Cailteanais don bhliain airgeadais reatha	
0200	(-) Cáilmheas	
0210	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile	
0220	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascaíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara	

0230	(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse	
0240	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid na 60 % dá chistí dílse	
0285	(-) Asbhaintí eile	
0290	CET1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0300	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>	
0310	Ionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach	
0320	Scairbhiseach	
0330	(-)ASBHAINTEÍ IOMLÁNA AS CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1	
0410	Caipiteal breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0420	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>	
0430	Ionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach	
0440	Scairbhiseach	
0450	(-)ASBHAINTEÍ IOMLÁNA AS CAIPITEAL LEIBHÉAL 2	
0520	Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	

### I 02.03 - CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (I2.3)

Rónna	Ítim	Méid
		0010
0010	<b>Ceanglas Cistí Dílse</b>	
0020	Ceanglas maidir le híosmhéid buan caipitil	
0030	Ceanglas maidir le forchostas seasta	
	<b>Ceanglais cistí dílse idirthréimhseacha</b>	
0050	Ceanglas idirthréimhseach <i>bunaithe ar cheanglais cistí dílse an CRR</i>	
0060	Ceanglas idirthréimhseach <i>bunaithe ar cheanglais maidir le forchostas seasta</i>	
0070	Ceanglas idirthréimhseach <i>le haghaidh gnólachtaí infheistíochtaí a bhí faoi réir ceanglas caipitil tosaigh agus faoina réir sin amháin roimhe sin</i>	
0080	Ceanglas idirthréimhseach <i>bunaithe ar cheanglas caipitil tosaigh ag tráth a údaraithe</i>	
0090	Ceanglas idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil údaraithe chun seirbhísí áirithe a sholáthar	
	<b>Ítimí meabhráin</b>	
0110	<b>Ceanglas cistí dílse breise</b>	
0120	<b>Méid iomlán an cheanglais cistí dílse</b>	

## I 02.04 - CÓIMHEASA CAIPITIL (I2.4)

		Méid
Rónna	Ítim	0010
0010	Cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0020	Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0030	Cóimheas Leibhéal 1	
0040	Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipitil Leibhéal 1	
0050	Cóimheas Cistí Dílse	
0060	Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipitil iomlán	

## I 03.01 - RÍOMH CEANGLAIS MAIDIR LE FORCHOSTAIS SHEASTA (I3.1)

		Méid
Rónna	Ítim	0010
0010	<b>Ceanglas maidir le Forchostas Seasta</b>	
0020	<b>Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús</b>	
0030	<b>Costais iomlána na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús</b>	
0040	Ar a bhfuil: Costais sheasta arna dtabhú ag tríú páirtithe thar ceann na ngnólachtaí infheistíochta	
0050	<b>(-)Asbhaintí iomlána</b>	
0060	(-)Bónais foirne agus luach saothair eile	
0070	(-)Scaireanna fostaithe, stiúrthóirí agus páirtithe i nglanbhrabús	
0080	(-)Íocaíochtaí lánroghnacha brabús agus luacha saothair inathraithe	
0090	(-)Coimisiún comhroinnte agus táillí iníoctha	
0100	(-)Táillí, bróicéireacht agus muirir eile arna íoc le CPLanna a ghearrtar ar chustaiméirí	
0110	(-)Táillí do ghníomhairí faoi cheangal	
0130	(-)Costais neamh-athfhillteacha ó ghníomhaíochtaí neamhchoitianta	
0140	(-)Caiteachas cánach	
0150	(-)Caillteanas de bharr trádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais	
0160	(-)Comhaontuithe conartha maidir le brabús agus caillteanas a aistriú	
0170	(-)Caiteachas ar amhábhair	
0180	(-)Íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincéireachta	
0190	(-)Costais a bhaineann le hítimí a asbhaineadh cheana as cistí dílse	
0200	<b>Forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha</b>	
0210	<b>Éagsúlacht na bhforchostas seasta (%)</b>	

## I 05.00 - LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA - ATHBHREITHNIÚ TAIRSEACH (15)

Rónna	Ítim	Méid 0010
0010	Sócmhainní faoi bhainistiú (ar bhonn comhcheangailte)	
0020	Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte) - Trádálacha in airgead tirim	
0030	Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte) - Díorthaigh	
0040	Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar	
0050	Airgead cliant atá ar seilbh	
0060	Sreabhadh trádála laethúil - trádálacha in airgead tirim agus trádálacha díorthach	
0070	Riosca an ghlansuímh	
0080	Corrlach imréitigh ar leith	
0090	Mainneachtain an chontrapháirtí trádála	
0100	Iomlán laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe (ar bhonn comhcheangailte)	
0110	Ollioncam iomlán bliantúil ar bhonn comhcheangailte	
0120	Ollioncam iomlán bliantúil	
0130	(-) Páirt inghrúpa den ollioncam bliantúil	
0140	Ar a bhfuil: ioncam ó orduithe a ghlacadh agus a tharchur	
0150	Ar a bhfuil: ioncam ó orduithe a fhorghníomhú	
0160	Ar a bhfuil: ioncam ó dhéileáil ar a gcuntas féin	
0170	Ar a bhfuil: ioncam ó bhainistiú punainne	
0180	Ar a bhfuil: ioncam ó chomhairle infheistíochta	
0190	Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh/ ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin	
0200	Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin	
0210	Ar a bhfuil: ioncam ó oibriú MTF	
0220	Ar a bhfuil: ioncam ó oibriú OTF	
0230	Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chumhdach agus a riar	
0240	Ar a bhfuil: ioncam ó chreidmheasanna nó ó iasachtaí a dheonú d'infheisteoir	
0250	Ar a bhfuil: ioncam a eascraíonn as comhairle a thabhairt do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus nithe gaolmhara agus comhairle agus seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas	
0260	Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí malairte eachtraí	
0270	Ar a bhfuil: taighde infheistíochta agus anailís airgeadais	
0280	Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí a bhaineann le frithghealladh	
0290	Ar a bhfuil: seirbhísí infheistíochta agus gníomhaíochtaí coimhdeachta a bhaineann leis na bundíorthaigh	

**I 09.01 - CEANGLAIS MAIDIR LE LEACTHACHT (I9.1)**

		<b>Méid</b>
<b>Rónna</b>	<b>Ítim</b>	<b>0010</b>
<b>0010</b>	<b>Ceanglas maidir le leachtacht</b>	
<b>0020</b>	<b>Rátháíochtaí cliant</b>	
<b>0030</b>	<b>Sócmhainní leachtacha iomlána</b>	

## IARSCRÍBHINN IV

## TUAIRISCIÚ LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA

## Clár na nÁbhar

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA .....	114
1. Struchtúr agus coinbhinsiúin .....	114
1.1 Struchtúr .....	114
1.2 Coinbhinsiún uimhrithe .....	115
1.3 Coinbhinsiún comhartha .....	115
1.4 Comhdhlúthú stuamachta .....	115
CUID II: TREORACHA A BHAINNEANN LE TEIMPLÉID .....	115
<b>1. CISTÍ DÍLSE: LEIBHÉAL, COMHDHÉANAMH, CEANGLAIS AGUS RÍOMH</b> .....	115
1.1 Barúlacha Ginearálta .....	115
1.2. I 01.01 – COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE (I 1.1) .....	115
1.2.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	115
1.3. I 02.03 – CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (I 2.3) .....	120
1.3.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	120
1.4. I 02.04 – CÓIMHEASA CAIPITIL (I 2.4) .....	121
1.4.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	121
1.5. I 03.01 – RÍOMH CEANGLAIS MAIDIR LE FORCHOSTAIS SHEASTA (I 3.1) .....	122
1.5.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	122
<b>2. GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA</b> .....	124
2.1. I 05.00 – LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA – ATHBHREITHNIÚ TAIRSÍ (I 5) .....	124
2.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	124
<b>3. CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTAIGHT</b> .....	127
3.1. I 09.01 – CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTAIGHT (I 9.1) .....	127
3.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	127

**CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Struchtúr agus coinbhinsiúin
- 1.1 Struchtúr
1. Ar an iomlán, tá na bloic faisnéise seo a leanas sa chreat:
  - (a) Cistí dílse;
  - (b) Ríomhanna na gceanglas cistí dílse;
  - (c) Ríomh ceanglais maidir le forchostais sheasta;
  - (d) An leibhéal gníomhaíochta i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033;
  - (e) Ceanglais maidir le leachtacht.
2. I gcás gach teimpléid tá tagairtí dlí curtha ar fáil. Sa chuid seo den Rialachán seo áirítear tuilleadh faisnéis mhionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta a bhaineann le gach bloc teimpléid a thuairisciú, na treoracha maidir le suíomhanna sonracha mar aon leis na rialacha maidir le bailíochtú.

- 1.2 Coinbhinsiún uimhrithe
3. Cloítear sa doiciméad leis an ngnás lipéadaithe mar a leagtar amach i bpointí 4 go 7 i gcás ina dtagraítear do cholúin, rónna agus cealla na dteimpléad. Úsáidtear na cóid uimhriúla sin go forleathan sna rialacha bailíochtaithe.
4. Cloítear leis an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún}.
5. I gcás bailíochtaithe laistigh de theimpléad, nach n-úsáidtear ach pointí sonraí den teimpléad sin iontu, ní thagraíonn an nodaireacht do theimpléad: {Ró; Colún}.
6. I gcás teimpléid nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do na rónna. {Teimpléad; Ró}
7. Úsáidtear réiltín chun a léiriú go ndéantar an bailíochtú le haghaidh na rónna nó na gcolún a shonraítear roimhe seo.
- 1.3 Coinbhinsiún comhartha
8. Is mar fhigiúr deimhneach a thuairisceofar aon mhéid lena méadaítear na cistí dílse nó na ceanglais cistí dílse, nó na ceanglais maidir le leachtacht. Ina ionad sin, is mar fhigiúr diúltach a thuairisceofar aon mhéid lena laghdaítear na cistí dílse iomlána nó na ceanglais cistí dílse. I gcás ina bhfuil comhartha diúltach (-) roimh lipéad ítime, ní bheifear ag súil leis go dtuairisceofar figiúr deimhneach le haghaidh na hítimé sin.
- 1.4 Comhdhlúthú stuamachta
9. Murar deonaíodh díolúine, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2019/2033 agus ag Treoir (AE) 2019/2034 maidir le gnólachtaí infheistíochta ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear na ceanglais tuairiscithe i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) 2019/2033. Le pointe (11) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 sainmhínítear staid comhdhlúite mar an toradh ar cheanglais Rialachán (AE) 2019/2033 a chur i bhfeidhm ar ghrúpa gnólachta infheistíochta amháin is dá mba aon ghnólacht infheistíochta amháin iad eintitis an ghrúpa le chéile. Tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, comhlíonfaidh grúpaí gnólachta infheistíochta na ceanglais tuairiscithe i ngach teimpléad bunaithe ar a raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta (a d'fhéadfadh a bheith difriúil óna raon feidhme comhdhlúthaithe cuntasaíochta).

## CUID II: TREORACHA A BHAINNEANN LE TEIMPLÉID

### 1. CISTÍ DÍLSE: LEIBHÉAL, COMHDHÉANAMH, CEANGLAIS AGUS RÍOMH

- 1.1 Barúlacha Ginearálta
10. Sa roinn lena dtugtar forbhreathnú ar na cistí dílse, tá faisnéis maidir leis na cistí dílse atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta agus maidir lena gceanglais cistí dílse. Tá dhá theimpléad ann:
- (a) I dteimpléad I 01.01 tá comhdhéanamh na gcistí dílse i seilbh gnólachta infheistíochta: Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1), Caipiteal breise leibhéal 1 (AT1) agus Caipiteal leibhéal 2 (T2).
- (b) I dteimpléid I 02.03 agus I 02.04 tá iomlán na gceanglas cistí dílse, íosmhéid buan leibhéil an chaipitil tosaigh, an ceanglas maidir le forchostais sheasta, aon cheanglas cistí dílse breise agus treoraíocht ina thaobh, agus ceanglas agus cóimheasa na gcistí dílse idirthréimhseacha.
- (c) I dteimpléad I 03.01 tá faisnéis maidir le ríomh an cheanglais maidir le forchostais sheasta.
11. Méid comhlán na gcoigeartuithe idirthréimhseacha atá in ítimí na dteimpléad sin. Ciallaíonn sé sin go ríomhtar na bhfigiúirí (seachas i gcás ina luaitear an ceanglas cistí dílse idirthréimhseacha go sonracha) de réir na bhforálacha críochnaitheacha (i.e. amháin nach raibh aon fhorálacha idirthréimhseacha ann).
- 1.2. I 01.01 – COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE (I 1.1)
- 1.2.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>CISTÍ DÍLSE</b></p> <p>Airteagal 9(1) Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é atá i gcistí dílse gnólachta infheistíochta suim Chaipiteal Leibhéal 1 an ghnólachta agus Chaipiteal Leibhéal 2 an ghnólachta.</p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna (0020 agus 0380).</p>
0020	<p><b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b></p> <p>Is éard atá i gcaipiteal Leibhéal 1 suim Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus chaipiteal Breise Leibhéal 1.</p>
0030	<p><b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b></p> <p>Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna (0040 go 0060, 0090 go 0140 agus 0290).</p>
0040	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1), pointe (a) agus Airteagail 27 go 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Áireofar ionstraimí caipitil na gcumann frithpháirteach, na gcomharchumann nó institiúidí comhchosúla (Airteagail 27 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013).</p> <p>Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí.</p> <p>Más rud é go gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, áireofar ionstraimí caipitil arna suibscríobh ag údaráis phoiblí i gcásanna géarchéime.</p>
0050	<p><b>Scairbhiseach</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1) pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme.</p> <p>Is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hionstraimí caipitil íochta'.</p>
0060	<p><b>Tuilleamh coimeádta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Sa tuilleamh coimeádta áirítear tuilleamh coimeádta na bliana roimhe sin móide na brabúis eatramhacha, nó na brabúis deireadh bliana is incháilithe.</p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna (0070 agus 0080).</p>
0070	<p><b>Tuilleamh coimeádta na mblianta roimhe sin</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (123) agus Airteagal 26(1) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p>Le hAirteagal 4(1) pointe (123) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sainmhínítear tuilleamh coimeádta mar 'Bhrabúis agus cailteanais a thugtar ar aghaidh mar thoradh ar chur chun feidhme deiridh an bhrabúis nó an chailteanais faoi na creataí cuntasáíochta is infheidhme'.</p>



0080	<p><b>Brabús incháilithe</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (121). Airteagal 26(2) agus Airteagal 36(1) pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceadaítear brabúis eatramhacha nó brabúis deireadh bliana a áireamh mar thuilleamh coimeádta, le toiliú roimh ré ó na húdaráis inniúla, má chomhlíontar coinníollacha áirithe.</p>
0090	<p><b>Ioncam cuimsitheach carntha eile</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1) pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0100	<p><b>Cúlchistí eile</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 4(1), pointe (117) agus Airteagal 26(1) pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>An méid atá le tuairisciú, beidh sé glan ar aon mhuirear cánach a bheidh intuartha tráth an ríofa.</p>
0110	<p><b>Leasanna mionlaigh a aithnítear i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagail 84(1), 85(1) agus 87(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</p> <p>Suim na méideanna uile de leasanna mionlaigh na bhfochuideachtaí a chuirtear san áireamh i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite.</p>
0120	<p><b>Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagail 32 go 35 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0130	<p><b>Cistí eile</b></p> <p>Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA AS GNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b></p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna 0190 go 0285.</p>
0190	<p><b>(-) Caillteanais don bhliain airgeadais reatha</b></p> <p>Airteagal 36(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0200	<p><b>(-) Cáilmheas</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 4(1), pointe (113), Airteagal 36(1), pointe (b) agus Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0210	<p><b>(-) Sócmhainní doláimhsithe eile</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 4(1), pointe (115), Airteagal 36(1) pointe (b). agus Airteagal 37 pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Ar na sócmhainní doláimhsithe eile atá ann tá na sócmhainní doláimhsithe faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme, lúide an cáilmheas, agus iad de réir an chaighdeáin cuntasáíochta is infheidhme freisin.</p>
0220	<p><b>(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara</b></p> <p>Airteagal 9(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

	Airteagal 36(1) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0230	<b>(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse</b> Airteagal 10(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0240	<b>(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid ná 60 % dá chistí dílse</b> Airteagal 10(1) pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0285	<b>(-) Asbhaintí eile</b> Suim gach asbhaint eile i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nach n-áirítear in aon cheann de rónna 0160 go 0240 thuas
0290	<b>CET1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b> Áireofar sa ró sin suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme: — Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 1, 2 agus 3 agus Airteagail 484 go 487 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) — Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr leasanna mionlaigh breise (Airteagail 479 go 480 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013). — Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (Airteagail 469 go 478 agus Airteagal 481 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013); coigeartuithe ar na hasbhaintí as caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr forálacha idirthréimhseacha. — Gnéithe caipitil de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó asbhaintí as gné chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0040 go 0285. Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear leis an Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.
0300	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b> Airteagal 9(1) Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 61 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tuairisceofar suim iomlán rónna 0310 go 0410.
0310	<b>Ionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach</b> Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 51, pointe (a) agus Airteagail 52, 53 agus 54 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí sa mhéid atá le tuairisciú.
0320	<b>Scairbhiseach</b> Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 51, pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme. Is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach'.
0330	<b>(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA AS CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b> Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

0410	<p><b>Caipiteal breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b></p> <p>Áireofar sa ró sin suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 4 agus 5 agus Airteagail 484 go 487, Airteagail 489 agus 491 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)</li> <li>— Ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí a aithnítear i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 (Airteagail 83, 85 agus 86 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Suim na méideanna uile de chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 na bhfochuideachtaí a chuirtear san áireamh i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 comhdhlúite, lena n-áirítear caipiteal arna eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach freisin (Airteagal 83 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr aitheantas breise i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 ar ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí (Airteagal 480 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Coigeartuithe ar chistí dílse cáilitheacha a áirítear i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 comhdhlúite de bharr forálacha idirthréimhseacha.</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Breise Leibhéal 1 (Airteagail 472, 473a, 474, 475, 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): coigeartuithe ar asbhaintí de bharr forálacha idirthréimhseacha</li> <li>— An barrachas a asbhaintear as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 i dtaca le Caipiteal Breise Leibhéal 1, arna asbhaint as Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (j) d'Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Ní féidir le Caipiteal Breise Leibhéal 1 a bheith diúltach, ach d'fhéadfadh asbhaintí as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bheith níos mó ná méid na n-ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá ar fáil. Sa chás sin, leis an ítim seo léirítear an méid is gá chun an méid arna thuairisciú i ró 0300 a mhéadú go nialas, méid atá cothrom le hinbhéarta an bharrachais a asbhaintear as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 i dtaca le Caipiteal Breise Leibhéal 1 agus a áirítear, i measc asbhaintí eile, i ró 0285.</li> <li>— Gnéithe caipitil de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó asbhaintí as gné Chaipiteal Breise Leibhéal 1 eile nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0310 go 0330.</li> </ul> <p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear leis an Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta</p>
0420	<p><b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b></p> <p>Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna 0430 go 0520.</p>
0430	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 62, pointe (a), Airteagail 63 agus 65 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0440	<p><b>Scairbhiseach</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 62, pointe (b) agus Airteagal 65 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasáochta is infheidhme.</p> <p>Is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach'.</p>
0450	<p><b>(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA AS CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b></p> <p>Airteagal 66 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>

0520	<p><b>Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b></p> <p>Áireofar sa ró sin suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 6 agus 7 agus Airteagail 484, 486, 488, 490 agus 491 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)</li> <li>— Ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí a aithnítear i gCaipiteal Leibhéal 2 (Airteagail 83, 87 agus 88 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Suim na méideanna uile de chistí dílse cáilitheacha na bhfochuideachtaí a chuirtear san áireamh i gCaipiteal Leibhéal 2 comhdhlúite, lena n-áirítear Caipiteal cáilitheach Leibhéal 2 arna eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach freisin (Airteagal 83 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr aitheantas breise i gCaipiteal Leibhéal 2 ar ionstraimí arna n-eisiúint ag fochuideachtaí (Airteagal 480 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Coigeartuithe ar chistí dílse cáilitheacha a áirítear i gCaipiteal Leibhéal 2 comhdhlúite de bharr forálacha idirthréimhseacha.</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Leibhéal 2 (Airteagail 472, 473a, 476, 477, 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Coigeartuithe ar na hasbhaintí as Caipiteal Leibhéal 2 de bharr forálacha idirthréimhseacha</li> <li>— An barrachas a asbhaintear as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 i dtaca le Caipiteal Leibhéal 2, arna asbhaint as caipiteal breise Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 56, pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: Ní féidir le Caipiteal Leibhéal 2 a bheith diúltach, ach d'fhéadfadh asbhaintí as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 a bheith níos mó ná méid na n-ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 atá ar fáil. Sa chás sin, leis an ítim seo léirítear an méid is gá chun an méid arna thuairiscíú i ró 0420 a mhéadú go nialas.</li> <li>— Gnéithe caipitil de Chaipiteal Leibhéal 2 nó asbhaintí as gné Chaipiteal Leibhéal 2 eile nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0430 go 0450.</li> </ul> <p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear leis an Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.</p>
------	---

### 1.3 I 02.03 – CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE (I 2.3)

#### 1.3.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>CEANGLAS CISTÍ DÍLSE</b></p> <p>Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is ionann an ítim seo agus uasmhéid na rónna 0020 agus 0030.</p>
0020	<p><b>Ceanglas maidir le híosmhéid buan caipitil</b></p> <p>Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0030	<p><b>Ceanglas maidir le forchostas seasta</b></p> <p>Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0050 - 0090	<p><b>Ceanglais cistí dílse idirthréimhseacha</b></p>
0050	<p><b>Ceanglas idirthréimhseach bunaithe ar cheanglais cistí dílse Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</b></p> <p>Airteagal 57(3), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p>
0060	<p><b>Ceanglas idirthréimhseach bunaithe ar cheanglais maidir le forchostas seasta</b></p> <p>Airteagal 57(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0070	<p><b>Ceanglas idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí infheistíochtaí a bhí faoi réir ceanglas caipitil tosaigh agus faoina réir sin amháin roimhe sin</b></p> <p>Airteagal 57(4), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033</p>

0080	<b>Ceanglas idirthréimhseach bunaithe ar cheanglas caipitil tosaigh ag tráth a údaraithe</b> Airteagal 57(4), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0090	<b>Ceanglas idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil údaraithe chun seirbhísí áirithe a sholáthar</b> Airteagal 57(4), pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0110 - 0130	<b>Ítimí meabhráin</b>
0110	<b>Ceanglas cistí dílse breise</b> Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/2034. Cistí dílse breise arna gceangal i ndiaidh SREP (an próiseas athbheithnithe maoirseachta agus meastóireachta).
0120	<b>Méid iomlán an cheanglais cistí dílse</b> Is é a bheidh i gceanglas cistí dílse gnólachta infheistíochta suim a cheanglas cistí dílse a bheidh infheidhme ar an dáta tagartha, an ceanglas cistí dílse breise mar a thuairiscítear iad i ró 0110 agus an treoir maidir le cistí dílse breise mar a thuairiscítear í i ró 0120.

## 1.4. I 02.04 – CÓIMHEASA CAIPITIL (I 2.4)

## 1.4.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<b>Cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b> Airteagal 9(1), pointe (a) agus Airteagail 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Sloinntear an ítim seo mar chéatadán.
0020	<b>Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b> Leis an ítim seo léirítear barrachas nó easnamh Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a bhaineann leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) Rialachán (AE) 2019/2033. Ní chuirfear forálacha idirthréimhseacha Airteagal 57(3) agus (4) Rialachán (AE) 2019/2033 san áireamh le haghaidh na hítim seo.
0030	<b>Cóimheas Leibhéal 1</b> Airteagal 9(1), pointe (b) agus Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Sloinntear an ítim seo mar chéatadán.
0040	<b>Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipitil Leibhéal 1</b> Leis an ítim seo léirítear barrachas nó easnamh Chaipiteal Leibhéal 1 a bhaineann leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Ní chuirfear forálacha idirthréimhseacha Airteagal 57(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/2033 san áireamh le haghaidh na hítim seo.
0050	<b>Cóimheas Cistí Dílse</b> Airteagal 9(1), pointe (c), Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Sloinntear an ítim seo mar chéatadán.

0060	<p><b>Barrachas(+)/Easnamh(-) Caipítíl iomlán</b></p> <p>Leis an ítim seo léirítear barrachas nó easnamh cistí dílse a bhaineann leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Ní chuirfead forálacha idirthréimhseacha Airteagal 57(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/2033 san áireamh le haghaidh na hítí seo.</p>
------	---

1.5. I 03.01 – RÍOMH CEANGLAIS MAIDIR LE FORCHOSTAIS SHEASTA (I 3.1)

1.5.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>Ceanglas maidir le Forchostas Seasta</b></p> <p>Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Beidh an méid a thuirisceofar ar a laghad 25 % d'fhorchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin (ró 0020).</p> <p>Sna cásanna ina bhfuil athrú ábhartha mar a luaitear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, is é an méid a thuirisceofar an ceanglas maidir le forchostais sheasta arna fhorchur ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an Airteagal sin.</p> <p>Sna cásanna a shonraítear in Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2019/2033, is éard a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú, forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha (ró 0200).</p>
0020	<p><b>Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin tar éis dáileadh brabús</b></p> <p>Airteagal 13(1) Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Tuirisceoidh gnólachtaí infheistíochta forchostais sheasta na bliana roimhe sin tar éis dháileadh brabús.</p>
0030	<p><b>Costais iomlána na bliana roimhe sin tar éis dháileadh brabús</b></p> <p>Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid tar éis dháileadh brabús a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0040	<p><b>Ar a bhfuil: Costais sheasta arna dtabhú ag tríú páirtithe thar ceann na ngnólachtaí infheistíochta</b></p> <p>Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0050	<p><b>(-) Asbhaintí iomlána</b></p> <p>Sa bhreis ar na hítimí lena n-asbhaint dá dtagraítear in Airteagal 13, pointe (4) de Rialachán (AE) 2019/2033 asbhainfead na hítimí seo a leanas ó na costais iomlána, má áirítear iad faoi chostais iomlána i gcomhréir leis an gcreat cuntasáíochta ábhartha:</p> <p>(a) táillí, bróicéireacht agus muirir eile arna íoc le contrapháirtithe lárnaigh, le malartáin agus ionaid trádála eile agus le bróicéirí idirmheánacha chun idirbhearta a fhorghníomhú, a chlárú nó a imreíteach, ach amháin i gcás ina gcuirtear iad ar aghaidh chuig an gcustaiméir agus go ngearrtar iad ar an gcustaiméir go díreach. Ní áireofar orthu sin táillí agus muirir eile is gá chun ballraíocht a choimeád i gcontrapháirtithe, i malartáin nó in ionaid trádála eile ná chun oibleagáid airgeadais roinnte cailleanas ina leith a chomhlíonadh ar bhealach eile;</p> <p>(b) ús ar airgead cliant arna íoc le custaiméirí sa chás nach bhfuil aon oibleagáid de chineál ar bith an t-ús sin a íoc;</p> <p>(c) caiteachas cánach i gcás ina bhfuil sé dlite i ndáil le brabúis bhliantúla an ghnólachta infheistíochta;</p> <p>(d) cailleanais de bharr trádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais;</p>

	<p>(e) íocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú ar dá réir a bhfuil oibleagáid ar ghnólacht infheistíochta, tar éis dó a ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, a thoradh bliantúil a aistriú chuig an máthairghnóthas;</p> <p>(f) íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincéireachta i gcomhréir le hAirteagal 26(1)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;</p> <p>(g) costais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint cheana as cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 36(1) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0060	<p><b>(-) Bónais foirne agus luach saothair eile</b> Airteagal 13(4), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p> <p>Measfar go mbraitheann bónais foirne agus luach saothair eile ar ghlanbhrabús an ghnólachta infheistíochta na bliana sin i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:</p> <p>(h) gur íocadh na bónais foirne nó luach saothair eile atá le hasbhaint leis na fostaithe sa bhliain roimh an mbliain íocaíochta nó nach mbeidh aon tionchar ag íocaíocht na mbónas foirne nó luacha saothair foirne eile ar staid chuntais chaipitil an ghnólachta sa bhliain íocaíochta;</p> <p>(i) nach bhfuil oibleagáid ar an ngnólacht, i leith na bliana reatha agus i leith na blianta atá le teacht, tuilleadh bónas nó íocaíochtaí eile i gcineál luacha saothair a leithdháileadh nó a bhronnadh ach amháin má dhéanann sé glanbhrabús sa bhliain sin.</p>
0070	<p><b>(-) Scaireanna fostaithe, stiúrtóirí agus páirtithe i nglanbhrabús</b> Airteagal 13(4), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Ríomhfar scaireanna brabús de chuid fostaithe, stiúrtóirí agus comhpháirtithe ar bhonn na nglanbhrabús.</p>
0080	<p><b>(-) Íocaíochtaí lánroghnacha brabús agus luacha saothair inathraithe</b> Airteagal 13(4), pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0090	<p><b>(-) Coimisiún comhroinnte agus táillí iníoctha</b> Airteagal 13(4), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0100	<p><b>(-) Táillí, bróicéireacht agus muirir eile arna íoc le CPLanna a ghearrtar ar chustaiméirí</b> Táillí, bróicéireacht agus muirir eile arna íoc le contrapháirtithe lárnaacha, le malartáin agus ionaid trádála eile agus le bróicéirí idirmheánacha chun idirbhearta a fhorghníomhú, a chlárú nó a imréiteach, ach amháin i gcás ina gcuirtear iad ar aghaidh chuig an gcustaiméir agus go ngearrtar iad ar an gcustaiméir go díreach. Ní áireofar orthu sin táillí agus muirir eile is gá chun ballraíocht a choimeád i gcontrapháirtithe, i malartáin nó in ionaid trádála eile ná chun oibleagáid airgeadais roinnte cailteanas ina leith a chomhlíonadh ar bhealach eile.</p>
0110	<p><b>(-) Táillí do ghníomhairí faoi cheangal</b> Airteagal 13(4), pointe (e) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0130	<p><b>(-) Costais neamh-athfhillteacha ó ghníomhaíochtaí neamhchoitianta</b> Airteagal 13(4), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>(-) Caiteachas cánach</b> Caiteachas cánach i gcás ina bhfuil sé dlite i ndáil le brabús bhliantúla an ghnólachta infheistíochta.</p>
0150	<p><b>(-) Cailteanais de bharr trádáil dílseánaigh in ionstraimí airgeadais</b> Féinmhínteach.</p>

0160	<p><b>(-) Comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú</b></p> <p>Íocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe conartha maidir le brabús agus cailteanas a aistriú ar dá réir a bhfuil oibleagáid ar ghnólacht infheistíochta, tar éis dó a ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, a thoradh bliantúil a aistriú chuig an máthairghnóthas.</p>
0170	<p><b>(-) Caiteachas ar amhábhair</b></p> <p>Maidir le caiteachas ar amhábhair i dtaca le gnólacht infheistíochta atá ag trádáil i ndíorthaigh an tráchtearra fhorluitigh, féadfaidh déileálaithe tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí an caiteachas sin a asbhaint.</p>
0180	<p><b>(-)Íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincúireachta</b></p> <p>Íocaíochtaí le ciste le haghaidh riosca ginearálta baincúireachta i gcomhréir le hAirteagal 26(1)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0190	<p><b>(-)Costais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint cheana as cistí dílse</b></p> <p>Costais a bhaineann le hítimí arna n-asbhaint cheana as cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0200	<p><b>Forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana reatha</b></p> <p>Réamh-mheastachán ar forchostais sheasta na bliana reatha tar éis dháileadh brabús.</p>
0210	<p><b>Éagsúlacht na bhforchostas seasta (%)</b></p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an luach absalóideach de:</p> <p>[(Forchostais sheasta bhliantúla na bliana reatha) - (Forchostais sheasta réamh-mheasta na bliana roimhe sin)]/(Forchostais sheasta bhliantúla na bliana roimhe sin)]</p>

## 2. GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA BEAGA NEAMH-IDIRNASCTHA

### 2.1. I 05.00 – LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA – ATHBHREITHNIÚ TAIRSÍ (I 5)

#### 2.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>Sócmhainní faoi bhainistiú (ar bhonn comhcheangailte)</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta sócmhainní lánroghnacha agus neamh-lánroghnacha faoi bhainistiú san áireamh.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0020	<p><b>Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte) - Trádálacha in airgead tirim</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (b) (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>



0030	<p><b>Orduithe cliant arna láimhseáil (ar bhonn comhcheangailte) - Díorthaigh</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (b) (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0040	<p><b>Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0050	<p><b>Airgead cliant atá ar seilbh</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0060	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil - trádálacha in airgead tirim agus trádálacha díorthach</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0070	<p><b>Riosca an ghlansúimh</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0080	<p><b>Corrlach imréitigh ar leith</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (f) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0090	<p><b>Mainneachtain an chontrapháirtí trádála</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (g) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an méid a thuairisceofar an méid a d'úsáidfí chun na K-fhachtóirí a ríomh sula gcuirfí comhéifeachtaí ábhartha i bhfeidhm.</p>
0100	<p><b>Iomlán laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe (ar bhonn comhcheangailte)</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (h) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0110	<p><b>Ollioncam iomlán bliantúil ar bhonn comhcheangailte</b></p> <p>Airteagal 12(1), pointe (i) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>I gcás ina bhfuil gnólacht infheistíochta tuairiscithe ina chuid de ghrúpa, cinnfear an luach a thuairiscítear ar bhonn comhcheangailte i gcás na ngnólachtaí infheistíochta uile ar cuid de ghrúpa iad de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é an luach a thuairisceofar (ró 0120 + ró 0130).</p>

0120	<p><b>Ollioncam iomlán bliantúil</b></p> <p>Luach ollioncaim iomláin bhliantúil diomaite d'ollioncam a ghintear laistigh den ghrúpa de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0130	<p><b>(-) Páirt inghrúpa den ollioncam bliantúil</b></p> <p>Luach ollioncaim a ghintear laistigh den ghrúpa gnólachta infheistíochta de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó orduithe a ghlacadh agus a tharchur</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0150	<p><b>Ar a bhfuil: orduithe a fhorghníomhú ar son cliant</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0160	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó dhéileáil ar a gcuntas féin</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0170	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó bhainistiú punainne</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0180	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó chomhairle infheistíochta</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0190	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh/ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0200	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0210	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó oibriú MTF</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0220	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó oibriú OTF</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (2) de Threoir 2014/65/AE.</p>
0230	<p><b>Ar a bhfuil: ioncam ó ionstraimí airgeadais a chumhdach agus a riar</b></p> <p>Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

	Airteagal 4(1) pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0240	<b>Ar a bhfuil: ioncam ó chreidmheasanna nó ó iasachtaí a dheonú d'infheisteoir</b> Airteagal 54(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1) pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0250	<b>Ar a bhfuil: ioncam a eascraíonn as comhairle a thabhairt do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus nithe gaolmhara agus comhairle agus seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas</b> Airteagal 54(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0260	<b>Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí malairte eachtraí</b> Airteagal 54(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0270	<b>Ar a bhfuil: taighde infheistíochta agus anailís airgeadais</b> Airteagal 54(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0280	<b>Ar a bhfuil: ioncam ó sheirbhísí a bhaineann le frithghealladh</b> Airteagal 54(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.
0290	<b>Ar a bhfuil: seirbhísí infheistíochta agus gníomhaíochtaí coimhdeachta a bhaineann leis na bundíorthaigh</b> Airteagal 54(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (3) de Threoir 2014/65/AE.

### 3. CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTACHT

#### 3.1 I 09.01 – CEANGLAIS MAIDIR LE LEACHTACHT (I 9.1)

##### 3.1.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<b>Ceanglais maidir le leachtacht</b> Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.
0020	<b>Ráthaíochtaí cliant</b> Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é an luach a thuairisceofar 1.6 % de mhéid iomlán na ráthaíochtaí a thugtar do na cliant de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/2033.
0030	<b>Sócmhainní leachtacha iomlána</b> Pointe (a) d'Airteagal 43(1) agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2019/2033. Tuairisceofar na sócmhainní leachtacha iomlána tar éis na caolchorrlaigh is infheidhme a chur i bhfeidhm.

## IARSCRÍBHINN V

**Cuid I: Samhail Pointe Sonraí Aonair**

Athrófar na hítimí sonraí ar fad a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo i samhail pointe sonraí aonair, ar bunús í le haghaidh chórais aonfhoirmeacha TF na n-institiúidí agus na n-údarás inniúil.

Comhlíonfaidh an tsamhail pointe sonraí aonair na critéir seo a leanas:

- (a) go gcuirfidh sí uiríoll struchtúrtha ar fáil maidir leis na hítimí sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinní I, III agus VIII;
- (b) go sainaithneofar inti na coincheapa gnó ar fad atá leagtha amach in Iarscríbhinní I go IV agus VIII go IX;
- (c) go gcuirfear ar fáil léi foclóir sonraí ina sainaithnítear lipéid táblaí, lipéid ordanáidí, lipéid aiseanna, lipéid fearann, lipéid toisí agus lipéid bhall;
- (d) go gcuirfear ar fáil léi méadrachtaí lena sainmhínítear airí nó méid na bpointí sonraí;
- (e) go gcuirfear ar fáil léi sainmhínte ar phointí sonraí a chuirtear in iúl mar chomhdhéanamh saintréithe a shainaithníonn an coincheap ar bhealach aonchiallach;
- (f) go n-áireofar inti na sonraíochtaí teicniúla ábhartha ar fad is gá chun réitigh tuairiscithe TF a fhorbairt a chuirfidh sonraí maoirseachta aonfhoirmeacha ar fáil.

**Cuid II: Rialacha maidir le bailíochtú**

Cuirfear na hítimí sonraí a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo faoi réir rialacha maidir le bailíochtú lena n-áiríteofar cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí.

Leis na rialacha maidir le bailíochtú, comhlíonfar na critéir seo a leanas:

- (a) go sainmhíneofar iontu an caidreamh loighciúil idir pointí sonraí ábhartha;
  - (b) go n-áireofar iontu scagairí agus réamhchoinníollacha lena sainítear sonraí a bhfuil feidhm ag riail bailíochtaithe ina leith;
  - (c) go seiceálfar leo comhsheasmhacht na sonraí tuairiscithe;
  - (d) go seiceálfar leo cruinneas na sonraí tuairiscithe;
  - (e) go leagfar síos leo luachanna a chuirfear i bhfeidhm i gcás nach dtuairiscítear an fhaisnéis ábhartha.
-

IARSCRÍBHINN 6  
TEIMPLÉID MAIDIR LE NOCHTADH CISTÍ DÍLSE

NOCHTADH Ó GHNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Uimhir an teimpléid	Cód an teimpléid	Ainm	Tagairt reachtach
		<b>CISTÍ DÍLSE</b>	
1	I CC1	COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE RIALÁLA	Airt. 49(1)(c)
2	I CC2	RÉITEACH NA gCISTÍ DÍLSE LE RÁITIS AIRGEADAIS INIÚCHTA	Airt. 49(1)(a)
3	I CCA	PRÍOMHGHNÉITHE NA gCISTÍ DÍLSE	Airt. 49(1)(b)

Teimpléad EU IF CC1.01 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála (Gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad)

		(a)	(b)
		Méideanna	Foinse (uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomharduithe sna ráitis airgeadais iniúchta)
<b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: ionstraimí agus cúlchistí</b>			
1	<b>CISTÍ DÍLSE</b>		
2	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>		
3	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>		
4	Ionstraimí caipitil láníochta		
5	Scairbhiseach		
6	Tuilleamh coimeádta		
7	Ioncam cuimsitheach eile carntha		
8	Cúlchistí eile		
9	Leas mionlaigh a aithnítear i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
10	Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta		
11	Cistí eile		
12	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1		
13	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
14	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
15	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
16	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
17	(-) Cailteanais don bhliain airgeadais reatha		
18	(-) Cáilmheas		
19	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile		
20	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara		
21	(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse		
22	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid ná 60 % dá chistí dílse		
23	(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
24	(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
25	(-) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe		

26	(-) Asbhaintí eile		
27	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		
28	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>		
29	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach		
30	Scairbhiseach		
31	(-) ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1		
32	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1		
33	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1		
34	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1		
35	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1		
36	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
37	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
38	(-) Asbhaintí eile		
39	Caipiteal Breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		
40	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>		
41	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach		
42	Scairbhiseach		
43	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2		
44	(-) Ionstraimí dílse Leibhéal 2		
45	(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Leibhéal 2		
46	(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Leibhéal 2		
47	(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Leibhéal 2		
48	(-) Ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
49	(-) Ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
50	Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		

Teimpléad EU IF CC1.02 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála (Gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha)

		(a)	(b)
		Méi-deanna	Foinse (uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomharduithe sna ráitis airgeadais iniúchta)
<b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: ionstraimí agus cúlchistí</b>			
<b>1</b>	<b>CISTÍ DÍLSE</b>		
<b>2</b>	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>		
<b>3</b>	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>		
4	Ionstraimí caipitil láníochta		
5	Scairbhiseach		
6	Tuilleamh coimeádta		
7	Ioncam cuimsitheach eile carntha		
8	Cúlchistí eile		
9	Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta		
10	Cistí eile		
<b>11</b>	<b>(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>		
12	(-) Caillteanais don bhliain airgeadais reatha		
13	(-) Cáilmheas		
14	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile		
15	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara		
16	(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earráil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse		
17	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a mhéid ná 60 % dá chistí dílse		
18	(-) Asbhaintí eile		
19	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		
<b>20</b>	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>		
21	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach		
22	Scairbhiseach		
23	(-) ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1		
24	Caipiteal Breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		



25	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>		
26	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach		
27	Scairbhiseach		
28	(-) ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2		
29	Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		

**Teimpléad EU IF CC1.03 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála (Tástáil caipitil grúpa)**

		(a)	(b)
		Méi-deanna	Foinse (uimhreacha/litreacha tagartha an chláir chomharduithe sna ráitis airgeadais iniúchta)
<b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: ionstraimí agus cúlchistí</b>			
1	<b>CISTÍ DÍLSE</b>		
2	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>		
3	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>		
4	Ionstraimí caipitil láníochta		
5	Scairbhiseach		
6	Tuilleamh coimeádta		
7	Tuilleamh coimeádta na mblianta roimhe sin		
8	Brabús nó cailteanas incháilithe		
9	Ioncam cuimsitheach eile carntha		
10	Cúlchistí eile		
11	Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta		
12	Cistí eile		
13	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1		
14	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1		
15	(-) Cailteanais don bhliain airgeadais reatha		
16	(-) Cáilmheas		
17	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile		

18	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara		
19	(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse		
20	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid ná 60 % dá chistí dílse		
21	(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
22	(-) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe		
23	(-) Asbhaintí eile		
24	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		
25	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>		
26	Ionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach		
27	Scairbhiseach		
28	(-) ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1		
29	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1		
30	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
31	(-) Asbhaintí eile		
32	Caipiteal Breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		
33	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>		
34	Ionstraimí caipitil láníoctha arna n-eisiúint go díreach		
35	Scairbhiseach		
36	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2		
37	(-) Ionstraimí dílse Leibhéal 2		
38	(-) Ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid		
39	Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile		

**Teimpléad EU ICC2: Cistí dílse: réiteach na gcistí dílse rialála leis an gclár comhardaithe sna ráitis airgeadais iniúchta**

Teimpléad solúbtha.

Ní mór rónna a thuairisciú i gcomhréir leis an gclár comhardaithe a áirítear i ráitis airgeadais iniúchta an ghnólachta infheistíochta.

Ní athrófar na colún, ach amháin má tá raon feidhme an chomhdhlúthaithe cuntasáíochta agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála an ghnólachta infheistíochta mar an gcéanna. Sa chás sin, ní gá ach na méideanna a chur i gcolún (a).

		a	b	c
		Clár comhardaithe mar atá sna ráitis airgeadais fhoilsithe/iniúchta	Faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála	Crostagairt do EU IF CC1
		Mar atá ag deireadh tréimhse	Mar atá ag deireadh tréimhse	
<b>Sócmhainní - Miondealú de réir cineál sócmhainní de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe/iniúchta</b>				
1				
2				
3				
4				
5				
xxx	<b>Sócmhainní iomlána</b>			
<b>Dlíteanais - Miondealú de réir cineál dlíteanas de réir an chláir chomhardaithe sna ráitis airgeadais fhoilsithe/iniúchta</b>				
1				
2				
3				
4				
xxx	<b>Dlíteanais iomlána</b>			
<b>Cothromas Scairshealbhoirí</b>				
1				
2				
3				
xxx	<b>Cothromas iomlán scairshealbhoirí</b>			

## Teimpléad EU I CCA: Cistí dílse: príomhghnéithe na n-ionstraimí dílse arna n-eisiúint ag an ngnólacht

		a
		Téacs saor
1	Eisitheoir	
2	Aitheantóir uathúil (e.g. aitheantóir CUSIP, ISIN nó Bloomberg le haghaidh láithriú príobháideach)	
3	Láithriú poiblí nó príobháideach	
4	Dlí nó dlíthe rialaithe na hionstraime	
5	Cineál ionstraime (cineálacha le sonrú de réir gach dlínse)	
6	An méid a aithnítear i gcaipiteal rialála (Airgeadra i milliún, ón dáta tagartha maidir le tuairisciú is déanaí)	
7	Méid ainmniúil na hionstraime	
8	Praghas eisiúna	
9	Praghas fuascailte	
10	Aicmiú cuntasáochta	
11	Dáta bunaidh na heisiúna	
12	Suthain nó dátaithe	
13	Dáta aibíochta bunaidh	
14	Glaó eisitheora atá faoi réir formheas maoirseachta roimh ré	
15	Dáta roghnach an ghlaó, dátaí na nglanna teagmhasacha agus an méid fuascailte	
16	Dátaí glanna ina dhiaidh sin, más infheidhme	
	<i>Cúpóin / díbhinní</i>	
17	Díbhinn/cúpón fosaithe nó ar snámh	
18	Ráta cúpóin agus aon innéacs gaolmhar	
19	An ann do stopallán díbhinne?	
20	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (i dtéarmaí uainithe)	
21	Lánroghnach, i bpáirt lánroghnach nó éigeantach (i dtéarmaí méid)	
22	An ann d'uaschéimniú nó dreasacht eile fuascailte?	
23	Neamhcharnach nó carnach	
24	In-chomhshóite nó neamh-inchomhshóite	
25	Más in-chomhshóite, spreagadh nó spreagthaí in-chomhshóite	
26	Más in-chomhshóite, go hiomlán nó i bpáirt	
27	Más in-chomhshóite, ráta comhshó	
28	Más in-chomhshóite, comhshó éigeantach nó roghnach	
29	Más in-chomhshóite, sonraigh an cineál ionstraime inar féidir í a chomhshó	
30	Más in-chomhshóite, sonraigh eisitheoir na hionstraime a gcomhshóinn sí inti	
31	Gnéithe díluachála	
32	Má tá díluacháil ann, spreagadh nó spreagthaí díluachála	
33	Má tá díluacháil ann, iomlán nó i bpáirt	
34	Má tá díluacháil ann, buan nó sealadach	
35	Má tá díluacháil shealadach ann, tuairisc ar an sásra uasluchála	
36	Gnéithe aistrithe neamhchomhlíontacha	
37	Má tá, sonraigh na gnéithe neamhchomhlíontacha	
38	Nasc chuig téarmaí agus coinníollacha iomlána na hionstraime (comharthaíocht)	

(1) Cuir 'Neamhbhainteach' isteach mura mbaineann an cheist le hábhar

## IARSCRÍBHINN VII

## TREORACHA MAIDIR LE TEIMPLÉID LE HAGHAIDH NOCHTADH CISTÍ DÍLSE

## Teimpléad EU I CC1.01, EU I CC1.02 agus EU I CC1.03 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála

1. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta na treoracha a sholáthraítear san Iarscríbhinn seo i bhfeidhm chun teimpléad EU I CC1, a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, a líonadh isteach de réir Airteagal 49(1), pointí (a), agus (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.
2. Líonfaidh gnólachtaí infheistíochta colún (b) isteach chun foinse gach mór-ionchuir a mhíniú, agus déanfar crostagairt do na rónna comhfhreagracha i dTeimpléad EU I CC2.
3. Áireoidh gnólachtaí infheistíochta san insint a ghabhann leis an teimpléad tuairisc ar na srianta go léir a chuirtear i bhfeidhm maidir le ríomh cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 49(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033 agus na hionstraimí agus na hasbhaintí a bhfuil feidhm ag na srianta sin ina leith. Míneoidh siad freisin na príomhathruithe ar na méideanna a nochtar i gcomparáid le tréimhsí nochtá roimhe sin.
4. Ní athrófar an teimpléad, agus nochtfaidh gnólachtaí é san fhormáid cheannann chéanna a sholáthraítear in Iarscríbhinn VI.
5. Gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad, nochtfaidh siad an fhaisnéis ar chomhdhéanamh na gcistí dílse i gcomhréir le Teimpléad EU I CC1.01 in Iarscríbhinn VI. Gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha a bhfuil eisiúintí d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 acu, nochtfaidh siad an fhaisnéis ar chomhdhéanamh na gcistí dílse i gcomhréir le Teimpléad EU I CC1.02 in Iarscríbhinn VI.

## Teimpléad EU I CC1.01 - Comhdhéanamh na gcistí dílse rialála (Gnólachtaí infheistíochta nach gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha iad)

Tagairtí dlí agus treoracha	
Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
1	<p><b>Cistí dílse</b></p> <p>Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Is é atá i gcistí dílse gnólachta infheistíochta suim Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus Chaipiteal Leibhéal 2 an gnólachta.</p> <p>Is é atá sa ró seo suim rónna 2 agus 40.</p>
2	<p><b>Caipiteal Leibhéal 1</b></p> <p>Is é atá i gcaipiteal Leibhéal 1 suim Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus Chaipiteal Breise Leibhéal 1.</p> <p>Is é atá sa ró seo suim rónna 3 agus 28.</p>
3	<p><b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Nochtfar suim iomlán rónna 4 go 12 agus ró 27.</p>
4	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagail 27 go 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013</p> <p>Áireofar ionstraimí caipitil cumann frithpháirteach, comharchumann nó institiúidí comhchosúla (Airteagail 27 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</p> <p>Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí.</p>

	<p>Áireofar ionstraimí caipitil arna suibscríobh ag údaráis phoiblí i gcásanna géarchéime más rud é go gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
5	<p><b>Scairbhiseach</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasaióchta is infheidhme. Is é a bheidh sa mhéid atá le nochtadh san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hlonstraimí caipitil íoctha'.</p>
6	<p><b>Tuilleamh coimeádta</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 26(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Sa tuilleamh coimeádta áireofar tuilleamh coimeádta na bliana roimhe sin móide na brabúis incháilithe eatramhacha nó deireadh bliana</p>
7	<p><b>Ioncam cuimsitheach eile carntha</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 26(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
8	<p><b>Cúlchistí eile</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (117), agus Airteagal 26(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Beidh an méid atá le nochtadh glan ar aon mhuirear cánach a bheidh intuartha tráth an ríofa.</p>
9	<p><b>Leas mionlaigh a aithnítear i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b>  Suim na méideanna uile de leasanna mionlaigh na bhfochuideachtaí a chuirtear san áireamh i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite.</p>
10	<p><b>Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagail 32 go 35 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
11	<p><b>Cistí eile</b>  Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
12	<p><b>(-)ASBHAINTEÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>  Nochtfar suim iomlán ró 13 agus rónna 17 go 26.</p>
13	<p><b>(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 36(1), pointe (f), agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Caipiteal dílis Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá i seilbh na hinstitiúide tuairiscithe nó an ghrúpa tuairiscithe ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú. Faoi réir eisceachtaí in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Ní nochtfar sa ró seo sealúchais ar scaireanna a áirítear mar 'lonstraimí caipitil nach incháilithe'.</p>

	Déanfar an scairbhiseach a bhaineann leis na scaireanna dílse a áireamh sa mhéid atá le nochtadh.
14	<b>(-) Sealúchais dhíreacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 36(1), pointe (f), agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta.
15	<b>(-) Sealúchais indíreacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 36(1), pointe (f), agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta.
16	<b>(-) Sealúchais shintéiseacha ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (114) Airteagal 36(1), pointe (f), agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
17	<b>(-) Cailiteanais don bhliain airgeadais reatha</b> Airteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
18	<b>(-) Cáilmheas</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (113), Airteagal 36(1), pointe (b), agus Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
19	<b>(-) Sócmhainní doláimhsithe eile</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 4(1), pointe (115), Airteagal 36(1), pointe (b), agus Airteagal 37 pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Áireofar i sócmhainní doláimhsithe eile sócmhainní doláimhsithe faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme, lúide an cáilmheas, agus iad de réir an chaighdeán cuntasáíochta is infheidhme freisin.
20	<b>(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascraíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara</b> Airteagal 9(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 36(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
21	<b>(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse</b> Airteagal 10(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.
22	<b>(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid ná 60 % dá chistí dílse</b> Airteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.

23	<p><b>(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid</b>          Airteagal 9(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 36 (1), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
24	<p><b>(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid</b>          Airteagal 9(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 36(1), pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
25	<p><b>(-) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe</b>          Airteagal 9(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 36(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
26	<p><b>(-) Asbhaintí eile</b>          Suim aon asbhaintí eile a liostaítear in Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
27	<p><b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b>          Áireofar sa ró seo suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 1, 2 agus 3 agus Airteagail 484 go 487 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr leasanna mionlaigh breise (Airteagail 479 agus 480 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (Airteagail 469 go 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013): coigeartuithe ar na hasbhaintí ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr forálacha idirthréimhseacha.</li> <li>— Gnéithe caipitil eile de Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó asbhaintí eile ó ghné de Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nach féidir a shannadh do cheann de rónna 4 go 26.</li> </ul> <p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.</p>
28	<p><b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>          Airteagal 9, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Nochtfar suim iomlán rónna 29 go 31 agus ró 39.</p>
23	<p>Neamhcharnach nó carnach          Leis sin, sonraítear an bhfuil díbhinni/cúpóin carnach nó neamhcharnach.  <i>Roghnaigh ón roghchlár: [Neamhchamach] [Carnach] [Sásra Malartach chun Cúpóin a Íoc (ACSM)]</i></p>
24	<p>In-chomhshóite nó neamh-inchomhshóite          Leis sin, sonraítear cé acu atá an ionstraim in-chomhshóite nó nach bhfuil.  <i>Roghnaigh ón roghchlár: [In-chomhshóite] [Neamh-inchomhshóite]</i></p>
25	<p>Más in-chomhshóite, spreagadh nó spreagthaí in-chomhshóite          Leis sin, sonraítear na coinníollacha faoina gcomhshófar an ionstraim, lena n-áirítear an pointe neamh-inmharthanachta. I gcás ina bhfuil sé ar chumas údaráis amháin nó níos mó comhshó a spreagadh, liostófar na húdaráis. I gcás gach ceann de na húdaráis, luafar an iad téarmaí chonradh na hionstraime lena soláthraítear an bunús dlí don údarás chun comhshó a ghníomhachtú (cur chuige conarthach) nó an soláthraítear an bunús dlí trí mhodhanna reachtúla (cur chuige reachtúil).  <i>Téacs saor</i></p>
26	<p>Más in-chomhshóite, go hiomlán nó i bpáirt          Leis sin, sonraítear an ndéanfaidh an ionstraim comhshó go hiomlán i gcónaí, an bhféadfaidh sí a chomhshó go hiomlán nó i bpáirt, nó an ndéanfaidh sí comhshó i bpáirt i gcónaí.  <i>Roghnaigh ón roghchlár: [Go hiomlán i gcónaí] [Go hiomlán nó i bpáirt] [I bpáirt i gcónaí]</i></p>
27	<p>Más in-chomhshóite, ráta comhshó          Leis sin, sonraítear an ráta comhshó san ionstraim a ionsúíonn caillteanas níos mó.  <i>Téacs saor</i></p>
28	<p>Más in-chomhshóite, comhshó éigeantach nó roghnach          I gcás ionstraimí in-chomhshóite, sonraítear leis sin an bhfuil an comhshó éigeantach nó roghnach.  <i>Roghnaigh ón roghchlár: [Éigeantach] [Roghnach] [Neamhbhainteach] agus [de rogha na sealbhóirí] [de rogha an eisitheora] [de rogha na sealbhóirí agus an eisitheora araon]</i></p>

29	<p>Más in-chomhshóite, sonraigh an cineál ionstraim inar féidir í a chomhshó</p> <p>I gcás ionstraimí in-chomhshóite, sonraítear leis sin an cineál ionstraim inar féidir í a chomhshó.</p> <p><i>Roghnaigh ón roghchlár: [Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1] [Caipiteal Breise Leibhéal 1] [Leibhéal 2] [Eile]</i></p>
30	<p>Más in-chomhshóite, sonraigh eitheoir na hionstraim a gcomhshóinn sí inti</p> <p>Más in-chomhshóite, sonraigh eitheoir na hionstraim a gcomhshóinn sí inti.</p> <p><i>Téacs saor</i></p>
31	<p>Gnéithe díluachála</p> <p>Leis sin, sonraítear an bhfuil gné díluachála ann.</p> <p><i>Roghnaigh ón roghchlár: [Tá] [Níl]</i></p>
32	<p>Má tá díluacháil ann, spreagadh nó spreagthaí díluachála</p> <p>Leis sin, sonraítear na spreagthaí lena dtarlaíonn díluacháil, lena n-áirítear an pointe neamh-inmharthanachta. I gcás ina mbeidh údarás amháin nó níos mó in ann díluacháil a spreagadh, liostófar na húdaráis. I gcás gach ceann de na húdaráis, luafar an iad téarmaí chonradh na hionstraim lena soláthraítear an bunús dlí don údarás chun díluacháil a spreagadh (cur chuige conarthach) nó an soláthraítear an bunús dlí trí mhodhanna reachtúla (cur chuige reachtúil).</p> <p><i>Téacs saor</i></p>
33	<p>Má tá díluacháil ann, iomlán nó i bpáirt</p> <p>Leis sin, sonraítear an ndéanfar an ionstraim a dhíluacháil ina hiomláine i gcónaí, an bhféadfar í a dhíluacháil i bpáirt, nó an ndéanfar í a dhíluacháil i bpáirt i gcónaí. Cuidíonn sé le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal ionsúite caillteanas tráth déanta na díluachála.</p> <p><i>Roghnaigh ón roghchlár: [Go hiomlán i gcónaí] [Go hiomlán nó i bpáirt] [I bpáirt i gcónaí]</i></p>
34	<p>Má tá díluacháil ann, buan nó sealadach</p> <p>I gcás díluacháil ionstraim, sonraítear leis seo an bhfuil an díluacháil buan nó sealadach.</p> <p><i>Roghnaigh ón roghchlár: [Buan] [Sealadach] [Neamhbhainteach]</i></p>
35	<p>Má tá díluacháil shealadach ann, tuairisc ar an sásra uasluachála</p> <p>Leis sin, tugtar tuairisc ar an sásra uasluachála.</p> <p><i>Téacs saor</i></p>
36	<p>Gnéithe aistrithe neamhchomhlíontacha</p> <p>Leis sin, sonraítear an bhfuil gnéithe neamhchomhlíontacha ann.</p> <p>Roghnaigh idir [Tá] agus [Níl].</p>
37	<p>Má tá, sonraigh na gnéithe neamhchomhlíontacha</p> <p>Má tá gnéithe neamhchomhlíontacha ann, sonrúidh an institiúid cé na gnéithe sin.</p> <p><i>Téacs saor</i></p>
38	<p>Nasc chuig téarmaí agus coinníollacha iomlána na hionstraim (comharthaíocht)</p> <p>Soláthrúidh gnólachtaí infheistíochta an hipearnasc lena dtugtar rochtain ar réamheolaire na heisiúna, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha uile na hionstraim.</p>

## IARSCRÍBHINN VIII

## TUAIRISCIÚ AR AN TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA

TEIMPLÉID LE HAGHAIDH GNÓLACHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Uimhir an teimpléid	Cód an teimpléid	Ainm an teimpléid/an ghrúpa teimpléad	Ainm gairid
		<b>TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA</b>	
11,1	I 11.01	COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA	I11.1
11,2	I 11.02	IONSTRAIMÍ CISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA	I11.2
11,3	I 11.03	FAISNÉIS AR GHNÓTHAIS NA bhFOCHUIDEACHTAÍ	I11.3

## I 11.01 - COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.1)

Rónna	Ítim	Méid
		0010
0010	<b>CISTÍ DÍLSE</b>	
0020	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b>	
0030	<b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b>	
0040	Ionstraimí caipitil láníochta	
0050	Scairbhiseach	
0060	Tuilleamh coimeádta	
0070	Tuilleamh coimeádta na mblianta roimhe sin	
0080	Brabús incháilithe	
0090	Ioncam cuimsitheach eile carntha	
0100	Cúlchistí eile	
0120	Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta	
0130	Cistí eile	
0145	(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1	
0150	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1	
0190	(-) Caillteanais don bhliain airgeadais reatha	
0200	(-) Cáilmheas	
0210	(-) Sócmhainní doláimhsithe eile	
0220	(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascaíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhliteanais chánach ghaolmhara	
0230	(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse	
0240	(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a mhéid ná 60 % dá chistí dílse	
0250	(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0270	(-) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe	
0280	(-) Asbhaintí eile	
0295	Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0300	<b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>	
0310	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach	

0320	Scairbhiseach	
0335	(-) ASBHAINÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1	
0340	(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1	
0380	(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an ngnólacht infheistíochta	
0400	(-) Asbhaintí eile	
0415	Caipiteal Breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	
0420	<b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>	
0430	Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach	
0440	Scairbhiseach	
0455	(-)ASBHAINÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2	
0460	(-) Ionstraimí dílse Leibhéal 2	
0500	(-) Ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas	
0525	Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile	

#### I 11.02 - COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.2)

Rónna	Ítim	Méid 0010
0010	Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin	
0020	Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin	
0030	Ionstraimí Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin	
0040	Sealúchais de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann	
0050	Éilimh fho-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta	
0060	Dlíteanais theagmhasacha i bhfabhar eintiteas sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta	
0070	Iomlán na gceanglas cistí dílse ar na gnóthais fochuideachta	

I 11.03: FAISNÉIS AR GHNÓTHAIS NA bhFOCHUIDEACHTAÍ (I11.3)

Cód	An cineál cóid	Ainm an ghnóthais	Máthair-ghnóthas / fochuideachta	Tír	Infheistíochtaí an mháthairghnóthais					Dliteanais theagmhasa-cha an mháthairghnóthais i bhfabhar an eintitis	Iomlán na gceanglas cistí dílse	Íosmhéid buan caipitil	Ceanglas de réir K-fhachtóirí														Ceanglas maidir le forchos-tais sheasta
					Caipiteal Ghnáth-chothromas Leibhéal 1	Caipiteal Breise Leibhéal 1	Caipiteal Leibhéal 2	Sealúcháis	Éilimh fhoirdaithe				Sócmhainní faoi bhainistíú	Airgead cliant atá ar seilbh - Leithscartha	Airgead cliant atá ar seilbh - Neamhleithscartha	Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar	Orduithe cliaint arna láimhseáil - Trádálacha in airgead tirim	Orduithe cliaint arna láimhseáil - Trádálacha Dior-thach	K-Ceanglas maidir le riosca na nglansuíomhanna	Corrlach imréitigh ar leith	Mainneachtain an chontrapháirtí trá-dála	Sreabhadh trá-dála laethúil - Trádálacha in airgead tirim	Sreabhadh trá-dála laethúil - Trádálacha diorthach	K-Ceanglas maidir le riosca comhchruinthe			
																									0060	0070	
0010	0020	0030	0040	0050	0060	0070	0080	0090	0100	0110	0120	0130	0140	0150	0160	0170	0180	0190	0200	0210	0220	0230	0240	0250	0260	0270	

## IARSCRÍBHINN IX

## TUAIRISCIÚ AR AN TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA

## Clár

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA .....	162
1. Struchtúr agus coinbhinsiúin .....	162
1.1 Struchtúr .....	162
1.2 Coinbhinsiún uimhrithe .....	162
1.3 Coinbhinsiún maidir le comharthaí .....	162
CUID II: TREORACHA A BHAINNEANN LE TEIMPLÉID .....	163
<b>1. CISTÍ DÍLSE: LEIBHÉAL, COMHDHÉANAMH, CEANGLAIS AGUS RÍOMH</b> .....	163
1.1 Barúlacha Ginearálta .....	163
1.2. I 11.01 - COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.1) .....	163
1.2.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	163
1.3. I 11.02 CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.2) .....	169
1.3.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	169
1.4. IF 11.03 FAISNÉIS AR GHNÓTHAIS NA bhFOCHUIDEACHTAÍ (IF11.3) .....	170
1.4.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha .....	170

**CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Struchtúr agus coinbhinsiúin
- 1.1 Struchtúr
  1. Ar an iomlán, dhá theimpléad atá i gceist le tuairisciú ar an tástáil caipitil grúpa:
    - (a) Comhdhéanamh na gcistí dílse
    - (b) Ionstraimí cistí dílse.
  2. Soláthraítear tagairtí dlí le haghaidh gach teimpléid. Sa chuid seo den Rialachán seo áirítear tuilleadh faisnéis mhionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta a bhaineann le gach bloc teimpléad a thuairisciú, treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha mar aon le rialacha bailíochtaithe.
- 1.2 Coinbhinsiún uimhrithe
3. Cloítear sa doiciméad leis an gcoinbhinsiún lipéadaithe a leagtar amach i bpointí 4 go 7 agus tagairt á déanamh do cholúin, rónna agus cealla na dteimpléad. Úsáidtear na cóid uimhriúla sin go forleathan sna rialacha bailíochtaithe.
4. Cloítear leis an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún}.
5. I gcás bailíochtuithe laistigh de theimpléad nach n-úsáidtear ach pointí sonraí an teimpléid sin iontu, ní thagraítear do theimpléad sna nodaireachtaí: {Ró; Colún}.
6. I gcás teimpléid nach bhfuil ach aon cholún iontu, ní thagraítear ach do rónna. {Teimpléad; Ró}
7. Úsáidtear réiltín chun a léiriú go ndéantar an bailíochtú le haghaidh na rónna nó na gcolún a shonraítear roimhe sin.
- 1.3 Coinbhinsiún maidir le comharthaí
8. Is mar fhigiúr deimhneach a thuairisceofar aon mhéid lena méadaítear na cistí dílse nó na ceanglais cistí dílse, nó na ceanglais maidir le leachtacht. Os a choinne sin, is mar fhigiúr diúltach a thuairisceofar aon mhéid lena laghdaítear na cistí dílse iomlána nó iomlán na gceanglas cistí dílse. I gcás ina bhfuil comhartha diúltach (-) roimh lipéad ítime, níl coinne leis go dtuairisceofar figiúr deimhneach i gcás na hítíme sin.

**CUID II: TREORACHA A BHAINNEAN LE TEIMPLÉID****1. CISTÍ DÍLSE: LEIBHÉAL, COMHDHÉANAMH, CEANGLAIS AGUS RÍOMH**

1.1 Barúlacha Ginearálta

10. Sa roinn lena dtugtar forbhreathnú ar na cistí dílse, tá faisnéis maidir leis na cistí dílse atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta agus maidir lena cheanglais cistí dílse. Tá dhá theimpléad inti:

(a) I dTeimpléad I 11.01 tá comhdhéanamh na gcistí dílse i seilbh gnólachta infheistíochta: Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Caipiteal Breise Leibhéal 1 agus Caipiteal Leibhéal 2.

(b) I dTeimpléad I 11.02 tá faisnéis ar 'cheanglais cistí dílse' i gcomhthéacs na tástála caipitil grúpa, i.e. sealúchais inghrúpa, dliteanais theagmhasacha agus iomlán cheanglas cistí dílse na bhfochuideachtaí.

(c) I dTeimpléad I 11.03 tá an fhaisnéis ábhartha ar cheanglais chaipitil, dliteanais theagmhasacha, éilimh fhoordaithe agus sealúchais de chuid eintiteas earnála airgeadais ar an leibhéal fochuideachta, arna miondealú de réir eintitis.

11. Méid comhlán na gcoigeartuithe idirthréimhseacha atá in ítimí na dteimpléad sin. Ciallaíonn sé sin go ríomhtar na figiúirí (seachas i gcás ina luaitear an ceanglas cistí dílse idirthréimhseach go sonrath) de réir na bhforálacha críochnaitheacha (i.e. amhail is nach raibh aon fhoráil idirthréimhseach ann).

1.2. I 11.01 - COMHDHÉANAMH NA gCISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.1)

1.2.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>CISTÍ DÍLSE</b> Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Is é atá i gcistí dílse gnólachta infheistíochta suim Chaipiteal Leibhéal 1 an ghnólachta agus Chaipiteal Leibhéal 2 an ghnólachta.</p>
0020	<p><b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 1</b> Is é atá i gcaipiteal Leibhéal 1 suim Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus Chaipiteal Breise Leibhéal 1.</p>
0030	<p><b>CAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b> Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0040	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta</b> Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033. Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagail 27 go 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Áireofar ionstraimí caipitil cumann frithpháirteach, comharchumann nó institiúidí comhchosúla (Airteagail 27 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013). Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí. Áireofar ionstraimí caipitil arna suibscríobh ag údarais phoiblí i gcásanna géarchéime más rud é go gcomhlíontar coinníollacha uile Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>

0050	<p><b>Scairbhiseach</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasáochta is infheidhme.</p> <p>Is é a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hlonstraimí caipitil íoctha'.</p>
0060	<p><b>Tuilleamh coimeádta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Sa tuilleamh coimeádta áirítear tuilleamh coimeádta na bliana roimhe sin móide na brabúis incháilithe eatramhacha nó deireadh bliana.</p> <p>Tuairisceofar suim rónna 0070 agus 0080.</p>
0070	<p><b>Tuilleamh coimeádta na mblianta roimhe sin</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (123), agus Airteagal 26(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Le hAirteagal 4(1), pointe (123), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sainmhínítear tuilleamh coimeádta mar 'Bhrabúis agus cailteanais a thugtar ar aghaidh mar thoradh ar chur chun feidhme deiridh an bhrabúis nó an chaillteanais faoi na creataí cuntasáochta is infheidhme'.</p>
0080	<p><b>Brabús incháilithe</b></p> <p>Airteagal 4(1), pointe (121), Airteagal 26(2) agus Airteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ceadaítear brabúis eatramhacha nó brabúis deireadh bliana a áireamh mar thuilleamh coimeádta, le toiliú roimh ré ó na húdaráis inniúla, má chomhlíontar coinníollacha áirithe.</p>
0090	<p><b>Ioncam cuimsitheach eile carntha</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 26(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0100	<p><b>Cúlchistí eile</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 4(1), pointe (117), agus Airteagal 26(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Beidh an méid atá le tuairisciú glan ar aon mhuirear cánach a bheidh intuartha tráth an ríofa.</p>
0120	<p><b>Coigeartuithe ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr scagairí stuamachta</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagail 32 go 35 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0130	<p><b>Cistí eile</b></p> <p>Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0145	<p><b>(-)ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL GHNÁTHCHOTHROMAS LEIBHÉAL 1</b></p> <p>Airteagal 8(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033, Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 cé is moite de phointe (i) den mhír sin.</p>



	Tuairisceofar suim ró 0150 agus rónna 0190-0280.
0150	<p><b>(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 36(1), pointe (f), agus Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Caipiteal dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá i seilbh na hinstiúide tuairiscithe nó an ghrúpa tuairiscithe ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú. Faoi réir eisceachtaí in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Ní thuairisceofar sa ró seo sealúchais ar scaireanna a áirítear mar 'Ionstraimí caipitil nach incháilithe'.  Déanfar an scairbhiseach a bhaineann leis na scaireanna dílse a áireamh sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0190	<p><b>(-) Cailteanais don bhliain airgeadais reatha</b>  Airteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0200	<p><b>(-) Cáilmheas</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (113), Airteagal 36(1), pointe (b), agus Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0210	<p><b>(-) Sócmhainní doláimhsithe eile</b>  Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 4(1), pointe (115), Airteagal 36(1), pointe (b), agus Airteagal 37, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.  Ar na sócmhainní doláimhsithe eile atá ann tá na sócmhainní doláimhsithe faoin gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, lúide an cáilmheas, agus iad de bhun an chaighdeáin cuntasaíochta is infheidhme freisin.</p>
0220	<p><b>(-) Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus nach n-eascaíonn as difríochtaí sealadacha agus iad glan ar dhlíteanais chánach ghaolmhara</b>  Airteagal 9(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 36(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0230	<p><b>(-) Sealúchas cáilitheach lasmuigh den earnáil airgeadais ar mó a mhéid ná 15 % de chistí dílse</b>  Airteagal 10(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0240	<p><b>(-) Sealúchais cháilitheacha iomlána i ngnóthais nach eintitis earnála airgeadais iad ar mó a méid na 60 % dá chistí dílse</b>  Airteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0250	<p><b>(-) Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas</b>  Airteagal 9(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.  Airteagal 36(1), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>

	<p>Ciallaíonn máthairghnóthas Aontais sa ró seo máthairghnólachtaí infheistíochta Aontais, máthairchuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha Aontais nó aon mháthairghnóthas eile ar gnólacht infheistíochta, institiúid airgeadais, gnóthas seirbhísí coimhdeacha nó gníomhaire faoi cheangal é</p>
0270	<p><b>(-) Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe</b>          Airteagal 9(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 36(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0280	<p><b>(-) Asbhaintí eile</b>          Suim na n-asbhaintí eile ar fad i gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite d'asbhaintí i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nach n-áirítear in aon cheann de rónna 0150 go 0270 thuas.</p>
0295	<p><b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b>          Áireofar sa ró seo suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 1, 2 agus 3 agus Airteagail 484 go 487 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (Airteagail 469 go 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013): coigeartuithe ar na hasbhaintí ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr forálacha idirthréimhseacha.</li> <li>— Gnéithe caipitil eile de Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó asbhaintí eile ó ghné de Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0040 go 0280.</li> </ul> <p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.</p>
0300	<p><b>CAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b>          Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0310	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach</b>          Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 51, pointe (a), agus Airteagail 52, 53 agus 54 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0320	<p><b>Scairbhiseach</b>          Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 51, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme.          Is é a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hionstraimí caipitil íochta'.</p>

0335	<p><b>(-) ASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1</b></p> <p>Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de phointe (d) den airteagal sin.</p> <p>Tuairisceofar suim iomlán rónna 0340, 0380 agus ró 0400.</p>
0340	<p><b>(-) Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 52(1), pointe (b), Airteagal 56, pointe (a), agus Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Ionstraimí dílse Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá i seilbh an ghnólachta infheistíochta ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú. Faoi réir eisceachtaí in Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Déanfar an scairbhiseach a bhaineann leis na scaireanna dílse a áireamh sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0380	<p><b>(-) Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas eárnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas</b></p> <p>Airteagal 9(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Airteagal 56, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p> <p>Ciallaíonn máthairghnóthas Aontais sa ró seo máthairghnólachtaí infheistíochta Aontais, máthairchuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta Aontais, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha Aontais nó aon mháthairghnóthas eile ar gnólacht infheistíochta, institiúid airgeadais, gnóthas seirbhísi coimhdeacha nó gníomhaire faoi cheangal é.</p>
0400	<p><b>(-) Asbhaintí eile</b></p> <p>Suim na n-asbhaintí eile ar fad i gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite d'asbhaintí i gcomhréir le hAirteagal 56, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nach n-áirítear in aon cheann de rónna 0340 nó 0380 thuas.</p>
0415	<p><b>Caipiteal Breise Leibhéal 1: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b></p> <p>Áireofar sa ró seo suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 4 agus 5, Airteagail 484 go 487, Airteagail 489 agus 491 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).</li> <li>— Coigeartuithe idirthréimhseacha eile ar Chaipiteal Breise Leibhéal 1 (Airteagail 472, 473a, 474, 475, 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): coigeartuithe ar asbhaintí de bharr forálacha idirthréimhseacha.</li> <li>— An barrachas a asbhaintear ó ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a sháraíonn Caipiteal Breise Leibhéal 1, a asbhaintear ó Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36(1), pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Ní féidir le Caipiteal Breise Leibhéal 1 a bheith diúltach, ach d'fhéadfadh asbhaintí ó ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bheith níos mó ná méid na n-ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá ar fáil. Sa chás sin, leis an ítim seo léirítear an méid is gá chun an méid arna thuairisciú i ró 300 a mhéadú go nialas, méid atá cothrom le hinbhéarta an bharrachais a asbhaintear ó ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a sháraíonn Caipiteal Breise Leibhéal 1 agus a áirítear, i measc asbhaintí eile, i ró 0280.</li> <li>— Gnéithe caipitil eile de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó asbhaintí eile ó ghné de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0310 go 0400.</li> </ul>

	<p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.</p>
0420	<p><b>CAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>          Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Tuairisceofar suim iomlán rónna 0430 go 0455 agus ró 0525.</p>
0430	<p><b>Ionstraimí caipitil láníochta arna n-eisiúint go díreach</b>          Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 62, pointe (a), Airteagail 63 agus 65 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Ní áireofar an scairbhiseach a bhaineann leis na hionstraimí sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0440	<p><b>Scairbhiseach</b>          Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 62, pointe (b), agus Airteagal 65 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Tá le scairbhiseach an bhrí chéanna atá leis faoin gcaighdeán cuntasaióchta is infheidhme.          Is é a bheidh sa mhéid atá le tuairisciú san ítim seo, an chuid a bhaineann leis na 'hionstraimí caipitil íochta'.</p>
0455	<p><b>(-)JASBHAINTÍ IOMLÁNA Ó CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2</b>          Airteagal 66 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de phointe (d) den airteagal sin.</p>
0460	<p><b>(-) Ionstraimí dílse Leibhéal 2</b>          Airteagal 9(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 63, pointe (b)(i), Airteagal 66, pointe (a), agus Airteagal 67 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Ionstraimí Leibhéal 2 atá i seilbh na hinstiúide tuairiscithe nó an ghrúpa tuairiscithe ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú. Faoi réir eisceachtaí in Airteagal 67 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Ní thuairisceofar sa ró seo sealúchais ar scaireanna a áirítear mar 'ionstraimí caipitil nach incháilithe'.          Déanfar an scairbhiseach a bhaineann leis na scaireanna dílse a áireamh sa mhéid atá le tuairisciú.</p>
0500	<p><b>(-) Ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas</b>          Airteagal 9(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033.          Airteagal 66, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.          Ciallaíonn máthairghnóthas Aontais sa ró seo máthairghnólachtaí infheistíochta Aontais, máthairchuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta Aontais, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha Aontais nó aon mháthairghnóthas eile ar gnólacht infheistíochta, instiúid airgeadais, gnóthas seirbhísí coimhdeacha nó gníomhaire faoi cheangal é.</p>

0525	<p><b>Leibhéal 2: Gnéithe caipitil, asbhaintí agus coigeartuithe eile</b></p> <p>Áireofar sa ró seo suim na n-ítimí seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— Coigeartuithe idirthrémhseacha de bharr ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 arna marthanú (Airteagal 483, míreanna 6 agus 7, Airteagail 484, 486, 488, 490 agus 491 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)</li> <li>— Coigeartuithe idirthrémhseacha eile ar Chaipiteal Leibhéal 2 (Airteagail 472, 473a, 476, 477, 478 agus 481 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013): Coigeartuithe ar na hasbhaintí ó Chaipiteal Leibhéal 2 de bharr forálacha idirthrémhseacha</li> <li>— An barrachas a asbhaintear ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 a sháraíonn Caipiteal Leibhéal 2, a asbhaintear ó Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 56, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013): Ní féidir le Caipiteal Leibhéal 2 a bheith diúltach, ach d'fhéadfadh asbhaintí ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 a bheith níos mó ná méid na n-ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 atá ar fáil. Sa chás sin, leis an ítim seo léirítear an méid is gá chun an méid arna thuairisciú i ró 0420 a mhéadú go nialas</li> <li>— Gnéithe caipitil eile de Chaipiteal Leibhéal 2 nó asbhaintí eile ó ghné de Chaipiteal Leibhéal 2 nach féidir a shannadh do cheann de rónna 0430 go 0500.</li> </ul> <p>Ítimí caipitil nó asbhaintí nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/2033 nó Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní úsáidfean an ró seo chun iad a áireamh i ríomh na gcóimheas sócmhainneachta.</p>
------	---

### 1.3 I 11.02 CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE - TÁSTÁIL CAIPITIL GRÚPA (I11.2)

#### 1.3.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<p><b>Ionstraimí Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le hAirteagal 36(1), pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0020	<p><b>Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le hAirteagal 56, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0030	<p><b>Ionstraimí Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairghnóthas sna heintitis sin</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 66, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0040	<p><b>Sealúchais de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Áireofar sa ró seo sealúchais de chuid an mháthairghnóthais a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann.</p>

0050	<b>Éilimh fho-ordaithe de chuid eintiteas earnála airgeadais sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta</b> Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033. Áireofar sa ró seo éilimh fho-ordaithe a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann.
0060	<b>Dliteanais theagmhasacha i bhfabhar eintiteas sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta</b> Airteagal 8(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.
0070	<b>Iomlán na gceanglas cistí dílse ar na gnóthais fochuideachta</b> I gcás ina gcuirtear Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm.

1.4 IF 11.03 FAISNÉIS AR GHNÓTHAIS NA bhFOCHUIDEACHTAÍ (IF11.3)

10. Tuairisceofar sa teimpléad seo na heintitis ar fad a áirítear i raon feidhme na tástála caipitil grúpa. Áireofar leis seo freisin máthairghnóthas an ghrúpa féin.

1.4.1. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

Colúin	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	<b>Cód</b> Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I gás gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais, is é an cód LEI an cód a úsáidfeá. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI an cód a úsáidfeá, nó mura bhfuil sin ar fáil, úsáidfeá cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfeá é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí.
0020	<b>An cineál cóid</b> Saineoidh an t-eintiteas tuairiscithe an 'cód de chineál LEI' nó 'cód de chineál náisiúnta' an cineál cóid a thuairiscítear i gcolún 0010. Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí.
0030	<b>Ainm an ghnóthais</b> Ainm an ghnóthais atá faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe.
0040	<b>Máthairghnóthas / fochuideachta</b> Leis sin, léirítear an máthairghnóthas an ghrúpa nó fochuideachta de an t-eintiteas a thuairiscítear sa ró
0050	<b>Tír</b> Tuairisceofar an tír ina bhfuil an fochuideachta lonnaithe.
0060 - 0100	<b>Infheistíochtaí an mháthairghnóthais</b> Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033. Sa roinn seo, tuairisceofar infheistíochtaí an mháthairghnóthais sna grúpeintitis.

0060	<p><b>Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le hAirteagal 36(1), pointe (i), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0070	<p><b>Caipiteal Breise Leibhéal 1</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le hAirteagal 56, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0080	<p><b>Caipiteal Leibhéal 2</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le hAirteagal 66, pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</p>
0090	<p><b>Sealúchais</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Áireofar sa cholún seo sealúchais de chuid an mháthairghnóthais a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann.</p>
0100	<p><b>Éilimh fho-ordaithe</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p> <p>Áireofar sa cholún seo éilimh fho-ordaithe a mhéid nach cistí dílse iad de chuid an ghrúpeintitis a bhfuil infheistíocht ag an máthairghnóthas ann.</p>
0110	<p><b>Dliteanais theagmhasacha an mháthairghnóthais i bhfabhar an eintitis</b></p> <p>Airteagal 8(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0120	<p><b>Iomlán na gceanglas cistí dílse ar na gnóthais fochuideachta</b></p> <p>Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0130	<p><b>Íosmhéid buan caipitil</b></p> <p>Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0140	<p><b>Ceanglas de réir K-fhachtóirí</b></p> <p>Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0150	<p><b>Sócmhainní faoi bhainistiú</b></p> <p>Airteagal 15(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0160	<p><b>Airgead cliant atá ar seilbh - Leithscartha</b></p> <p>Airteagal 15(2) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0170	<p><b>Airgead cliant atá ar seilbh - Neamh-leithscartha</b></p> <p>Airteagal 15(2) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0180	<p><b>Sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar</b></p> <p>Airteagal 15(2) agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0190	<p><b>Orduithe cliaint arna láimhseáil - Trádálacha in airgead tirim</b></p> <p>Airteagal 15(2) agus Airteagal 20(1) agus Airteagal 20(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>

0200	<p><b>Orduithe cliant arna láimhseáil - Trádálacha Díorthach</b> Airteagal 15(2) agus Airteagal 20(1) agus Airteagal 20(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0210	<p><b>K-Ceanglas maidir le riosca na nglansuíomhanna</b> Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0220	<p><b>Corrlach imréitigh ar leith</b> Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0230	<p><b>Mainneachtain an chontrapháirtí trádála</b> Airteagal 26 agus Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0240	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil - Trádálacha in airgead tirim</b> Chun an ceanglas de réir K-fhachtóirí a ríomh, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm agus iad ag tuairisciú. I gcás dálaí anáis ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 15(5), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht choigeartaithe i bhfeidhm mar a shonraítear sa phointe sin. Déanfar an fachtóir maidir le sreabhadh trádála laethúil a ríomh de réir Airteagal 33(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0250	<p><b>Sreabhadh trádála laethúil - Trádálacha díorthach</b> Chun an ceanglas de réir K-fhachtóirí a ríomh, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm agus iad ag tuairisciú. I gcás dálaí anáis ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 15(5), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/2033, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta comhéifeacht choigeartaithe i bhfeidhm mar a shonraítear sa phointe sin. Déanfar an fachtóir maidir le sreabhadh trádála laethúil a ríomh de réir Airteagal 33(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0260	<p><b>K-Ceanglas maidir le riosca comhchruinnithe</b> Airteagal 37(2), 39 agus Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>
0270	<p><b>Ceanglais maidir le forchostais sheasta</b> Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/2033.</p>



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2285 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 14 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5(2), Airteagal 32(2), Airteagal 37(2), Airteagal 37(4), Airteagal 40(2), Airteagal 41(2), Airteagal 53(2), Airteagal 54(2), Airteagal 72(1), Airteagal 73, Airteagal 79(2) agus Airteagal 80(2) díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 <sup>(2)</sup> ón gCoimisiún bunaítear liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Leagtar amach ceanglais ann maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí agus réadaí eile a thabhairt isteach san Aontas, chun teacht isteach, bunú agus scaipeadh na lotnaidí sin i gcríoch an Aontais a chosc.
- (2) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú chun faisnéis eolaíochta agus theicniúil atá ar fáil ó mheasúnuithe riosca lotnaide, aicmiú riosca lotnaide agus anailís riosca lotnaide a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”), an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (“EPPO”) agus na Ballstáit, a chur san áireamh. Tá na leasuithe sin riachtanach freisin mar gheall ar idircheapadh lotnaidí ag teorainn an Aontais agus mar gheall ar ráigeanna i gcríoch an Aontais, chomh maith le hanailís bhreise a rinne meithleacha faoi seach de chuid an Choimisiúin ina spreagadh leis na leasuithe sin.
- (3) Rinne an tÚdarás roinnt lotnaidí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a athmheasúnú chun a stádas fiteashláintíochta a nuashonrú i gcomhréir leis na forbairtí teicniúla agus eolaíochta is déanaí (“an t-athmheasúnú”). I gcás grúpaí lotnaidí rialáilte, rinneadh scrúdú ar na lotnaidí faoi seach a mhéid a bhaineann lena láithreachacht i gcríoch an Aontais amháin san athmheasúnú sin, agus ní a mhéid a bhaineann leis an mór-roinn Eorpach iomlán.
- (4) De thoradh an athmheasúnaithe sin, ba cheart na speicis agus na géinis a chomhlíonann na critéir in Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 de na grúpaí *Acleris* spp <sup>(3)</sup>, *Choristoneura* spp <sup>(4)</sup>, *Cicadellidae*, a aithnítear a bheith ina veicteoirí de *Xylella fastidiosa* (Wells et al.) <sup>(5)</sup>, *Margarodidae* <sup>(6)</sup>, *Premnotrypes* spp <sup>(7)</sup>.

<sup>(1)</sup> IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coiníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Acleris* spp. neamh-AE, *Iris EFSA* 2019;17(10):5856, lch. 37 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5856>.

<sup>(4)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Choristoneura* spp. neamh-AE, *Iris EFSA* 2019;17(5):5671, lch. 31 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5671>.

<sup>(5)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide veicteoirí *Cicadomorpha* neamh-AE de *Xylella* spp., *Iris EFSA* 2019;17(6):5736, lch. 53 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5736>.

<sup>(6)</sup> Aicmiú lotnaide Margarodidae neamh-AE. *Iris EFSA* 2019;17(4):5672, lch. 42 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5672>.

<sup>(7)</sup> Tuairim Eolaíoch ar aicmiú lotnaide choimpléasc gobacháin an phráta Aindéach (APW) (Coleoptera: *Curculionidae*). *Iris EFSA* 2020;18(7):6176, lch. 38 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6176>.

Fíteaplasmaí buíochana marfaí na pailme <sup>(8)</sup>, *Tephritidae* <sup>(9)</sup>, víris, víoróidigh agus fíteaplasma an phráta <sup>(10)</sup>, víris, víoróidigh agus fíteaplasma *Cydonia* Mill., *Fragaria* L., *Malus* Mill., *Prunus* L., *Pyrus* L., *Ribes* L., *Rubus* L. agus *Vitis* L. <sup>(11)</sup>, a shonrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

- (5) Ar bhonn athmheasúnú an ghrúpa *Tephritidae*, aithníodh speicis agus géinis shonracha nach bhfuil san Aontas, nó a bhfuil láithreach theoranta acu ann agus ba cheart iad a liostú mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais. Ba cheart roinnt géineas a liostú mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, chun go bhféadfaí bearta cosanta ina n-aghaidh a chur i bhfeidhm, ag brath ar an bhfáil atá ar mhodhanna chun iad a aithint ar leibhéal an speicis, go háirithe ag céimeanna larbhacha. Dá dheasca sin, ba cheart na ceanglais speisialta faoi seach a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir sin.
- (6) Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ní chomhlíonann víreas A, M, V agus Y an phráta, víreas Arracaicia B, tréithchineál oca agus víreas craptha duilleog an phapá coinníollacha Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu agus ní cháilítear iad mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bhaint den liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (7) Ar bhonn an athmheasúnaithe, fuarthas go gcomhlíonann víreas baill chlóróisigh citris na coinníollacha in Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le críoch an Aontais, agus dá bhrí sin, ba cheart é a chur san áireamh sa liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (8) Ba cheart ainmneacha na lotnaidí *Nemorimyza maculosa* (Malloch) <sup>(12)</sup>, *Exomala orientalis* (Waterhouse) <sup>(13)</sup>, *Cicadomorpha*, a aithnítear a bheith ina veicteoirí de *Xylella fastidiosa* (Wells et al.) <sup>(14)</sup>, *Helicoverpa zea* (Boddie) <sup>(15)</sup>, *Stagonosporopsis andigena* (Turkensteen) Aveskamp, Gruyter & Verkley <sup>(16)</sup>, *Ripersiella hibisci* Kawai agus Takagi <sup>(17)</sup>, *Scolytinae spp.* <sup>(18)</sup> agus *Candidatus fíteaplasma tréithchineál tagartha aurantifolia* <sup>(19)</sup>, a chur in ionad *Amauromyza maculosa* (Malloch), *Anomala orientalis* (Waterhouse), *Cicadellidae*, a aithnítear a bheith ina veicteoirí de *Xylella fastidiosa* (Wells et al.), *Heliothis zea* (Boddie), *Phoma andina* (Turkensteen), *Rhizoecus hibisci* Kawai agus Takagi, *Scolytidae spp.* agus galar scuaibe caillí an chrainn líoma, chun na forbairtí is déanaí in ainmníocht idirnáisiúnta a aithníodh i dtuairimí eolaíochta faoi seach an Údaráis a léiriú.

<sup>(8)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide fhíteaplasma buíochana marfaí na pailme. *Iris EFSA* 2017;15(10):5028, lch. 27 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.5028>.

<sup>(9)</sup> Aicmiú lotnaide Tephritidae neamh-AE. *Iris EFSA* 2020;18(1):5931, lch. 62 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5931>

<sup>(10)</sup> Roinnt tuairimí eolaíochta EFSA (2019, 2020)

<sup>(11)</sup> Roinnt tuairimí eolaíochta EFSA (2019, 2020)

<sup>(12)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Nemorimyza maculosa*. *Iris EFSA* 2020;18(3):6036, lch. 29 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6036>.

<sup>(13)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Exomala orientalis*. *Iris EFSA* 2020;18(4):6103, lch. 29 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6103>.

<sup>(14)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide veicteoirí *Cicadomorpha* neamh-AE de *Xylella spp.*, *Iris EFSA* 2019;17(6):5736, lch. 53 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5736>.

<sup>(15)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Helicoverpa zea*. *Iris EFSA* 2020;18(7):6177, lch. 31 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6177>.

<sup>(16)</sup> Tuairim eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Stagonosporopsis andigena*. *Iris EFSA* 2018;16(10):5441, lch. 25 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5441>.

<sup>(17)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Ripersiella hibisci*. *Iris EFSA* 2020;18(6):6178, lch. 28 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6178>.

<sup>(18)</sup> Tuairim Eolaíochta ar an liosta *Scolytinae* neamh-AE d'ostaigh bhuaicéineacha. *Iris EFSA* 2020;18(1):5933, lch. 56 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5933>;

Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Scolytinae* neamh-AE d'ostaigh bhuaicéineacha. *Iris EFSA* 2020;18(1):5934, lch. 39 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5934>.

<sup>(19)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú fhíteaplasma ghalar scuaibe caillí an chrainn líoma (*Citrus aurantifolia*). *Iris EFSA* 2017;15(10):5027, lch. 22 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.5027>.

- (9) Tuairiscíodh go raibh tionchar ag galar scauibe caillí na sú talún ar *Fragaria* L., Níor aithníodh an fíteaplasma a bheith mar oibreán cúisíoch den ghalar trí uirlisí aitheanta móilíneach roimhe seo. Ar bhonn tuairim eolaíochta ón Údarás le déanaí, ba cheart <sup>(20)</sup> an fíteaplasma ar tugadh agus a liostaíodh mar fhíteaplasma scauibe caillí na sú talún i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a bhaint agus iontráil ar Fhíteaplasma *Candidatus hispanicum* a chur ina áit.
- (10) Thairis sin, i bhfianaise neamhláithreachta Fhíteaplasma *Candidatus australiense* Davis *et al.* i gcríoch an Aontais, agus ag cur tuairim ábhartha an Údaráis san áireamh, tá bonn cirt teicniúil leis an lotnaid lena mbaineann a liostú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Dá réir sin, ba cheart an lotnaid sin a bhaint ón liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais atá le fáil i gCuid J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le hábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Fragaria* L.
- (11) Dá dheasca sin, ba cheart ceanglais speisialta maidir le *Candidatus Phytoplasma australiense* Davis *et al.* (tréithchineál tagartha), *Candidatus Phytoplasma fraxini* (tréithchineál tagartha) Griffiths *et al.*, agus *Candidatus Phytoplasma hispanicum* (tréithchineál tagartha) Davis *et al.* a chur in ionad na gceanglas speisialta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le fíteaplasma scauibe caillí na sú talún, mar d'aithin an tÚdarás go bhfuil tionchar ag na lotnaidí sin ar *Fragaria* L.
- (12) Liostaítear an lotnaid *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Mar sin féin, thug an Iodáil le fios nach féidir deireadh a chur leis an lotnaid sin i gcodanna áirithe dá chríoch a thuilleadh agus d'iarr sí ar chóras srianta. Dá dheasca sin, ba cheart an lotnaid sin a liostú mar lotnaid arb eol dúinn go bhfuil sí i gcríoch an Aontais agus dá bhrí sin, ba cheart é a bhogadh go Cuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (13) Rinne an Spáinn anailís riosca lotnaide le haghaidh na ciaróige *Ambrosia Euwallacea* sp. agus na fungais a bhaineann leis *Fusarium ambrosium* agus *Fusarium euwallaceae* in 2015 <sup>(21)</sup>, agus tháinig EPPÓ tuairisc anailís riosca lotnaide, ar bhonn anailís riosca lotnaide na Spáinne ar *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae* in 2017 <sup>(22)</sup>. De réir na hanailíse sin, comhlíonann na lotnaidí sin na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le críoch an Aontais. Tá *Euwallacea fornicatus sensu lato* rialáilte cheana féin mar lotnaid choraintín i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 faoin ngrúpa *Scolytidae* spp. (neamh-Eorpach). Ba cheart an lotnaid sin a liostú go sonrach i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, mar ba cheart ceanglais speisialta maidir leis an lotnaid sin a shonrú. Ba cheart na siombóisigh *Fusarium ambrosium* agus *Fusarium euwallaceae* a rialáil faoi na hainmneacha eolaíochta *Neocosmospora ambrosia* agus *Neocosmospora euwallaceae*, i ndiaidh athruithe tacsanomaíocha.
- (14) Rinne EPPÓ roinnt anailísí riosca ar na lotnaidí *Apriona germari* (Hope), *Apriona rugicollis* Chevrolat, *Apriona cinerea* Chevrolat <sup>(23)</sup>, *Ceratotheripoides claratris* (Shumsher) <sup>(24)</sup>, *Massicus raddei* (Blessig) <sup>(25)</sup>, *Meloidogyne enterolobii* Yang & Eisenback <sup>(26)</sup>, *Prodiplosis longifila* Gagné <sup>(27)</sup>, agus *Trirachys sartus* Solsky <sup>(28)</sup>. De réir na n-anailísí sin, comhlíonann na lotnaidí sin na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le críoch an Aontais, agus dá bhrí sin, ba cheart iad a liostú mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

<sup>(20)</sup> Tuairim Eolaíochta ar an liosta d'fhíteaplasmaí seo a leanas, nach fíteaplasmaí de chuid an Aontais iad: *Cydonia* Mill., *Fragaria* L., *Malus* Mill., *Prunus* L., *Pyrus* L., *Ribes* L., *Rubus* L. agus *Vitis* L. *Iris EFSA* 2020;18(1):5930, lch. 25 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5930>; Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide na bhfíteaplasmaí seo a leanas, nach fíteaplasmaí de chuid an Aontais iad: *Cydonia* Mill., *Fragaria* L., *Malus* Mill., *Prunus* L., *Pyrus* L., *Ribes* L., *Rubus* L. agus *Vitis* L. *Iris EFSA* 2020;18(1):5929, lch. 97 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5929>.

<sup>(21)</sup> Anailís Riosca Lotnaide le haghaidh na Ciaróige *Ambrosia\* Euwallacea* sp. lena n-áirítear gach ceann de na speicis laistigh den ghéineas *Euwallacea* atá comhchosúil go moirfeolaíoch le *E.fornicatus*, \*Fungais bhainteacha: *Fusarium* sp. (E.g: *F. ambrosium*, *Fusarium euwallaceae*) nó siombóisigh fhéideartha eile. An Spáinn, (2015).

<sup>(22)</sup> Tuairisc ar Anailís Riosca Lotnaide le haghaidh *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae* EPPÓ (2017).

<sup>(23)</sup> EPPÓ (2013) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Apriona germari*, *A. japonica*, *A. cinerea*.

<sup>(24)</sup> EPPÓ (2017) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Ceratotheripoides brunneus* agus *C. claratris*.

<sup>(25)</sup> EPPÓ (2018) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Massicus raddei*.

<sup>(26)</sup> EPPÓ (2010) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Meloidogyne enterolobii*.

<sup>(27)</sup> EPPÓ (2017) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Prodiplosis longifila*.

<sup>(28)</sup> EPPÓ (2000) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Aeolesthes sarta*.

- (15) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair EPPD<sup>(29)</sup>, cinneadh go gcomhlíonann *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Gotona na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte mar a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCodanna D agus M d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le plandaí ornáideacha agus ábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia* Lindl., faoi seach. Thairis sin, agus chun láithreachta na lotnaide sin a chosc ar na plandaí faoi seach atá le cur, ba cheart bearta sonracha a leagan síos i gCodanna C agus K d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (16) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/885<sup>(30)</sup> ón gCoimisiún bunaítear bearta chun tabhairt isteach *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* san Aontas agus a scaipeadh laistigh de a chosc.
- (17) Ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/885 ón gCoimisiún a aisghairm, mar aistrefar a chuid forálacha chuig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (18) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair EPPD, cinneadh go gcomhlíonann *Phytophthora ramorum* (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte mar a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCodanna D, E agus J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte i ndáil le hábhar iomadaithe maidir le plandaí ornáideacha, ábhar atáirgthe foraoise, seachas síolta, agus ábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí, faoi seach. Thairis sin, agus chun láithreachta na lotnaide sin a chosc ar na plandaí ábhartha atá le cur, ba cheart bearta sonracha a leagan síos i gCodanna C agus D d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (19) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair EPPD, cinneadh go gcomhlíonann víoróideach scoilte coirte chrann citris ("CBCVD") na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte mar a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCuid L d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte i ndáil le plandaí *Humulus lupulus* L. atá le cur. Chun láithreachta na lotnaide sin a chosc ar na plandaí faoi seach atá le cur ba cheart bearta sonracha a leagan síos i gCodanna J agus K d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (20) Ar bhonn na mbeart bainistithe riosca in aghaidh *Candidatus* Fíteaplasma pyri a chuir na Ballstáit i bhfeidhm ó tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i bhfeidhm, agus i ndiaidh aighnis le Ballstáit ar chomhréireacht na mbeart sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta bainistithe riosca le haghaidh na lotnaide sin. Ba cheart bearta nuashonraithe chun láithreachta *Candidatus* Phytoplasma pyri ar phlandaí sonracha atá le cur a leagan síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (21) I gCuid E d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ba cheart an t-ainm *Bruchus pisorum* (L.) a athrú go *Bruchus pisorum* (Linnaeus) agus ba cheart *Bruchus rufimanus* L. a athrú go *Bruchus rufimanus* Boheman chun rialacha an Chóid Idirnáisiúnta um Ainmníocht Zó-eolaíoch a chur san áireamh.
- (22) Is féidir tiúbair phrátaí ó shíolta a tháirgeadh ó phlandaí a fhásann i limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó *Candidatus* Liberibacter solanacearum Liefing et al. Dá bhrí sin, ba cheart bearta a bhaineann le baisceanna prátaí ó shíolta i ndáil leis an lotnaid sin i gCuid F d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú chun an méid sin a chur san áireamh ionas go bhféadfaí ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm le haghaidh prátaí ó shíolta a tháirgtear sna limistéir sin.
- (23) Ar bhonn eolas eolaíochta agus teicniúil, agus tar éis measúnú riosca lotnaide a rinne an tÚdarás<sup>(31)</sup> agus an doiciméad a d'fhoilsigh EPPD maidir le bainistiú riosca lotnaide<sup>(32)</sup>, ba cheart tabhairt isteach coirte aonraithe *Acer macrophyllum* Pursh, *Aesculus californica* (Spach) Nutt., *Lithocarpus densiflorus* (Hook. & Arn.) Rehd., *Quercus* L. agus *Taxus brevifolia* Nutt. de thionscnamh Cheanada, na Ríochta Aontaithe, na Stát Aontaithe agus Vítneam san Aontas,

<sup>(29)</sup> Modheolaíocht chun liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (RNQP) a ullmhú. EPPD Bulletin (2017) 47(3), 551-558.

<sup>(30)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/885 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020 maidir le bearta chun tabhairt isteach *Pseudomonas syringae* pv. *actinidiae* Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto san Aontas agus a scaipeadh laistigh de a chosc (IO L 205, 29.6.2020, lch. 9).

<sup>(31)</sup> Tuairim Eolaíochta ar an Anailís Riosca Lotnaide ar *Phytophthora ramorum* a d'ullmhaigh tionscadal RAPRA de FP6. Iris EFSA 2011;9(6):2186. [lch. 108] doi:10.2903/j.efsa.2011.2186.

<sup>(32)</sup> EPPD (2013) Bainistiú riosca lotnaide le haghaidh *Phytophthora kernoviae* agus *Phytophthora ramorum*.

a thoirmeasc mar gheall ar an riosca do-ghlactha a bhaineann leis maidir le lotnaidí coraintín de chuid an Aontais *Phytophthora ramorum* (aonraigh nach aonraigh de chuid an Aontais iad) Werres, De Cock & Man in 't Veld. Ba cheart na plandaí sin a liostú, dá bhrí sin, in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir leis na tríú tíortha sin, agus ba cheart athruithe iarmhartacha a dhéanamh ar Iarscríbhinní VII agus XI a ghabhann leis an Rialachán sin, gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótocal maidir le hÉirinn/ Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótocal sin.

- (24) Ar bhonn eolas eolaíochta agus teicniúil, agus tar éis measúnú riosca lotnaide a rinne an tÚdarás agus an taifead bainistithe riosca lotnaide a d'fhoilsigh EPPO, is iomchuí ceanglais speisialta a chur san áireamh maidir le plandaí áirithe, táirgí planda agus réada eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a aistriú laistigh di, mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh lotnaid choraintín de chuid an Aontais *Phytophthora ramorum* (aonraigh nach aonraigh de chuid an Aontais iad) Werres, De Cock & Man in 't Veld, á hóstáil acu. Dá dheasca sin, ba cheart na plandaí agus na táirgí planda ábhartha a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (25) Le Cinneadh 2002/757/CE <sup>(33)</sup> ón gCoimisiún bunaítear bearta éigeandála chun tabhairt isteach *Phytophthora ramorum* Werres, De Cock & Man in 't Veld san Aontas agus a scaipeadh laistigh de a chosc.
- (26) Ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh 2002/757/CE ón gCoimisiún a aisghairm, mar aistrefar a chuid forálacha chuig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (27) Ceanglaítear, i measc rudaí eile, in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 go gcláraítear na limistéir ina dtáirgtear na plandaí atá le cur chomh maith leis an ngá le cigireacht. Is léir ón taithí go gcuireann an cleachtas sin le cosaint fhíteashláintíochta chríoch an Aontais. Ar an gcúis sin, ba cheart ceanglas den sórt sin a leagan amach le haghaidh thabhairt isteach san Aontas gach planda atá le cur ó gach tríú tír.
- (28) Ar bhonn eolas eolaíochta agus teicniúil a cuireadh ar fáil san anailís riosca lotnaide faoi seach a rinne OIPE, is gá ceanglais speisialta a leagan amach le haghaidh thabhairt isteach plandaí áirithe, táirgí planda agus réada eile i gcríoch an Aontais mar gheall an dóchúlacht go mbeidh na lotnaidí *Apriona germari* (Hope), *Apriona rugicollis* Chevrolat, *Apriona cinerea* Chevrolat, *Ceratothripoides claratris* (Shumsher), *Euwallacea fornicatus sensu lato*, *Massicus raddei* (Blessig), *Meloidogyne enterolobii* Yang & Eisenback, *Prodiplosis longifila* Gagné, agus *Trirachys sartus* Solsky á n-óstáil acu. Dá dheasca sin, ba cheart na plandaí agus na táirgí planda ábhartha, chomh maith leis na ceanglais faoi seach, a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (29) I bhfianaise scaipeadh *Agrilus planipennis* (Fairmaire) i roinnt tríú tíortha, agus a scaipeadh san Úcráin agus sa Rúis i dtreo chríoch an Aontais agus na Bealarúise, agus i bhfianaise na faisnéise teicniúla atá ar fáil don lotnaid sin, ba cheart ceanglais speisialta a leagan síos maidir le plandaí óstaigh, adhmaid agus coirt ó na tíortha sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais. Ba cheart na ceanglais sin a bheith comhchosúil leo siúd a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1292 ón gCoimisiún <sup>(34)</sup> lena mbunaítear bearta chun teacht isteach *Agrilus planipennis* Fairmaire san Aontas ón Úcráin a chosc. Leis na ceanglais speisialta sin, ba cheart oiriúnuithe a bheith i gceist chun eolas teicniúil agus eolaíochta a tháinig chun cinn ó glacadh leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a chur san áireamh. Ba cheart pointí 36, 87, 88 agus 89 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir sin, agus ba cheart an Úcráin agus an Bhealarúis a chur leis na tíortha tionscnaimh. Ina theannta sin, ar bhonn an chárta suirbhé lotnaide le haghaidh *Agrilus planipennis* (Fairmaire) a d'fhoilsigh an tÚdarás <sup>(35)</sup>, ba cheart planda óstaigh nua, is é sin, *Chionanthus virginicus* L., a chur le pointí 36, 87, 88 agus 89.
- (30) Ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1292 ón gCoimisiún a aisghairm, mar déanfar foráil maidir lena chuid forálacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

<sup>(33)</sup> Cinneadh 2002/757/CE ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2002 maidir le bearta fíteashláintíochta éigeandála sealadacha chun tabhairt isteach *Phytophthora ramorum* Werres, De Cock & Man in 't Veld sp. nov. sa Chomhphobal agus a scaipeadh laistigh de a chosc (IO L 252, 20.9.2002, lch. 37).

<sup>(34)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1292 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le bearta chun teacht isteach agus scaipeadh *Agrilus planipennis* Fairmaire san Aontas ón Úcráin a chosc agus lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 (IO L 302, 16.9.2020, lch. 20).

<sup>(35)</sup> Cárta suirbhé lotnaide ar *Agrilus planipennis*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2020:EN-1945. lch. 43 doi:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1945.

- (31) Chun láithreach, bunú agus scaipeadh *Agrilus planipennis* (Fairmaire) laistigh de chríoch an Aontais a chosc, níor cheart gluaiseacht plandaí áirithe, chomh maith le speicis áirithe agus cineálacha adhmaid agus coirte áirithe, a cheadú lasmuigh de limistéir chríoch an Aontais, limistéir atá lonnaithe laistigh d'fhad sonraithe ó limistéir ráige i gcríoch an Aontais nó ó limistéir ráige i dtríú tíortha comharsanachta. Ar an gcúis sin, ba cheart ceanglais speisialta a chur le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Ina theannta sin, ba cheart ceanglais speisialta maidir le gluaiseacht cineálacha eile adhmaid atá de thionscnamh limistéir den sórt sin a chur le hIarscríbhinn VIII. Thairis sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a leasú le pas planda a éileamh chun tráchtearraí an adhmaid sin atá de thionscnamh na limistéir sin a aistriú laistigh de chríoch an Aontais.
- (32) Ar bhonn eolas eolaíochta agus teicniúil, agus tar éis anailís riosca lotnaide a rinne EPPO <sup>(36)</sup> <sup>(37)</sup>, an mheasúnaithe riosca lotnaide a rinne an Spáinn, na gcártaí suirbhé lotnaide a d'fhoilsigh an tÚdarás <sup>(38)</sup> <sup>(39)</sup> agus na sonraí idircheaptha, is gá ceanglais speisialta a leagan amach chun plandaí áirithe a thabhairt isteach san Aontas, mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh *Bactrocera dorsalis* (Hendel), *Bactrocera latifrons* (Hendel), agus *Bactrocera zonata* (Saunders) á n-óstáil acu. Dá dheasca sin, ba cheart na plandaí ábhartha, chomh maith leis na ceanglais faoi seach, a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (33) Ar bhonn fógraí ráigeanna ó Bhallstáit agus an mheasúnaithe riosca lotnaide a rinne an tÚdarás <sup>(40)</sup>, is gá ceanglais speisialta maidir le plandaí áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, chun í a chosaint ó *Eotetranychus lewisi* (McGregor), a leagan amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (34) Ar bhonn mheasúnú riosca lotnaide *Pantoea stewartii* subsp. *stewartii* a rinne an tÚdarás <sup>(41)</sup>, is gá na ceanglais speisialta sin a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú.
- (35) Ba cheart na ceanglais maidir le hallmhairiú a leagtar síos i gCinneadh 98/109/CE <sup>(42)</sup> ón gCoimisiún maidir le bláthanna gearrtha de *Orchidaceae* de thionscnamh na Téalainne, a chur san áireamh in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Is gá é sin a dhéanamh chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú trí gach ceanglas maidir le hallmhairiú plandaí a liostú faoin ngníomh cur chun feidhme céanna. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an Cinneadh sin a aisghairm.
- (36) Ba cheart cóid áirithe CN, nó a dtuairiscí, a úsáidtear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún, a chur leis nó a leasú, chun dul in oiriúint don leasú is déanaí a rinneadh ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún <sup>(43)</sup>.

<sup>(36)</sup> EPPO (2009, athbhreithnithe 2017) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Bactrocera invadens*.

<sup>(37)</sup> EPPO (2017) Anailís riosca lotnaide le haghaidh *Bactrocera latifrons*; <https://gd.eppo.int/taxon/DACULA>.

<sup>(38)</sup> 2019, tuarascáil maidir le measúnú riosca lotnaide.

<sup>(39)</sup> Cárta suirbhé lotnaide ar *Bactrocera zonata*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2021:EN-1999. lch. 28 doi:10.2903/sp.efsa.2021.EN-1999. Cárta suirbhé lotnaide ar *Bactrocera dorsalis*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2019:EN-1714. lch. 24 doi:10.2903/sp.efsa.2019.EN-1714;

<sup>(40)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Eotetranychus lewisi*. Iris EFSA 2014;12(7):3776, lch. 35 doi:10.2903/j.efsa.2014.3776;

Tuairim Eolaíochta ar an measúnú riosca lotnaide ar *Eotetranychus lewisi* le haghaidh chríoch an Aontais. Iris EFSA 2017; 15(10):4878, lch. 122 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4878>.

<sup>(41)</sup> Tuairim Eolaíochta ar an measúnú riosca ar theacht isteach *Pantoea stewartii* subsp. *stewartii* ar shíolta arbhair a allmhairíonn an tAontas ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Iris EFSA 2019;17(10):5851, lch. 49 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5851>.

<sup>(42)</sup> Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Feabhra 1998 ag ceadú Ballstát chun bearta éigeandála a dhéanamh go sealadach in aghaidh scaipeadh *Thrips palmi* Karny a mhéid a bhaineann leis an Téalainn (98/109/CE) (IO L 27, 3.2.1998, lch. 47).

<sup>(43)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 361, 30.10.2020, lch. 1).

- (37) Ar bhonn eolas eolaíochta agus teicniúil, bunaithe ar an aicmiú riosca lotnaide a dhéanann an tÚdarás <sup>(44)</sup>, ba cheart ceanglais speisialta a chur san áireamh chun plandaí áirithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, agus a aistriú laistigh di, i gcás inarb infheidhme, mar gheall ar an dóchúlacht go mbeidh *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance), *Popillia japonica* Newman agus *Toxoptera citricida* (Kirkaldy) á n-óstáil acu, mar tá na lotnaidí sin liostaithe i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus is eol dúinn go bhfuil siad i gcríoch an Aontais. Thairis sin, is lotnaid pholafagach í *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance), a bhfuil láithreach aici i gcríoch an Aontais i bplandaí óstaigh áirithe amháin, agus dá bhrí sin, is iomchuí na ceanglais speisialta faoi seach a theorannú don liosta sin de phlandaí óstaigh amháin.
- (38) Ba cheart an ceanglas speisialta maidir le hábhar pacáistíochta adhmaid i ndáil le *Geosmithia morbida* Kolarík, Freeland, Uteley & Tisserat agus a veicteoir *Pityophthorus juglandis* Blackman, a aistriú laistigh den Aontas, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, a leasú le soiléiriú nach mbaineann sé ach le hábhar pacáistíochta adhmaid de *Juglans L.* agus *Pterocarya* Kunth amháin. Ba cheart an oibleagáid maidir le pas planda a eisiúint a bhaint, mar chruthaíonn sé ualach do-ghlactha le haghaidh gach oibrítheoir gairmiúil, i bhfianaise leithdháileadh teoranta na lotnaide i gcríoch an Aontais faoi láthair.
- (39) Mar gheall ar athruithe i dtacsanomaíocht Pinales, ba cheart tagairtí do phlandaí nó adhmaid de chónaiféir (Pinopsida) a chur in ionad gach tagairt do phlandaí agus adhmaid de Pinales.
- (40) Ba cheart a shoiléiriú, maidir le pailin atá beartaithe le haghaidh pailnithe, nár cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach maidir le pailin a bhfuil sé beartaithe í a chur, mar tugann an cineál pailine sin riosca fíteashláintíochta isteach a n-éilítear bearta bainistithe riosca ina leith.
- (41) Ba cheart Iarscríbhinní I, II, IV go dtí VIII agus X go dtí XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir sin.
- (42) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 11 Aibreán 2022. Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta maidir le plandaí atá le cur i ndáil leis an lotnaid fiteaplasma *flavescence dorée* na Fíniúna ón 1 Bealtaine 2022. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla agus d'oibrítheoirí gairmiúla chun iad féin a chur in oiriúint do na ceanglais nua agus cuirtear an tréimhse de shuirbhéanna bliantúla don lotnaid sin san áireamh sa tréimhse sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta maidir le plandaí atá le cur i ndáil leis na lotnaidí *Meloidogyne enterolobii* agus *Euwallacea fornicatus sensu lato* a thugtar isteach leis an Rialachán seo ón 11 Eanáir 2023. Tá gá leis na tréimhsí sin chun deis a thabhairt do na húdaráis inniúla agus d'oibrítheoirí gairmiúla le dul in oiriúint do na ceanglais nua.
- (43) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2(2), cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

“(d) ciallaíonn ‘pailin’ pailin, de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (k) de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhfuil sé beartaithe í a chur.”;

- (2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV go dtí VIII agus X go dtí XIV i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### Airteagal 2

#### Aisghairmeacha

Aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292.

<sup>(44)</sup> Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Aleurocanthus* spp. *Iris EFSA* 2018; 16(10):5436, lch. 31 doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5436; Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Popillia japonica*. *Iris EFSA* 2018; 16(11):5438, lch. 30 doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5438; Tuairim Eolaíochta ar aicmiú lotnaide *Toxoptera citricida*. *Iris EFSA* 2018; 16(1):5103, lch. 22 doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5103.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige an 11 Aibreán 2022. Mar sin féin, beidh feidhm ag pointe 7(e) den Iarscríbhinn ón 1 Bealtaine 2022 agus pointí (6)(b)(i) agus (6)(l)(i) den Iarscríbhinn ón 11 Eanáir 2023..

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---



## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV go dtí VIII agus X go dtí XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn I, i gCuid B, leasaítear an chéad cholún den tábla mar seo a leanas:
- (a) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an t-aonú ró déag:  
'IARSCRÍBHINN XIII, pointe 5  
Síol gránach';
- (b) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an dara ró déag:  
'IARSCRÍBHINN XIII, pointe 6  
Síol glasraí';
- (c) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an tríú ró déag:  
'IARSCRÍBHINN XIII, pointe 9  
Síolta plandaí ola agus snáithín';
- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

## 'IARSCRÍBHINN II

**Liosta de lotnaidí coraintín an Aontais agus na cóid faoi seach arna sannadh ag EPPO ina leith**

## CLÁR ÁBHAR

**Cuid A: Lotnaidí nach eol a bheith i gcríoch an Aontais**

1. Baictéir
2. Fungais agus úimicéití
3. Feithidí agus fíneoga
4. Néimeatóidí
5. Plandaí seadánacha
6. Víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí

**Cuid B: Lotnaidí arb eol dúinn iad a bheith i gcríoch an Aontais**

1. Baictéir
2. Fungais agus úimicéití
3. Feithidí agus fíneoga
4. Moilisc
5. Néimeatóidí
6. Víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí

## CUID A

**LOTNAIDÍ NACH EOL A BHEITH I GCRÍOCH AN AONTAIS**

Liosta de lotnaidí coraintín agus na cóid faoi seach arna sannadh ag EPPO ina leith

**1. Baictéir**

1.	<i>Candidatus Liberibacter africanus</i> [LIBEAF]
2.	<i>Candidatus Liberibacter americanus</i> [LIBEAM]
3.	<i>Candidatus Liberibacter asiaticus</i> [LIBEAS]
4.	<i>Curtobacterium flaccumfaciens</i> pv. <i>flaccumfaciens</i> (Hedges) Collins agus Jones [CORBFL]
5.	<i>Pantoea stewartii</i> subsp. <i>stewartii</i> (Smith) Mergaert, Verdonck & Kersters [ERWIST]
6.	<i>Ralstonia pseudosolanacearum</i> Safni et al. [RALSPS]

7.	<i>Ralstonia syzygii</i> subsp. <i>celebesensis</i> Safni et al. [RALSSC]
8.	<i>Ralstonia syzygii</i> subsp. <i>indonesiensis</i> Safni et al. [RALSSI]
9.	<i>Xanthomonas oryzae</i> pv. <i>oryzae</i> (Ishiyama) Swings et al. [XANTOR]
10.	<i>Xanthomonas oryzae</i> pv. <i>oryzicola</i> (Fang et al.) Swings et al. [XANTTO]
11.	<i>Xanthomonas citri</i> pv. <i>aurantifolii</i> (Schaad et al.) Constantin et al. [XANTAU]
12.	<i>Xanthomonas citri</i> pv. <i>citri</i> (Hasse) Constantin et al. [XANTCI]

## 2. Fungais agus úimicéití

1.	<i>Anisogramma anomala</i> (Peck) E. Müller [CRSPAN]
2.	<i>Apiosporina morbosa</i> (Schwein.) Arx [DIBOMO]
3.	<i>Atropellis</i> spp. [1ATRPG]
4.	<i>Botryosphaeria kuwatsukai</i> (Hara) G.Y. Sun agus E. Tanaka [PHYOPI]
5.	<i>Bretziella fagacearum</i> (Bretz) Z.W de Beer, T.A. Duong & M.J. Wingfield, comb. nov. [CERAFA]
6.	<i>Chrysomyxa arctostaphyli</i> Dietel [CHMYAR]
7.	<i>Cronartium</i> spp. [1CRONG], seachas <i>Cronartium gentianeum</i> (Thümen) [CRONGE], <i>Cronartium pini</i> (Willdenow) Jørstad [ENDCPI] agus <i>Cronartium ribicola</i> Fischer [CRONRI]
8.	<i>Davidsoniella virescens</i> (R.W. Davidson) Z.W. de Beer, T.A. Duong & M.J. Wingfield [CERAVI]
9.	<i>Elsinoë australis</i> Bitanc. & Jenkins [ELSIAU]
10.	<i>Elsinoë citricola</i> X.L. Fan, R.W. Barreto & Crous [ELSICI]
11.	<i>Elsinoë fawcettii</i> Bitanc. & Jenkins [ELSIFA]
12.	<i>Fusarium oxysporum</i> f. sp. <i>albedinis</i> (Kill. & Maire) W.L. Gordon [FUSAAL]
13.	<i>Guignardia loricata</i> (Sawada) W. Yamam& Kaz. Itô [GUIGLA]
14.	<i>Gymnosporangium</i> spp. [1GYMNG], seachas: <i>Gymnosporangium amelanchieris</i> E. Fisch. ex F. Kern [GYMNAM], <i>Gymnosporangium atlanticum</i> Guyot & Malençon [GYMNAT], <i>Gymnosporangium clavariiforme</i> (Wulfen) DC [GYMNCF], <i>Gymnosporangium confusum</i> Plovr. [GYMNCO], <i>Gymnosporangium cornutum</i> Arthur ex F. Kern [GYMNCR], <i>Gymnosporangium fusisporum</i> E. Fisch. [GYMNFS], <i>Gymnosporangium gaeumannii</i> H. Zogg [GYMNGA], <i>Gymnosporangium gracile</i> Pat. [GYMNGR], <i>Gymnosporangium minus</i> Crowell [GYMNMI], <i>Gymnosporangium orientale</i> P. Syd. & Syd. [GYMNOR], <i>Gymnosporangium sabiniae</i> (Dicks.) G. Winter [GYMNFU], <i>Gymnosporangium torminali-juniperini</i> E. Fisch. [GYMNT], <i>Gymnosporangium tremelloides</i> R. Hartig [GYMNTR]
15.	<i>Coniferiporia sulphurascens</i> (Pilát) L.W. Zhou & Y.C. Dai [PHELUSU]
16.	<i>Coniferiporia weirii</i> (Murrill) L.W. Zhou & Y.C. Dai [INONWE]
17.	<i>Melampsora farlowii</i> (Arthur) Davis [MELMFA]
18.	<i>Melampsora medusae</i> f. sp. <i>tremuloidis</i> Shain [MELMMT]
19.	<i>Mycodiella loricis-leptolepidis</i> (Kaz. Itô, K. Satô & M. Ota) Crous [MYCOLL]
20.	<i>Neocosmospora ambrosia</i> (Gadd & Loos) L. Lombard & Crous [FUSAAM]

21.	<i>Neocosmospora euwallaceae</i> (S. Freeman, Z. Mendel, T. Aoki & O'Donnell) Sandoval-Denis, L. Lombard & Crous [FUSAEW]
22.	<i>Phyllosticta citricarpa</i> (McAlpine) Van der Aa [GUIGCI]
23.	<i>Phyllosticta solitaria</i> Ellis & Everhart [PHYSSL]
24.	<i>Phymatotrichopsis omnivora</i> (Duggar) Hennebert [PHMPOM]
25.	<i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad) Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA]
26.	<i>Pseudocercospora angolensis</i> (T. Carvalho & O. Mendes) Crous & U. Braun [CERCAN]
27.	<i>Pseudocercospora pini-densiflorae</i> (Hori & Nambu) Deighton [CERSPD]
28.	<i>Puccinia pittieriana</i> Hennings [PUCCPT]
29.	<i>Septoria malagutii</i> E.T. Cline [SEPTLM]
30.	<i>Sphaerulina musiva</i> (Peck) Quaedvlieg, Verkley & Crous. [MYCOPP]
31.	<i>Stagonosporopsis andigena</i> (Turkensteen) Aveskamp, Gruyter & Verkley [PHOMAN]
32.	<i>Stegophora ulmea</i> (Fr.) Syd. & P. Syd [GNOMUL]
33.	<i>Thecaphora solani</i> Thirumulachar & O'Brien) Mordue [THPHSO]
34.	<i>Tilletia indica</i> Mitra [NEOVIN]
35.	<i>Venturia nashicola</i> S. Tanaka & S. Yamamoto [VENTNA]

### 3. Feithidí agus fíneoga

1.	<p><i>Salix</i> spp.</p> <p>1.1. <i>Acleris gloverana</i> (Walsingham) [ACLRGL]</p> <p>1.2. <i>Acleris issikii</i> Oku [ACLRIS]</p> <p>1.3. <i>Acleris minuta</i> (Robinson) [ACLRMI]</p> <p>1.4. <i>Acleris nishidai</i> Brown [ACLRNI]</p> <p>1.5. <i>Acleris nivisellana</i> (Walsingham) [ACLRNV]</p> <p>1.6. <i>Acleris robinsoniana</i> (Forbes) [ACLRRO]</p> <p>1.7. <i>Acleris semipurpurana</i> (Kearfott) [CROISE]</p> <p>1.8. <i>Acleris senescens</i> (Zeller) [ACLRSE]</p> <p>1.9. <i>Acleris variana</i> (Fernald) [ACLRVA]</p>
2.	<i>Acrobasis pyrivorella</i> (Matsumura) [NUMOPI]
3.	<i>Agrilus anxius</i> Gory [AGRLAX]
4.	<i>Agrilus planipennis</i> Fairmaire [AGRLPL]
5.	<i>Aleurocanthus citriperdus</i> Quaintance & Baker [ALECCT]
6.	<i>Aleurocanthus woglumi</i> Ashby [ALECWO]
7.	<p>Coimpléasc gobacháin an phráta Aindéach:</p> <p>7.1. <i>Phyrdenus muriceus</i> Germar [PHRDMU]</p> <p>7.2. <i>Premnotrypes</i> spp. [1PREMG]</p> <p>7.3. <i>Rhigopsidius tucumanus</i> Heller [RHGPTU]</p>
8.	<i>Anthonomus bisignifer</i> Schenckling [ANTHBI]
9.	<i>Anthonomus eugenii</i> Cano [ANTHEU]
10.	<i>Anthonomus grandis</i> (Boh.) [ANTHGR]
11.	<i>Anthonomus quadrigibbus</i> Say [TACYQU]
12.	<i>Anthonomus signatus</i> Say [ANTHSI]
13.	<i>Apriona cinerea</i> Chevrolat [APRICI]

14.	<i>Apriona germari</i> (Hope) [APRIGE]
15.	<i>Apriona rugicollis</i> Chevrolat [APRIJA]
16.	<i>Arrhenodes minutus</i> Drury [ARRHMI]
17.	<i>Aschistonyx eppoi</i> Inouye [ASCXEP]
18.	<i>Bactericera cockerelli</i> (Šulc.) [PARZCO]
19.	<i>Bemisia tabaci</i> Genn. (pobail neamh-Eorpacha) ar eol dúinn gur veicteoir víreas iad [BEMITA]
20.	<i>Carposina sasakii</i> Matsumara [CARSSA]
21.	<i>Ceratothripoides claratris</i> (Shumsher) [CRTZCL]
22.	<p><i>Choristoneura</i> spp.:</p> <p>22.1. <i>Choristoneura carnana</i> Barnes &amp; Busck [CHONCA]  22.2. <i>Choristoneura conflictana</i> Walker [ARCHCO]  22.3. <i>Choristoneura fumiferana</i> Clemens [CHONFU]  22.4. <i>Choristoneura lambertiana</i> Busck [TORTLA]  22.5. <i>Choristoneura occidentalis biennis</i> Freeman  22.6. <i>Choristoneura occidentalis occidentalis</i> Freeman [CHONOC]  22.7. <i>Choristoneura orae</i> Freeman [CHONOR]  22.8. <i>Choristoneura parallela</i> Robinson [CHONPA]  22.9. <i>Choristoneura pinus</i> Freeman [CHONPI]  22.10. <i>Choristoneura retiniana</i> Walsingham [CHONRE]  22.11. <i>Choristoneura rosaceana</i> Harris [CHONRO]</p>
23.	<p><i>Cicadomorpha</i>, ar eol dúinn gur veicteoirí de <i>Xylella fastidiosa</i> (Wells <i>et al.</i>) iad [XYLEFA]:</p> <p>23.1. <i>Acrogonia citrina</i> Marucci [ACRGC1]  23.2. <i>Acrogonia virescens</i> (Metcalf) [ACRQVI]  23.3. <i>Aphrophora angulata</i> Ball [APHRAN]  23.4. <i>Aphrophora permutata</i> Uhler [APHRPE]  23.5. <i>Bothrogonia ferruginea</i> (Fabricius) [TETTFE]  23.6. <i>Bucephalagonia xanthopis</i> (Berg)  23.7. <i>Clasteroptera achatina</i> Germar  23.8. <i>Clasteroptera brunnea</i> Ball  23.9. <i>Cuerna costalis</i> (Fabricius) [CUERCO]  23.10. <i>Cuerna occidentalis</i> Osman agus Beamer [CUEROC]  23.11. <i>Cyphonia clavigera</i> (Fabricius)  23.12. <i>Dechaona missionum</i> Berg  23.13. <i>Dilobopterus costalimai</i> Young [DLBPCO]  23.14. <i>Draeculacephala minerva</i> Ball [DRAEMI]  23.15. <i>Draeculacephala</i> sp. [1DRAEG]  23.16. <i>Ferrariana trivittata</i> Signoret  23.17. <i>Fingeriana dubia</i> Cavichioli  23.18. <i>Friscanus friscanus</i> (Ball)  23.19. <i>Graphocephala atropunctata</i> (Signoret) [GRCPAT]  23.20. <i>Graphocephala confluens</i> Uhler  23.21. <i>Graphocephala versuta</i> (Say) [GRCPVE]  23.22. <i>Helochara delta</i> Oman  23.23. <i>Homalodisca ignorata</i> Melichar  23.24. <i>Homalodisca insolita</i> Walker [HOMLIN]  23.25. <i>Homalodisca vitripennis</i> (Germar) [HOMLTR]  23.26. <i>Lepyronia quadrangularis</i> (Say) [LEPOQU]  23.27. <i>Macugonalia cavifrons</i> (Stal)  23.28. <i>Macugonalia leucomelas</i> (Walker)  23.29. <i>Molomea consolidata</i> Schroder  23.30. <i>Neokolla hyeroglyphica</i> (Say)  23.31. <i>Neokolla severini</i> DeLong  23.32. <i>Oncometopia facialis</i> Signoret [ONCMFA]  23.33. <i>Oncometopia nigricans</i> Walker [ONCMNI]  23.34. <i>Oncometopia orbona</i> (Fabricius) [ONCMUN]  23.35. <i>Oragua discoidula</i> Osborn  23.36. <i>Pagaronia confusa</i> Oman</p>

	23.37. <i>Pagaronia furcata</i> Oman 23.38. <i>Pagaronia tredecimpunctata</i> Ball 23.39. <i>Pagaronia triumata</i> Ball 23.40. <i>Parathona gratiosa</i> (Blanchard) 23.41. <i>Plesiommata corniculata</i> Young 23.42. <i>Plesiommata mollicella</i> Fowler 23.43. <i>Poophilus costalis</i> (Walker) [POOPCO] 23.44. <i>Sibovia sagata</i> (Signoret) 23.45. <i>Sonesimia grossa</i> (Signoret) 23.46. <i>Tapajosa rubromarginata</i> (Signoret) 23.47. <i>Xyphon flaviceps</i> (Riley) [CARNFL] 23.48. <i>Xyphon fulgida</i> (Nottingham) [CARNFU] 23.49. <i>Xyphon triguttata</i> (Nottingham) [CARNTR]
24.	<i>Conotrachelus nenuphar</i> (Herbst) [CONHNE]
25.	<i>Dendrolimus sibiricus</i> Chetverikov [DENDSI]
26.	<i>Diabrotica barberi</i> Smith agus Lawrence [DIABLO]
27.	<i>Diabrotica undecimpunctata howardi</i> Barber [DIABUH]
28.	<i>Diabrotica undecimpunctata undecimpunctata</i> Mannerheim [DIABUN]
29.	<i>Diabrotica virgifera zae</i> Krysan & Smith [DIABVZ]
30.	<i>Diaphorina citri</i> Kuwayana [DIAACI]
31.	<i>Eotetranychus lewisi</i> (McGregor) [EOTELE]
32.	<i>Euwallacea fornicatus sensu lato</i> [XYLBFO]
33.	<i>Exomala orientalis</i> (Waterhouse) [ANMLOR]
34.	<i>Grapholita inopinata</i> (Heinrich) [CYDIIN]
35.	<i>Grapholita packardi</i> Zeller [LASPPA]
36.	<i>Grapholita prunivora</i> (Walsh) [LASPPR]
37.	<i>Helicoverpa zea</i> (Boddie) [HELIZE]
38.	<i>Hishimonus phycitis</i> (Distant) [HISHPH]
39.	<i>Keiferia lycopersicella</i> (Walsingham) [GNORLY]
40.	<i>Liriomyza sativae</i> Blanchard [LIRISA]
41.	<i>Listronotus bonariensis</i> (Kuschel) [HYROBO]
42.	<i>Lopholeucaspis japonica</i> Cockerell [LOPLJA]
43.	<i>Lycorma delicatula</i> (White) [LYCMDE]
44.	Margarodidae: 44.1. <i>Dimargarodes meridionalis</i> Morrison 44.2. <i>Eumargarodes laingi</i> Allsopp <i>et al.</i> [EUMGLA] 44.3. <i>Eurhizococcus brasiliensis</i> Jakubski [EURHBR] 44.4. <i>Eurhizococcus colombianus</i> Jakubski 44.5. <i>Margarodes capensis</i> Giard [MARGCA] 44.6. <i>Margarodes greeni</i> Brain [MARGGR] 44.7. <i>Margarodes prieskaensis</i> (Jakubski) [MARGPR] 44.8. <i>Margarodes trimeni</i> Brain [MARGTR] 44.9. <i>Margarodes vitis</i> Reed [MARGVI] 44.10. <i>Margarodes vredendalensis</i> de Klerk [MARGVR] 44.11. <i>Porphyrophora tritici</i> Sarkisov <i>et al.</i> [PORPTR]
45.	<i>Massicus raddei</i> (Blessig) [MALLRA]
46.	<i>Monochamus</i> spp. (pobail neamh-Eorpacha) [1MONCG]
47.	<i>Myndus crudus</i> van Duzee [MYNDCR]

48.	<i>Naupactus leucoloma</i> Boheman [GRAGLE]
49.	<i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) [AMAZMA]
50.	<i>Neoleucinodes elegantalis</i> (Guenée) [NEOLEL]
51.	<i>Oemona hirta</i> (Fabricius) [OEMOHI]
52.	<i>Oligonychus perditus</i> Pritchard agus Baker [OLIGPD]
53.	<i>Pissodes cibriani</i> O'Brien [PISOCI]
54.	<i>Pissodes fasciatus</i> Leconte [PISOFA]
55.	<i>Pissodes nemorensis</i> Germar [PISONE]
56.	<i>Pissodes nitidus</i> Roelofs [PISONI]
57.	<i>Pissodes punctatus</i> Langor & Zhang [PISOPU]
58.	<i>Pissodes strobi</i> (Peck) [PISOST]
59.	<i>Pissodes terminalis</i> Hopping [PISOTE]
60.	<i>Pissodes yunnanensis</i> Langor & Zhang [PISOYU]
61.	<i>Pissodes zitacuarensis</i> Sleeper [PISOZI]
62.	<i>Polygraphus proximus</i> Blandford [POLGPR]
63.	<i>Prodiplosis longifila</i> Gagné [PRDILO]
64.	<i>Pseudopityophthorus minutissimus</i> (Zimmermann) [PSDPMI]
65.	<i>Pseudopityophthorus pruinus</i> (Eichhoff) [PSDPPR]
66.	<i>Rhynchophorus palmarum</i> (L.) [RHYCPA]
67.	<i>Ripersiella hibisci</i> Kawai agus Takagi [RHIOHI]
68.	<i>Saperda candida</i> Fabricius [SAPECN]
69.	<i>Scirtothrips aurantii</i> Faure [SCITAU]
70.	<i>Scirtothrips citri</i> (Moulton) [SCITCI]
71.	<i>Scirtothrips dorsalis</i> Hood [SCITDO]
72.	<i>Scolytinae</i> spp. (neamh-Eorpach) [1SCOLF]
73.	<i>Spodoptera eridania</i> (Cramer) [PRODER]
74.	<i>Spodoptera frugiperda</i> (Smith) [LAPHFR]
75.	<i>Spodoptera litura</i> (Fabricius) [PRODLI]
76.	<i>Tecia solanivora</i> (Povolný) [TECASO]
77.	Tephritidae: 77.1. <i>Acidiella kagoshimensis</i> (Miyake) 77.2. <i>Acidoxantha bombacis</i> de Meijere 77.3. <i>Acroceratitis distincta</i> (Zia) 77.4. <i>Adrama</i> spp. [1ADRAG] 77.5. <i>Anastrepha</i> spp. [1ANSTG] 77.6. <i>Anastrepha ludens</i> (Loew) [ANSTLU] 77.7. <i>Asimoneura pantomelas</i> (Bezzi) 77.8. <i>Austrotephritis protrusa</i> (Hardy & Drew) 77.9. <i>Bactrocera</i> spp. [1BCTRG] seachas <i>Bactrocera oleae</i> (Gmelin) [DACUOL] 77.10. <i>Bactrocera dorsalis</i> (Hendel) [DACUDO] 77.11. <i>Bactrocera latifrons</i> (Hendel) [DACULA] 77.12. <i>Bactrocera zonata</i> (Saunders) [DACUZO] 77.13. <i>Bistrispinaria fortis</i> (Speiser) 77.14. <i>Bistrispinaria magniceps</i> Bezzi

- 
- 77.15. *Callistomyia flavilabris* Hering  
 77.16. *Campiglossa albiceps* (Loew)  
 77.17. *Campiglossa californica* (Novak)  
 77.18. *Campiglossa duplex* (Becker)  
 77.19. *Campiglossa reticulata* (Becker)  
 77.20. *Campiglossa snowi* (Hering)  
 77.21. *Carpomya incompleta* (Becker) [CARYIN]  
 77.22. *Carpomya pardalina* (Bigot) [CARYPA]  
 77.23. *Ceratitis* spp. [1CERTG], seachas *Ceratitis capitata* (Wiedemann) [CERTCA]  
 77.24. *Craspedoxantha marginalis* (Wiedemann) [CRSXMA]  
 77.25. *Dacus* spp. [1DACUG]  
 77.26. *Dioxyna chilensis* (Macquart)  
 77.27. *Dirioxa pornia* (Walker) [TRYEMU]  
 77.28. *Euleia separata* (Becker)  
 77.29. *Euphranta camelliae* Hardy  
 77.30. *Euphranta canadensis* (Loew) [EPOCCA]  
 77.31. *Euphranta cassia* Hancock agus Drew  
 77.32. *Euphranta japonica* (Ito) [RHACJA]  
 77.33. *Euphranta oshimensis* Sun et al.  
 77.34. *Eurosta solidaginis* (Fitch)  
 77.35. *Eutreta* spp. [1EUTTG]  
 77.36. *Gastrozona nigrifemur* David & Hancock  
 77.37. *Goedenia stenoparia* (Steyskal)  
 77.38. *Gymnocarena* spp.  
 77.39. *Insizwa oblita* Munro  
 77.40. *Marriottella exquisita* Munro  
 77.41. *Monacrostichus citricola* Bezzi [MNAHCI]  
 77.42. *Neaspilota alba* (Loew)  
 77.43. *Neaspilota reticulata* Norrbom  
 77.44. *Paracantha trinotata* (Foote)  
 77.45. *Parastenopa limata* (Coquillett)  
 77.46. *Paratephritis fukaii* Shiraki  
 77.47. *Paratephritis takeuchii* Ito  
 77.48. *Paraterellia varipennis* Coquillett  
 77.49. *Philophylla fossata* (Fabricius)  
 77.50. *Procecidochores* spp. [1PROIG]  
 77.51. *Ptilona confinis* (Walker)  
 77.52. *Ptilona persimilis* Hendel  
 77.53. *Rhagoletis* spp. [1RHAGG], seachas *Rhagoletis alternata* (Fallén) [RHAGAL], *Rhagoletis batava* Hering [RHAGBA], *Rhagoletis berberidis* Klug, *Rhagoletis cerasi* L. [RHAGCE], *Rhagoletis cingulata* (Loew) [RHAGCI], *Rhagoletis completa* Cresson [RHAGCO], *Rhagoletis meigenii* (Loew) [CERTME], *Rhagoletis suavis* (Loew) [RHAGSU], *Rhagoletis zernyi* Hendel  
 77.54. *Rhagoletis pomonella* (Walsh) [RHAGPO]  
 77.55. *Rioxoptilona dunlopi* (van der Wulp)  
 77.56. *Sphaeniscus binoculatus* (Bezzi)  
 77.57. *Sphenella nigricornis* Bezzi  
 77.58. *Strauzia* [1STRAG] spp., seachas *Strauzia longipennis* (Wiedemann)[STRALO]  
 77.59. *Taomyia marshalli* Bezzi  
 77.60. *Tephritis leavittensis* Blanc  
 77.61. *Tephritis luteipes* Merz  
 77.62. *Tephritis ovatipennis* Foote  
 77.63. *Tephritis pura* (Loew)  
 77.64. *Toxotrypana curvicauda* Gerstaecker [TOXTCU]  
 77.65. *Toxotrypana recurcauda* Tigrero  
 77.66. *Trupanea bisetosa* (Coquillett)  
 77.67. *Trupanea femoralis* (Thomson)  
 77.68. *Trupanea wheeleri* Curran  
 77.69. *Trypanocentra nigrithorax* Malloch  
 77.70. *Trypeta flaveola* Coquillett  
 77.71. *Urophora christophi* Loew  
 77.72. *Xanthaciura insect* (Loew)
-

	77.73. <i>Zacerata asparagi</i> Coquillett 77.74. <i>Zeugodacus</i> spp. [1ZEUDG] 77.75. <i>Zonosemata electa</i> (Say) [ZONOEL]
78.	<i>Thaumatotibia leucotreta</i> (Meyrick) [ARGPLE]
79.	<i>Thrips palmi</i> Karny [THRIPL]
80.	<i>Trirachys sartus</i> Solsky [AELSSA]
81.	<i>Unaspis citri</i> (Comstock) [UNASCI]

#### 4. Néimeatóidí

1.	<i>Hirschmanniella</i> spp. Luc & Goodey [HIRSG], seachas: <i>Hirschmanniella behningi</i> (Micoletzky) Luc & Goodey [HIRSBE], <i>Hirschmanniella gracilis</i> (de Man) Luc & Goodey [HIRSGR], <i>Hirschmanniella halophila</i> Sturhan & Hall [HIRSHA], <i>Hirschmanniella loofi</i> Sher [HIRSLO] agus <i>Hirschmanniella zostericola</i> (Allgén) Luc & Goodey [HIRSZO]
2.	<i>Longidorus diadecturus</i> Eveleigh agus Allen [LONGDI]
3.	<i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang & Eisenback [MELGMY]
4.	<i>Nacobbus aberrans</i> (Thorne) Thorne agus Allen [NACOBBA]
5.	<i>Xiphinema americanum</i> Cobb <i>sensu stricto</i> [XIPHAA]
6.	<i>Xiphinema bricolense</i> Ebsary, Vrain & Graham [XIPHBC]
7.	<i>Xiphinema californicum</i> Lamberti & Bleve-Zacheo [XIPHCA]
8.	<i>Xiphinema inaequale</i> Khan et Ahmad [XIPHNA]
9.	<i>Xiphinema intermedium</i> Lamberti & Bleve-Zacheo [XIPHIM]
10.	<i>Xiphinema rivesi</i> (pobail neamh-AE) Dalmasso [XIPHRI]
11.	<i>Xiphinema tarjanense</i> Lamberti & Bleve-Zacheo [XIPHTA]

#### 5. Plandaí seadánacha

1.	<i>Arceuthobium</i> spp. [1AREG], seachas : <i>Arceuthobium azoricum</i> Wiens & Hawksworth [AREAZ], <i>Arceuthobium gambyi</i> Fridl [AREGA] agus <i>Arceuthobium oxycedri</i> DC. M. Bieb. [AREOX]
----	---

#### 6. Víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí

1.	Víreas barrchuachta an Bhiatais [BCTV00]
2.	Víris Begamo, seachas: Víreas mósáice Abutilon [ABMV00], víreas craptha duilleog an Chrainn Phapá [PALCRV], víreas cuachta duilleog an Phráta mhilis [SPLCV0], víreas cuachta duilleog Dheilí Nua an Tráta [TOLCND], Víreas craptha duilleog buí an Tráta [TYLCV0], Víreas craptha duilleog buí na Sairdine an Tráta [TYLCSV], Víreas craptha duilleog buí Malaga an Tráta [TYLCMA], Víreas craptha duilleog buí Axarquía an Tráta [TYLCAX]
3.	Víreas folaigh sútha craobh dubha [TSVBLO]
4.	<i>Candidatus Phytoplasma</i> tréithchineál tagartha-aurantifolia [PHYPAF]
5.	Víreas neacróise ghas an <i>Chrysanthemum</i> [CSNV00]
6.	Víris Citrus leprosis [CILV00]: 6.1. CiLV-C [CILVC0] 6.2. CiLV-C2 [CILVC2] 6.3. HGSV-2 [HGSV20] 6.4. Tréithchineál citris de OVF [OFV00] (tréithchineál citris)



	6.5. CiLV-N <i>sensu novo</i> 6.6. Víreas baill chlóróisigh citris
7.	Víreas <i>tristeza</i> citris (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad) [CTV000]
8.	Víoróideach cadang-cadang na Pailme Cnó Cócó [CCCVD0]
9.	Víreas breac éadrom na Pise Bó [CPMMV0]
10.	Víreas buíochana ionfhabhtaíoch na leitíse [LIYV00]
11.	Víreas bainteach le buíochan an mhealbhacáin [MYAV00]
12.	Fíteaplasmaí buíochana marfaí na pailme [PHYP56]: 12.1. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>cocostanzania</i> – subgroup 16SrIV-C 12.2. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>palmae</i> – foghrúpaí 16SrIV-A, 16SrIV-B, 16SrIV-D, 16SrIV-E, 16SrIV-F 12.3. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>palmicola</i> – 16SrXXII-A 12.4. Tréithchineál bainteach le <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>palmicola</i> 16SrXXII-B 12.5. <i>Candidatus</i> Phytoplasma nua atá ina chúis le buíochan marfach ó ghrúpa 16SrIV – ‘Siondróm Bogia na Pailme Cnó Cócó’
13.	Víreas abhcach an chrainn Satsúma [SDV000]
14.	Víreas buíochana ghas na scuaise [SQVYVX]
15.	Víreas feosaíochta clóroisí an Phráta Mhilis [SPCSV0]
16.	Víreas breac éadrom an Phráta Mhilis [SPMMV0]
17.	Víreas fáinnebhail an Phlanda Tobac [TRSV00]
18.	Víreas neacróise cócá an Tráta [TOCHV0]
19.	Víreas marchitez an Tráta [TOANV0]
20.	Víreas breac éadrom an Tráta [TOMMOV]
21.	Víreas fáinnebhail an Tráta [TORSV0]
22.	Víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí <i>Cydonia</i> Mill., <i>Fragaria</i> L., <i>Malus</i> Mill., <i>Prunus</i> L., <i>Pyrus</i> L., <i>Ribes</i> L., <i>Rubus</i> L. agus <i>Vitis</i> L.: 22.1. Víreas línephatrúin Meiriceánach an chrainn plumaí [APLPV0] 22.2. Víoróideach roctha torthaí an chrainn úll [AFCVD0] 22.3. Víreas neacróiseach mósaice an chrainn úll 22.4. Fíteaplasma buíochana na fíniúna Ghleann Buckland [PHYP77] 22.5. Víreas breac duilleog an Fhraocháin Ghoirm [BLMOV0] 22.6. <i>Candidatus</i> Phytoplasma tréithchineálacha a bhaineann le <i>aurantifolia</i> (Meath an Chrainn Piorraí sa Téaváin II, Fíteaplasma scuaise caillí <i>Crotalaria</i> , Fíteaplasma duilleog beag an Phráta Mhilis [PHYP39]) 22.7. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>australiense</i> Davis <i>et al.</i> [PHYPAU] (tréithchineál tagartha) 22.8. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>fraxini</i> (tréithchineál tagartha) Griffiths <i>et al.</i> [PHYPPFR] 22.9. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>hispanicum</i> (tréithchineál tagartha) Davis <i>et al.</i> [PHYPO7] 22.10. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>phoenicium</i> [PHYPPH] 22.11. <i>Candidatus</i> Phytoplasma a bhaineann le pruni (Buíonna Fíniúna Mheiriceá Thuaidh, NAGYIII) Davis <i>et al.</i> 22.12. <i>Candidatus</i> Phytoplasma a bhaineann le pyri (Víreas rollta duilleog buí an chrainn péitseog) Norton <i>et al.</i> 22.13. <i>Candidatus</i> Phytoplasma <i>ziziphi</i> (tréithchineál tagartha) <i>et al.</i> [PHYPPZI] 22.14. Víreas raspduilleog an chrainn sílíní (CRLV) [CRLV00] 22.15. Víreas róiséadach an chrainn sílíní 22.16. Víreas neacróiseach ruabhreac an chrainn sílíní [CRMAV0] 22.17. Víreas bainteach le casadh duilleog an chrainn sílíní [CTLAV0] 22.18. Víreas neacróiseach istigh chaora na fíniúna [GINV00] 22.19. Víreas smáil dheirg na fíniúna [GRBAV0] 22.20. Víreas díbeartha féitheacha na fíniúna [GVCV00]

	<p>22.21. Víreas mósáice an chrainn péitseoirge [PCMV00]  22.22. Víreas mósáiceach róiséadach an chrainn péitseoirge [PRMV00]  22.23. Víreas folaigh an tsú craobh [RPLV00]  22.24. Víreas cuachta duilleog an tsú craobh [RLCV00]  22.25. Víreas bainteach le flioscaí clóróiseacha na sú talún  22.26. Víreas cuachta duilleog na sú talún  22.27. Víreas suaite neacrósigh na sú talún [SNSV00]  22.28. Víreas bainteach le meath measartha torthaí</p>
23.	<p>Víris, víoróidigh agus fiteaplasmaí <i>Solanum tuberosum</i> L. agus <i>Solanum</i> spp. eile a chruthaíonn tiúbair:</p> <p>23.1. Víreas folaigh an phráta Aindéach [APLV00]  23.2. Víreas mósáice éadrom an phráta Aindéach [APMMV0]  23.3. Víreas breac an phráta Aindéach [APMOV0]  23.4. <i>Candidatus</i> Phytoplasma americanum  23.5. <i>Candidatus</i> Phytoplasma aurantifolia-related strains (GD32; St_JO_10, 14, 17; PPT-SA; Rus-343F; PPT-GTO29, -GTO30, -SINTV; Suirbhé Huayao 2 an phráta; Péacáin gruaige an phráta)  23.6. <i>Candidatus</i> Phytoplasma tréithchineálacha a bhaineann le fragariae (YN-169, YN-10G)  23.7. <i>Candidatus</i> Phytoplasma, tréithchineálacha a bhaineann le pruni (Imeall buí na Seimre, Barr corcra an phráta Akpot7, MT117, Akpot6; PPT-COHP, -GTOP)  23.8. Víreas cuachta duilleog an tsillí [CHILCU]  23.9. Víreas fáinnebhall dubh prátaí [PBRV00]  23.10. Víreas B an phráta [PVB000]  23.11. Víreas H an phráta [PVB000]  23.12. Víreas P an phráta [PVP000]  23.13. Víreas T an phráta [PVT000]  23.14. Víreas abhcach buí an phráta [PYDV00]  23.15. Víreas mósáice buí an phráta [PYMV00]  23.16. Víreas féitheacha buí an phráta [PYVV00]  23.17. Víreas buíocháin an phráta [PYV000]  23.18. Víreas mósáice Havana an tráta [THV000]  23.19. Víreas breac Taino an tráta [TOMOTV]  23.20. Víreas rocach trom an tráta [TOSRV0]  23.21. Víreas féitheacha buíriabhacha an Tráta [TOYVSV]  23.22. Aonraigh nach aonraigh de chuid an Aontais iad de víris S agus X an phráta agus víreas rollta duilleog an phráta [PVS000], [PVX000] agus [PLRV00]</p>

CUID B

### LOTNAIDÍ ARB EOL GO MBÍONN SIAD I GCRÍOCH AN AONTAIS

Liosta de lotnaidí coraintín agus na cóid faoi seach arna sannadh ag EPPO ina leith

#### 1. Baictéir

1.	<i>Clavibacter sepedonicus</i> (Spieckermann agus Kottho) Nouioui <i>et al.</i> [CORBSE]
2.	<i>Ralstonia solanacearum</i> (Smith) Yabuuchi <i>et al.</i> Emend. Safni <i>et al.</i> [RALSSL]
3.	<i>Xylella fastidiosa</i> (Wells <i>et al.</i> ) [XYLEFA]

#### 2. Fungais agus úimícéití

1.	<i>Ceratocystis platani</i> (J. M. Walter) Engelbr. & T. C. Harr [CERAFP]
2.	<i>Fusarium circinatum</i> Nirenberg & O'Donnell [GIBBCI]
3.	<i>Geosmithia morbida</i> Kolarík, Freeland, Utley & Tisserat [GEOHMO]
4.	<i>Synchytrium endobioticum</i> (Schilb.) Percival [SYNCEN]

<b>3. Feithidí agus fíneoga</b>	
1.	<i>Aleurocanthus spiniferus</i> (Quaintance) [ALECSN]
2.	<i>Anoplophora chinensis</i> (Thomson) [ANOLCN]
3.	<i>Anoplophora glabripennis</i> (Motschulsky) [ANOLGL]
4.	<i>Aromia bungii</i> (Faldermann) [AROMBU]
5.	<i>Pityophthorus juglandis</i> Blackman [PITOUJ]
6.	<i>Popillia japonica</i> Newman [POPIJA]
7.	<i>Toxoptera citricida</i> (Kirkaldy) [TOXOCI]
8.	<i>Trioza erytrae</i> Del Guercio [TRIZER]
<b>4. Moilisc</b>	
1.	<i>Pomacea</i> (Perry) [IPOMAG]
<b>5. Néimeatóidí</b>	
1.	<i>Bursaphelenchus xylophilus</i> (Steiner agus Bühner) Nickle <i>et al.</i> [BURSXY]
2.	<i>Globodera pallida</i> (Stone) Behrens [HETDPA]
3.	<i>Globodera rostochiensis</i> (Wollenweber) Behrens [HETDRO]
4.	<i>Meloidogyne chitwoodi</i> Golden <i>et al.</i> [MELGCH]
5.	<i>Meloidogyne fallax</i> Karssen [MELGFA]
<b>6. Víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí</b>	
1.	Fíteaplasma <i>flavescence dorée</i> na fíniúna [PHYP64]
2.	Víreas cuachta duilleog Dheilí Nua an tráta [TOLCND]

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) sa chláir, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘Cuid M: Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le hábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia* Lindl., seachas síolta’;

(b) leasaítear Cuid D mar a leanas:

(i) cuirtear an ró seo a leanas isteach idir an chéad agus an dara ró den tábla ‘Baictéir’:

<i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto [PSDMAK]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Actinidia</i> Lindl.	0 %;
---	---	------

(ii) cuirtear an ró seo a leanas isteach idir an ceathrú agus an cúigiú ró den tábla ‘Fungais agus uimicéití’:

<i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA])	Plandaí atá le cur, seachas pailin agus síolta <i>Camellia</i> L., <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Fraxinus excelsior</i> L., <i>Larix decidua</i> Mill., <i>Larix kaempferi</i> (Lamb.) Carrière, <i>Larix × eurolepis</i> A. Henry, <i>Pseudotsuga menziesii</i> (Mirb.) Franco, <i>Quercus cerris</i> L., <i>Quercus ilex</i> L., <i>Quercus rubra</i> L., <i>Rhododendron</i> L. seachas <i>R. simsii</i> L., <i>Viburnum</i> L.	0 %;
--	---	------

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid E:

‘CUID E

**Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le hábhar atáirgthe foraoise, seachas síolta**

<b>Fungais agus uimicéití</b>		
Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí atá le cur (géineas nó speicis)	Tairseach le haghaidh an ábhair atáirgthe foraoise lena mbaineann
<i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr [ENDOPA]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Castanea sativa</i> Mill.	0 %
<i>Dothistroma pini</i> Hulbary [DOTSPI]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Pinus</i> L.	0 %
<i>Dothistroma septosporum</i> (Dorogin) Morelet [SCIRPI]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Pinus</i> L.	0 %
<i>Lecanosticta acicola</i> (von Thümen) Sydow [SCIRAC]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Pinus</i> L.	0 %
<i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld	Plandaí atá le cur, seachas pailín agus síolta <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Fraxinus excelsior</i> L., <i>Larix decidua</i> Mill., <i>Larix kaempferi</i> (Lamb.) Carrière, <i>Larix × eurolepis</i> A. Henry, <i>Pseudotsuga menziesii</i> (Mirb.) Franco, <i>Quercus cerris</i> L., <i>Quercus ilex</i> L., <i>Quercus rubra</i> L.	0 %;

(d) i gCuid F ‘Feithidí agus fineoga’, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara agus an tríú ró:

‘ <i>Bruchus pisorum</i> (Linnaeus) [BRCHPI]	<i>Pisum sativum</i> L.	0 %
<i>Bruchus rufimanus</i> Boheman [BRCHRU]	<i>Vicia faba</i> L.	0 %;

(e) leasaítear Cuid J mar a leanas:

(i) sa tábla ‘Fungais agus uimicéití’, cuirtear isteach an ró a leanas idir an dóú ró is fiche agus an tríú ró is fiche:

‘ <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh de chuid an Aontais) Werres, De Cock & Man in 't Veld [PHYTRA]	Plandaí atá le cur, seachas pailín agus síolta <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Vaccinium</i> L.	0 %;
--	--	------

(ii) sa tábla ‘Vírís, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fiteaplasmaí’ scriostar an t-aonú ró is fiche;

(f) i gCuid L, cuirtear isteach an tábla seo a leanas tar éis an tábla ‘Fungais agus uimicéití’:

<b>‘Vírís, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fiteaplasmaí</b>		
Víoróideach scoilte coirte chrann citris [CBCVDO]	Plandaí atá le cur, seachas pailín agus síolta <i>Humulus lupulus</i> L.	0 %;

(g) cuirtear isteach an chuid seo a leanas:

‘CUID M

**Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le hábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia* Lindl., seachas síolta**

Baictéir		
Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí atá le cur (géineas nó speicis)	Tairseach le haghaidh an ábhair iomadaithe torthaí agus plandaí torthaí lena mbaineann
<i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto [PSDMAK]	<i>Actinidia</i> Lindl.	0 %;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) sa Chlár, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘Cuid K: Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe torthaí agus ar phlandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia* Lindl., seachas síolta’;

(b) Leasaítear Cuid C mar a leanas:

(i) sa tábla ‘Baictéir’ cuirtear an ró seo a leanas isteach idir an chéad agus an dara ró:

<i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu & Goto [PSDMAK]	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Actinidia</i> Lindl.	<p>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó</p> <p>(b) (i) níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> ar phlandaí sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(ii) aimsíodh siomptóim de <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> ar níos lú ná 1 % de phlandaí ar an láithreán táirgthe, agus rinneadh na plandaí sin agus aon phlanda siomptómach i bhfíorch-ógar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus rinneadh sciar ionadaíoch de na plandaí ais-iomptómacha a fágadh ann a shampláil agus a thástáil le haghaidh <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid;</p> <p>agus rinneadh sampláil agus tástáil randamach ar na plandaí le haghaidh <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> sula ndearnadh margaíocht orthu agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid.’;</p>
---	--	---

(ii) sa tábla ‘Fungais agus uimicéití’, cuirtear isteach an ró a leanas idir an dara agus an tríú ró:

<p><i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock &amp; Man in 't Veld</p>	<p><i>Camellia</i> L., <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Fraxinus excelsior</i> L., <i>Larix decidua</i> Mill., <i>Larix kaempferi</i> (Lamb.) Carrière, <i>Larix × eurolepis</i> A. Henry, <i>Pseudotsuga menziesii</i> (Mirb.) Franco, <i>Quercus cerris</i> L., <i>Quercus ilex</i> L., <i>Quercus rubra</i> L., <i>Rhododendron</i> L. seachas <i>R. simsii</i> L., <i>Viburnum</i> L.</p>	<p>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó</p> <p>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar phlandaí óstaigh ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(c) (i) rinneadh aon phlanda a bhfuil siomptóim de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) le brath air ag an láithreán táirgthe agus gach planda laistigh de raon 2 m ón ábhar siomptómach, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá grea-maithe leis; agus</p> <p>(ii) maidir le gach planda óstaigh atá lonnaithe laistigh de raon 10 m ó phlandaí siomptómacha agus maidir le haon phlanda atá fágtha ón mbaisc dá ndearnadh difear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— laistigh de 3 mhí tar éis aimsiú na bplandaí siomptómacha, níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar na plandaí in dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iom-chuí chun an lotnaid a aimsiú, agus le linn na tréimhse 3 mhí sin ní dhearnadh aon chóireáil chun siomptóim <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) a chosc;</li> <li>— tar éis na tréimhse 3 mhí sin;</li> <li>— níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar na plandaí sin ag an láithreán táirgthe nó</li> <li>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí sin atá le haistriú agus fuarthas go raibh sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais); agus</li> </ul> <p>(iii) maidir le gach planda eile ag an ionad táirgthe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar na plandaí sin ag an láithreán táirgthe nó</li> <li>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch de na plandaí sin atá le haistriú agus fuarthas go raibh sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais).’;</li> </ul>
--	---	---

- (iii) sa tábla ‘Feithidí agus fíneoga’, sa tríú ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú colún:
- ‘(a) fásadh na plandaí feadh a saolré iomlán i limistéar a shuigh an comhlacht freagrach oifigiúil go bhfuil sé saor ó *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó
- (b) fásadh na plandaí sna dhá bhliain roimh a n-aistriú chuig láithreán laistigh den Aontas le haonrú fisiceach ar theacht isteach *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier), nó i láithreáin laistigh den Aontas inar cuireadh na cóireálacha coisctheacha i bhfeidhm, maidir leis an lotnaid sin; agus
- (c) bhí na plandaí faoi réir amharc-chigireachtaí a rinneadh uair amháin gach 4 mhí ar a laghad, ag deimhniú go bhfuil an t-ábhar sin saor ó *Rhynchophorus ferrugineus* (Olivier).’;
- (iv) sa tábla ‘Vírís, víróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí’, sa tríú ró, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú colún:
- ‘(a) tagann na plandaí ó mháthairphlandaí a ndearnadh amharc-chigireacht orthu agus fuarthas go raibh siad saor ó shiomptóim de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider; agus
- (b) (i) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó *Phytophthora ramorum* (aonraigh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó
- (ii) fásadh na plandaí ar láithreán táirgthe a fuarthas le hamharc-chigireacht a bheith saor ó aon lotnaid thar an séasúr fáis iomlán is déanaí, agus rinneadh aon phlanda siomptómach i bhfíorchóngar láithreán táirgthe na bplandaí a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach;
- nó
- (c) rinneadh na plandaí ag an láithreán táirgthe agus aon phlanda eile i bhfíorchóngar an láithreáin, a raibh siomptóim de *Candidatus Phytoplasma pyri* Seemüller & Schneider le brath orthu le linn amharc-chigireachtaí ag tráthanna iomchuí le linn na trí shéasúr fáis is déanaí, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach.’;
- (v) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid D:

‘CUID D

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar atáirgthe foraoise, seachas síolta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibritheoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, seiceálacha agus déanfaidh sé aon ghníomh eile le háirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte faoi seach agus plandaí atá le cur, dá bhforáiltear sa tríú colún den tábla seo a leanas.

**Fungais agus úimicéití**

Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí atá le cur	Ceanglais
<i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr	Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Castanea sativa</i> Mill.	(a) tagann an t-ábhar atáirgthe foraoise ó limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó <i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó

		<p>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(c) rinneadh ábhar atáirgthe foraoise a bhfuil siomptóim de <i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr le brath air a bhaint óna fhréamh, rinneadh cigireacht go seachtainiúil ar an ábhar a bhí fágtha agus níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr ag an láithreán táirgthe ar feadh 3 seachtaine ar a laghad sular aistríodh an t-ábhar sin.</p>
<p><i>Dothistroma pini</i> Hulbary, <i>Dothistroma septosporum</i> (Dorogin) Morelet <i>Lecanosticta acicola</i> (von Thümen) Sydow</p>	<p>Plandaí atá le cur, seachas síolta <i>Pinus</i> L.</p>	<p>(a) tagann an t-ábhar atáirgthe foraoise ó limistéir a shocraigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó <i>Dothistroma pini</i> Hulbary, <i>Dothistroma septosporum</i> (Dorogin) Morelet agus <i>Lecanosticta acicola</i> (von Thümen) Sydow i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó</p> <p>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de smol spíonach <i>Dothistroma pini</i> Hulbary, <i>Dothistroma septosporum</i> (Dorogin) Morelet ná <i>Lecanosticta acicola</i> (von Thümen) Sydow ag an láithreán táirgthe ná i bhfíorchóngar an láithreáin thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(c) rinneadh cóireálacha iomchuí sa láithreán táirgthe in aghaidh smol spíonach, a bhfuil <i>Dothistroma pini</i> Hulbary, <i>Dothistroma septosporum</i> (Dorogin) Morelet or <i>Lecanosticta acicola</i> (von Thümen) Sydow, ina gcúis leis, agus rinneadh amharc-chigireacht ar an ábhar atáirgthe foraoise sular aistríodh é agus fuarthas go raibh sé saor ó shiomptóim de smol spíonach.</p>
<p><i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) Werres, De Cock &amp; Man in 't Veld</p>	<p>Plandaí atá le cur, seachas pailin agus síolta <i>Castanea sativa</i> Mill., <i>Fraxinus excelsior</i> L., <i>Larix decidua</i> Mill., <i>Larix kaempferi</i> (Lamb.) Carrière, <i>Larix × eurolepis</i> A. Henry, <i>Pseudotsuga menziesii</i> (Mirb.) Franco, <i>Quercus cerris</i> L., <i>Quercus ilex</i> L., <i>Quercus rubra</i> L.</p>	<p>(a) tagann an t-ábhar atáirgthe foraoise ó limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil siad saor ó <i>Cryphonectria parasitica</i> (Murrill) Barr (aonraigh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta; nó</p> <p>(b) níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar ábhar atáirgthe foraoise ag an láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(c) (i) rinneadh aon ábhar atáirgthe foraoise a bhfuil siomptóim de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) le brath air ag an láithreán táirgthe agus gach ábhar atáirgthe foraoise le hithir atá greamaithe leis laistigh de raon 2 m ón ábhar siomptómach, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh, lena n-áirítear ithir atá greamaithe leis; agus</p>



		<p>(ii) maidir le gach ábhar atáirgthe foraoise atá lonnaithe laistigh de raon 10 m de phlandaí siomptómacha agus maidir le haon ábhar atáirgthe foraoise atá fágtha ón mbaisc dá ndearnadh difear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— laistigh de 3 mhí tar éis aimsiú ábhair atáirgthe foraoise shiomptómach, níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar an ábhar atáirgthe foraoise sin in dhá chigireacht ar a laghad ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid a aimsiú, agus le linn na tréimhse 3 mhí sin ní dhearnadh aon chóireáil chun siomptóim <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) a chosc, agus</li> <li>— tar éis na tréimhse 3 mhí sin: <ul style="list-style-type: none"> <li>— níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar an ábhar atáirgthe foraoise sin ag an láithreán táirgthe, nó</li> <li>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar atáirgthe foraoise atá le haistriú agus fuarthas go raibh sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais); agus</li> </ul> </li> </ul> <p>(iii) maidir le hábhar atáirgthe foraoise eile ag an ionad táirgthe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais) ar an ábhar atáirgthe foraoise sin ag an láithreán táirgthe;</li> <li>— rinneadh tástáil ar shampla ionadaíoch den ábhar atáirgthe foraoise atá le haistriú agus fuarthas go raibh sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraigh de chuid an Aontais).';</li> </ul>
--	--	---

(vi) i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna ar 'Bruchus pisorum (L.)' agus 'Bruchus rufimanus:'

' <i>Bruchus pisorum</i> (Linnaeus)	<i>Pisum sativum</i> L.	<p>(a) cuireadh sampla ionadaíoch de na síolta faoi réir amharc-chigireachta ag an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú, agus d'fhéadfadh sé sin tarlú tar éis cóireáil oiriúnach; agus</p> <p>(b) fuarthas go bhfuil an síol saor ó <i>Bruchus pisorum</i> (Linnaeus).</p>
<i>Bruchus rufimanus</i> Boheman	<i>Vicia faba</i> L.	<p>(a) cuireadh sampla ionadaíoch de na síolta faoi réir amharc-chigireachta ag an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú, agus d'fhéadfadh sé sin tarlú tar éis cóireáil oiriúnach; agus</p> <p>(b) fuarthas go bhfuil an síol saor ó <i>Bruchus rufimanus</i> Boheman.';</p>

(vii) i gCuid F, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad ró den tábla:

' <i>Candidatus Liberibacter solanacearum</i> Liefting et al.	<i>Solanum tuberosum</i> L.	Chuir an t-údarás inniúil na baisceanna faoi réir cigireacht oifigiúil agus deimhníonn sé go gcomhlíonann siad na forálacha faoi seach in Iarscríbhinn IV, murar táirgeadh an bhaisc ó phlandaí a chomhlíonann pointe (b)(i) den tríú cholún den dara ról den chéad tábla i gCuid F d'Iarscríbhinn V.;
---	-----------------------------	--

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad ró sa tábla 'Fungais' i gCuid J:

'Fungais agus úimicéití';

(ix) i gCuid J, cuirtear an tábla seo a leanas isteach tar éis an tábla 'Fungais':

<b>'Vírís, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí</b>		
Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí atá le cur	Ceanglais
Víoróideach scoilte coirte chrann citris [CBCVD0]	<i>Humulus lupulus</i> L.	<p>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó</p> <p>(b) (i) fuarthas le hamharc-chigireacht ar na plandaí ag an tráth is iomchuí chun an lotnaid a aimsiú go bhfuil an t-ionad táirgthe saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris le linn an dá shéasúr fáis iomlána is déanaí agus chun tras-seoladh meicniúil a chosc, cuireadh bearta sláinteachais oiriúnacha i bhfeidhm ag an ionad táirgthe; agus</p> <p>(ii) tagann na plandaí atá le cur ó mháthairphlandaí a fuarthas a bheith saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris;</p> <p>— i gcás máthairphlandaí a coinníodh i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiciúil aige ó fhoinsí ionfhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris, rinneadh amharc-chigireacht ar na máthairphlandaí, agus rinneadh iad a shampláil agus a thástáil gach bliain ag an tráth is oiriúnaí chun víoróideach scoilte coirte chrann citris a aimsiú chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 5 bliana, nó</p> <p>— i gcás máthairphlandaí nár coinníodh i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiciúil aige ó fhoinsí ionfhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris, fuarthas le hamharc-chigireacht ag an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú go bhfuil na plandaí saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris thar na cúig shéasúr fáis iomlána is déanaí, agus</p>

		<ul style="list-style-type: none"> <li>— rinneadh sampla ionadaíoch de na máth-airphlandaí a thástáil ag an tráth is oiriúnaí chun an lotnaid a aimsiú le linn an 12 mhí dheireanacha agus fuarthas iad a bheith saor ó víoróideach scoilte coirte chrann citris, agus</li> <li>— rinneadh na máthairphlandaí a aonrú ó <i>Humulus lupulus</i> L. a fásadh in áiteanna táirgthe comharsanachta atá lonnaithe 20 m ar shiúl, ar a laghad; agus</li> </ul> <p>(iii) i gcás táirgthe plandaí fréamhaithe atá le cur agus atá le bogadh, an láithreán táirgthe a úsáideadh le haghaidh fréamhaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— rinneadh é a aonrú ó de bharr táirgthe de <i>Humulus lupulus</i> L. atá lonnaithe 20 m ar shiúl, ar a laghad, nó</li> <li>— rinneadh é a chosaint go fisiciúil ó fhoinsí ion-fhabhtaithe víoróidigh scoilte coirte chrann citris.;</li> </ul>
--	--	---

(x) cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:

‘CUID K

**Bearta chun nach mbeidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte ar ábhar iomadaithe torthaí agus ar phlandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Actinidia* Lindl., seachas síolta**

Déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibritheoir gairmiúil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil, seiceálacha agus déanfaidh sé aon ghníomh eile le háirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann leis na lotnaidí neamhchoraintín rialáilte faoi seach agus plandaí atá le cur, dá bhforáiltear sa tríú colún den tábla seo a leanas.

Baictéir		
Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóim a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí atá le cur	Bearta
<p><i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> Takikawa, Serizawa, Ichikawa, Tsuyumu &amp; Goto [PSDMAK]</p>	<p><i>Actinidia</i> Lindl.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>(a) táirgeadh na plandaí i limistéir a shuigh an t-údarás inniúil go bhfuil sé saor ó <i>Phytophthora ramorum</i> (aonraígh de chuid an Aontais) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta; nó</li> <li>(b) tagann an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí ó mháithreacha plandaí a rinneadh amharc-chigireacht orthu dhá uair in aghaidh na bliana, agus a fuarthas a bheith saor ó <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i>; agus</li> <li>(c) (i) i gcás máthairphlanda a coinníodh i saoráidí a áiríthíonn cosaint fhisiciúil ó ionfhabhtú <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i>, rinneadh sciar ionadaíoch de na máthairphlandaí a shampláil agus a thástáil gach 4 bliana chun <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> a aimsiú, chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 8 mbliana; nó</li> </ul>

		<p>(ii) i gcás máthairphlandaí nár coinníodh i saoráidí a luaitear thuas, rinneadh sciar ionadaíoch de na máthairphlandaí a shampláil agus a thástáil gach bliain chun <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> a aimsiú, chun gach máthairphlanda a thástáil laistigh d'eatramh 3 bliana; agus</p> <p>(d) (i) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí a coinníodh sna saoráidí a luaitear thuas, níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> ar an ábhar iomadaithe ná ar na plandaí torthaí sin sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí; nó</p> <p>(ii) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí nár coinníodh sna saoráidí a luaitear thuas, níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> ar an ábhar iomadaithe ná ar na plandaí torthaí sin sa láithreán táirgthe thar an séasúr fáis iomlán is déanaí agus bhí an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí sin faoi réir sampláil agus tástáil randamach i leith <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> roimh a margú agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid lena mbaineann; nó</p> <p>(iii) i gcás an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí nár coinníodh sna saoráidí a luaitear thuas, níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> ar níos mó ná 1 % d'ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí sa láithreán táirgthe, agus rinneadh an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí, agus aon ábhar iomadaithe siomptómach agus aon phlanda torthaí siomptómach i bhfíorchóngar an láithreach, a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach, agus rinneadh sampla ionadaíoch den ábhar iomadaithe agus de na plandaí torthaí atá fós ann a shampláil agus a thástáil i leith <i>Pseudomonas syringae</i> pv. <i>actinidiae</i> agus fuarthas iad a bheith saor ón lotnaid lena mbaineann.';</p>
--	--	---

(5) leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 3 agus 4:

3.1	Coirt aonraithe de <i>Acer macrophyllum</i> Pursh, <i>Aesculus californica</i> (Spach) Nutt., <i>Lithocarpus densiflorus</i> (Hook. & Arn.) Rehd., <i>Quercus</i> L. agus <i>Taxus brevifolia</i> Nutt.	ex 1404 90 00 ex 4401 40 90	Ceanada, an Ríocht Aontaithe <sup>(1)</sup> , na Stáit Aontaithe, Vítneam
-----	---	--------------------------------	---

(<sup>1</sup>) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hlarscríbhinn 2 den Phrótacal sin, chun críocha na hlarscríbhinne seo, ní áirithítear Tuaisceart Éireann i dtagairtí don Ríocht Aontaithe.;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 5:

'5.	Coirt aonraithe ó <i>Quercus</i> L., seachas <i>Quercus suber</i> L.	ex 1404 90 00 ex 4401 40 90	Meicsiceo'
-----	--	--------------------------------	------------

(c) i bpointe 18, sa cholún 'Cód CN', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcód CN:

'ex 0602 10 90  
ex 0602 90 30  
ex 0602 90 45  
ex 0602 90 46  
ex 0602 90 48  
ex 0602 90 50  
ex 0602 90 70  
ex 0602 90 91  
ex 0602 90 99';

(6) Leasaítear larscríbhinn VII mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 2 agus 3:

'2.1	Plandaí atá le cur, seachas bleibeanna, cormáin, riosóim, síolta, tiúbair agus plandaí i saothrán fíocháin	0602 10 90 0602 20 20 0602 20 80 0602 30 00 0602 40 00 0602 90 20 0602 90 30 0602 90 41 0602 90 45 0602 90 46 0602 90 47 0602 90 48 0602 90 50 0602 90 70 0602 90 91 0602 90 99 ex 0704 10 00 ex 0704 90 10 ex 0704 90 90 ex 0705 11 00 ex 0705 19 00 ex 0709 40 00 ex 0709 99 10 ex 0910 99 31 ex 0910 99 33	Tríú tíortha, seachas an Eilvéis	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí: (a) fásadh iad i bplandlanna, atá clár-aithe agus a ndéanann eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh maoirseacht orthu, agus (b) go ndearnadh cigireacht orthu ag tráthanna iomchuí agus roimh a n-onnmhairiú.'
------	--	---	----------------------------------	--

(b) déantar na leasuithe seo a leanas tar éis phointe 4:

(i) cuirtear isteach an pointe 4.1 seo a leanas:

4.1	Plandaí atá le cur a bhfuil fréamhacha acu, seachas plandaí i saothrán fíocháin	ex 0601 20 30 ex 0601 20 90 ex 0602 30 00 ex 0602 40 00 ex 0602 90 20 ex 0602 90 30 ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99	Tríú tíortha	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sí saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, iad. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(c) fásadh iad feadh a saolré i ndamhna fáis a raibh an méid seo a leanas fíor ina thaobh tráth inar cuireadh na plandaí:</p> <p>(i) bhí sé saor ó ithir agus ábhar orgánach agus níor úsáideadh é roimhe sin chun plandaí a fhás ná chun críocha talmhaíochta eile,</p> <p>nó</p> <p>(ii) bhí sé déanta go hiomlán de mhóin nó snáithín de <i>Cocos nucifera</i> L. agus níor úsáideadh é roimhe sin chun plandaí a fhás ná chun críocha talmhaíochta eile,</p> <p>nó</p> <p>(iii) bhí sé faoi réir toitriú éifeachtach nó cóireáil teasa le háirithiú go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus sonraítear é sin ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(iv) bhí sé faoi réir cur chuige córas éifeachtach le háirithiú go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus sonraítear é sin ar an deimhniú fíteashláintíochta;</p> <p>agus</p>
-----	---	---	--------------	---

				<p>i ngach ceann de na cásanna a luaitear i bpointí (i) go (iv) stóráladh agus coinníodh é faoi choinníollacha iomchuí chun é a choinneáil saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus rinneadh bearta iomchuí le háirithiú gur coinníodh na plandaí saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback ón uair a cuireadh iad, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— aonrú fisiceach an damhna fáis ón ithir agus ó fhoinsí éillithe féid-eartha eile, agus</li> <li>— bearta sláinteachais, nó</li> </ul> <p>(d) (i) is de thionscnamh ionad táirgthe a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, iad,</p> <p>agus</p> <p>(ii) díreach roimh onnmhairiú na bhfréamhacha rinneadh cigireacht ar shampla ionadaíoch den choinsneacht agus fuarthas é a bheith saor ó shiomptóim de <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback.;</p>
--	--	--	--	---

(ii) cuirtear isteach an pointe 4.2 seo a leanas:

4.2	Plandaí atá le cur le meán fáis a bheartaítear chun beocht na bplandaí a chothú, seachas plandaí i saothrán fíocháin agus plandaí uisce	ex 0602 20 80 ex 0602 30 00 ex 0602 40 00 ex 0602 90 20 ex 0602 90 30 ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99	Ceanada, an Eilvéis, an India, an Rúis, an tSeapáin, an tSín, agus na Stáit Aontaithe	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh limistéar a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Popillia japonica</i> Newman i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, iad. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) fásadh iad in ionad táirgthe a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Popillia japonica</i> Newman i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta:</p>
-----	---	---	---	--

				<p>(i) a bhí faoi réir cigireacht bhliantúil oifigiúil agus cigireacht mhíosúil, ar a laghad, le linn na 3 mhí roimh an onnmhairiú, chun aon chomhartha de <i>Popillia japonica</i> Newman a aimsiú, agus rinneadh iad sin ag tráthanna iomchuí chun an lotnaid lena mbaineann a aimsiú, le hamharc-chigireacht ar gach planda, ar a laghad, lena n-áirítear fiailí, agus sampláil ar an meán fáis ina bhfuil na plandaí ag fás,</p> <p>agus</p> <p>(ii) a bhfuil crios maolánach de 100 m ar a laghad timpeall air, ar deimhníodh nach bhfuil <i>Popillia japonica</i> Newman ann trí shuirbhéanna oifigiúla a rinneadh go bliantúil ag tráthanna iomchuí,</p> <p>agus</p> <p>(iii) díreach roimh onnmhairiú na bplandaí agus an ábhair fáis bhí siad faoi réir cigireacht oifigiúil, lena n-áirítear sampláil ar an damhna fáis, agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Popillia japonica</i> Newman,</p> <p>agus</p> <p>(iv) maidir leis na plandaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— láimhseáiltear agus pacáiltear nó déantar iad a iompar ar bhealaí chun inmhiólú <i>Popillia japonica</i> Newman tar éis dóibh imeacht ón ionad táirgthe a chosc nó</li> <li>— bogtar iad lasmuigh de shéasúr eitle <i>Popillia japonica</i> Newman,</li> </ul> <p>nó</p> <p>(c) fásadh iad feadh a saolré i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiciúil iomlán aige ar theacht isteach <i>Popillia japonica</i> Newman agus maidir leis na plandaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) láimhseáiltear agus pacáiltear nó déantar iad a iompar ar bhealaí chun inmhiólú <i>Popillia japonica</i> Newman tar éis imeacht dóibh ón láithreán táirgthe a chosc,</li> </ul> <p>nó</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(ii) bogtar iad lasmuigh de shéasúr eitle <i>Popillia japonica</i> Newman nó</li> </ul>
--	--	--	--	---



				(d) táirgeadh iad de réir cur chuige córas arna fhorfhéas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 107 de Rialachán (AE) 2016/2031 le háirithiú go bhfuil siad saor ó <i>Popillia japonica</i> Newman.;
--	--	--	--	---

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

8.	Plandaí atá le cur ó speiceas luibheach, seachas bleibeanna, cormáin, plandaí den fhine <i>Poaceae</i> , riosóim, síolta, tiúbair agus plandaí i saothrán fíocháin	ex 0602 10 90 0602 90 20 ex 0602 90 30 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99 ex 0704 10 00 ex 0704 90 10 ex 0704 90 90 ex 0705 11 00 ex 0705 19 00 ex 0705 21 00 ex 0705 29 00 ex 0706 90 10 ex 0709 40 00 ex 0709 99 10 ex 0910 99 31 ex 0910 99 33	Tríú tíortha arb eol go bhfuil <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) iontu	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:  (a) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fiteashláintíochta,  nó  (b) is de thionscnamh ionad táirgthe iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta, agus luaitear sin ar an deimhniú fiteashláintíochta faoin rúibric 'Deimhniú breise', agus dearbhaíodh iad a bheith saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) ar chigireachtaí oifigiúla a rinneadh go míosúil ar a laghad le linn na 3 mhí roimh a n-onnmhairiú,  nó  (c) díreach roimh an onnmhairiú, bhí siad faoi réir cóireáil iomchuí in aghaidh <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) agus rinneadh cigireacht oifigiúil orthu agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch).  Luafar sonraí na cóireála dá dtagraítear i bpointe (c) ar an deimhniú fiteashláintíochta.'
----	--	--	---	--

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 20:

20.	Tiúbair ó <i>Solanum tuberosum</i> L., le haghaidh plandaithe	0701 10 00	Tríú tíortha	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na tiúbair:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Meloidogyne chitwoodi</i> Golden <i>et al.</i>, <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus <i>Meloidogyne fallax</i> Karssen i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta.</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne chitwoodi</i> Golden <i>et al.</i>, <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus <i>Meloidogyne fallax</i> Karssen i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(c) is de thionscnamh ionad táirgthe iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Meloidogyne chitwoodi</i> Golden <i>et al.</i>, <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback agus <i>Meloidogyne fallax</i> Karssen, bunaithe ar shuirbhé bliantúil ar bharrá óstaigh le hamharc-chigireacht ar phlandaí óstaigh ag tráthanna iomchuí agus le hamharc-chigireacht go seachtrach agus ag gearradh na dtiúbar tar éis an fhómhair ó bharrá práta a fhástar ag an ionad táirgthe,</p> <p>nó</p> <p>(d) rinneadh sampláil randamach ar na tiúbair díreach tar éis an fhómhair agus, rinneadh iad a sheiceáil le haghaidh siomptóim tar éis modha iomchuí chun siomptóim a spreagadh, nó rinneadh tástáil orthu i saotharlann, chomh maith le hamharc-chigireacht go seachtrach agus ag gearradh na dtiúbar, ag tráthanna iomchuí agus i ngach cás tráth dhúnadh na bpacáistí nó gcoimeádán agus níor aimsíodh aon siomptóm de <i>Meloidogyne chitwoodi</i> Golden <i>et al.</i>, <i>Meloidogyne enterolobii</i> Yang &amp; Eisenback ná <i>Meloidogyne fallax</i>.’;</p>
-----	---	------------	--------------	--

(e) cuirtear isteach na pointí seo a leanas idir pointí 21 agus 22:

21.1	<p>Plandaí atá le cur ó <i>Cucurbitaceae</i> Juss. agus <i>Solanaceae</i> Juss., seachas bleibeanna, cormáin, riosóim, pailín, síolta, tiúbair agus plandaí i saothrán fíocháin</p>	<p>ex 0602 10 90 ex 0602 90 30 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99</p>	Tríú tíortha	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Ceratothripoides claratris</i> (Shumsher) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Ceratothripoides claratris</i> (Shumsher) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(c) fásadh iad feadh a saolré i láithreán táirgthe a bhfuil cosaint aonraithe fhísiciúil iomlán aige ó theacht isteach <i>Ceratothripoides claratris</i> (Shumsher), agus a bhí faoi réir cigireacht amháin ar a laghad feadh 3 mhí ar a laghad roimh an onnmhairiú chun <i>Ceratothripoides claratris</i> (Shumsher) a aimsiú.</p>
21.2	<p>Plandaí atá le cur ó <i>Allium cepa</i> L., <i>Asparagus</i> L., <i>Cynara scolymus</i> L., <i>Citrullus lanatus</i> (Thnb.) Matusm. &amp; Nakai, <i>Cucurbita</i> L., <i>Cucumis melo</i> L., <i>Cucumis sativum</i> L., <i>Glycine max</i> (L.), Merr., <i>Gossypium</i> L., <i>Medicago sativa</i>, L., <i>Persea americana</i> Mill., <i>Phaseolus</i> L., <i>Ricinus communis</i> L., agus <i>Tagetes</i> L., seachas bleibeanna, cormáin, plandaí i saothrán fíocháin, riosóim, pailín, síolta agus tiúbair.</p>	<p>ex 0602 10 90 ex 0602 20 20 ex 0602 20 80 ex 0602 90 30 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99</p>	An Bholáiv, an Cholóim, Eacuadór, Peiriú, agus na Stáit Aontaithe	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Prodioplosis longifila</i> Gagné i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) fásadh iad le linn an 2 mhí ar a laghad roimh a n-onnmhairiú, nó i gcás plandaí atá níos óige ná 2 mhí, feadh a saolré, fásadh iad i láithreán táirgthe le cosaint fhísiciúil a socraíodh sa tír thionscnaimh a bheith saor ó <i>Prodioplosis longifila</i> Gagné, ar bhonn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh feadh a saolré nó le linn an 2 mhí is déanaí roimh a n-onnmhairiú.;</p>

(f) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 24 agus 25:

24.1	Plandaí atá le cur ó <i>Euphorbia pulcherrima</i> Willd., <i>Fragaria</i> L. agus <i>Rubus</i> L., seachas plandaí i saothrán fíocháin, pailín agus síolta	ex 0602 10 90 ex 0602 20 20 ex 0602 20 80 ex 0602 90 30 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99	Tríú tíortha	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Eotetranychus lewisi</i> (McGregor) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Eotetranychus lewisi</i> (McGregor) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(c) is de thionscnamh ionad táirgthe iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír sin go bhfuil sé saor ó <i>Eotetranychus lewisi</i> (McGregor) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta.;</p>
------	--	--	--------------	---

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 28:

28.	Bláthanna gearrtha de <i>Chrysanthemum</i> L., <i>Dianthus</i> L., <i>Gypsophila</i> L. agus <i>Solidago</i> L., agus glasraí duilleacha ó <i>Apium graveolens</i> L. agus <i>Ocimum</i> L.	0603 12 00, 0603 14 00 ex 0603 19 70 0709 40 00 ex 0709 99 10 ex 0709 99 90 ex 1211 90 86 ex 1404 90 00	Tríú tíortha	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na bláthanna gearrtha agus na glasraí duilleacha:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) rinneadh cigireacht oifigiúil orthu díreach roimh a n-onnmhairiú agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Liriomyza sativae</i> (Blanchard) agus <i>Nemorimyza maculosa</i> (Malloch).;</p>
-----	---	--	--------------	---

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 29:

29.	Bláthanna gearrtha de <i>Orchidaceae</i>	0603 13 00	Tríú tíortha, seachas an Téalainn	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis bláthanna gearrtha:</p> <p>(a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Thrips palmi</i> i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) rinneadh cigireacht oifigiúil orthu díreach roimh a n-onnmhairiú agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Thrips palmi</i> Karny.</p>
29.1	Bláthanna gearrtha de <i>Orchidaceae</i>	0603 13 00	An Téalainn	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na bláthanna gearrtha:</p> <p>(a) táirgeadh iad ag ionad táirgthe a fuarthas ar chigireachtaí oifigiúla a rinneadh go míosúil ar a laghad le linn na 3 mhí roimh a n-onnmhairiú agus fuarthas iad a bheith saor ó <i>Thrips palmi</i> Karny,</p> <p>nó</p> <p>(b) rinneadh cóireáil toirithe iomchuí orthu le háirithe go bhfuil siad saor ó <i>Thrips palmi</i> Karny, agus sonraítear sonraí na cóireála sin ar an deimhniú fíteashláintíochta.;</p>

(i) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 30 agus 31:

30.1	<p>Plandaí atá le cur ó na speicis seo a leanas <i>Diospyros kaki</i> L., <i>Ficus carica</i> L., <i>Hedera helix</i> L., <i>Laurus nobilis</i> L., <i>Magnolia</i> L., <i>Malus</i> Mill., <i>Melia</i> L., <i>Mespilus germanica</i> L., <i>Parthenocissus</i> Planch., <i>Prunus</i> L., <i>Psidium guajava</i> L., <i>Punica granatum</i> L., <i>Pyracantha</i> M. Roem., <i>Pyrus</i> L., <i>Rosa</i> L., seachas síolta, pailín agus plandaí i saothrán fíocháin</p>	<p>ex 0602 10 90 ex 0602 20 20 ex 0602 20 80 ex 0602 40 00 ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99</p>	<p>An Astráil, an Afraic Theas, an Bhanglaidéis, an Bhútáin, Brúiné Dárasalám, an Chambóid, an Chéinia, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Guam, an India, an Indinéis, Laos, an Mhalaeisia, an Mhicrinéis, Montainéagró, an Nigéir, Nua-Ghuine Phapua, na hOileáin Philipíneacha, na hOileáin Mháirianacha Thuaidh, Oileán Mhuiris, an Phacastáin, Palau, Poblacht Ioslamach na hIaráin, Poblacht na Cóiré, La Réunion, an tSeapáin, an tSín, Srí Lanca, na Stáit Aontaithe, an tSuasalainn, an Tansáin, an Téaváin, an Téalainn, Uganda agus Vítneam</p>	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí:</p> <p>(a) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Aleurocanthus spiniferus</i> (Quaintance) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta. Luafar ainm an limistéir ar an deimhniú fíteashláintíochta,</p> <p>nó</p> <p>(b) fásadh iad in ionad táirgthe a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Aleurocanthus spiniferus</i> (Quaintance) i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta:</p>
------	--	--	---	---

				<p>(i) a bhí faoi réir cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag tráthanna iomchuí le linn na bliana deiridh roimh an onnmhairiú,</p> <p>agus</p> <p>(ii) rinneadh na plandaí a láimhseáil agus a phacáil ar bhealaí chun inmhíolú tar éis dóibh imeacht ón ionad táirgthe a chosc, nó</p> <p>(c) bhí siad faoi réir cóireáil éifeachtach a áirithíonn go bhfuil siad saor ó <i>Aleurocanthus spiniferus</i> (Quaintance) agus fuarthas iad a bheith saor uaidh roimh a n-onnmhairiú.;</p>
--	--	--	--	---

(j) i bpointe 31, faoin gcéad cholún 'Plandaí, táirgí plandaí agus réada eile', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sin:

'Plandaí de chónaiféir (Pinopsida), seachas torthaí agus síolta';

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 32:

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1200/2009 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le suirbhéanna ar struchtúr feirmeacha agus an suirbhé ar mhodhanna táirgeachta talmhaíochta, a mhéid a bhaineann le comhéifeachtaí aonaid beostoic agus sainmhínte ar na saintréithe (IO L 329, 15.12.2009, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).



3. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh na tuairiscí ar na hathróa atá le húsáid ag na Ballstáit i dtaca leis na topaicí agus na topaicí mionsonraithe laistigh de gach modúl a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1200/2009.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN I

**Tuairisc ar na hathróa a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1091 atá le húsáid le haghaidh na gcroí-shonraí struchtúracha**

## I. ATHRÓGA GINEARÁLTA

**Faisnéis suirbhé**

<b>CGNR 001</b>	-	<b>Aitheantóir an ghabháilais talmhaíochta</b> Is aitheantóir uimhriúil uathúil é aitheantóir uathúil an ghabháilais talmhaíochta le haghaidh tharchur na sonraí.
-----------------	---	--

**Suíomh an ghabháilais talmhaíochta**

*Tá an gabháilais talmhaíochta suite mar a bhfuil an fheirm i mbun a príomhghníomhaíochta talmhaíochta.*

<b>CGNR 002</b>	-	<b>Suíomh geografach</b> Cód cille ghreille na n-Aonad Staidrimh INSPIRE 1 km le haghaidh úsáid uile-Eorpach <sup>(1)</sup> i gcás ina bhfuil an fheirm dúnta. Ní úsáidfeadh an cód sin ach amháin chun críoch tarchurtha. I gcás scaipeadh sonraí mar aon leis na gnáthshásraí rialaithe nochta le haghaidh sonraí i bhfoirm táblaí, ní úsáidfeadh an ghreille 1 km ach amháin má bhíonn níos mó ná 10 ngabháltas talmhaíochta sa ghreille; ina éagmais sin, úsáidfeadh greillí neadaithe 5 km, 10 km nó níos mó ná sin de réir mar is gá.
<b>CGNR 003</b>	-	<b>Réigiún NUTS 3</b> Cód réigiún NUTS 3 <sup>(2)</sup> (de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> ) ina bhfuil an gabháilais suite.
<b>CGNR 004</b>	-	<b>Tá limistéir sa gabháilais talmhaíochta atá ainmnithe ina limistéir a bhfuil srianta nádúrtha orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013</b> Tá faisnéis faoi limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an reachtaíocht is déanaí.  L – tá an gabháilais talmhaíochta suite i limistéar nach limistéar sléibhtiúil é a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha ag bagairt air M – tá an gabháilais talmhaíochta suite i limistéar sléibhtiúil O – tá an gabháilais talmhaíochta suite i limistéar eile a bhfuil srianta sonracha air N – níl an gabháilais talmhaíochta suite i gcuid de limistéar a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt air

**Pearsantacht dhlítheanach an ghabháilais**

*Braitheann pearsantacht dhlítheanach an ghabháilais talmhaíochta ar stádas an tsealbhora.*

Tá freagracht dhlíthiúil agus eacnamaíoch an ghabháilais talmhaíochta glactha ag:		
<b>CGNR 005</b>	-	<b>Duine nádúrtha arb é an sealbhóir aonair é, i gcás inar gabháilais talmhaíochta neamhspleách é</b> Duine nádúrtha amháin atá ina shealbhoir aonair ar gabháilais talmhaíochta nach bhfuil nasctha le haon gabháilais talmhaíochta de chuid sealbhóirí eile, trí chomhbhainistíocht nó trí shocruithe comhchosúla. <i>Is é gabháilais talmhaíochta sealbhóra aonair a thugtar ar gabháilais talmhaíochta a chomhlíonann an coinníoll seo.</i>

CGNR 006	-	-	<b>Má tá, an é an sealbhóir an bainisteoir freisin?</b>
CGNR 007	-	-	<b>Murab é, an duine de mhuintir an tsealbhóra an bainisteoir?</b>
CGNR 008	-	-	<b>Más ea, an é céile an tsealbhóra an bainisteoir?</b>
CGNR 009	-		<b>Úinéireacht chomhroinnte</b> Daoine nádúrtha, ar sealbhóirí aonair iad ar ghabháltas talmhaíochta nach bhfuil nasctha le haon ghabháltais talmhaíochta de chuid sealbhóirí eile, agus a roinneann úinéireacht agus bainistiú an ghabháltais talmhaíochta.
CGNR 010	-		<b>Beirt daoine nádúrtha nó níos mó ar comhpháirtithe iad, i gcás inar gabháltas talmhaíochta grúpa é an gabháltas</b> Is éard is comhpháirtí/comhpháirtithe ar ghabháltas grúpa ann daoine nádúrtha a bhfuil úinéireacht acu le chéile ar ghabháltas talmhaíochta amháin nó a bhfuil gabháltas talmhaíochta amháin ar cíos acu le chéile nó a bhainistíonn gabháltas talmhaíochta amháin le chéile ar shlí eile, nó a bhainistíonn a ngabháltais aonair le chéile amhail is dá mba ghabháltas amháin iad. Ní mór an comhoibriú sin a bheith i gcomhréir leis an dlí nó trí chomhaontú i scríbhinn.
CGNR 011	-		<b>Duine dlítheanach</b> Eintiteas dlíthiúil seachas duine nádúrtha ach a bhfuil cearta agus dualgais duine aonair aige, amhail an cumas agra a dhéanamh nó an cumas agra a bheith déanta air (rud is inniúlacht dhlíthiúil ghinearálta ann féin).
CGNR 012	-	-	<b>Má tá, an bhfuil an gabháltas talmhaíochta mar chuid de ghrúpa fiontar?</b> Is éard is grúpa fiontar ann comhlachas fiontar atá ceangailte le chéile trí naisc dhlíthiúla agus/nó naisc airgeadais agus atá á rialú ag ceann an ghrúpa. <i>Is éard is fiontar ann an comhcheangal is lú d'aonaid dlí, ar aonad eagraíochtúil é a tháirgeann earraí nó seirbhísí agus a bhaineann tairbhe as leibhéal áirithe uathrialach cinnteoireachta, go háirithe maidir lena acmhainní reatha a leithdháileadh. Déanann fiontar gníomhaíocht amháin, nó níos mó ná sin, in aon suíomh amháin nó i roinnt suíomhanna. Féadfaidh fiontar a bheith ina aonad dlí aonair.</i>
CGNR 013	-		<b>Aonad talún coimín is ea an gabháltas talmhaíochta</b> Chun sonraí a bhailiú agus a thairbhí, is éard atá i ngabháltas talmhaíochta 'aonaid talún coimín' eintiteas arb éard atá ann an limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi chearta coimín ag gabháltais talmhaíochta eile.
CGNR 014	-		<b>Tairbhí de thacaíocht ó AE i gcomhair talamh nó ainmhithe ar an ngabháltas is ea an sealbhóir, agus tá sé ar áireamh sa chóras comhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR) dá bhrí sin</b> Is feirmeoir gníomhach é an sealbhóir de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (?) nó, i gcás inarb infheidhme, de réir bhrí na reachtaíochta is déanaí agus glacadh leis an iarratas ar fhóirdheontas.
CGNR 015	-		<b>Feirmeoir óg nó iontrálaí nua san fheirmeoireacht is ea an sealbhóir a bhfuil tacaíocht airgeadais faighte aige chuige sin faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) sna trí bliana roimhe seo</b> Maidir leis an tacaíocht airgeadais, is féidir tagairt a dhéanamh inti d'íocaíochtaí díreacha faoi Airteagail 50 agus 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó do thacaíocht arna soláthar trí chlár forbartha tuaithe faoi Airteagal 19(1), pointe (a)(i) – cabhair nuathionscanta gnó d'fheirmeoirí óga faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí.

### Bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta

Is é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta an duine nádúrtha atá freagrach as gnáthghníomhaíochtaí laethúla airgeadais agus táirgthe an ghabháltais talmhaíochta.

Is éard atá in obair feirme gach cineál oibre ar an ngabháltas talmhaíochta a rannchuidíonn le ceachtar díobh seo a leanas:

- (i) *na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 2, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1091*
- (ii) *an modh táirgthe a chothabháil;*
- (iii) *na gníomhaíochtaí a dhíorthaítear go díreach ó na gníomhartha táirgiúla sin.*

Is éard atá san am a chaitear ar obair feirme ar an ngabháltas talmhaíochta an t-am oibre a chaitear iarbhír ar obair feirme le haghaidh an ghabháltais talmhaíochta, gan obair i dtithe an tsealbhóra nó an bhainisteora a chur san áireamh.

Is éard atá in aonad oibríthe bliantúil (AWU) an fhostaíocht choibhéiseach lánaimseartha, i.e. iomlán na n-uaireanta oibríthe roinnte ar mheánlíon bliantúil na n-uaireanta i bpoist lánaimseartha sa tír.

Ciallaíonn lánaimseartha na huaireanta íosta a cheanglaítear faoi na rialacha náisiúnta a rialaíonn conarthaí fostaíochta.

Mura luaitear líon na n-uaireanta bliantúla, glacfar 1800 uair an chloig mar an figiúr íosta (225 lá oibre agus ocht n-uair an chloig in aghaidh an lae).

<b>CGNR 016</b>	-	<b>Bliain bhreithe</b> Bliain bhreithe bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta
<b>CGNR 017</b>	-	<b>Gnéas</b> Gnéas bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta:  F – Fireann B – Baineann,
<b>CGNR 018</b>	-	<b>Obair feirme ar an ngabháltas talmhaíochta (seachas obair tí)</b> Banda céatadán na n-aonad oibríthe bliantúil <sup>(6)</sup> d'obair feirme a dhéanann bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta.
<b>CGNR 019</b>	-	<b>An bhliain ina ndearnadh an t-aicmiú mar bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta</b> An bhliain inar ghlac bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta leis an ról sin
<b>CGNR 020</b>	-	<b>Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora</b> An leibhéal oideachais talmhaíochta is airde a fuair an bainisteoir:  PRACT – taithí phraiticiúil thalmhaíochta amháin, má fuarthas taithí an bhainisteora trí obair phraiticiúil ar ghabháltas talmhaíochta;  BASIC – bunoiiliúint talmhaíochta, má rinne an bainisteoir aon chúrsa oiliúna a cuireadh i gcrích i gcoláiste ginearálta talmhaíochta agus/nó institiúid a bhfuil speisialtóireacht acu ar ábhair áirithe (lena n-áirítear gairneoireacht, fionsaothrú, foraoiseolaíocht, feirmeoireacht éisc, tréidliacht, teicneolaíocht talmhaíochta agus ábhair ghaolmhara); féachtar ar printíseacht talmhaíochta a cuireadh i gcrích mar bhunoiiliúint;  FULL – oiliúint iomlán talmhaíochta, má rinne an bainisteoir aon chúrsa oiliúna go leanúnach ar feadh méid ama is comhionann le 2 bhliain ar a laghad d'oiliúint lánaimseartha, tar éis dheireadh an oideachais éigeantaigh, an cúrsa sin curtha i gcrích i gcoláiste talmhaíochta nó in ollscoil nó institiúid ardoideachais eile, ar cúrsa é sa talmhaíocht, sa ghairneoireacht, san fhionsaothrú, sa foraoiseolaíocht, san fheirmeoireacht éisc, sa tréidliacht, sa teicneolaíocht talmhaíochta nó in ábhar gaolmhar.

CGNR 021	-	<p><b>Gairmoiliúint a rinne bainisteoir le linn na 12 mhí anuas</b></p> <p>Más rud é go ndeachaigh an bainisteoir faoi ghairmoiliúint, faoi bheart oiliúna nó faoi ghníomhaíocht a cuireadh ar fáil ag oiliúnaí nó ag institiúid oiliúna atá dírithe go príomha ar scileanna nua a fháil a bhaineann le gníomhaíochtaí feirme nó le gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nó le forbairt agus feabhsú na scileanna atá ann cheana.</p>
<p><b>An cineál seilbhe (atá ag an sealbhóir) ar an LTÚ</b>  <i>Braitheann an cineál seilbhe ar staid cúrsaí ar lá tagartha de bhliain an tsuirbhé.</i></p>		
CGNR 022	-	<p><b>Feirmeoireacht ar thalamh dílis</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ a shaothraíonn an gabháltas talmhaíochta agus atá i seilbh an tsealbhóra mar mhaoín nó a shaothraíonn an sealbhóir atá ag gníomhú mar dhuine a bhfuil ceart úsáidte aige nó mar léasóir fadtéarmach inoidhreachta nó faoi sheilbh de chineál eile atá coibhéiseach.</p>
CGNR 023	-	<p><b>Feirmeoireacht ar thalamh ar cíós</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ atá ar cíós ag an ngabháltas talmhaíochta mar mhalairt ar chíos seasta a comhaontaíodh roimh ré (in airgead tirim, i gcomhchineál nó ar shlí eile), agus a bhfuil comhaontú tionóntachta (i scríbhinn nó ó bhéal) ann ina leith. Ní leithdháiltear an LTÚ ach ar ghabháltas talmhaíochta amháin. Má s rud é go gcuirtear an LTÚ amach ar cíós do níos mó ná gabháltas talmhaíochta amháin i rith na bliana tagartha, déantar é a leithdháileadh de ghnáth ar an ngabháltas talmhaíochta lena bhfuil sé comhlachaithe ar lá tagartha an tsuirbhé nó an ceann ar bhain sé úsáid as don tréimhse is faide i rith na bliana tagartha.</p>
CGNR 024	-	<p><b>Sciarfheirmeoireacht nó modhanna seilbhe eile</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ atá:</p> <p>a) comhroinnte, rud a chiallaíonn go ndearna an tiarna talún agus méiteagáisteoir feirmeoireacht i gcomhpháirtíocht orthu faoi chonradh scríofa nó faoi chonradh méiteagáiste ó bhéal. Déantar aschur an limistéir a bhfuil méiteagáiste déanta air (bíodh sé sin ina aschur eacnamaíoch nó fisiciúil) a chomhroinnt idir an dá pháirtí ar bhonn comhaontaithe;</p> <p>b) faoi mhodhanna eile seilbhe nach gcumhdaítear in áit ar bith eile faoi na hítimí roimhe seo.</p>
CGNR 025	-	<p><b>Talamh coimín</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ a úsáideann an gabháltas talmhaíochta ach nach mbaineann go díreach leis, i. e. a bhfuil feidhm ag cearta coimín ina leith.</p>
CGNR 026	-	<p><b>Feirmeoireacht orgánach</b></p> <p>Tá táirgeadh ag an ngabháltas talmhaíochta a thagann faoi chleachtais talmhaíochta a chomhlíonann caighdeáin agus rialacha socraithe áirithe a shonraítear in (i) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (7) nó Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8) nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí, agus (ii) sna rialacha náisiúnta comhfhreagracha cur chun feidhme maidir le táirgeadh orgánach.</p>
CGNR 027	-	<p><b>LTÚ iomlán an ghabháltais talmhaíochta agus ar a ndéantar modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach a chur i bhfeidhm, agus iad deimhnithe de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ an ghabháltais talmhaíochta ar ar cuireadh modh táirgthe i bhfeidhm atá i gcomhréir go hiomlán le prionsabail an táirgthe orgánaigh ar leibhéal na feirme, faoi mar a leagtar amach iad i Rialachán (CE) Uimh 834/2007 nó i Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí agus (ii) sna rialacha náisiúnta comhfhreagracha cur chun feidhme maidir le deimhniúchán an táirgthe orgánaigh.</p>

CGNR 028	-	<p><b>LTÚ iomlán den ghabháltas talmhaíochta a úsáidtear agus atá á thiontú go modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach, agus atá le deimhniú de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ an ghabháltais talmhaíochta ar ar cuireadh modhanna feirmeoireachta orgánaí i bhfeidhm le linn an aistrithe ó tháirgeadh neamhorgánach go táirgeadh orgánach laistigh de thréimhse ar leith ('tréimhse tiontaíthe') faoi mar a leagtar amach iad i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 nó i Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí agus (ii) sna rialacha náisiúnta comhfhreagracha cur chun feidhme maidir le deimhniúchán an táirgthe orgánaigh.</p>
CGNR 029	-	<p><b>Rannpháirteach i scéimeanna deimhniúcháin eile comhshaoil</b></p> <p>Tá an gabháltas talmhaíochta rannpháirteach i scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha amhail scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 43, mír 2 agus mír 3, pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis (scéimeanna deimhniúcháin atá ann faoi láthair arb ionann iad agus íocaíocht ghlas an CBT) nó, i gcás inarb infheidhme sa reachtaíocht is déanaí, agus glacadh leis an iarratas ar fhóirdheontas.</p>

(<sup>1</sup>) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún 23 Samhain 2010 lena gcuirtear i bhfeidhm Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí agus tacair sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11).

(<sup>2</sup>) NUTS: Ainmníocht na n-aonad críche maidir le staidreamh.

(<sup>3</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le rangú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

(<sup>4</sup>) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

(<sup>5</sup>) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

(<sup>6</sup>) Aonad oibre bliantúil (AWU) banda céatadán 2: (> 0-< 25), (≥ 25-< 50), (≥ 50-< 75), (≥ 75-< 100), (100).

(<sup>7</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

(<sup>8</sup>) Rialachán (AE) Uimh. 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

## II. ATHRÓGA TALÚN

Is éard atá i limistéar iomlán an ghabháltais talmhaíochta an limistéar talmhaíochta a úsáidtear (talamh arúil, féarthailte buana, barra buana agus gairdíní cistine) agus talamh feirme eile (talamh talmhaíochta neamhúsáidte, limistéar coille agus talamh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile).

Tugtar an príomhlimistéar ar an limistéar atá le bailiú i gcás gach ítime agus déantar tagairt ann d'achar fisiceach na dáileachta nó na ndáileachtaí, gan beann ar cibé ach nach raibh ach aon bharr amháin nó roinnt barr ann i rith na bliana bairr. i gcás barra bliantúla, comhfhreagraíonn an príomhlimistéar don limistéar a cuireadh; i gcás barra buana, is é an príomhlimistéar an limistéar iomlán faoi bharr; i gcás barra comhleanúnacha, comhfhreagraíonn an príomhlimistéar don limistéar a bhí ag an bpríomhbharr sa dáileacht i rith na bliana; i gcás barra comhuaineacha, comhfhreagraíonn sé don limistéar ina bhfuil na barra ag cómhaireachtáil. Ar an gcaoi sin, ní liostaítear gach limistéar ach aon uair amháin.

Is é an príomhbharr an barr a bhfuil an luach eacnamaíoch is airde aige. Nuair nach féidir a chinneadh cad é an príomhbharr ar bhonn an luacha táirgthe, is é an príomhbharr an ceann atá sa talamh don thréimhse is faide i measc na mbarr ar fad a buanadh le linn na bliana tagartha.

Is éard atá sa limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) limistéar iomlán na talún arúla, na bhféarthailte buana, na mbarr buan agus na gairdíní cistine a úsáideann an gabháltas talmhaíochta, gan beann ar an gcineál seilbhe.

Is éard atá in uainíocht na mbarr an cleachtas ina ndéantar sealaíocht ar na barra a fhástar i bpáirc ar leith i bpatrún nó seicheamh pleanáilte i mblianta barr comhleanúnach ionas nach bhfástar barra den speiceas céanna gan bhriseadh sa pháirc chéanna. In uainíochta na mbarr is gnách na barra a athrú gach bliain, ach is féidir uainíocht na mbarr a dhéanamh le barra ilbhliantúla.

Ní mór páirc oscailte agus limistéir atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana a thuairisciú ar leithligh.

*Maidir le hathróga talún, bainfidh úsáid na talún leis an mbliain tagartha.*

CLND 001	-		<b>LTÚ</b> Heicteáir de LTÚ.	
CLND 002	-	-	<b>Talamh arúil</b> Heicteáir de thalamh a oibrítear go rialta (é treafa nó saothraithe), faoi chóras uainíocht na mbarr go ginearálta.	
CLND 003	-	-	-	<b>Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol)</b> Heicteáir de na gránaigh uile a bhuanantar agus iad tirim le haghaidh gráin, gan beann ar a n-úsáid.
CLND 004	-	-	-	<b>Cruithneacht bhog agus speilt</b> Heicteáir de <i>Triticum aestivum</i> L. emend. Fiori et Paol., <i>Triticum spelta</i> L. Agus <i>Triticum monococcum</i> L.
CLND 005	-	-	-	<b>Cruithneacht chrua (durum)</b> Heicteáir de <i>Triticum durum</i> Desf.
CLND 006	-	-	-	<b>Seagal agus meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)</b> Heicteáir de sheagal a chuirtear ( <i>Secale cereale</i> L.) tráth ar bith, meascáin de sheagal agus de ghránaigh eile, agus meascáin eile de ghránaigh a chuirtear roimh an ngeimhreadh (maislín) nó lena linn.
CLND 007	-	-	-	<b>Eorna</b> Heicteáir d'eorna ( <i>Hordeum vulgare</i> L.).
CLND 008	-	-	-	<b>Coirce agus meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislín)</b> Heicteáir de choirce ( <i>Avena sativa</i> L.) agus gránaigh eile a chuirtear san earrach agus a fhástar mar mheascáin agus a bhuanantar mar ghrán tirim, lena n-áirítear síolta.
CLND 009	-	-	-	<b>Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise</b> Heicteáir d'arbhar Indiach ( <i>Zea mays</i> L.) a bhuanantar le haghaidh gráin, mar shíol nó mar meascán arbhair déise.
CLND 010	-	-	-	<b>Triteacál</b> Heicteáir thriteacál ( <i>x Triticosecale</i> Wittmack).
CLND 011	-	-	-	<b>Sorgam</b> Heicteáir de shorgam ( <i>Sorghum bicolor</i> (L.) Conrad Moench nó <i>Sorghum x sudanense</i> (Piper) Stapf.)
CLND 012	-	-	-	<b>Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (ruán, muiléad agus síolta éan, etc.)</b> Heicteáir de na gránaigh uile a bhuanantar agus iad tirim le haghaidh gráin nach bhfuil taifead orthu faoi ítimí roimhe seo, amhail muiléad ( <i>Panicum miliaceum</i> L.), ruán ( <i>Fagopyrum esculentum</i> Mill.), síolta éan ( <i>Phalaris canariensis</i> L.) agus gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.

CLND 013	-	-	-	-	<b>Rís</b> Heicteáir de rís ( <i>Oryza sativa</i> L.).
CLND 014	-	-	-	-	<b>Piseánach tirim agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánach)</b> Heicteáir de phiseánach tirim agus barra próitéine a bhuntar agus iad tirim le haghaidh gráin, gan beann ar a n-úsáid.
CLND 015	-	-	-	-	<b>Piseanna léana, pónairí agus lúipíní milse</b> Heicteáir de na cineálacha uile de phiseanna machaire ( <i>Pisum sativum</i> L. convar. <i>sativum</i> nó <i>Pisum sativum</i> L. convar. <i>arvense</i> L. nó convar. <i>speciosum</i> ) a bhuntar agus iad tirim, mar aon le heicteáir de na hathróga uile de phónairí leathana nó pónairí machaire ( <i>Vicia faba</i> L. (partim)) a bhuntar agus iad tirim, mar aon le heicteáir de na lúipíní cumhra uile ( <i>Lupinus</i> sp.) a bhuntar agus iad tirim le haghaidh gráin, lena n-áirítear síol, gan beann ar a n-úsáid.
CLND 016	-	-	-	-	<b>Barra fréimhe</b> Heicteáir de bharr a shaothraítear dá bhfréamh, dá dtiobar nó a ngas modhnaithe. Ní chuirtear glasraí fréimhe, glasraí tiúbair ná glasraí bleibe amhail cairéid, biatas nó svaeideanna san áireamh, i measc nithe eile.
CLND 017	-	-	-	-	<b>Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)</b> Heicteáir de phrátaí ( <i>Solanum tuberosum</i> L.).
CLND 018	-	-	-	-	<b>Biatas siúcra (seachas síolta)</b> Heicteáir de bhias siúcra ( <i>Beta vulgaris</i> L.) a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i dtionscal an tsiúcra agus i dtáirgeadh alcóil.
CLND 019	-	-	-	-	<b>Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de bhias farae ( <i>Beta vulgaris</i> L.) agus plandaí den fhine <i>Brassicae</i> a bhuntar go príomha le haghaidh beatha ainmhithe, gan beann ar cé acu an fréamhacha nó gais iad, agus plandaí eile a shaothraítear go príomha dá bhfréamhacha le haghaidh farae, nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
CLND 020	-	-	-	-	<b>Barra tionsclaíocha</b> Heicteáir de bharr tionsclaíocha, nach ndíoltar go díreach de ghnáth lena gcaitheamh toisc gur gá iad a phróiseáil go tionsclaíoch roimh a n-úsáid deiridh.
CLND 021	-	-	-	-	<b>Olashíolta</b> Heicteáir de ráib ( <i>Brassica napus</i> L.) agus ráib tornapa ( <i>Brassica rapa</i> L. var. <i>oleifera</i> (Lam.)), síolta lus na gréine ( <i>Helianthus annuus</i> L.), soighe ( <i>Glycine max</i> (L.) Merrill), ros lín ( <i>Linum usitatissimum</i> L.), mustard ( <i>Sinapis alba</i> L.), poipín ( <i>Papaver somniferum</i> L.), cróch bréige ( <i>Carthamus tinctorius</i> L.), síolta seasamain ( <i>Sesamum indicum</i> L.), cib bhlasta ( <i>Cyperus esculentus</i> L.), piseanna talún ( <i>Arachis hypogea</i> L.), puimcíní le haghaidh ola ( <i>Cucurbita pepo</i> var. <i>styriaca</i> ) agus cnáib ( <i>Cannabis sativa</i> L.) a fhástar chun ola a tháirgeadh agus a bhuntar agus iad ina ngráin thirime, seachas síota cadáis ( <i>Gossypium</i> spp.).
CLND 022	-	-	-	-	<b>Síol ráibe agus tornapa</b> Heicteáir de ráib ( <i>Brassica napus</i> L.) agus ráib tornapa ( <i>Brassica rapa</i> L. var. <i>oleifera</i> (Lam.)) a fhástar chun ola a tháirgeadh agus a bhuntar agus iad ina ngráin thirime agus lena n-úsáid mar phróitéin.



CLND 023	-	-	-	-	-	<b>Síol lus na gréine</b> Heicteáir de lus na gréine ( <i>Helianthus annuus</i> L.), a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
CLND 024	-	-	-	-	-	<b>Soighe</b> Heicteáir de shoighe ( <i>Glycine max</i> L. Merrill), a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, lena n-úsáid mar ola agus mar phróitéine aron.
CLND 025	-	-	-	-	-	<b>Ros lín (líon ola)</b> Heicteáir de chineálacha rois lín ( <i>Linum usitatissimum</i> L.), a fhástar go príomha chun ola a tháirgeadh, agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
CLND 026	-	-	-	-	-	<b>Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de bharr eile a fhástar go príomha dá gcion ola, a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, nach n-aicmítear in áit ar bith eile (seachas síolta cadáis).
CLND 027	-	-	-	-	-	<b>Barra snáithín</b> Heicteáir de chineálacha lín snáithín ( <i>Linum usitatissimum</i> L), cnáib ( <i>Cannabis sativa</i> L.), cadás ( <i>Gossypium</i> spp.), siúit ( <i>Corchorus capsularis</i> L.), abacá <i>alias</i> Mhainile ( <i>Musa textilis</i> Née), ceineaf ( <i>Hibiscus cannabinus</i> L.) agus siseal ( <i>Agave sisalana</i> Perrine).
CLND 028	-	-	-	-	-	<b>Snáithín lín</b> Heicteáir de chineálacha lín snáithín ( <i>Linum usitatissimum</i> L.), a fhástar go príomha chun snáithín a tháirgeadh.
CLND 029	-	-	-	-	-	<b>Cnáib</b> Heicteáir de chnáib ( <i>Cannabis sativa</i> L.) a fhástar le haghaidh tuí.
CLND 030	-	-	-	-	-	<b>Cadás</b> Heicteáir de chadás ( <i>Gossypium</i> spp.), a bhuantar le haghaidh úsáid snáithíní agus/nó olashíl.
CLND 031	-	-	-	-	-	<b>Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de phlandaí eile a fhástar go príomha dá gcion snáithín, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, amhail siúit ( <i>Corchorus capsularis</i> L.), abacá <i>alias</i> Mhainile ( <i>Musa textilis</i> Née), siseal ( <i>Agave sisalana</i> Perrine), agus ceineaf ( <i>Hibiscus cannabinus</i> L.).
CLND 032	-	-	-	-	-	<b>Tobac</b> Heicteáir de thobac ( <i>Nicotiana tabacum</i> L.) a fhástar le haghaidh duilleog.
CLND 033	-	-	-	-	-	<b>Leannlusanna</b> Heicteáir de leannlusanna ( <i>Humulus lupulus</i> L.) a fhástar le haghaidh buaircíní síolta.
CLND 034	-	-	-	-	-	<b>Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus cócaireachta</b> Heicteáir de phlandaí aramatacha, míochaineacha agus cócaireachta, a shaothraítear chun críoch cógaisíochta, chun cumhráin a mhonarú nó lena gcaitheamh ag an duine.

CLND 035	-	-	-	-	<b>Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de bharr fuinnimh a úsáidtear go heisiach chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, agus a shaothraítear ar thalamh arúil.
CLND 036	-	-	-	-	<b>Barra tionsclaíochta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de bharr tionsclaíochta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
CLND 037	-	-	-	-	<b>Plandaí atá glas tráth a bhuntar ó thalamh arúil iad</b> Heicteáir de na barra talún arúla uile atá glas tráth a bhuntar iad agus a bhfuil sé beartaithe go príomha iad a úsáid le haghaidh beatha ainmhithe, foráiste nó táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, is é sin gránaigh, féara, plandaí léagúmacha nó tionsclaíochta agus barra eile talún arúla atá 'glas' tráth a bhuntar agus a úsáidtear iad.
CLND 038	-	-	-	-	<b>Féara sealadacha agus féarach sealadach</b> Heicteáir de phlandaí féir le haghaidh innilte, féar tirim nó sadhlais a chuimsítear i ngnáthuainíocht na mbarr, ar nithe iad a mhaireann bliain bairr amháin ar a laghad agus níos lú ná 5 bliain de ghnáth, arna gcur le féar nó le meascáin féir nó féir.
CLND 039	-	-	-	-	<b>Plandaí léagúmacha atá glas tráth a bhuntar iad</b> Heicteáir de phlandaí léagúmacha a fhástar agus atá glas tráth a bhuntar iad mar phlanda iomlán le haghaidh farae go príomha nó lena n-úsáid mar fhuinneamh. Áirítear meascáin de bharr agus de phlandaí féir atá léagúmacha den chuid is mó (de ghnáth > 80 %), iad glas tráth a bhuntar nó ina bhféar tirim.
CLND 040	-	-	-	-	<b>Arbhar Indiach glas</b> Heicteáir de gach cineál arbhair Indiaigh ( <i>Zea mays</i> L.) a fhástar go príomha le haghaidh sadhlais (an dias iomlán, codanna di nó an planda ina iomlán) agus nár buaineadh le haghaidh gráin.
CLND 041	-	-	-	-	<b>Gránaigh eile atá glas tráth a bhuntar iad (seachas arbhar Indiach glas)</b> Heicteáir de na gránaigh uile (seachas arbhar Indiach) atá glas tráth a fhástar agus a bhuntar iad ina bplanda iomlán a úsáidtear le haghaidh farae nó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh (bithmhais a tháirgeadh).
CLND 042	-	-	-	-	<b>Plandaí eile atá glas tráth a bhuntar ó thalamh arúil iad nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b> Heicteáir de bharr eile bliantúla nó ilbhliantúla (níos lú ná 5 bliana) a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid go príomha le haghaidh farae ainmhithe agus atá glas tráth a bhuntar iad. Agus fuilleach na mbarr nach n-aicmítear áit ar bith eile nuair a scriosadh an príomhbhuaint, ach a bhféadfaí na hiarmhair a úsáid fós (mar fharae, nó mar fhuinneamh in-athnuaite).
CLND 043	-	-	-	-	<b>Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún</b> Heicteáir de na praisreacha uile, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, an piseánach úr uile, na glasraí eile uile a bhuntar agus iad úr (gan bheith tirim) agus na sútha talún uile a fhástar ar thalamh arúil agus iad ar uainíocht le barra talmhaíochta nó gairneoireachta eile.
CLND 044	-	-	-	-	<b>Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra gortóireachta (garraíodóireacht mhargaidh)</b> Heicteáir de ghlasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar ar thalamh arúil ar uainíocht le barra gairneoireachta eile.

CLND 045	-	-	-	-	<p><b>Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra nach barra gortóireachta iad (gort oscailte)</b></p> <p>Heicteáir de ghlasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar ar thalamh arúil ar uainíocht le barra talmhaíochta eile.</p>
CLND 046	-	-	-	-	<p><b>Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)</b></p> <p>Heicteáir de na bláthanna agus de na plandaí ornáideacha uile a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol mar bhláthanna gearrtha (e.g. rósanna, lusanna na gile, magairlíní, glaidiólais, criosantamaim, duilliúr gearrtha agus táirgí gearrtha eile), iad ina bhláthanna agus plandaí potaí, ceapach agus balcóin (e.g. ródaidéandróin, asáilianna, criosantamaim, beagóinianna, geiríniamai, <i>impatiens</i>, plandaí potaí, ceapaí agus balcóin eile) agus ina mbláthanna bleibe agus cormáin agus plandaí ornáideacha (tiúlipí, hiasaintí, magairlíní, lusanna an chromchinn agus plandaí eile).</p>
CLND 047	-	-	-	-	<p><b>Síolta agus síolphlandaí</b></p> <p>Heicteáir de shíolta fréamhacha (seachas prátaí agus plandaí eile ina n-úsáidtear na fréamhacha mar shíolta chomh maith), barra farae, féara, barra tionsclaíocha (seachas olashíolta) agus síolta agus síológa glasraí agus bláthanna.</p>
CLND 048	-	-	-	-	<p><b>Barra talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b></p> <p>Heicteáir de bharr arúla nach n-aicmítear in áit ar bith eile.</p>
CLND 049	-	-	-	-	<p><b>Branar</b></p> <p>Heicteáir den talamh arúil uile a chuimsítear i gcóras uainíocht na mbarr nó a choinnítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC ()), bíodh sé oibrithe nó ná bíodh, ach nach mbuainfeair ar feadh bliain bairr amháin. Is í an tsaintréith riachtanach atá ag talamh branair go bhfágtar é lena athshlánú, de ghnáth ar feadh bliain bairr ar fad. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i dtalamh branair:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) talamh lom gan bharr ar bith air; nó</li> <li>(ii) talamh le fás nádúrtha spontáineach agus a fhéadfar é a úsáid mar bheatha nó a threabhadh ann; nó</li> <li>(iii) talamh a chuirtear go heisiach chun aoileach glas a tháirgeadh (talamh branair glas).</li> </ul>
CLND 050	-	-	-	-	<p><b>Féarthailte buana</b></p> <p>Heicteáir de thalamh a úsáidtear go buan (ar feadh roinnt blianta as a chéile, 5 bliana nó níos mó de ghnáth) chun farae luibheach, foráiste nó barra chun críoch fhuinnimh a fhás trína shaothrú (é curtha) nó go nádúrtha (é féinsíolaithe), agus nach n-áirítear in uainíocht na mbarr ar an ngabháltas talmhaíochta.</p> <p>Is féidir féarthailte a úsáid le haghaidh innilte, iad a lomadh le haghaidh sadhlais agus féar tirim agus iad a úsáid chun fuinneamh in-athnuaithe a tháirgeadh.</p>
CLND 051	-	-	-	-	<p><b>Féarach agus móinéar, seachas féaraigh gharbha</b></p> <p>Heicteáir d'fhéarach buan ar ithreacha ar dhea-cháilíocht nó meáncháilíocht is féidir a úsáid de ghnáth le haghaidh dianinnilte.</p>
CLND 052	-	-	-	-	<p><b>Féaraigh gharbha</b></p> <p>Heicteáir d'fhéarthailte buana a mbíonn toradh íseal orthu, ar ithir ar cháilíocht íseal de ghnáth, mar shampla ar thalamh cnocach agus ag airdí arda, nach bhfeabhsaítear de ghnáth le leasachán, saothrú, athshíolú ná draenáil. De ghnáth, ní féidir na limistéir sin a úsáid ach amháin d'innilt fairsing agus ní gnách iad a lomadh nó a lomadh ar bhealach fairsing toisc nach féidir leo tacú le líon mór ainmhithe.</p>

CLND 053	-	-	-	<p><b>Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgeadh agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas</b></p> <p>Heicteáir d'fhéarthailte buana agus de mhóinéir bhuaana nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó, i gcás inarb infheidhme, leis an reachtaíocht is déanaí, agus a choinnítear i riocht atá oiriúnach don innilt nó don saothrú gan aon ghníomhaíocht ullmhúcháin a dhéanamh sa bhreis ar ghnáthmhodhanna agus innealra talmhaíochta agus atá incháilithe do thacaíocht airgeadais.</p>
CLND 054	-	-	-	<p><b>Barra buana (lena n-áirítear plandálacha óga agus plandálacha atá tréigthe go sealadach, cé is moite de limistéir a sholáthraíonn táirgeacht do thomhaltas dílis)</b></p> <p>Heicteáir de na crainn torthaí uile, na crainn torthaí citris uile, na crainn cnónna uile, na plandálacha caor uile, na fíonghoirt uile, na crainn ológ uile agus na barra buana eile a úsáidtear mar bhia don duine (e.g. tae, caife nó carúb) agus chun críoch eile (e.g. plandlanna, crainn Nollag nó plandaí lena gcur agus lena sníomh amhail pailm ratáin nó bambú).</p>
CLND 055	-	-	-	<p><b>Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún)</b></p> <p>Heicteáir d'úlloird torthaí póma, torthaí cloiche, caor, cnónna agus torthaí ó chriosanna aeráide trópaiceacha agus fothrópaiceacha.</p>
CLND 056	-	-	-	<p><b>Torthaí póma</b></p> <p>Heicteáir d'úlloird torthaí póma amhail úlla (<i>Malus</i> spp.), píorraí (<i>Pyrus</i> spp.), cainchí (<i>Cydonia oblonga</i> Mill.) nó torthaí ón meispeal Gearmánach (<i>Mespilus germanica</i>, L.).</p>
CLND 057	-	-	-	<p><b>Torthaí cloiche</b></p> <p>Heicteáir d'úlloird torthaí cloiche, amhail Péitseoga agus neachtairíní (<i>Prunus persica</i> (L.) Batch), aibreoga (<i>Prunus armeniaca</i> L. agus cinn eile), silíní milse agus searbha (<i>Prunus avium</i> L., <i>P. cerasus</i>), plumaí (<i>Prunus domestica</i> L. agus cinn eile) agus torthaí cloiche eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile amhail draighean/draighean donn (<i>Prunus spinosa</i> L.) nó locuatanna (<i>Eriobotrya japonica</i> (Thunb.) Lindl.).</p>
CLND 058	-	-	-	<p><b>Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha</b></p> <p>Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha, amhail cíobhaíonna (<i>Actinidia chinensis</i> Planch.), abhacáid (<i>Persea americana</i> Mill.) nó bananaí (<i>Musa</i> spp.).</p>
CLND 059	-	-	-	<p><b>Caora (seachas sútha talún)</b></p> <p>Heicteáir de chaora saothraithe amhail cuiríní dubha (<i>Ribes nigrum</i> L.), cuiríní dearga (<i>Ribes rubrum</i> L.), sútha craobh (<i>Rubus idaeus</i> L.) nó fraocháin ghorma (<i>Vaccinium corymbosum</i> L.).</p>
CLND 060	-	-	-	<p><b>Cnónna</b></p> <p>Heicteáir de na crainn chnó uile Gallchnónna, cnónna coill, almóinní, crón agus cnónna eile.</p>
CLND 061	-	-	-	<p><b>Torthaí citris</b></p> <p>Heicteáir de thorthaí citris (<i>Citrus</i> spp.): Oráistí, torthaí beaga citris, líomóidí, líomaí, pomalónna, seadóga agus torthaí citris eile.</p>

CLND 062	-	-	-	<b>Fíonchaora</b> Heicteáir d'fhíniúnacha ( <i>Vitis vinifera</i> L.)	
CLND 063	-	-	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh fionta</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun sú, úrfhíon agus/nó fion a tháirgeadh.
CLND 064	-	-	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh fionta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) acu</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fion a tháirgeadh a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(?)</sup> nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.
CLND 065	-	-	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh fionta a bhfuil tásca geografach faoi chosaint (TGFC) acu</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fion a tháirgeadh a bhfuil tásca geografach faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.
CLND 066	-	-	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh fionta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (nach bhfuil STFC/TGFC acu)</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fionta seachas fionta STFC agus TGFC a tháirgeadh.
CLND 067	-	-	-	-	<b>Fíonchaora boird</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíonchaora úra a tháirgeadh.
CLND 068	-	-	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní</b> Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun rísíní a tháirgeadh.
CLND 069	-	-	-	<b>Ológa</b> Heicteáir de chrainn ológ ( <i>Olea europea</i> L.) a fhástar chun ológa a tháirgeadh.	
CLND 070	-	-	-	<b>Plandlanna</b> Heicteáir de phlandlanna ina mbíonn plandaí óga ligneacha (adhmaid) ag fás faoin aer agus a thrasphlandaítear ina dhiaidh sin:	
CLND 071	-	-	-	<b>Barra buana eile lena n-áirítear barra buana eile lena gcaitheamh ag an duine.</b> Heicteáir de bharr buana lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in áit ar bith eile agus crainn a chuirtear mar chrainn Nollag ar an LTÚ.	
CLND 072	-	-	-	-	<b>Crainn Nollag</b> Heicteáir de chrainn Nollag a chuirtear chun críoch tráchtála, lasmuigh den choillearnach, ar an LTÚ. Ní áirítear plandálacha crann Nollag nach ndéantar cothabháil orthu a thuilleadh agus a bhaineann le limistéar faoi chrainn.

CLND 073	-	-	<b>Gairdíní cistine</b> Heicteáir de thalamh atá cumhdaithe de ghnáth le glasraí, barra fréimhe agus barra buana, i measc nithe eile, a bhfuil sé beartaithe ag an sealbhóir go gcaithfidh é féin a theaghlach iad, agus atá deighilte de ghnáth ón gcuid eile den talamh talmhaíochta, agus atá inaitheanta mar ghairdíní cistine.
CLND 074	-		<b>Talamh feirme eile</b> Heicteáir de thalamh talmhaíochta neamhúsáidte (talamh talmhaíochta nach saothraítear a thuilleadh, ar chúiseanna eacnamaíochta, sóisialta nó eile, agus nach n-úsáidtear i gcóras uainíocht na mbarr), limistéar faoi chrainn agus talamh eile a chumhdaítear le foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte, cairéil, talamh neamhthorthúil, carraigeacha, etc.
CLND 075	-	-	<b>Talamh talmhaíochta nach n-úsáidtear</b> Heicteáir de thalamh a úsáideadh roimhe sin chun críche talmhaíochta nach n-oibrítear a thuilleadh i rith bhliain tagartha an tsuirbhé agus nach n-úsáidtear é i gcóras uainíocht na mbarr, i.e. talamh nach bhfuil aon úsáid talmhaíochta beartaithe dó. D'fhéadfaí an talamh sin a thabhairt chun a shaothraithe tríd na hacmhainní atá ar fáil de ghnáth ar ghabháltas talmhaíochta a úsáid.
CLND 076	-	-	<b>Limistéar faoi chrainn</b> Heicteáir de thalamh a chumhdaítear le crainn nó le toir foraoise, lena n-áirítear plandálacha de chrainn poibleog agus crainn eile den chineál sin laistigh nó lasmuigh de choillte nó plandlanna crann foraoise a fhástar i gcoillearnach chun críocha riachtanais an ghabháltais talmhaíochta féin, chomh maith le saoráidí foraoise (bóithre foraoise, iostaí stórála d'adhmaid, etc.).
CLND 077	-	-	- <b>Roschoillte gearr-uainíochta</b> Heicteáir de limistéir faoi chrainn a bhainistítear chun plandaí faoi chrainn a fhás, agus ina maireann tréimhse na huainíochta 20 bliain nó níos lú. Is í tréimhse na huainíochta an t-am idir an chéad chur/an chéad phlandáil de na crainn agus fómhar an tairge deiridh, i gcás nach bhfuil gnáthghníomhaíochtaí bainistithe amhail tanú cuimsithe.
CLND 078	-	-	<b>Talamh eile (talamh ar a bhfuil foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte agus limistéir neamhtháirgiúla eile)</b> Heicteáir de thalamh ar cuid d'achar iomlán an ghabháltais talmhaíochta iad ach nach cuid den LTÚ ná de limistéar faoi chrainn iad, amhail talamh a chumhdaítear le foirgnimh (seachas i gcás ina n-úsáidtear iad chun beacáin a shaothrú), clóis feirme, rianta, linnte, cairéil, talamh neamhthorthúil, carraigeacha, etc.
			<b>Limistéir gabháltais talmhaíochta speisialta</b>
CLND 079	-	-	<b>Muisiriúin shaothraithe</b> Heicteáir de bheacáin shaothraithe a fhástar i bhfoirgnimh a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chuige sin, agus in áitribh, uaimheanna agus siléir faoi thalamh.
CLND 080	-		<b>LTÚ atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana</b> Heicteáir de bharr a chumhdaítear le tithe gloine nó clúdach ard seasta nó clúdach ard soghluaiste (gloine nó plaisteach docht nó plaisteach solúbtha) ar feadh a dtréimhse fáis ina hiomláine nó don chuid is mó di. Níor cheart na limistéir seo a áireamh sna hathrúga thuasluaite (a thagraíonn do limistéir amuigh faoin aer amháin).

CLND 081	-	-	<p><b>Glasraí, lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana</b></p> <p>Heicteáir de na praiseacha uile, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, an piseánach úr uile, na glasraí eile uile a bhuntar agus iad úr (gan bheith tirim) agus na sútha talún uile a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.</p>
CLND 082	-	-	<p><b>Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana</b></p> <p>Heicteáir de na bláthanna agus de na plandaí ornáideacha uile a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol mar bhláthanna gearrtha (e.g. rósanna, lusanna na gile, magairlíní, glaidiólais, criosantamaim, duilliúr gearrtha agus táirgí gearrtha eile), iad ina bhláthanna agus plandaí potaí, ceapach agus balcóin (e.g. ródaidéandróin, asáilianna, criosantamaim, beagóinianna, geiréiniamaí, <i>impatiens</i> nó plandaí potaí, ceapaí agus balcóin eile) agus ina mbláthanna bleibe agus cormáin agus plandaí ornáideacha (tiúlipí, hiasaintí, magairlíní, lusanna an chromchinn agus plandaí eile) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.</p>
CLND 083	-	-	<p><b>Barra talún arúla eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana</b></p> <p>Heicteáir de bharra talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile agus a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.</p>
CLND 084	-	-	<p><b>Barra buana atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana</b></p> <p>Heicteáir de bharra buana a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.</p>
CLND 085	-	-	<p><b>LTÚ eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana nach n-aicmítear in áit ar bith eile</b></p> <p>Heicteáir de LTÚ nach n-aicmítear in áit ar bith eile agus a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.</p>

#### Feirmeoireacht orgánach

Tá talamh ag an ngabháltas talmhaíochta ar a n-úsáidtear modhanna táirgthe feirmeoireachta orgánaí i gcomhréir le caighdeáin agus rialacha socráithe áirithe a shonraítear in (i) Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 nó Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí, agus (ii) sna rialacha náisiúnta comhfhreagracha cur chun feidhme maidir le táirgeadh orgánach, lena n-áirítear le linn na tréimhse tiontaithe.

Sainmhínítear barra i gCroí Roinn II. ATHRÓGA TALÚN

CLND 086	-	-	LTÚ faoin aer le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí (seachas gairdíní cistine)
CLND 087	-	-	Talamh arúil faoin aer le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí
CLND 088	-	-	- Gránaigh na feirmeoireachta orgánaí le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol) faoin aer
CLND 089	-	-	- Cruithneacht bhog agus speilt na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 090	-	-	- Cruithneacht chrua (dúram) na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 091	-	-	- Piseánach tirime agus barra próitéine na feirmeoireachta orgánaí le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánach) faoin aer
CLND 092	-	-	- Barra fréimhe na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 093	-	-	- Prátaí na feirmeoireachta orgánaí (lena n-áirítear prátaí síl) faoin aer

CLND 094	-	-	-	-	Biatas siúcra na feirmeoireachta orgánaí (seachas síolta) faoin aer
CLND 095	-	-	-		Barra tionsclaíocha na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 096	-	-	-	-	Olashíolta na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 097	-	-	-	-	Soighe na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 098	-	-	-		Plandaí eile na feirmeoireachta orgánaí atá glas tráth a bhuntar ó thalamh arúil faoin aer iad
CLND 099	-	-	-	-	Féara sealadacha agus féarach sealadach na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 100	-	-	-	-	Plandaí léagúmacha na feirmeoireachta orgánaí faoin aer atá glas tráth a bhuntar iad
CLND 101	-	-	-		Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 102	-	-	-		Síolta agus síológa na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 103	-	-			Féarthailte buana le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 104	-	-	-		Féarach agus móinéar, seachas féaraigh gharbha, le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 105	-	-	-		Féaraigh gharbha na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 106	-	-			Barra buana na feirmeoireachta orgánaí (lena n-áirítear plandálacha óga agus plandálacha atá tréigthe go sealadach, cé is moite de limistéir a sholáthraíonn táirgeacht do thomhaltas dílis) faoin aer
CLND 107	-	-	-		Torthaí, caora agus cnónna na feirmeoireachta orgánaí (seachas torthaí citris, fionchaora agus sútha talún)
CLND 108	-	-	-		Torthaí citris na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 109	-	-	-		Fionchaora na feirmeoireachta orgánaí faoin aer le haghaidh fionta
CLND 110	-	-	-		Ológa na feirmeoireachta orgánaí faoin aer
CLND 111	-				Glasraí na feirmeoireachta orgánaí, lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana

#### Uisciú i limistéar saothraithe faoin aer

CLND 112	-				<b>Limistéar iomlán inuiscithe</b> Heicteáir d'uasmhéid iomlán LTÚ a d'fhéadfaí a uisciú sa bhliain tagartha agus úsáid á baint as an trealamh agus as an méid uisce atá ar fáil de ghnáth ar an ngabháltas talmhaíochta.
----------	---	--	--	--	--

(<sup>1</sup>) Airteagal 94 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE)Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/97, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

(<sup>2</sup>) Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lgh. 2–45).



## III. ATHRÓGA BEOSTOIC

Ní gá gurbh leis an sealbhóir na hainmhithe. Féadfaidh na hainmhithe sin a bheith ar an ngabháltas talmhaíochta (ar LTÚnna nó i dtithíocht ainmhithe a úsáideann an gabháltas talmhaíochta) nó den ghabháltas sin (ar fhéaraigh choimín nó le linn a n-ascnaimh, etc.).

Maidir leis na hathróa beostoic, socróidh gach Ballstát lá tagartha comhchoiteann laistigh den bhliain tagartha.

			<b>Bó-ainmhithe</b> <i>Tagraíonn sin d'eallach (Bos taurus L.) agus do bhuabhaill uisce (Bubalus bubalis L.), lena n-áirítear hibridí amhail Beefalo.</i>		
CLVS 001	-	-	<b>Bó-ainmhithe atá faoi bhun 1 bhliain d'aois</b> Cloigne bó-ainmhithe fireanna agus baineanna, faoi bhun aon bhliain d'aois.		
CLVS 002	-	-	<b>Bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois</b> Cloigne bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois ar a laghad, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois		
MORC 124	-	-	<b>Ológa boird in aicme dlúis &gt;= 400 crann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa boird in aicme dlúis >= 400 crann in aghaidh an heicteáir
			<i>Ológa le haghaidh ola</i>
MORC 125	-	-	<b>Ológa le haghaidh ola in aicme dlúis &lt; 140 crann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa le haghaidh ola in aicme dlúis < 140 crann in aghaidh an heicteáir
MORC 126	-	-	<b>Ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 140 agus 399 gcrann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 140 agus 399 gcrann in aghaidh an heicteáir
MORC 127	-	-	<b>Ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 400 agus 699 gcrann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 400 agus 699 gcrann in aghaidh an heicteáir
MORC 128	-	-	<b>Ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 700 agus 1 499 gcrann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa le haghaidh ola in aicme dlúis idir 700 agus 1 499 gcrann in aghaidh an heicteáir
MORC 129	-	-	<b>Ológa le haghaidh ola in aicme dlúis &gt;= 1 500 crann in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'ológa le haghaidh ola in aicme dlúis >= 1 500 crann in aghaidh an heicteáir
<b>Topaic: fionchaora boird agus rísíní</b>			
<b>Topaic mhionsonraithe: achar d'fhionchaora boird de réir aois na plandála</b>			
MORC 130	-		<b>Fionchaora boird</b> Heicteáir d'fhionchaora boird
MORC 131	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme aoise &lt; 3 bliana</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme aoise < 3 bliana
MORC 132	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana
MORC 133	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana
MORC 134	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme aoise idir 20 agus 49 mbliana</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme aoise idir 20 agus 49 mbliana
MORC 135	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme aoise &gt;= 50 bliain</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme aoise >= 50 bliain
<b>Topaic mhionsonraithe: achar d'fhionchaora boird de réir dhlús na bhfíniúnacha</b>			
MORC 136	-	-	<b>Fionchaora boird in aicme dlúis &lt; 1 000 planda in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhionchaora boird in aicme dlúis < 1 000 planda in aghaidh an heicteáir

MORC 137	-	-	<b>Fíonchaora boird in aicme dlúis idir 1 000 agus 1 499 bplanda in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhíonchaora boird in aicme dlúis idir 1 000 agus 1 499 bplanda in aghaidh an heicteáir
MORC 138	-	-	<b>Fíonchaora boird in aicme dlúis &gt;= 1 500 planda in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhíonchaora boird in aicme dlúis >= 1 500 planda in aghaidh an heicteáir
<b>Topaic mhionsonraithe: achar d'fhíonchaora le haghaidh rísíní de réir aois na plandála</b>			
MORC 139	-		<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní
MORC 140	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise &lt; 3 bliana</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise < 3 bliana
MORC 141	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana
MORC 142	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana
MORC 143	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 20 agus 49 mbliana</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise idir 20 agus 49 mbliana
MORC 144	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise &gt;= 50 bliain</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme aoise >= 50 bliain
<b>Topaic mhionsonraithe: achar d'fhíonchaora le haghaidh rísíní de réir dhlús na bhfíniúnacha</b>			
MORC 145	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis &lt; 1 000 landa in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis < 1 000 planda in aghaidh an heicteáir
MORC 146	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis idir 1 000 agus 1 499 bplanda in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis idir 1 000 agus 1 499 bplanda in aghaidh an heicteáir
MORC 147	-	-	<b>Fíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis &gt;= 1 500 planda in aghaidh an heicteáir</b> Heicteáir d'fhíonchaora le haghaidh rísíní in aicme dlúis >= 1 500 planda in aghaidh an heicteáir

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2287 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 17 Nollaig 2021**

**lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragail tionsaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragail tionsaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach <sup>(1)</sup> iad go háirithe Airteagal 15 agus 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. NÓS IMEACHTA

### 1.1. Tionscnamh

- (1) An 4 Nollaig 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithchúitimh i ndáil le hallmhairí scragail tionsaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín', 'Daon-Phoblacht na Síne' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/1037 ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ('an Fógra Tionscnaimh') <sup>(2)</sup>.
- (2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne sé tháirgeoir de chuid an Aontais ('na gearánaigh') an 21 Deireadh Fómhair 2020 a tháirgeann níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais de scragail tionsaire alúmanaim. An fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an bhfóirdheonú agus leis an díobháil ba thoradh uirthi, ba leor an fhianaise í chun an t-imscrúdú a thionscnamh.
- (3) Sular tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne <sup>(3)</sup> go raibh iarraidh chuí-dhoiciméadaithe faighte aige, agus d'arr sé ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh leis i gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán. Tionóladh comhairliúcháin an 30 Samhain 2020. Níorbh fhéidir teacht ar aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, áfach.
- (4) An 22 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún tús le himscrúdú frithdhumpála ar leith maidir leis an táirge céanna de thionscnamh PRC ('an t-imscrúdú frithdhumpála ar leithligh') <sup>(4)</sup>. Tá na hanailísí a rinneadh ar an díobháil, ar an gcúisíocht agus ar leas an Aontais san imscrúdú frith-fhóirdheontais seo agus an t-imscrúdú frithdhumpála ar leithligh combhionann, *mutatis mutandis*, ós rud é gurb ionann an sainmhíniú ar thionscal an Aontais, na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, an tréimhse faoi bhreathnú agus IP sa dá imscrúdú.

#### 1.1.1. Barúlacha maidir le tionscnamh

- (5) D'éiligh Rialtas na Síne roimh an tionscnamh agus ina dhiaidh nár cheart tús a chur leis an imscrúdú toisc nár chomhlíon an gearán na ceanglais le fianaise, is é sin in Airteagal 11(2) agus Airteagal 11(3) de Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh ('Comhaontú CSM') agus Airteagal 10(2) den bhun-Rialachán. De réir Rialtas na Síne, ní raibh dóthain fianaise ann maidir le fóirdheontais in-fhrithchúitithe, díobháil ná nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an díobháil. Ina aighneacht tar éis an tionscnaimh, d'athdhearbhaigh Rialtas

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

<sup>(2)</sup> IO C 419, 4.12.2020, lch. 32.

<sup>(3)</sup> Úsáidtear an téarma 'Rialtas na Síne' sa Rialachán seo sa chiall is leithne, lena n-áirítear an Chomhairle Stáit, chomh maith leis na hAireachtaí, na Ranna, na Gníomhaireachtaí agus na hÚdaráis ar fad ar an leibhéal lánach, réigiúnach nó áitiúil.

<sup>(4)</sup> IO C 352 I, 22.10.2020, lch. 1.

na Síne nach raibh dóthain fianaise sa ghearán, maidir le roinnt scéimeanna fóirdheontais a maíodh a bhí ann, chun an caighdeán fianaise a chomhlíonadh agus, beag beann ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ar fáil go réasúnach don ghearánach, is gá fianaise leordhóthanach i gcónaí maidir le fóirdheontas, agus cineál fóirdheontais, an díobháil ábhartha agus nasc cúisíoch. D'athdhearbhaigh Rialtas na Síne an maíomh seo tar éis an nochta deiridh.

- (6) Ina aighneacht tar éis an tionscnaimh agus tar éis an nochta deiridh freisin, mhaígh Rialtas na Síne freisin go ndeachaigh meabhrán an Choimisiúin maidir le leordhóthanacht na fianaise na ceistneoirí maidir le frith-fhóirdheontais thar na líomhaintí a ardaíodh sa ghearán agus go raibh fianaise bhreise curtha ag an gCoimisiún leis an ngearán chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe. Mhaígh Rialtas na Síne gur leathnaigh an Coimisiún raon feidhme an imscrúdaithe trí eilimintí den sórt sin a chur isteach. Go sonrach, mhaígh Rialtas na Síne gur leathnaigh an Coimisiún raon feidhme an imscrúdaithe trí thagairtí a chur isteach i ndoiciméid amhail tuarascáil 2018 maidir le halúmanam, straitéis 2025 'Made in China', DOIC SAM faoi chinneadh i leith táirgí alúmanaim 2018, agus tríd an *Chinese Export & Credit Insurance Corporation* ("Sinosure") a chur leis an liosta institiúidí airgeadais atá le himscrúdú nó trí fhaisnéis a iarraidh maidir le *China Banking and Insurance Regulatory Commission* ('CBIRC').
- (7) Dhiúltaigh an Coimisiún d'mhaíomh Rialtas na Síne maidir le leordhóthanacht na fianaise. Go deimhin, ba í an fhianaise a cuireadh isteach sa ghearán an fhaisnéis a bhí ar fáil go réasúnta don ghearánach ag an gcéim sin. Mar a léirítear sa mheabhrán i ndáil le fianaise leormhaith, meabhrán ina bhfuil measúnú an Choimisiúin ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil don Choimisiún maidir leis na fóirdheontais líomhnaithe agus ar a bonn a rinne an Coimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh, bhí fianaise leordhóthanach ann ag céim an tionscnaimh go raibh na fóirdheontais líomhnaithe in-fhrithchúitithe i dtéarmaí iad a bheith ann, a méid agus a gcineáil. Bhí fianaise leordhóthanach sa ghearán freisin go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais, arbh iad na hallmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith ba chúis leis.
- (8) Dhiúltaigh an Coimisiún freisin don mhaíomh faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Tá scrúdú sa mheabhrán maidir le fianaise leordhóthanach, scrúdú ar na heilimintí atá ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear na heilimintí sin a thuairiscigh an gearánach ach nach bhfuil teoranta do na heilimintí sin. Go dearfa, rinneadh anailís ar na heilimintí sa ghearán le chéile agus baineadh úsáid as fíorais eile a bhí ar eolas ag an gCoimisiún chun comhthacú leis na heilimintí sin i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas. Mar a luadh san Fhógra Tionscnaimh, i bhfianaise Airteagal 10(2) agus Airteagal 10(3) den bhun-Rialachán, d'ullmhaigh an Coimisiún meabhrán maidir le fianaise leordhóthanach ina bhfuil an measúnú a rinne an Coimisiún ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil don Choimisiún maidir le Daon-Phoblacht na Síne agus ar an mbonn sin ar thionscain an Coimisiúin an t-imscrúdú. Mar sin de, ní ar an bhfianaise amháin atá an t-imscrúdú agus líomhaintí sa ghearán bunaithe, ach is féidir an t-imscrúdú a chomhlánú le fianaise eile atá ar fáil don Choimisiún. Ina theannta sin, le linn an imscrúdaithe, d'fhéadfadh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise uile atá ábhartha do na fóirdheontais líomhnaithe agus níl sé teoranta don fhianaise atá sa ghearán. Tá feidhm aige sin freisin maidir leis na hinstitiúidí airgeadais a sholáthraíonn maoiniú fabhrach amhail Sinosure agus comhlachtaí rialála ábhartha amhail CBRC.
- (9) Cé gur athdhearbhaigh Rialtas na Síne a mhaíomh maidir le leordhóthanacht fianaise agus raon feidhme an imscrúdaithe tar éis an nochta deiridh freisin, ní dhearna sé aon áitiú substaintiúil nua ná níor chuir sé fianaise nua ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maíomh sin.
- (10) Ina aighneacht tar éis an tionscnaimh, mhaígh Rialtas na Síne gur bhain an gearánach úsáid as dlíthe Síneacha go roghnaíoch agus gur bhain sé an bhrí mhícheart as an nasc leis an tionscal ACF. Dhearbhaigh Rialtas na Síne nach bhfuil sna doiciméid beartas, amhail na 10-13ú Plean Cúig Bliana, an *Catalogue for the Guidance of Industrial Structure Adjustment* (2005) agus an *Nonferrous Metal Development Plan* (2016-2020) ach treoidhoiciméid amháin nach bhfuil ceangailteach. Dúirt Rialtas na Síne freisin nach dtagraíonn na Pleananna Cúig Bliana go sonrach do ACF.
- (11) Luaigh an Coimisiún nach ndiúltaíonn Rialtas na Síne go bhfuil pleananna, cláir, nó moltaí den sórt sin ann, ach is é a dhiúltaíonn sé a mhéid atá siad sin ceangailteach maidir leis an tionscal ACF, agus é sin amháin. Thug an Coimisiún faoi deara freisin gur chuir an gearánach fianaise ar fáil a léiríonn go luaitear tionscail miotal neamhfheiriúil, a bhfuil an tionscal alúmanaim ina chuid díobh, i roinnt doiciméad rialtais. Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ar aird a léiríonn nach mbeadh na doiciméid sin infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann.

- (12) Dúirt Rialtas na Síne freisin nach féidir le fiontair atá faoi úinéireacht Stáit ('SOEanna'), bainc faoi úinéireacht Stáit ('BSOanna') nó Sinosure a cháiliú mar chomhlachtaí poiblí agus go raibh an gearánach ag brath gan chúis mhaith ar chomharthaí foirmiúla smachta amhail úinéireacht Rialtas na Síne agus ar chumhacht líomhnaithe chun oifigigh bhainistíochta a cheapadh nó a ainmniú d'fhonn teacht ar chonclúid gan údar gur ghníomhaigh gach SOE/SOB mar chomhlachtaí poiblí. Mhaígh Rialtas na Síne freisin go raibh an gearánach ag brath ar chásanna an Choimisiúin a rinneadh roimhe seo nó ar chásanna Roinn Tráchtála SAM chun meastóireacht a déanamh ar chineál na bhfeidhmeanna a chomhlíon na bainc agus ar chineál agus raon feidhme an údarais rialtais a bhí dílsithe dóibh. Mhaígh Rialtas na Síne freisin nach bhféadfadh úsáid a bhaint as torthaí an Choimisiúin a fuarthas roimhe seo i leith tionscail neamhghaolmhara chun fianaise leordhóthanach a chur sa ghearán agus ní thugann an rialtas ach an oiread bunús leis go raibh bainc faoi úinéireacht Stáit agus Sinosure ag feidhmiú mar chomhlachtaí poiblí san imscrúdú seo.
- (13) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an maíomh seo a rinne Rialtas na Síne nasctha leis an maíomh atá luaite thuas cheana, agus i measc nithe eile, go bhfuil Dlí Banc sa tSín luaite sa ghearán, dlí nach gcuireann Rialtas na Síne ina choinne atá i reachtaíocht na Síne. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur bhain na himscrúduithe fríth-fhóirdheontais a rinneadh le déanaí leis na cláir chéanna fhóirdheontais agus a bhain leis na cláir sin a líomhnaíodh sa ghearán, ina ndearnadh scrúdú freisin an raibh na fiontair/bainc faoi úinéireacht an stáit ag feidhmiú ina gcomhlachtaí poiblí, agus ba é an chuid a baineadh as na himscrúduithe gur mar sin a bhí. <sup>(5)</sup> Ós rud é gur chláir na himscrúduithe tionscail nach mbaineann leis an tionscal ACF, ní dhéantar cáilíocht na n-institiúidí thuasluaite mar chomhlachtaí poiblí a neamhbhailíochtú. Ina theannta sin, féadfar a mheas gur fianaise maidir le húnéireacht rialtais í an fhianaise 'a d'fhéadfadh a thabhairt le fios nó a léiriú' gur comhlacht poiblí é eintiteas a bhfuil sé d'acmhainn aige ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain <sup>(6)</sup>.
- (14) Ina aighneacht tar éis an tionscnaimh, chuir Rialtas na Síne in iúl chomh maith gur tharla athruithe agus athchóirithe substaintiúla san earnáil airgeadais le blianta beaga anuas, agus dá bhrí sin nach bhféadfadh an gearán a bheith ag brath ar aon chás a bhí ann cheana. Thug an Coimisiún faoi deara, áfach, gur sholáthair an gearánach fianaise bhreise sa ghearán go raibh na cláir fhóirdheontais fós ann. Meabhraíonn an Coimisiún freisin gur theip ar Rialtas na Síne fianaise a chur ar fáil a bhréagnaíonn gur leanadh ar aghaidh leis na cláir ábhartha. Dá bhrí sin, ag céim an tionscnaimh, bhí claonadh ag an bhfianaise atá ar fáil a thaispeáint nach raibh aon athrú ábhartha ar na cláir fhóirdheontais i gceist.
- (15) San aighneacht chéanna mhaígh Rialtas na Síne freisin go bhfuil roinnt de na treoirdhoiciméid lena n-áirítear *The Temporary Provisions on Promoting Industrial Structure Adjustment* (Cinneadh Uimh. 40 2005 ón gComhairle Stáit) ('Cinneadh Uimh. 40') ag tagairt do 'an 11ú Plean Cúig Bliana' as dáta agus nach bhfuil na pleananna sin ann infheidhme a thuilleadh le linn IP.
- (16) Tagraíonn Cinneadh Uimh. 40, Caibidil III don '*Catalogue for the Guidance of Industrial structure Adjustment*' ina bhfuil trí chineál inneachar, eadhon ábhar tionscadail atáthar a spreagadh, ábhar tionscadal teoranta agus ábhar na dtionscadal a rinneadh dhíchur.

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17) ('cás HRF'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, bidís nua nó atrácht, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe agus ag a bhfuil innéacs toillte ualaigh a théann thar 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí aerbhonn áirithe, bidís nua nó atrácht, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe, ag a bhfuil innéacs toillte ualaigh a théann thar 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1) ('Cás Bonn') agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5) ('Cás na R-rothar'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí hallmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 33) ('Cás GFF').

<sup>(6)</sup> Féach an Tuarascáil ón bPainéal, na Stáit Aontaithe – *Countervailing Duty Measures on Certain Products from China*, WT/DS437/R, arna glacadh 16 Eanáir 2015, mír 7.152.

- (17) De réir an eolais atá ag an gCoimisiún, formheasadh an leasú is déanaí ar an *Guiding Catalogue for Industry Restructuring* leis an *Decree of the National Development and Reform Commission of the People's Republic of China* Uimh. 29 an 27 Lúnasa 2019 agus tháinig an leasú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020 <sup>(7)</sup>. Glacadh an '*Guiding Catalogue for Industry Restructuring* (2019 Leagan)' nua seo agus cuireadh i bhfeidhm í le linn na tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, bhí '*Guiding Catalogue for Industry Restructuring*' dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 40 infheidhme le linn na tréimhse imscrúdaithe.
- (18) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Rialtas na Síne a mhaíomh gur mhínigh an Coimisiún ról phleananna agus thionscadail Rialtas na Síne agus d'áitigh sé gur doiciméid treorach amháin iad sin agus nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí. Níor chomhaontaigh sé freisin go rabhtas ag brath ar fhíorais a suíodh in imscrúduithe roimhe seo, chomh maith le húsáid a bhaint as tagairtí ó Dhoiciméad Inmheánach Oibre 2017 de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála <sup>(8)</sup>, a mheasann Rialtas na Síne a bheith míchruinn agus neamhoibiachtúil, mar a scríobhadh é go sonrach chun tionscnamh imscrúduithe cosanta trádála a éascú. Ina theannta sin, chuir Rialtas na Síne i gcoinne thuairim an Choimisiúin gur féidir glacadh leis go réasúnta go bhfuil na dlíthe, na rialacháin agus na pleananna Rialtais infheidhme i gcónaí mura léirítear go bhfuil siad aisghairthe nó go bhfuil dlíthe, rialacháin agus pleananna nua curtha ina n-ionad.
- (19) Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna Rialtas na Síne aon áitiú ná níor thug sé fianaise nua maidir le ról ginearálta phleananna agus thionscadail Rialtas na Síne, agus maidir lena gcineál ceangailteach.
- (20) Ar an dara dul síos, maidir le húsáid na faisnéise atá sa Tuarascáil faoin tSín, ós rud é gur eisíodh an doiciméad agus aird á tabhairt ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an doiciméad in imscrúduithe cosanta trádála, ní fhágann sé sin go bhfuil an fhianaise oibiachtúil atá ann mícheart ná neamhchlaonta mar fhianaise den sórt sin, mar a mhaígh Rialtas na Síne. Tugann an Coimisiún dá aire freisin nach ndearna sé tagairt ach dhá uair don doiciméad seo san imscrúdú reatha, uair amháin mar réamhrá ginearálta ar an gcóras pleananna cúig bliana, agus uair amháin i gcomhthéacs nasc a bhunú idir doiciméid phleanála agus earnálacha a atáthar a spreagadh. Úsáideadh na tagairtí sin in éineacht le tagairtí eile agus comhthacaíodh leo, lena n-áirítear doiciméid a d'eisigh Rialtas na Síne féin.
- (21) Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún gur féidir glacadh leis go réasúnta go leanfaidh dlíthe, rialacháin agus pleananna Rialtais de bheith infheidhme fós go dtí go léirítear go ndéanfar iad a aisghairm nó a ionadú. Go deimhin, mar chuid den imscrúdú, chuir an Coimisiún liosta de dhoiciméid tagartha a bhaineann leis an gcreat dlíthiúil ginearálta, na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme sa tSín, chomh maith le roinnt doiciméad sonrach a bhaineann leis an tionscal lena mbaineann. Iarradh ar Rialtas na Síne athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine agus ar bhailíocht na ndoiciméad seo agus iad a nuashonrú nó a chomhlánú nuair is infheidhme. Tar éis dó freagra cuí-réasúnaithe agus doiciméid tagartha nuashonraithe a fháil ó Rialtas na Síne, mheas an Coimisiún go réasúnta go bhféadfadh sé glacadh leis go raibh na doiciméid sin nár aisghaireadh ná nár cuireadh doiciméid eile ina n-ionad fós infheidhme.
- (22) Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na Síne ina leith seo.
- (23) Tar éis an tionscnaimh, d'áitigh Rialtas na Síne freisin nár shuigh an gearánach na coinníollacha maidir le tagarmharc lasmuigh den tír a chur i bhfeidhm le haghaidh cearta úsáide talún ('LUR'). Chinn an Coimisiún, áfach, go bhfuil tacaíocht sna himscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinne an tAontas le déanaí leis na líomhaintí sa ghearán, imscrúduithe a rinne conclúid ar na gnóthaí sin agus go raibh gá le tagarmharcanna seachtracha a dhéanfar a choigeartú de réir na gcoinníollacha atá ann i láthair na huaire sa tSín <sup>(9)</sup>.
- (24) Ina theannta sin, mhaígh Rialtas na Síne nach bhféadfaí scéimeanna éagsúla fóirdheontais a líomhann an gearánach a mheas mar fhóirdheontas toisc nach raibh fianaise mhionsonraithe sa ghearán, fianaise maidir leis na fóirdheontais seo a bheith ann, méid agus cineál na bhfóirdheontas sin, nó an gaol díreach idir an fóirdheontas agus an táirge i gceist. Mhaígh Rialtas na Síne freisin, maidir le fóirdheontais éagsúla, nár sholáthair an gearánach fianaise ar shochar agus ar shainiúlacht.

<sup>(7)</sup> <http://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf>.

<sup>(8)</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe maidir le Cosaint Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2 ('an Tuarascáil faoin tSín' anseo feasta).

<sup>(9)</sup> Féach na cásanna a luaitear i bhfonóta 5 roimhe sin.

- (25) Tá an Coimisiún den tuairim gur chuir an gearánach dóthain fianaise ar fáil go raibh na fóirdheontais ann, méid, cineál, sochar agus sainiúlacht na bhfóirdheontas sin de réir mar a cuireadh ar fáil réasúnach don Choimisiún. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún i dtábhacht go ndearnadh scrúdú sna himscrúdaithe frith-fhóirdheontais a rinne an tAontas le déanaí a bhain leis na cláir chéanna fhóirdheontais a líomhnaíodh sa ghearán ar shochar agus ar shainiúlacht na gclár céanna agus gur tháinig sé ar chonclúid dhifriúil faoi na gnóthaí sin<sup>9</sup>. Ar aon chuma, scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise sa ghearán agus chuir sé a mheasúnú féin ar fáil ar na heilimintí ábhartha uile sa mheabhrán leordhóthanachta fianaise, a cuireadh sa chomhad oscailte tráth an tionscnaimh. D'athdhearbhaigh Rialtas na Síne a bharúlacha tar éis an tionscnaimh, ach níor chuir sé aon fhianaise eile ar fáil.
- (26) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dóthain fianaise ar fáil sa ghearán chun a thaispeáint gurb ann don fhóirdheonú líomhnaithe ó Rialtas na Síne.
- (27) Ina aighneacht a chuir sé isteach tar éis an tionscnaimh, chuir Rialtas na Síne in iúl go raibh deireadh curtha leis an scéim chánach a sholáthraíonn lacáistí CBL ar threalamh a tháirgtear sa tír. Thug an Coimisiún an bharúil sin dá aire, ach chuir sé i dtábhacht na scéimeanna cánach a bhaineann le lacáistí CBL, nó le díolúintí taraifí allmhairiúcháin agus CBL ar threalamh allmhairithe, agus d'fhéadfaí sochair leanúnacha a fháil amhail dímheas thar shaolré an trealaimh ábhartha, a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe sa tréimhse imscrúdaithe.
- (28) Tar éis an tionscnaimh, d'áitigh Rialtas na Síne freisin gur chuir na gearánaigh i leataobh go mícheart go dtairbhíonn an tionscal ACF an Aontais de roinnt fóirdheontas díreach agus indíreach, tacaíocht agus dreasachtaí i bhfoirmeacha éagsúla ó údaráis an Aontais agus ó údaráis na mBallstát agus nár cheart don Choimisiún caighdeán dhúbailte a chur i bhfeidhm. Tar éis an nochtá deiridh, d'athdhearbhaigh Rialtas na Síne an maíomh seo freisin.
- (29) Ní raibh aon údarás ag an mhaíomh sin maidir le fóirdheontais san Aontas ar mheasúnú an Choimisiúin ba chúis le tionscnamh an cháis seo, toisc nach dtagann siad faoi raon feidhme na dtosca a measadh chun na críche sin.

### 1.2. Clárú allmhairí, neamh-fhorchur beart sealadach agus nós imeachta ina dhiaidh sin

- (30) Níor chuir tionscal an Aontais iarratas isteach ar chlárú allmhairí de bhun Airteagal 24(5) den bhun-Rialachán.
- (31) An 6 Lúnasa 2021, i gcomhréir le hAirteagal 29a(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara nach raibh sé ar intinn aige bearta sealadacha frithchúitimh a fhorchur agus leanúint leis an imscrúdú. Ós rud é nár formheasadh aon bheart sealadach frithchúitimh, níor chláraigh an Coimisiún aon allmhairiú faoi Airteagal 24(5a) den bhun-Rialachán Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag cros-seiceáil na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí cinntitheacha.

### 1.3. Tréimhse an imscrúdaithe agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (32) Bhain an t-imscrúdú ar fóirdheonú agus díobháil leis an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 ('tréimhse an imscrúdaithe' nó 'IP'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú den díobháil, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').
- (33) Meastar an tréimhse imscrúdaithe agus an tréimhse chéanna faoi bhreathnú a bheith i gceist leis an imscrúdú frith-fhóirdheontais seo agus leis an imscrúdú frithdhumpála ar leithligh a luaitear in aithris (4).

### 1.4. Páirtithe leasmhara

- (34) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, Rialtas na Síne, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, na hallmhaireoirí aitheanta agus úsáideoirí ar an eolas go sonrath faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.
- (35) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.



- (36) D'iarr roinnt páirtithe éisteacht le seirbhísí de chuid an Choimisiúin. Tugadh deis do pháirtithe a rinne iarratas laistigh de na spriocdhátaí sonraithe éisteacht a fháil. D'iarr *Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co. Ltd.* idirghabháil ón Oifigeach Éisteachta, agus bhí éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta ar siúl an 8 Aibreán 2021.

### 1.5. Sampláil

#### 1.5.1. Sampláil na dtáirgeoirí de chuid an Aontais

- (37) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid tháirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Trí tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla. Táirgeann na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais 50 % den tháirgeacht iomlán mheasta agus 40 % de mhéid díolachán iomlán measta an Aontais den táirge comhchosúil. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil agus, dá bhrí sin, deimhníodh an sampla.

#### 1.5.2. Sampláil na n-allmhaireoirí

- (38) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.
- (39) Sholáthair dhá allmhaireoir neamhghaolmhara an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise líon beag freagraí, ní raibh gá le hallmhaireoirí neamhghaolmhara a shampláil.

#### 1.5.3. Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

- (40) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin in sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaitheint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.
- (41) Sholáthair naoi gcinn de tháirgeoirí onnmhairiúcháin nó de ghrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin in DPS an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh siad a bheith curtha san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 27(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas ab fhéidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil. Tháirg na cuideachtaí sin breis agus 90 % d'allmhairí iomlána measta an Aontais den táirge lena mbaineann.
- (42) I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, tugadh deis do tháirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus d'údarás na tíre lena mbaineann, barúil a thabhairt ar roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.
- (43) Is iad seo a leanas sampla de na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin:
- An Nanshan Group, lena n-áirítear an *Yantai Donghai Aluminum Foil Co., Ltd*
  - An Wanshun Group, lena n-áirítear *Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd*
  - Daching Group, lena n-áirítear *Xiamen Xiashun Foil Alúmanam Co., Ltd*

### 1.6. Scrúdú aonair

- (44) Ocht gcinn de na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a chuir an fhoirm shampláilte ar ais, chuir siad in iúl don Choimisiún go raibh rún acu scrúdú aonair a iarraidh faoi Airteagal 27(3) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún an ceistneoir ar fáil ar líne lá an tionscnaimh. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go raibh sé de cheangal orthu freagra ar an gceistneoir a chur ar fáil dá mba mhian leo go ndéanfaí iad a scrúdú ar bhonn aonair. Mar sin féin, níor thug aon cheann de na cuideachtaí freagra ar an gceistneoir. Mar thoradh air sin, níorbh fhéidir aon scrúdú aonair a dhéanamh.

### 1.7. Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíoraithe

- (45) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig an ngearánach agus cuireadh na ceistneoirí ar fáil do tháirgeoirí, d'allmhaireoirí, d'úsáideoirí an Aontais agus do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar líne an lá a tionscnaíodh iad <sup>(10)</sup>.
- (46) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne freisin, ina raibh ceistneoirí sonracha Sinosure le haghaidh Sinosure, na bainc agus institiúidí airgeadais eile a sholáthair creidmheasanna maoinithe nó onnmhairiúcháin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus don 10 dtáirgeoir agus don deich ndáileoír is mó de na hábhair ionchuir arna n-úsáid ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Iarradh ar Rialtas na Síne freisin, chun riarachán a éascú, freagraí ó na hinstitiúidí airgeadais agus ó tháirgeoirí nó dáileoírí ábhar ionchuir a bhailiú, agus iad a sheoladh go díreach chuig an gCoimisiún.
- (47) Fuair an Coimisiún freagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne, ina raibh freagra ar an gceistneoir ó *Export-Import Bank of China* ('Banc EXIM') agus *Sinosure*. Ní bhfuarthas aon fhreagra, áfach, ó aon cheann de na bainc nó na hinstitiúidí airgeadais eile, ná ó phríomhtháirgeoirí ná ó hpríomhdháileoírí na n-ábhar ionchuir.
- (48) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó gach grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ón naonúr úsáideoir agus ó allmhaireoir neamhghaolmhar amháin.
- (49) Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 28 den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún agus rinne sé cros-seiceáil ar an bhfaisnéis go léir a mheastar a bheith riachtanach chun fóirdheontas, díobháil a eascraíonn as sin agus leas an Aontais a chinneadh. De bharr ráig phaindéim COVID-19 agus na mbeart a glacadh dá réir chun déileáil leis an ráig ('Fógra COVID-19') <sup>(11)</sup>, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh ar áitribh na gcuideachtaí sampláilte agus na n-úsáideoirí comhoibríocha go léir. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ('RCC') ar an bhfaisnéis a chuir Rialtas na Síne ar fáil, agus ghlac oifigigh ó na haireachtaí ábhartha agus ó na húdaráis rialtais eile páirt lena linn. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún RCCanna ar na cuideachtaí seo a leanas trí fhíschomhdháil:
- (a) Táirgeoirí de chuid an Aontais
- Carcano Antonio Spa, ('Carcano'), an Iodáil
  - Eurofoil Luxembourg S.A. ('Eurofoil'), Lucsamburg
  - Hydro Aluminium Rolled Products GmbH ('Hydro'), An Ghearmáin
- (b) Úsáideoirí
- Manreal ('Manreal'), an Spáinn
  - An Walki Group Oy ('Walki'), an Fhionlainn
- (c) Táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín
- (1) An Nanshan Group:
- Yantai Donghai Aluminium Foil Co., Ltd. ('Donghai Foil')
  - Yantai Jintai Co. Trádála Idirnáisiúnta, Ltd.
  - Longkou Nanshan Aluminum New Material Co., Ltd.
  - Longkou Nanshan Aluminum Rolling New Material Co., Ltd.
  - Shandong Nanshan Aluminium Co., Ltd. ('Shandong Nanshan')
  - An Nanshan Group Co., Ltd. ('Nanshan Group Co., Ltd.')
  - An Nanshan Group Finance Co., Ltd. ('Nanshan Finance')
  - Longkou Donghai Alumina Co., Ltd.
  - Shandong Yili Industry Co., Ltd.

<sup>(10)</sup> Ar fáil ag [https://trade.ec.europa.eu/tdi/case\\_details.cfm?id=2501](https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2501).

<sup>(11)</sup> Fógra maidir le hiarmhairtí phaindéim COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (2020/C 86/06) IO C 86 an 16.3.2020, lch. 6.

## (2) An Wanshun Group:

- Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.
- Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., (HK) Ltd.
- Anhui Uasta Tionscail Alúmanaim Co., Ltd.
- Shantou Wanshun New Material Group Co, Ltd ('Shantou Wanshun')
- Jiangsu Huafeng Tionscal Aluminium Co., Ltd

## (3) An Daching Group agus cuideachtaí gaolmhara:

- Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd. ('Xiamen Xiashun')
- Xiamen Qishun Real Estate Co., Ltd.
- Yunnan Yongshun Aluminum Co., Ltd ('Yongshun')
- Yunnan Yunlv Yongxin Próiseáil Miotail Co., Ltd ('Yongxin')
- Daching Enterprises Ltd.

- (50) Ní rabhthas in ann an chros-seiceáil chianda a raibh sé beartaithe a dhéanamh ar an úsáideoir Manreal a chur i gcrích i ngeall ar an easpa comhair. D'iarr Manreal idirghabháil ón Oifigeach Éisteachta a dheimhnikh nach raibh cearta cosanta Manreal sáraithe i ngeall ar fhoirceanna na cros-seiceála cianda. Dá bhrí sin, níor cuireadh an freagra ar an gceisteoir ó Manreal san áireamh le haghaidh na dtorthaí cinntitheacha. Mar sin féin, ní raibh tionchar aige sin ar an gconclúidí maidir le Leas an Aontais. D'ainneoin fhoirceannadh na cros-seiceála cianda, measadh fós gur páirtí leasmhar a bhí sa chuideachta sin agus cuireadh a barúlacha san imscrúdú san áireamh.

**1.8. An nochtadh deiridh**

- (51) An 3 Samhain 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar an mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann ('an nochtadh deiridh').
- (52) Ceadáíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.
- (53) Thug an Coimisiún aghaidh sa rialachán seo ar bharúlacha a tólacadh le linn an nós imeachta frith-fhóirdheontais. Níor tugadh aghaidh sa rialachán seo ar bharúlacha a cuireadh isteach i gcomhthéacs an imscrúdaithe frithdhumpála ar leithligh mura rud é gur thug na páirtithe le fios go sainráite gur cumhdaíodh an dá nós imeachta leis na barúlacha a cuireadh isteach.

**2. AN TÁIRGE I DTRÁCHT AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL****2.1. An táirge i dtrácht**

- (54) Is é atá sa táirge lena mbaineann scragall tiontaire alúmanaim atá níos lú ná 0,021 mm ar tiús, gan aon chúl air sin, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, i rollaí ar mó a meáchan ná 10 kg ('an táirge lena mbaineann').
- (55) Eisiatar na táirgí seo a leanas:
- (a) Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm ar tiús, gan aon chúl air sin, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, i rollaí nach mó ná 650 mm ar leithead agus ar mó a meáchan ná 10 kg.
  - (b) Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,007 mm agus ar lú ná 0,008 mm ar tiús, beag beann ar leithead na rollaí, bídis ainlithe nó ná bídis.
  - (c) Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm ar tiús agus i rollaí ar mó ná 650 mm ar leithead, bídis ainlithe nó ná bídis.
  - (d) Scragall alúmanaim tí ar mó ná 0,018 mm agus ar lú é ná 0,021 mm ar tiús, beag beann ar leithead na rollaí, bídis ainlithe nó ná bídis.

## 2.2. An táirge comhchosúil

- (56) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na úsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge i dtrácht;
  - an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh baile an tír lena mbaineann; agus
  - an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.
- (57) Dá bhrí sin chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

## 2.3. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

- (58) Thíolaic roinnt páirtithe iarrataí ar eisiamh táirgí a bhaineann leis na táirgí seo a leanas: ACF a bhfuil tomhsaire faoi bhun 6 miocrón acu ('ACF< 6') agus ACF le haghaidh ceallraí gluaisteáin leictreach ('ceallra gluaisteáin ACF').

### 2.3.1. ACF ar leithead faoi bhun 6 miocrón

- (59) Mhaígh roinnt úsáideoirí, Walki, Gascogne agus Alupol, nach bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais ag tairiscint ACF< 6. Líomhnaítear go bhfuil fianaise sa mhéid sin mar nach bhfógraíonn na táirgeoirí de chuid an Aontais táirgí den sórt sin ar a leathanaigh ghréasáin, ina gcuid bróisiúr agus go ndíulthaíonn orduithe ar tháirgí den sórt sin. Níl suim ag táirgeoirí de chuid an Aontais ACF< 6 a thairiscint ós rud é go bhfuil a n-acmhainneacht táirgeachta líonta le horduithe táirgí eile, agus á chur san áireamh freisin go meastar go mbeadh éileamh ar scragall ceallraí uathghluaisneacha. Níl táirgeoirí de chuid an Aontais in ann an cháilíocht 'tráchtála' a iarrtar a sholáthar, go háirithe maidir le póiriúlacht/neamh-thréscailteacht, a thomhaistear in uasmhéid mionpholl in aghaidh méadar cearnach. Ina theannta sin, is fearr ACF níos tanaí a úsáid ar mhaithe leis an gcomhshaol agus ar an gcúis sin ba cheart é a eisiamh ón raon feidhm.
- (60) Lena chois sin, d'áitigh Huhtamäki go bhfuil srianta soláthair ag tionscal an Aontais i leith ACFanna níos tanaí.
- (61) D'iarr an Coimisiún ar na naoi n-úsáideoir go léir a chomhoibríonn leis an imscrúdú an t-éileamh atá acu ar ACF< 6 agus na hacmhainní ACF atá acu faoi láthair a shonrú. Níor dheimhnigh ach úsáideoir amháin gur cheannaigh sé méid ACF< 6 a sháraigh an tairseach cháilíochta le haghaidh táirgeacht tráchtála, ó aon táirgeoir Síneach amháin. le linn IP. Mar sin féin, fiú don úsáideoir sin, níl in ACF< 6 agus cuid an-bheag dá thomhaltas ACF. Níor shonraigh úsáideoirí eile ach iarratais óna gcustaiméirí féin ar tháirgí a raibh ACF< 6 iontu, a spreag orduithe trialach le haghaidh an tionscail ACF an Aontais agus táirgeoirí Síneacha tar éis IP.
- (62) Sonraíodh sna freagraí nach bhfacthas an t-éileamh ar ACF< 6 ach le fíordhéanaí agus go bhfuil sé ag dul i méid. Bhí éileamh teoranta air le deich mbliana anuas, ach ní raibh aon phatrún soiléir ann. Tá sé sin i gcomhréir le míniúcháin ó tháirgeoirí de chuid an Aontais go rabhtas ag tosú a úsáid tomhsairí ACT níos tanaí de réir a chéile san am atá caite, ó raon 7-8 miocrón arbh é an raon ab ísle é san am atá caite go dtí go raibh raon 6 agus 6,35 miocrón ina chaighdeán reatha le haghaidh go leor feidhmeanna.
- (63) Cé gur léiríodh i suirbhé nach bhfuil aon táirgeoir de chuid an Aontais, cé is moite de chaibidlíochtaí díreacha, ag margú ACF< 6 go gníomhach i láthair na huair, bhailigh an Coimisiún neart faisnéise go bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais in ann ACF< 6 a tháirgeadh. Áirítear leis seo tháirgeadh rolla tástála tar éis IP, a chomhlíon éilimh teicniúla an cheannaitheora de réir na doiciméadachta tástála. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Coimisiún díolacháin ACF< 6 táirgeoirí éagsúla de chuid an Aontais a dheimhniú i méideanna táirgeachta tráchtála, fiú ar scála teoranta, le linn deich mbliana roimh IP. D'fhéadfadh an Coimisiún infheistíochtaí a dhéanamh i rialú cáilíochta freisin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir le tionscal an Aontais cáilíocht a sholáthar chun freastal ar éileamh an mhargaidh.

- (64) Ar an dara dul síos, tá an acmhainneacht ACF< 6 a tháirgeadh teoranta ag an gcéim dheireanach i.e. na muilt rollta. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís ar acmhainneacht táirgeoirí éagsúla de chuid an Aontais sa chéim dheireanach sin, agus an t-éileamh ar tháirgí eile sna céimeanna éagsúla táirgthe á chur san áireamh. Tá dóthain acmhainneacht shaor ag gach táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais chun cur ar a gcumas dóibh ACF< 6 a chur ar fáil, fiú más rud é go méadófar ar an éileamh ar scragall ceallraí gluaisteán amach anseo. Ní fhéadfadh an Coimisiún, dá bhrí sin, an riosca a dheimhniú go mbeadh ganntanas soláthair ann le haghaidh méadú ar éileamh ACF< 6 amach anseo.
- (65) Ar an tríú dul síos, maidir leis an argóint nach bhfuil úsáid ACF níos tanaí chomh díobhálach céanna don chomhshaol, mheabhraigh an Coimisiún nárbh é aidhm na mbeart cosanta trádála i bhfoirm dleachtanna atá beartaithe cosc a chur ar allmhairí táirge ar leith ach a áirithiú go ndéantar na hallmhairí sin a thrádáil ar phraghsanna neamhdhíobhálacha. Mheabhraigh an Coimisiún freisin acmhainneacht táirgeoirí de chuid an Aontais ACF< 6 a mhonarú.
- (66) Ar deireadh, maidir le hargóint Tetrapak agus Huhtamäki maidir leis an srian ar sholáthar, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil acmhainneacht táirgeachta thionscal ACF< 6 an Aontais i bhfad níos mó ná an t-éileamh a dhéantar air.
- (67) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, dhiúltaigh an Coimisiún go sealadach don iarraidh ar ACF< 6 a eisiáil ó raon feidhme an táirge atá faoi imscrúdú.
- (68) D'iarr Gascogne go gcuirfí san imscrúdú frith-fhóirdheontais sin na hargóintí a rinne sé sa nós imeachta frithdhumpála ar leithligh a bhain leis an táirge céanna de thionscnamh na Síne. Thug an Coimisiún aghaidh cheana ar na hargóintí céanna in aithrisí 25 go 28 Rialachán (AE) 2021/2170.
- (69) D'iarr Walki freisin go ndéanfaí na hargóintí a rinne sé san imscrúdú frithdhumpála ar leithligh a chur san imscrúdú frith-fhóirdheontais sin. I ndáil leis sin, tagraíonn an Coimisiún dá thorthaí in aithrisí 29 go 32 de Rialachán (AE) 2021/2170.
- (70) Lena chois sin, mhínigh Walki le linn na héisteachta tar éis an nochta deiridh gur i ndiaidh IP i nDeireadh Fómhair 2021 a rinneadh é, nach raibh aon díolachán gníomhach ar an margadh oscailte ná margáiocht ann fós do tháirgeoirí Eorpacha do ACF< 6. Chuir Walki fianaise isteach nach bhfuair sé tar éis an IP freagra dearfach ar a iarraí ar lua ar ACF< 6, agus mhínigh sé nach mbeadh ach táirgeoir amháin Aontais in ann glacadh le horduithe ACF< 6 de chainníocht tráchtála. Thug an Coimisiún aghaidh cheana féin ar na hargóintí céanna in aithris 28 de Rialachán (AE) 2021/2170.

### 2.3.2. ACF do cheallraí gluaisteán

- (71) D'iarr páirtí leasmhar amháin, Xiamen, scragall alúmanaim ceallra gluaisteáin a eisiáil ar na forais seo a leanas:
- Go teicniúil, is táirge an-difriúil é scragall alúmanaim ceallra a bhfuil úsáid dhifriúil aige, mar go n-úsáideann sé cóimhiotail 1050/1060/1100/3003 agus is cóimhiotail 8079/8011 iad na príomh-chóimhiotail chun ACF a tháirgeadh le haghaidh phacáistithe.
  - tá an trealamh agus na próisis táirgthe, lena ndéantar dhá dhromchla gheala i gcontráthacht le dromchla liath/geal ACF eile. Mar thoradh air sin, bíonn na costais táirgeachta agus na praghsanna díolachán difriúil freisin;
  - ní dhéanann táirgeoirí de chuid an Aontais é a mhonarú; agus
  - ní dhéantar é a onnmhairiú chuig an Aontas i láthair na huaire.
- (72) Mar fhreagairt, thug an Coimisiún dá aire ar dtús go bhfuil an tréith chéanna sna cóimhiotail go léir a d'ainmnigh an páirtí leasmhar sa mhéid go bhfuil níos mó ná 98 % d'alúmanam iontu go léir agus níl an gearán teoranta do chóimhiotal ar leith. Ní hé go bhfuil úsáid cóimhiotal éagsúil le haghaidh éagsúlachtaí táirgí difriúla neamhghnách agus ní féidir iad a úsáid mar chritéir eisiaimh.
- (73) Ar an dara dul síos, bíonn dath liath/geal ar an dromchla mar thoradh ar dhá shraith ACF a rolladh le chéile sa mhúileann rollta deireanach, áit a dtagann dath liath ar thaobhanna ACF atá os comhair a chéile le linn an rollta. Bhí an modh táirgthe seo cumhdaithe ag an ngearán, inar luadh go sainráite gur féidir leis an dá dhromchla ACF a bheith geal más rud é go sonraíonn an custaiméir é. Dá bhrí sin, ní féidir leis an úsáid atá beartaithe mar ACF le haghaidh ceallraí gluaisteáin údar a thabhairt le haon eisiáil ó raon feidhme an táirge mar gurb ionann saintréithe fisiceacha an táirge. Tá feidhm ag an méid céanna maidir leis an gcostas níos airde mar gheall ar rolladh sraithe aonair.

- (74) Ar an trídú dul síos, níl táirgeadh ceallraí gluaisteán san Aontas ach ag tosú. Bhailigh an Coimisiún fianaise, a léiríonn go bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais ag ullmhú chun freastal ar éileamh na deighleoise margaidh sin atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, tá an argóint contrártha leis an maíomh a rinne Walki a bhain le ACF < 6 a eisiáimh, go bhféadfadh tionscal an Aontais a aird a dhíriú a oiread sin ar scragall alúmanaim gluaisteán go bhféadfadh sé nach mbeadh suim ag an tionscal acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach a thabhairt do ACF < 6.
- (75) Ar an gceathrú dul síos, ós rud é nach bhfuil aon onnmhairiúchán mór ó Dhaon-Phoblacht na Síne i láthair na huaire, léiríonn sin go bhfuil táirgeadh ceallraí gluaisteán leictreach san Aontas tar éis tosú, agus mar sin ní féidir an argóint sin a dhéanamh le haghaidh eisiaimh.
- (76) Léiríodh san anailís gur ACF é go teicniúil é ACF do cheallraí gluaisteán leictreach atá á chur san áireamh i raon feidhme sainithe an imscrúdaithe.
- (77) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar ACF do cheallraí gluaisteán leictreach a eisiáimh ó raon feidhme táirge an táirge atá faoi imscrúdú.
- (78) Tar éis an nochtá deiridh, d'áitigh Xiamen Xiashun go bhfuil na ceithre argóint a thacaigh le diúltú an eisiaimh earráideach, nach bhfreagraíonn siad do na hargóintí a d'ardaigh Xiamen Xiashun agus nach dtugann siad na sonraí substainteacha a d'úsáid an Coimisiún chun teacht ar na conclúidí sin. Níor chuir an Coimisiún aon fhianaise fhíorasach ar fáil a fhreagraíonn d'arratas ar eisiaimh Xiamen Xiashun ina aighneachtaí agus ina éisteacht an 23 Feabhra. Nuair a dhiúltaigh an Coimisiún a léiriú na fhianaise sin a d'úsáid sé chun an diúltú a chinneadh, sáraíodh cearta cosanta Xiamen Xiashun dá dheasca sin. Ina theannta sin, d'áitigh Xiamen Xiashun, mar thoradh ar thíolacadh déanach fianaise ag an ngearánach maidir leis an iarratas ar eisiaimh scragall ceallraí san imeacht frithdhumpála go bhfuil amhras ann maidir le cén fianaise a mheas an Coimisiún san imscrúdú frith-fhóirdheontais. D'áitigh Xiamen Xiashun go ndearnadh aighneacht ón ngearánach dar dáta an 19 Iúil 2021 tar éis spriocdháta na mbarúlacha ag céim shealadach an imscrúdaithe frithdhumpála agus nár cheart í a mheas. Ina theannta sin, fágann rúndacht iomarcach san aighneacht nach féidir le Xiamen Xiashun freagra fóna a thabhairt.
- (79) An aighneacht ó na Gearánaithe an 19 Iúil 2021, ba fhreagairt í ar aighneacht Xiamen Xiashun an 5 Iúil 2021, inar chuir Xiamen Xiashun argóintí ar fáil ar mhaithe le ACF le haghaidh ceallraí gluaisteán leictreach a eisiáimh ón raon feidhme. Ní raibh leagan oscailte na haighneachta sin folaithe an iomarca. Bhí gá le hainm na cuideachta a fholú, a d'ullmhaigh sonraí teicniúla na haighneachta chomh maith le sonraí a fholú maidir lena dtáirgeadh teicniúil, gan sonraí rúnda maidir le gnó na cuideachta a nochtadh. Dá bhrí sin, diúltaíonn an Coimisiún don argóint gur sháraigh sé cearta Xiamen Xiashun tríd an aighneacht sin a mheas. Ina theannta sin, diúltaíonn an Coimisiún don mhaíomh nár shonraigh sé, cén fhianaise a chuir sé san áireamh. Níorbh fholáir don Choimisiún an fhianaise ar fad sa chomhad cásanna a chur san áireamh.
- (80) D'áitigh Xiamen Xiashun, mar gheall ar úsáid éagsúil agus saintréithe teicniúla, gur táirge nua don tionscal é an scragall alúmanaim le haghaidh ceallraí gluaisteán leictreach, fiú más scragall alúmanaim féin é. Mar sin féin, thug an Coimisiún freagra ar na hargóintí sin go léir, agus dúirt sé go soiléir go bhfuil na tréithe teicniúla agus na céimeanna táirgthe céanna sin ag baint freisin le ACF le haghaidh ceallraí gluaisteán leictreach. Níor léiríodh sna difríochtaí teicniúla ar ar thug Xiamen Xiashun tuilleadh sonraí ach idirdhealú le cineálacha eile ACF, ach níor léiríodh nach mbeadh na saintréithe céanna ag ACF le haghaidh ceallraí gluaisteán leictreacha, na saintréithe sin a sainítear faoi raon feidhme táirge an imscrúdaithe. Thug an Coimisiún freagra freisin don argóint nach mbeadh tionscal an Aontais in ann ACF le haghaidh ceallraí gluaisteán leictreach a tháirgeadh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh seo dá bhrí sin.
- (81) D'áitigh Xiamen Xiashun go ndearna an Coimisiún earráidí follasacha measúnaithe agus gur ghníomhaigh sé de shárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, mar nach ndearna sé scrúdú maille leis an gcúram cuí ná neamhchlaontacht chuí ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil agus nár thug sé aird chuí ar an bhfianaise ábhartha go léir nuair a bhí sé ag déanamh a gcuid cinntí trí gan achoimre fhiúntach a sholáthar ar phleananna tháirgeoirí an Aontais a n-acmhainn a mhéadú chun freastal ar an éileamh ar scragall ceallraí agus shéan sé an fhianaise arna soláthar ag Xiamen Xiashun maidir leis an éileamh ar scragall ceallraí.

- (82) Mhaígh Xiamen Xiashun go raibh acmhainneacht bhreise shubstantiúil thionscal an Aontais in ann freastal ar an éileamh ar mhargadh scragall ceallraí atá ag teacht chun cinn ag teacht salach ar a ráiteas go bhfuil sonraí lena léirítear ullmhúchán táirgeoirí an Aontais chun freastal ar éileamh scragall ceallraí an-rúnda agus nach féidir achoimre a dhéanamh orthu ós rud é nach bhfuil na tionscadail sin poiblí go fóill agus go bhfuil siad an-íogair dá bhrí sin.
- (83) Mhaígh Xiamen Xiashun freisin gur dhiúltaigh an Coimisiún glacadh lena forléargas cuimsitheach ar an éileamh a rabhtas ag súil leis ar an mbonn gur léiríodh go ndearnadh roinnt tionscadal ceallraí a chur i gcrích ag tráth neamhchinnithe sa todhcháí. Mhaígh Xiamen Xiashun gur gné dhílis é sin de shonraí a bhaineann le tionscadail atá beartaithe.
- (84) An ráiteas ón gCoimisiún gur féidir le tionscal an Aontais freastal ar an éileamh ar mhargadh an scragail ceallraí atá ag teacht chun cinn, is ráiteas é a bhaineann leis an toilleadh breise foriomlán sna muilte rollta. Baineann na sonraí lena léirítear ullmhú tháirgeoirí an Aontais chun freastal ar éileamh ar scragall ceallraí le hiarrachtaí thionscal an Aontais a bheith in ann táirgí a tháirgeadh de réir na saintréithe a iarrann táirgeoirí ceallraí. Ach achoimre a thabhairt ar na hiarrachtaí sin, léireodh an Coimisiún straitéisí gnó tháirgeoirí an Aontais. Níl aon chontrárthacht dá bhrí sin idir na ráitis réamhluaithe. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.
- (85) Agus an forléargas ar an éileamh a bhfuiltear ag súil leis amach anseo á mheas ag Xiamen Xiashun a soláthraíodh ó fhoirse atá ar fáil go poiblí, rinne an Coimisiún idirdhealú idir tionscadail i gcéim phleanála ina bhfuil creat ama ar leith agus tionscadail bheartaithe nach bhfuil aon léiriú ann ina leith ar an mbliain ina mbeidh siad oibríochtúil. Ní séanadh fianaise arna soláthar ag Xiamen Xiashun é seo, ach anailís chríochnúil ar an éileamh a mbeidh súil leis go hiarbhrí. Go deimhin, bunaíodh go hiomchuí an measúnú ar cé acu an féidir nó nach féidir le tionscal an Aontais an t-éileamh a bhfuiltear ag súil leis amach anseo a chomhlíonadh ar thionscadail na gcaidhnraí, tionscadail atá beartaithe a chur i gcrích i mbliain ar leith amach anseo. Diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin.

#### 2.4. Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE

- (86) Tionscnaíodh an cás sin le linn na hidirthréimhse tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe (“RA”) as an Aontas Eorpach. Le linn na hidirthréimhse sin, bhí an Ríocht Aontaithe fós faoi réir dhlí an Aontais. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, amhail ón 1 Eanáir 2021, níor cháiligh cuideachtaí ná comhlachais ón Ríocht Aontaithe mar pháirtithe leasmhara san imeacht seo a thuilleadh. Mar fhocal scoir, ós rud é nach bhfuil an Ríocht Aontaithe faoi réir dhlí an Aontais a thuilleadh, tá na cinní maidir le dumpáil agus díobháil bunaithe ar shonraí margaidh AE-27.

### 3. FÓIRDHEONÚ

#### 3.1. Réamhrá: Cur i láthair phleananna, tionscadail agus dhoiciméid eile Rialtas na Síne

- (87) Sula ndearna an Coimisiún anailís ar an bhfóirdheonú líomhnaithe i bhfoirm fóirdheontas nó cláir fóirdheontais, rinne sé measúnú ar phleananna, tionscadail agus doiciméid eile an rialtais, nithe a bhí ábhartha don anailís ar na cláir fóirdheontais a scrúdaíodh. Shuigh sé go bhfuil na fóirdheontais nó na cláir fóirdheontais ar fad atá á measúnú ina gcuid de chur chun feidhme phleanáil lárnach Rialtas na Síne chun an tionscal ACF a spreagadh ar mhaithe leis na cúiseanna a leagtar amach thíos.
- (88) Is é a threoraíonn geilleagar na Síne ná córas pleanála ilchasta lena leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na cuspóirí nach mór do na rialtais lárnacha agus áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal rialtais agus cumhdaítear leo beagnach gach earnáil eacnamaíoch. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh <sup>(12)</sup>.

<sup>(12)</sup> Doiciméad Imhleanach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2. - Caibidil 4, lch. 41:-42, 83.

- (89) Meastar gur táirge lárnach ag Rialtas na Síne é ACF, mar a thuairiscítear i ndoiciméid agus liostaí beartais phoiblí. Tá tábhacht mhór ag baint le catagóirí den sórt sin toisc go gcáilítear eárnálacha áirithe chun iad a chuimsiú trí bheartais shonracha éagsúla agus trí bhearta tacaíochta arna gceapadh chun forbairt a spreagadh i ngach eárnáil <sup>(13)</sup>. Tá ACF comhtháite freisin laistigh de na hábhair nua sa straitéis Déanta sa tSín 2025 <sup>(14)</sup> agus tá sé san áireamh in go leor pleananna, treoracha agus doiciméid eile, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach, agus atá idirnasctha go frithpháirteach. I measc na bpríomhcháipéisí beartais sin tá na pleananna, tionscadail agus doiciméid eile seo a leanas.
- (90) Léirítear sa ‘10ú Plean Cúig Bliana Forbartha Eacnamaíochta agus Sóisialta (2001-2005)’ go gcuirfí dlús le hathstruchtúrú tionsclaíoch agus atheagrú tionsclaíoch chun táirgí tionsclaíocha a fhorbairt, lena n-áirítear tionscal na n-amhábar, agus go sonrach, alúmana <sup>(15)</sup>.
- (91) Éilítear leis an ‘*National 11th Five-Year Plan of Economic and Social Development (2006-2010)*’ go bhforbrófaí próiseáil alúmanaim agus go bhfeabhsófaí an leibhéal úsáide cuimsitheach a bhaintear as acmhainní tionsclaíocha alúmanaim. <sup>(16)</sup>
- (92) Léiríonn ‘*National 12th Five-Year Plan of Economic and Social Development (2011-2015)*’ gur cheart dul chun cinn nua maidir le T&D a chur san áireamh in athstruchtúrú na bpríomhthionscal, úsáid acmhainní comhtháite, caomhnú fuinnimh, agus laghdú astaíochtaí ó na tionscail bhruithnithe agus ábhar tógála <sup>(17)</sup>.
- (93) Sa *National 13th Five-Year Plan of Economic and Social Development* de chuid na Síne (‘an 13ú Plean Cúig Bliana’), a chumhdaíonn an tréimhse 2016-2020, leagtar béim ar fhís straitéiseach Rialtas na Síne príomhthionscail a fheabhsú agus a chur chun cinn. Sa 13ú Plean Cúig Bliana, leagadh béim ar rún Rialtas na Síne forbairt ardteicneolaíochtaí straitéiseacha a neartú agus léirítear ann conas is fearr leis Rialtas na Síne tionscail ‘eochair-thionscail’ agus ba cheart iad a chur chun cinn agus a fheabhsú. Sainithnítear sa Phlean sin tionscal na miotal neamhfheiriúil, tionscal ina bhfuil tionscal na scragall alúmanaim mar chuid de, mar cheann de na ‘eochair-thionscail’ sin ar ina leith ba cheart an córas tacaíochta seirbhíse, lena n-áirítear airgeadas, cánachas, árachas agus ardáin infheistíochta, a fhoirbhiú <sup>(18)</sup>.
- (94) Leis an ‘*Decision of the State Council on Promulgating the Interim Provisions Promoting Industrial Structure Adjustment for Implementation (Guo Fa (2005) Uimh. 40)*’ (‘Cinneadh 40’), léirítear gur tábhachtach an bunús é an ‘*Decision of the State Council on Promulgating the Interim Provisions Promoting Industrial Structure Adjustment for Implementation*’ do threoraíocht infheistíochta agus riarachán rialtais ar bheartais amhail beartas airgeadais phoiblí, cánachas agus creidmheas. Léirítear freisin le Cinneadh 40 go gcuirfear tacaíocht chreidmheasa ar fáil do thionscadail i dtionscail ‘atáthar a spreagadh’ agus prionsabail chreidmheasa á gcomhlíonadh. <sup>(19)</sup>
- (95) Áirítear go sonrach leis an ‘*Catalogue for the Guidance of Industrial Structure Adjustment*’, alúmanam, agus forbairt na teicneolaíochta táirgthe laistigh de, mar atáthar a spreagadh <sup>(20)</sup>. Tá sé sin deimhnithe sa *Guiding Catalogue for Industry Restructuring* (Leagan 2019), ar dá réir atáthar ag spreagadh go huile próiseáil rollta alúmanaim, folús-alúmanú le haghaidh pacáil agus próiseáil cóimhiotal alúmanaim.
- (96) Sa ‘*Nonferrous Metal Development Plan*’ (2016-2020) cuirtear síos ar an tionscal miotal neamhfheiriúil agus é ina bhunchloch thábhachtach don tionscal monaraíochta agus cuirtear síos ar chur i gcrích na hacmhainneacht monaraíochta. Ina theannta sin, léirítear go bhfuil tosaíocht le forbairt scragall alúmanaim <sup>(21)</sup>.

<sup>(13)</sup> Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 17.

<sup>(14)</sup> *Made in China 2025 Roadmap* – Caibidil 9.

<sup>(15)</sup> Féach an 10ú Plean Cúig Bliana, lch. 11.

<sup>(16)</sup> Féach an 11ú Plean Cúig Bliana, lch. 16.

<sup>(17)</sup> Féach an 12ú Plean Cúig Bliana, lch. 10.

<sup>(18)</sup> Féach an 13ú Plean Cúig Bliana, lch. 1.

<sup>(19)</sup> Féach *Decision of the State Council on Decision on Promulgating the Interim Provisions Promoting Industrial Structure Adjustment 2* Nollaig 2005, Caibidil III Airteagail 12, 13, 14, agus 17.

<sup>(20)</sup> Féach *Directory Catalogue on Readjustment of Industrial Structure Adjustment* (Leagan 2005), VIII.7.

<sup>(21)</sup> Féach *Development Planning of Non-ferrous Metals Industry* (le haghaidh 2016 go 2020), lch. 1. agus 34.



- (97) Sa 'Notice of Guidelines on Accelerating the Adjustment of Aluminium Industry Structure, (2006)' léirítear gur tábhachtach an t-amhábhair é alúmanam chun an geilleagar náisiúnta a fhorbairt. <sup>(22)</sup> Léirítear sa doiciméad an tacaíocht airgeadais a thugtar don earnáil alúmanaim: De réir na gceanglas macra-rialaithe náisiúnta, an bheartais thionsclaíoch agus na gceanglas creidmheasa, déanfaidh na hinstiúidí airgeadais cistí creidmheasa a leithdháileadh go réasúnta. I gcás fiontair alúmanaim agus fiontair alúmanaim leictirilítigh a chomhlíonann na beartais thionsclaíocha náisiúnta, coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh agus príonsabail chreidmheasa, ní mór leanúint de thacaíocht chreidmheasa a thabhairt; I gcás fiontar nach gcomhlíonann na coinníollacha náisiúnta maidir le beartais thionsclaíoch agus rochtain ar an margadh, le teicneolaíocht mhallach agus a liostaítear in ítimí atá toirmiscthe nó a chuirtear deireadh leo, ní sholáthrófar tacaíocht chreidmheasa d'aon chineál. <sup>(23)</sup>
- (98) Thairis sin, sa 'China High-Tech Products Catalogue', catalóg a d'eisigh an *Ministry of Science and Technology*, an *Ministry of Foreign Trade* agus the *General Administration of Customs*, liostaítear 1 900 táirge ardteicneolaíochta i gcatagóirí, ar táirgí iad ar a bhfuil sé beartaithe ag an rialtas beartais onnmhairiúcháin fhabhracha a thabhairt isteach ina leith. Ceann de na catagóirí is ea an chatagóir ábhar nua mar a thugtar uirthi, ina gcuimsítear ACF <sup>(24)</sup>.
- (99) Trí bheith ina thionscal atáthar a spreagadh sa straitéis *Made in China 2025*, tá an tionscal ACF incháilithe chun sochar a bhaint as cistiú suntasach Stáit. Cruthaíodh roinnt cistí chun tacú le tionscnamh *Made in China 2025* <sup>(25)</sup> agus dá bhrí sin leis an tionscal ACF <sup>(26)</sup>.
- (100) Tá 10 n-earnáil straitéiseacha sa treochlár 'Made in China 2025' <sup>(27)</sup>, arb iad na príomhthionscail do Rialtas na Síne iad. Cuimsíonn sé i roinn 9 'New materials' agus soiléiríonn sé na cuspóirí chun ábhair nua ar leith a fhorbairt go gníomhach le haghaidh úsáid mhíleata agus shibhialtach araon, dlús a chur le haistriú agus claochlú teicneolaíochtaí dhá threo agus forbairt chomhtháite mhíleata agus shibhialtach thionscal nua na n-ábhar a chur chun cinn chomh maith le dlús a chur le huasghrádú na n-ábhar bunúsach <sup>(28)</sup>. Tá ACF mar chuid d'ábhair nua a thagann faoi thosaíochtaí forbartha na hearnála seo. Dá bhrí sin, baineann ábhair nua sochar as na buntáistí a eascraíonn as na sásraí tacaíochta a liostaítear sa doiciméad, lena n-áirítear, i measc nithe eile, beartais tacaíochta airgeadais, beartais fíoscach agus cánachas, maoirseacht agus tacaíocht ón gComhairle Stáit.
- (101) Feictear cur chuige Rialtas na Síne maidir le tionscail agus táirgí atáthar a spreagadh a shainiú i gcatalóga chun acmhainní a leithdháileadh dá réir, bunaithe ar a dtábhacht straitéiseach nó pholaitiúil a chuireann an tSín leo, agus chun na pleananna a chur chun feidhme agus a mhaoirsiú ar gach leibhéal riaracháin trí scrúdú a dhéanamh ar an *Catalogue of Strategic and Emerging Products and Services of the National Development and Reform Commission* ('NDRC') ó 2016 <sup>(29)</sup>. Tá ACF san áireamh faoi ábhair nua.
- (102) Le Cinneadh Uimh. 40, Caibidil III tagraítear do 'The Guiding Catalogue for Industry Restructuring' ina bhfuil trí chineál inneachair, eadhon ábhar tionscadail atáthar a spreagadh, ábhar tionscadal teoranta agus ábhar tionscadal atáthar a dhíchur. De réir Airteagal XVII den Chinneadh, más rud é gur leis an ábhar spreagtha atá sa tionscadal infheistíochta é, déanfar é a scrúdú agus a fhormheas agus a chur ar taifead i gcomhréir leis na rialacháin náisiúnta ábhartha maidir le hinfeistíocht; soláthróidh gach instiúid airgeadais tacaíocht chreidmheasa de réir na bprionsabail creidmheasa; is féidir leis an trealamh féin-úsáide arna allmhairiú i méid iomlán na hinfeistíochta, seachas tráchtearraí in *Non-exempt Imported Commodities Content of Domestic Invested Projects* (arna leasú in 2000) arna eisiúint ag an Aireacht Airgeadais, a bheith díolmhaithe ó dhleacht ar allmhairí agus ó cháin bhreisluacha naisc allmhairiúcháin, ach amháin má tá rialacháin nua ann maidir le hábhar na dtionscadal infheistíochta neamhdhíolmhaithe. Déanfar beartais roghnacha eile ar na tionscail thionsclaíocha atáthar a spreagadh a chur chun feidhme de réir na Rialachán náisiúnta ábhartha.
- (103) Dá bhrí sin, déantar foráil i gCinneadh Uimh. 40, arna léamh in éineacht leis an *Guiding Catalogue for Industry Restructuring*, maidir le déileáil go sainiúil le tionscail áirithe laistigh de thionscail áirithe atáthar a spreagadh.

<sup>(22)</sup> Féach *Notice of Guidelines Accelerating the Adjustment of Aluminum Industry Structure*, lch. 1.

<sup>(23)</sup> Féach 'Notice of Guidelines Accelerating the Adjustment of Aluminum Industry Structure', lch. 4.

<sup>(24)</sup> Féach *Catalogue of high and new technology products* (2006).

<sup>(25)</sup> Féach *US-China Economic and Security Review Commission: An 13ú Plean Cúig Bliana*, lch. 12.

<sup>(26)</sup> [https://www.ndrc.gov.cn/fzggw/jgsj/gjss/sjdt/201806/t20180612\\_1154987.html?code=&state=123](https://www.ndrc.gov.cn/fzggw/jgsj/gjss/sjdt/201806/t20180612_1154987.html?code=&state=123), arna rochtain go deireanach 21 Meán Fómhair 2021.

<sup>(27)</sup> <https://www.cae.cn/cae/html/files/2015-10/29/20151029105822561730637.pdf>, arna rochtain go deireanach 28 Meitheamh 2021.

<sup>(28)</sup> *Notice of the State Council on Promulgating 'Made in China 2025' Plan*, Roinn 9, Ábhair nua.

<sup>(29)</sup> [https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/gg/201702/t20170204\\_961174.html?code=&state=123](https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/gg/201702/t20170204_961174.html?code=&state=123), arna rochtain go deireanach 21 Meán Fómhair 2021.

- (104) I bhfianaise na bpleananna agus na gclár thuasluaite, meastar mar sin gur tionscal tábhachtach/straitéiseach é an tionscal ACF, a bhfuil a fhorbairt á saothrú go gníomhach ag Rialtas na Síne mar chuspóir beartais. Ar bhonn na ndoiciméad beartais dá dtagraítear sa roinn seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéanann Rialtas na Síne idirghabháil sa tionscal ACF chun na beartais ghaolmhara a chur chun feidhme agus go gcuireann sé isteach ar fhórsaí an mhargaidh gan srian san earnáil ACF, go sonrach trí thacú leis an earnáil agus í a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla.
- (105) Tar éis an nochtá deiridh, mhaígh Rialtas na Síne nach bhfuil na doiciméid thuasluaite sa roinn seo mar bhunús do thacaíocht ná spreagadh ar leith a thabhairt don tionscal ACF. De réir Rialtas na Síne, níl dóthain fianaise ann a chruthú gur tionscal atáthar a spreagadh é an tionscal ACF agus ní chumhdaítear ACF leis na doiciméid a thagraíonn do mhíotail neamhfheiriúla, an tionscal alúmanaim agus/nó ábhair nua.
- (106) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Ar an gcéad dul síos áitíonn sé gur féidir glacadh leis go réasúnta go gcumhdaítear scragall alúmanaim sa tuairisc ar tháirgí amhail ábhair nua, míotail neamhfheiriúla agus tionscal alúmanaim. Ar an dara dul síos, i gcuid de na doiciméid a liostaítear thuas, amhail an *'Nonferrous Metal Development Plan (2016-2020)'* dá dtagraítear in aithris (96) agus sa *China High-Tech Products Catalogue* in aithris (98) luaitear scragall alúmanaim go sainráite chomh maith mar sin. Ar an tríú dul síos, léiríodh san imscrúdú gur bhain na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sochar as fóirdheontais nach bhfuil incháilithe ach do thionscail atáthar a spreagadh mar a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 40 agus go ndearnadh mionanailís orthu sna ranna ábhartha thíos. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Rialtas na Síne.

### 3.2. Neamh-chomhoibriú agus úsáid fíoras atá ar fáil

- (107) Tar éis an nochtá deiridh, rinne Rialtas na Síne roinnt ráiteas ginearálta maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún forálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i ndáil le hiasachtú fabhrach, árachas creidmheasanna onnmhairiúcháin, agus ábhair ionchuir.
- (108) Mhaígh Rialtas na Síne go raibh iarratais uile an Choimisiúin ar fhaisnéis nach bhféadfadh Rialtas na Síne freagraí a thabhairt orthu míréasúnta, ós rud é gur ghlac na hiarratais sin leis go raibh cumhachtaí dlíthiúla ann nach raibh ag Rialtas na Síne.
- (109) Ina theannta sin, d'áitigh Rialtas na Síne nach ndearna an Coimisiún meastóireacht cheart ar na fíorais a bhí os a chomhair agus nár thug sé míniú cuí ar cén fáth go ndearnadh na fíorais sin a bhí ar fáil a chur in ionad aon fhaisnéis riachtanach a bhí ar iarraidh.
- (110) Mar a leagtar amach thíos in aithris (118), bhí an Coimisiún den tuairim go raibh an chumhacht dhlíthiúil ag Rialtas na Síne an fhaisnéis a iarradh a fháil, mar scairshealbhóir nó mar údarás atá freagrach as na heintitis ar iarr an Coimisiún an fhaisnéis ina leith. Leag an Coimisiún amach ina theachtairacht chuig Rialtas na Síne, a luaitear arís i roinn 3.2.1 go roinn 3.2.3 thíos, an fáth a raibh air a bheith ag brath ar na fíorais atá ar fáil. Mheas an Coimisiún go raibh sé réasúnta an fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí a chur in ionad na faisnéise nár sholáthair Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Rialtas na Síne.

#### 3.2.1. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le hiasachtú fabhrach

- (111) Ar mhaithe le háisiúlacht riaracháin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig aon institiúid airgeadais a sholáthair iasachtaí nó creidmheasanna onnmhairiúcháin do na cuideachtaí sampláilte.
- (112) Ar dtús, ní bhfuarthas freagraí ach ó Bhanc EXIM agus Sinasure. Níor thug Rialtas na Síne freagra ar iarratas an Choimisiúin ceistneoirí a chur ar fáil do gach institiúid airgeadais a thug iasachtaí nó creidmheasanna onnmhairiúcháin do na cuideachtaí sampláilte. Sa litir maidir le heasnamh, rinne an Coimisiún a iarratas arís, dá bhrí sin, maidir leis na hinstiúidí airgeadais d'fhonn a rannpháirtíocht san imscrúdú a uasmhéadú tríd an bhfaisnéis riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhfóirdheonú líomhnaithe agus méid an fhóirdheonaithe sin.

- (113) Tar éis na litreach easnaimh, thug Rialtas na Síne le fios nach raibh sé údaraithe faisnéis a iarraidh ar bhainc thráchtála. Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar an gcéad dul síos, tuigtear don Choimisiún go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar eintitis atá faoi úinéireacht an Stáit ar fáil do Rialtas na Síne do gach eintiteas ina bhfuil Rialtas na Síne ar an príomh-scairshealbhóir nó ina bhfuil na scaireanna is mó aige. Ina theannta sin, tá an t-údarás is gá ag Rialtas na Síne chun idirghníomhú leis na hinstitiúidí airgeadais fiú nuair nach bhfuil siad faoi úinéireacht Stáit, ós rud é go dtagann siad ar fad faoi dháilínse CBIRC.
- (114) Ar deireadh, ní bhfuair an Coimisiún ach faisnéis maidir le struchtúr corparáideach, rialachas agus úinéireacht ó Bhanc EXIM ach ní ó aon cheann de na hinstitiúidí airgeadais eile, a thug iasachtaí do na cuideachtaí sampláilte. Ina theannta sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis infhíoraithe a bhaineann go sonrach le cuideachta ó aon cheann de na bainc nó ó aon institiúid airgeadais.
- (115) Ós rud é nach bhfuil aon fhaisnéis faighte aige maidir leis an gcuid is mó de na bainc a chuir iasachtaí ar fáil do na cuideachtaí sampláilte, measann an Coimisiún nach bhfuil faisnéis rithábhachtach atá ábhartha don ghné sin den imscrúdú faighte aige.
- (116) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí iasachtú fabhrach agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin.
- (117) Mar fhreagra air sin, chuir Rialtas na Síne i gcoinne chur i bhfeidhm Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán. D'áitigh sé nach bhfuil sé d'oibleagáid ar Rialtas na Síne an fhaisnéis a iarraidh a sholáthar, gur cheart ceisteanna a chur go díreach ar na heintitis lena mbaineann, agus nár cheart iad a chur ar Rialtas na Síne ina cháil mar infheisteoir nó scairshealbhóir, agus nach bhfuil an fhaisnéis a iarraidh riachtanach.
- (118) Comhaontaíonn an Coimisiún gur cheart freagraí a fháil ó na heintitis lena mbaineann go díreach. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ar mhaithe le caoithiúlacht riaracháin ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig gach institiúid airgeadais ábhartha, rud nach ndearna sé. Ina theannta sin, faoi mar a luaitear in aithris (113) thuas, chloígh an Coimisiún lena sheasamh gurb é Rialtas na Síne, mar chomhlacht rialála, an t-údarás a bhfuil air freagraí ar na ceisteanna sonracha a iarraidh ar na hinstitiúidí airgeadais a chuir maoiniú ar fáil do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.
- (119) Ar deireadh, mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a iarraidh rithábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar smacht Rialtas na Síne ar iompar na n-institiúidí airgeadais maidir lena bheartais iasachtaithe agus measúnú ar riosca, i gcás inar thug siad iasachtaí don tionscal ACF.
- (120) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid mar sin go raibh air a bheith ag brath go páirteach ar na fíorais a bhí ar fáil agus scrúdú á dhéanamh aige ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí iasachtú fabhrach agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin.

### 3.2.2. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin

- (121) Ar mhaithe le háisiúlacht riaracháin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig Sinosure.
- (122) Cé go bhfuarthas freagra ar an gceistneoir, níor thug Sinosure na doiciméid tacaíochta a iarraidh maidir le rialachas corparáideach Sinosure, amhail a Airteagail Chomhlachais. Ina theannta sin, ní bhfuarthas aon fhaisnéis shonrach faoin árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a soláthraíodh don tionscal ACF, leibhéal na bpréimheanna ná na figiúirí mionsonraithe a bhaineann le brabúsacht a ghnó árachais creidmheasa onnmhairiúcháin ó Rialtas na Síne nó ó Sinosure.
- (123) In éagmais na faisnéise sin, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis rithábhachtach a bhaineann leis an ngné sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí árachas creidmheasa onnmhairiúcháin agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin.

- (124) Ina fhreagra, agus tar éis an nochtá deiridh, choimeád Rialtas na Síne a sheasamh nach raibh fóirdheontais a bhaineann go sonrach leis an tionscal ACF á chur ar fáil ag Sinosure agus go leanann sé prionsabal atá dírithe ar an margadh chun gnó árachais ábhartha a dhéanamh agus nach bhfuil aon chóir fhabhrach shonrach aige maidir leis an tionscal ACF. Ina theannta sin, níor cuireadh árachas creidmheasa onnmhairiúcháin san áireamh sa ghearán, dá bhrí sin ní raibh an fhaisnéis a iarradh riachtanach ná rithábhachtach do chinntí an Choimisiúin.
- (125) Mar a luaitear in aithris (8) thuas, le linn an imscrúdaithe, tá sé de rogha ag an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann leis na fóirdheontais líomhnaithe agus níl sé teoranta don fhaisnéis atá sa ghearán. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur áiríodh sa ghearán agus san Fhógra Tionscnaimh scéimeanna a bhaineann le maoiniú fabhrach agus le haistriú díreach cistí, lena gcuimsítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin freisin. Mheas an Coimisiún freisin go raibh an fhaisnéis a chuir Rialtas na Síne ar fáil maidir le Sinosure neamhiomlán agus nár cheadaigh sé don Choimisiún teacht ar chonclúidí maidir le codanna rithábhachtacha den imscrúdú maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin, go háirithe an comhlacht poiblí é Sinosure agus cibé an raibh na préimheanna a ghearrtar ar na cuideachtaí sampláilte bunaithe ar an margadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (126) Chinn an Coimisiún mar sin go raibh air a bheith ag brath go páirteach ar na fíorais atá ar fáil dá chinntí maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin.

### 3.2.3. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le hábhair ionchuir

- (127) D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoir sonrach a chur ar aghaidh chuig an 10 táirgeoir agus dáileoír is fearr de na hábhair ionchuir a úsáidtear i dtáirgeadh ACF, agus chuig aon soláthróir eile a sholáthraíonn na hábhair i dt trácht, a chuir ionchur ar fáil do na cuideachtaí sampláilte. Sa fhreagra a thug sé ar an gceistneoir, mhaígh Rialtas na Síne nach raibh smacht aige ar na soláthróirí ábhar ionchuir an fhaisnéis rúnda a iarradh sa cheistneoir a sholáthar, agus go mbeadh sé ina ualach míréasúnta ar Rialtas na Síne an próiseas a chomhordú le líon an-suntasach de sholáthróirí ábhar ionchuir na gcuideachtaí sampláilte.
- (128) Níor chuir Rialtas na Síne forbheathnú ar fáil maille le hainmneacha agus struchtúr úinéireachta na soláthróirí Síneacha a sholáthraíonn ábhair ionchuir atá faoi imscrúdú agus mhaígh sé gur faisnéis rúnda a bhí ann. Thairis sin, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis mhionsonraithe ar an gcuid is mó de shaintréithe an mhargaidh baile sa tSín d'ábhair ionchuir le haghaidh ACF, ina measc an seo a leanas: an sciar de SOE i dtáirgeadh agus i dtomhaltas intíre, méid an mhargaidh intíre, beartais phraghsála an Stáit agus/nó SOEanna, praghsanna iarbhír na n-ábhar ionchuir sa mhargadh baile, agus staidreamh.
- (129) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis na heilimintí a liostaítear thuas, lena n-áirítear struchtúr an mhargaidh baile, sásraí socraithe praghsanna agus praghsanna, agus scairshealbhóireacht chuideachtaí, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis rithábhachtach a bhain leis an imscrúdú.
- (130) Chinn an Coimisiún mar sin go raibh air a bheith ag brath go páirteach ar na fíorais atá ar fáil dá thorthaí maidir le hábhair ionchuir.

### 3.2.4. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le Yongxin

- (131) De réir an cheistneora fóirdheontais, ní mór do chuideachtaí gaolmhara a sholáthraíonn ionchuir agus sócmhainní do phróiseas táirgthe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte freagra a thabhairt ar ranna A agus E den cheistneoir. Mar sin féin, Yongxin, soláthraí ionchuir a bhaineann leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte Xiamen Xiashun, níor thug siad freagra den sórt sin ar dtús. Dúirt Xiashun Xiashun, mar gheall ar chineáil an ghaoil, nach raibh aon bhealach chun iallach a chur ar Yongxin freagra a thabhairt ar cheistneoir agus nár cheart go mbeadh aon tionchar ag an easpa comhair le Yongxin ar an imscrúdú seo.

- (132) Thug an Coimisiún dá aire go raibh cuideachta chomhfhiontair, Yongshun, bunaithe ag Xiamen Xiashun agus Yongxin, de thairbhe gaol a bheith ag na cuideachtaí sin le chéile de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún <sup>(30)</sup>. Ina theannta sin, bhí an cuideachta chomhfhiontair Yongshun ina soláthróir tábhachtach amhábar le haghaidh táirgeadh ACF ag Xiamen Xiashun. Dá bhrí sin, ba cheart di freagra ar cheistneoir fóirdheontais a chur isteach, de réir threoracha an cheistneora agus na litreach easnamh dar dáta 19 Feabhra 2021.
- (133) Maidir leis an easpa tionchair ar an imscrúdú, thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh go leor idirbheart idir cuideachtaí idir Yongxin agus Yongshun i gcrích, a bhaineann le talamh, amhábhair agus maoiniú. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, in éagmais freagra ó Yongxin, go raibh sé dodhéanta méid iomlán na bhfóirdheontas a fuair an grúpa a chinneadh.
- (134) Dá bhrí sin, an 15 Márta 2021, chuir an Coimisiún in iúl do Xiamen Xiashun go bhféadfadh sé dul i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a dheonaítear trí Yongxin agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin. Mar fhreagra ar litir an Choimisiúin, d'iarr Xiamen Xiashun éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta an 23 Márta 2021. Mhol an tOifigeach Éisteachta go ndéanfadh Xiamen Xiashun iarracht bhreise iarraidh ar Yongxin an fhaisnéis a iarradh a sholáthar. Ar deireadh, fuarthas freagra ar cheisteanna sonracha an Choimisiúin ó Yongxin an 7 Bealtaine 2021, agus fíoraíodh na sonraí a fuarthas le linn cros-seiceáil chianda an 2 Meitheamh 2021.

### 3.2.5. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir leis an Nanshan Group

- (135) De réir an cheistneora fóirdheontais, iarradh ar na cuideachtaí sampláilte, chomh maith lena gcuideachtaí gaolmhara, sonraí agus doiciméid tacaíochta a chur ar fáil maidir le ceannacháin LURanna, lena n-áirítear na deimhnithe LUR agus conarthaí ceannaigh na n-idirbheart bunaidh leis an *Land Bureau*, ag sonrú na gcoinníollacha faoina bhfuarthas LURanna. Mar sin féin, níor chuir na cuideachtaí sa Nanshan Group na doiciméid a iarradh ar fáil, rud a fhágann nach féidir leis an gCoimisiún coinníollacha, lena n-áirítear praghas ceannaigh, na LURanna a fhíorú.
- (136) Chomh maith leis sin, níor líon roinnt de na cuideachtaí sa Nanshan Group na táblaí a iarradh a bhaineann le hinnealra allmhairithe agus innealra intíre agus dá bhrí sin níor chuir siad an fhaisnéis a iarradh ar fáil maidir le ceannacháin innealra allmhairithe agus innealra intíre agus díolúintí gaolmhara CBL agus lacáistí taraife ar allmhairí le haghaidh trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe a úsáid.
- (137) Ar deireadh, bhí teorainn leis an gcomhar idir máthairchuideachta an Nanshan Group, eadhon an Nanshan Group Co., Ltd., i dtéarmaí (i) infhaighteacht na foirne chun freagra a thabhairt ar cheisteanna an Choimisiúin agus (ii) na doiciméid a cuireadh ar fáil. Mar shampla, níor soláthraíodh doiciméadacht a bhaineann le ceannach talún, sannadh roinnt deontas agus iasachtaí ar chor ar bith, nó bhí sé neamhiomlán. Chuir an teorannú seo bac mór ar an imscrúdú, go háirithe ós rud é go bhfuair go leor de na cuideachtaí laistigh den Nanshan Group a LURanna agus maoiniú trí Nanshan Group Co., Ltd.
- (138) Dá bhrí sin, i litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2021, chuir an Coimisiún in iúl don Nanshan Group go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán i ndáil leis an bhfaisnéis atá ar iarraidh a luaitear in aithrisí (135) go (137) thuas.
- (139) Ina mbarúlacha ar an litir thuasluaite faoi Airteagal 28, rinne an Nanshan Group roinnt maíomh mar a thuiriscítear thíos.

<sup>(30)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

- (140) Maidir le LURanna, mhaígh an Nanshan Group gur cheart, mar a thuairiscigh cuideachtaí eile an ghrúpa a gceannacháin ó Nanshan Group Co. Ltd., praghas na n-idirbheart sin laistigh den chuideachta a úsáid chun praghas ceannaigh LURanna arna gceannach ag am Nanshan Group Co. Ltd. ó thríú páirtithe a chinneadh. Mhaígh sé freisin gur bunaíodh praghsanna na n-aistrithe talún laistigh de chuideachta bunaithe ar an luach talún a soláthraíodh sa *Land Appraisal Report* a rinne meastóir neamhspleách. Mhaígh an Nanshan Group freisin go bhféadfaí, de rogha air sin, idirbhearta úsáide eile talún de chuid grúpchuideachtaí eile a úsáid mar sheach-chuideachta chun praghas idirbhearta Nanshan Group Co. Ltd. a chinneadh.
- (141) Maidir leis an bhfaisnéis a iarradh i ndáil le ceannach innealra allmhairithe agus innealra intíre agus na díolúintí CBL gaolmhara agus na lacáistí taraife ar allmhairí le haghaidh trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe a úsáid, mhaígh an Nanshan Group go raibh clár sócmhainní seasta curtha ar fáil aige don chuid is mó de na cuideachtaí. De bhreis air sin, mhaígh sé freisin gur cuireadh deireadh cheana féin leis an gclár díolúine CBL in 2009 agus go ndéanfaí aon sochar a d'fhéadfaí a fháil sa chomhthéacs sin a dhíluacháil go hiomlán roimh thús na tréimhse imscrúdaithe.
- (142) Ós rud é nár thug an Nanshan Group Co., Ltd. ach comhar teoranta, d'áitigh an Nanshan Group gur fheidhmigh sé ar a sheacht ndícheall agus gur tharla an easpa comhoibrithe mar gheall ar uainiú RCC agus ar choinníollacha dúshlánacha eile. D'éiligh an Nanshan Group nár cheart don Choimisiún an fhaisnéis go léir a chuir Nanshan Group Co., Ltd. ar fáil a chur i leataobh, agus gur cheart don Choimisiún na sonraí sin a chomhlánú le sonraí ó idirbhearta incomparáide talún agus iasachta ag an gcuideachta nó ag cuideachtaí eile an ghrúpa. Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na barúlacha a bhaineann le LURanna. Is é praghas an idirbhirt bhunaidh leis an *Land Bureau* a chinneann méid an fhóirdheonaithe don ghrúpa, ní aistrithe talún laistigh den chuideachta, agus in éagmais na ndoiciméad riachtanach ón gcuideachta a bhí páirteach san idirbheart ceannaigh bunaidh, i.e. Nanshan Group Co., Ltd., ní raibh sé dodhéanta méid iomlán na bhfóirdheontas a fuair an grúpa a chinneadh.
- (143) Maidir leis an bhfaisnéis a iarradh i ndáil le ceannach innealra allmhairithe agus intíre agus na díolúintí gaolmhara CBL agus na lacáistí taraife allmhairiúcháin, níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na barúlacha a rinne an Nanshan Group. Ar an gcéad dul síos, cé gur sholáthair an Nanshan Group clár sócmhainní seasta do roinnt de na cuideachtaí grúpa, theip air sonraí cuimsitheacha a sholáthar faoi dhíolúintí CBL agus faoi lacáistí taraife a d'iarr an Coimisiún. Ar an dara dul síos, shainaithin an Coimisiún díolúintí ó CBL agus ó dhleacht ar allmhairí araon le linn na tréimhse imscrúdaithe sna cuideachtaí sampláilte. Áiríodh leo sin díolúintí le haghaidh trealamh a ceannaíodh sna blianta roimhe sin, ach a ndearnadh an sochar a amúchadh ina leith thar shaolré an trealaimh sin agus, dá bhrí sin, leithdháileadh é go páirteach don tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún go raibh na cuideachtaí sampláilte fós ag baint leas as sochair faoin gclár seo.
- (144) Ar deireadh, ní raibh bunús leis an maíomh go bhféadfaí idirbhearta eile de chuid Nanshan Group Co, Ltd., nó cuideachtaí eile de chuid an Nanshan Group a úsáid mar sheach-chuideachta ar idirbhearta a bhaineann le LURanna nó trealamh i gcás nár cuireadh sonraí leordhóthanacha ar fáil, ós rud é nár chuir aon cheann de na cuideachtaí sa ghrúpa an fhaisnéis iomlán a iarradh ar fáil.

### 3.3. Fóirdheontais agus cláir fóirdheontais a thagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe reatha

- (145) Ar bhonn an eolais sa ghearán, san Fhógra Tionscnaimh agus sna freagraí ar cheistneoirí an Choimisiúin, rinneadh imscrúdú ar na fóirdheontais seo a leanas ó Rialtas na Síne:
- Maoiniú fabhrach, creidmheasanna díreacha agus cistiú a sholáthar trí ionstraimí cothromais, cuasachothromais agus caipitil eile (e.g. iasachtaí beartais, línte creidmheasa, dréachtaí maidir le glacadh banc, maoiniú onnmhairiúcháin)
  - Árachas tosaíochta creidmheasa onnmhairiúcháin
  - Cláir deontais
    - Deontais agus cistí teicneolaíochta, nuálaíochta, taighde agus forbartha;
    - Cistí claochlaithe agus uasghrádaithe thionsclaíoch;
    - Fóirdheontais *ad hoc* arna soláthar ag údaráis bhardasacha/ag údaráis chúigeacha.

- (d) Ioncam ligthe thar ceal trí chláir um Dhíolúine agus Laghdú Cánach
- Laghdú ar Cháin Ioncaim Fiontar ('EIT') le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Teicneolaíochta Nua;
  - Costais taighde agus forbartha a asbhaint ar bhonn tosaíochta roimh cháin;
  - Dímhéas luathaithe na n-ionstraimí agus an trealamh a úsáideann fiontair Ardteicneolaíochta chun forbairt agus táirgeadh ardteicneolaíochta a dhéanamh;
  - Díolúine ó dhíbhiní idir fiontair chónaitheacha cháilithe;
  - Díolúine nó tarscaoileadh cánacha ar réadmhaoín agus ar úsáid talún
  - Díolúintí CBL agus lacáistí taraife allmhairiúcháin le haghaidh trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe a úsáid
  - Fáltais CBL ar Threalamh a Tháirgeadh sa Bhaile.
- (e) Soláthar earraí nó seirbhísí ag rialtas le haghaidh luach saothair atá níos lú ná luach saothair leordhóthanach
- soláthar cearta úsáide talún ag rialtas le haghaidh luach saothair atá níos lú ná luach saothair leordhóthanach;
  - soláthar fuinnimh ag rialtas le haghaidh luach saothair atá níos lú ná luach saothair leordhóthanach;
  - Soláthar ábhair ionchuir ag an rialtas (alúmanam agus gual gaile) le haghaidh luach saothair atá níos lú ná luach saothair leordhóthanach.

### 3.4. Maoiniú fabhrach

#### 3.4.1. Institiúidí airgeadais a sholáthraíonn maoiniú fabhrach

- (146) De réir na faisnéise a thug na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, bhí maoiniú curtha ar fáil do 48 institiúid airgeadais a bhí lonnaithe laistigh den tSín. As na 48 institiúid airgeadais sin, bhí 47 acu faoi úinéireacht an Stáit. Bhí na hinstitiúidí airgeadais eile faoi úinéireacht phríobháideach nó ní raibh an Coimisiún in ann a chinneadh an raibh siad faoi úinéireacht Stáit nó faoi úinéireacht phríobháideach. Mar sin féin, níor líon ach banc amháin atá faoi úinéireacht an Stáit an ceistneoir sonrath isteach, in ainneoin iarratas a bheith déanta chuig Rialtas na Síne inar cumhdaíodh gach institiúid airgeadais a thug iasachtaí do na cuideachtaí sampláilte.

#### 3.4.1.1. Institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí

- (147) Rinne an Coimisiún amach an raibh nó nach raibh na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 3 agus Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán. I ndáil leis sin, is mar seo a leanas an tástáil is infheidhme chun a shuíomh go bhfuil gnóthas atá faoi úinéireacht Stáit ina chomhlacht poiblí<sup>(31)</sup>: Is é is tábhachtaí an dtugtar nó nach dtugtar údarás d'eintiteas feidhmeanna rialtais a fheidhmiú, seachas conas a bhaintear amach é sin. Tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh an rialtas údarás a chur ar fáil, sa chiall chúnag, d'eintitis. Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla fianaise a bheith ábhartha chun a thaispeáint gur bronnadh údarás den sórt sin ar eintiteas ar leith. D'fhéadfadh fianaise go bhfuil eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais, go deimhin, a léiriú go bhfuil údarás aige nó gur tugadh údarás rialtais dó, go háirithe i gcás ina léirítear leis an bhfianaise sin cleachtas marthanach córasach. Mar thoradh air sin, dar linn, d'fhéadfadh fianaise a léiriú go bhfeidhmíonn smacht fóna ar eintiteas agus d'fhéadfaí a iompar a mheas, i gcúinsí áirithe, mar fhianaise go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ábhartha agus go bhfeidhmíonn sé údarás den sórt sin i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Cuirimid i dtábhacht, áfach, gur dócha, cé is moite de tharmligean sainráite údaráis in ionstraim dlí, nach leor naisc fhoirmiúla idir eintiteas agus rialtas sa chiall chúnag chun seilbh riachtanach údaráis rialtais a bhunú. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir a léiriú gurb é an scairshealbhóir is mó d'eintiteas é rialtas agus dá réir, go bhfeidhmíonn an rialtas smacht fóna ar iompar an eintitis sin, i bhfad níos lú ná mar a bhronn an rialtas údarás rialtasach air. I gcásanna áirithe, áfach, i gcás ina léiríonn an fhianaise go bhfuil an iliomad comharthaí ann maidir le smacht rialtais, agus go bhfuil fianaise ann freisin gur feidhmíodh smacht den sórt sin ar bhealach fóna, ansin d'fhéadfaí tátal a bhaint as fianaise den sórt sin go bhfuil údarás rialtais á fheidhmiú ag an eintiteas lena mbaineann.

<sup>(31)</sup> WT/DS379/AB/R (US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318. Féach freisin WT/DS436/AB/R (SAM – Cruach Carbóin (An India)), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.9 - 4.10, 4.17 – 4.20 agus WT/DS437/AB/R (United States – Countervailing Duty Measures on Certain Products from China) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 18 Nollaig 2014, mír 4.92.

- (148) D'iarr an Coimisiún faisnéis faoi úinéireacht Stáit agus faoi chomharthaí foirmiúla de rialú rialtais sna banc atá faoi úinéireacht an Stáit. Rinneadh anailís freisin ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh smacht a fheidhmiú ar bhealach fóna. Chun na críche sin, bhí ar an gCoimisiún a bheith ag brath go páirteach ar na fíorais a bhí ar fáil toisc gur dhiúltaigh Rialtas na Síne agus na banc atá faoi úinéireacht an Stáit fianaise a sholáthar ar an bpróiseas cinnteoireachta ba chúis leis an iasachtú fabhrach.
- (149) Chun an anailís sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús ar fhaisnéis ón mbanc faoi úinéireacht an Stáit a líon isteach an ceistneoir sonrath.

#### 3.4.1.2. Institiúidí airgeadais comhoibríocha atá faoi úinéireacht an Stáit

- (150) Níor thug ach banc amháin faoi úinéireacht Stáit, eadhon banc EXIM, freagra ceistneora.

#### 3.4.1.3. Úinéireacht, comharthaí foirmiúla agus feidhmiú smachta ag Rialtas na Síne

- (151) Ar bhonn na faisnéise a fuarthas i bhfreagra an cheistneora, shuigh an Coimisiún go raibh níos mó ná 50 % de na scaireanna san institiúid airgeadais sin i seilbh Rialtas na Síne, go díreach nó go hindíreach.
- (152) Maidir le comharthaí foirmiúla an smachta rialtais ar an mbanc comhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit, cháiligh an Coimisiún an banc ina 'institiúid airgeadais lárnach faoi úinéireacht an Stáit'. Go háirithe, luaitear san fhógra *'Interim Regulations on the Board of Supervisors in Key State-owned Financial Institutions'* <sup>(32)</sup>; Baineann na príomhinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Stáit a luaitear sna Rialacháin seo le baint bheartais faoi úinéireacht an Stáit, baint thráchtála, cuideachtaí bainistíochta sócmhainní airgeadais, cuideachtaí urrús, cuideachtaí árachais, etc. (dá ngairtear institiúidí airgeadais faoi úinéireacht Stáit anseo feasta), a seolann an Chomhairle Stáit boird maoirseoirí chucu.
- (153) Ceaptar Bord Maoirseoirí na bpríomhinstitiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit de réir na *'Interim Regulations of Board of Supervisors of Key State-owned Financial Institutions'*. Bunaithe ar Airteagail 3 agus 5 de na Rialacháin Eatramhacha seo, shuigh an Coimisiún go seolann an Chomhairle Stáit Comhaltaí an Bhoird Maoirseoirí agus go bhfuil siad cuntasach di, rud a léiríonn an smacht institiúideach atá ag an Stát ar ghníomhaíochtaí gnó an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit.
- (154) Chomh maith leis na comharthaí sin is infheidhme go ginearálta, fuair an Coimisiún amach an méid seo a leanas maidir le banc EXIM. Bunaíodh EXIM banc agus oibríonn sé de réir *'The Notice of Establishing Export-Import Bank of China'* arna eisiúint ag an gComhairle Stáit, chomh maith le hAirteagail Chomhlachais an bhainc EXIM. De réir a Airteagal Comhlachais, ainmníonn an Stát bainistíocht bhanc EXIM go díreach. Déanann an Chomhairle Stáit an Bord Maoirseoirí a cheapadh i gcomhréir leis na *'Interim Regulations on the Boards of Supervisors in Key State-owned Financial Institutions'* agus le dlíthe agus rialacháin eile, agus tá sé freagrach don Chomhairle Stáit.
- (155) Luaitear sna hAirteagail Comhlachais freisin go bhfuil ról lárnach ceannaireachta agus polaitiúil ag Coiste Páirtí bhanc EXIM chun a áirithiú go gcuirfidh banc EXIM beartais agus feidhmiú mór an Pháirtí agus an Stáit chun feidhme. Tá ceannairí de chuid an Pháirtí comhtháite i ngach gné den rialachas corparáideach.
- (156) Luaitear sna hAirteagail Chomhlachais freisin go bhfuil banc EXIM tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na trádála eachtraí agus an chomhair eacnamaíoch, na hinfheistíochta trasteorann, an *One Belt One Road Initiative*, comhar in acmhainneacht idirnáisiúnta agus monarú trealamh. Cuimsíonn a raon feidhme gnó iasachtaí gearrhéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha mar a fhorhfeastar agus i gcomhréir le trádáil eachtrach an Stáit agus beartais 'trádáil ar bhonn domhanda', amhail creidmheas onnmhairiúcháin, creidmheas allmhairiúcháin, iasachtaí innealtóireachta ar chonarthaí eachtracha, iasachtaí infheistíochta thar lear, iasachtaí cúnaimh eachtraigh ó Rialtas na Síne agus iasachtaí ceannaitheoirí onnmhairiúcháin.

<sup>(32)</sup> Forairthne ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne (Uimh. 283).



- (157) Thairis sin, ina thuarascáil bhliantúil an bhliain 2019, luaigh an banc EXIM gur chuir sé na príomh-bheartais agus na príomhchinntí ar fad a rinne an Coiste Lárnach CPC agus an Chomhairle Stáit chun feidhme ina n-iomláine.
- (386) Chinn an Coimisiún gur thug an chuid sin de bhannaí in-chomhshóite an dá chuideachta sampláilte nár comhshódh ina scaireanna toradh d'infheisteoirí i bhfoirm leasa atá cosúil le hiasachtaí nó le bannaí caighdeánacha. Ós rud é go bhfuil an mhodheolaíocht ríofa le haghaidh iasachtaí a thuairiscítear in aithris (248) bunaithe ar bhannaí, chinn an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna a leanúint <sup>(86)</sup>. Ciallaíonn sé sin go gcuirfean an raon difríochta idir bannaí corparáideacha SAM AA agus bannaí corparáideacha SAM BB a bhfuil an fad céanna acu i bhfeidhm maidir leis na Spotrátáí Iasachta arna bhfoilsíú ag an PBOC nó, tar éis 20 Lúnasa 2019, maidir leis an mBonnráta Iasachta arna bhfoilsíú ag an NIFC <sup>(87)</sup>, chun ráta úis bunaithe ar an margadh le haghaidh bannaí a bhunú.
- (387) Is é an sochar an difríocht idir an méid úis ba cheart a bheith íoctha ag an gcuideachta tríd an ráta úis atá bunaithe ar an margadh dá dtagraítear in aithris (419) a chur i bhfeidhm agus an t-ús a d'íoc an chuideachta.
- (388) Fuair an Coimisiún amach freisin gur comhshódh méid suntasach de na bannaí sin ina scaireanna. Fuair an Coimisiún amach gur comhshódh bannaí in-chomhshóite an dá chuideachta ina gcaipiteal ar phraghas i bhfad níos airde ná praghas na scaireanna atá i réim ar an margadh. Sa chás sin, mheas an Coimisiún gur instealladh cothromais in-fhrithchúitithe a bhí san fiachas arna chomhshó ina scaireanna. Measadh gurb é sochar an insteallta caipitil sin an difríocht idir praghas stoic na scaireanna tráth an chomhshó, agus an phréimh bhreise a d'íoc sealbhóirí bannaí. Leithdháileadh an sochar seo ar an TI ag baint úsáide as meántréimhse dímhéasa shócmhainní na gcuideachtaí.
- (389) Tar éis an nochta dheiridh, chuir Rialtas na Síne agus Wanshun Group i gcoinne úsáid a bhaint as an tagarmhairc chéanna le haghaidh bannaí agus bannaí in-chomhshóite agus an tagarmharc céanna le haghaidh iasachtaí, ós rud é gur gné riachtanach de in-chomhshóiteacht bhannaí, rud a fhágann gur ionstraim iasachta atá difriúil go substaintiúil é. Mhaígh Rialtas na Síne freisin nach bhfuil aon bhunús ag an gCoimisiún le húsáid a bhaint as tagarmharc PBOC mar thúsphointe agus ansin marcáil suas a chur leis. De réir Rialtas na Síne, d'eisigh táirgeoirí ACF Eorpacha a bhfuil rátáil BB acu bannaí ar feadh tréimhse aibíochta cosúla ag rátaí i bhfad níos ísle ná an ráta tagarmhairc ríofa le linn na tréimhse céanna. Cuireadh an réasúnaíocht chéanna i bhfeidhm freisin maidir leis na bannaí corparáideacha dá dtagraítear i roinn 3.6.2 thíos.
- (390) Ina theannta sin, chuir Wanshun in iúl go bhfuil bannaí an-intrádála sa mhargadh (is féidir le duine a bhfuil an banna aige é a dhíol sa mhargadh gan fanacht lena aibíocht). Os a choinne sin, is comhaontú idir dhá pháirtí é iasacht, i gcás ina bhfaigheann páirtí amháin airgead ar iasacht ón bpáirtí eile. Ní gnách go bhfuil an iasacht intrádála sa mhargadh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí banna Shantou Wanshun a thiontú ina scaireanna, rud a thabharfadh buntáiste breise do shealbhóir an bhanna. Dá réir sin, bheadh na rátaí úis i gcás bannaí in-chomhshóite go loighciúil níos ísle ná i gcás iasachtaí, chomh maith le cineálacha eile bannaí (bheadh infheisteoirí toilteanach glacadh le ráta cúbóin níos ísle ar bhanna in-chomhshóite mar gheall ar a ghné chomhshóite). Mar mhalairt air sin, mhol Wanshun úsáid a bhaint as tagarmharc atá bunaithe ar Hong Cong bunaithe ar rátaí toraidh bannaí, i.e. an tagarmharc céanna leis an tagarmharc atá molta ag Nanshan Group le haghaidh iasachtaí in aithris (264).
- (391) Chuir an Coimisiún in iúl gur ionstraimí fiachais airgeadais cosúla iad iasachtaí agus bannaí corparáideacha i bprionsabal. Go deimhin, is cineál iasachta é banna corparáideach a mbaineann aonáin mhóra úsáid as chun caipiteal a chruinniú. Déantar iasachtaí agus bannaí corparáideacha araon a chonradh/a eisiúint ar feadh tréimhse áirithe ama agus bíonn ráta úis/cúbóin orthu. Maidir leis an maoiniú trí iasacht a chuireann institiúid airgeadais ar fáil agus gurb iad infheisteoirí, ar institiúidí airgeadais iad i bhformhór na gcásanna, a chuireann an maoiniú trí bhanna corparáideach ar fáil, níl sé ábhartha chun buntréithe an dá ionstraim a chinneadh. Go deimhin, tá an cineál

<sup>(86)</sup> Toisc nach raibh sonraí a bhain go sonrach le bannaí corparáideacha in-chomhshóite ar fáil go poiblí, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí a bhí ar fáil maidir le bannaí corparáideacha, sonraí ar cheart bannaí corparáideacha in-chomhshóite a bheith san áireamh iontu.

<sup>(87)</sup> Féach aithris (177) thuas.



céanna luacha saothair ag an dá ionstraim a fhónann chun oibríochtaí gnó a mhaoiniú agus tá téarma agus coinníollacha aisíocaíochta den chineál céanna acu. Ina theannta sin, le linn an imscrúdaithe, fuair an Coimisiún amach go raibh rátaí cúpóin agus cuspóirí cúpóin ag na bannaí corparáideacha a d'eisigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a bhí an-chosúil leis na rátaí úis agus cuspóir na n-iasachtaí a raibh fad comhchosúil acu, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí a mheas go bhfuil siad inmhalartaithe ó thaobh an táirgeora de, rud a thabharfadh údar leis an tagarmharc céanna a chur i bhfeidhm le haghaidh an dá ionstraim in imthosca sonracha an cháis seo.

- (392) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go raibh barúlacha Rialtas na Síne a thagraíonn do rátaí úis is infheidhme maidir le cuideachtaí a bhfuil rátáil BB acu san Aontas Eorpach gan bhunús ós rud é nach ionann an ráta saor ó riosca san Aontas Eorpach agus an ráta saor ó riosca i nDaon-Phoblacht na Síne agus, dá bhrí sin, ní féidir rátaí úis a chur i gcomparáid i ndearbhthéarmaí.
- (393) D'aontaigh an Coimisiún gur ionstraim fiachais hibride iad bannaí corparáideacha in-chomhshóite lena dtugtar an deis freisin an méid a infheistítear a thiontú ina scaireanna faoi choinníollacha áirithe agus nach ionann iad, i bprionsabal, agus bannaí corparáideacha. Bhreathnaigh an Coimisiún ar an bhféidearthacht an eilimint in-chomhshóiteachta sin a chainníochtú. Mar sin féin, níor cuireadh in-chomhshóiteacht den sórt sin san áireamh sa tagarmharc a mhol Wanshun. Ina theannta sin, ní tagarmharc iomchuí a bhí ann go ginearálta i gcás bannaí ar na cúiseanna atá leagtha amach cheana in aithris (268). Níor cuireadh aon tagarmharc féideartha eile isteach, agus ní raibh aon fhaisnéis phoiblí bhreise ar fáil chun tagarmharc níos cruinne a sholáthar le haghaidh bannaí in-chomhshóite (e.g. innéacsanna don phréimh ar bhannaí in-chomhshóite rátáilte US AA agus bannaí in-chomhshóite rátáilte US BB) nó do ghné in-chomhshóite na mbannaí sin. Thairis sin, ráta saor ó riosca a bhí sa tagarmharc ar baineadh úsáid as mar bhonn don chomhshó in aon chás. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.
- (394) I ndáil leis na bannaí corparáideacha in-chomhshóite, mhaígh Grúpa Wanshun an méid seo a leanas:
- (a) ba iad formhór na n-infheisteoirí i mbannaí in-chomhshóite Shantou Wanshun daoine aonair a oibríonn ar Stocmhargadh Shenzhen agus ní infheisteoirí institiúideacha (comhlachtaí poiblí nó comhlachtaí príobháideacha a gcuireann Rialtas na Síne de chúram orthu). Níor chuir an Coimisiún aon fhianaise ar fáil gur infheisteoirí institiúideacha a bhí sna hinfeisteoirí sin go léir. Dá bhrí sin, níor cheart go láimhseálfadh an Coimisiún na bannaí in-chomhshóite sin mar fhóirdheontas. Rinne Wanshun maíomh combhionann freisin maidir leis an instealladh cothromais (roinnt bannaí Shantou Wanshun a chomhshó ina scaireanna).
- (b) níor bhain an Coimisiún óna ríomh na híocaíochtaí cúpóin as na híocaíochtaí úis tagarmhairc, a rinne Shantou Wanshun agus ba chóir a asbhaint.
- (395) Tugann an Coimisiún dá aire nár chuir Wanshun dóthain fianaise ar fáil chun tacú lena mhaíomh gur daoine aonair a bhí ag feidhmiú ar Stocmhargadh Shenzhen a bhí i bhformhór na n-infheisteoirí i mbannaí in-chomhshóite Shantou Wanshun. Go deimhin, níorbh fhéidir foinse an mhaímh seo a fhíorú, níor tugadh sainmhíniú soiléir sa doiciméad tacaíochta ar cad a mheasann sé a bheith ina n-infheisteoirí príobháideacha agus infheisteoirí faoi úinéireacht stáit, agus ní raibh ainmneacha aonair na n-infheisteoirí ann ach oiread. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (396) Ghlac an Coimisiún le maíomh Wanshun maidir leis na híocaíochtaí cúpóin a asbhaint ó na híocaíochtaí úis tagarmhairc, agus d'asbhain sé an íocaíocht cúpóin maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin ó na híocaíochtaí úis tagarmhairc.
- (397) Mhaígh Wanshun Group freisin go ndearna an Coimisiún botún nuair a d'fhrithchúitigh sé an t-instealladh cothromais (roinnt bhannaí Shantou Wanshun a chomhshó ina scaireanna), ós rud é:
- (a) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an praghas comhshó tosaigh a socraíodh i mí Iúil 2018 a chur i gcomparáid le praghas an stoic margaidh i mí an Mheithimh 2019, ó socraíodh an praghas in aghaidh na scaire tráth na hinfeistíochta, ach dhéanfaí an comhshó (dá dtarlódh sé) níos déanaí. Ansin bhí an t-infheisteoir i mbaol, nó go raibh na buntáistí a bhaineann le héabhlóid ar an bpraghas scairdhíola sin le himeacht ama aige,
- (b) bhí praghas chomhshó an bhanna ar bhain an Coimisiún úsáid as mícheart, ó d'athraigh sé ó thús go deireadh an TI.

- (398) D'easaontaigh an Coimisiún leis na barúlacha maidir leis an bpraghas tiontaithe tosaigh a socraíodh i mí Iúil 2018. Thug sé dá aire i gcás ina bhfuil praghas an stocmhargaidh ar scair ar leith tráth an chomhshó níos ísle go hábhartha ná praghas an mhargaidh, nach ndéanadh infheisteoir réasúnach na bannaí a thiontú ina scaireanna, agus go leanfadh sé de na bannaí a choimeád ina ionad sin. Dá bhrí sin, dhéanadh an t-infheisteoir réasúnach iarracht an riosca go dtarlódh éabhlóid neamhfhabhrach praghais a íoslaghdú.
- (399) D'easaontaigh an Coimisiún freisin leis an mbarúil maidir leis an bpraghas éagórach comhshóite. Ón bhfaisnéis a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, ba chosúil nár tharla an t-athrú praghais a mhaígh Wanshun Group ach amháin tar éis na scaireanna a chomhshó. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún gur bhain sé úsáid as an bpraghas comhshó ceart agus an sochar á ríomh aige.

### 3.6.2. Luachanna córa

- (400) Bhain ceann de na grúpaí sampláilte leas as maoiniú fabhrach i bhfoirm bannaí corparáideacha.

#### 3.6.2.1. Bunús dlí/Creat Rialála

— Dlí na nUrrús;

— Bearta Riaracháin maidir le Bannaí Corparáideacha a Eisiúint agus a Thrádáil, Ordú ó Choimisiún Rialála Urrús na Síne Uimh. 113, 15 Eanáir 2015;

— Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, a d'eisigh an Chomhairle Stáit an 18 Eanáir 2011;

— Bearta Riaracháin Ionstraimí Maoinithe Fiachais na bhFiontar Neamh-airgeadais ar an Margadh Bannaí Idirbhainc Eisigh Banc Phobail na Síne, Ordú Phobal Bhanc na Síne [2008] Uimh. 12, 9 Aibreán 2008.

- (401) I gcomhréir leis an gcreat rialála, ní féidir bannaí a eisiúint ná a thrádáil gan bhac sa tSín. Ní mór eisiúint gach banna a bheith formheasta ag údarais rialtais éagsúla, amhail an PBOC, an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú nó an CSRC, ag brath ar chineál an bhanna agus ar chineál an eisitheora. Ina theannta sin, de réir na Rialachán maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, tá cuótaí bliantúla ann chun bannaí corparáideacha a eisiúint.
- (402) Thairis sin, de réir Airteagal 16 de Dhlí na nUrrús is infheidhme le linn an TI, ba cheart go gcomhlíonadh tairiscint phoiblí bannaí corparáideacha na ceanglais seo a leanas: *'beidh cuspóir úsáide na bhfáltais i gcomhréir le beartais thionsclaíocha Stáit [...]'* agus *'is chun críche formheasta amháin a bhainfead úsáid as na fáltais ó thairiscint phoiblí bannaí corparáideacha'*. Athdhearbhaíonn Airteagal 12 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha nach mór do chuspóir na gcisté tionsaithe beartais thionsclaíocha an Stáit a chomhlíonadh. Mar a mhínítear in aithrisí (364) agus (365), dírinne eisiúint bannaí corparáideacha faoi choinníollacha den sórt sin ar thionscal spreagtha amhail tionscal ACF agus comhfhreagraíonn sé do chleachtas na n-institiúidí airgeadais tacú leis na tionscail sin.
- (403) De réir Airteagal 16(5) de Dhlí na nUrrús, *'ní rachaidh ráta cúpóin na mbannaí corparáideacha thar an ráta cúpóin a leag an Chomhairle Stáit síos'*. Thairis sin, cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil in Airteagal 18 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha trína rá *'nach mbeidh an ráta úis tairgthe le haghaidh aon bhanna corparáideach níos mó ná 40 % den ráta úis atá i réim a d'íoc na bainc ar na daoine aonair le haghaidh thairiscint coigiltis téarma seasta a bhfuil an aibíocht chéanna acu'*.
- (404) Thairis sin, sonraítear in Airteagal 18 de na Bearta Riaracháin maidir le Bannaí Corparáideacha a Eisiúint agus a Thrádáil nach féidir ach bannaí áirithe a chomhlíonann critéir cháilíochta dhochta, mar shampla rátáil chreidmheasa AAA, a eisiúint go poiblí chuig infheisteoirí poiblí nó a eisiúint ar bhealach poiblí d'infheisteoirí cáilithe ach amháin faoi lánrogha an eisitheora amháin. Na bannaí corparáide a dteipeann orthu na caighdeáin sin a chomhlíonadh, ní féidir iad a eisiúint ar bhealach poiblí ach amháin d'infheisteoirí cáilithe. Dá bhrí sin, is é an toradh atá air go n-eisítear formhór na mbannaí corparáideacha d'infheisteoirí cáilithe a d'fhormheas an CSRC agus ar infheisteoirí institiúideacha Síneacha iad.

## 3.6.2.2. Institiúidí airgeadais a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí poiblí

- (405) Mar a mhínítear in aithrisí (369) agus (370) thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil corpas d'fhianaise chomhthacaíoch ann, ar dá réir is institiúidí airgeadais cuid mhór de na hinfheisteoirí i mbannaí in-chomhshóite arna n-eisiúint ag na cuideachtaí sampláilte, a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu tacaíocht chreidmheasa a chur ar fáil do tháirgeoirí ACF. Baineann an réasúnaíocht agus an chonclúid chéanna le bannaí corparáideacha freisin ós rud é go bhfuil na coinníollacha eisiúna an-chosúil, go háirithe an coinníoll chun ceanglais dlíthe, rialachán agus beartais náisiúnta, agus beartas tionsclaíoch an Stáit a chomhlíonadh.
- (406) Mar a thuairiscítear in aithris (403), in Airteagal 16 de Dhlí na nUrrús agus in Airteagal 12 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, éilítear go gcomhlíonfaidh tairiscint phoiblí de bhannaí corparáideacha beartais thionsclaíocha an Stáit. Tá an éifeacht aige seo nach féidir bannaí corparáideacha a eisiúint ach amháin chun críocha atá i gcomhréir le spriocanna planála Rialtas na Síne maidir le tionscail spreagtha mar a mhínítear in aithrisí (357) agus (359). Ní mór do na hinfheisteoirí institiúideacha, atá léirithe in aithris (368), ar bainc thráchtála agus bainc bheartais iad a bheag nó a mhór, na treoshuímh bheartais a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 40 a leanúint, treoshuímh bheartais a léitear in éineacht leis an gCatalóg Treorach maidir le hAthstruchtúrú Tionscail, agus déantar foráil maidir le láimhseáil shonrach tionscadal áirithe laistigh de thionscail spreagtha áirithe, amhail an tionscal ACF. Mar thoradh ar an láimhseáil thairbhíúil a thugtar do cheann de na grúpaí sampláilte cinneadh infheistiú i mbannaí corparáideacha a eisíodh le ráta úis nach léiríonn critéir mhargadhbhunaithe.
- (407) Mar a thuairiscítear i Roinn 3.4.1 thuas, is saintréith de chuid na n-institiúidí airgeadais iad láithreachtaí láidir an Stáit, agus tá an deis ag Rialtas na Síne tionchar tábhachtach a imirt orthu. Tá an creat dlíthiúil ginearálta ina bhfeidhmíonn na hinstitiúidí airgeadais sin infheidhme freisin maidir le bannaí corparáideacha.
- (408) I Roinn 3.4.1 thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlachtaí poiblí iad institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht Stáit de réir bhrí Airteagal 2(b) arna léamh in éineacht le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus go meastar, in aon chás, go bhfuil siad curtha ar iontaoibh nó ordaithe ag Rialtas na Síne feidhmeanna a chomhlíonadh a dháilítear de ghnáth don rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán. I Roinn 3.4.1.7 thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcuireann an rialtas de chúram ar institiúidí airgeadais príobháideacha agus gurb é an rialtas a stiúirann iad.
- (409) Lorg an Coimisiún cruthúnas nithiúil freisin maidir le feidhmiú an rialaithe ar bhealach fóinteach bunaithe ar eisiúintí nithiúla bannaí corparáideacha. Rinne sé scrúdú, dá bhrí sin, ar an timpeallacht dhlíthiúil fhoriomlán mar a leagtar amach thuas in aithris (402) go haithris (405), i gcomhar le torthaí nithiúla an imscrúdaithe.
- (410) Fuair an Coimisiún amach gur eisíodh ráta úis faoi bhun an leibhéil ba cheart a bheith ag súil leis do na bannaí corparáideacha, ar ráta é ba cheart a bheith ag súil leis i gcás riosca airgeadais agus creidmheasa na gcuideachtaí, lena n-áirítear faoi bhun an ráta tagartha saor ó riosca atá á thairiscint ag an PBOC nó arna fhoilsiú ag an NIFC dá dtagraítear in aithris (419) thíos.
- (411) Go praiticiúil, bíonn tionchar ag rátáil chreidmheasa na cuideachta ar rátaí úis ar bhannaí corparáideacha, cosúil le hiasachtaí. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (215) go bhfuil an margadh rátála creidmheasa áitiúil saofa agus nach bhfuil rátálacha creidmheasa iontaofa.
- (412) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chloígh institiúidí airgeadais na Síne leis na treoshuíomhanna beartais a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 40 trí mhaoiniú fabhrach a chur ar fáil do chuideachtaí a bhaineann le tionscail spreagtha agus dá bhrí sin gur ghníomhaigh siad mar chomhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán nó mar chomhlachtaí a gcuireann an rialtas de chúram orthu nó a stiúirann an rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.
- (413) Trí eisiúint bannaí corparáideacha ag a bhfuil an ráta úis atá faoi bhun ráta an mhargaidh agus a chomhfhreagraíonn do phróifíl riosca iarbhír an eistheora a eagrú agus trí ghlacadh le hinfeistiú i mbanna corparáideach den sórt sin, chuir na hinstitiúidí airgeadais tairbhe ar fáil don táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

### 3.6.2.3. Sainiúlacht

- (414) Mar a thuairiscítear in aithris (380) thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil an maoiniú fabhrach trí bhannaí sainiúil de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach féidir na bannaí a eisiúint gan fhormheas ó údarais rialtais, agus go sonraíonn Dlí na nUrrús nach mór go gcomhlíonfadh eisiúint na mbannaí beartais thionsclaíocha an Stáit. Mar a luaitear cheana in aithris (104), meastar an tionscal ACF a bheith ina thionscal spreagtha sa Chatalóg Treorach maidir le hAthstruchtúráil Tionscail.

### 3.6.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (415) Ós rud é gur cineál eile ionstraime fiachais iad bannaí go bunúsach, i bprionsabal cosúil le hiasachtaí, agus ós rud é go bhfuil an mhodheolaíocht ríofa le haghaidh iasachtaí bunaithe cheana féin ar bhascaed bannaí, chinn an Coimisiún an mhodheolaíocht ríofa d'iasachtaí a leanúint mar a thuairiscítear thuas i Roinn 3.4.2.3. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear an raon difríochta idir bannaí corparáideacha SAM AA agus bannaí corparáideacha SAM BB a bhfuil an fad céanna acu i bhfeidhm ar an Spotrátas Iasachta PBOC, nó tar éis an 20 Lúnasa 2019 ar an mBonnráta Iasachta arna fhoilsiú ag an NIFC, chun ráta úis bunaithe ar an margadh a bhunú do bhannaí, a chuirtear i gcomparáid leis an ráta úis iarbhír a íocann an chuideachta chun an sochar a chinneadh.
- (416) Tar éis an nochtá d'fheidhm, mhaígh Wanshun Group agus Nanshan Group gur ghlac an Coimisiún leis go mícheart gur institiúidí airgeadais iad gach sealbhóir bannaí atá ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí. Ós rud é go bhfuarthas amach sa tuarascáil Bloomberg a ndearna an Coimisiún féin tagairt dó gur 3 % de shealbhóirí bannaí corparáideacha in-chomhshóite sa tSín na bainc atá faoi úinéireacht Stáit agus 57 % de na hinfeisteoirí agus na bainc bheartais, níl ach 60 % (57 % + 3 %) de na bannaí infheisteoirí institiúideacha in-fhrithchúitithe.
- (417) Mheas an Coimisiún go bhfuil corpas d'fhianaise chomhthacaíoch ann, ar dá réir is institiúidí airgeadais cuid mhór de na hinfeisteoirí i mbannaí arna n-eisiúint ag na cuideachtaí sampláilte, a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu tacaíocht chreidmheasa a chur ar fáil do tháirgeoirí ACF. Ina theannta sin, is mian leis an gCoimisiún a léiriú go léirítear i dtuarascáil Bloomberg freisin go bhfuil 27 % de na bannaí i seilbh "táirgí cistí", atá go bunúsach ina gcistí atá á mbainistiú ag na hinstitiúidí airgeadais céanna. Agus 3 % d'institiúidí airgeadais "eile" á chur san áireamh, is é 90 % cion iomlán na n-institiúidí airgeadais a infheistíonn i mbannaí. I bhfianaise chion ard na n-infeisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear institiúidí airgeadais, ba é tuairim an Choimisiúin gur chinn siad saintréithe na mbannaí corparáideacha atá i gceist, go háirithe an ráta cúpóin íseal, agus nár chloígh infheisteoirí eile, amhail infheisteoirí príobháideacha, ach leis na coinníollacha sin amháin. Ar deireadh, mheas an Coimisiún nach bhfuil i gcóras maoirseachta airgeadais na Síne i ndáil le bannaí corparáideacha agus bannaí in-chomhshóite ach gné a tharraing aird ar an gcur isteach a rinne Rialtas na Síne in éineacht leis an gcreat normatach lena rialaítear maoiniú na n-institiúidí airgeadais a bhfuil tuairisc air i roinn 3.4.1, chomh maith le hiompraíocht nithiúil na n-institiúidí airgeadais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.
- (418) Ar deireadh, mhaígh Nanshan Group nach ndearna an Coimisiún na híocaíochtaí cúpóin a rinne Nanshan Group Co., Ltd. a asbhaint óna ríomh. Níor ghlac an Coimisiún leis an bpointe seo, toisc nár soláthraíodh aon eolas faoi íocaíochtaí cúpóin sna táblaí a sholáthair an chuideachta, ní roimh an gcros-seiceáil chianda ná lena linn. Meabhraíonn an Coimisiún freisin go bhfuil an fhaisnéis sin mar chuid den fhaisnéis atá in easnamh ar cuireadh Airteagal 28 i bhfeidhm ina leith. Ar aon chaoi, ní féidir a fhíorú ag an gcéim seo den imscrúdú an fhaisnéis bhreise a soláthraíodh mar Iarscríbhinn a ghabhann leis na barúlacha ar nochtadh.

### 3.6.3. Conclúid maidir le maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoinithe

- (419) Chinn an Coimisiún gur bhain gach grúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin tairbhe as maoiniú fabhrach i bhfoirm línte creidmheasa, dréachtaí glactha bainc agus bannaí in-chomhshóite agus bannaí corparáideacha. Toisc gurbh ann do ranníocaíocht airgeadais, do thairbhe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus do shainiúlacht, mheas an Coimisiún gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe a bhí sna cineálacha sin maoinithe fhabhraigh.

- (420) Ba é an méid seo a leanas an ráta fóirdheontais a bunaíodh maidir leis an maoiniú fabhrach a ndéantar tuairisc air thuas le linn na tréimhse imscrúdaithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte:

**Maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoinithe**

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	7,78 %
Wanshun Group	3,20 %
Daching Group	2,82 %

3.6.4. *Árachas fabhrach: árachas creidmheasa onnmhairiúcháin*

- (421) Fuair an Coimisiún amach go raibh árachas creidmheasa onnmhairiúcháin á soláthar ag Sinosure do na grúpaí cuideachtaí sampláilte. Ar a láithreán gréasáin, deir Sinosure go gcuireann sé onnmhairiú earraí Síneach chun cinn, go háirithe táirgí ardteicneolaíochta a onnmhairiú. De réir staidéar a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le déanaí, fuair tionscal ardteicneolaíochta na Síne, ar cuid de tionscal ACF, 21 % den árachas creidmheasa onnmhairiúcháin iomlán arna sholáthar ag Sinosure <sup>(88)</sup>. Thairis sin, tá ról gníomhach glactha ag Sinosure i gcomhlíonadh an tionscnaimh “Made in China 2025”, ag treorú fiontar le húsáid a bhaint as acmhainní creidmheasa náisiúnta, ag déanamh nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch agus uasghrádú teicneolaíoch, agus ag cuidiú le fiontar “atá ag dul amach” a bheith níos iomaíche sa mhargadh domhanda <sup>(89)</sup>.

3.6.4.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- Fógra maidir le Cur chun feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a chur chun cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhithin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin (Shang Ji Fa [2004] No. 368), arna eisiúint ag MOFCOM agus Sinosure i gcomhpháirt;
- Plean 840 san áireamh san Fhógra ón gComhairle Stáit an 27 Bealtaine 2009;
- Fógra maidir le Saothrú agus Forbairt ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur leis na Tionscail atá ag teacht chun cinn i dtaca le Cinneadh Straitéiseach (Guofa [2010] Uimh. 32 an 18 Deireadh Fómhair 2010), arna eisiúint ag an gComhairle Stáit agus a Treoirlínte Cur Chun Feidhme (Guofa [2011] Uimh. 310 an 21 Deireadh Fómhair 2011);
- Fógra maidir le heagrán 2006 de Chatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta na Síne a eisiúint Uimh. 16 de Roinn Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (2006).

3.6.4.2. Torthaí an imscrúdaithe

- (422) Bhí comhaontuithe árachais onnmhairiúcháin gan fóc le Sinosure ag na trí ghrúpa cuideachtaí sampláilte le linn na tréimhse imscrúdaithe.
- (423) Mar a luaitear in aithris (122) thuas, níor éirigh le Sinosure na doiciméid tacaíochta a iarradh maidir lena rialachas corparáideach, amhail Airteagail Chomhlachais, a chur ar fáil.
- (424) Ina theannta sin, níor chuir Sinosure faisnéis níos sonraí ar fáil faoin árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a soláthraíodh don tionscal ACF, faoi leibhéal a phrímheanna ná faoi fhigiúirí mionsonraithe a bhaineann le brabúsacht a ghnó árachais creidmheasa onnmhairiúcháin.
- (425) Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a chomhlánú leis na fíricí atá ar fáil.

<sup>(88)</sup> Staidéar OECD maidir le beartais chreidmheasa onnmhairiúcháin na Síne, lch. 7, mír 32, ar fáil ar [https://www.oecd.org/officialdocuments/publicdisplaydocumentpdf/?cote=TAD/ECG\(2015\)3&doclanguage=en](https://www.oecd.org/officialdocuments/publicdisplaydocumentpdf/?cote=TAD/ECG(2015)3&doclanguage=en), arna rochtain an 18 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

<sup>(89)</sup> Féach suíomh gréasáin Sinosure, próifíl na Cuideachta, a thacaíonn le ‘Made in China’, <https://www.sinosure.com.cn/en/Responsibility/smic/index.shtml>, arna rochtain an 17 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

- (426) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil in imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo <sup>(90)</sup> agus de réir shuíomh gréasáin Sinosure <sup>(91)</sup>, is cuideachta árachais bunaithe ar bheartas é Sinosure atá bunaithe agus á thacú ag an Stát chun tacú le forbairt agus comhar eachtrach Dhaon-Phoblacht na Síne i gcúrsaí eacnamaíochta agus trádála. Tá an cuideachta 100 % faoi úinéireacht an Stáit. Tá bord stiúirthóirí agus bord maoirseoirí aici. Tá sé de chumhacht ag an Rialtas bainisteoirí sinsearach a cuideachta a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil táscairí foirmiúla ann go bhfuil Sinosure faoi rialú rialtais.
- (427) Lorg an Coimisiún tuilleadh faisnéise faoi cé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh Rialtas na Síne smacht tábhachtach ar iompraíocht Sinosure i ndáil leis an tionscal ACF.
- (428) De réir an Fhógra maidir le heagrán 2006 de Chatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta Uimh. 16 a eisiúint, féadfaidh *“táirgí a áirítear in eagrán 2006 den Chatalóg Onnmhairiúcháin leas a bhaint as beartais fhabhracha arna ndeónú ag an Stát chun táirgí ardteicneolaíochta a onnmhairiú”*. Luaitear scragall alúmanaim go sonrath i gCatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta <sup>(92)</sup>.
- (429) Thairis sin, de réir an Fhógra maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a chur chun cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhíthin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin <sup>(93)</sup>, ba cheart do Sinosure cur leis an tacaíocht a thugann sé do phríomhthionscail agus do phríomhtháirgí trína thacaíocht fhoriomlán d'onnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta, lena n-áirítear táirgí ‘d’ábhair úrnua’, a neartú. Ba cheart dó caitheamh le tionscail nua agus ardteicneolaíochta, amhail an tionscal ACF, atá liostaithe i gCatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta na Síne, mar a fhócas gnó agus tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil maidir le nósanna imeachta frithgheallta, formheas le teorainneacha, luas próiseála maímh agus solúbthacht ráta. Maidir le solúbthacht rátaí, is í an lascaine uasta préimhráta laistigh den raon comhlúthach arna sholáthar ag an gcuideachta árachais creidmheasa ba cheart dó a thabhairt do tháirgí. Mar a luaitear in aithrisí (89) agus (98), áirítear tionscal ACF sa chatagóir níos ginearálta ‘ábhair nua’. Ina theannta sin, luaitear i dTuarascáil Bhliantúil Sinosure do 2019 go bhfuil *“tacaíocht tugtha ag Sinosure d’fhorbairt sheasta na bpríomhthionscail”* agus *“dlús curtha le fás na dTionscail straitéiseach atá ag teacht chun cinn”* <sup>(94)</sup>.
- (430) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach nach mór do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí Sinosure, ar bainisteoirí agus maoirseoirí iad a cheapann Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne, nach mór dóibh cloí leis. Dá bhrí sin, bhraith Rialtas na Síne ar chreat normatach den sórt sin chun rialú a fheidhmiú ar bhealach fiúntach ar iompar Sinosure.
- (431) Lorg an Coimisiún cruthúnas nithiúil freisin maidir le feidhmiú an rialaithe ar bhealach fóinteach bunaithe ar chomhaontuithe árachais. Níor cuireadh aon sampla ar leith ar fáil, áfach, maidir le tionscal ACF ná maidir leis na cuideachtaí sampláilte.
- (432) In éagmais fianaise nithiúil, rinne an Coimisiún scrúdú, dá bhrí sin, ar iompraíocht nithiúil Sinosure maidir leis an árachas a tugadh do na cuideachtaí sampláilte. Bhí an iompraíocht sin i gcodarsnacht le seasamh oifigiúil Sinosure, ós rud é nach raibh Sinosure ag gníomhú bunaithe ar phrionsabail an mhargaidh.
- (433) Tar éis dó na maímh ar fad a íocadh a chur i gcomparáid leis na méideanna iomlána árachaithe, bunaithe ar na sonraí i dTuarascáil Bhliantúil Sinosure do 2019 <sup>(95)</sup>, chinn an Coimisiún go gcaithfeadh Sinosure 0.33 % den mhéid árachaithe a ghearradh ar an meán mar phréimh chun costas na maímh a chumhdach (gan forchostais a chur san áireamh fiú). Sa chleachtas, áfach, bhí na préimheanna a d’íoc na cuideachtaí sampláilte níos ísle ná an íostáille a bhí ag teastáil chun costais oibríochtúla a chumhdach.
- (434) Tar éis an nochtá dheiridh, rinne Rialtas na Síne a athrá nach comhlacht poiblí é Sinosure, go leanann sé prionsabail an mhargaidh ina oibríochtaí gnó. Agus measúnú á dhéanamh ar an bhféidearthacht árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a dheonú, déanann Sinosure fachtóirí amhail na rioscaí náisiúnta, rioscaí tionscail, rioscaí creidmheasa an allmhaireora a mheas ar bhealach chuimsitheach. Thug Rialtas na Síne faoi deara arís gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as tagarmharc intíre.

<sup>(90)</sup> Féach cás boinn a luaitear i bhfonóta 5, aithris 429.

<sup>(91)</sup> <https://www.sinosure.com.cn/en/Sinosure/Profile/index.shtml>, arna rochtain an 18 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

<sup>(92)</sup> Catalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta na Síne, Uimh. 417.

<sup>(93)</sup> <http://www.mofcom.gov.cn/aarticle/b/g/200411/20041100300040.html>, arna rochtain 12 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

<sup>(94)</sup> Tuarascáil Bhliantúil Sinosure 2019, lch. 11, <https://www.sinosure.com.cn/images/xwzx/ndbd/2020/08/27/38BBA5826A689D7D5B1DAE8BB66FACF8.pdf>, arna rochtain an 18 Lúnasa 2019 den uair dheireanach.

<sup>(95)</sup> Ibid, lch. 38.

- (435) Ós rud é nár chuir Rialtas na Síne aon fhianaise nua i láthair maidir le feidhm Sinosure mar chomhlacht poiblí, chloígh an Coimisiún lena chuid conclúidí ina leith sin. Thairis sin, ós rud é go raibh príomhsheasamh ar an margadh ag Sinosure le linn na tréimhse imscrúdaithe, ní raibh an Coimisiún in ann préimh árachais intíre margadhbhunaithe a aimsiú, mar a léirítear i roinn 3.6.4.3 thíos. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin chomh maith.
- (436) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an creat dlíthiúil atá leagtha amach thuas á chur chun feidhme ag Sinosure i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais i leith earnáil ACF. Ghníomhaigh Sinosure mar chomhlacht poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) arna léamh in éineacht le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus i gcomhréir le cásdlí ábhartha EDT. Ina theannta sin, fuair na tairgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sochar, ós rud é gur cuireadh an t-árachas ar fáil ag rátaí atá faoi bhun na híosáille a theastaíonn ó Sinosure chun a chostais oibríochtúla a chumhdach.
- (437) Chinn an Coimisiún freisin gur fhóirdheontais shonracha iad na fóirdheontais a soláthraíodh faoin gclár árachais onnmhairiúcháin, toisc nach bhféadfaí iad a fháil gan onnmhairiú a dhéanamh agus go raibh siad ag brath ar onnmhairí dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.

#### 3.6.4.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (438) Ós rud é go raibh príomhsheasamh ar an margadh ag Sinosure le linn na tréimhse imscrúdaithe, ní raibh an Coimisiún in ann préimh árachais intíre margadhbhunaithe a aimsiú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le himscrúduithe frith-fhóirdheontais a rinneadh roimhe seo, bhain an Coimisiún úsáid as an tagarmharc seachtrach is iomchuí a raibh faisnéis ar fáil go héasca ina leith, i.e. na rátaí préimhe a chuir Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin Stáit Aontaithe Mheiriceá i bhfeidhm ar institiúidí neamhairgeadais le haghaidh onnmhairí chuig tíortha ECFE.
- (439) Mheas an Coimisiún gurb é an sochar a thugtar d'fhaighteoirí an difríocht idir an méid a d'íoc siad mar phréimh árachais agus an méid ba cheart a bheith íoctha acu tríd an bpréimhráta tagarmharc sheachtraigh a luaitear in aithris (438) a chur i bhfeidhm.
- (440) Maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin, mhaígh Wanshun Group gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh féachaint ar leor na préimhrátaí a gearradh chun costais oibríochtúla agus cailteanais an árachóra a chlúdach. Sholáthair an páirtí faisnéis gur leor na préimheanna bliantúla a bhailigh Sinosure i rith na mblianta sin chun a chostais oibríochtúla agus a chaillteanais oibríochtúla fadtéarmacha a chumhdach.
- (441) Mhaígh Wanshun freisin gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ní hamháin ar an méid árachaithe agus ar na héilimh a íocadh chun préimhráta seasta iomchuí a ríomh, ach gur cheart aisghabháil na n-éileamh a bhreithniú freisin. Ina theannta sin, d'iarr an páirtí ar an gCoimisiún a ríomh cruinn a nochtadh. Chuir sé in iúl freisin nach n-íocann gach cuideachta préimheanna árachais ar ráta seasta.
- (442) Mhaígh sé freisin, má chloíonn an Coimisiún lena chinneadh déileáil leis an árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a thug Sinosure mar fhóirdheontas in-fhrithchúitithe, gur cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar an bpréimhráta atá míréasúnta ard. Níor chuir an Coimisiún aon anailís ná aon mhíniú ar fáil maidir le réasúntacht an tagarmharc a roghnaíodh agus d'iarr sé ar an gCoimisiún míniú a thabhairt, ar a laghad, ar an mbonn ar mheas sé go raibh rátaí EXIM na Stát Aontaithe níos iomchuí.
- (443) Easaontaíonn an Coimisiún le maímh Wanshun maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin. Níor chomhoibrigh Sinosure san imscrúdú agus níor chuir sé aon fhaisnéis shonrach isteach faoin árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a cuireadh ar fáil do thionscal ACF, leibhéal na bpréimheanna ná na figiúirí mionsonraithe a bhaineann le brabúsacht a ghnó árachais creidmheasa onnmhairiúcháin. Níorbh fhéidir, dá bhrí sin, comparáid a dhéanamh idir na préimhrátaí a ghearrann Sinosure agus costas oibríochtúla agus cailteanais an árachóra ar leibhéal aon tionscail ar leith, gan trácht ar leibhéal na dtairgeoirí onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar aon tras-fhóirdheonú idir tionscail agus cuideachtaí. Chomh maith leis sin, mar gheall nár chomhoibrigh Sinosure, ní raibh sé indéanta comparáid a dhéanamh idir maímh agus aisghabhálacha maímh mar a mhol Wanshun. Ar deireadh, níor chuir Wanshun aon fhianaise ná argóintí a bhfuil bunús leo ar fáil chun tacú lena mhaíomh go mbeadh an tagarmharc seachtrach, i.e. na rátaí préimhe a chuireann Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin Stáit Aontaithe Mheiriceá i bhfeidhm ar institiúidí neamhairgeadais le haghaidh onnmhairí chuig tíortha an ECFE mar a mhínítear in aithris (438), míréasúnta nó earráideach go follasach. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

- (444) Ba é an méid seo a leanas an ráta fóirdheontais a bunaíodh maidir leis an scéim a ndéantar tuairisc uirthi thuas le linn na tréimhse imscrúdaithe do na grúpaí cuideachtaí sampláilte:

**Maoiniú fabhrach: árachas creidmheasa onnmhairiúcháin**

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	0,11 %
Wanshun Group	0,27 %
Daching Group	0,13 %

**3.7. Clár deontais**

- (445) Fuair an Coimisiún amach gur bhain na grúpaí sampláilte cuideachtaí tairbhe as clár éagsúla deontas amhail deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt, deontais a bhaineann le sócmhainní, lascaí úis ar iasachtaí agus deontais a thacaíonn le honnmhairí. Bhí deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt ina gcuid shuntasach de na deontais a thuiriscigh na grúpaí sampláilte cuideachtaí. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún na deontais a ghrúpáil in dhá chatagóir: (i) deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt agus (ii) deontais eile.

*3.7.1. Deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt*

- (446) Fuair gach grúpa sampláilte deontais a bhain le taighde agus forbairt ('T&F') agus tionsclú, uasghrádú teicneolaíochta agus nuálaíocht le linn na tréimhse imscrúdaithe.

*3.7.1.1. Bunús dlí/Creat Rialála*

- An 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Nuálaíocht Teicneolaíoch;
- Tuairimí Treoraithe maidir le hAthchóiriú Teicneolaíoch Fiontair a Chur Chun Cinn, an Chomhairle Stáit, Guo Fa (2012) 44;
- Plean Oibre Athnuachana Tionscail agus Athchóirithe Teicneolaíochta, NDRC, MIIT, 2015
- Cistí tacaíochta tionscail agus cistí speisialta do T&F agus tionsclú, Dong Ban Fa (2018) Uimh. 62;
- Clár Náisiúnta Taighde agus Forbartha Ardteicniúil (863) Bearta Bainistíochta;
- Fógra maidir le hEisiúint an Chéad Bhaisc de Tháscairí Cúige um Thionscal Tionsclaíochta agus Faisnéise a Chlaochlú agus a Uasghrádú in 2019;
- Fógraí maidir le cistí speisialta a leithdháileadh le haghaidh athchóirithe teicniúla, cistí speisialta d'athbheochan tionsclaíoch, cistí speisialta don chlaochlú teicniúil, agus cistí speisialta don fhorbairt thionsclaíoch.

*3.7.1.2. Torthaí an imscrúdaithe*

- (447) Chinn an Coimisiún go mbaineann na deontais le huasghrádú teicneolaíochta, le hathchóiriú nó le claochlú an phróisis monaraíochta agus le taighde agus forbairt ardteicneolaíochtaí teicneolaíochtaí 'ardfhorbartha' agus nuatheicneolaíochtaí.
- (448) De réir na dTuairimí Treoracha maidir le hAthchóiriú Teicneolaíochta Fiontair a Chur Chun Cinn, iarrtar ar rialtais lárnacha agus áitiúla méid na tacaíochta airgeadais a mhéadú tuilleadh agus infheistíocht a mhéadú le béim ar chlaochlú tionsclaíoch agus uasghrádú i bpríomhréimsí agus ar shaincheisteanna ríthábhachtacha maidir le hathchóiriú teicneolaíochta. Ina theannta sin, ba cheart d'údarais modhanna bainistithe cistí a nuáil agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach, cineálacha éagsúla tacaíochta a dhéanamh ar bhealach solúbtha agus éifeachtúlacht úsáide cistí fíoscacha a ardú.



- (449) Leis an bPlean Oibre Athnuachana Tionscail agus um Athchóirithe Teicneolaíochta, cuirtear chun feidhme na Tuairimí Treorach thuasluaite i gcleachtas trí chistí speisialta a bhunú chun dul chun cinn teicneolaíoch agus tionscadail chlaohlaithe teicneolaíochta a chur chun cinn. Áirítear ar na cistí sin fóirdheontais infheistíochta agus lascainí iasachta. Ní mór úsáid na gcistí a bheith i gcomhréir le beartais maicreacnamaíochta náisiúnta, beartais thionsclaíochta agus beartais forbartha réigiúnaí
- (450) Tá na cláir dheontais ónar bhain na grúpaí sampláilte cuideachtaí tairbhe astu cosúil lena ndearadh den chuid is mó. Ag brath ar an gcuspóir atá leo, leagtar síos critéir faoina bhféadfaidh frontair iarratas a dhéanamh agus má chomhlíontar na critéir, tugtar an tacaíocht airgeadais.
- (451) Mar shampla, tá bunús dlí ag roinnt de na deontais a tugadh do na cuideachtaí sampláilte sa Chlár Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Ardteicniúil, rud a léiríonn feidhmiú phleanáil an Stáit i nDaon-Phoblacht na Síne arís mar a thuairiscítear thuas in aithris (88). In Airteagal 2 sonraítear gur *'clár eolaíochta agus teicneolaíochta é an Plean Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Ardtheicneolaíochta (863), clár a bhfuil cuspóirí náisiúnta soiléire aige agus a dtacaíonn leithdháiltí airgeadais lárnacha leis.'* Leagtar síos in Airteagal 29 den doiciméad céanna an nós imeachta um fhormheas tionscadail atá incháilithe. Léiríonn sé an sásra a bhfuil tuairisc air thuas: tar éis iarratas a dhéanamh, glacadh leis agus meastóireacht a dhéanamh air, cuirfidh grúpa saineolaithe tograí an tionscadail agus na meastacháin ar chistiú tionscadail ar aghaidh agus ar deireadh formheasfaidh oifig chomhpháirteach an deontas agus síneoidh sí é.

### 3.7.1.3. Sainiúlacht

- (452) Is fóirdheontais de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán iad na deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt, lena n-áirítear na deontais do thionscadail T&F a bhfuil tuairisc orthu thuas, i.e. aistriú cistí ó Rialtas na Síne chuig táirgeoirí an táirge lena mbaineann i bhfoirm deontas. Mar a luaitear in aithris (445) thuas, cuirtear na cistí sin in áirithe mar fhóirdheontais rialtais i gcuntais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.
- (453) Tá na fóirdheontais sin sonracha de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach bhfuil ach cuideachtaí atá ag feidhmiú i bpríomhréimsí nó teicneolaíochtaí tábhachtacha, mar atá liostaithe sna treoirlínte, bearta riaracháin agus catalóga a fhoilsítear ar bhonn rialta, incháilithe chun iad a fháil agus tá ACF i measc na n-earnálacha incháilithe. Ar aon chaoi, is deontais chuideachta-shonracha iad na deontais a thuairiscíonn na cuideachtaí agus a ndéanann an Coimisiún cross-seiceáil orthu.
- (454) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Rialtas na Síne nár léirigh an Coimisiún gur deontais shonracha iad na deontais T&F atá i gceist de réir bhrí Airteagal 4(2)(a), ós rud é gur gnách deontais T&F a shannadh ar fud an domhain, agus nach bhfuil siad teoranta d'fhiontair áirithe.
- (455) Tá sainiúlacht na ndeontas léirithe ag an gCoimisiún cheana féin, ós rud é nach bhfuil incháilithe ach cuideachtaí atá ag feidhmiú i bpríomhréimsí nó teicneolaíochtaí tábhachtacha mar atá liostaithe sna treoirlínte, sna bearta riaracháin agus sna catalóga. Ina theannta sin, chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch doiciméid a bhaineann le deontais ar fáil, amhail doiciméid dhlíthiúla agus fógraí um dheonú, a léirigh gur tugadh na deontais do chuideachtaí a bhaineann le tionscail shonraithe nó le hearnálacha sonraithe agus/nó a raibh baint acu le tionscadail shonracha thionsclaíochta arna spreagadh ag an Stát. Dá bhrí sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a chonclúid nach bhfuil na deontais sin ar fáil ach amháin d'fhothacar d'fhiontair agus/nó d'earnálacha áirithe den gheilleagar atá sonraithe go soiléir. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún nach raibh coinníollacha incháilitheachta na ndeontas sin soiléir agus oibiachtúil agus nach raibh feidhm acu go huathoibríoch; Dá bhrí sin, níor chomhlíon siad na ceanglais neamhshainiúlachta in Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán.

### 3.7.1.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (456) D'fhonn an tairbhe a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhreithnigh an Coimisiún deontais a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdaithe chomh maith le deontais a fuarthas roimh an tréimhse imscrúdaithe ach ar lean an tréimhse dímheasa ar aghaidh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Maidir le deontais nach bhfuil díluacháilte, rinneadh an sochar a mheas mar an méid a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Maidir le deontais a bhaineann le tionscadail agus deontais a bhaineann le sócmhainní, rinneadh an sochar a mheas mar an chuid den mhéid iomlán deontais a dímheasadh le linn na tréimhse imscrúdaithe.
- (457) Bhreithnigh an Coimisiún an gcuirfidh sé ráta úis tráchtála bliantúil breise i bhfeidhm de réir roinn F.a) de Threoirlínte an Choimisiúin maidir le méid an fhóirdheontais a ríomh <sup>(96)</sup>. Bheadh fachtóirí éagsúla hipitéiseacha éagsúla i gceist le cur chuige den sórt sin, áfach, nach raibh aon fhaisnéis chruinn ar fáil ina leith. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí méideanna a leithdháileadh don tréimhse imscrúdaithe de réir rátaí dímheasa na dtionscadal agus na sócmhainní T&F, i gcomhréir leis an modheolaíocht ríofa ar baineadh úsáid aisti i gcásanna roimhe seo <sup>(97)</sup>.

### 3.7.2. Deontais eile

- (458) Chinn an Coimisiún go bhfuair na trí ghrúpa sampláilte cuideachtaí deontais eile, amhail deontais a bhaineann le sócmhainní, lascainí úis ar iasachtaí, deontais lena dtacaítear le honnmhairí, agus deontais aonuaire nó athfhillteacha ó leibhéal éagsúla d'údaráis rialtais.

#### 3.7.2.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- (459) Údaráis rialtais náisiúnta, cúige, cathrach, contae nó ceantair a thug na deontais sin do na cuideachtaí, agus ba chosúil gur bhain siad go sonrach leis na cuideachtaí sampláilte, nó i dtéarmaí suíomh geografach agus cineál tionscail. Níor nocht gach cuideachta sampláilte an fhaisnéis maidir leis an mbunús dlí faoinar dámhadh na deontais seo. Mar sin féin, fuair an Coimisiún ó roinnt cuideachtaí cóip de dhoiciméid a d'eisigh údarás rialtais a dhámh na cistí, ar a dtugtar 'an fógra'.

#### 3.7.2.2. Torthaí an imscrúdaithe

- (460) Samplaí de dheontais eile den sórt sin is ea deontais a bhaineann le sócmhainní, cistí paitinne, cistí agus dámhachtainí eolaíochta agus teicneolaíochta, cistí forbartha gnó, cistí cur chun cinn onnmhairithe, deontais do mhéadú cáilíochta tionscail agus feabhsú éifeachtúlachta, cistí tacaíochta do thráchtáil chathrach, cistí forbartha eachtracha eacnamaíochta agus trádála agus dámhachtainí sábháilteachta táirgthe.
- (461) Mar gheall ar an méid mór deontas ar tháinig an Coimisiún air i leabhair na ngrúpaí sampláilte cuideachtaí, ní chuirtear ach achoimre ar na príomhthorthaí i láthair sa Rialachán seo. Chuir na trí ghrúpa sampláilte fianaise ar fáil ar dtús go raibh deontais iomadúla ann agus gur thug údaráis rialtais iad ar leibhéal éagsúla. Cuireadh torthaí mionsonraithe maidir leis na deontais sin ar fáil do na cuideachtaí aonair ina ndoiciméid nochta shonracha.
- (462) Is éard atá sna deontais eile sin fóirdheontais de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) agus (2) den bhun-Rialachán ós rud é gur aistríodh cistí ón rialtas i bhfoirm deontas chuig na grúpaí sampláilte cuideachtaí agus dámhadh sochar ar an gcaoi sin.

<sup>(96)</sup> IO C 394, 17.12.1998, lch. 6.

<sup>(97)</sup> Amhail e.g. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 452/2011 ón gComhairle, IO L 128, 14.5.2011, lch. 18 (*Mínpháipéar brata*), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2013/215 ón gComhairle, 11.3.2013, IO L 73, lch. 16 (*Cruach bhraitaithe orgánach*), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/366 ón gCoimisiún, IO L 56, 3.3.2017, lch. 1, (*Painéil Ghréine*), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1379/2014 ón gCoimisiún, IO L 367, 23.12.2014, lch. 22. (*Snáithín gloine filiméadach*), Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/918 ón gCoimisiún, IO L 360, 16.12.2014 lch. 65 (*Snáithíní stáplacha poileistir*).

- (463) Chuir na grúpaí sampláilte cuideachtaí faisnéis ar fáil maidir le méid na ndeontas agus an t-údarás a dhámh agus a d'íoc gach deontas. Chomh maith leis sin, thaifead na cuideachtaí an t-ioncam sin den chuid is mó faoin gceannteideal "ioncam fóirdheontais" ina gcuid cuntas agus shocraigh siad go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar na cuntais sin. Ghlac an Coimisiún leis an bhfaisnéis maidir leis na deontais seo mar fhianaise dhearfach ar fhóirdheontas lenar dámhadh sochar.
- (464) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Rialtas na Síne nár thug an Coimisiún a dhóthain sonraí maidir leis na deontais dá dtagraíonn sé, ós rud é nár léir go raibh deontais shonracha ná foinsí dlíthiúla sonracha i gceist. Mar a luaitear in aithrisí (459) agus (461), bhí go leor méideanna beaga sna deontais dá dtagraítear sa roinn seo, arna soláthar ag leibhéil éagsúla den rialtas, agus nár sholáthair na cuideachtaí sampláilte aon doiciméadacht tacaíochta ina leith in a lán cásanna, ach amháin i gcás roinnt ainmniúchán arleibhéil. Mar sin, níl an Coimisiún in ann bunús dlí beacht a sholáthar do Rialtas na Síne. Mar a luaitear in aithris (461) thuas, áfach, cuireadh torthaí mionsonraithe maidir leis na deontais sin ar fáil do na cuideachtaí aonair ina ndoiciméid nochta shonracha.

### 3.7.2.3. Sainiúlacht

- (465) Tá na deontais sin sonracha freisin de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(3) den bhun-Rialachán ós rud é go ndealraíonn sé, ó na doiciméid a sholáthraíonn na tairgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch, go bhfuil siad teoranta do chuideachtaí áirithe, do thionscail áirithe, amháin tionscal ACF, nó do thionscadail shonracha i réigiúin ar leith. Ina theannta sin, braitheann cuid de na deontais ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.
- (466) Ní chomhlíonann na deontais sin ceanglais neamh-shainiúlachta Airteagal 4(2)(b) den Bhunrialachán, mar, i dtaca leis na coinníollacha incháilitheachta ná na critéir roghnúcháin iarbhrí faoina mbeadh fiontair incháilithe, nach bhfuil na coinníollacha sin trédhearcach agus oibiachtúil agus nach mbíonn feidhm uathoibríoch leo.
- (467) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Nanshan Group a leanas maidir le deontais:
- (a) chuir an Coimisiún fóirdheontais neamh-inlaghdaithe a fuarthas roimh an tréimhse imscrúdaithe san imeall fóirdheontais san áireamh go mícheart nuair a bhí an tairbhe do dheontais á ríomh D'éiligh an chuideachta ar an gCoimisiún deontais neamh-idirdhealaitheacha a fuarthas roimh an tréimhse imscrúdaithe a eisiáimh ón gcorrlach fóirdheontais.
  - (b) maidir le deontais a fuair ceann de chuideachtaí Nanshan Group, bhain an Coimisiún úsáid as tréimhse dímheasa mhícheart.
- (468) Thug an Coimisiún dá aire go mbaineann na fóirdheontais neamh-idirdhealaitheacha dá dtagraítear in aithris (467) le sócmhainní seasta. Dá thoradh sin, tá an sochar leithdháilte ag an gCoimisiún don tréimhse ama chéanna a ndéantar na sócmhainní seasta a dhíluacháil lena linn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.
- (469) Mar thoradh ar na barúlacha a thug Nanshan Group, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na tréimhsí dímheasa ar baineadh úsáid astu sna ríomhanna. Sna cásanna inar baineadh úsáid as an tréimhse mhícheart, ceartaíodh an ríomh.
- (470) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Wanshun Group go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún agus é ag ríomh tairbhe deontais amháin do cheann dá ghrúpa cuideachtaí. Go sonracha, mhaígh sé nár cuireadh tús le ceann de na tionscadail dár tugadh an deontas ach ón tríú ráithe de 2019 agus dá bhrí sin go raibh sé mícheart an cúigiú cuid déag den luach a leithdháileadh (i gcomhréir leis an tréimhse dímheasa 15 bliana) don tréimhse imscrúdaithe.
- (471) Tugann an Coimisiún dá aire, i gcomhréir leis an gcleachtas atá bunaithe, go leithdháiltear deontais a bhaineann leis an tréimhse imscrúdaithe trí úsáid a bhaint as líon na mblianta féilire mar bhonn don ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

### 3.7.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (472) Ríomh an Coimisiún an sochar i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuairiscítear in aithris (457) thuas.
- (473) Ba é an méid seo a leanas na rátaí fóirdheontais a bunaíodh maidir leis na deontais ar fad le linn na tréimhse imscrúdaithe do na tairgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

## Deontais

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	1,22 %
Wanshun Group	0,42 %
Daching Group	0,25 %

## 3.8. Ioncam ligthe thar ceal trí dhíolúintí cánach agus trí chláir laghdaithe

## 3.8.1. Díolúintí agus laghdaithe cánach díri

## 3.8.1.1. Pribhléidí CIF le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta

## 3.8.1.2. Bunús dlí/Creat Rialála

(474) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 28 de Dhlí CIF <sup>(98)</sup> agus Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair Dhaon-Phoblacht na Síne <sup>(99)</sup>, chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le 'Bearta Riaracháin le haghaidh Aithint Fiontar Ardteicneolaíochta' a athbhreithniú agus a eisiúint, G.K.F.H. [2016] Uimh. 32;
- Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Treoracha maidir le Riaradh Creidiúnaithe Fiontair Ardteicneolaíochta a Athbhreithniú agus a Eisiúint, G.K.F.H. [2016] Uimh. 195;
- Fógra [2017] Uimh. 24 ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Beartais Chánach Ioncaim Fhabhracha a Chur i bhFeidhm maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta; agus
- Catalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo <sup>(100)</sup>; agus
- Fógra ón Aireacht Airgeadais agus Riaradh Stáit Cánach [2019] Uimh. 68.

(475) Tá forálacha i gCaibidil IV de Dhlí CIF maidir le 'Cóir Fhabhrach Cánach'. Foráiltear le hAirteagal 25 de Dhlí CIF, atá mar chuid de Chaibidil IV, go 'gcuireann an Stát roghanna cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair atá ag gabháil d'fhorbairt tionscal nó tionscadal a dtacaíonn an Stát leo go sonrath agus a spreagann sé go sonrath'. Foráiltear in Airteagal 28 de dhlí an EIT go 'laghdófar go 15 % an ráta cánach ioncaim fiontair ar fhiontair ardteicneolaíochta agus ar fhiontair teicneolaíochta nua a dteastaíonn tacaíocht speisialta ón Stát uathu'.

(476) In Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, soiléirítear an méid seo a leanas:

*'Na fiontair ardteicneolaíochta agus fiontair theicneolaíochta thábhachtacha nua a bhfuil tacaíocht le fáil acu ón stát dá dtagraítear i gClásal 2 d'Airteagal 28 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, tagraíonn siad do na fiontair ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:*

1. a chomhlíonann raon feidhme na bPríomhlimistéar Teicneolaíochta ar ardleibhéal agus nua a fhaigheann tacaíocht ón Stát;
2. Nach lú an chionúireacht den chostas taighde agus forbartha a bheidh san ioncam díola ná an chionúireacht fhorordaithe;
3. Ní bheidh an cion den ioncam ó theicneolaíocht/táirge/seirbhís ardteicneolaíochta in ioncam iomlán an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;

<sup>(98)</sup> [http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Law/2009-02/20/content\\_1471133.htm](http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Law/2009-02/20/content_1471133.htm)

<sup>(99)</sup> Rialacháin Cur Chun Feidhme Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair (Athbhreithnithe in 2019) - Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne [2014] Uimh. 714;

<sup>(100)</sup> [http://kj.quanzhou.gov.cn/wsbs/xgxz/201703/t20170322\\_431820.htm](http://kj.quanzhou.gov.cn/wsbs/xgxz/201703/t20170322_431820.htm), arna rochtain an 17 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

4. Ní bheidh cion an phearsanra theicniúil i measc fostaithe ar fad an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;
5. Coinníollacha eile arna bhforordú sna Bearta chun Sainnithint Fiontair Ardteicniúil a Riaradh.
6. Déanfaidh na ranna teicneolaíochta, airgeadais agus cánachais faoin gComhairle Stáit bearta maidir le Sainnithint Fiontair Ardteicniúil agus Príomh-Limistéir Teicneolaíochta Stát-thacaithe agus Teicneolaíochta Nua a fhoirmliú i gcomhpháirt agus tiocfaidh siad i bhfeidhm tar éis don Chomhairle Stáit iad a fhorghaibh.

- (477) Sonraítear go soiléir sna forálacha thuasluaite go bhfuil an ráta cánach ioncaim fiontair laghdaithe forchoimeáda do *fhiontair thábhachtacha ardteicneolaíochta nua a mbeidh tacaíocht le fáil acu ón Stát* ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann coinníollacha áirithe amhail *“comhlíonann siad raon feidhme na bPríomhréimsí Ardteicneolaíochta agus Teicneolaíochta Nua a dtacaíonn an Stát leo”*.
- (478) De réir Airteagal 11 de na Bearta Riaracháin maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta a Aithint, chun aitheantas a fháil mar fhiontair ardteicneolaíochta, ní mór go gcomhlíonadh fiontair coinníollacha áirithe ag an am céanna, arbh iad i measc seo a leanas na coinníollacha: *‘tá úinéireacht ar chearta maoine intleachtúla faighte aige, a bhfuil ról lárnach aige i dtacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí), trí thaighde, aistriú, deontas, cumaisc agus éadálacha neamhspleácha, etc.’* agus *‘tá an teicneolaíocht a bhfuil ról lárnach aici maidir le tacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí) laistigh den réimse réamhchinnitithe sna réimsí ardteicneolaíochta a fhaigheann tacaíocht ón stát’*.
- (479) Tá na príomhréimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo liostaithe i gCatalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo. Luaitear go soiléir sa chatalóg seo, faoi ‘ábhair nua’/‘ábhair mhiotail’ scragall alúmanaim mar tháirge ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leis.

### 3.8.1.3. Torthaí an imscrúdaithe

- (480) Chinn an Coimisiún go raibh cuideachtaí laistigh de na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte cáilithe mar chuideachtaí ardteicneolaíochta le linn na tréimhse imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, gur bhain siad leas as ráta laghdaithe CIF de 15 %.
- (481) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach atá i gceist de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.
- (482) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na scéime seo a theorannú d’fhiontair atá ag feidhmiú i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát, mar a léirítear in aithrisí (477) go (479). Mar a chuirtear in iúl in aithris (479), is tosaíocht ardteicneolaíochta é den sórt sin tionscal ACF.

### 3.8.1.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (483) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha faoin ráta laghdaithe.
- (484) Ba é an ráta fóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo ná 0,55 % do Nanshan Group, 0,43 % do Wanshun Group agus 0,47 % do Daching Group.

### 3.8.2. Fritháireamh CIF le haghaidh speansais taighde agus forbartha

- (485) De bharr an fhritháirimh cánach le haghaidh taighde agus forbartha tá cuideachtaí i dteideal cóireáil chánach fhabhrach a fháil maidir lena n-oibríochtaí taighde agus forbartha i réimsí tosaíochta ardteicneolaíochta arna gcinneadh ag an Stát agus nuair a chomhlíontar tairseacha áirithe maidir le caiteachas taighde agus forbartha.

(486) Go sonrach, caiteachas taighde agus forbartha arna thabú chun teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus ceirdeanna nua a fhorbairt nach sócmhainní doláimhsithe iad agus cuirtear san áireamh iad i mbrabús agus cailteanas an téarma reatha, is faoi réir asbhaint 75 % bhreise iad tar éis iad asbhaint ina n-iomláine i bhfianaise na staide reatha. I gcás inar sócmhainní doláimhsithe iad na costais taighde agus forbartha thuasluaite, tá siad faoi réir dímheasa bunaithe ar 175 % de chostais na sócmhainne doláimhsithe. Ó mhí Eanáir 2021 i leith, méadaíodh an asbhaint bhreise réamhchánach do chostais T&F go 100 % <sup>(101)</sup>.

### 3.8.2.1. Bunús dlí/Creat Rialála

(487) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 30(1) de Dhlí CIF, agus Airteagal 95 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair Dhaon-Phoblacht na Síne, chomh maith leis na fógraí seo a leanas:

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus, ón Údarás Stáit um Chánachas agus ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta maidir leis an mBeartas Asbhainte Réamhchánach maidir le Costais Taighde agus Forbartha a Fheabhsú (Cai Shui [2015] Uimh. 119);

— Ciorclán ar Chionúireacht Réamhchánach For-Asbhainte Costais Taighde agus Forbartha (Cai Shui [2018] Uimh. 99) a Ardú

— Fógra [2015] Uimh. 97 ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna Ábhartha a bhaineann le Beartais Asbhainte Breise Réamhchánach le haghaidh Speansais Taighde agus Forbartha na bhFiontar;

— Fógra 2017 Uimh. 40 ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Raon Feidhme Incháilithe Ríomh na hAsbhainte Breise Réamhchánach le haghaidh Speansais Taighde agus Forbartha; agus

— An Chatalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo.

(488) In imscrúduithe roimhe seo <sup>(102)</sup>, chinn an Coimisiún go bhfuil na *‘teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus ceirdeanna nua’*, ar féidir leo leas a bhaint as an asbhaint cánach, mar chuid de réimsí áirithe ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo. Mar a luaitear in aithris (480), tá na príomhréimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo liostaithe i gCatalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo.

(489) Mar a leagtar amach in aithris (479), tá forálacha i gCaibidil IV de Dhlí CIF maidir le ‘Cóir Fhabhrach Cánach’, go háirithe Airteagal 25. Foráiltear le hAirteagal 30(1) de Dhlí CIF, atá ina chuid de Chaibidil IV freisin, go bhféadfar *‘costais taighde agus forbartha arna dtabú ag fiontair i bhforbairt teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus teicnící nua’* a asbhaint freisin tráth a ríomhtar ioncam inchánach. Déanann Airteagal 95 de na Rialacha Cur Chun Feidhme don Dhlí um Cháin Ioncaim Fiontair an bhrí atá le *‘Caiteachas T&F arna dtabú chun teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus ceirdeanna nua a fhorbairt’* atá leagtha síos in Airteagal 30(1) de Dhlí CIF a shoiléiriú.

(490) De réir an Chiorcláin ar Chionúireacht an Fhor-asbhainte de Chostais Thaighde agus Forbartha Réamhchánach a Ardú (Cai Shui [2018] Uimh. 99), *‘maidir le taighde agus forbairt (T&F) costais arna dtabú iarbhir ag fiontar óna ghníomhaíochtaí T&F, tá 75 % breise de mhéid iarbhir na gcostas in-asbhainte roimh cháin, mar aon le hasbhaintí iarbhir eile, le linn na tréimhse ó Eanáir 1, 2018 go dtí Nollaig 31, 2020, ar choinníoll nach ndéantar na costais reatha a chomhshó ina ngnóthachain fiontair reatha agus ina gcaillteanais doláimhsithe agus sócmhainní cothromaithe; Más rud é, áfach, go ndearnadh na costais sin a thiontú go sócmhainn dholáimhsithe, féadfar na costais sin a amúch ag ráta 175 % de chostais na sócmhainne doláimhsithe roimh cháin le linn na tréimhse thuasluaite’.*

### 3.8.2.2. Torthaí an imscrúdaithe

(491) Fuair an Coimisiún amach go raibh *“asbhaint bhreise ar chostais taighde agus forbartha a tabhaíodh as taighde agus forbairt teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus teicnící nua”* ag na cuideachtaí laistigh de na grúpaí sampláilte.

<sup>(101)</sup> Fógra [2021] Uimh. 13 ón Aireacht Airgeadais agus ó Riarachán Cánachais an Stáit maidir le Feabhsuithe Breise ar an mBeartas Asbhainte Réamhchánach Ualaithe le haghaidh Costais Taighde agus Forbartha.

<sup>(102)</sup> Féach cásanna HRF, Boinn agus GFF a luaitear i bhfonóta 5, aithris 330, aithris 521 agus aithris 560 faoi seach.

- (492) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach atá i gceist de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.
- (493) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm an bhirt seo a theorannú d'fhiontair a thabhaíonn speansais taighde agus forbartha i réimsí ardeicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát, mar shampla earnáil GFR.

### 3.8.2.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (494) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníochta de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníochta tar éis na hasbhainte breise 75 % de na speansais iarbhrí ar thaighde agus forbartha.
- (495) Ba é méid an fhóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo ná 1,24 % do Nanshan Group, 0,14 % do Wanshun Group agus 0,37 % do Daching Group.

### 3.8.3. Díolúine ó dhíbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe

- (496) Cuireann Dlí CIF roghanna fabhracha cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair atá i mbun tionscal nó tionscadal a dtacaíonn agus a spreagann an Stát go sonrach lena bhforbairt agus, go háirithe, díolmhaítear an t-ioncam ó infheistíocht chothromais, amhail díbhinní agus bónaís, idir fiontair chónaitheacha incháilithe ó cháin.

#### 3.8.3.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- (497) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 26(2) de Dhlí CIF, i gcomhar leis na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair DPS.
- (498) Foráiltear le hAirteagal 25 de CIF, atá mar chuid de Chaibidil IV 'Beartais Fhabhracha Chánach', go 'gcuireann an Stát roghanna cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair atá ag gabháil d'fhorbairt tionscal nó tionscadal a dtacaíonn an Stát leo go sonrach agus a spreagann sé go sonrach'. Thairis sin, sonraítear in Airteagal 26(2) go bhfuil feidhm ag an díolúine ó cháin maidir le hioncam ó infheistíochtaí cothromais idir 'fiontair chónaitheacha incháilithe', rud is cosúil go gcuireann sé teorainn le raon feidhme an chur i bhfeidhm d'fhiontair chónaitheacha áirithe.

#### 3.8.3.2. Torthaí an imscrúdaithe

- (499) Chinn an coimisiún go bhfuair cuideachta amháin i gceann amháin de na grúpaí shampláilte díolúine ó cháin ar ioncam díbhinní idir fiontair chónaithe cháilithe.
- (500) Measann an Coimisiún gur fóirdheontas í an scéim sin faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.
- (501) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm an díolúine seo a theorannú d'fhiontair chónaitheacha cháilithe atá ag gabháil d'fhorbairt tionscal nó tionscadal a dtacaíonn an Stát leo go sonrach agus a spreagann sé go sonrach, mar shampla tionscal ACF.
- (502) Tar éis an nochtá dheiridh, mhaígh Nanshan Group nach fóirdheontas in-fhrithchúitithe é an díolúine cánach díbhinne idir fiontair chónaitheacha toisc nach bhfuil sé sonrach, go bhfuil sé infheidhme maidir le gach fiontar agus nach bhfuil mar aidhm aige ach cánachas dúbailte a sheachaint.
- (503) Cé gur aontaigh an Coimisiún gur cleachtas cánach dlisteanach é cánachas dúbailte a dhíchur, tá Airteagal 26(2) de CIF mar chuid de Chaibidil IV 'Fabhair Chánach', ina ndéantar foráil maidir le roinnt cóireálacha fabhracha cánach ar díolúintí iad ó na rialacha ginearálta cánachais. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (491), foráiltear in Airteagal 25 de Dhlí CIF, atá mar chuid de Chaibidil IV 'Beartais Fhabhracha Chánach', go 'gcuireann an Stát roghanna cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair atá ag gabháil d'fhorbairt tionscal nó tionscadal a dtacaíonn an Stát leo go sonrach agus a spreagann sé go sonrach'. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 26(2) go bhfuil feidhm ag an díolúine ó cháin maidir le hioncam ó infheistíochtaí cothromais idir 'fiontair chónaitheacha incháilithe', rud is cosúil go gcuireann sé

teorainn le raon feidhme an chur i bhfeidhm d'fhiontair chónaitheacha áirithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil beartas fabhrach cánach den sórt sin teoranta do thionscail áirithe, a dtugann an Stát tacaíocht shonrach dóibh agus a spreagann sé, amhail tionscal ACF, agus dá bhrí sin is tionscal sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe atá sa scéim seo. Diúltaítear, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

### 3.8.3.3. 3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (504) Tá méid an fhóirdheontais ríofa ag an gCoimisiún tríd an ngnáthráta cánach a chur i bhfeidhm ar an ioncam díbhinne a asbhaineadh as ioncam inchánach.
- (505) Is é méid an fhóirdheontais a leagadh síos don scéim shonrach sin ná 0,15 % do Nanshan Group.

### 3.8.4. *Diólúine ó cháin ar úsáid talún*

- (506) Eagraíocht nó duine aonair a úsáideann talamh i gcathracha, i mbailte contae agus i mbailte riaracháin agus i gceantair thionsclaíocha agus mhianadóireachta, íocann sé cáin ar úsáid talún uirbí de ghnáth. Bailíonn na húdaráis chánach áitiúla cáin ar úsáid talún áit a n-úsáidtear an talamh. Mar sin féin maidir le catagóirí áirithe talún, díolmhaítear iad ó cháin ar úsáid talún, mar shampla talamh arna thabhairt chun míntíreachais ón bhfarráige, talamh le haghaidh úsáid institiúidí rialtais, eagraíochtaí daoine agus aonaid mhíleata le haghaidh a n-úsáide féin, talamh atá le húsáid ag institiúidí arna maoiniú le leithdháilítí ón Roinn Airgeadais, talamh atá á úsáid ag teampaill reiligiúnacha, páirceanna poiblí agus láithreáin stairiúla phoiblí agus láithreáin scéimhe phoiblí, sráideanna, bóithre, cearnógacha poiblí, faichí agus talamh uirbeach poiblí eile.

#### 3.8.4.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- (507) Is é bunús dlí an chláir seo an méid seo a leanas:
- Rialacháin Shealadacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Réadmhaoine (Guo Fa [1986] Uimh. 90, arna leasú in 2011);
  - Rialacháin Eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin ar Úsáid Talún Uirbí (arna athbhreithniú in 2019), Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 709; agus
  - Roinnt Tuairimí maidir le Tacaíocht Bhríomhar a thabhairt d'Fhorbairt Inbhuanaithe agus Shláintiúil an Gheilleagair Phríobháidigh' (EFA [2018] Uimh. 33).

#### 3.8.4.2. Torthaí an imscrúdaithe

- (508) Bhain cuideachta amháin i gceann de na grúpaí sampláilte tairbhe as laghdú de 50 % ar an méid cánach ar úsáid talún bunaithe ar pholasáí speisialta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí ardteicneolaíochta i chúige Shandong de bhun an 'Fógra ó Rialtas Phobal Chúige Shandong ar Roinnt Beartas a Eisiúint chun Tacú le Forbairt Ard-chaighdeán an Fhíorghuilleagair'.
- (509) Níor tháinig an chuideachta i gceist faoi aon cheann de na catagóirí díolmhaithe atá leagtha síos in Airteagal 6 de Rialacháin Eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin ar Úsáid Uirbeach Talún (Athbhreithnithe in 2019).

#### 3.8.4.3. Sainiúlacht

- (510) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas atá in asbhaint cánach úsáide talún le haghaidh cuideachtaí ardteicneolaíochta a ndéantar tuairisc orthu thuas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) nó Airteagal 3(1)(a)(ii), agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm aistrithe dhírigh cistí ioncaim (aisíoc na cánach arna híocadh) nó i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne (an cháin nár íocadh), fóirdheontas lena dtugtar tairbhe don chuideachta lena mbaineann. Tá an fóirdheontas sonrach toisc nach bhfuil sé dírithe ach ar chuideachtaí ardteicneolaíochta in Shandong.



- (511) Is ionann an tairbhe a bhaineann na faighteoirí as sin agus an méid a aisíocadh/an coigilteas cánach.
- (512) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Wanshun Group:
- (a) nár bhain Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd. tairbhe as aon díolúine cánach maidir lena cuid talún. Athraíodh an aicme talún ó aicme amháin go haicme eile, agus mar sin, athraíodh an ráta cánach is infheidhme freisin. Dá bhrí sin, ní léiríonn páirtíocaíocht líomhnaithe na cánach úsáide talún ag an gcuideachta ach an t-athrú ar aicme talún,
  - (b) Bhí an cháin talún a d'íoc Jiangsu Huafeng Aluminium Industry Co., Ltd le linn an TI níos mó ná an ghnáthcháin ar úsáid talún ab infíoctha, arna ríomh ag an gCoimisiún. Dá bhrí sin, ní bhfuair an chuideachta aon sochar ina leith seo,
  - (c) Rinne an Coimisiún earráid chléireachais nuair a bhí an cháin talún a d'íoc Shantou Whanshun á ríomh,
- (513) Easaontaíonn an Coimisiún leis an gcéad mhaíomh. Níor chuir Wanshun aon doiciméadacht ná réasúnú breise ar fáil chun tacú lena mhaíomh gur athraíodh an chatagóir talún ó aicme amháin go haicme eile. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.
- (514) Maidir leis an dara agus an tríú maíomh, ghlac an Coimisiún leis na maímh agus rinne sé ceartú ar ríomh an tsochair.

#### 3.8.4.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (515) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar an bhfaighteoir le linn na tréimhse imscrúdaithe. Measadh gur an méid laghdaithe é an tairbhe sin le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ba é méid an fhóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo ná 0,06 % do Nanshan Group agus 0,01 % do Wanshun Group.

#### 3.8.5. Clár maidir le cáin indíreach agus díolúine ó tharaifí

##### 3.8.5.1. Díolúintí CBL agus lacáistí taraife allmhairiúcháin le haghaidh úsáid a bhaint as trealamh agus teicneolaíocht allmhairithe.

- (516) Leis an gclár sin, tugtar díolúine ó CBL agus ó tharaifí allmhairiúcháin maidir le hallmhairiú trealamh chaipitil a mbaintear úsáid as chun iad a tháirgeadh. D'fhonn leas a bhaint as an díolúine, ní mór don trealamh gan a bheith ar liosta de threalamh neamh-incháilithe agus ní mór don fhiontar atá ag maíomh Deimhniú a fháil maidir le tionscadal a chothaítear ag an Stát arna eisiúint ag údaráis na Síne i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha infheistíochta, cánach agus custaim.

##### 3.8.5.2. Bunús dlí/Creat Rialála

- (517) Is é bunús dlí an chláir seo an méid seo a leanas:

- Ciorclán na Comhairle Stáit maidir le Beartais Chánach a Choigeartú i ndáil le Trealamh Allmhairithe, Guo Fa [1997] Uimh. 37;
- Fógra ón Aireacht Airgeadais, Riarachán Ginearálta Custaim agus Riarachán Cánach an Stáit ar Bheartais Airithe Dleacht Allmhairiúcháin Fhabhraigh a Choigeartú;
- Fógra ón Aireacht Airgeadais, Riarachán Ginearálta Custaim agus Riarachán Cánach an Stáit [2008] Uimh. 43;
- Fógra den NDRC maidir leis na saincheistanna ábhartha a bhaineann le Láimhseáil litreach Daingnithe ar Thionscail Intíre nó ar Thionscail ag a bhfuil maoiniú Eachtrach, a mhol an Stát a fhorbairt [2006] Uimh. 316; agus
- Catalóg maidir le hAirteagail allmhairithe nach bhfuil díolmhaithe ó dhleacht d'fhiontair a ndéantar infheistíocht eachtrach iontu nó d'fhiontair intíre, 2008.

##### 3.8.5.3. Torthaí an imscrúdaithe

- (518) Féadfar trealamh arna allmhairiú chun tionscail infheistíochta intíre nó choigríche a fhorbairt i gcomhréir leis an mbeartas tionscail infheistíochta coigríche nó intíre a spreagadh a dhíolmhú ó CBL agus/nó ó dhleacht ar allmhairí a íoc, mura bhfuil an chatagóir trealamh liostaithe i gcatalóg an airteagail nach bhfuil díolmhaithe ó dhleacht.

- (519) Mhaígh Rialtas na Síne le héifeacht ón 1 Eanáir 2009, nach raibh ach an dleacht ar allmhairí díolmhaithe agus gur bailíodh CBL ar allmhairíú trealamh le haghaidh féinúsáide.
- (520) Sainnadh díolúintí ó CBL agus ó dhleacht ar allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe sna cuideachtaí sampláilte, áfach. Áiríodh leo sin díolúintí do threalamh a allmhairíodh i mblianta roimhe sin, ach a ndearnadh an sochar a amúch ina leith thar shaolré an trealamh sin agus, dá bhrí sin, a leithdháileadh i bpáirt ar an tréimhse imscrúdaithe. Cé nach bhfuair an Coimisiún aon fhianaise go raibh an díolúine sin ag feidhmiú le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhunaigh an Coimisiún ar bhonn na fianaise sa chomhad a bhaineann leis na cuideachtaí sampláilte gur bhain na cuideachtaí sampláilte leas fós as sochair faoin gclár sin le linn na tréimhse sin.
- (521) Dá bhrí sin, soláthraíonn an clár seo ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncain a ghaibhneoidh Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) den bhun-Rialachán mar FIEnna agus frontair intíre incháilithe eile, scaoiltear iad ó CBL agus/nó taraifí a íoc a bheadh dlite murach sin. Tugann sé sochar freisin do na cuideachtaí is faighteoir de réir bhrí Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.
- (522) Tá an clár sonracha de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán. Leis an reachtaíocht ar dá bun a oibríonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear a rochtain ar fhiontair a infheistíonn faoi chatagóirí sonracha gnó arna sainmhíniú go uileghabhálach de réir dlí agus a bhaineann leis an gcatagóir spreagtha nó le catagóir srianta B faoin gCatalóg chun treoir a thabhairt do thionscail le haghaidh infheistíochta coigríche agus aistriú teicneolaíochta nó iad siúd atá ag teacht le Catalóg na bpríomhthionscal, na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a spreagann an Stát a bhforbairt. Ina theannta sin, níl aon chritéar oibiachtúil ann chun incháilitheacht don chlár seo a theorannú agus níl aon fhianaise dhochloíte ann a thabharfadh le fios go bhfuil incháilitheacht uathoibríoch faoi Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán.
- (523) Tar éis an nochtadh deiridh, mhaígh an Wanshun Group nár bhain Anhui Maximum Aluminium Industries Co., Ltd tairbhe as an scéim díolúine ó CBL, ó cuireadh deireadh leis an 31 Nollaig 2008, cé gur ceannaíodh an t-innealra Maximum in 2020. Ina theannta sin, an difríocht idir an CBL a íocann an chuideachta, is é an méid CBL is infoctha atá ríofa ag an gCoimisiún a thagann as an bhfíric go n-áirítear costais eile sna praghsanna ceannaigh ar bhain an Coimisiún úsáid astu.
- (524) Ghlac an Coimisiún leis na maímh a rinne Wanshun agus rinne sé na ríomhanna a oiriúnú dá réir.
- (525) Mhaígh Nanshan Group freisin go ndearna an Coimisiún trí earráid a d'fhorbair Nanshan Group thíos agus an sochar á leagan síos aige do dhíolúintí ó dhleacht ar allmhairí ar innealra
- (526) rinne an Coimisiún tairbhe na tréimhse imscrúdaithe a leithdháileadh go mícheart ar threalamh áirithe a ceannaíodh i bhfad roimh an tréimhse imscrúdaithe agus a dímheas go hiomlán ar an gcaoi sin.
- (527) le haghaidh ceann amháin de na cuideachtaí in Nanshan Group, bhain an Coimisiún úsáid as an gclárann sócmhainní seasta don chuideachta ar fad, lena n-áirítear go leor innealra agus feistí a mbaineann aonaid ghnó eile úsáid astu seachas iad siúd a bhaineann le ACF. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún díolúintí maidir le dleachtanna allmhairíocháin a bhaineann le trealamh nach mbaintear úsáid as don táirge atá faoi imscrúdú a eisiáimh.
- (528) rinne an Coimisiún rangú míchuí freisin ar an trealamh a allmhairítear agus a fhaightear sa bhaile.
- (529) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh maidir le trealamh a ndearnadh dímheas iomlán air roimh an tréimhse imscrúdaithe agus cheartaigh sé an ríomh dá réir. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, nár líon Nanshan Group an chuid ábhartha den cheistneoir frith-fhóirdheontais maidir lena innealra agus dá bhrí sin ní raibh Nanshan Group in ann a léiriú cén t-aonad gnó innealra áirithe ar mbaineadh úsáid as agus nach bhféadfadh sé fianaise leordhóthanach a chur ar fáil maidir leis an roinnt idir innealra allmhairithe agus innealra arna sholáthar sa bhaile. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

## 3.8.5.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (530) Ríomhtar méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí, rud a fhaightear amach gurb ann dó le linn na tréimhse imscrúdaithe. Meastar gurb ionann an sochar a dhámhtar ar na faighteoirí agus an méid CBL agus na dleachtanna atá díolmhaithe ar threalamh allmhairithe. D'fhonn a áirithiú nach gcumhdaítear leis an méid in-fhrithchúitithe ach an tréimhse imscrúdaithe, rinneadh an sochar a fuarthas a amúch thar shaolré úsáideach an trealaimh de réir ghnáthnósanna imeachta cuntasaíochta na cuideachta.
- (531) Ba é ráta an fhóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo ná 0,47 % do Nanshan Group, 0,12 % do Wanshun Group agus 0,21 % do Daching Group.

## 3.8.6. Iomlán le haghaidh gach scéim agus clár um dhíolúine agus laghdú cánach

- (532) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Rialtas na Síne go bhfuil critéir oibiachtúla sna cláir chánach thuasluaite go léir lena rialaítear an incháilitheacht chun rochtain a fháil ar an sochar. A luaithe a chomhlíonfar na critéir sin, is go huathoibríoch a shanntar an sochar. Mar sin féin, mar a mhínítear i gcás gach clár ar leithligh sna ranna roimhe seo, ní bhaineann na scéimeanna seo ach le fiontar atá ag feidhmiú i réimsí tosaíochta ardteicneolaíochta áirithe nó le tionscail spreagtha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.
- (533) Mhaígh Nanshan Group freisin go ndearna an Coimisiún earráid chléireachais, agus go raibh díolúine cánach ann go hearráideach do cheann de na grúpaí cuideachta. Glacadh leis an maíomh seo agus athraíodh na ríomhanna dá réir sin.
- (534) Ba é an méid seo a leanas an ráta iomlán fóirdheontais a bunaíodh maidir leis na scéimeanna cánach le linn na tréimhse imscrúdaithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

**Díolúintí agus lagduithe cánach**

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	2,51 %
Wanshun Group	0,70 %
Daching Group	1,06 %

**3.9. Soláthar earraí agus seirbhísí ag an Rialtas ar luach saothair neamhleor**

## 3.9.1. Soláthar talún ar íocaíocht nach leordhóthanach

- (535) Tá an talamh uile i nDaon-Phoblacht na Síne faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireachta comharghnó, comhdhéanta de shráidbhailte nó bailecheantair, sula bhféadfar teideal dlíthiúil nó teideal cothromais na talún a phaitinniú nó a dheonú d'úinéirí corpraithe nó d'úinéirí aonair. Is leis an Stát gach dáileacht talún i limistéir uirbeacha agus is leis na sráidbhailte nó na bailte móra gach dáil talún i limistéir thuaithe.
- (536) De bhun Bhunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne agus an Dlí Talún, féadfaidh cuideachtaí agus daoine aonair 'cearta úsáide talún' a cheannach. I gcás talún tionsclaíche, maireann an léasacht 50 bliain de ghnáth, agus í inathnuaite go ceann 50 bliain eile.
- (537) De réir Rialtas na Síne, sonraítear in Airteagal 137 de Dhlí Maoine Dhaon-Phoblacht na Síne 'an talamh a úsáidtear chun críocha tionscail, gnó, siamsaíochta nó tithé cónaithe tráchtála, etc. nó an talamh a bhfuil beirt úsáideoir nó níos mó beartaithe dó, déanfar é a aistriú trí cheant, trí chuireadh tairisceana nó trí aon mhodh tairisceana poiblí eile.' Thairis sin, tagraíonn Rialtas na Síne d'Airteagal 3 de Rialacháin Eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sannadh agus Aistriú an Chirt chun Úsáid na Talún atá faoi Úinéireacht Stáit i Limistéir Uirbeacha. Foráiltear leis an Airteagal seo 'go bhféadfaidh aon chuideachta, fiontar, eagraíocht eile agus duine aonair laistigh nó lasmuigh de Dhaon-Phoblacht na Síne, mura bhforáiltear a mhalairt le dlí, an ceart chun úsáid na talún a fháil agus gabháil d'fhorbairt, d'úsáid agus do bhainistiú talún de réir fhorálacha na Rialachán seo.'

- (538) Measann Rialtas na Síne go bhfuil margadh saor in aisce do thalamh i nDaon-Phoblacht na Síne, agus go léiríonn an praghas a d'íoc frontar tionsclaíoch ar theideal léasach na talún praghas an mhargaidh.

### 3.9.1.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- (539) Tagann an fhoráil maidir le ceart úsáide talún sa tSín faoi Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, tá na doiciméid seo a leanas mar chuid den bhunús dlí freisin:
- (1) Dlí Maoine Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 62)
  - (2) Dlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 28)
  - (3) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Riarachán Réadmhaoine Uirbí (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 18);
  - (4) Rialacháin eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sannadh agus Aistriú an Chirt chun Úsáid na Talún atá faoi Úinéireacht Stáit i Limistéir Uirbeacha (Foraithne Uimh. 55 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne);
  - (5) Rialachán maidir le Cur Chun Feidhme Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne [2014] Uimh. 653);
  - (6) Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan (Fógra Uimh. 39 de CSRC); agus
  - (7) Fógra ón gComhairle Stáit maidir leis na Saincheisteana Ábhartha a bhaineann le Neartú an Rialaithe Talún (Guo Fa (2006) Uimh. 31).

### 3.9.1.2. Torthaí an imscrúdaithe

- (540) De réir Airteagal 10 de 'Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan', socraíonn údaráis áitiúla praghsanna talún de réir chóras luachála na talún uirbí, córas nach ndéantar a nuashonrú ach gach 3 bliana, agus de réir bheartas tionsclaíoch an rialtais.
- (541) In imscrúduithe a rinneadh roimhe seo, chinn an Coimisiún nach raibh na praghsanna a íocadh ar chearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ionadaíoch ar phraghas margaidh a chinnfidh de réir soláthar agus éileamh an mhargaidh shaoir, toisc gur cinneadh go raibh an córas ceantála doiléir, neamh-thrédhearcach agus nach raibh sé ag feidhmiú sa chleachtas, agus cinneadh go ndearna na húdaráis praghsanna a shocrú go treallach. Mar a luaitear san aithris roimhe seo, shocraigh na húdaráis na praghsanna de réir chóras meastóireachta na talún uirbí, a thugann treoir dóibh i measc critéir eile beartas tionsclaíoch a mheas freisin agus an praghas ar thalamh tionsclaíoch á shocrú acu.
- (542) Níor léirigh an t-imscrúdú reatha aon athrú suntasach ina leith sin. Mar shampla, chinn an Coimisiún go bhfuair formhór na gcuideachtaí sampláilte a cheart úsáide talún trí leithdháileadh ó údaráis áitiúla seachas trí nós imeachta tairisceana.
- (543) Maidir leis na dáileachtaí talún a soláthraíodh trí thairiscint, chinn an Coimisiún nach raibh ach tairgeoir amháin ar an talamh i ngach cás, agus bhí an praghas a íocadh ag freagairt do phraghas tosaigh an phróisis tairisceana. In éagmais faisnéis mhionsonraithe bhreise maidir le próiseas an cheant, bhí sé éiginnte gur socraíodh an praghas tosaigh go neamhspleách agus go gcomhfhreagraíonn sé do luach margaidh cheart úsáide talún.
- (544) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún freisin go bhfuair roinnt cuideachtaí aisíocaíochtaí ó údaráis áitiúla chun na praghsanna a d'íoc siad as na cearta úsáide talún a chúiteamh. Ina theannta sin, bhí roinnt de na cearta úsáide talún a fuarthas ach a íocadh roinnt blianta tar éis an talamh a bheith curtha in úsáid. Maidir le cearta úsáide talún atá faoi úinéireacht cuideachtaí laistigh de Nanshan Group, mar a luaitear in aithrisí (135) go (137), ní fhéadfaí aon fhianaise ar aon phróiseas ceannaigh a sholáthar don chuid is mó de na dáileachtaí talún sa ghrúpa.

- (545) Tagann an fhianaise thuas salach ar mhaímh Rialtas na Síne go bhfuil na praghsanna a íocadh ar cheart úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ionadaíoch ar phraghas a chinntear trí sholáthar margaidh agus maíomh saor in aisce. A mhalaírt ar fad, léiríonn torthaí an imscrúdaithe sin go raibh éadail cheart úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne neamh-thrédhearcach agus gur leag na húdaráis síos go treallach na praghsanna.
- (546) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Rialtas na Síne nár tugadh aon tairbhe do na cuideachtaí sampláilte trí chearta úsáide talún a chur ar fáil toisc go bhfuil margadh saor in aisce le haghaidh talamh i nDaon-Phoblacht na Síne. I ndáil leis sin, rinne Rialtas na Síne tagairt d'Airteagal 347 de Chód Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne, ar dá réir 'i gcás ina mbaintear úsáid as talamh chun críocha tionscail, tráchtála, turasóireachta nó siamsaíochta, mar áit chónaithe tráchtearraí, nó chun críocha eile brabúsacha, nó ina bhfuil beirt nó níos mó atá toilteanach úsáid a bhaint as an bpíosa céanna talún, sannfar an ceart chun úsáid a bhaint as an talamh le haghaidh tógála trí chuireadh tairisceana, ceant nó trí thairiscint oscailte eile. Bunaítear praghas na talún trí iomaíocht mhargaidh'.
- (547) Mar sin féin, cé go bhfuil forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach, chinn an Coimisiún nach n-urramaítear na forálacha sin go rialta, agus tá ceannaitheoirí áirithe ag fáil a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh. Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh. In aon chás, mar a luaitear in aithris (543) thuas, sna cásanna neamhchoitianta inar cuireadh talamh ar fáil trí phróiseas an cheant, níor leor an fhaisnéis a soláthraíodh chun teacht ar an gconclúid gur socraíodh praghsanna go neamhspleách agus go gcomhfhreagraíonn sí do mhargadhluach na talún.
- (548) Dá bhrí sin, maidir le soláthar cearta úsáide talún ag Rialtas na Síne fóirdheontas é sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán i bhfoirm soláthar earraí, rud a thugann tairbhe do na cuideachtaí is faighteoirí. Mar a mhínítear in aithrisí (541) go (545) thuas, níl aon mhargadh le haghaidh talún i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfeidhm agus léiríonn úsáid tagarmhairc sheachtraigh (féach aithrisí (551) go (554) thíos) go bhfuil an méid a d'íoc na táirgeoirí onnmhairithe sampláilte ar chearta úsáide talún go maith faoi bhun an ghnáthráta margaidh.

### 3.9.1.3. Sainiúlacht

- (549) I gcomhthéacs na rochtana fabhraí ar thalamh tionsclaíoch le haghaidh cuideachtaí atá i dtionscail áirithe, thug an Coimisiún dá aire nach mór beartas tionsclaíoch an rialtais a chur san áireamh sa phraghas a shocraíonn na húdaráis áitiúla, mar a luaitear thuas in aithris (541). De réir an bheartais thionsclaíoch sin, tá tionscal ACF liostaithe mar thionscal atáthar a spreagadh<sup>(103)</sup>. Ina theannta sin, ceanglaítear le Cinneadh Uimh. 40 go n-áiritheoidh údaráis phoiblí go gcuirfeadh talamh ar fáil do thionscail spreagtha. In Airteagal 18 de Chinneadh Uimh. 40, cuirtear in iúl go soiléir nach mbeidh rochtain ar chearta úsáide talún ag tionscail atá 'srianta'. Fágann sé sin go bhfuil an fóirdheontas sonracha de réir Airteagal 4(2)(a) agus 4(2)(c) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil soláthar fabhrach na talún teoranta do chuideachtaí a bhaineann le tionscail áirithe, earnaíl GFR sa chás seo, agus tá cleachtais an rialtais sa réimse seo doiléir agus gan a bheith trédhearcach.
- (550) Tar éis an nochta dheiridh, d'esaontaigh Rialtas na Síne leis an gCoimisiún gur bearta sonracha iad na bearta, ach gan aon fhianaise bhreise a chur ar fáil. Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chuid conclúidí.

### 3.9.1.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (551) Mar a tharla in imscrúduithe roimhe seo<sup>(104)</sup> agus i gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, baineadh úsáid as praghsanna talún ó Chríoch Chustaim Leithleach na Téaváine, Penghu, Kinmen agus Matsú ('Taipei na Síne') mar thagamharc seachtrach<sup>(105)</sup>. Déantar an sochar a thugtar d'fhaighteoirí a ríomh tríd an difríocht idir an méid arna íoc ag gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte (i.e. an praghas arna íoc mar atá luaite sa chonradh agus, i gcás inarb infheidhme, an praghas atá luaite sa chonradh arna laghdú de réir mhéid na n-aisíocaíochtaí/deontais ón rialtas áitiúil) a chur san áireamh i gcás chearta úsáide talún agus an méid ba chearta a bheith íoctha de ghnáth ar bhonn thagamharc Taipei na Síne.

<sup>(103)</sup> Féach roinn 3.1 thuas.

<sup>(104)</sup> Féach cásanna fabraicé de shnáithín gloine, OCS agus na bpainéal Gréine.

<sup>(105)</sup> Sheas an Chúirt Ghinearálta leis i gCás T-444/11 Gold East Paper agus Gold Huacheng Paper i gcoinne na Comhairle, Breithiúnas ón gCúirt Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2014 ECLI:EU:T:2014:773.

- (552) Maidir le dáileachtaí talún Nanshan Group nach bhféadfaí aon fhianaise thacaíochta a sholáthar ina leith, measadh gurb é 0 an praghas a íocadh.
- (553) Measann an Coimisiún gur tagarmharc oiriúnach seachtrach é Taipei na Síne ar na cúiseanna seo a leanas:
- an leibhéal inchoimparáide d'fhorbairt eacnamaíoch, OTN agus struchtúr eacnamaíoch i Taipei na Síne agus i bhformhór na gcúigí agus na gcathracha sa tSín ina bhfuil na táirgeoirí onnmhairithe sampláilte bunaithe;
  - cóngarachth fhisiceach na Síne agus Taipei na Síne dá chéile;
  - an leibhéal ard ar a bhfuil bonneagar tionscail Taipei na Síne agus go leor cúigí sa tSín;
  - na ceangail eacnamaíocha láidre agus an trádáil trasteorann láidir idir Taipei na Síne agus an tSín;
  - an dlús ard daonra i go leor cúigí sa tSín agus i Taipei na Síne;
  - an chosúlacht idir an cineál talún agus na n-idirbheart a úsáidtear chun an tagarmharc ábhartha a fhorbairt i Taipei na Síne agus iad sin sa tSín; agus
  - na tréithe comhchoiteanna déimeagrafacha, teanga agus cultúrtha idir Taipei na Síne agus an tSín.
- (554) De réir na modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm in imscrúduithe roimhe seo <sup>(106)</sup>, bhain an Coimisiún úsáid as an meánphraghas talún in aghaidh an mhéadair chearnaigh a bunaíodh i Taipei na Síne arna cheartú le haghaidh boilsciú agus éabhlóid OTI ó dhátaí na gconarthaí chearta úsáide talún faoi seach. Fuarthas an fhaisnéis a bhaineann le praghsanna talún tionsclaíche ó 2015 ar aghaidh ó shuíomh gréasáin Bhiúró Tionscail Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine <sup>(107)</sup>. Le blianta beaga anuas, ceartaíodh na praghsanna trí úsáid a bhaint as na rátaí boilscithe agus as éabhlóid OTI *per capita* ag praghsanna reatha in USD don Téaváin mar a d'fhoilsigh CAI do 2015.
- (555) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Rialtas na Síne gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as tagarmharc intíre le haghaidh talún. Mar sin féin, theip ar Rialtas na Síne aon staitistic nó sonraí a d'fhéadfaí úsáid a bhaint astu chun na críche sin a chur ar fáil.
- (556) Chloígh Rialtas na Síne leis freisin nach bhfuil praghsanna in Taipei na Síne inchoimparáide ar chor ar bith leo siúd ar mhórthír na Síne, ar chúiseanna daonra agus ar chúiseanna geografacha, ach freisin toisc go bhfuil talamh sa tSín ar léas, ní faoi úinéireacht, cé go bhfuil an margadh talún in Taipei na Síne faoi réir cearta ceannaigh. Dá bhrí sin, mhaígh Rialtas na Síne gur gá coigeartú a dhéanamh chun na imthosca sin a léiriú.
- (557) Thairis sin, mhaígh Wanshun Group agus Nanshan Group araon go raibh an tagarmharc ar bhain an Coimisiún úsáid as maidir leis na cearta úsáide talún míreasúnta ard agus nár léiriú é ar dhálaí an mhargaidh atá i réim sa tSín. Bhí sé seo mar gheall ar an bhfíric go raibh an Téaváin ag dul i ngleic le blianta beaga anuas le staid eisceachtúil ganntanas talún agus cnapaireacht-talún tionsclaíochta, staid nach ann di sa tSín. Dá bhrí sin, mhéadaigh tagarmharc ard den sórt sin go saorga agus go héagórach an tairbhe maidir leis na cearta úsáide talún, agus an méid iomlán fóirdheontais arna chinneadh don ghrúpa. Dúirt siad nach raibh an-chuid talamh ar fáil sa Téaváin le haghaidh tionscail agus bhí sí ar leibhéal eacnamaíoch difriúil i gcomparáid leis an tSín. Ina ionad sin, ba cheart úsáid a bhaint as na praghsanna talún sa Téalainn mar thagarmharc iomchuí maidir leis na cearta úsáide talún.
- (558) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh Taipei na Síne a roghnú mar thagarmharc bunaithe ar scrúdú a rinneadh ar roinnt imthosca a liostaítear in aithris (553). Cé go bhfuil difríochtaí áirithe sna dálaí margaidh idir cearta úsáide talún i móirthír na Síne agus díol talún in Taipei na Síne, ní den chineál sin iad chun rogha Taipei na Síne a neamhbhailíochtú mar thagarmharc réasúnta. Thairis sin, agus aird níos mó á tabhairt ar dhlús daonra shuíomhanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, is cosúil go bhfuil na figiúirí dlús daonra cosúil le Taipei na Síne ar

<sup>(106)</sup> Féach cásanna fabraicí de shnáithín gloine, OCS agus na bpainéal Gréine.

<sup>(107)</sup> <https://idbpark.moeaidb.gov.tw/>, arna rochtain an 18 Lúnasa 2021 den uair dheireanach.

an meán. Mar shampla, ba é dlús daonra Jiangyin 1 600 duine in aghaidh m<sup>2</sup> in 2020 <sup>(108)</sup>; agus ba é dlús Xiamen 3 036 duine in aghaidh an m<sup>2</sup> <sup>(109)</sup>. Ní thugann an Choimisiún éifeachtaí na géarchéime talún in éabhlóid na bpraghsanna tagarmhairc faoi deara. Cé go raibh ardú géar ar phraghsanna sna blianta 2015-2016, d'fhan praghsanna sách cobhsaí le blianta beaga anuas. I gcás ar bith, fuair na cuideachtaí sampláilte an chuid is mó de dháileachtaí talún i bhfad roimhe sin, agus dá bhrí sin ní fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag imeachtaí le déanaí orthu. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár ghá aon choigeartú a dhéanamh.

(559) Is é an méid seo a leanas méid an fhóirdheontais a bunaíodh maidir leis na cearta úsáide talún le linn na tréimhse imscrúdaithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

### Soláthar talún ar íocaíocht nach leordhóthanach

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	4,47 %
Wanshun Group	1,78 %
Daching Group	1,28 %

#### 3.9.2. Leictreachas a sholáthar ar rátaí laghdaithe

##### 3.9.2.1. Bunús dlí/Creat Rialála

- Ciorclán ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú agus ón Údarás Náisiúnta Fuinnimh maidir le hIdirbhearta Cumhachta Margadh-dhírithé a Chur Chun Cinn go Gníomhach agus Tuilleadh Feabhais a Chur ar an Sásra Trádála, Fa Gua Yun Xing [2018] Uimh. 1027, arna eisiúint an 16 Iúil 2018
- Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh (Zhong Fa [2015] Uimh. 9);
- Fógra maidir le Léirscaoileadh Iomlán a dhéanamh ar an bPlean do Ghiniúint Leictreachais agus do Thomhaltais d'Úsáideoirí Oibriúcháin Tráchtála (An Coimisiún Náisiúnta Forbartha agus Athchóirithe [2019] Uimh. 1105);
- Rialacha maidir le Trádáil Leictreachais d'Idirbhearta Meántéarmacha agus Fadtéarmacha i gCúige Jiangsu;
- Fógra faoi Bhiúró Praghsanna Chúige Jiangsu maidir le Coigeartú Réasúnach Struchtúr Praghsanna Leictreachais, Su Jia Gong [2017] Uimh. 124; agus
- Ciorclán an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú maidir le Costas Leictreachais ar Fhiontair a Laghdú chun Tacú le hAthchóiriú Saothair agus Forbartha Táirgeachta agus le hAthchóiriú Praghas [2020] Uimh. 258.

##### 3.9.2.2. Torthaí an imscrúdaithe

(560) Cheannaigh dhá cheann de na grúpaí sampláilte cuideachtaí a gcuid leictreachais. Ina theannta sin, tháirg Nanshan Group leictreachas ar a aonar i ngléasra cumhachta gualbhreoslaithe intíre.

(561) Bhunaigh an Coimisiún gur bhain na cuideachtaí a ndearna imscrúdú orthu laistigh den dá ghrúpa sampláilte sin tairbhe as laghdúithe nó aisíocaíochtaí/coigeartuithe ar chuid dá gcostas leictreachais toisc gur ghlac na cuideachtaí sin páirt sa chlár píolótach d'idirbhearta leictreachais margadh-dhírithé.

<sup>(108)</sup> Jiangyin - Vicipéid

<sup>(109)</sup> Xiamen - Vicipéid

- (562) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go gceadaítear do chuideachtaí áirithe a ndearna imscrúdú orthu leictreachas a cheannach go díreach ó ghineadóirí cumhachta trí chomhaontuithe ceannaigh dhírigh a shíniú seachas é a cheannach ón eangach. Foráiltear leis na conarthaí sin do chainníocht áirithe leictreachais ar phraghas áirithe, rud atá níos ísle ná na praghsanna oifigiúla a shocraítear ar leibhéal cúigeach le haghaidh úsáideoirí tionsclaíocha móra.
- (563) Níl an deis conarthaí díreacha den sórt sin a dhéanamh ar fáil faoi láthair do na mór-thomhaltóirí tionsclaíocha go léir. Ar an leibhéal náisiúnta, i dTuairimí ó Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh sonraítear mar shampla, *'na fiontair nach gcomhlíonann an beartas tionsclaíoch náisiúnta agus a gcuirtear a dtáirgí agus a bpróisis as an áireamh, níor cheart iad a bheith rannpháirteach in idirbhearta díreacha'*<sup>(110)</sup>. Sonraítear sna Tuairimí céanna freisin *'tar éis na caighdeáin rochtana a chinneadh, ba cheart dúinn uasghrádú a dhéanamh ar chatalóga na bhfiontar giniúna cumhachta áitiúil agus na miondíoltóirí leictreachais a chomhlíonann na caighdeáin a dhéanann rialtais a phoibliú gach bliain agus rialáil dhinimiciúil ar an gcatalóg úsáideoirí a chur chun feidhme. Is féidir leis na fiontair ghiniúna cumhachta, miondíoltóirí agus úsáideoirí leictreachais atá sa chatalóg clárú dá ndeoin féin leis na hinstitiúidí trádála chun a bheith ina ngníomhaithe margaidh'*. Dá bhrí sin, d'fhonn a bheith rannpháirteach sa chóras trádála díri, ba cheart do chuideachta caighdeáin áirithe a chomhlíonadh agus í a chur san áireamh sa *'chatalóg úsáideoirí'*.
- (564) Sa chleachtas, is iad na cúigí a chuireann trádáil leictreachais i bhfeidhm. Ní mór do chuideachtaí iarratas a chur isteach chuig údarais chúige le go bhformheasfar iad le bheith rannpháirteach sa scéim phiólótach leictreachais dhírigh agus ní mór dóibh critéir áirithe a chomhlíonadh. I gcás cuideachtaí áirithe, ní ann d'aon phróiseas caibidlíochta margadhbhunaithe ná aon phróiseas tairisceana margadhbhunaithe, ós rud é nach bunaithe ar an bhfíorsholáthar ná ar an bhfíoréileamh atá na méideanna a cheannaítear faoi chonarthaí díreacha. Go deimhin, ní saor iad gineadóirí cumhachta ná úsáideoirí cumhachta a gcuid leictreachais uile a dhíol ná a cheannach go díreach. Tá siad srianta ag cuótaí cainníochtúla a leithdháileann an rialtas áitiúil orthu. Thairis sin, cé go bhfuiltear in ainm praghsanna a chaibidlíú go díreach idir gineadóirí cumhachta agus an t-úsáideoir cumhachta nó trí chuideachtaí seirbhíse idirghabhálaí, is í Cuideachta Eangach an Stáit a eisiúint na sonraisc do na cuideachtaí. Ar deireadh, ní mór gach conradh sínithe maidir le ceannach díreach a chur faoi bhráid an rialtais áitiúil ionas go mbeidh taifead ann de.
- (565) In 2018 d'eisigh Rialtas na Síne Ciorclán ón gCoimisiún um Fhorbairt agus Athchóiriú Náisiúnta agus ón Údarás Fuinnimh Náisiúnta maidir le hIdirbhearta Cumhachta Margadh-dhírigh a Chur Chun Cinn go Gníomhach agus Tuilleadh Feabhais a Chur ar an Sásra Trádála. Cé gurb é is aidhm don Chiorclán an líon idirbheart díreach ar an margadh leictreachais a mhéadú, luaitear tionscail áirithe go sonrath ann a bhaineann tairbhe as léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais agus a dtacaítear leo trí bhithin an léirscaoilte chéanna, lena n-áirítear na tionscail ardeicneolaíochta amhail tionscail ACF. Go háirithe, foráiltear le Roinn III *'Oscailt amach chun úsáideoir a chomhlíonann ceanglais a ligint isteach'*, pointe (2) *'maidir le tionscail atá ag teacht chun cinn a bhfuil breisluach ard ag baint leo, mar shampla na tionscail ardeicneolaíochta, tionscail idirlín, tionscail mórshonraí agus tionscail monaraíochta ardleibhéal, chomh maith le fiontair a bhfuil buntáistí agus saintréithe ar leith acu agus inneachar ardeicneolaíochta, go dtacófar leo chun a bheith rannpháirteach in idirbhearta saor ó leibhéal voltais agus ó shrianta ar ídiú cumhachta'*.
- (566) Ina theannta sin, de réir an Fhógra maidir le Léirscaoileadh Iomlán a dhéanamh ar an bPlean do Ghiniúint Leictreachais agus do Thomhaltais d'Úsáideoirí Oibriúcháin Tráchtála, a bhfuil sé mar aidhm aige an margadh leictreachais a léirscaoileadh tuilleadh, foráiltear *'i measc úsáideoirí tráchtála leictreachais, ní ghlacfaidh na húsáideoirí leictreachais sin nach gcomhlíonann na beartais náisiúnta tionscail páirt go sealadach in idirbhearta margadh-dhírigh, agus na húsáideoirí leictreachais a mbaineann a dtáirgí agus a bpróisis leis na catagóirí díchurtha agus catagóirí a bhfuil srianta orthu den 'Catalóg Treorach don Tionscal', déanfaidh siad an beartas reatha maidir le praghsanna difreálacha a chur chun feidhme go docht le haghaidh leictreachas.'*
- (567) Dá bhrí sin, déantar foráil sa reachtaíocht maidir le hidirbhearta díreacha a chur i bhfeidhm go roghnaíoch ar mhargadh an leictreachais atá teoranta do thionscail áirithe amhail na tionscail atá i gcomhréir leis na beartais náisiúnta tionsclaíochta, agus béim ar leith á leagan ar thionscail ardeicneolaíochta. Mar thoradh air sin, íocann na tionscail seo praghsanna níos ísle ar leictreachas.

<sup>(110)</sup> Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh (Zhong Fa [2015] Uimh. 9), Roinn III (4).



- (568) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an ráta leictreachais laghdaithe agus na haisíocaíochtaí/coigeartuithe a eascraíonn as trádáil leictreachais dhíreach, inar ghlac na cuideachtaí sampláilte páirt, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne (i.e. oibreoir na heangaí), rud a thugann tairbhe do na cuideachtaí lena mbaianeann. Is ionann an tairbhe d'fhaighteoirí agus an coigilteas ar chostas leictreachais, bíodh sin trí phraghsanna laghdaithe leictreachais nó trí aisíocaíochtaí/coigeartuithe, ós rud é gur soláthraíodh an leictreachas ar phraghas níos ísle ná gnáthphraghas na heangaí a íocann úsáideoirí tionsclaíocha móra eile nach bhféadfadh leas a bhaint as an soláthar díreach nó nach raibh ina chuid den tionscadal píolótach le haghaidh soláthar díreach.
- (569) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Rialtas na Síne nach fianaise leordhóthanach láithreach fiontar atá faoi úinéireacht stáit i nginiúint na cumhachta, agus go bhfuair táirgeoirí Eorpacha ACF fóirdheontais ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoi seach freisin. Chuir Rialtas na Síne in iúl freisin go bhfuil athchóiriú an mhargaidh leictreachais curtha chun cinn go réamhghníomhach ag an tSín le blianta beaga anuas. Áirítear ar phríomhghnéithe an athchóirithe bunú brostaithe struchtúr agus córas iomaíoch agus éifeachtach do mhargadh an leictreachais, chomh maith le sásraí praghsála margadh-dhírithithe lena n-áirítear na conarthaí ceannaigh dhírigh. I gcás na ngléasraí cumhachta a dhíolann an leictreachas go díreach le húsáideoirí tionsclaíocha agus úsáideoirí eile, bunaítear an praghas leictreachais trí chaibidlíocht agus trí phróiseas tairisceana margaidh idir soláthróirí agus úsáideoirí.
- (570) Thagair Rialtas na Síne do roinnt doiciméad dlí is bunús lena réasúnaíocht. Mar sin féin, bhain an chuid is mó de na doiciméid sin le praghas na heangaí a bhunú sa tSín, rud nach bhfuil i gceist anseo. Ar an gcaoi chéanna, tá fóirdheontais a d'fhéadfadh cuideachtaí Eorpacha a fháil lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe sin freisin. Ní raibh sa doiciméad amháin a thagraíonn go sonrath d'idirbhearta díreacha ceannaigh cumhachta ach ráiteas ginearálta ar 'fhoirmiú praghsanna réasúnta'. Mar a aibhsítear in aithrisí (561) go (567) thuas, ní fhreagraíonn an ráiteas ginearálta seo don mhéid a d'aimsigh an Coimisiún sa chleachtas. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maimh sin.

### 3.9.2.3. Sainiúlacht

- (571) Is fóirdheontas sonrath é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na scéime seo a theorannú d'fhiontair a chomhlíonann cuspóirí beartais thionsclaíoch áirithe arna gcinneadh ag an Stát agus a mheastar a dtáirgí nó a bpróisis a bheith incháilithe.
- (572) Dá réir sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an scéim fóirdheontais i bhfeidhm le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe agus gur fóirdheontas sonrath é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(3) den bhun-Rialachán.

### 3.9.2.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

- (573) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ríomhadh an sochar sin mar an difríocht idir an praghas iomlán leictreachais a bhí infoctha de réir an ghnáthphraghsais leictreachais agus praghas iomlán an leictreachais a d'íoc na grúpaí sampláilte cuideachtaí faoin ráta laghdaithe agus/nó trí fhoirmeacha éagsúla aisíocaíochtaí/coigeartuithe a asbhaint.
- (574) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Daching Group nár cheart déileáil le coigeartú na bhfachtóirí cumhachta, mar shásra meastóireachta chun úsáideoirí a spreagadh chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as cumhacht, mar fhóirdheontas. Dheimhnigh an Coimisiún, go deimhin, de réir an nochta dheiridh don ghrúpa, gur baineadh é den sochar arna ríomh.
- (575) Is é an méid seo a leanas ráta an fhóirdheontais a bunaíodh maidir leis an scéim sin le linn na tréimhse imscrúdaithe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

### Leictreachas a sholáthar ar rátaí laghdaithe

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Wanshun Group	0,18 %
Daching Group	0,20 %

#### 3.9.3. Soláthar ábhar ionchuir ar íocaíocht nach leordhóthanach

(576) Mar a luaitear i roinn 3.2 thuas, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne, i bhfianaise easpa freagraí ceistiúcháin ó sholáthróirí ábhar ionchuir atá faoi imscrúdú, eadhon alúmanam príomhúil agus gual gaile, go bhféadfadh sé go mbeadh air a thorthaí a bhunú ar na fórais atá ar fáil de bhun Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a bhaineann le soláthróirí na n-ábhar ionchuir thuasluaite. Rinne an Coimisiún imscrúdú an bhfuair na cuideachtaí sampláilte ábhair ionchuir chun ACF a tháirgeadh ar phraghsanna fóirdheonaithe ó Rialtas na Síne.

#### 3.9.3.1. Soláthar alúmanaim príomhúil ar íocaíocht nach leordhóthanach

(577) Sa ghearán, chuir na gearánaigh fianaise ar fáil go bhfeidhmíonn táirgeoirí ACF Síneacha i dtionscal spreagtha agus go bhfuil sé réasúnta teacht ar an gconclúid go dtéann na fóirdheontais a soláthraíodh do tháirgeoirí alúmanaim príomhúil a mbaintear úsáid as i dtáirgeadh ACF chun tairbhe tháirgeoirí ACF sa deireadh thiar. D'fhabhródh monaróirí ACF an sochar sin go díreach, sa mhéid go bhfuil siad comhtháite go ceartingearach, agus go hindíreach, sa mhéid is go mbíonn praghsanna níos ísle ar ionchuir i margadh intíre na Síne mar thoradh ar na fóirdheontais sin ná mar a bheadh amhlaidh murach sin.

(578) Ós rud é go ndearnadh na grúpaí cuideachtaí a ndearnadh imscrúdú orthu a chomhtháthú go ceartingearach, cuireadh na soláthróirí amhábhhar gaolmhara san áireamh san imscrúdú ag an gCoimisiún, agus rinneadh na fóirdheontais a fuarthas ag leibhéal na soláthraithe gaolmhara sin a chomhtháthú sna ríomhanna do gach scéim fóirdheontais. Chinn an Coimisiún freisin, ó bhí na trí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhtháite go ceartingearach, nár ceannaíodh ach mionchainníochtaí d'alúmanam príomhúil (tinní agus leaca alúmanaim) ó sholáthraithe neamhghaolmhara. Ina theannta sin, san imscrúdú frithdhumpála ar leith <sup>(111)</sup> fuair an Coimisiún amach gur cheannaigh na cuideachtaí sampláilte alúmanaim príomhúil ar phraghsanna i gcomhréir le tagarmharcanna idirnáisiúnta.

(579) In éagmais aon fhianaise ar shochar ábhartha a thugtar do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, gan leanúint leis an imscrúdú ar an scéim fhóirdheontais líomhnaithe seo.

#### 3.9.3.2. Soláthar gual gaile ar íocaíocht nach leordhóthanach

(580) Go raibh líomhaintí sa ghearán faoi ghual gaile a sholáthar ar luach saothair is lú ná luach saothair atá leordhóthanach. Go deimhin, baineann beagnach gach bruithneoir sa tSín, lena n-áirítear táirgeoirí ACF, úsáid as gual chun cuid ar a laghad den leictreachas a theastaíonn uathu ina ngléasraí chumhachta faoi chuing a ghiniúint. Léirigh an fhianaise atá ar fáil sa ghearán gur sholáthair SOEanna na Síne gual gaile do tháirgeoirí ACF do LTAR ar phraghsanna a bhfuil sé mar aidhm leo buntáiste comparáideach a thabhairt do tháirgeoirí alúmanaim iartheachtacha, amhail ACF.

(581) Mar a mhínítear i roinn 3.2.3 thuas, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne an ceistneoir sonrath atá beartaithe do sholáthróirí guail ghaile a chur ar aghaidh chuig soláthróirí aitheanta guail sa tSín. Ní dharna Rialtas na Síne amhlaidh. Thairis sin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne sonraí maidir le praghsanna agus le sásraí praghsála, mar aon le hainm agus struchtúr úinéireachta sholáthróirí guail ghaile na Síne a chur ar fáil. Níor chuir Rialtas na Síne aon fhaisnéis a iarradh ar fáil, áfach. Ar an mbonn sin, ní raibh an Coimisiún in ann a fhíorú conas a bunaíodh na praghsanna, cé hiad na táirgeoirí Síneacha a bhí faoi úinéireacht stáit agus cén sciar de tháirgeacht na Síne a raibh siad freagrach as.

<sup>(111)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/983 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí den scragall tiontaire alúmanaim ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, IO L 216/142, an 18 Meitheamh 2021, aithris 382.

(582) Níor cheannaigh ach ceann amháin de na grúpaí sampláilte cuideachtaí gual gaille ó sholáthraithe neamhghaolmhara. Mar sin féin, i bhfianaise an laghdú ar phraghsanna domhanda ar mhargadh an ghuail a d'eascair as paidéim Covid le linn an TI, chinn an Coimisiún gur cheannaigh na cuideachtaí sampláilte gual gaille ar phraghsanna i gcomhréir le tagarmharcanna idirnáisiúnta. In éagmais aon fhianaise ar shochar ábhartha a thugtar do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, gan leanúint leis an imscrúdú ar an scéim fhóirdheontais líomhnaithe seo.

### 3.10. Conclúid maidir le fóirdheonú

(583) Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ríomh an Coimisiún méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe do na cuideachtaí sampláilte i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin trí scrúdú a dhéanamh ar gach fóirdheontas nó clár fóirdheontais, agus chuir sé na figiúirí sin le chéile chun méid iomlán an fhóirdheonaithe do gach táirgeoir onnmhairiúcháin don tréimhse imscrúdaithe a ríomh. Chun an fóirdheonú iomlán a ríomh, ar dtús rinne an Coimisiún an fóirdheonú céatadán a ríomh, i.e méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas iomlán na cuideachta. Ansin baineadh úsáid as an gcéatadán sin chun an fóirdheontas a ríomh, an fóirdheontas arna leithdháileadh ar onnmhairí an táirge i gceist chuig an Aontas i rith na tréimhse imscrúdaithe. Ríomhadh méid an fhóirdheontais in aghaidh gach tona den táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus ríomhadh na corrlaigh mar chéatadán de luach Costais, Árachas agus Last-táille ('CAL') na n-onnmhairí céanna in aghaidh an tona.

(584) Tar éis an nochtadh dheiridh, mhaígh Daching Group gur cheart úsáid a bhaint as láimhdeachas comhdhlúite an táirgeora onnmhairiúcháin Xiamen Xiashun agus a chuideachta ghaolmhar Daching Enterprises Ltd. mar ainmneoir chun méid an fhóirdheontais a ríomh. Thug an Coimisiún faoi deara gur ghníomhaigh Daching Enterprises Ltd mar onnmhaire gaolmhar don ghrúpa, agus gur ó Xiamen Xiashun a tháinig láimhdeachas onnmhairiúcháin Daching Enterprises Ltd. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go mbaineann gach fóirdheontas a fuarthas in Daching Enterprises Ltd. leis na hearraí a d'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ríomhadh méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas onnmhairiúcháin Xiamen Xiashun. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.

(585) Tar éis an nochtadh deiridh, mhaígh Wanshun Group go raibh láimhdeachas iomlán chuideachta an táirgeora onnmhairiúcháin Jiangsu Zhongji ar bhain an Coimisiún úsáid earráideach as, ós rud é gur theip air an mharcáil suas a thóg Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co, (HK) Ltd., a d'athdhíol táirge Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd. le margáí thar lear. Go deimhin, bailítear dleachtanna frithchúitimh bunaithe ar luach onnmhairiúcháin CAL (lena n-áirítear marcáil suas Zhongji HK).

(586) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. I gcás fóirdheontas a bhaineann le honnmhairiú, bhain an Coimisiún úsáid as láimhdeachas onnmhairiúcháin an trádálaí lena mbaineann. I gcás fóirdheontas nach mbaineann le honnmhairiú, áfach, i gcomhréir le cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin, baineann an Coimisiún úsáid as láimhdeachas iomlán an táirgeora onnmhairiúcháin. Tá an Coimisiún ag iarraidh an tairbhe a bhaint amach ar leibhéal an táirgeora onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, is ionann láimhdeachas an táirgeora onnmhairiúcháin agus an pointe tagartha ábhartha chun tairbhe an fhóirdheonaithe a bhunú ar leibhéal an táirgeora onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(587) Mhaígh Wanshun Group freisin go raibh an Coimisiún tar éis méid an fhóirdheontais a chur isteach go huathoibríoch agus gan tuilleadh anailíse a dhéanamh ar mhéid an fhóirdheontais do gach cuideachta den ghrúpa, eadhon:

(a) na hiasachtaí agus na háiseanna líne creidmheasa a deonaíodh do Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co, (HK) Ltd., toisc go bhfuil an dá pháirtí sna hidirbhearta seo bunaithe lasmuigh den tSín agus an institiúid airgeadais i gceist a bheith ina banc Singapóreach, seachas Síneach, agus

(b) na fóirdheontais a tugadh do Shantou Wanshun, cé nach raibh aon ghníomhaíocht ag an gcuideachta seo maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú. I gcomhréir le Tuarascáil Bhuanchomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála<sup>(112)</sup>, tá ceanglas ann anailís faoi bhealach a dhéanamh i gcásanna ina dtugtar an fóirdheontas do chuideachta, nach táirgeoir ionchuir réamhtheachtach í agus nach soláthraíonn aon ní i ndáil leis an táirge lena mbaineann. Ní raibh an anailís faoi bhealach sin tar éis dul tríd sa nochtadh deiridh. Tá fóirdheontais líomhnaithe éagsúla ann nach féidir, mar gheall ar a gcineál, iad a chur tríd. Bhain sé seo go háirithe leis an talamh de Shantou Wanshun a mbaintear úsáid as le haghaidh táirgeadh táirgí eile agus na

<sup>(112)</sup> Tuarascáil Bhuanchomhlacht Achomhairc, SAM – Bogadmad IV, míreanna. 142-143.

deontais a fuair Shantou Wanshun le haghaidh táirgí eile. Maidir leis an gcéad pointe, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil beag beann ar stádas Hong Cong san imscrúdú seo, bhí fíorionad na ngníomhaíochtaí agus rialú na cuideachta Jiangsu Zhongji Hong Cong lonnaithe i ndáiríre sa tSín. Go deimhin, bhain 99 % de ghníomhaíochtaí an trádála le hathdhíol earraí arna dtáirgeadh ag an táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín. Ina theannta sin, níor thuairiscigh an chuideachta aon phearsanra atá lonnaithe in Hong Cong ina cuntais ná i bhfreagra ceistneora an Choimisiúin, agus dheonaigh eintitis Síneacha na fóirdheontais a fuarthas agus a théann chun tairbhe an táirge lena mbaineann. Mar shampla, ghlac an mháthairchuideachta sa tSín amach an t-árachas creidmheasa onnmhairiúcháin a bhaineann leis na hearraí a d'onnmhairigh Jiangsu Zhongji Hong Cong. Ina theannta sin, de réir mar a dheimhnigh an Bhuanchomhlacht Achomhairc sna Stáit Aontaithe - Bearta Frithdhumpála agus Frithchúitimh maidir le Gnóthas Mór Cónaitheach ón gCóiré, d'fhéadfadh fóirdheontais a bhronntar ar an bhfaighteoir i dtíortha seachas an Ballstát fóirdheonaithe a bheith ábhartha d'fhonn méid an fhóirdheonaithe *ad valorem* a ríomh <sup>(113)</sup>

- (588) Go deimhin, cuireadh an maoiniú atá i gceist ar fáil trí bhanc Shingepór (OCBC), atá lonnaithe in Singeapór. Mar sin féin, sonraíodh sna conarthaí iasachta freisin go raibh an iasacht urraithe le litir chreidmheasa a d'eisigh Banc Ningbo atá faoi úinéireacht stáit (atá lonnaithe ar mhórthír na Síne), agus *'ní mór don bhanc an litir chreidmheasa theannta chúí a fháil sula n-eisíonn sé airleacan ábhartha a mhol tú a tharraingt anuas'*. Ina theannta sin, foráiltear go sonrach sa chonradh do chomhroinnt faisnéise le Banc Ningbo a bhaineann leis an iasachtaí, cuntais an iasachtaí le OCBC, a sheasamh creidmheasa agus a staid airgeadais, chomh maith leis na saoráidí a thugtar d'aonán den sórt sin. Dá bhrí sin, tugadh an iasacht a bhuí le hidirghabháil bainc Shínigh atá faoi réir an chreata normataigh chéanna le haon bhanc eile i nDaon-Phoblacht na Síne. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.
- (589) Maidir leis an dara pointe, chinn an Coimisiún go raibh Shantou Wanshun tar éis maoiniú a fháil thar ceann a fhochuideachtaí. Mar shampla, agus athbhreithniú á dhéanamh ar iasachtaí agus ar bhannaí, thug an Coimisiún dá aire gur luaigh cuspóir an mhaoinithe riachtanais airgeadais na bhfochuideachtaí freisin. Ina theannta sin, ghníomhaigh Shantou Wanshun mar ráthóir le haghaidh iasachtaí éagsúla a ghlac na cuideachtaí gaolmhara sa ghrúpa, agus fiú chuir sé iasachtaí idir cuideachtaí ar fáil é féin. Léiríonn na hidirbhearta sin, chomh maith le sreafaí éagsúla eile idir cuideachtaí, go bhfuil nasc soiléir idir na fóirdheontais a fuair Shantou Wanshun agus táirgeadh agus onnmhairiú an táirge lena mbaineann. I ndáil leis sin, níl sé ábhartha go mbaineann roinnt de na fóirdheontais a fuair Shantou Wanshun le talamh nó deontais. Is é an príomhphointe go bhféadfadh na tairbhí a bhaintear as na fóirdheontais seo sreabhadh go héasca chuig na cuideachtaí gaolmhara sa ghrúpa ós rud é go bhfuil airgead idirmhalartach. Sna himthosca sin, ós rud é go bhfuil na grúpeintitis sin gar dá chéile, dearbhaítear le dlí-eolaíocht ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála gur féidir a thiomhdiú go bhfuil na heintitis ghaolmhara faoi bhealach, rud atá fíor go soiléir anseo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh an pháirtí.
- (590) Tar éis an nochta dheiridh, mhaígh Nanshan Group go raibh an méid seo a leanas fíor i gcás an Choimisiúin:
- (a) rinne sé botún agus eochair leithdháilte a bhunú do Shandong Nanshan Aluminium Co., Ltd ('Cuideachta A') trí láimhdeachas ranna eile na cuideachta a eisiamh.
- (b) rinne sé a anailís faoi bhealach do Nanshan Group Co. Ltd go mícheart trí mhéid fóirdheontais Nanshan Group Co. Ltd a roinnt ar a láimhdeachas comhdhlúite, agus ansin an corrlach fóirdheontais seo a leithdháileadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin. Go deimhin, ní tháirgeann Nanshan Group Co. Ltd an táirge i gceist agus níor chruthaigh an Coimisiún go ndeachaigh sé trí aon mhéid fóirdheontais chuig an táirgeoir onnmhairiúcháin, toisc nach raibh aon idirbheart airgeadais ná eile ann le linn an TI idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachta. Ba chóir don Choimisiún, ar a laghad, mar a rinneadh i gcásanna roimhe seo, an fóirdheontas a leithdháileadh bunaithe ar chéatadán ábhartha na scairshealbhaíochta idirchuideachta, i.e. bunaithe ar chéatadán an chothromais atá aige i gCuideachta A agus ansin an chuid sin a leithdháileadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin.
- (591) Ar an gcéad pointe, thug an Coimisiún faoi deara gur chuir an chuideachta i láthair, le linn an imscrúdaithe, láimhdeachas chuideachta A agus na sreafaí díolacháin chuig cuideachtaí gaolmhara in aghaidh na rannóige, seachas ar leibhéal na cuideachta iomláine. Ba é tuiscint an Choimisiúin gur ionadaithe iad Rannóga A1 go A4 ar shonraí ábhartha uile chuideachta A. Mar sin féin, dealraíonn sé anois, áfach, nár chuir an chuideachta an fhaisnéis ábhartha go léir isteach le linn an imscrúdaithe. Go deimhin, ní féidir leis an gCoimisiún láimhdeachas na ranna atá ar iarraidh

<sup>(113)</sup> Tuarascáil Bhuanchomhlacht Achomhairc, na Stáit Aontaithe - Bearta Frithdhumpála agus Frithchúitimh maidir le Leicneáin Chónaithe Mhóra ón gCóiré (WT/DS464/AB/R), 7 Meán Fómhair 2016, mír 5.298.

a tháirgeann táirgí eile a chur san áireamh, ós rud é nár thug an chuideachta an fhaisnéis chomhfhreagrach faoi dhíolacháin le páirtithe gaolmhara de thionscnamh na ranna in easnamh sin, gan a bheith in ann é a fhíorú leis féin, cé gur gné rithábhachtach é sin chun an eochair leithdháilte a chinneadh. Dá bhrí sin, in éagmais gach faisnéise ábhartha arna cur isteach ag an gcuideachta, bhí ar an gCoimisiún an ríomh a choinneáil mar atá.

- (592) Maidir leis an dara pointe, d'eaontaigh an Coimisiún leis an ráiteas nach raibh aon idirbheart airgeadais ná cineálacha eile idirbheart idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí. Go deimhin, i rith an imscrúdaithe, chinn an Coimisiún go bhfuair Nanshan Group Co. Ltd. beagnach gach teideal ar an talamh a raibh na cuideachtaí gaolmhara ag baint úsáide astu, agus gur dháil siad na dáileachtaí talún sin i measc a bhfochuideachtaí trí aistríthe idir cuideachtaí. Ina theannta sin, bhí Nanshan Group Co. Ltd. tar éis maoiniú a fháil thar ceann a fochuideachtaí freisin. Mar shampla, agus athbhreithniú á dhéanamh ar iasachtaí agus ar bhannaí, thug an Coimisiún dá aire gur luaigh cuspóir an mhaoinithe riachtanais airgeadais na bhfochuideachtaí freisin. Ina theannta sin, ghníomhaigh Nanshan Group Co. Ltd. mar ráthóir le haghaidh iasachtaí éagsúla a thóg na cuideachtaí gaolmhara sa ghrúpa amach. Ar deireadh, tharla cuid mhór de mhaoiniú an ghrúpa tríd an mbanc inmheánach, Nanshan Finance. Maoinitear an t-aonán seo go príomha trí thaiscí chuideachtaí an ghrúpa, agus is cuid shuntasach é Nanshan Group Co. Ltd. de. Ar an gcaoi sin, is féidir maoiniú seachtrach a chur ar aghaidh chuig a fochuideachtaí tríd an uirlis inmheánach sin. Ós rud é gur bhain fóirdheontais Nanshan Group Co. Ltd. tairbhe as na cuideachtaí gaolmhara go léir sa ghrúpa, mheas an Coimisiún gurbh é ríomh na bhfóirdheontas mar chion den láimhdeachas comhdhlúite an cur chuige ba leordhóthanaí. Murab ionann agus dearbhuithe na cuideachta, tá an mhodheolaíocht seo comhionann freisin leis an gceann ar baineadh úsáid aisti i gcás GFF, i gcás ina ndearnadh fóirdheontais a fuair an mháthairchuideachta dheiridh sa Ghrúpa CNBM, a bhí ar an leibhéal céanna i struchtúr eagrúcháin an ghrúpa le Nanshan Group Co. Ltd., a roinnt freisin ar an láimhdeachas comhdhlúite agus ansin a leithdháileadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.
- (593) I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den bhun-Rialachán, rinneadh méid iomlán an fhóirdheontais do na cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla a ríomh ar bhonn mheánmhéid ualaithe iomlán na bhfóirdheontas frithchúitimh a bunaíodh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa sampla agus méideanna diomaibhseacha á n-eisiáimh chomh maith le méid na bhfóirdheontas a bunaíodh le haghaidh ítimí atá faoi réir fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán. Níor thug an Coimisiún neamhaird, áfach, ar thorthaí a bhí bunaithe i bpáirt ar fhórais a bhí ar fáil chun na méideanna sin a chinneadh. Go deimhin, measann an Coimisiún nach ndearna na fórais a bhí ar fáil agus ar baineadh úsáid astu sna cásanna sin difear suntasach don fhaisnéis ba ghá chun méid an fhóirdheontaithe a chinneadh ar bhealach cothrom, ionas nach ndéanfar dochar d'onnmhairioirí nár iarradh orthu comhoibriú san imscrúdú trí úsáid a bhaint as an gcur chuige sin <sup>(114)</sup>.
- (594) I bhfianaise an ráta ard comhair idir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus ionadaíochas an tsampla maidir le hincháilitheacht fóirdheontais freisin, socraíonn an Coimisiún an méid do 'gach cuideachta eile' ag leibhéal an mhéid is airde a socraíodh do na cuideachtaí sampláilte.

Ainm na cuideachta	Méid an fhóirdheontais
Nanshan Group	18,2 %
Wanshun Group	8,6 %
Daching Group	10,1 %
Cuideachtaí comhoibrítheacha eile	12,3 %
Gach cuideachta eile	18,2 %

<sup>(114)</sup> Féach freisin, *mutatis mutandis*, WT/DS294/AB/RW, US – Nialasach (Airteagal 21.5 DSU), Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc an 14 Bealtaine 2009, mír 453.

#### 4. DÍOBHÁIL

##### 4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (595) Mar a léirítear in aithris (86), tháinig deireadh leis an idirthrémhse do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 31 Nollaig 2020 agus scoir an Ríocht Aontaithe de bheith faoi réir dhlí an Aontais amhail ón 1 Eanáir 2021. Dá bharr sin, d'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil ar bhonn AE27. Dá bhrí sin, rinneadh na táscairí thíos, chomh maith le corrlaigh shladghearrtha agus ghanndíola, a ríomh go heisiach bunaithe ar shonraí AE27.
- (596) Rinne níos mó ná aon táirgeoir déag san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 9(1) den bhun-Rialachán.
- (597) Leagadh síos táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ag thart ar 209 000 tonna. Leag an Coimisiún síos an figiúr sin ar bhonn na faisnéise go léir a bheidh ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail na sonraí a chuir táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar fáil mar aon le táirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais. Rinneadh cross-seiceáil ar na sonraí sin leis na figiúirí sa ghearán le haghaidh iontaofachta agus iomláine. Mar a léirítear in aithris (37), táirgeann trí tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

##### 4.2. Cinneadh an mhargaidh ábhartha de chuid an Aontais

- (598) Chun a shuíomh cé acu ar bhain nó nár bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid an tionscail de chuid an Aontais a chinneadh, scrúdadh an Coimisiún an staid lena fháil amach ar ghá, agus a mhéid ar ghá, an úsáid a bhainfí as táirgeacht thionscal an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil a chur san áireamh san anailís.
- (599) Agus é ag déanamh amhlaidh, agus chun léargas a bheadh chomh hiomlán agus ab fhéidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh na gníomhaíochta iomláine maidir le ACF agus d'fhéach sé lena fháil amach an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an margadh saor.
- (600) Chinn an Coimisiún go raibh cuid an-bheag de tháirgeacht iomlán tháirgeoirí an Aontais ceaptha don mhargadh faoi chuing, mar a léirítear i dTábla 1 thíos. Tháinig méadú ar an margadh faoi chuing sa tréimhse a breithníodh agus bhí an margadh fós ar leibhéal íseal thart ar 15 % de thomhaltas in IP. Mar sin féin, níl aon fhianaise dhochoíte ag an gCoimisiún ag an gcéim seo den imscrúdú faoi cé acu atá rogha shaor ar sholáthróir ag na cuideachtaí ag úsáid ACT le haghaidh táirgeacht réamhtheachtach nó nach bhfuil, mar tá an t-eolas ar dhíolacháin faoi chuing agus an táirgeacht ar shonraí a bailíodh ó chuideachtaí lasmuigh den sampla. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh iomaíocht a bheith ann eatarthu, agus dá bhrí sin ríomhtar gach sciar den mhargadh ar fad ar bhonn thomhaltas iomlán an Aontais. Ag an gcéim seo, is é seo an cur chuige is coimeádaí agus in gcás ar bith, ní athraíonn sé na torthaí maidir le díobháil.
- (601) Scrúdadh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais go heisiach ar bhonn sonraí le haghaidh an mhargaidh shaoir. Is iad na táscairí sin: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais, an fás, an méid onnmhairiúcháin agus praghsanna onnmhairiúcháin, an bhrabúsacht, an toradh ar an infheistíocht agus an sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí le haghaidh an mhargaidh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.
- (602) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing an tionscail de chuid an Aontais. Seo iad: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, infheistíochtaí, stoic, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, an pá agus cumas chun caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an gníomhaíocht iomlán, cibé acu atá an táirgeacht faoi chuing nó a dhíoltar ar an margadh saor í.

##### 4.3. Tomhaltas an Aontais

- (603) Leag an Coimisiún síos tomhaltas an Aontais ar bhonn na sonraí a chuir na táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais ar fáil, chomh maith leis na hallmhairí bunaithe ar shonraí Eurostat.

(604) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 1

**Tomhaltas an Aontais (tonaí)**

	2017	2018	2019	TI
Tomhaltas iomlán an Aontais	201 281	201 696	191 084	189 149
<i>Innéacs</i>	100	100	95	94
Margadh faoi chuing	27 209	27 340	28 727	29 128
<i>Innéacs</i>	100	100	106	107
An saormhargadh	174 073	174 356	162 358	160 021
<i>Innéacs</i>	100	100	93	92

Foinse: táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais chomh maith le Eurostat

- (605) Le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig laghdú beag faoi bhun 1 % in 2018 ar an tomhaltas ar dtús sular thit sé 5 % in 2019 agus ansin thit sé 1 % eile in IP. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 6 % ar an tomhaltas sa tréimhse a breithníodh. Is é is cúis leis an laghdú sin go páirteach ar a laghad na treoirlínte ginearálta a d'fhógair an tAontas in 2019 le haghaidh Geilleagar Ciorclach, lena n-áirítear spriocanna in-athchúrsáilteachta le haghaidh ábhair bhunúsacha amhail alúmanam, cruach, gloine etc. Tá na lannáin a n-úsáidtear scragail éadroma ina leith in éineacht le hábhair bhunúsacha eile amhail scannáin phlaisteacha, páipéar, etc. faoi dhianscrúdú ós rud é gur ar éigean is féidir iad a athchúrsáil leis na teicneolaíochtaí atá ann cheana. Bhí tionchar diúltach aige sin ar an éileamh ar scragall éadrom alúmanaim.
- (606) Dealraíonn sé nach raibh tionchar ag paidéim COVID-19 ar an tomhaltas. De réir na faisnéise arna soláthar ag táirgeoirí de chuid an Aontais, mhéadaigh an tomhaltas ar dtús mar gheall ar stoc-charnadh táirgí bia ag tús na paidéime, ach ansin rinneadh na táirgí sin a thomhaílthar na míonna ina dhiaidh sin ag laghdú díolacháin an phacáistithe bia cuid bheag.

#### 4.4. Allmhairí ón tír lena mbaineann

##### 4.4.1. Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (607) Leag an Coimisiún síos méid na n-allmhairí ar bhonn dhá chód <sup>(115)</sup>TARIC a baineadh as bunachar sonraí Eurostat. Leagadh síos sciar margaidh na n-allmhairí ar bhonn mhéid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann i gcomparáid le méid iomlán tomhaltais an Aontais mar a léirítear i dTábla 2.
- (608) Allmhairí ón tír lena mbaineann a forbraíodh mar a leanas le linn na tréimhse a breithníodh.

Tábla 2

**Méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh**

	2017	2018	2019	TI
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	36 660	42 343	46 595	44 276
<i>Innéacs</i>	100	115	127	121

<sup>(115)</sup> Cód TARIC 7607 11 19 60 agus 7607 11 19 93 (a uimhriódh le 7607 11 19 95 go dtí an 17 Feabhra 2017).

An sciar den mhargadh	18 %	21 %	24 %	23 %
Innéacs	100	115	134	129

Foinse: Eurostat

- (609) Tháinig méadú 21 % ar mhéid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse a breithníodh agus tháinig méadú 5 phointe céatadán ar a sciar den mhargadh, ag méadú chomh fada le 23 % in IP. Roimh an bpaindéim, i.e. In 2019, chuaigh sciar an margaidh d'allmhairí Síneacha chomh fada le 24 % fiú.

#### 4.4.2. Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghsais

- (610) Leag an Coimisiún síos praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat, agus cóid TARIC a luaitear in aithris (607) á n-úsáid.
- (611) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe allmhairí ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 3

#### Praghsanna allmhairí (EUR/tona)

	2017	2018	2019	TI
Praghas allmhairiúcháin	2 869	2 893	2 801	2 782
Innéacs	100	101	98	97

Foinse: Eurostat

- (612) Tháinig laghdú 3 % ar mheánphraghsanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse a breithníodh ó 2 869 EUR/tona go 2 782 EUR/tona. Bhí na praghsanna sin go mór faoi bhun phraghsanna díolacháin an Aontais fós le linn na tréimhse a breithníodh, mar a léirítear i dTábla 7.
- (613) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghsais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:
- na meánphraghsanna díolachán ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus
  - na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge ó na táirgeoirí Síneacha comhoibritheacha sampláilte chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suíodh ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.
- (614) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál maidir le hidirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascaíní a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na thréimhse imscrúdaithe. Léirigh sé meánchorlaigh shladghearrtha idir 3,9 % agus 14,2 % de réir na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Ba é 10,8 % an meán ualaithe sladghearrtha a aimsíodh.

### 4.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

#### 4.5.1. Barúlacha ginearálta

- (615) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den bhun-Rialachán, mar chuid den scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais, rinneadh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.



- (616) Mar a luaitear in aithris (37), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.
- (617) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a sholáthair na táirgeoirí sampláilte agus táirgeoirí nach bhfuil sampláilte, agus chros-seiceáil sé iad leis na sonraí sa ghearán. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a chuir na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar fáil. Rinneadh amach go raibh an dá thacar sonraí le bheith ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (618) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh tar éis fóirdheontais a tharla cheana.
- (619) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a thiomsú.

#### 4.5.2. Táscairí maicreacnamaíocha

##### 4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (620) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

#### Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	TI
An méid táirgeachta (tonaí)	240 005	240 349	212 713	208 976
<i>Innéacs</i>	100	100	89	87
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	296 161	283 091	281 091	278 319
<i>Innéacs</i>	100	96	95	94
Úsáid acmhainneachta	81 %	85 %	76 %	75 %
<i>Innéacs</i>	100	105	93	93

Foinse: táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais

- (621) Bhí an méid táirgeachta fós gan athrú nach mór idir 2017 agus 2018 ach ansin laghdaigh sé in 2019 agus ansin a thuilleadh sa TI. Tháinig laghdú 13 % ar mhéid foriomlán na táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise na staide sa mhargadh saor agus ar na díolacháin laghdaitheacha (féach Tábla 5), chun táirgeadh a choimeád agus costais sheasta a chaolú, mhéadaigh táirgeoirí an Aontais na ndíolacháin faoi chuing (féach Tábla 5), chomh maith lena ndíolacháin onnmhairiúcháin (féach Tábla 12). In ainneoin na n-iarrachtaí sin, tháinig laghdú ar an méid táirgeachta fós.
- (622) Tháinig laghdú 6 % ar acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse a breithníodh. Ba thomhaiste an freagra é sin chun teorainn a chur leis an díobháil agus na díolacháin laghdaitheacha ar an margadh saor a bhain an bonn den táirgeacht sa tréimhse a breithníodh. Ós rud é gur tháinig laghdú níos géire ar an táirgeacht ná ar an acmhainneacht táirgeachta, tháinig laghdú 7 % ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse a breithníodh a chuaigh suas chomh fada le 75 % in IP.

(c) Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(623) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

**Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh**

	2017	2018	2019	TI
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	148 840	144 726	130 060	132 227
<i>Innéacs</i>	100	97	87	89
An sciar den mhargadh	74 %	72 %	68 %	70 %
<i>Innéacs</i>	100	97	92	95
Díolacháin ar an margadh faoi chuing (tonaí)	22 378	22 392	23 972	25 106
<i>Innéacs</i>	100	100	107	112
Sciar den mhargadh le haghaidh dhíolacháin mhargaidh faoi chuing (%)	11 %	11 %	13 %	13 %
<i>Innéacs</i>	100	100	113	119
Díolacháin ar an margadh saor (tonaí)	126 462	122 334	106 087	107 120
<i>Innéacs</i>	100	97	84	85
Sciar den mhargadh le haghaidh díolacháin mhargaidh shaoir (%)	63 %	61 %	56 %	57 %
<i>Innéacs</i>	100	97	88	90

Foinse: táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais

(624) Thit díolacháin iomlána san Aontas le linn na tréimhse a breithníodh a thit chomh fada le (-11 %). Idir 2018 agus 2019 bhí an titim ba shuntasai – laghdú -10 %, agus ina dhiaidh sin méadú beag 2 % a bhí i gcomhthráth le briseadh sa slabhra soláthair domhanda mar gheall ar ráig phaindéim COVID-19 i nDaon-Phoblacht na Síne.

(625) Mar a luaitear in aithris (600), bhí cuid de tháirgeacht iomlán tháirgeoirí de chuid an Aontais ceaptha don mhargadh faoi chuing. Is é a bhí sa chuid sin 15 % de thomhaltas an Aontais le linn IP agus tháinig méadú 12 % air le linn na tréimhse a breithníodh. Bhí fás ann idir 2018 agus 2019 den chuid is mó agus le linn IP.

- (626) Tháinig laghdú 15 % nach mór ar dhíolacháin iomlána ó thionscal an Aontais ar an margadh saor le linn na tréimhse a breithníodh. Dá thoradh sin, tháinig laghdú ar sciar an mhargaidh de dhíolacháin mhargaidh shaoir ó thionscal an Aontais ó 63 % in 2017 go 57 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tar éis titim 5 phointe céatadán in 2018-2019, tháinig méadú 1 phointe céatadán air faoi dheireadh na tréimhse imscrúduithe.

#### 4.5.2.2. Fás

- (627) I gcomhthéacs tomhaltas laghdaitheach, ní hamháin gur chaill tionscal an Aontais méideanna díolacháin san Aontas ach chaill sé sciar den mhargadh ar an margadh saor freisin mar a léiríodh in aithris (623).

#### 4.5.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

- (628) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

#### Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2017	2018	2019	TI
Líon na bhfostaithe	2 220	2 151	2 072	2 003
Innéacs	100	97	93	90
Táirgiúlacht (tona/coibhéis lánaimseartha)	108	112	103	104
Innéacs	100	103	95	97

Foinse: táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais

- (629) Tháinig laghdú 10 % ar an bhfostaíocht le linn na tréimhse a breithníodh mar rinne tionscal an Aontais iarracht a hinbhuanaitheacht a áirithiú agus í a ailíniú leis an éileamh sa mhargadh intíre.
- (630) Dá bhrí sin, tháinig feabhas ar a tháirgiúlacht den chéad uair in 2018 ó 108 go 112 tona/FTE sular tháinig laghdú air de dheasca laghdú ar mhéid na táirgeachta. Tháinig meath 3 % ar an táirgiúlacht fhoriomlán. Is amhlaidh atá toisc gur laghdaíodh an fhostaíocht in 2018 ach go raibh an táirgeacht réasúnta cobhsaí fós. Ó 2019 go deireadh IP, áfach, thit an táirgeacht níos tapúla ná an fhostaíocht mar gheall ar dhíolacháin níos ísle, rud a d'fhág laghdú comhfhreagrach ar an táirgiúlacht.

#### 4.5.2.4. Méid an chorrlaigh fóirdheontais agus gnóthú ó fhóirdheonú a rinneadh roimhe seo

- (631) Bhí na corrlaigh fhóirdheontais uile i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála ar thionscal de chuid an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allhairí ón tír lena mbaineann.
- (632) Is é seo an chéad imscrúdú frith-fhóirdheontais maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na dumpála a d'fhéadfadh a bheith ann san am a chuaigh thart.

#### 4.5.3. Táscairí micreacnamaíocha

##### 4.5.3.1. 6. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

- (633) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí ón an Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

## Praghsanna díola san Aontas

	2017	2018	2019	TI
An meánphraghas díola aonaid ar an margadh saor (EUR/tona)	3 396	3 557	3 408	3 359
Innéacs	100	105	100	99
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	3 423	3 642	3 733	3 687
Innéacs	100	106	109	108

Foinse: na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

- (634) D'ardaigh praghsanna díolacháin ar an margadh saor den chéad uair ó 3 396 go EUR 3 557 EUR/tona in 2018. Ina dhiaidh sin, tháinig laghdú 3 408 orthu in 2019 sular thit sé a thuilleadh go EUR 3 359 in aghaidh an tona le linn na tréimhse imscrúdaithe.
- (635) Tháinig méadú 6 % in 2018 ar chostas aonaid táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte ó 3 423 EUR/tona agus ansin arís le meadú de 3 % in 2019 a mhéadaigh chomh mór go 3 733 EUR/tona. Tá an figiúr sin a bheag nó a mhór cobhsaí fós le linn IP. Thabhaigh táirgeoirí amháin de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais costais a bhain le hathstruchtúráil (pacáistí iomarcaíochta den chuid is mó), a raibh tionchar aige sin ar chostas táirgeachta in IP. Mar sin féin, fiú mura mbeadh na costais sin ann, bheadh costas aonaid táirgthe tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais 3 % níos airde in IP ná mar a bhí in 2017.
- (636) Ba é titim 13 % ar mhéid na táirgeachta (15 % i gcás táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais) ba chúis leis an méadú foriomlán ar chostas an aonaid táirgthe sa tréimhse faoi bhreathnú. Tá costais athstruchtúraithe urghnácha curtha i leataobh, tá sé sin sofheicthe go háirithe in 2019, nuair ba bheag na costais sin ach go raibh laghdú táirgeachta an-suntasach do tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (-19 %). Ina dhiaidh sin, thosaigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ag oiriúnú dó sin, rud a d'fhág go raibh feabhas beag ag teacht ar an méid díolachán agus táirgeachta le linn IP freisin de bharr allmhairí níos ísle ó Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis ráig na paindéime. Is é an toradh a bhí ar an díothú agus ar chaolú ar chuid de na costais sheasta gur íslíodh an costas aonaid táirgthe in IP (ní chuirtear costais athstruchtúraithe san áireamh).

## 4.5.3.2. 7. Costas saothair

- (637) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

## Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	TI
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	75 686	80 542	74 897	94 489
Innéacs	100	106	99	125

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

- (638) Tháinig méadú 6 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí in 2018 agus ansin tháinig laghdú 7 % orthu in 2019. Ansin, d'ardaigh sé 26 % in IP, rud atá ina fhachtóir de chostas an athstruchtúraithe a thabhaíonn táirgeoir de chuid an Aontais. Má dhéantar neamhaird ar na costais urghnácha sin, is é [77 000-81 000] an figiúr a bheadh in IP, is é sin ar méadú [2-7] % ó 2017.

#### 4.5.3.3. Fardail

- (639) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéal stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

#### Fardail

	2017	2018	2019	TI
Stoic dheiridh (tonaí)	8 745	8 598	6 664	7 491
Innéacs	100	98	76	86
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	7,9 %	7,9 %	7,3 %	8,2 %
Innéacs	100	99	92	103

Foinse: na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

- (640) D'fhan na stoic deiridh ag leibhéal réasúnta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go n-oibríonn tionscal ACF ar bhonn táirgeacht ar ordú de ghnáth, tá tábhacht níos lú ag baint leis an táscaire sin san anailís fhoriomlán ar dhíobháil.
- (641) Tá méadú beag ar chéatadán stoc deiridh in 2019, arna shloinneadh ar an táirgeacht agus méadú beag in IP. Ní éagsúlachtaí urghnácha ar an stoc iad, áfach.

#### 4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

- (642) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar thoradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

#### An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	TI
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 1,9 %	- 1,0 %	- 8,1 %	- 9,6 %
Sreabhadh airgid (EUR)	1 714 095	12 673 563	2 805 796	- 11 241 877
Innéacs	100	739	164	- 656
Infheistíochtaí (EUR)	21 447 204	19 751 766	19 457 392	16 592 531

Innéacs	100	92	91	77
Toradh ar infheistíochtaí	- 2 %	- 5 %	- 19 %	- 24 %
Innéacs	- 100	- 210	- 769	- 997

Foinse: na táirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil

- (643) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí samplála de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.
- (644) D'athraigh díolacháin ó thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara ó bhí an tionscal ag cailleadh airgid in 2017 go dtí go raibh sé ag cailleadh beagán níos lú in 2018, go dtí go raibh sé ag cailleadh airgid nach beag in 2019 agus fiú níos mó in IP (-9,6 %). Tugtar faoi deara gur thosaigh táirgeoir amháin de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais athstruchtúrú le linn IP. Bhí tionchar diúltach ag costas an athstruchtúraithe seo, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí, ar an dara cuid de IP. Mar sin féin, fiú gan na costais urghnácha sin, bheadh na táirgeoirí sampláilte ag cailleadh airgid fós cailteanas fós i gceist leis na táirgeoirí samplála ag ráta -5,6 % sa IP.
- (645) Is léir go raibh díobháil déanta do thionscal an Aontais cheana féin in 2017. Ní haon ionadh é sin i bhfianaise sciar an mhargaidh d'allmhairí Síneacha (18 % in 2017), ar phraghsanna, ní hamháin faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais ach faoi bhun a chostas táirgeachta freisin. Tháinig méadú níos mó ar chostais tháirgeoirí an Aontais ná ar a bpraghsanna, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú ar an ráta céanna agus a bhí costais ag méadú i ngeall ar an mbrú anuas a bhí ann mar gheall ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (i dtéarmaí méideanna agus praghsanna ísle araon). Go deimhin, le linn na tréimhse a breithníodh, bhí praghsanna Síneacha go comhsheasmhach íseal agus bhí siad go mór faoi bhun phraghsanna tionscail an Aontais (féach táblaí 3 agus 7), rud a chuir teorainn le méaduithe ar phraghsanna. Ba é an toradh a bhí air sin díchur praghsanna agus brabúsacht laghdaitheach a lean ar aghaidh le linn IP. Go deimhin, tar éis méadú beag 1 % in 2018, tháinig laghdú 3 % ar phraghsanna na Síne in 2019 agus ansin tháinig laghdú 0,7 % orthu in IP. Bhí siad fós i bhfad faoi bhun leibhéal na bpraghsanna a bhain tionscal an Aontais amach. Léirítear seo go maith le corrlaigh sladghearrtha shuntasacha a luaitear in aithris (614).
- (646) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i sreabhadh airgid glan go diúltach i rith na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir le héabhlóid na brabúsachta.
- (647) Tháinig laghdú 23 % ar an infheistíocht le linn na tréimhse a breithníodh. Cuireadh stop le pleananna infheistíochta uailmhianacha mar gheall ar an mbrabúsacht neamhleor. Cuireadh pleananna nach raibh chomh huailmhianach sin chun feidhme ina n-ionad.
- (648) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach chun cinn le linn na tréimhse a breithníodh ó -2 % in 2017 go -24 % in IP. Tá an fhorbairt sin ag teacht chun cinn mar gheall ar bhrabúsacht laghdaitheach thionscal an Aontais.
- (649) Mar is léir ó na táscairí in aithris (642), tá sé ag éirí níos deacra do tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú le haghaidh infheistíochta. Mar sin féin, agus torthaí ar infheistíochtaí ag titim chomh tapa sin, is léir go gcuirfeadh cumas na dtáirgeoirí sampláilte caipiteal a chruinniú amach anseo i mbaol.

#### 4.6. Conclúid faoi dhíobháil

- (650) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú suntasach ar allmhairí AFC ó Dhaon-Phoblacht na Síne in 2017 i ndearbhthéarmaí (+ 21 %) agus i dtéarmaí coibhneasta (+ 5 pointe céatadán sa sciar den mhargadh) agus tháinig laghdú 6 % ar thomhaltas san Aontas. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, rinneadh praghsanna an Aontais a shladghearradh faoi 10,8 % ar an meán mar gheall ar phraghsanna allmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin

sampláilte. Beag beann ar an sladghearradh sonracha a fuair sé maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, thug an Coimisiún faoi deara freisin go raibh praghsanna na Síne íseal go comhsheasmhach agus go raibh siad go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar fad (féach Táblaí 3 agus 7). Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú chomh hard céanna mar bhí costais ag méadú i ngeall ar an mbrú anuas a bhí ann de dheasca allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (i dtéarmaí méideanna agus praghsanna ísle araon).

- (651) Ag tús na tréimhse a breithníodh cheana féin, bhí comharthaí díobhála le feiceáil i dtionscal an Aontais. Ní haon ionadh é sin, i bhfianaise sciar an mhargaidh d'allmhairí Síneacha de 18 % in 2017 agus a bpraghas a bheith go mór faoi bhun phraghas thionscal an Aontais (féach táblaí 3 agus 7).
- (652) Léirigh na táscairí maicreacnamaíocha uile, amhail táirgeacht, acmhainneacht, úsáid acmhainneachta, méid díolachán i margadh an Aontais, sciar den mhargadh, fostaíocht agus táirgiúlacht, treocht dhiúltach le linn na tréimhse a breithníodh. Ar an gcaoi chéanna, léirigh beagnach gach táscaire micreacnamaíoch, amhail praghsanna díolachán i margadh saor an Aontais, costais táirgeachta, costais saothair, brabúsacht, stoic dheiridh, sreabhadh airgid, infheistíocht agus toradh ar infheistíochtaí, treocht dhiúltach le linn na tréimhse a breithníodh. Tháinig forbairt dhiúltach freisin ar na táscairí díobhála céanna nuair a féachadh ar an tréimhse 2017-2019, is é sin, roimh thús phaindéim COVID-19. I gcás go leor táscairí bhí an staid in IP níos fearr ná in 2019. Is amhlaidh atá go príomha mar gheall ar an leibhéal níos ísle d'allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, arb é an chúis a bhí leis sin ráig na paindéime ag deireadh 2019 agus ag tús 2020. Leagtar béim bhreise leis sin ar an tionchar atá ag na hallmhairí sin ar staid fhoriomlán thionscal an Aontais.
- (653) Ar bhonn a bhfuil thuas, bá é conclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 8(4) den bhun-Rialachán.

## 5. CÚISÍOCHT

- (654) I gcomhréir le hAirteagal 8(5) den bhun-Rialachán, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí fóirdheonaithe ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 8(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid freisin lena fháil amach an bhféadfadh fachtóirí aitheanta eile díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais ag an am céanna agus d'áirithigh sé nach raibh aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith déanta mar gheall ar thosca eile seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann curtha i leith na n-allmhairí dumpáilte. Aithníodh na fachtóirí féideartha seo a leanas: tomhaltas; Paindéim COVID-19 an easpa infheistíochta líomhnaithe; Athstruchtúrú thionscal an Aontais costais arda táirgeachta san Aontas allmhairí ó thríú tíortha feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

### 5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí fóirdheonaithe

- (655) Tharla an meathlú i staid thionscal an Aontais i gcomhthráth le dul i bhfód suntasach na n-allmhairí ón tSín, rud a shladghearr go comhsheasmhach praghsanna thionscal an Aontais agus a chuir praghas margaidh an Aontais faoi chois. Mar a luaitear in aithris (614), rinneadh praghsanna allmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte praghsanna an Aontais a shladghearradh faoi 10,8 % ar an meán.
- (656) Tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (mar a léirítear i dTábla 2) ó thart ar 36 660 tona in 2017 go tuairim is 44 276 sa tréimhse imscrúdaithe, is é sin méadú 21 %. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú 29 % ar an sciar den mhargadh, i.e. ó 18 % go 23 %. Le linn na tréimhse céanna (mar a léirítear i dTábla 5), tháinig laghdú 15 % ar dhíolachán thionscal an Aontais ar an margadh saor agus thit a sciar den mhargadh ar an margadh saor ó 63 % go 57 %, titim 10 %.
- (657) Is mó fós a léiríonn an staid sa tréimhse 2017-2019 mar mhéadaigh allmhairí Síneacha 27 % (ó 36 660 tona go 46 595 tona) go sciar 24 % den mhargadh, agus thit sciar an mhargaidh shaoir de thionscal an Aontais go 56 % (titim 12 %). Go deimhin, in ainneoin laghdú ar thomhaltas idir 2018 agus 2019, lean allmhairí Síneacha ag méadú agus ag gnóthú sciar den mhargadh ó thionscal an Aontais.

- (658) Tháinig laghdú 3 % ar phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse a breithníodh (mar a léirítear i dTábla 3) ó 2 869 go 2 781 EUR/tona. I gcomparáid leis sin, níor laghdaigh praghsanna thionscal an Aontais ach 1 % le linn na tréimhse céanna; ó 3 396 EUR/tona in 2017 go 3 359 EUR/tona sa tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, cé gur tosaíodh ar leibhéal praghsanna níos ísle in 2017, laghdaigh praghsanna na Síne níos mó (-88 EUR/tona) ná praghsanna thionscal an Aontais (-37/tona) le linn na tréimhse a breithníodh. Chomh maith leis sin, sa tréimhse 2017-2019, is é 2 % an laghdú ar phraghsanna Síneacha, agus tháinig laghdú 1 % (12 EUR/tona) ar phraghsanna thionscal an Aontais.
- (659) Dá bhrí sin, mar gheall ar an mbrú ó allmhairí dumpáilte díchuireadh na praghsanna i dtionscal an Aontais go mór. Ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú ar na rátaí céanna mar bhí na costais ag méadú i ngeall ar an mbrú anuas a bhí ann de dheasca allmhairí ón tSín (i dtéarmaí méideanna agus praghsanna ísle araon). Go deimhin, is léir maidir leis, a mhéid is lú, go raibh na praghsanna Síneacha go comhsheasmhach íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh siad go mór faoi bhun phraghsanna agus chostas táirgeachta an tionscail san Aontas, rud a chuireann teorainn leis an deis praghsanna a mhéadú (féach aithris (614)). Ba é an toradh a bhí air sin laghdú brabúsachta thionscal an Aontais.
- (660) Go háirithe, léiríonn an difríocht idir 2019 agus an IP i dtéarmaí an naisc idir na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus staid thionscal an Aontais. Nuair a laghdaíodh na hallmhairí mar thoradh ar shuaitheadh táirgeachta agus onnmhairí i nDaon-Phoblacht na Síne de dheasca na paindéime, tháinig feabhas beag ar táirgeacht an tsoláthair Aontais shampláilte, ar dhíolacháin, ar chostas aonaid táirgeachta agus ar bhrabúsacht thionscal an Aontais (gan costais urghnácha athstruchtúraithe a chur san áireamh).
- (661) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach go ndearna na hallmhairí ón tSín díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

## 5.2. Tionchair fachtóirí eile

### 5.2.1. Tomhaltas

- (662) D'áitigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin go bhféadfadh sé go ndéanfaí díobháil do thionscal an Aontais dá mba rud é go gcuirfí táirgí eile in ionad ACF i ndeighleoga áirithe.
- (663) Go deimhin, mar a léirítear in aithris (605), chrap tomhaltas an Aontais in 2019 agus sa TI. Ina ainneoin sin, tháinig méadú ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú ar an tomhaltas. Go deimhin, nuair a bhíonn an t-éileamh ag laghdú, is gnách go mbeifí ag súil go ndéanfaí difear ar an mbealach céanna ar na táirgeoirí go léir nó fiú go laghdódh onnmhairí níos mó i gcomparáid le díolacháin intíre (díolacháin de chuid an Aontais) i bhfianaise chomh gar agus atá táirgeoirí intíre agus custaiméirí dá chéile. Mar sin féin, le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig méadú 21 % (27 % in 2019) ar na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus tháinig laghdú 15 % ar dhíolacháin an Aontais chuig margadh saor an Aontais (16 % in 2019). Thairis sin, tháinig feabhas beag ar roinnt táscairí a phléitear in aithris (630) i gcomhthráth leis an gcrapadh leanúnach tomhaltais mar a fheictear i dTábla 2. Ba é an t-aon difríocht shuntasach idir an dá thréimhse sin leibhéal níos ísle d'allmhairí saora ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar gheall ar an bpaindéim.
- (664) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Rialtas na Síne gur cheart an crapadh margaidh a mheas mar chúis díobhála toisc gur tháinig laghdú 6 % ar an margadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an crapadh margaidh curtha san áireamh cheana féin ag an gCoimisiún agus níor chuir Rialtas na Síne aon fhianaise ar fáil chun conclúid an Choimisiúin san aithris roimhe seo a bhréagnú. Dhiúltaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

### 5.2.2. Paindéim COVID-19

- (665) Rinne paindéim COVID-19 a thosaigh sa chéad leath de 2020 difear do staid mhargadh an Aontais ar bhealaí éagsúla. Mar a luaitear in aithris (605) **Earráid! Níor thángthas ar fhoinse na tagartha.**, ní dhearnadh difear don tomhaltas foriomlán ach bhí laghdú beag ar na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.



- (666) Mar a mhínítear in aithris (657), bhí méadú leanúnach tagtha cheana féin ar na hallmhairí fóirdheonaithe Síneacha ar bhonn bliain ar bhliain sa tréimhse 2017-2019 agus mar thoradh air sin tháinig méadú níos mó ná 27 % orthu go dtí gur tháinig paindéim COVID-19 sa chéad leath de 2020. I bhfocail eile, chonacthas an díobháil ábhartha cheana féin a bhain do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte de réir mar a tháinig forbairt dhiúltach ar na táscairí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha go léir sa tréimhse 2017-2019 sula raibh iomrá ar COVID-19. Thairis sin, mar a phléitear in aithris (636), bhí tionchar dearfach ag méid níos ísle allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar gheall ar an bpaindéim ag tús na bliana 2020 ar roinnt de na táscairí díobhála. Léiríonn sé sin freisin nasc láidir idir na hallmhairí agus staid dhíobhálach thionscal an Aontais.
- (667) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún go sealadach nár bhain paindéim COVID-19 leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.
- (668) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Rialtas na Síne nach ndearna an Coimisiún imscrúdú go leordhóthanach ar éifeacht phaindéim COVID-19. D'áitigh Rialtas na Síne go raibh an paindéim ina chúis le géarchéim éilimh nach í an phríomh-ghéarchéim í, a bheadh le feiceáil freisin sa laghdú 6 % ar OTI an Aontais in 2020. Léireodh réamhaisnéisí an Choimisiúin féin maidir le téarnamh ionchasach an gheilleagair éifeacht shealadach na paindéime.
- (669) Maidir le haithris (666), i gcás ina ndéanann an Coimisiún achoimre ar thionchar phaindéim COVID-19, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

### 5.2.3. *Easpa infheistíochta*

- (670) D'áitigh tairgeoir onnmhairithe amháin agus dhá úsáideoir go bhfuil easpa infheistíocht ó thionscal an Aontais ina saoráidí tairgeachta ar cheann de na cúiseanna leis an díobháil.
- (671) Is fíor, mar a luaitear in aithris (647), gur cuireadh stop le roinnt infheistíochtaí uaillmhianacha a rinne tairgeoirí sampláilte an Aontais. Mar sin féin, ba mar gheall ar staid dhíobhálach thionscal an Aontais a tharla sin, agus níorbh é an chúis a bhí leis. D'ainneoin drochstaid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh, fuarthas amach san imscrúdú go ndearnadh infheistíochtaí i sásraí rialaithe cáilíochta inlíne agus i n-uasghrádú eile sa ghléasra atá ann cheana. Ina theannta sin, rinne roinnt cuideachtaí infheistíocht in R&D chun ACF níos tanaí agus ACF le haghaidh tháirgeacht ceallraí gluaisteán leictreach a tháirgeadh. Léirítear leis sin go bhfuil tionscal an Aontais curtha in oiriúint do riachtanais an mhargaidh, laistigh dá acmhainneachtaí airgeadais.
- (672) Cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh gá le hinfeistíochtaí breise sa teicneolaíocht is déanaí chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach thionscal an Aontais a áirithiú, bhain an Coimisiún de thátal as nach maolaítear an nasc cúisíoch a bunaíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais mar gheall ar staid threalamh tairgeachta thionscal an Aontais agus forbairt a chostas oibriúcháin.
- (673) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún go sealadach nár bhain infheistíocht theoranta leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.
- (674) D'iarr cuibhreannas na n-allmhairí go ndéanfaí a bharúlacha a rinneadh san imscrúdú frithdhumpála ar leithligh a ionchorprú san imscrúdú frith-fhóirdheontais sin, agus thug sé barúil freisin ar an nochthead deiridh sa nós imeachta sin. Mhaígh cuibhreannas na n-allmhairí gur athdhearbhaigh an Coimisiún a chonclúidí ón Rialachán sealadach gan fianaise a chur ar fáil a d'fhéadfadh barúil an chuibhreannais a bhréagnú go raibh díobháil thionscal an Aontais ann mar thoradh ar easpa infheistíochtaí, rud a d'fhág nach rabhthas in ann an scragall tanaí a sholáthar. Mhaígh an cuibhreannas, cé gur sholáthair sé an fhianaise ar fad a d'fhéadfadh sé a bhailiú go réasúnta, gur faoin gCoimisiún a bheadh sé cruinneas na maímh sin a fhíorú agus, más gá, imscrúdú breise a dhéanamh ar na saincheisteanna sin trí fhaisnéis bhreise a iarraidh ar thairgeoirí an Aontais. Mar thoradh ar an easpa infheistíochtaí san innealra agus sna teicneolaíochtaí nua, tá línte tairgthe thairgeoirí an Aontais imithe i léig toisc go bhfuil formhór mór na ngléasraí scragail alúmanaim san Aontas Eorpach os cionn 20 bliain d'aois.

(675) Murab ionann agus an méid a líomhnaigh an cuibhreannas, d'fhóraigh an Coimisiún na torthaí tástála cáilíochta go sonrach le haghaidh ACF < 6 le linn na RCCanna maidir le táirgeoirí sampláilte an Aontais, mar gur mhaígh an cuibhreannas go raibh ceisteanna cáilíochta ann maidir leis na scragaill thanaí. Cé gur admhaigh an Coimisiún gur cuireadh stop le roinnt infheistíochtaí, d'fhóraigh sé freisin na hinfeistíochtaí a rinneadh i bpáirceanna meaisín atá ann cheana agus na tástálacha cáilíochta a rinneadh dá bharr. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nach ndearna sé an dícheall ba ghá chun measúnú a dhéanamh ar mhaímh an chuibhreannais, i ndiaidh na fianaise a soláthraíodh.

#### 5.2.4. Athstruchtúráil thionscal an Aontais

(676) Thug úsáideoir amháin le fios gur cúis amháin é le staid dhíobhálach de thionscal an Aontais táirgeoirí de chuid an Aontais a bheith ag fágáil an mhargaidh agus ag athstruchtúráil.

(677) Thug an t-úsáideoir faoi deara gur fhág táirgeoirí an margadh roimh an tréimhse a breithníodh. Níor léirigh aon chúis go ndéanfaí na clabhsúir sin faoi dhálaí córa margaidh. Más rud ar bith é, ar an gcaoi chéanna leis an staid maidir le hinfeistíochtaí, is de dheasca staid dhíobhálach thionscal an Aontais dúnadh saoráidí táirgeachta agus gnólachtaí, ní an chúis. Mar chuid den athstruchtúráil agus den oiriúnú, is gnách go maolaíonn dúnadh den sórt sin agus nach rachaidh an dúnadh sin in olcas.

(678) Is fíor go bhféadfaídh tionchar a bheith ag costas athstruchtúraithe a bhain táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais ar roinnt táscairí, amhail costas táirgeachta, costas fostaíochta agus brabúsacht sa dara leath den TI. Sin é an fáth ar mheas an Coimisiún freisin an staid díobhála a thug neamhaird ar na costais sin. Fiú gan na heilimintí costais sin, is léir gur bhain díobháil di thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh agus in IP freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(679) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach nár bhain athstruchtúráil thionscal an Aontais leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(680) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Xiamen Xiashun nach féidir neamhaird a thabhairt ar athstruchtúráil thionscal an Aontais agus ar scor de tháirgeadh Novelis Lüdenscheid. Mhaígh Xiamen Xiashun nár sonraíodh sa nochtadh deiridh conas a breithníodh na costais athstruchtúrácháin agus ar tugadh cuntas orthu agus nár thug an Coimisiún réasúnaíocht níos sainráite.

(681) Murab ionann agus maíomh Xiamen Xiashun, tá sé ráite go soiléir ag an gCoimisiún conas a rinne sé measúnú ar athstruchtúráil thionscal an Aontais agus na táscairí díobhála á ríomh aige. Mar a thuairiscítear in aithrisí an nochta dheiridh, mhínigh an Coimisiún in aithris 510 den nochtadh deiridh gur mheas sé ar dtús gur chuid den oiriúnú mar thoradh ar an díobháil é an t-athstruchtúráil agus gur áiríodh i bprionsabal an t-athstruchtúráil ina ríomh. Chomh maith leis sin in aithris 511 den nochtadh deiridh mhínigh an Coimisiún go ndearna an Coimisiún ríomh comhthreomhar agus neamhaird iomlán a thabhairt ar na costais a bhaineann le hathstruchtúráil a dhéanamh ar cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus measúnú a dhéanamh an mbeadh tionchar aige sin, faoi mar a rinneadh arís é in aithris (678) thuas. Dhiúltaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, don mhaíomh ó Xiamen Xiashun mar ní amháin go raibh tuairisc déanta aige ar an modh ar baineadh úsáid as, ach dúirt sé freisin, fiú dá n-eisiafaí na costais sin, ní thiocfadh aon athrú ar chonclúid na n-imthosca díobhála ná na cúisíochta.

#### 5.2.5. Pá ard, costais fuinnimh agus easpa comhtháthú ingearach

(682) D'áitigh úsáideoir amháin gurb ardpá agus praghsanna fuinnimh iad is cúis le staid dhíobhálach thionscal an Aontais.

(683) Tháinig laghdú ar líon táirgeoirí an Aontais ó 2017 go dtí líon na bhfostaithe i dtáirgeacht agus i riarachán an IP, rud a laghdú go suntasach a gcostas saothair foriomlán, chun iomaíochas a choinneáil le sciar níos lú den mhargadh. Mar a léirítear i dtábla 8, tháinig méadú ar an meánchostas in aghaidh an fhostaí in IP, ach den chuid is mó ba é athstruchtúráil táirgeoir sampláilte amháin ba chúis leis sin. Gan aird a thabhairt ar na speansais urghnácha sin, bhí an meánchostas in aghaidh an fhostaí réasúnta cobhsaí fós le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach bhí táirgeoirí sampláilte an Aontais ag cailleadh airgid fós.

- (684) Maidir leis na costais fuinnimh, is ionann iad agus sciar íseal den chostas táirgeachta (thart ar 3 %) agus dá bhrí sin níl tionchar suntasach acu ar an méadú ar an gcostas táirgeachta a léirítear i dTábla 7. Cé gur tháinig méadú 12 % ar an gcostas fuinnimh in aghaidh an tona ACF arna tháirgeadh ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh, is é méid laghdaithe na táirgeachta is cúis leo i bpáirt agus i gcás ar bith, i bhfianaise chion an chostais fuinnimh i gcostas na táirgeachta, ní féidir leo a bheith freagrach as an méadú ar chostas táirgeachta i dtábla 7.
- (685) D'áitigh úsáideoir amháin gur cúis díobhála ábhartha do thionscal an Aontais í an easpa comhtháthaithe ingearaigh.
- (686) Thug an Coimisiún dá aire nach mbriseann an easpa comhtháthaithe ingearaigh slabhra na cúisíochta toisc nár athraigh an toisc sin le linn na tréimhse a breithníodh. Ina theannta sin, níl gach táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach comhtháite go hingearach ach oiread. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.
- (687) I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún go sealadach nár bhain pá, costais fuinnimh agus easpa comhtháthaithe ingearaigh leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.
- (688) Tar éis an nochta dheiridh, d'áitigh Rialtas na Síne nár chuir an Coimisiún san áireamh go leordhóthanach na costais saothair, ar tháinig méadú 25 % orthu ó 2019 go dtí deireadh an TI.
- (689) Murab ionann agus maíomh Rialtas na Síne, rinne an Coimisiún anailís ar an éifeacht a bhí ag costais mhéadaithe saothair agus tháinig sé ar an gconclúid gur gá é sin a fheiceáil in éineacht leis an laghdú ar phearsanra tháirgeoirí an Aontais, rud a raibh costais urghnácha mar thoradh air. D'fhan neamhaird á tabhairt ar na costais urghnácha chun an costas in aghaidh an fhostaí a oiriúnú réasúnta cobhsaí mar a léiríodh thuas in aithris (683). Dhiúltaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

#### 5.2.6. Allmhairí ó thrú tíortha

- (690) Tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thrú tíortha eile le linn na tréimhse a measadh mar a leanas:

Tábla 11

#### Allmhairí ó thrú tíortha

Tír		2017	2018	2019	TI
Iomlán na dtrú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	10 950	9 680	9 675	8 625
	Innéacs	100	88	88	79
	An sciar den mhargadh	5 %	5 %	5 %	5 %
	Meánphraghas	3 192	3 386	3 474	3 575
	Innéacs	100	106	109	112

Foinse: Eurostat

- (691) Bhí allmhairí ó thrú tíortha teoranta go leor. Bhí meánphragsanna na n-allmhairí ó thrú tíortha comhsheasmhach os cionn na bpragsanna Síneacha le linn na tréimhse a breithníodh. Ní raibh ach difear beag ag na pragsanna faoi bhun phragsanna an Aontais 2017 agus 2018 ach ansin sháraigh siad iad in 2019 agus in IP. Tháinig laghdú ar a méideanna (-21 %) le linn na tréimhse a breithníodh. I bhfianaise chrapadh an tomhaltais, bhí a sciar den mhargadh thart ar 5 % fós le linn na tréimhse a breithníodh. Tháinig méadú 12 % ar a bpragsanna le linn na tréimhse a breithníodh.

- (692) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain fás na n-allmhairí ó thíortha eile le linn na tréimhse a breithníodh leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

#### 5.2.7. Feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais

- (693) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an méid onnmhairí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

#### Feidhmíocht onnmhairithe tháirgeoirí samplála de chuid an Aontais

	2017	2018	2019	TI
An méid onnmhairí (tonaí)	57 956	74 277	69 027	61 811
Innéacs	100	128	119	107
Meánphraghas (EUR/tona)	3 498	3 632	3 475	3 400
Innéacs	100	104	99	97

Foinse: táirgeoirí sampláilte agus neamhshampláilte de chuid an Aontais

- (694) Tháinig méadú 7 % ar onnmhairí thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh ó 57 356 tona in 2017 go dtí thart ar 61 811 tona sa tréimhse imscrúdaithe.
- (695) Tháinig méadú 4 % in 2018 ar mheánphraghas na n-onnmhairí sin den chéad uair, sular laghdaíodh é de réir a chéile go leibhéal níos ísle ná mar a bhí in 2017 (-3 %) in IP. Bhí meánphraghas na n-onnmhairí sin fós comhsheasmhach os cionn an phraghais a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a bhaint amach ar mhargadh an Aontais.
- (696) I bhfianaise leibhéil praghsanna onnmhairí tionscal an Aontais chuig tríú tíortha, chinn an Coimisiún go sealadach nár bhain an fheidhmíocht onnmhairiúcháin don díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

### 5.3. An chonclúid ar chúisíocht

- (697) Tá nasc soiléir idir meath staid thionscal an Aontais agus an méadú ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (698) Rinne an Coimisiún idirdhealú idir éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal de chuid an Aontais agus éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte agus rinne sé iad a scaradh. Níor chuir aon cheann de na fachtóirí, leo féin nó le chéile, le forbairtí diúltacha na dtáscairí díobhála a tugadh faoi deara sa tréimhse a breithníodh.
- (699) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin, go ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

## 6. LEAS AN AONTAIS

### 6.1. Leas thionscal an Aontais agus sholáthróirí an Aontais

- (700) Tá aon ghrúpa dhéag de chuideachtaí aitheanta ann a tháirgeann AFRPanna san Aontas. Tá os cionn 2 000 oibrí fostaithe go díreach i dtionscal an Aontais agus bíonn go leor eile ag brath air go hindíreach. Tá na táirgeoirí scaipthe go forleathan ar fud an Aontais.

- (701) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí cúngach breise praghsanna, díolacháin níos ísle agus tuilleadh meatha ar an mbrabúsacht. Cuirfidh na bearta ar chumas thionscal an Aontais leas a bhaint as a acmhainneacht i margadh an Aontais, sciar cailte den mhargadh a aisghabháil, agus brabúsacht a fheabhsú go dtí leibhéal a mbeifí ag súil leo faoi ghnáthdhálaí iomaíochta.
- (702) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go rachadh forchur na mbeart chun leasa thionscal an Aontais agus a sholáthróirí réamhtheachtacha.

## 6.2. Leas úsáideoirí

- (703) Thug naoi n-úsáideoir, arb iad táirgeoirí thionscal na pacáistíochta solúbtha agus thionscal na n-ábhar tógála freisin, freagra ar an gceistneoir. Is iad na naoi gcuideachta a tháirgeann thart ar 27 % de na hallmhairí Síneacha in IP. Thug dhá tháirgeoir eile a mbarúlacha uathu, ach níor thug siad freagra ar an gceistneoir. Bunaithe ar na freagraí sin, níor bhraith an Coimisiún go raibh sé ag brath go mór ar ACF a allmhairíodh ó Dhaon-Phoblacht na Síne. I gcás fhormhór na n-úsáideoirí comhoibríochta, is é a bhí i méid ACF ó Dhaon-Phoblacht na Síne méid idir náid agus 7 % de chostais táirgeachta na dtáirgí a d'úsáid ACF. Ba é an eisceacht a bhí leis sin dhá úsáideoir (táirgeoir amháin i dtógáil agus an táirgeoir eile in earnáil an phacáistithe), a allmhairíonn [80 - 95] % agus [85 - 100] % dá ACF ó Dhaon-Phoblacht na Síne, a léiríonn, faoi seach, [15 - 25] % agus [20 - 30] % den chostas a bhaineann leis an táirgeacht ábhartha.
- (704) D'áitigh ceithre úsáideoir nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann ACF a sholáthar atá ar aon cháilíocht le ACF a tháirgeann táirgeoirí na Síne mar gheall ar easpa infheistíochta in innealra nua agus i dtrealamh seiceála cáilíochta inlíne. Cé gurb amhlaidh go bhfuil ag táirgeoirí an Aontais i gcoitinne innealra meaisíní atá níos sine ná mar atá ag táirgeoirí ón tSín, tá infheistíochtaí déanta ag táirgeoirí an Aontais agus tá uirlisí braite cáilíochta inlíne curtha i bhfeidhm acu freisin. Mar a léirítear i bhfigiúirí onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, tá táirgeoirí an Aontais in ann dul san iomaíocht go rathúil i margaí tríú tíortha freisin, rud a chruthaíonn nach bhfuil a dtáirge ar cháilíocht níos ísle i gcoitinne ná an caighdeán domhanda. Cé go bhfuil saoráidí ag roinnt ceannródaithe margaidh Síneacha atá in ann táirgí atá ar ardcháilíocht agus éifeachtúil a tháirgeadh, léiríodh san anailís a thug táirgeoirí amháin ar an gcailíocht nach bhfuil sé sin fíor i gcás thionscal uile ACF sa tSín agus i gcás a tháirgeoirí onnmhairiúcháin uile.
- (705) D'áitigh trí úsáideoir nach soláthródh táirgeoirí an Aontais leithid mhóra ná go mbeadh srianta ar ghnéithe sonracha ar a laghad acu. Fuarthas amach san imscrúdú go bhféadfadh táirgeoirí an Aontais gach leithead a iarradh sa mhargadh a chur ar fáil. D'fhéadfadh leithead ar leith a bheith níos costéifeachtúla ná a chéile, ag brath ar uasleithead an mhuilinn rollta, rud a léirítear ansin san idirbheartaíocht maidir le praghsanna, ach is gnáthchleachtas gnó é sin.
- (706) D'áitigh trí úsáideoir nach mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann ACF ar ardcháilíocht a sholáthar le tomhas faoi bhun 6 mhicrón. Mar a mhínítear in aithris (63), chinn an Coimisiún nach hé amháin go bhfuil an acmhainneacht atá ann cheana ag tionscal an Aontais agus go ndearna sé díolacháin tráchtála sa deighleog seo, ach go ndéanann sé infheistíocht freisin i dtáirgeadh tomhsairí faoi bhun 6 mhicrón, ar dheighleog mhargaidh í atá á forbairt le tomhaltas réasúnta íseal le linn an TI.
- (707) D'áitigh dhá úsáideoir go mbeadh briseadh sa slabhra soláthair mar thoradh ar dhleachtanna frithchúitimh. Cé gur féidir le buaicéileamh i gcásanna sonracha a bheith ina chúis le hagaí tionscanta níos airde agus gur féidir le táirgeoirí Síneacha níos solúbtha chun amhábhair a stocáil, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh briseadh sa slabhra soláthair ó Dhaon-Phoblacht na Síne tarlú chomh maith céanna, mar a tharla i ngeall ar COVID 19, rud a fhágann gur tábhachtach an fachtóir é le haghaidh chobhsaíochta an tsoláthair san Aontas. In aon chás, mar a léirítear i dtábla 4, tá acmhainneacht shuntasach táirgeachta spártha ar fáil san Aontas do na húsáideoirí.
- (708) D'áitigh dhá úsáideoir go gcuirfeadh dleachtanna frithdhumpála iomaíochas an tionscail tiontaire ar mhargadh an Aontais i mbaol, in iomaíocht le táirgeoirí ó thíortha lasmuigh den Aontas, ós rud é nach bhféadfá méaduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tiontaireí Eorpacha táirgeadh a aistriú go dtí lasmuigh den Aontas. Níor cuireadh aon fhianaise shonrach ar fáil, áfach, go raibh sé dodhéanta na costais bhreise a ghearradh ar na tiontaireí.

- (709) D'áitigh dhá úsáideoir go sáródh na dualgais sprioc inbhuanaitheachta an Aontais toisc go gcabhródh úsáid ACF níos tanaí chun na spriocanna sin a bhaint amach. Mar sin féin, cé gur chinn an Coimisiún cheana féin thuas (féach aithris (63)) go bhfuil tionscal an Aontais go hiomlán in ann ACF a tháirgeadh níos tanaí, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis an Aontas Eorpach cur le beartas inbhuanaithe glas, ina bhfuil na hábhair inslithe glasa don tógáil ina gné maidir le hallmhairí dian-fóirdheonaithe agus díobhálacha ó Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (710) D'áitigh úsáideoir amháin go ndéanfadh dleachtanna an margadh a shaobhadh mar go mbeadh tomhaltas faoi chuing ag dhá tháirgeoirí de na táirgeoirí ACF is mó, ar tiontairí iad freisin, tomhaltas níos mó ná 70 % dá dtáirgeacht. I bhfianaise líon na dtáirgeoirí san Aontas, ní dócha go ndéanfadh tomhaltas faoi chuing dhá tháirgeoir chomhtháite ACF, ar tiontairí iad freisin, an margadh a shaobhadh. Thairis sin, tá acmhainneacht shuntasach spártha ACF ar fáil san Aontas. Ar deireadh, mura ndéanfaí bearta frithdhumpála a fhorchur ar an gcúis sin, thabharfaí tús áite do shamhail ghnó amháin (táirgeacht neamh-chomhtháite) ar an tsamhail eile.
- (711) D'áitigh úsáideoir amháin go bhféadfaí cabhair stáit a thairiscint do thionscal an Aontais in ionad dleachtanna a fhorchur. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, nach é an cúnadh airgeadais an ionstraim cheart chun cur i gcoinne dumpáil dhiobhálach.
- (712) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon leas aonfhoirmeach ag úsáideoirí i bhfabhar bearta a fhorchur ná ina gcoinne. D'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha áirithe a bheith ann do na húsáideoirí sin a rinne argóint i gcoinne fhorchur na mbeart.
- (713) D'áitigh Manreal nach rachadh bearta chun tairbhe do tháirgeoirí an Aontais. Ina ionad sin, is do tháirgeoirí ACF sa Tuirc, sa Téalainn, sa Bhrasaíl nó sa Rúis rachaidís chun tairbhe toisc gur ó na tíortha sin a cheannódh na húsáideoirí iad seachas ó tháirgeoirí an Aontais.
- (714) Mar sin féin, níor thug Manreal bunús don chúis nach mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann dul in iomaíocht le táirgeoirí ó thíortha eile faoi choinníollacha cothroma.
- (715) Ina theannta sin, i gcás go mbeadh na húsáideoirí ag cur an chostais ar aghaidh chuig a gcuid custaiméirí, is éard a d'áitigh Manreal gur gcuirfeadh seo iomaíochas a gcuid custaiméirí i gcontúirt. Mar sin féin, níor thug an chuideachta bunús leis an maíomh sin thar an méid a bhí sa ráiteas ginearálta sin.
- (716) D'áitigh Manreal freisin gur thug an Coimisiún le fios in aithris (354) de Rialachán (AE) 2021/983 go bhforchuirfí bearta i bhfabhar na dtáirgeoirí comhtháite. D'iarr sé ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a bheadh ag na bearta 'ar iomaíocht chóir san Aontas'.
- (717) Tá an léirmhíniú sin ar Rialachán (AE) 2021/983 mícheart ós rud é nár luaigh an Coimisiún ach go mbeadh neamh-fhorchur na mbeart i bhfabhar úsáideoirí neamh-chomhtháite. Go deimhin, in éagmais beart is féidir leo ACF dumpáilte a cheannach, cé nach mbainfeadh úsáideoirí comhtháite a tháirgeann ACF san Aontas tairbhe as an mbuntáiste éagórach sin. Maidir le hiarraidh Manreal imscrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí is dócha a bheadh ag na bearta 'ar iomaíocht chóir san Aontas', tuigeann an Coimisiún gur buntáiste iomaíoch éagórach do tháirgeoirí comhtháite an Aontais i leith gnóilachtaí neamh-chomhtháite a bheadh i maímh Manreal. Mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, go dtugtar aird ar leith ar an ngá atá ann deireadh a chur le héifeachtaí saofa trádála a bhíonn ag fóirdheonú díobhálach agus an gá le hiomaíocht éifeachtach a athbhunú sa mheasúnú a rinne an Coimisiún ar leas an Aontais.
- (718) Mhaígh Manreal freisin gur sháraigh an Coimisiún a chearta cosanta mar nach raibh rochtain ag Manreal ar an anailís a luaitear in aithris ((704)).
- (719) Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún faisnéis rúnda gnó na bpáirtithe a chosaint, agus cothromaíocht á déanamh idir rochtain ar an bhfaisnéis sin agus leas na bpáirtithe eile a gcearta a fheidhmiú. Is ceart gur rún gnó a bheadh in anailís mhionsonraithe ar cháilíocht na dtáirgí ó sholáthraithe éagsúla ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Aontas i rith blianta fada, rud nach roinntear le hiomaitheoirí. Dá bhrí sin, níorbh í roinnt na rún gnó ba chúis leis an sárú a rinne Manreal ar chearta cosanta.

- (720) D'áitigh dhá chuideachta, Gascogne agus Manreal, go mbeadh an ráiteas ón gCoimisiún nach mbeadh aon leas aonfhoirmeach ag an úsáideoir i gcoinne na mbeart in aithris (712) mícheart mar go raibh na barúlacha go léir a chuir úsáideoirí isteach i gcoinne beart.
- (721) Lena mheasúnú, féadfaidh an Coimisiún a bheith ag brath freisin ar shonraí rúnda arna gcur isteach ag úsáideoirí mar fhreagraí ceistneora. Is é a leanann as na sonraí go bhfuil dhá úsáideoir ann a cheannaíonn céatadán ard dá ACF ón tSín agus go bhfuil ACF ón tSín ina leith ina chuid an-ard dá gcostais amhábhach ach go gceannaíonn na húsáideoirí eile ACF ó tháirgeoirí an Aontais den chuid is mó agus ní dhéanfaidh na bearta difear don chuid is mó dóibh. Sonraí a nochtadh faoin gcéatadán a cheannaíonn úsáideoirí aonair ó tháirgeoirí ACF nithiúla a nochtadh a slabhraí soláthair. Mar sin féin, is féidir leis na páirtithe a n-argóint a dhéanamh feasta ar bhonn na faisnéise go mbíonn úsáideoirí ag brath ar bhealach difriúil ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (722) I bhfianaise an mhéid sin thuas, dearbhaíonn an Coimisiún a mheasúnú nach bhfuil aon leas aonfhoirmeach do na úsáideoirí i bhfabhar nó i gcoinne na mbeart a fhorchur, fiú dá bhféadfadh iarmhairtí diúltacha áirithe a bheith ann d'úsáideoirí a rinne argóint i gcoinne fhorchur na mbeart, go háirithe an bheirt úsáideoirí a bhfuil ACF ina chéatadán ard dá gcostais táirgthe.
- (723) D'áitigh Walki nár léirigh an doiciméad ginearálta nochta leas na n-úsáideoirí i gceart ná go cothrom. Mhaigh Walki freisin gur anailís mhíthreorach agus idirdhealaitheach i gcoinne úsáideoirí é conclúid an Choimisiúin maidir leis an easpa 'leasa aonfhoirmigh' atá ag úsáideoirí bunaithe ar 'úsáideoirí a bheith ag brath ar bhealach difriúil ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne'.
- (724) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon leas aonfhoirmeach ag úsáideoirí mar gheall ar na leibhéil an-éagsúil ar a mbíonn úsáideoirí ag brath ar ACF de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Leis an ráiteas sin, níor shéan an Coimisiún go raibh gach úsáideoir comhoibritheach i gcoinne dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.
- (725) Ina theannta sin, mhaigh Walki nár fhreagair an Coimisiún a iarraidh ar anailís a bheadh níos cuí-réasúnaithe maidir le gnéithe rithábhachtacha de leas an Aontais. D'iarr Walki go gceartófaí ráiteas an Choimisiúin maidir leis an tagairt d'argóintí na n-úsáideoirí nach féidir le tionscal an Aontais ACF a sholáthar ar an gcáilíocht chéanna le táirgeoirí na Síne de dheasca easpa infheistíochta. D'áitigh Walki gur chuir sé úsáideoir ráiteas coiteann isteach ina máitear '*nach bhfuil an cumas táirgthe ag na táirgeoirí is Iarratasóirí sonraíochtaí tábhachtacha áirithe de ACF a sholáthar. Is léir gurb é a neamhbáltacht na sonraíochtaí seo a sholáthar d'Úsáideoirí an Aontais ná mainneachtain fhadtéarmach na nIarratasóirí infheistíocht a dhéanamh sa trealamh táirgthe agus sa teicneolaíocht is gá chun a raon táirgeachta reatha ACF a leathnú chun na sonraíochtaí is tanaí atá de dhíth ar na húsáideoirí sin a sholáthar.*'
- (726) Go deimhin, chuir sé úsáideoir ráiteas coiteann isteach ina ndeirtear gur theip ar thionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh, de bhreis ar na ceithre úsáideoir a bhí tar éis foráil aonair a dhéanamh don argóint cheana féin. Mar sin féin, thug an Coimisiún aghaidh cheana féin ar an maíomh sin maidir le substaint i roinn 5.2.3 agus i roinn 6.2 de Rialachán 2021/983. Ag an gcéim seo, níor chuir aon úsáideoir faisnéis fhíorasach nua ar fáil, agus níl ann ach an maíomh céanna. Dá bhrí sin, dhearbhaigh an Coimisiún a chuid conclúidí.
- (727) Ina theannta sin, ar bhonn chumas ginearálta tháirgeoirí an Aontais onnmhairiú agus dul san iomaíocht go rathúil i margaí tríú tíortha, mhaigh Walki gur chinn an Coimisiún go héagórach nach bhfuil táirgí an Aontais níos lú. D'áitigh Walki nach mbeadh feidhm aige seo ach amháin maidir leis an gcumas scragall níos tibhe a tháirgeadh os cionn 20 miocrón. Mhaigh sé freisin nár chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh na scragail tanaí ar fad san áireamh, rud atá i gcroílár shaincheist shrianta soláthair an Aontais.
- (728) Mhaigh Walki freisin maidir leis an ráiteas nach féidir le gach táirgeoir Síneach táirge ar ardcháilíocht a tháirgeadh go héifeachtúil, nach bhfuil aon tionchar aige ar argóint na n-úsáideoirí nach bhfuil tionscal an Aontais in ann scragall tanaí ar ardchaighdeán a tháirgeadh go héifeachtúil.
- (729) Rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar shonraí díolacháin tháirgeoirí an Aontais ar lámh, sonraí a léiríonn go bhfuil onnmhairí ACF faoi bhun 20 miocrón chuig tríú tíortha. Dá bhrí sin, ní sheasann argóint Walki nach mbeadh táirgeoirí an Aontais iomaíoch ach amháin le ACF os cionn 20 miocrón.

- (730) Mhaígh Walki freisin nach ionann measúnú an Choimisiúin ar an gcumas táirgthe spártha agus cumas chun cainníochtaí tanaí ACF den scoth a tháirgeadh.
- (731) Rinne an Coimisiún anailís chuí déanta ar an gcumas scragall níos tanaí a tháirgeadh, rud atá teoranta ag na meaisíní a bhfuil an chéim rollach dheireanach acu. Chuir roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais torthaí tástála i láthair, rud a léirigh go raibh an táirgeadh rolla tástála le haghaidh ACF < 6 ag comhlíonadh riachtanais an chustaiméara féin. Tugann an Coimisiún le fios freisin gur margadh nua atá ag teacht chun cinn é ACF < 6, agus mar gheall ar an éileamh an-bheag a bhí ann le linn an TI, ar ndóigh ní dhearna monaróirí uile an Aontais a gcuid meaisíní a chur in oiriúint don deighleog mhargaidh seo.
- (732) Mhaígh Walki freisin go ndearnadh neamhaird iomlán de na príomhghnéithe d'fhianaise dhearfach a chuir Walki isteach le linn chúrsa an imscrúdaithe nó gur trí dhearmad a cuireadh in iúl iad. Is éard a mheas an Coimisiún go raibh an maíomh sin míchruinn. Chuir an Coimisiún na hargóintí agus an fhianaise go léir san áireamh, ach ar chúiseanna rúndachta, bhí roinnt faisnéise an-sonrach ann nárbh fhéidir a nochtadh sa rialachán.
- (733) Is éard a mhaígh Manreal go raibh prionsabal an dea-riaracháin sáraithe ag an gCoimisiún. D'áitigh Manreal gur thug an Coimisiún neamhaird, gan aon réasúnaíocht, do gach barúil Manreal, ag maíomh gur bhain an Coimisiún úsáid as teicníc fhrisnéise éagórach trína chur in iúl nár thug Manreal bunús leordhóthanach lena mhaímh.
- (734) Murab ionann agus maíomh Manreal, chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid measúnú a dhéanamh, i gcás gach ceann de bharúlacha Manreal an raibh bunús leordhóthanach leis, agus mhígh sé na cúiseanna nach raibh sé sna haithrisí a luaigh Manreal i ngach cás. Ní fhoráiltear sa bhun-Rialachán d'oibleagáid ar an gCoimisiún tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar bharúlacha, barúlacha nach bhfuil bunús a ndóthain leo.
- (735) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

### 6.3. Iarraidh ar dhíolúine úsáide deiridh

- (736) San imscrúdú frithdhumpála ar leithligh, d'iarr Effegidi díolúine úsáide deiridh le haghaidh ACF le húsáid i dtáirgeadh scannáin le haghaidh sciathadh cáblaí agus capsúl buidéal fiona. Chuir Effegidi síneadh leis an iarraidh seo maidir leis an nós imeachta seo.
- (737) Tá an iarraidh bunaithe ar an gcéatadán de na costais léiríonn ACF i gcostais táirgthe scannáin don sciathadh cábla agus capsúl fiona agus an tionchar a bheadh ag na bearta ar an gcuideachta. De réir Effegidi, is margaí nideoige atá i margadh na scannáin le haghaidh sciathadh cáblaí agus capsúl fiona, agus an t-ídiú a dhéanann siad ar ACF tá sé chomh diomaibhseach céanna. Tugann sé sin le tuiscint nach mbainfeadh díolúine ó na dleachtanna le haghaidh úsáide deiridh an bonn d'éifeachtacht fhoriomlán na dleachta frithdhumpála.
- (738) Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú nach é Effegidi amháin a tháirgeann an dá tháirge ar iarr sé an díolúine maidir le húsáid deiridh ina leith, ach áirítear ina phunann táirgí éagsúla eile amhail scannáin chábla nach n-ionchorpraíonn ACF, chomh maith le pacáistíú bia agus neamhbhia eile, cuid acu ina n-ionchorpraítear ACF. Ní fhéadfadh an Coimisiún, dá bhrí sin, tionchar foriomlán na ndleachtanna frithdhumpála ar bhrabúsacht na cuideachta a chinneadh bunaithe ar na sonraí a chuir Effegidi ar fáil. Dá bhrí sin, sa nochtadh deiridh, dhiúltaigh an Coimisiún don díolúine maidir le húsáid deiridh.
- (739) Tar éis nochtadh deiridh a dhéanamh, chuir Effegidi a ráitis airgeadais ar fáil don Choimisiún do na blianta 2019, 2020 agus don chéad leath de 2021. D'iarr Effegidi treoir bhreise ón gCoimisiún maidir leis na doiciméid bhreise ba ghá dó a chur ar fáil chun go bhféadfaí díolúine úsáide deiridh a fháil.
- (740) Chinn an Coimisiún nár leor an fhaisnéis a seoladh tar éis an nochtadh deiridh chun deis a thabhairt don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar foriomlán a bheadh ag díolúine fhéideartha ar éifeachtacht na dleachta. Ní chuir Effegidi aon fhaisnéis ar fáil mar gheall ar thionscal sciathadh na gcáblaí agus na gcapsúl fiona.



(741) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a mheas an mbeadh an díolúine maidir le húsáid deiridh chun leasa an Aontais agus, dá bhrí sin, dhearbhaigh sé go ndiúltoadh sé don iarraidh ar dhíolúine ó Effegidi.

#### 6.4. Leas na n-allmhaireoirí

(742) Thug cuibhreannas de chúig allmhaireoir neamhghaolmhara barúlacha maidir le tionscnamh. Mar sin féin, níor thug ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin, allmhairíonn [15-25 %] de na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, freagra ar cheistneoir na n-allmhaireoirí.

(743) D'áitigh an cuibhreannas nach bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann speictream iomlán ACF a mhonarú sa cháilíocht agus sa mhéid is gá i ngeall ar shrianta teicniúla nach ndéantar formhór tháirgeoirí an Aontais a chomhtháthú go hingearach leo. Chruthódh sé sin costais táirgeachta níos airde, cáilíocht níos ísle, spleáchas ar amhábhbar (stoc scragail) agus agáí tionscanta níos faide mar gheall ar shlabhra soláthair níos faide. Ina theannta sin, mhaígh siad go bhfuil saincheistanna cáilíochta ann mar thoradh ar easpa infheistíochta, go háirithe ar chórais bhraite inlíne. Dá bhrí sin, tá an cuibhreannas ag súil le ganntanas soláthair, go háirithe i gcás tomhsaire tanaí ACF, dá bhforchuirfí bearta. Bhainfeadh an méid sin, mar aon le praghsanna níos airde, an bonn d'iomaióchas tionairí an Aontais (úsáideoirí).

(744) Mar a phléitear i Roinn 4.5.2.1, is cosúil go bhfuil acmhainneacht spártha leordhóthanach ag tionscal an Aontais, fiú amháin agus an t-ardleibhéal úsáide faoi chuing atá ag dhá tháirgeoir mór de chuid an Aontais á chur san áireamh. In ainneoin an mhaímh a rinne an cuibhreannas allmhaireoirí, rinneadh infheistíochtaí i rialú cáilíochta inlíne agus ní léiríonn na sonraí go comhsheasmhach cáilíocht ACF níos airde de chuid na Síne.

(745) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ghá go rachadh forchur na mbeart chun leasa allmhaireoirí. Mar sin féin, rinne sé measúnú breise ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu nuair a bhí na leasanna éagsúla a bhí i gceist a chur sa mheá aige (féach Roinn 4.4).

(746) Tar éis an nochtá deiridh, d'athdhearbhaigh cuibhreannas na n-allmhaireoirí nach bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann freastal ar an éileamh reatha ACF go háirithe i ndeighleog an mhargaidh de leithead tanaí ACF, ina n-allmhairíonn siad ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi láthair le freastal ar an éileamh. Mhaígh an cuibhreannas go dtógfadh sé ar a laghad 2 bhliain chun táirgeadh tomhsairí tanaí ACF a dhéanamh éifeachtach agus oibríochtúil agus go ndealraíonn sé nach gcomhlíonann táirgeoirí an Aontais na caighdeáin cháilíochta a éilítear chun allmhairí reatha ón tSín a ionadú sa deighleog mhargaidh seo.

(747) Ós rud é nach bhfuil bunús tugtha ag an gcuibhreannas maidir leis an bhfáth go dtógfadh sé 2 bhliain chun an tomhas tanaí a dhéanamh de tháirgeadh ACF, tá an chuma air go bhfuil cumas breise leordhóthanach tugtha i gcrích ag an gCoimisiún cheana féin i roinn 4.5.2.1 de Rialachán (AE) 2021/983. Ina theannta sin, léirigh tionscal an Aontais le díolacháin agus le táirgeadh rollaí tástála gur féidir freastal ar éileamh na gcliant mar a thuairiscítear in aithrisí (50) agus (51) de Rialachán (AE) 2021/983.

(748) I bhfianaise a bhfuil thuas, dhearbhaigh an Coimisiún a chonclúid nár ghá go rachadh forchur na mbeart chun leas na n-allmhaireoirí. Mar sin féin, rinne sé measúnú breise ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu agus na leasanna éagsúla i gceist á gcur san áireamh (féach Roinn 6.4).

(749) Tar éis nochtadh deiridh a dhéanamh, mhaígh an cuibhreannas gur thug an Coimisiún neamhaird iomlán ar an bhfíric gur tháinig méadú ar éileamh  $\leq 7$  miocrón mar thoradh ar ghluaiseacht an éilimh i dtreo tomhsairí ACF atá níos tanaí. Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go dtógfadh sé ar a laghad dhá bhliain chun táirgeadh tomhsairí tanaí ACF a dhéanamh éifeachtach agus oibríochtúil san Aontas.

(750) Thairis sin, mhaígh an cuibhreannas gur theip ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le hacmhainneacht shuntasach spártha thionscal an Aontais an t-éileamh ar leithead tanaí ACF a shásamh.

- (751) D'athdhearbhaigh an cuibhreannas freisin nach féidir le tionscal an Aontais na caighdeáin cháilíochta le haghaidh tomhsaire tanaí ACF a chomhlíonadh ó thaobh póiriúlacht agus inoscailteacht de, agus chuir sé i bhfios go láidir gurb ionann na muilte rollta a tháirgeann ACF agus na caighdeáin cháilíochta do thionscal na gcadhnraí gluaisteán, rud a laghdóidh a thuilleadh cumas ACF. Mhaígh sé gur bhain an Coimisiún conclúid earráideach as na gnéithe sin go raibh forchur na ndleachtanna chun leasa an Aontais.
- (752) Faoi mar a mhínítear in aithris (51) de Rialachán (AE) 2021/983, rinne an Coimisiún measúnú ar chumas thionscal an Aontais ACF níos tanaí a tháirgeadh, go sonrach ACF < 6, trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas chéim dheiridh an mhuilinn rollach, a bhfuil gá léi chun an leithead tanaí seo a bhaint amach. Ba léir go raibh cumas breise leordhóthanach ag na céimeanna rollacha a bhí ann roimhe seo. Sin é is cúis leis an scrogall atá i dtáirgeadh ACF < 6 sa chéim rollach deiridh. Shoiléirigh an Coimisiún conas is féidir le tionscal an Aontais an t-éileamh ar leithead tanaí ACF a shásamh. An argóint go dtógfadh sé ar a laghad dhá bhliain chun táirgeadh tomhsairí tanaí ACF a dhéanamh éifeachtach agus oibríochtúil, níl feidhm aici ach amháin maidir le hacmhainneachtaí nua a dhéanfadh tionscal an Aontais a shuiteáil mar thoradh ar an athchóiriú ar iomaíocht praghsanna chothrom agus ar éileamh méadaitheach breise. Ós rud é gur féidir leis na hacmhainní atá ann cheana an t-éileamh a bhfuiltear ag súil leis a shásamh go luath amach anseo, níor cuireadh na hacmhainneachtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo san áireamh agus an Coimisiún á ríomh. Níl sé ábhartha go mbeadh tréimhse de dhíth ar acmhainneachtaí nua sula gcuirfí i bhfeidhm iad. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

#### 6.5. Na leasanna iomaíochta a chur sa mheá

- (753) I gcomhréir le hAirteagal 31 (1) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar na leasanna iomaíochta agus thug sé aird ar leith ar an ngá atá ann deireadh a chur le héifeachtaí saofa na dumpála díobhálaí agus an gá le hiomaíocht éifeachtach a athbhunú.
- (754) Maidir le méadú ar phraghsanna, léirigh an t-imscrúdú gur shladghearr praghsanna na Síne praghsanna an Aontais 10,8 % ar an meán agus gur eascair meath ar staid thionscal an Aontais as cúngach praghsanna. Más rud é go n-ardódh praghsanna arís go leibhéil inbhuanaithe, mheas an Coimisiún go mbeadh an méadú sin teoranta i bhfianaise leibhéal na hiomaíochta ar mhargadh an Aontais. Mar a luaitear cheana i Roinn 4.5.2.1, tá acmhainneacht spártha leordhóthanach ag tionscal an Aontais. Dá réir sin, bheadh an tionchar diúltach ar úsáideoirí teoranta i gcónaí. Aon cheann de na hargóintí sonracha a luaigh na húsáideoirí agus na hallmháireoirí agus a phléitear i ranna 6.2 agus 6.4, ní athraíonn siad an chonclúid sin.
- (755) Agus measúnú á dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtaí diúltacha ar na hallmháireoirí, thug an Coimisiún dá aire ar dtús nach raibh an leibhéal comhair chomh híseal céanna mar níor chuir ach allmháireoir amháin de na cúig allmháireoir chomhoibríochta sonraí ar fáil.
- (756) D'áitigh Manreal nach raibh an anailís ar an margadh agus ar leas an Aontais a gabhadh de láimh i Rialachán (AE) 2021/983 bailí a thuilleadh, mar thoradh ar an méadú ollmhór ar phraghsanna agus ar amhantraíocht i margadh na dtráchtearraí, atá ina n-iarmhairtí ar an imscrúdú agus ar pháindéim Covid-19. Tá tionscal athraithe na pacáistíochta buailte go dona, ní hamháin le méadú 40 % ar phraghas an alúmanaim, ach freisin le méadú 40 % ar phraghsanna an pháipéir ceardaíochta agus costais iompair ar choimeádán a bhfuil méadú 400 % tagtha ar an meán-am soláthair do sheachadadh an pháipéir ó 3-4 seachtaine go 4 mí. I roinnt conarthaí soláthair, éilíonn soláthraithe *force majeure* agus bíonn moill 6 mhí ar an seachadadh agus praghsanna a n-éileamh atá 20 % níos airde ná mar a bhí tráth an ordaithe.
- (757) Ag tacú dóibh le hargóintí Manreal, rud eile a chuir Walki, Gascogne, agus Effegidi i bhfáth go bhfuil staid iar-TI an mhargaidh athraithe ó bhonn agus ganntanais soláthair ann dá bharr sin, ní hamháin ACF, ach freisin a gcuid amhábharr eile. De réir Gascogne, mhéadaigh an praghas alúmanaim ar an Malartán Miotal Londain 30 % ó Dheireadh Fómhair 2020 go Bealtaine 2021. Chomh maith leis sin, faoi mar atá, is cosúil nach bhfuil ach 1 táirgeoir mór de chuid an Aontais in ann orduithe nua a sholáthar gan roinnt míonna a chaitheamh leis. Mhaígh Effegidi, de réir luachana ó tháirgeoirí an Aontais i mí Iúil 2021, nach mbeadh soláthar ACF ar fáil roimh 2022 le haghaidh a gcuid táirgíochta.
- (758) D'áitigh Alupol, úsáideoir eile, gur thug siad faoi deara ó mhí na Nollag 2020 go raibh droch-leas ag táirgeoirí an Aontais i gconarthaí ó tháirgeoirí an Aontais agus fiú gur chuir an táirgeoir deireadh le conradh 2 bliana a tugadh i gcrích le táirgeoir amháin de chuid an Aontais tar éis leathbhliana, conradh a léiríonn srianta acmhainní. Chuir Walki fianaise bhreise ar fáil maidir le hiarrataí 6.35 micrón ACF, rud a léirigh go bhfuil na deacrachtaí soláthair a bhí ann in 2021 le brath fós.

- (759) Ina theannta sin, d'áitigh cuibhreas na n-allmhaireoirí go bhfuil méadú 25 % tagtha ar phraghsanna ACF ó thús an imscrúdaithe agus go bhfuil na hamanna seachadta méadaithe ó 2 mhí ar an meán go 4 mhí. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar an easpa soláthair atá ann faoi láthair, is cuideachtaí comhtháite a sholáthraíonn a n-eintitis ghaolmhara ar bhonn fabhrach, rud a fhágann gur lú an acmhainn atá ann don mhargadh oscailte. Tá an cuibhreas ag déanamh go gcuirfidh na dleachtanna isteach ar shlabhraí soláthair agus go mbeidh ganntanas soláthair ann do raon iomlán ACF, ach go háirithe i gcás tomhaisí faoi bhun 6 miocrón.
- (760) Cé go bhfuil tionchar ag na mhargadh ar leasanna éagsúla na dtáirgeoirí, na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí, is é is cúis leo staid eisceachtúil phaindéim COVID-19 agus an téarnamh eacnamaíoch láidir a lean í, rud ba chúis le ganntanas iompair idirnáisiúnta agus le ganntanas soláthair. Dá réir sin, d'fhéadfadh go dteastóidh roinnt ama do na margáí le dul in oiriúint go dtí go ndéanfaidh an téarnamh agus an fás eacnamaíoch normalú agus go ndéanfar an t-éileamh agus an soláthar a normalú arís, lena n-áirítear in earnáil ACF.
- (761) D'áitigh Manreal freisin gur cheart, i gcomhréir le hAirteagal 11 CFAE, cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe a chothromú le spriocanna eile de chuid an Aontais, amhail cosaint an chomhshaoil, agus baineadh de chonclúid as go mbeidh tionchar an-diúltach ag forchur na mbearta ar an gcomhshaoil. Is éard a d'áitigh Manreal má théann táirgeoirí an Aontais in éag, iad siúd is mó dhéanann truailliú, gur rud é a rachadh chun leasa do chomhshaoil an Aontais, beag beann ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ar phoist nó ar bheartas tionsclaíoch. Dá bhrí sin, d'iarr Manreal ar an gCoimisiún na héifeachtaí is dócha a bheadh ag na bearta ar an gcomhshaoil a chur san áireamh san imscrúdú.
- (762) Thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil bunús tugtha ag Manreal maidir leis an gcaoi ar mó truailliú a dhéanann táirgeoirí an Aontais ná táirgeoirí ón tSín. Ina theannta sin, cé go socraíonn an tAontas ardchaighdeán chomhshaoil dá chuid táirgeoirí, ní hé is cuspóir d'Airteagal 11 CFAE gníomhaíocht eacnamaíoch a chosc ach ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú le beartas treoraithe na gníomhaíochta eacnamaíche. Moladh seo Manreal maidir le hastaíochtaí a laghdú san Aontas trí ligean d'iomáíocht éagórach deireadh a chur lena thionscal trí iomáíocht éagórach, ní hamháin nach moladh é atá ag luí le spriocanna comhshaoil AE ach bheadh sé ag teacht salach ar roinnt beartas eile. Mar thoradh air sin, diúltaíodh d'iarratas Manreal chun imscrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag cás den sórt sin ar an gcomhshaoil.
- (763) Chuir Manreal in iúl freisin aithris (355) den Rialachán sealadach sa nós imeachta frithdhuimpála, inar chuir an Coimisiún in iúl mar fhreagra ar an argóint a rinne Manreal roimhe seo go bhféadfadh státchabhair a bheith ina beart níos oiriúnaí ná dleachtanna a fhorchur, nach í an chabhair airgeadais an ionstraim cheart chun dul i ngleic le dumpáil dhíobhálach. D'áitigh Manreal gur rogha beartais é sin nár cheart a ghlacadh gan dul i gcomhairle le hArd-Stiúrtóireacht na hIomáíochta ('DG COMP'). D'áitigh Manreal freisin gurb é bunús a bheadh faoi argóint an Choimisiúin cabhair a dheonófaí do tháirgeoirí an Aontais agus gan é údaraithe ag DG COMP.
- (764) Mheabhraigh an Coimisiún go sonraítear sa chéad mhír d'Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán i gcás ina léiríonn na fóirais a suíodh sa deireadh thiar thall gurb ann d'fhóirdheontais fhrithchúitimh, agus go bhfuil díobháil déanta mar gheall orthu, agus gur gá le hidirghabháil chun leasa an Aontais, go ndéanfaidh an Coimisiún dleacht chinntitheach frithchúitimh a fhorchur. Go deimhin, trí bhíthin na n-ionstraimí dlí atá ar fáil don Choimisiún, ní féidir leis staonadh ó chur i gcoinne fóirdheonú díobhálach a rinne onnmhaireoirí ón tSín, rud atá léirithe, agus gan d'údar aige ach an tairbhe a d'fhéadfadh táirgeoirí an Aontais a bhaint as státchabhair freisin. Rud eile de, is iad na Ballstáit, seachas an Coimisiún, a dheonaíonn státchabhair.
- (765) Dá bhrí sin, níor athraigh aon cheann de na hargóintí i ndiaidh Rialachán (AE) 2021/983 a tharraing na húsáideoirí agus na hallmhaireoirí anuas freisin i gcomhthéacs an imscrúdaithe frith-fhóirdheontais conclúid an Choimisiúin.
- (766) Mhol roinnt páirtithe go ndéanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na barúlacha ar an nochtadh deiridh, measúnú ar na dleachtanna a d'fhéadfaí a chur ar fionraí de réir Airteagal 24(4) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais. Féadfaidh an Coimisiún fionraí féideartha na ndleachtanna a mheas in am trátha mar a fhoráiltear le hAirteagal 24(4) den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais.
- (767) Tar éis an nochtadh deiridh, d'áitigh Rialtas na Síne go bhfuil suaitheadh mór leanúnach i slabhra soláthair an gheilleagair dhomhanda agus an Aontais. I bhfianaise na staide sin, ní bheadh sé chun leasa an Aontais bearta a fhorchur ag an am seo. D'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún freisin measúnú a dhéanamh ar fhionraí dleachtanna féideartha.

- (768) Mar a mhínítear thuas in aithris (760), bhí tionchar diúltach ag paindéim COVID 19 ar na slabhraí soláthair. Mar sin féin, is cás sealadach é sin, ní mheasann an Coimisiún go mbeadh leas sáraitheach buan ann in aghaidh bearta a fhorchur.
- (769) Tar éis an nochtá dheiridh, d'áitigh cuibhreannas na n-allmhaireoirí go bhfuil forchur dleachtanna cinntitheacha frithchúitimh sa bhreis ar dhleachtanna frithdhumpála go soiléir i gcoinne leas allmhaireoirí agus úsáideoirí san Aontas ós rud é go raibh éileamh méadaithe  $\leq 7$  miocrón i ACF, go laghdófaí an acmhainn a bheadh ar fáil do ACF eile de bharr an mhéadaithe ar tháirgeadh scragall ceallraí agus go ndéanfaí acmhainní táirgthe an tionscail tiontaithe lasmuigh den Aontas a athlonnú dá bharr.
- (770) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin go bhféadfadh acmhainneachtaí spártha tháirgeoirí an Aontais freastal ar éileamh ACF ar leithead tanaí agus ar scragall ceallraí gluaisteán sna blianta atá le teacht. Ní ríomhtar dleachtanna frithdhumpála ar bhealach lena leigheasfaidís fóirdheontas freisin go huathoibríoch i leith allmhairí. Go háirithe is féidir le honnmhaireoirí éagsúla a bheith páirteach ar bhealach difriúil in allmhairí dumpáilte agus i bhfóirdheonú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dleachtanna frithchúitimh a fhorchur, i gcás dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.
- (771) Tar éis an nochtá dheiridh, d'áitigh Xiamen Xiashun gurbh é leas an Aontais é scragall cadhnra gluaisteán leictrigh a eisiamh ón raon feidhme mar nach mbeadh sé d'acmhainn ag táirgeoirí an Aontais an t-éileamh a líonadh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.
- (772) Ó tharla nár chuir Xiamen Xiashun fianaise nua ar fáil don mhaíomh sin agus go raibh anailís déanta ag an gCoimisiún cheana féin ar chumas tháirgeoirí an Aontais i bhfianaise an éilimh ghearrthéarma agus mheántéarma, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

#### 6.6. Conclúid maidir le leas an Aontais

- (773) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar chonclúid nárbh ann daon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil sé le leas an Aontais bearta frithchúitimh cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí ACF de thionscnamh na Síne.

### 7. PRAGHAS-TAIRISCINT GNÓTHAIS

- (774) Tar éis an nochtá dheiridh, laistigh den spriocdháta a shonraítear in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán, chuir tháirgeoirí onnmhairíúcháin amháin tairiscint isteach i gcás gealltanais praghsanna: Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd., maille lena thrádálaí gaolmhar Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., (HK) Limited.
- (775) De réir Airteagal 13 den bhun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ní mór gur leor na tairiscintí ghnóthais praghsanna chun éifeacht dhíobhálach an fhóirdheonaithe a dhíothú agus ní mór a mheas nach bhfuil sé praiticiúil glacadh leis na tairiscintí sin. Rinne an Coimisiún measúnú ar an tairiscint i bhfianaise na gcritéar sin agus bhreithnigh nach mbeadh sé praiticiúil glacadh leo ar na cúiseanna uileghabhálacha seo a leanas.
- (776) Ar an gcéad dul síos, déanann an dá chuideachta cineálacha éagsúla táirgí a tháirgeadh agus a dhíol maille le difríochtaí suntasacha sna praghsanna. Ní féidir cineálacha éagsúla tiontairí scragail alúmanaim a idirdhealú ó chéile go héasca trí iniúchadh fisiceach a dhéanamh. Go háirithe, bheadh sé an-deacair measúnú a dhéanamh ar an tiús trí iniúchadh fisiceach, agus trí sin amháin. Gan anailís saotharlainne mhionsonraithe, ní bheadh na húdaráis chustaim in ann a chinneadh an bhfreagraíonn an táirge allmhairithe don mhéid atá á dhearbhu.
- (777) Ar an dara dul síos, tá baol ard traschúitimh i measc na gcineálacha éagsúla táirgí i gceist leis an líon ard cineálacha táirgí, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cineálacha táirgí níos costasaí á ndearbhú go míchruinn mar tá cineálacha táirgí níos saoire faoi réir an ghealltanais freisin. Fágann sé sin go bhfuil an gnóthas neamh-infheidhmithe agus dá bhrí sin neamhphraiticiúil de réir bhrí Airteagal 13 den bhun-Rialachán. Ar an tríú dul síos, tá roinnt ard cuideachtaí gaolmhara ag Zhongji a bhfuil baint dhíreach acu le táirgeadh nó díolachán an táirge atá faoi imscrúdú. Thairis sin, díolann Zhongji an táirge go díreach agus go hindíreach. Struchtúr grúpa casta den sórt sin, is rioscaí arda traschúitimh a bhíonn ag dul leis. Ní bheadh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ghealltanais i ndáil le díolacháin indíreacha tríd an gcuideachta ghaolmhar in Hong Cong ná a áirithiú, b'fhéidir, trí chuideachtaí gaolmhara eile. Bheadh an tairiscint, ar a shon sin féin, neamhphraiticiúil.

- (778) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar ghealltanais shonracha na tairisceana gnóthais a bhí curtha ar aghaidh ag Zhongji chun aghaidh a thabhairt ar na príomhábhair a ndéantar tuairisc orthu thuas. A mhéid a bhaineann le cineálacha táirgí éagsúla, thairg an chuideachta gan ach na cineálacha táirgí a bhaineann le cúig PCN onnmhairiú. Ina theannta sin, maidir le struchtúr casta an ghrúpa, thairg Zhongji gealltanais nach ndólfadh sé leis an Aontas ach díreach trí Zhongji Lamination Materials Co., Ltd, gan aon táirge eile a dhíol leis na custaiméirí céanna san Aontas a ndíoltar an táirge atá faoi imscrúdú leis.
- (779) Chinn an Coimisiún, fiú amháin, nach gcuirfí deireadh leis na heilimintí a dhéanadh an gnóthas a dhéanamh neamh-infheidhmithe leis na gealltanais shonracha sin a cuireadh chun cinn.
- (780) Fiú dá laghdófaí an baol traschúitimh faoi ghealltanais Zhongji gan ach cúig PCN a onnmhairiú, gan an baol a díothú, bheadh sé an-mhíphraiticiúil le forfheidhmiú. Ní bheadh na húdaráis chustaim in ann a chinneadh an bhfreagraíonn an táirge allmhairithe don mhéid atá á dhearbhu trí iniúchadh fisiceach amháin, gan uirlisí tomhais sonracha.
- (781) Ar an gcúis chéanna, bheadh sé thar a bheith deacair gealltanais Zhongji a fhorfheidhmiú gan aon táirge eile seachas an táirge atá faoi imscrúdú a dhíol leis na custaiméirí céanna san Aontas. Ina theannta sin, onnmhairíonn cuideachtaí gaolmhara Zhongji táirgí alúmanaim eile chuig an Aontas Eorpach, táirgí atá faoi réir bearta frithdhumpála freisin, agus tá bearta i bhfeidhm maidir le táirgí alúmanaim atá aicmithe faoin gcód AC céanna agus atá an táirge atá faoi imscrúdú <sup>(116)</sup>. Ar deireadh, tá an táirge lena mbaineann faoi réir bearta frithdhumpála freisin sa chás frithdhumpála ar leithligh, agus diúltaíodh cheana féin do thairiscint gnóthais a thíolaic an chuideachta chéanna sa chás sin.
- (782) Sheol an Coimisiún litir chuig an iarratasóir inar leagadh amach na cúiseanna thuas a bhí leis an diúltú don tairiscint ghnóthais.
- (783) Chuir an t-iarratasóir barúlacha isteach ina leith. Cuireadh na barúlacha ar fáil do pháirtithe leasmhara ar an gcáschomhad.
- (784) D'athdhearbhaigh Zhongji a argóintí a leagadh síos sa thairiscint gnóthais agus mhaígh sé gur leor na gealltanais shonracha a mhínítear in aithris (778) thuas chun go mbeadh an gnóthas inoibrithe. Chomh maith leis sin, níor mheas Zhongji go mbeadh sé deacair cineálacha éagsúla táirgí a idirdhealú óna chéile le hiniúchadh fisiceach nó go mbeadh an sásra coigeartaithe praghsanna a bhí molta aige casta.
- (785) Ní chomhaontaíonn an Coimisiún leis sin. Mar a mhínítear in aithrisí (779) go dtí (781), ní bhainfí na gealltanais shonracha a tugadh na buneilimintí, rud a d'fhágadh nach mbeadh an gnóthas in-fhorfheidhmithe.
- (786) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil an tairiscint ghnóthais neamh-infheidhmithe, agus é dá bhrí sin neamhphraiticiúil de réir bhrí Airteagal 13 den bhun-Rialachán dá bhrí sin dhiúltaigh sé don tairiscint.

## 8. BEARTA FRITHCHÚITIMH CINNTITHEACHA

- (787) I bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu maidir le fóirdheontas a thabhairt, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 15 den bhun-Rialachán, ba cheart dleacht chinntitheach frithchúitimh a fhorchur.

### 8.1. Leibhéal na mbeart frithchúitimh cinntitheacha

- (788) Foráiltear leis an tríú fomhír d'Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán nach sáróidh méid na dleachta frithchúitimh cinntitheach méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna bhunú.

<sup>(116)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2384 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragall alúmanaim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí maidir le hallmhairí scragall alúmanaim áirithe ar de thionscnamh na Brasaíle iad, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle.

- (789) Tá sé leagtha síos in Airteagal 15(1), an ceathrú fómhír, 'i gcás inar féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na faisnéise uile a chuirtear isteach, teacht ar chonclúid go soiléir nach chun leasa an Aontais é méid na mbeart a chinneadh i gcomhréir leis an tríú fómhír, beidh méid na dleachta frithchúitimh níos lú dá mbeadh dleacht níos lú den sórt sin leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais'.
- (790) Níor cuireadh aon fhaisnéis den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin socrófar leibhéal na mbeart frithchúitimh ag tagairt don tríú fómhír d'Airteagal 15(1).
- (791) Ar bhonn a bhfuil thuas, na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, le dleacht chustaim neamhíochta, ba cheart iad a bheith mar seo a leanas:

Cuideachta	Dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha
Daching Group, lena n-áirítear Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd	10,1 %
Nanshan Group, lena n-áirítear Yantai Donghai Aluminum Foil Co., Ltd.	18,2 %
Wanshun Group, lena n-áirítear Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.	8,6 %
Cuideachtaí comhoibríochá eile a liostaítear san Iarscríbhinn	12,3 %
Gach cuideachta eile	18,2 %

- (792) Rinneadh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais i gcomhthráth le himscrúdú frithdhumpála ar leith maidir leis an táirge céanna lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, inar fhorchuir an Coimisiún bearta frithdhumpála ar leibhéal an chorrlaigh díobhála. Rinne an Coimisiún deimhin de nach ndéanfaí éifeachtaí an fhóirdheonaithe a fhritháireamh faoi dhó ('áireamh dúbailte') i gcomhréir le hAirteagal 24(1) agus le hAirteagal 15(2) den bhun-Rialachán mar thoradh ar fhorchur dleachta carntha lena léirítear leibhéal an fhóirdheonaithe agus an leibhéal iomlán dumpála.
- (793) San imscrúdú frithdhumpála ar leithligh, tógadh an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus tagairt á déanamh do chostais agus do bhrabús neamhshaofa i dtír ionadaíoch sheachtrach iomchuí. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den bhun-Rialachán agus chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint, d'fhorchuir an Coimisiún an dleacht chinntitheach frithchúitimh ar leibhéal mhéid cinntitheach an fhóirdheonaithe arna bhunú agus ansin d'fhorchuir sé an dleacht chinntitheach frithdhumpála a bhí fágtha, dleacht a chomhfhreagraíonn don chorrlach ábhartha dumpála arna laghdú le méid na dleachta frithchúitimh agus suas go dtí an leibhéal díchuir ábhartha díobhála arna bhunú san imscrúdú frithdhumpála ar leithligh. Ós rud é gur laghdaigh an Coimisiún an corrlach dumpála a aimsíodh le méid iomlán an fhóirdheonaithe arna bhunú i nDaon-Phoblacht na Síne, ní raibh aon saincheist áireamh dúbailte ann de réir bhrí Airteagal 24(1) den bhun-Rialachán. I gcás ina bhfuil an méid a thagann as méid an fhóirdheontais a asbhaint as an gcorrlach dumpála níos airde ná an corrlach díobhála, chuir an Coimisiún teorainn leis an dleacht frithdhumpála ag an gcorrlach díobhála. I gcás ina bhfuil an méid a thagann as méid an fhóirdheonrais a asbhaint as an gcorrlach dumpála níos ísle ná an corrlach díobhála, shocraigh an Coimisiún leibhéal na dleachta frithdhumpála ar bhonn an mhéid ba ísle.
- (794) I bhfianaise an ráta ard comhair idir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, chinn an Coimisiún go mbeadh leibhéal na dleachta is airde a fhorchuirtear ar na cuideachtaí sampláilte ionadaíoch mar 'gach cuideachta eile'. Cuirfear dleacht 'gach cuideachta eile' i bhfeidhm ar na cuideachtaí úd nár chomhoibrigh leis an imscrúdú sin.

(795) Mar a luaitear in Aithris (594), rinneadh méid iomlán an fhóirdheontais do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla a ríomh ar bhonn mheánmhéid ualaithe iomlán na bhfóirdheontas frithchúitimh a bunaíodh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa sampla agus méideanna diomaibhseacha á n-eisiáimh chomh maith le méid na bhfóirdheontas a bunaíodh le haghaidh ítimí atá faoi réir fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán. Níor thug an Coimisiún neamhaird, áfach, ar thorthaí a bhí bunaithe i bpáirt ar fhórais a bhí ar fáil chun na méideanna sin a chinneadh. Go deimhin, mheas an Coimisiún nach ndearna na fórais a bhí ar fáil agus ar baineadh úsáid astu sna cásanna sin difear suntasach don fhaisnéis ba ghá chun méid an fhóirdheonaithe a chinneadh ar bhealach cothrom, ionas nach ndéanfar dochar d'onnmhairioirí nár iarradh orthu comhoibriú san imscrúdú trí úsáid a bhaint as an gcur chuige sin.

(796) Ar bhonn lena bhfuil thuas, leagtar amach na rátaí a ndéanfar na dleachtanna a fhorchur mar a leanas:

Cuideachta	Méid an fhóirdheonaithe	Corrlach dumpála	Leibhéal díchuir na díobhála	Ráta dleachta frithchúitimh	Ráta dleachta frithdhumpála
Wanshun Group, lena n-áirítear Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.	8,6 %	81,5 %	28,5 %	8,6 %	28,5 %
Daching Group, lena n-áirítear Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd	10,1 %	16,1 %	15,4 %	10,1 %	6,0 %
Nanshan Group, lena n-áirítear Yantai Donghai Aluminum Foil Co., Ltd.	18,2 %	98,5 %	24,6 %	18,2 %	24,6 %
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála agus frithfhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn I	12,3 %	69,5 %	23,6 %	12,3 %	23,6 %
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú in imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil san imscrúdú frithfhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	18,2 %	69,5 %	23,6 %	18,2 %	23,6 %
Gach cuideachta eile	18,2 %	98,5 %	28,5 %	18,2 %	28,5 %

(797) Leagadh síos na rátaí dleachta frithchúitimh do chuideachtaí aonair ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe reatha seo. Dá bhrí sin, is léiriú é seo ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe maidir leis an gcuideachta lena mbaineann. Dá bhrí sin, tá an ráta dleachta sin (seachas an dleacht ar fud na tíre is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile') infheidhme go heisiach ar allmhairí táirgí de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna dtáirgeadh ag an gcuideachta atá luaite. Maidir le táirgí allmhairiúcháin arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile, go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leis na cuideachtaí a luaitear go sonrach, ní féidir leis na hallmhairí sin tairbhe a bhaint as na rátaí seo agus beidh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

- (798) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfead na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithchúitimh i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéanann an t-athrú difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, glactar le Rialachán leasaitheach lena gcuirtear an t-ainm nua in ionad an ainm a bhí ann roimhe seo agus a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (799) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na ndifríochotha i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithchúitimh aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údarais chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 1(4) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.
- (800) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur faoi bhráid údarais chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hí an t-aon eilimint amháin í a chuirfidh na húdarais chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile atá leagtha amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór d'údarais chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (801) Dá dtarlódh sé go dtiocfadh méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí de chuid ceann de na cuideachtaí a bhaineann tairbhe as na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí méadú i méid mar sin a mheas ann féin mar athrú i bpatrún na trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 23(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.
- (802) Chun a áirithiú go ndéanfar an dleacht frithchúitimh a fhorfheidhmiú mar is ceart, níor cheart go mbeadh feidhm ag an leibhéal dleachta le haghaidh gach cuideachta eile maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha amháin ach maidir leis na táirgeoirí sin nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe chomh maith.
- (803) Tar éis an nochtadh dheiridh, d'áitigh Xiamen Xiashun chomh maith le Gascogne nach suífeadh an Nochtadh Ginearálta conas a sheachnódh an Coimisiún an t-áireamh dúbailte dá bhforáiltear sa bhun-Rialachán. Rinne Xiamen Xiashun tagairt do Rialachán ón gCoimisiún in GFF, inar suíodh an dleacht chinntitheach frithchúitimh ar leibhéal mhéid cinnitheach an fhóirdheonaithe arna bhunú agus a bunaíodh an dleacht chinntitheach frithdhumpála ar leibhéal an chorrlaigh chinntithigh dumpála arna laghdú leis an dleacht chinntitheach frithchúitimh i gcás ina bhfuil an corrlach ábhartha dumpála arna laghdú leis an dleacht frithchúitimh níos ísle ná leibhéal dhíchur na díobhála. D'iarr Xiamen Xiashun ar an gCoimisiún an modh a chuirfidh sé i bhfeidhm chun na comhdhleachtanna a ríomh a nochtadh.
- (804) Mar a d'aithin Xiamen Xiashun, bunaítear le haithris (555) den Doiciméad Ginearálta um Nochtadh, dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála, go ndéanadh an Coimisiún deimhin de nach ndéanfaí éifeachtaí an fhóirdheonaithe a fhritháireamh faoi dhó ('áireamh dúbailte') mar thoradh ar dhleacht charnach a fhorchur lena léirítear leibhéal an fhóirdheonaithe agus leibhéal iomlán na dumpála. Mar a thuairiscítear in aithris (793), lean an Coimisiún an cur chuige céanna ar thagair Xiamen Xiashun dó ó chás GFF. Is é seo an cleachtas caighdeánach atá ag an gCoimisiún i gcás imscrúduithe frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála lena gcumhdaítear an táirge céanna. Tráth a ndéantar an



nochtadh deiridh sa chás seo, níor forchuireadh aon dleacht críochnaitheach fós sa nós imeachta frithdhumpála. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún barúil a thabhairt maidir le dleachtanna a forchuireadh a leasú, toisc nach raibh aon dleacht fhoirmiúil i bhfeidhm ag an am. Mar sin féin, bhí deis iomlán ag Xiamen Xiashun agus Gascogne barúil a thabhairt maidir le háireamh dúbailte a sheachaint mar fhreagairt ar an nochtadh deiridh. Ar aon chuma, is féidir le páirtithe barúlacha a thabhairt maidir leis an áireamh dúbailte a d'fhéadfadh a bheith ann ag an gcéim seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh ar nochtadh breise.

- (805) Tar éis an nochtadh deiridh, d'iarr cuibhreannas na n-allmhaireoirí agus Nanshan ar an gCoimisiún riail na dleachta níos lú in Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus uasteorainn a chur leis na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh comhcheangailte ar leibhéal an chorríoch dhíobhála, agus é á thabhairt dá n-aire go raibh neart faisnéise ar fáil ar comhad a léiríonn go gcuirfeadh forchur dleachtanna frithchúitimh sa bhreis ar na dleachtanna frithdhumpála isteach ar mhargadh ACF an Aontais.
- (806) Meabhraíonn an Coimisiún ar dtús go bhfuil réasúnaíocht don riail in Airteagal 15(1), an ceathrú fómhír den bhun-Rialachán in imeachtaí frith-fhóirdheontas mionsonraithe go háirithe in aithris (10) de Rialachán 2018/825 <sup>(17)</sup>, ina leagtar amach go ndéanann 'fóirdheontais fhrithchúitimh arna ndeónú ag tríú tíortha saobhadh ar thrádáil' agus, dá bhrí sin, 'nach bhfuil, go ginearálta, indéanta riail na dleachta is lú a chur i bhfeidhm a thuilleadh.' Is é an riail réamhshocraithe in imeachtaí dleachta frithchúitimh nach bhfuil feidhm ag riail na dleachta is lú, ach amháin má tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil sé go soiléir chun leasa an Aontais é a chur i bhfeidhm. Is caighdeán substaintiúil é caighdeán na fianaise chun teacht ar an gconclúid sin agus ba cheart dó a léiriú go sonrath agus go dearfach gurb é leas an Aontais é leibhéal níos ísle dleachta a chur i bhfeidhm ná an méid fóirdheonaithe a fhaightear.
- (807) Sa chás seo, thug an Coimisiún aghaidh ar argóintí uile na bpáirtithe maidir le leas an Aontais, lena n-áirítear na hargóintí sin a chuir cuibhreannas na n-allmhaireoirí agus Nanshan isteach, i Roinn 6 thuas. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil sé le leas an Aontais bearta frithchúitimh cinntitheacha a fhorchur lena socráitear an dleacht ar mhéid na bhfóirdheontas frithchúitimh arna mbunú. Níor sholáthair cuibhreannas na n-allmhaireoirí agus na Nanshan aon fianaise dhearfach shonrach a ligfeadh don Choimisiún teacht ar an gconclúid gur léir nach chun leasa an Aontais atá sé an dleacht a shocrú ar an leibhéal sin, agus ina ionad sin gur cheart dó í a shocrú ar an leibhéal níos ísle arna uasteorannú ag an gcorrlach díobhála. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar caighdeán na fianaise a cheanglaítear leis an gceathrú fómhír d'Airteagal 15(1) agus diúltaíodh don mhaíomh ó na páirtithe sin.

## 9. NOCHTADH

- (808) Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas an 3 Samhain 2021 maidir leis na bunfhórais agus na breithnithe ba thábhachtaí, a raibh sé beartaithe a mholadh dá mbonn go bhforchuirfí an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí ACF de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrath dóibh.
- (809) Chuir naoi bpáirtí tuairimí isteach maidir le nochtadh. Ina theannta sin, chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl gur mian leo na barúlacha a cuireadh isteach i gcomhthéacs an nós imeachta frithdhumpála ar leithligh a ionchorprú san imscrúdú frith-fhóirdheontais sin. Arna iarraidh sin, tionóladh éisteachtaí le cuibhreannas allmhaireoirí, Nanshan Group agus Wanshun Group. Tugadh an aird chuí ar na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus, i gcás inarb iomchuí, rinneadh na torthaí a mhodhnú dá réir.

<sup>(17)</sup> IO L 143, 143,7.6.2018, lch. 1.

## 10. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

- (810) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(118)</sup>, nuair atá méid le haisiúc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é ba cheart a bheith san ús atá le hóc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna fhoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.
- (811) Mar a mhínítear in aithrisí (788) go haithris (793), d'asbhain an Coimisiún ón gcorrlach dumpála cuid de mhéid an fhóirdheontais chun áireamh dúbailte a sheachaint. Dá bhrí sin, i gcás ina ndéanfaí na dleachtanna cinntitheacha frithchúitimh a mhodhnú nó a bhaint, ba cheart leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála a mhéadú go huathoibríoch den chion céanna chun méid iarbhrí an áirimh dhúbailte mar thoradh ar an modhnú nó ar an mbaint sin a léiriú. Ba cheart an t-athrú sin ar na dleachtanna frithdhumpála a dhéanamh ó theacht i bhfeidhm an rialacháin seo.
- (812) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste, arna bhunú le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(119)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

- Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí scragail tionsaire alúmanaim níos lú ná 0,021mm ar tiús, gan aon chúl air sin, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, i rollaí ar mó a meáchan ná 10 kg atá aicmithe faoi láthair faoi chód AC ex 7607 11 19 (cóid TARIC 7607 11 19 60 agus 7607 11 19 91) agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- Eisiatar na táirgí seo a leanas:
  - Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm ar tiús, gan aon chúl air sin, agus gan aon saoirsiú thairis sin ná rollta, i rollaí nach mó ná 650 mm ar leithead agus ar mó a meáchan ná 10 kg.
  - Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,007 mm agus ar lú ná 0,008 mm ar tiús, beag beann ar leithead na rollaí, bídís ainlithe nó ná bídís.
  - Scragall alúmanaim tí nach lú ná 0,008 mm agus nach mó ná 0,018 mm ar tiús agus i rollaí ar mó ná 650 mm ar leithead, bídís ainlithe nó ná bídís.
  - Scragall alúmanaim tí ar mó ná 0,018 mm agus ar lú é ná 0,021 mm ar tiús, beag beann ar leithead na rollaí, bídís ainlithe nó ná bídís.
- Rátaí na dleachta frithchúitimh cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus arna táirgeadh na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha	Cód breise TARIC
Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd.	10,1 %	C687

<sup>(118)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aighairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

<sup>(119)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2018/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 143, 7.6.2018, lch. 1).

Yantai Donghai Aluminum Foil Co., Ltd.	18,2 %	C688
Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.	8,6 %	C686
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn 1	12,3 %	Féach Iarscríbhinn I
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú in imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil san imscrúdú frith-fhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	18,2 %	Féach Iarscríbhinn II
Gach cuideachta eile	18,2 %	C999

4. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtaráí aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 3 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údarais chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaitheofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) na slaite sreinge a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

6. I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfear tús freisin le hiarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 chun measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn na tréimhse imscrúdaithe aisíocaíochta.

#### Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(3):

'2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd.	6,0 %	C687
Yantai Donghai Aluminum Foil Co., Ltd.	24,6 %	C688
Jiangsu Zhongji Lamination Materials Co., Ltd.	28,5 %	C686

Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn I	23,6 %	Féach Iarscríbhinn I
Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú in imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil san imscrúdú frith-fhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	23,6 %	Féach Iarscríbhinn II
Gach cuideachta eile	28,5 %	C999'

2. Cuirtear isteach Airteagal 1(6) nua:

‘6. I gcás ina ndéanfar na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha a fhorchuirtear le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 ón gCoimisiún a mhodhnú nó a bhaint, méadófar na dleachtanna a shonraítear i mír 2 nó in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II den chion chéanna atá teoranta don chorrlach dumpála iarbhír a aimseofar nó don chorrlach díobhála a aimseofar de réir cuideachta agus ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.’

3. Cuirtear isteach Airteagal nua 1(7)

‘7. I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfidh iarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 tús leis an measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn na tréimhse imscrúdaithe aisíocaíochta.’

4. Cuirtear Iarscríbhinn I agus II in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
 Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN I

**Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon**

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Zhangjiagang Fineness Aluminum Foil Co., Ltd.	C689
Daon-Phoblacht na Síne	Kunshan Aluminium Co., Ltd.	C690
Daon-Phoblacht na Síne	Luoyang Wanji Aluminium Processing Co., Ltd.	C692
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Sunho Aluminum Foil Co., Ltd.	C693
Daon-Phoblacht na Síne	Binzhou Hongbo Aluminium Foil Technology Co. Ltd.	C694

*IARSCRÍBHINN II***Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais**

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Suntown Technology Group Corporation Limited	C691

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2288 ÓN gCOIMISIÚN****an 21 Nollaig 2021****lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíní, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5(2) agus (4) de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíní, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, leis an Rialachán sin rannchuidítear le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Leis an gcreat maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, cumasaítear eisiúint agus fíorú trasteorann trí chineál deimhnithe COVID-19 agus glacadh trasteorann leo. Áirítear orthu sin an deimhniú vacsaínithe, is é sin, deimhniú lena ndeimhnítear go bhfuair an sealbhóir vacsaín in aghaidh COVID-19 sa Bhallstát a d'eisigh an deimhniú.
- (3) De bhun Rialachán (AE) 2021/953, tá gach Ballstát le deimhnithe vacsaínithe a eisiúint do dhaoine ar tugadh vacsaín in aghaidh COVID-19 dóibh, go huathoibríoch nó arna iarraidh sin don duine lena mbaineann. Maidir le catagóirí sonraí pearsanta, tá an méid seo a leanas le bheith sa deimhniú vacsaínithe: céannacht an tsealbhóra; faisnéis faoin vacsaín in aghaidh COVID-19 agus líon na ndáileog a tugadh don sealbhóir; agus meiteashonraí an deimhnithe, amhaíl eisitheoir an deimhnithe nó aitheantóir uathúil deimhnithe. Is i gcomhréir leis na réimsí sonracha sonraí a leagtar amach i bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 atá na sonraí sin le bheith curtha sa deimhniú vacsaínithe.
- (4) Nuair a glacadh Rialachán (AE) 2021/953, ní raibh sonraí leordhóthanacha ar fáil maidir le fad thréimhse na cosanta is toradh ar an tsraith phríomhúil vacsaínithe in aghaidh COVID-19 a chríochnú. Mar gheall air sin, níl sonraí maidir le tréimhse inghlacthachta curtha san áireamh sna réimsí sonraí atá le bheith sna deimhnithe vacsaínithe i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953, murab ionann agus na réimsí sonraí atá le bheith sna deimhnithe téarnaimh.
- (5) An 4 Deireadh Fómhair 2021, tháinig an Coiste um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine, ar coiste de chuid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí é, ar an gconclúid gur féidir teanndáileoga le haghaidh Comirnaty a mheas sé mhí ar a laghad tar éis an dara dáileog i gcás daoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. An 25 Deireadh Fómhair 2021, tháinig an Coiste ar an gconclúid gur féidir teanndáileog le haghaidh Spikevax a mheas i gcás daoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, 6 mhí ar a laghad tar éis an dara dáileog. An 15 Nollaig 2021, tháinig an Coiste ar an gconclúid gur féidir teanndáileog le haghaidh COVID-19 Vaccine Janssen a mheas 2 mhí ar a laghad tar éis na chéad dáileoige i gcás daoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, agus gur féidir, freisin, COVID-19 Vaccine Janssen a thabhairt tar éis dhá dháileog de Comirnaty nó de Spikevax.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

- (6) Sa chomhthéacs sin, an 24 Samhain 2021, d'fhoilsigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú mearmheasúnú riosca ar an staid eipidéimeolaíoch SARS-CoV-2 an tráth sin, ar na réamh-mheastacháin le haghaidh shéasúr na Nollag agus na hAthbhliana, agus ar straitéisí freagartha san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) <sup>(?)</sup>, inar luaigh sé go raibh fianaise ag teacht chun cinn a léiríonn go dtagann méadú mór ar an gcosaint ar an ionfhabhtú agus ar an ngalar tromchúiseach tar éis teanndáileoige agus é sin i ngach aoisghrúpa sa ghearrthéarma. De réir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, ba cheart do Bhallstáit an Aontais agus do thíortha LEE teanndáileog a mheas go práinneach do dhaoine atá 40 bliain d'aois ar a laghad, agus í dírithe ar na daoine is leochailí agus ar dhaoine scothaosta, agus d'fhéadfadh tíortha teanndáileog a mheas freisin do gach duine fásta atá 18 mbliana d'aois ar a laghad, 6 mhí ar a laghad tar éis dóibh a sraith phríomhúil a chríochnú, chun an chosaint ar ionfhabhtú de dheasca imdhíonacht mhaolaitheach a mhéadú, rud a d'fhéadfadh tarchur an víris sa phobal a laghdú agus ospidéaluithe agus básanna breise a chosc.
- (7) Ina mhear-mheasúnú riosca an 15 Nollaig 2021 <sup>(?)</sup>, luaigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú go méadóidh teanndáileoga, de réir na fianaise atá ar fáil faoi láthair, an chosaint ar iarmhairtí tromchúiseacha is toradh ar an athraitheach Delta, athraitheach ar díol inní é, agus go dtugann na réamh-mheastóireachtaí le tuiscint go bhféadfadh teanndáileoga an chosaint ar an athraitheach Omicron a mhéadú, athraitheach ar díol inní é, agus go mbeifí ag súil le tionchar níos mó ar an daonra má thugtar an teanndáileog do bhunús an daonra fhásta laistigh d'aga gairid. De réir an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú, tacaíonn na sonraí atá ar fáil faoi láthair le teanndáileog a thabhairt go sábháilte agus go héifeachtach chomh luath agus 3 mhí tar éis don tsraith vacsaínithe phríomhúil a bheith críochnaithe.
- (8) I dtaca le teanndáileoga a thabhairt, tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na mBallstát atá ag glacadh rialacha maidir le fad inghlachta na ndeimhnithe vacsaínithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil, agus iad á chur san áireamh gur cosúil go bhfuil maolú ag teacht de réir a chéile ar an gcosaint ar ionfhabhtú le COVID-19 is toradh ar an tsraith sin. Baineann roinnt de na rialacha sin le húsáid na ndeimhnithe vacsaínithe ar an gcríoch náisiúnta amháin, agus baineann roinnt eile lena n-inghlachtacht le haghaidh taistil freisin.
- (9) D'fhéadfaí suaitheadh mór a bheith mar thoradh ar bhearta aontaobhacha sa réimse sin má bhíonn ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí an Aontais dul i ngleic le raon leathan beart éagsúil. Cheal cur chuige aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais, bheadh ar shaoránaigh rialacha gach Ballstáit faoi leith a sheiceáil chun a chinneadh an nglacfaí fós lena ndeimhnithe vacsaínithe. Tá an riosca ann go ndéanfaidh an éiginnteacht sin dochar don iontaoibh i nDeimhniú Digiteach COVID AE agus go mbainfeadh sí de chomhlíontacht na mbeart sláinte poiblí is gá. Dá nglacfaí rialacha fíordhiana i mBallstát faoi leith, d'fhéadfadh sé sin saoránaigh a bheadh ag taisteal ó Bhallstát eile a chur ó chumas tairbhe a bhaint as deireadh na srianta ar thaistealaithe vacsaínithe, toisc gur féidir nach mbeidís in ann an teanndáileog is gá a fháil roimh thaisteal dóibh. Tá dochar faoi leith ag baint leis na rioscaí sin sa staid faoi láthair agus tionchar mór imeartha ag an víreas cheana féin ar gheilleagar an Aontais.
- (10) Dá bhí sin agus chun bearta éagsúla agus suaiteacha a sheachaint, is gá, chun críoch an taistil, tréimhse chaighdeánach inghlachta 270 lá a leagan síos le haghaidh na ndeimhnithe vacsaínithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil. Tugtar san áireamh leis seo treoraíocht an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le teanndáileoga a thabhairt ó 6 mhí tar éis chríochnú na sraithe vacsaínithe príomhúla, agus déanann sé foráil maidir le tréimhse bhreise 3 mhí lena áirithiú go bhféadfaí na feachtais vacsaínithe náisiúnta a oiriúnú agus na teanndáileoga a chur ar fáil do shaoránaigh. Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, níor cheart do na Ballstáit glacadh le deimhnithe vacsaínithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil má bhíonn níos mó ná 270 lá caite ó tugadh an dáileog a léirítear leo. An tráth céanna, agus chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, níor cheart do na Ballstáit, chun críoch an taistil, foráil a dhéanamh maidir le tréimhse inghlachta ní ba ghiorra ná 270 lá. Laistigh den tréimhse chaighdeánach inghlachta sin, ba cheart do gach Ballstát glacadh fós le deimhnithe vacsaínithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil, fiú má bhíonn an Ballstát sin ag tabhairt teanndáileog cheana féin.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh láithreach chun a áirithiú go mbeidh an vacsaíniú ar fáil do na grúpaí sin den phobal ar eisíodh deimhnithe vacsaínithe dóibh cheana atá ag druidim le teorainn na tréimhse caighdeánaí inghlachta, agus go mbeidh rochtain acu ar an vacsaíniú sin, é sin agus lánaird á tabhairt ar na cinnidh náisiúnta maidir le tosaíocht grúpaí éagsúla den phobal i dtaca le himscaradh na vacsaíní i bhfianaise an bheartais náisiúnta agus na staide eipidéimeolaíochta. Ba cheart do na Ballstáit freisin na saoránaigh a chur ar an eolas maidir leis an tréimhse chaighdeánach inghlachta agus leis an ngá atá ann le teanndáileoga a fháil.

<sup>(?)</sup> <https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/rapid-risk-assessment-sars-cov-2-november-2021>

<sup>(?)</sup> <https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/covid-19-assessment-further-emergence-omicron-18th-risk-assessment>



- (12) Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse chaighdeánach inghlacthachta 270 lá maidir le deimhnithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil, bíodh gur shraith phríomhúil aon dáileoige a bheadh inti, nó sraith phríomhúil dhá dháileog, nó, de réir straitéis vacsaínithe an Bhallstáit inar tugadh an vacsaíniú, sraith phríomhúil aon dáileoige de vacsaín dhá dháileog i gcás duine a raibh ionfhabhtú SARS-CoV-2 air cheana. Ba cheart feidhm a bheith aici maidir leis na deimhnithe vacsaínithe uile, is é sin, gan beann ar an vacsaín in aghaidh COVID-19 a léirítear ann.
- (13) Mar a thuairiscigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, tréimhsí iarchúraim gairide tar éis thabhairt na teanndáileoige atá i gceist sna staidéir atá ar fáil, agus tá gá le breis faireacháin ar na sonraí chun an tréimhse imdhíonachta ar ionfhabhtú, ar ghalair éadrom agus ar ghalair tromchúiseach tar éis na teanndáileoige a shuí. Go dtí seo, níl aon staidéar ann a thugann aghaidh go sainráite ar éifeachtacht na dteanndáileog in aghaidh tharchur SARS-CoV-2 agus dá bhrí sin ní féidir, go fóill, tréimhse inghlacthachta a leagan síos maidir le deimhnithe lena léirítear gur tugadh teanndáileog. Léiríonn na sonraí atá ag teacht chun cinn maidir le héifeachtacht na dteanndáileog chun cosaint thréan in aghaidh an ionfhabhtaithe a athnuachan, áfach, gur dócha go n-imreoidh siad tionchar tábhachtach maidir leis an tarchur ar aghaidh a shrianadh. Is réasúnta a bheith ag súil leis go mairfidh an chosaint ó vacsaínithe teanndáileoige níos faide ná an chosaint ón tsraith phríomhúil. Dá bhrí sin, níor cheart, ag an gcéim seo, feidhm a bheith ag aon tréimhse inghlacthachta maidir le deimhnithe lena léirítear gur tugadh teanndáileog, gan beann ar cé acu ar tugadh an teanndáileog laistigh den tréimhse inghlacthachta 270 lá a bhaineann le deimhnithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith phríomhúil vacsaínithe, nó ar tugadh í tar éis na tréimhse sin.
- (14) Maille leis sin, níor cheart aon tréimhse inghlacthachta a leagan síos maidir le dáileoga breise a thugtar chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine nach léiríonn freagairt imdhíonachta leordhóthanach tar éis dóibh an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú. Dá mba ghá idirdhealú a dhéanamh idir dáileoga breise den chineál sin agus teanndáileoga, bheadh an riosca ann go nochtfaí stádas sláinte na ngrúpaí leochaileacha sin le fachnaois. Ba cheart, mar sin, a thuiscint go gcumhdaítear na dáileoga breise sin freisin le tagairtí do theanndáileoga sa Rialachán seo.
- (15) Is gá faireachán agus athmheastóireacht rialta a dhéanamh ar an gcur chuige maidir leis an tréimhse inghlacthachta chun a mheasúnú an mbeadh oiriúnuithe ag teastáil ar bhonn fianaise eolaíoch nua a bheadh ag teacht chun cinn, lena n-áirítear fianaise i ndáil leis an tréimhse inghlacthachta le haghaidh deimhnithe lena léirítear gur tugadh teanndáileog. Ós rud é nach bhfuil aon mholadh ann faoi láthair ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach go dtabharfaí teanndáileoga do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, ba cheart a mheasúnú freisin, san athmheastóireacht sin, an mbeadh údar le díolúintí ón tréimhse chaighdeánach inghlacthachta i gcás an aoisghrúpa sin.
- (16) Níor cheart an tréimhse chaighdeánach inghlacthachta a chur isteach mar réimse sonraí nua sa deimhniú vacsaínithe, ach ba cheart é a chur i bhfeidhm ar leibhéal an fhíoraithe, trí oiriúnú a dhéanamh ar na feidhmchláir mhóibíleacha a úsáidtear chun Deimhnithe Digiteacha COVID AE a fhíorú. Má thaispeántar don fhíoraitheoir deimhniú vacsaínithe ábhartha lena léirítear dáta vacsaínithe atá níos faide siar ná an tréimhse inghlacthachta 270 lá, ba cheart don fheidhmchlár móibíleach a úsáidtear le haghaidh fíoraithe a léiriú go bhfuil an deimhniú imithe in éag. Má chuirtear an tréimhse chaighdeánach inghlacthachta i bhfeidhm ar leibhéal an fhíoraithe beidh an obair leantach maidir le hathruithe amach anseo san fhianaise eolaíoch níos éasca ná mar a bheadh dá gcuirfí dáta éaga socraithe sna deimhnithe. Chun an tréimhse chaighdeánach inghlacthachta a chur i bhfeidhm ar leibhéal an fhíoraithe, ba cheart an réimse sonraí maidir le dáta an vacsaínithe a mhodhnú. Is fearr é sin ná réimse sonraí nua a chur isteach go sonrach maidir le dáta éaga an deimhnithe vacsaínithe. Dá gcuirfí réimse sonraí nua isteach, is é a leanfadh gur ghá na deimhnithe vacsaínithe a eisíodh cheana féin a atheisiúint, é sin nó córais theicniúla a bhunú a bheadh in inmhe léirmhíniú a dhéanamh, an tráth céanna, ar dheimhnithe vacsaínithe a eisíodh cheana féin gan dáta éaga iontu, agus ar dheimhnithe vacsaínithe nua-eisithe a bhfuil dáta éaga iontu. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na tréimhse caighdeánaí inghlacthachta le haghaidh deimhnithe vacsaínithe a áirithiú, ba cheart í a ionchorprú i bhfeidhmchláir fíoraithe na mBallstát uile.
- (17) I gcomhréir le hAirteagal 3(10) agus Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953, táthar le glacadh le deimhnithe vacsaínithe a chumhdaítear le gníomh cur chun feidhme a glacadh de bhun na bhforálacha sin, ar na coinníollacha céanna ar a nglactar le Deimhnithe Digiteacha COVID AE. Dá réir sin, níor cheart glacadh le deimhnithe den chineál sin má léirítear leo gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil agus má bhíonn níos mo ná 270 lá caite ó tugadh an dáileog a léirítear iontu.
- (18) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/953 a leasú dá réir.
- (19) De bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/953, más rud é, i gcás ina dtiocfaidh fianaise eolaíoch nua chun cinn, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta práinne dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Rialachán sin maidir le gníomhartha tarmlichte a ghlactar de bhun Airteagal 5(2).

- (20) I bhfianaise na bhfreagairtí éagsúla is léir cheana ó na Ballstáit ar an bhfianaise eolaíoch nua atá ag teacht chun cinn maidir leis an tréimhse chosanta is toradh ar an tsraith phríomhúil de vacsaín in aghaidh COVID-19 a chríochnú, éilítear ar mhórfhorais phráinne go n-úsáidfean an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/953. Dá gcuirfí moill ar bheart láithreach bheadh an riosca ann go rachadh na héagsúlachtaí sin i ndonas agus dhéanfaí dochar don iontaoibh i nDeimhniú Digiteach COVID AE. Maille leis sin, bheadh na saoránaigh ag tabhairt aghaidh ar thréimhse fhada de rialacha aontaobhacha maidir le hinghlacthacht a ndeimhnithe vacsaínithe.
- (21) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann le paindéim COVID-19, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Chun go mbeidh dóthain ama ann chun an tréimhse chaighdeánach inghlacthachta a chur chun feidhme go teicniúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Feabhra 2022.
- (22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*) agus thug sé barúlacha foirmiúla an 14 Nollaig 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) dáta an vacsaínithe, lena léirítear dáta na dáileoige is déanaí a fuarthas (ní ghlacfar le deimhnithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil ach amháin mura mbíonn níos mó ná 270 lá caite ó dháta na dáileoga is déanaí sa tsraith sin);’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an tríú tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

(\*) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2289 ÓN gCOIMISIÚN****an 21 Nollaig 2021****lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha i dtaca le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Fhorbairt Talmhaíochta (CEFT) agus ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 117 agus Airteagal 150(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 104(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, bunóidh na Ballstáit Pleananna Straitéiseacha CBT i gcomhréir leis an Rialachán sin chun tacaíocht ón Aontas atá á maoiniú ag CERT agus CETFT a chur chun feidhme. Ba cheart rialacha maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT a leagan síos, bunaithe go háirithe ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 107 go 115 den Rialachán sin.
- (2) Chun gur féidir leis an gCoimisiún measúnú comhsheasmhach iomlán a dhéanamh ar ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit iarscríbhinní breise a áireamh nach gceanglaítear de bhun Airteagal 115 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus nach bhfuil faoi réir a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 118 agus Airteagal 119 den Rialachán sin.
- (3) Foráiltear le hAirteagal 150(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 go mbunóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas faisnéise chun go bhféadfaidh an Coimisiún agus gach Ballstát sonraí comhleasa a mhalartú eatarthu ar bhealach slán. Is gá foráil a dhéanamh maidir le rialacha le haghaidh oibriú an chórais sin, agus go háirithe sciar na bhfreagrachtaí atá ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit i ndáil leis sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 nó leis na gníomhartha tarmlichte nó cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin.
- (4) Ós rud é nach mór rialacha a bheith ag na Ballstáit maidir le cur i láthair ghnéithe na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir le tarchur na bpleananna sin agus iad á gcur faoi bhráid an Choimisiúin acu lena bhformheas, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1***Ábhar an Phlean Straitéisigh CBT**

Cuirfidh na Ballstáit i láthair ábhar an Phlean Straitéisigh CBT dá bhforáiltear i dTeideal V, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

*Airteagal 2***Iarscríbhinní breise a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT**

Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a chur isteach mar iarscríbhinní ar leith a ghabhann lena bPlean Straitéiseach CBT de bhreis ar na hiarscríbhinní a leagtar amach in Airteagal 115 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Ní bheidh feidhm ag formheas an Phlean Straitéisigh CBT i gcomhréir le hAirteagal 118 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus ag leasú a fhormheastar ar an bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 119(10) den Rialachán sin maidir leis na hiarscríbhinní breise sin.

*Airteagal 3***Córas leictreonach um malartú slán faisnéise**

Déanfaidh na Ballstáit malartuithe faisnéise atá le déanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 nó i gcomhréir leis na gníomhartha tarmlichte nó cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin trí bhíthin an chórais leictreonaigh um malartú slán faisnéise ar a dtugtar “SFC2021”, a bhfuil freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát ina leith leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

De mhaolú ar mhír 1, faisnéis a bhaineann le Teideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115 atá le seoladh ag na Ballstáit de bhun an ghnímh cur chun feidhme atá le glacadh ar bhonn Airteagal 143(4) den Rialachán sin, tarchuirfear an fhaisnéis sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> agus trí bhíthin an chórais atá bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

## IARSCRÍBHINN I

**Cur i láthair ábhar an Phlean Straitéisigh CBT****1. Ráiteas straitéiseach**

Tabharfar achoimre san fhorléargas ar an bPlean Straitéiseach CBT ar a bhfuil sé d'aidhm ag CBT a bhaint amach i gcríoch an Bhallstáit. Díreofar ann ar na príomhthorthaí agus na príomhidirghabhálacha a bhfuil coinne leo, lena n-áirítear gnéithe ábhartha den ailtireacht ghlas, i bhfianaise na riachtanas sainaitheanta, agus déanfar achoimre ar roghanna tábhachtacha maidir le leithdháileadh airgeadais. Léireofar ann conas a bhaineann na gnéithe sin le chéile. Féadfar príomhphointí a sholáthar maidir leis an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na príomhghnéithe a soláthraíodh sna moltaí ón gCoimisiún i dtaca leis an bPlean Straitéiseach CBT.

**2. Measúnú ar riachtanais, straitéis idirghabhála, táscairí comhthéacs agus plean sprice****2.1. Measúnú ar riachtanais**

Maidir le gach cuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115, san fhoroinn seo den Phlean Straitéiseach CBT beidh na nithe seo a leanas:

- (a) achoimre ar an staid i dtéarmaí láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (“an anailís SWOT”) ina ceithre chuid (láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí);
- (b) sainaitheant gach riachtanais agus tuairisc ar gach riachtanas, gan beann ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar aghaidh orthu le hidirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT. Aireofar leis sin:
  - (i) tuairisc ar an riachtanas, lena n-áirítear cineálacha limistéar nó críoch lena mbaineann i gcás inarb ábhartha;
  - (ii) an nasc idir gach riachtanas agus ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115;
  - (iii) maidir leis an gcuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, measúnú ar na riachtanais sin i ndáil le dáileadh níos cothroime agus spriocdhírú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i dtaca le híocaíochtaí díreacha agus i gcás inarb ábhartha, an struchtúr feirme á chur san áireamh, agus measúnú ar na riachtanais i ndáil le bainistíocht riosca;
  - (iv) maidir leis na riachtanais a bhfuil baint acu leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (d), pointe (e) agus pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, conas a cuireadh san áireamh na spriocanna ábhartha agus gnéithe eile de na pleananna náisiúnta comhshaoil agus aeráide a eascraíonn as na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin. Cuirfear in iúl go soiléir sa tuairisc cé na riachtanais a bhfuil baint acu le cé acu de na spriocanna ábhartha nó le cé acu de na pleananna comhshaoil agus aeráide.

Saineofar san fhoroinn seo ar leibhéal an Phlean Straitéisigh CBT:

- (a) ord tosaíochta na riachtanas, lena n-áirítear údar maith leis na roghanna arna ndéanamh agus an modh agus na critéir a úsáideadh;
- (b) i gcás inarb ábhartha, míniú ar na cúiseanna nach dtugtar aghaidh ar riachtanais áirithe nó a dtugtar aghaidh orthu go pointe áirithe sa Phlean Straitéiseach CBT;
- (c) i gcás inarb ábhartha, measúnú ar riachtanais na limistéar geografach sonrath, amhail na réigiúin is forimeallaí, limistéir shléibhtiúla agus oileánacha.

**2.2. Straitéis idirghabhála**

San fhoroinn seo beidh an méid seo a leanas maidir le gach cuspóir sonrath dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115:

- (a) tuairisc ar an straitéis idirghabhála, lena mínítear an chaoi a meastar go n-oibreoidh an meascán d'idirghabhálacha, agus gnéithe tábhachtacha eile den Phlean Straitéiseach CBT, le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, lena n-áirítear gnéithe críochacha, conas a rannchuidíonn idirghabhálacha ar bhealach díreach agus suntasach leis an gcuspóir sonrath agus conas a nascann siad le hionstraimí ábhartha eile lasmuigh den Phlean Straitéiseach CBT;

- (b) rogha de na táscairí toraidh ar bhonn an mheasúnaithe ar riachtanais, lena n-áirítear an t-údar leis na spriocanna agus na garspriocanna gaolmhara le haghaidh an Phlean Straitéisigh CBT iomlán, bunaithe ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115. Beidh na naisc idir táscairí toraidh agus cuspóirí comhsheasmhach leis an measúnú ar riachtanais agus leis an loighic idirghabhála, agus cuirfear san áireamh na naisc idir idirghabhálacha agus táscairí toraidh.

Socróidh na Ballstáit spriocluach amháin in aghaidh an táscaire toraidh le haghaidh thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh CBT.

Nuair is cóimheas atá sa sprioc, soláthróidh na Ballstáit an t-uimhreoire agus an t-ainmneoir. Beidh luachanna na spriocanna agus na ngarspriocanna bliantúla comhleanúnach agus comhoiriúnach leis na riachtanais agus le luachanna aschuir bheartaithe na n-idirghabhálacha a bhfuil baint acu leis na táscairí toraidh comhfhreagracha agus áireofar iontu, i gcás inarb ábhartha, an maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115;

- (c) míniú ar an gcaoi a mbeifear in ann na spriocanna a bhaint amach leis na hidirghabhálacha agus ar an gcaoi a bhfuil na hidirghabhálacha comhleanúnach le chéile agus comhoiriúnach dá chéile;
- (d) réasúnú go bhfuil na leithdháiltí airgeadais ar na hidirghabhálacha leordhóthanach chun na spriocanna atá leagtha amach a bhaint amach, agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis an bplean airgeadais;
- (e) i gcás inarb ábhartha, an t-údar atá le InvestEU a úsáid agus a rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115 agus a roghnaítear faoin bPlean Straitéiseach CBT a bhaint amach.

Áireofar san fhoroinn seo freisin míniú ar an rannócaíocht náisiúnta chun spriocanna an Aontais le haghaidh 2030 a leagtar amach sa Straitéis “Ón bhFeirm go dtí an Forc” agus i Straitéis Bhiathéagsúlachta an Aontais a bhaint amach ionas go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht agus ar rannchuidiú an Phlean Straitéisigh CBT atá beartaithe le reachtaíocht agus gealltanais chomhshaoil agus aeráide an Aontais agus, go háirithe, le spriocanna ábhartha an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh faisnéise a chur in iarscríbhinn bhreise a ghabhfaidh leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo.

### 2.3. Táscairí comhthéacs

Maidir leis na táscairí comhthéacs a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a úsáidtear mar ainmneoirí táscairí toraidh, soláthrófar san fhoroinn seo an luach bonnlíne agus an bhliain bhonnlíne, trí úsáid a bhaint as na sonraí is déanaí atá ar fáil.

### 2.4. Plean Sprice

Maidir le gach táscaire toraidh a roghnaítear le haghaidh na loighce idirghabhála i gcomhréir le foroinn 2.2, pointe (b), léireofar san fhoroinn seo, i dtábla achoimreach, an spriocluach agus na garspriocanna bliantúla.

## 3. Comhsheasmhacht na straitéise

Maidir le gach foroinn, soláthrófar sa roinn seo forléargas ar shineirgí agus ar chomhlántachtaí a eascraíonn as meascán d'idirghabhálacha agus de choinníollacha a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach CBT.

Áireofar sa roinn seo na foranna seo a leanas:

### 3.1. Forléargas ar an ailtireacht chomhshaoil agus aeráide

Áireofar san fhoroinn seo tuairisc ar:

- (a) rannchuidiú foriomlán na coinníollachta leis na cuspóirí a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid;
- (b) an chomhlántacht idir na coinníollacha bunlíne ábhartha, dá dtagraítear in Airteagal 31(5) agus Airteagal 70(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, an choinníollacht agus na hidirghabhálacha éagsúla lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointe (d), pointe (e), agus pointe (f), den Rialachán sin;
- (c) an bealach a mheastar a bhainfeadh amach an uailmhian mhéadaithe maidir le cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid, mar a leagtar amach in Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/2115;

- (d) míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn an ailtireacht chomhshaoil agus aeráide leis na spriocanna náisiúnta fadtéarmacha a leagtar amach sna gníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 nó a eascraíonn astu, agus míniú ar an gcaoi a bhfuil sí comhsheasmhach leis na spriocanna sin;
- (e) maidir le gach DRTC, tuairisc ar an mbealach a gcuirtear caighdeán an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas: achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm, ar an raon feidhme críochach, ar an gcineál feirmeoirí atá faoi réir an chaighdeáin agus, i gcás inar gá, tuairisc ar an gcaoi a rannchuidíonn an cleachtas le príomhchuspóir an chaighdeáin DRTC a bhaint amach.

Áireofar sa tuairisc sin an fhaisnéis seo a leanas:

- (i) maidir le DRTC 1: achoimre ar na hoibleagáidí ar an bhfeirm, amhail údarú agus ath-chomhshó agus rialacha eile i gcás ina dtiteann cóimheas an fhéarthalamh bhuaín i ndáil leis an limistéar talmhaíochta iomlán faoin gcóimheas tagartha, an leibhéal críochach (leibhéal náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach, gabháiltais) chun cóimheas tagartha an fhéarthalamh bhuaín a ríomh i ndáil leis an limistéar talmhaíochta iomlán, luach an chóimheasa tagartha ar na leibhéil is infheidhme chomh maith le míniú ar a ríomh;
- (ii) maidir le DRTC 2, léiriú ar:
- na príomhchineálacha limistéar talmhaíochta sna limistéir talaimh portaigh agus sna limistéir bhogaigh a shainnítear agus a ainmnítear;
  - na ceanglais a chuirfeadh i bhfeidhm maidir leis na cineálacha éagsúla talaimh talmhaíochta chun ithreacha atá ar mhórán carbóin a chosaint;
  - bliain tosaigh chur i bhfeidhm an DRTC; má tá an cur i bhfeidhm beartaithe le haghaidh na bliana éilimh 2024 nó 2025, tabharfar an t-údar leis an moill sin bunaithe ar na riachtanais agus ar an bpleanáil a mhéid a bhaineann leis an gcóras bainistíochta dá dtagraítear i bhfonóta 1 a ghabhann le DRTC 2 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115;
  - má tá cur i bhfeidhm an DRTC sin beartaithe le haghaidh na bliana éilimh 2024 nó 2025, soláthrófar an tuairisc ar an gcineál limistéar talmhaíochta sa limistéar ainmnithe agus achoimre ar na cleachtais ar an bhfeirm ar a dhéanaí sa Phlean Straitéiseach CBT a fhormheasfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115 roimh chéad bhliain chur i bhfeidhm an DRTC;
- (iii) maidir le DRTC 3: léiriú ar na coinníollacha maidir leis an maolú ar chúiseanna sláinte plandaí;
- (iv) maidir le DRTC 4:
- leithead is lú na stiallacha maolánacha agus an sainmhíniú ar chúrsaí uisce atá le cosaint tríd an gcaighdeán sin a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, atá le soláthar sa raon feidhme críochach;
  - míniú ar na cúinsí áitiúla sonracha, má choigeartaíonn na Ballstáit leithead is lú na stiallacha maolánacha i limistéir ina bhfuil dí-uisciú suntasach agus díoga uiscithe;
- (v) maidir le DRTC 5: achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm lena sonraítear an grádán fána agus, lena sainnítear, i gcás inarb ábhartha, na limistéir atá i mbaol creimthe;
- (vi) maidir le DRTC 6:
- achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm lena sonraítear an tréimhse nó na tréimhsí is íogaire lena mbaineann agus an cineál cumhdaigh ithreach;
  - Má chuireann na Ballstáit fonóta 2 a ghabhann le DRTC 6 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 i bhfeidhm, míniú ar choinníollacha sonracha na réigiún lena mbaineann;
- (vii) maidir le DRTC 7:
- achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm lena sonraítear na cleachtais uainíochta agus an sainmhíniú ar bharr agus ar bharr tánaisteach;
  - an cineál feirmeoirí lena mbaineann, lena n-áirítear na díolúintí a chuirtear i bhfeidhm dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115;

- i gcás ina n-údaráíonn an Ballstát cleachtais a bhaineann le huainíocht fheabhsaithe barr le barra léagúmacha agus le héagsúlú barr i réigiúin shonracha i gcríoch an Bhallstáit dá dtagraítear i bhfonóta 3 a ghabhann le DRTC 7 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, míniú ar rannchuidiú na gcleachtas sin le hacmhainn na hithreach a chaomhnú i gcomhréir le cuspóirí an DRTC ar bhonn éagsúlachta na modhanna feirmeoireachta agus dálaí agra-aeráide sna réigiúin lena mbaineann agus an t-údar leis an rogha a rinneadh;
- (viii) maidir le DRTC 8:
- míniú ar rogha na roghanna arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir leis an sciar íosta de thalamh arúil atá dírithe ar limistéir nó ar ghnéithe neamhtháirgiúla, go háirithe mura bhfuil na trí rogha a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 infheidhme;
  - an sciar sonrach nó na sciartha sonracha de thalamh arúil atá faoi réir an chaighdeáin;
  - léiriú ar ghnéithe tírdhreacha agus limistéir neamhtháirgiúla ón liosta táscach seo a leanas: talamh branair, fála sceach, crainn aonair nó grúpaí crann, línte crann, imill pháirce, paistí, stiallacha maolánacha, díoga, srutháin, linnte beaga, bogaigh bheaga, ballaí cloiche, cairn, léibhinn, gnéithe cultúrtha, eile;
  - maidir le gach cineál gné tírdhreacha agus limistéir neamhtháirgiúil arna roghnú ag na Ballstáit i measc na gcineálacha ar an liosta táscach faoin dara fleasc den phointe sin, léiriú ar an íosmhéid agus ar na tosca ualúcháin nó na fachtóirí coinbhéartachta a úsáidtear chun an sciar íosta de ghnéithe tírdhreacha agus limistéir neamhtháirgiúla i dtalamh arúil a ríomh de réir a rannchuidithe leis an gculpóir bithéagsúlachta, i gcás inarb infheidhme;
  - an fhaisnéis ar an gcineál feirmeoirí lena mbaineann, lena n-áirítear na díolúintí a chuirtear i bhfeidhm dá dtagraítear i bhfonóta 1 a ghabhann le DRTC 8 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115;
  - liosta na ngnéithe tírdhreacha lena mbaineann de réir an chaighdeáin maidir le gnéithe tírdhreacha a choinneáil;
  - na bearta chun speicis plandaí ionracha a sheachaint i gcás inarb infheidhme;
- (ix) maidir le DRTC 9: gnéithe chun féarthalamh buan íogair comhshaoil agus líon táscach comhfhreagrach na heicteár a ainmniú;
- (f) nuair a leagann na Ballstáit caighdeáin bhreise DRTC síos sa bhreis ar na caighdeáin a leagtar síos in Iarscríbhinn III a bhaineann le príomhchuspóirí na hIarscríbhinne sin, de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, míniú ar an gcleachtas ar an bhfeirm, an raon feidhme críochach, an cineál feirmeoirí atá faoi réir an chaighdeáin agus tuairisc ar an gcaoi a rannchuidíonn an caighdeán leis an gculpóir a bhaint amach;
- (g) i gcás inarb ábhartha, míniú ar rannchuidiú CBT le tacaíocht a ghairí agus cur le Tionscadail Straitéiseacha Dúlra chomhtháite a théann chun tairbhe do phobail na bhfeirmeoirí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

### 3.2. Forléargas ar na hidirghabhálacha agus na coinníollacha ábhartha le haghaidh feirmeoirí óga

Soláthrófar san fhoroinn seo na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 109(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus, i gcás inarb ábhartha, míniú ar rannchuidiú CBT i leith shoghluaisteacht foghlama trasnáisiúnta na ndaoine i réimse na forbartha talmhaíochta agus tuaithe agus béim á leagan ar fheirmeoirí óga agus ar mhná i gceantair thuaithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).



- 3.3. *Forléargas ar an gcaidreamh idir tacaíocht ioncaim chúpláilte agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* (\*)

Soláthrófar san fhoroinn seo na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 109(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115.

- 3.4. *Forléargas maidir leis an aidhm i ndáil le dáileadh níos cothroime agus spriocdhírú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar thacaíocht ioncaim*

Soláthrófar san fhoroinn seo na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 109(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/2115.

- 3.5. *Forléargas ar na hidirghabhálacha a bhaineann leis an earnáil*

Soláthrófar san fhoroinn seo na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 109(2), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/2115. Ina theannta sin, áireofar san fhorléargas in aghaidh na hearnála i gcás inarb ábhartha, comhlántacht le gnéithe na coinníollachta.

- 3.6. *Forléargas ar na hidirghabhálacha a rannchuidíonn le cur chuige comhleanúnach agus comhtháite a áirithiú i ndáil le bainistíocht riosca*

Míneofar san fhoroinn seo an meascán d'idirghabhálacha, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an rogha a leagtar síos in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115, atá ceaptha chun rannchuidiú le cur chuige comhleanúnach agus comhtháite maidir leis an mbainistíocht riosca a áirithiú.

- 3.7. *Idirghníomhú idir idirghabhálacha agus gnéithe náisiúnta agus réigiúnacha*

Áireofar san fhoroinn seo:

- (a) i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an idirghníomhú idir na hidirghabhálacha náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear dáileadh na leithdháiltí airgeadais in aghaidh na hidirghabhála agus in aghaidh an chiste;
- (b) i gcás ina mbunaítear gnéithe den Phlean Straitéiseach CBT ar an leibhéal réigiúnach, míniú ar an gcaoi a n-áirithítear leis an straitéis idirghabhála comhleanúnachas agus comhsheasmhacht na ngnéithe sin le gnéithe an Phlean Straitéisigh CBT atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta.

- 3.8. *Forléargas ar an rannchuidiú leis an gcuspóir maidir le feabhas a chur ar leas ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/2115*

Soláthrófar san fhoroinn seo na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 109(2), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/2115.

- 3.9. *Míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn na hidirghabhálacha agus na gnéithe atá i gcoiteann i roinnt idirghabhálacha le simpliú le haghaidh na dtairbhíthe deiridh agus leis an ualach riaracháin a laghdú*

Áireofar leis an míniú sin go háirithe bearta a dhéanfar i gcur chun feidhme an CBT tríd an teicneolaíocht agus trí shonraí a chuidíonn le bainistíocht agus riarachán CBT a shimpliú, agus trí dhearadh na n-idirghabhálacha sa Phlean Straitéiseach CBT a shimpliú.

#### 4. **Gnéithe i gcoiteann i roinnt idirghabhálacha**

- 4.1. Sainmhínte agus íoscheanglais

Áireofar san fhoroinn seo an méid seo a leanas:

- (a) **gníomhaíocht talmhaíochta**

Maidir leis an sainmhíniú ar tháirgeadh talmhaíochta, ní sholáthróidh na Ballstáit faisnéis ach amháin i gcás ina leasaíonn siad an sainmhíniú i gcomparáid le hAirteagal 4(1), pointe (c)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*).

(\*) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

(\*) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híoscaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta laistigh de chreat an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

Maidir leis an sainmhíniú ar chothabháil an limistéir talmhaíochta, soláthrófar sainmhíniú den sórt sin le haghaidh gach cineál limistéir talmhaíochta (talamh arúil, barra buana agus féarthalamh buan). I gcás ina sainíonn na Ballstáit ceanglais ar leith maidir le talamh branair, sonrúf an méid sin;

(b) **limistéar talmhaíochta**

Soláthrófar gnéithe comhlántacha an tsainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2115 i gcás inarb ábhartha.

Go háirithe, soláthrófar faisnéis maidir leis na gnéithe seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

- (i) gnéithe na gcóras agrahoraóiseachta nuair a bhunófar ar an limistéar talmhaíochta iad nó nuair a dhéanfar iad a chothabháil ar an limistéar talmhaíochta, agus sonrúf na gnéithe sin maidir le gach cineál limistéar talmhaíochta (talamh arúil, barra buana agus féarthalamh buan);
- (ii) an sainmhíniú ar iasclanna;
- (iii) an sainmhíniú ar roschoill ghearruainíochta, lena n-áireofar ar a laghad an timthriall buainte, liosta na speiceas nó na gcatagóirí plandaí agus an dlús plandála;
- (iv) maidir le féarthalamh buan, tuairisc ar gach gné aonair a úsáidtear sa sainmhíniú air, amhail curaíocht, treabhadh, athshíolú le cineálacha éagsúla féar, nó cleachtais áitiúla sheanbhunaithe;

(c) **heicteár incháilithe**

Soláthrófar gnéithe comhlántacha an tsainmhínithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2115, go háirithe maidir leis na gnéithe seo a leanas, i gcás inarb ábhartha:

- (i) critéir chun iomadúlacht na gníomhaíochta talmhaíochta a bhunú i gcás ina n-úsáidtear an talamh le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta freisin;
- (ii) critéir chun a áirithiú go bhfuil an talamh ar fáil don fheirmeoir;
- (iii) tréimhse nach mór an limistéar an sainmhíniú ar “heicteár incháilithe” a chomhlíonadh;
- (iv) mura féidir limistéir a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta ach gach dara bliain, an t-údar atá le cinneadh den sórt sin bunaithe ar chúiseanna a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an mbithéagsúlacht agus leis an aeráid;
- (v) más féidir gnéithe tírdhreacha nach bhfuil cosanta faoi DRTC a áireamh, tuairisc orthu sin, amhail a n-uasmhéid agus sciar uasta na dáileachta a fhéadfaidh na gnéithe tírdhreacha sin a áitiú i gcás inarb infheidhme;
- (vi) má chuirtear comhéifeachtaí laghdaithe seasta i bhfeidhm maidir le féarthalamh buan a bhfuil gnéithe scaipthe neamh-incháilithe acu chun an limistéar a mheastar a bheith incháilithe a chinneadh, tuairisc ar phrionsabail a chuirtear i bhfeidhm taobh thiar de na comhéifeachtaí laghdaithe;
- (vii) i gcás ina gcinntear incháilitheacht na limistéar a bhí incháilithe roimhe sin a choinneáil i gcás nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar “heicteár incháilithe” de bhun Airteagal 4(4), pointe (a) agus pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 mar thoradh ar chur chun feidhme na scéimeanna náisiúnta, tuairisc ar na scéimeanna náisiúnta sin lena n-áirítear:
  - comhlíontacht na scéimeanna sin le ceanglais an chórais chomhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR);
  - an infheidhmeacht maidir le saothrú táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) trí riascshaothrú; agus
  - an rannchuidiú leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (d), pointe (e) agus pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(d) **feirmeoir gníomhach**

Maidir leis an sainmhíniú ar fheirmeoir gníomhach, soláthrófar na nithe seo a leanas:

- (i) critéir chun na feirmeoirí a bhfuil íosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar siúl acu a shaináithint;
- (ii) i gcás ina n-úsáidtear liosta diúltach de gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta mar uirlis chomhlántach, an tuairisc air;
- (iii) i gcás inarb ábhartha, méid na n-íocaíochtaí díreacha (nach mó ná EUR 5 000) agus an t-údar atá le méid na n-íocaíochtaí díreacha sin faoina mheasfar feirmeoirí mar “feirmeoirí gnóthacha” in aon chás;

(e) **feirmeoir óg**

Maidir leis an sainmhíniú ar fheirmeoir óg, soláthrófar na nithe seo a leanas:

- (i) an uasteorainn aoise;
- (ii) na coinníollacha faoina ndeimhnítear “ceann an ghabháltais”;
- (iii) an oiliúint agus/nó na scileanna iomchuí is gá;

(f) **feirmeoir nua**

Maidir leis an sainmhíniú ar fheirmeoir nua, soláthrófar na nithe seo a leanas:

- (i) na coinníollacha faoina ndeimhnítear “ceann an ghabháltais” den chéad uair;
- (ii) an oiliúint nó na scileanna iomchuí is gá;

(g) **na híoscheanglais chun íocaíochtaí díreacha a fháil**

Maidir leis na híoscheanglais i dtaca le híocaíochtaí díreacha a fháil, soláthrófar tuairisc ar na tairseacha agus an t-údar atá leo; soláthrófar na tairseacha sin, i gcás inarb infheidhme, i heicteáir le dhá dheachúil agus/nó, in euro le dhá dheachúil;

(h) **ceantar tuaithe**

Áireofar an sainmhíniú nó na sainmhínithe ar limistéir thuaithe agus ar an infheidhmeacht ar fud an Phlean Straitéisigh CBT;

(i) **sainmhínithe eile ar an bPlean Straitéiseach CBT**

I gcás ina n-úsáidtear sainmhínithe eile is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, forbairt tuaithe nó tacaíocht earnála ó thús deireadh an Phlean Straitéisigh CBT, tabharfar tuairisc ar na sainmhínithe sin, lena n-áirítear tuairisc ar raon feidhme sonracha a n-infheidhmeachta.

4.2. **Gnéithe a bhaineann le hidirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha**

Áireofar san fhoroinn seo:

(a) **críochú**

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar gach grúpa críoch lena n-áirítear an míniú ar na dálaí socheacnamaíocha nó agra-namaíocha comhchosúla;

(b) **teidlíochtaí íocaíochta**

Más infheidhme, maidir leis an tuairisc ar chóras na dteidlíochtaí íocaíochta, agus feidhmiú an chúlchiste, léiriú ar an gcéad bhliain gan teidlíocht má tá sé beartaithe deireadh a chur le teidlíochtaí de réir a chéile;

(c) **córas an chóineasaithe inmheánaigh**

Maidir le gach grúpa críoch más ábhartha, agus mura n-úsáidtear ráta comhréidh ón gcéad bhliain, tuairisc ar mhodh an chóineasaithe inmheánaigh, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- (i) an spriocbhliain le haghaidh an uasleibhéil maidir le luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus an t-uasleibhéal maidir le luach na dteidlíochtaí íocaíochta aonair, dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (ii) céimeanna cóineasaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (iii) i gcás inarb ábhartha, an luach ar ráta comhréidh a baineadh amach sa spriocbhliain, dá dtagraítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (iv) an spriocbhliain le haghaidh an chéatadán cóineasaithe íosta agus an luach aonaid íosta mar chéatadán den mheán-aonadmhéid atá beartaithe maidir leis an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta le haghaidh na spriocbhliana, dá dtagraítear in Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/2115;

- (v) maoiniú an chóineasaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24(6) de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (vi) i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an laghdú ar chuid de na teidlíochtaí íocaíochta a sháraíonn an meán-aonadmhéid atá beartaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24(6), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (vii) i gcás inarb ábhartha, an céatadán den laghdú uasta ar luach aonaid na teidlíochta, dá dtagraítear in Airteagal 24(7) de Rialachán (AE) 2021/2115.

(d) **feidhmiú an chúlchiste**

Maidir le gach grúpa críoch más ábhartha, míneofar feidhmiú an chúlchiste, agus sonrúfar na gnéithe seo a leanas go háirithe:

- (i) tuairisc ar an gcóras chun an cúlchiste a bhunú;
- (ii) tuairisc ar na catagóirí éagsúla feirmeoirí incháilithe, an rochtain ghaolmhar atá acu ar an gcúlchiste, leithdháileadh na teidlíochta íocaíochta nuaí nó méadú ar luach na teidlíochta íocaíochta atá ann cheana agus a n-ord tosaíochta;
- (iii) na rialacha maidir le hathshlánú airgeadais an chúlchiste;
- (iv) na rialacha maidir le dul in éag na dteidlíochtaí íocaíochta agus filleadh ar an gcúlchiste;

(e) **na rialacha a bhaineann le teidlíochtaí íocaíochta a aistriú**

I gcás inarb ábhartha, na rialacha a bhaineann le teidlíochtaí íocaíochta a aistriú;

(f) **laghdú ar íocaíochtaí díreacha**

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an laghdú ar íocaíochtaí agus caidhpeáil, lena n-áirítear go háirithe:

- (i) na tráinsí, céatadán an laghdaithe agus an míniú a thugtar orthu;
- (ii) i gcás inarb ábhartha, an modh chun costais saothair a dhealú;
- (iii) an toradh measta ar an laghdú ar íocaíochtaí díreacha agus ar chaidhpeáil le haghaidh gach bliana, agus a leithdháileadh beartaithe;

(g) **tairseacha nó teorainneacha a chur i bhfeidhm ar leibhéal na ndaoine dlítheanacha, ar leibhéal ghrúpaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó ar leibhéal ghrúpaí na n-eintiteas cleamhnaithe**

Cinntí agus réasúnuithe na dtairseach nó na dteorainneacha a leagtar síos ar leibhéal chomhaltaí na ndaoine dlítheanacha nó ghrúpaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ar leibhéal ghrúpaí na n-eintiteas dlítheanach cleamhnaithe, de bhun Airteagal 110, pointe (d)(iii), de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le gach cineál idirghabhála i gcás inarb ábhartha, rud a léiríonn cé na hidirghabhálacha lena mbaineann;

(h) **rannchuidiú le huirlisí bainistíochta riosca**

I gcás inarb ábhartha, tuairisc ar chur chun feidhme beartaithe Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-áirítear an cinneadh maidir le céatadán na n-íocaíochtaí díreacha atá le sannadh dó.

#### 4.3. Cúnamh teicniúil

Áireofar go háirithe san fhoroinn seo maidir leis an tuairisc ar úsáid an chúnamh theicniúil:

- (a) cuspóirí an chúnamh theicniúil;
- (b) a raon feidhme agus pleanáil tháscach gníomhaíochtaí;
- (c) tairbhíthe an chúnamh theicniúil;
- (d) an céatadán de ranníocaíocht iomlán an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) leis an bPlean Straitéiseach CBT atá le húsáid chun gníomhaíochtaí an chúnamh theicniúil a mhaoiniú mar chéatadán aonair thar thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT, agus dhá dheachúil leis.

#### 4.4. Líonra CBT

Áireofar go háirithe san fhoroinn seo maidir leis an tuairisc ar an líonra CBT:

- (a) achoimre ar an líonra náisiúnta CBT agus cuspóirí an líonra náisiúnta CBT, lena n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíochtaí chun tacú leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil (CEN) agus sreabha eolais laistigh de AKIS agus líonrú Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla faoi fhorbairt áitiúil faoi stiúir LEADER/an phobail;
- (b) struchtúr, rialachas agus oibriú an líonra náisiúnta CBT, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil aon chomhpháirt ar an leibhéal réigiúnach sa líonra; sciar tháscach de chistiú an chúnamh theicniúil a leithdháileadh ar an líonra agus ar an mbuiséad táscach le haghaidh na tréimhse agus an amlíne tháscach maidir le seoladh an líonra náisiúnta CBT.

#### 4.5. Comhordú, críochú agus comhlántachtaí idir CETFT agus Cistí eile an Aontais atá gníomhach i gceantair thuaithe

Áireofar san fhoroinn seo forléargas ar an gcomhordú, críochú agus comhlántachtaí idir CETFT agus Cistí eile an Aontais atá gníomhach i gceantair thuaithe, lena n-áirítear tuairisc ar chomhsheasmhacht fhoriomlán na tacaíochta i gceantair thuaithe a sholáthraítear le Cistí an Aontais, agus leagfar béim ar an gcaoi a ndéantar an úsáid a bhaintear astu a bharrfheabhsú agus míneofar na sásraí críocheithe agus comhordúcháin.

#### 4.6. Ionstraimí airgeadais

Soláthrófar san fhoroinn seo tuairisc ghinearálta ar na hionstraimí airgeadais i gcás inarb ábhartha agus an t-údar atá lena n-úsáid, lena n-áirítear:

- (a) cineál an chur chun feidhme, lena n-áirítear an rialachas;
- (b) bainisteoir féideartha an Chiste;
- (c) an cineál táirgí airgeadais a thairgtear (iasacht, ráthaíocht, cothromas);
- (d) na buntáistí a chuireann an ionstraim airgeadais ar fáil do na faighteoirí deiridh;
- (e) cumhdach críochach, i gcás inarb ábhartha;
- (f) rialacha teicniúla eile is coiteann do gach idirghabháil, amhail gnéithe comhcheangail.

#### 4.7. Gnéithe coiteanna na n-idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe nó na n-idirghabhálacha in earnálacha áirithe

Áireofar san fhoroinn seo:

- (a) roghanna maidir le ráta ranníocaíochta CETFT is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ag brath ar na cineálacha réigiún dá dtagraítear in Airteagal 91(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, agus le haghaidh catagóirí áirithe idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 91(3) den Rialachán sin;
- (b) liosta ginearálta na n-infheistíochtaí neamh-incháilithe a théann thar na hinfeistíochtaí a leagtar síos in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás inarb ábhartha;
- (c) gnéithe eile atá ábhartha maidir le cur chun feidhme roinnt idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe nó idirghabhálacha in earnálacha áirithe nach cuid den tuairisc ar idirghabhálacha iad, i gcás inarb ábhartha.

### 5. Tuairisc ar na hidirghabhálacha

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa roinn seo maidir leis na hidirghabhálacha a shonraítear sa straitéis dá dtagraítear in Airteagal 111 de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-áirítear na hidirghabhálacha a bhunaítear ar an leibhéal réigiúnach:

- (a) sainathint na hidirghabhála:
  - (i) an cineál idirghabhála lena mbaineann an idirghabháil;
  - (ii) i gcás inarb infheidhme, an earnáil a chumhdaítear;
  - (iii) an táscaire aschuir aonair a úsáidtear le haghaidh na hidirghabhála, chomh maith leis na haonaid a úsáidtear i gcás inarb ábhartha;

- (iv) cé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn an idirghabháil iomlán leis na leithdháiltí airgeadais íosta dá dtagraítear in Airteagal 92, Airteagal 93 agus Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (v) an raon feidhme críochach agus, i gcás inarb ábhartha, léiriú maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an idirghabháil chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus gnéithe réigiúnacha aici nó má tá sí trasnáisiúnta;
- (b) ranníocaíocht leis an straitéis:
- (i) nasc leis na riachtanais a dtugtar aghaidh orthu leis an idirghabháil, ó liosta na riachtanas a saináithníodh sa mheasúnú ar riachtanais dá dtagraítear i bhforoinn 2.1;
- (ii) cuspóirí sonracha gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115 a bhfuil naisc dhíreacha agus shuntasacha ag an idirghabháil leo; agus i gcás inarb iomchuí maidir le hidirghabhálacha in earnálacha áirithe, na cuspóirí sonracha gaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 46 agus Airteagal 57 den Rialachán sin;
- (iii) na táscairí toraidh gaolmhara a rannchuideoidh an idirghabháil go díreach agus go suntasach leo;
- (c) tuairisc agus coinníollacha incháilitheachta:
- (i) dearadh sonrach, ceanglais agus coinníollacha incháilitheachta na hidirghabhála, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme:
- tuairisc ar aidhm na hidirghabhála agus tuairisc fhoriomlán ar an idirghabháil, lena n-áirítear spriocdhírú sonrach, príonsabail roghnúcháin, naisc le reachtaíocht ábhartha agus idirghabhálacha eile;
  - tuairisc ar thairbhíthe incháilithe agus limistéar incháilithe agus critéir incháilitheachta ghaolmhara nó, i gcás ina soláthraítear tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais, catagóirí ginearálta na bhfaighteoirí deiridh;
  - tuairisc ar ghealltanais nó cineál(acha) oibríochta atá incháilithe do thacaíocht;
  - tuairisc ar oibleagáidí eile atá ar thairbhíthe, i gcás inarb ábhartha;
- (ii) maidir le hidirghabhálacha náisiúnta a bhfuil gnéithe réigiúnacha acu, coinníollacha incháilitheachta réigiúnacha sonracha atá comhlántach leis na coinníollacha coiteanna, má tá a leithéid beartaithe;
- (iii) i gcás inarb ábhartha, saináithint na ngnéithe bonnlíne ábhartha uile i measc DRTC agus ceanglais reachtúla bainistíochta (CRBanna), agus soláthar na gcaighdeán náisiúnta sainordaitheach ábhartha. Áireofar míniú ar an gcaoi a dtéann na gealltanais atá le comhlíonadh ag na tairbhíthe thar na ceanglais shainordaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 31(5), pointe (b), pointe (c) agus pointe (d) agus, Airteagal 70(3) agus Airteagal 72(5) de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (d) faisnéis airgeadais:
- (i) maidir le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe, rátaí ranníocaíochta CETFT is infheidhme le haghaidh na hidirghabhála, i gcás inarb ábhartha i dtaca le gach réigiún;
- (ii) maidir le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe agus maidir le scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe de réir Airteagal 31(7), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115, léiriú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil caiteachas a tugadh anonn ó chlár forbartha tuaithe le haghaidh na tréimhse 2014-2022 á áireamh go hiomlán nó i bpáirt san idirghabháil;
- (iii) maidir le hidirghabhálacha a ranníocann leis an méid íosta dá dtagraítear in Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus a leagtar síos in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis, an chuid de leithdháileadh airgeadais na hidirghabhála/na n-idirghabhálacha a bhaintear de na méideanna dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin;
- (e) tacaíocht do thairbhíthe:
- (i) maidir le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe nach gcumhdaítear le CCRR, an cineál nó na cineálacha tacaíochta (deontas nó ionstraim airgeadais);
- (ii) ag brath ar an gcineál idirghabhála, léiriú ar na nithe seo a leanas:
- maidir le scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe:
  - íocaíocht sa bhreis ar an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta; i gcomhréir le hAirteagal 31(7), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, nó

- íocaíocht a chúitíonn gach costas breise nó cuid de na costais bhreise a tabhaíodh agus ioncam a tarscaoileadh mar thoradh ar na gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 31(7), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus an fhéidearthacht costais idirbhirt a áireamh;
  - maidir le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe nach gcumhdaítear le CCRR: aisiocaíocht na gcostas incháilithe a tabhaíodh, costais aonaid, cnapshuimeanna nó maoiniú ar ráta comhréidh;
  - maidir le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe a chumhdaítear le CCRR: cúitimh, íocaíochtaí aonuaire, cnapshuimeanna, agus an fhéidearthacht costais idirbhirt a áireamh;
- (iii) i gcás inarb infheidhme, raon éagsúil na rátaí tacaíochta agus raon na tacaíochta i bhfianaise spriocdhírú na hidirghabhála;
- (iv) i gcás ina ndeonaítear íocaíochtaí ar bhonn costais bhreise agus ioncaim a tarscaoileadh, tagairt don mhodh deimhnithe chun na méideanna tacaíochta a ríomh atá le soláthar in iarscríbhinn a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT, agus léiriú maidir le cé acu a dheonaítear nó nach ndeonaítear cúiteamh iomlán nó páirtchúiteamh, i gcás inarb ábhartha;
- (v) na haonadmhéideanna atá beartaithe, lena n-áirítear:
- cód agus ainm an aonadmhéid;
  - cineál an aonadmhéid (aonfhoirmeach nó meánach);
  - i gcás inarb ábhartha, an ráta ranníocaíochta gaolmhar nó na rátaí ranníocaíochta gaolmhara;
  - i gcás inarb ábhartha, na táscairí toraidh a bhfuil naisc dhíreacha agus shuntasacha ag an aonadmhéid beartaithe leo, as na táscairí toraidh a roghnaíodh le haghaidh na hidirghabhála iomláine;
  - i gcás ina bhfuil an dá chineál tacaíochta san idirghabháil, i.e. deontais agus ionstraim airgeadais, léiriú ar an gcineál tacaíochta a chomhfhreagraíonn don aonadmhéid sin;
  - i gcás inarb ábhartha, léiriú má chomhfhreagraíonn an t-aonadmhéid atá beartaithe don chaiteachas a tugadh anonn ó chlár forbartha tuaithe sa tréimhse 2014-2022;
  - i gcás ina gcuirtear críochú dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 i bhfeidhm, léiriú ar an ngrúpa críoch a chomhfhreagraíonn don aonadmhéid sin;
  - i gcás ina bhféadfaidh aonaid tomhais éagsúla a bheith sa táscaire aschuir a roghnaítear le haghaidh na hidirghabhála, léiriú ar an aonad tomhais a chomhfhreagraíonn don aonadmhéid sin;
  - luach bliantúil beartaithe an aonadmhéid sin;
  - míniú ar an luach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an éagsúlacht ó thaobh na n-uasleibhéal agus na n-íosleibhéal de. Níl gá le míniú dá leithéid i gcás aonadmhéideanna aonfhoirmeacha a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí a dheonaítear ar bhonn costais bhreise agus ioncaim a tarscaoileadh, a soláthraítear modh deimhnithe ina leith i gcomhréir le hAirteagal 82 de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (vi) tábla ina leagtar amach na haonadmhéideanna bliantúla atá beartaithe agus na haschuir bhliantúla atá beartaithe, agus i gcás inarb ábhartha na huas-aonadmhéideanna nó na híos-aonadmhéideanna atá beartaithe. Áireofar maoiniú náisiúnta breise sna haschuir bheartaithe, i gcás inarb ábhartha. Sa tábla freisin beidh leibhéal tásach bliantúil na n-íocaíochtaí a bhfuil coinne leo maidir leis an idirghabháil agus, i gcás inarb ábhartha, an miondealú ar chaiteachas a tugadh anonn nó ar ionstraimí airgeadais. I gcás ina bhfuil sé beartaithe aschuir idirghabhála a íoc thar roinnt blianta, chun nach gcomhairfear na haschuir sin roinnt uaireanta le linn na tréimhse, ní chomhfhreagróidh na haschuir bhliantúla atá beartaithe ach amháin le líon na n-aschur atá beartaithe go tásach chun an chéad íocaíocht a fháil sa bhliain airgeadais sin;
- (vii) faisnéis maidir le measúnú Státchabhrach, lena sonraítear go háirithe an dtagann an idirghabháil faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, agus lena léirítear an cineál ionstraime Státchabhrach atá le húsáid chun an chabhair a imríteach;

(f) faisnéis bhreise a bhaineann go sonrach le cineálacha áirithe idirghabhála:

(i) i ndáil le hidirghabhálacha i bhfoirm íocaíochta díri:

- maidir leis an tacaíocht bhunúsach ioncain i dtaobh na hinbhuanaitheachta dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 2, Foroinn 2, de Rialachán (AE) 2021/2115, faisnéis shonrach agus míniú ar an íocaíocht le feirmeoirí beaga, lena n-áirítear an t-uasmhéid agus an cineál íocaíochta (cnapshuim nó in aghaidh an heicteáir);
- maidir leis an tacaíocht ioncain athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2021/2115, faisnéis shonrach agus míniú, lena n-áirítear incháilitheacht, an heicteár uasta íochta, raonta agus grúpaí críoch;
- maidir leis an tacaíocht ioncain fhorlíontach d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2021/2115, faisnéis shonrach agus míniú i dtaca leis na nithe seo a leanas:
  - na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an sainmhíniú ar “nua-bhunú”;
  - cineál agus fad na tacaíochta;
  - heicteár uasta íochta, i gcás inarb ábhartha;
  - faisnéis maidir le cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear leanúnachas leis an scéim a bhí ann roimhe sin i bhfeidhm;
- maidir le scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, léiriú ar na réimsí gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 a chumhdaítear leis an idirghabháil; léiriú maidir le cé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn na scéimeanna le comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach nua ar feadh 24 mhí ar a mhéad ón dáta a bheidh siad sainordaitheach maidir leis an ngabháltas;
- maidir le gach idirghabháil a bhaineann leis an tacaíocht ioncain chúpláilte dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 3, Foroinn 1, de Rialachán (AE) 2021/2115:
  - faisnéis a bhaineann leis na hidirghabhálacha le haghaidh barra próitéine;
  - réasúnuithe na n-earnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu, deacrachtaí na n-earnálacha sin, aidhm na hidirghabhála (feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an gcáilíocht nó ar an inbhuanaitheacht) agus conas a thabharfar aghaidh leis an aidhm sin ar dheacrachtaí agus ar chomhsheasmhacht le Treoir 2000/60/CE, i gcás inarb infheidhme, leis an aonad tomhais le haghaidh seiriceán agus lena ráta comhshó faoi seach chuig an líon feirmeoirí;

(ii) i ndáil le hidirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe:

- maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115:
  - tuairisc ar an gcineál limistéir atá incháilithe;
  - léiriú ar an gcineál gealltanais (bunaithe ar thorthaí, bunaithe ar an mbainistíocht nó hibrideach) agus ar an sásra cur chun feidhme;
  - léiriú ar fhad na gconarthaí;
  - léiriú maidir le cé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn an idirghabháil le comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach nua ar feadh 24 mhí ar a mhéad ón dáta a bheidh sí sainordaitheach maidir leis an ngabháltas;
- maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/2115, nasc chuig liosta náisiúnta na n-aonad riaracháin áitiúil ainmnithe agus léarscáil <sup>(5)</sup> na limistéir a bhfuil srianta sonracha nádúrtha iontu i dtaca le gach catagóir limistéir dá dtagraítear in Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>;
- maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115, léiriú ar an gcineál limistéir atá incháilithe;

<sup>(5)</sup> Léarscáil na limistéir uile, arna hainmniú de bhun Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).



- i gcás na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, liosta na n-infheistíochtaí neamh-incháilithe a bhaineann le raon feidhme na hidirghabhála mura bhfuil siad liostaithe cheana féin i bhforoinn 4.7, pointe (b), agus i gcás na n-idirghabhálacha in earnáil na foraoiseachta, méid na ngabháltas a bhfuil tacaíocht dóibh coinníollach ar chur i láthair na faisnéise ábhartha ó phlean bainistíochta foraoise nó ó ionstraim choibhéseach;
  - maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2021/2115, léiriú maidir le cé acu a thagann nó nach dtagann méadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh ar an infheistíocht, agus:
    - maidir le hinfeistíochtaí i bhfeabhsú suiteálacha uiscithe atá ann cheana, an coigilteas uisce féideartha is riachtanach a shloinntear mar chéatadán;
    - maidir le hinfeistíochtaí chun feabhas a chur ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana agus a dhéanann difear do dhobharlaigh a bhfuil stádas is lú ná maith acu, an ceanglas nó na ceanglais i dtaca le laghdú éifeachtach ar úsáid uisce a shloinntear mar chéatadán;
  - maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2021/2115:
    - léiriú ar an tairseach a fhágann nach mór cúiteamh a thabhairt;
    - léiriú ar an modheolaíocht chun caillteanais a ríomh agus na tosca a fhágann nach mór cúiteamh a thabhairt;
    - tuairisc ar chumhdach áirithe na gcaillteanas, chomh maith leis na forálacha atá beartaithe chun róchúiteamh a sheachaint;
  - maidir le hidirghabhálacha LEADER dá dtagraítear in Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115:
    - tuairisc ar bhreisluach chur chuige LEADER a bhfuil coinne leis agus conas a chuirtear a phrionsabail i bhfeidhm;
    - léiriú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil tacaíocht ó níos mó ná ciste amháin dá dtagraítear in Airteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup> beartaithe agus cén ciste lena bhfuil sí beartaithe;
- (g) Comhlíonadh EDT, lena n-áirítear:
- (i) maidir le hidirghabhálacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, léiriú ar an mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht (Bosca Glas), mír a bhfuil a coinníollacha á gcomhlíonadh ag an idirghabháil;
  - (ii) rogha féideartha maidir le tacaíocht ioncaim chúpláilte, dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 3, Foroinn 1, de Rialachán (AE) 2021/2115: léiriú go gcomhlíonann an idirghabháil na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 6.5 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht (Bosca Gorm);
  - (iii) míniú ar an gcaoi a gcomhlíonann an idirghabháil faoi phointe (i) nó pointe (ii) critéir an Bhosca Ghlais nó an Bhosca Ghoirm;
  - (iv) maidir le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, a mhéid a bhaineann le comhlíonadh theorainneacha sceideal EDT an Aontais i dtaca le síolta ola a leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le síolta ola faoi GATT <sup>(8)</sup>: léiriú maidir le cé acu a dhírítear nó nach ndírítear san idirghabháil ar aon cheann de na barra a chumhdaítear leis an gcomhaontú (i.e. pónaire shoighe, síolta lus na gréine, diomaite de shíolta lus na gréine lena n-íthe), agus má dhírítear, léiriú ar an limistéar tacaíochta atá beartaithe in aghaidh na bliana éilimh ábhartha.

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistíú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

<sup>(8)</sup> IO L 147, 18.6.1993, lch. 26.

## 6. Plean Airgeadais

Áireofar sa roinn seo an méid seo a leanas:

### 6.1. Tábla forléargais

Soláthróidh na Ballstáit na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 112(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Na Ballstáit ar mian leo úsáid a bhaint as an bhféidearthacht leithdháiltí a aistriú idir na Cistí dá bhforáiltear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2115, soláthróidh siad an fhaisnéis sin le haghaidh gach bliana de thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT inar mian leo an tsolúbthacht sin a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit a gcinneadh a athbhreithniú in 2025 maidir lena leithdháiltí le haghaidh na bliana airgeadais 2027.

Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear sa tábla forléargais ceadófar seiceáil a dhéanamh gur cuireadh i leataobh i gceart na leithdháiltí is gá chun na ceanglais íosta caiteachais dá bhforáiltear in Airteagail 92, 93, 95, 97 agus 98 de Rialachán (AE) 2021/2115 a urramú.

Beidh an fhaisnéis sin ina bonn chun na huasteorainneacha airgeadais a ríomh, uasteorainneacha a eascraíonn as na méideanna a chuir na Ballstáit i leataobh chun na ceanglais íosta caiteachais a leagtar amach in Airteagail 92, 93, 95, 97 agus 98 de Rialachán (AE) 2021/2115 (uasteorainneacha droim ar ais) a urramú.

Ríomhfar na híosmhéideanna agus na huasmhéideanna dá dtagraítear in Airteagail 92 go 98 de Rialachán (AE) 2021/2115 bunaithe i gcónaí ar imchlúdaigh na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 87, Airteagal 88 agus Airteagal 89 de Rialachán (AE) 2021/2115 tar éis aistrihe féideartha.

Má chinneann na Ballstáit cistí a leithdháileadh ar InvestEU, LIFE agus/nó Erasmus, áfach, soláthrófar na méideanna bliantúla faoi seach sa tábla forléargais. Ní leasófar Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 agus déanfar gach oibleagáid maidir le leithdháiltí íosta a sheiceáil i gcomparáid le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ní eisiafar na leithdháiltí sonracha sin ann.

Ós rud é go bhféadfaidh CERT agus CETFT an ceanglas ar fheirmeoirí óga maidir leis an leithdháileadh airgeadais íosta a chomhlíonadh, na Ballstáit a dhéanann cinneadh méid níos airde ná an t-íosmhéid a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a leithdháileadh, cuirfidh siad in iúl na méideanna atá le húsáid, faoi gach ceann de na Cistí, chun an t-íoscheanglas a bhaint amach. Beidh sé sin ina bhonn chun na huasteorainneacha droim ar ais a ríomh.

### 6.2. Faisnéis mhionsonraithe airgeadais agus miondealú in aghaidh na hidirghabhála agus aschur a phleanáil

Sa phlean mionsonraithe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 112(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 déanfar foráil maidir le forléargas ar an leibhéal tascach lena bhfuil coinne i dtaca le híocaíochtaí leithdháiltí na mBallstát le linn thréimhse chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT agus faisnéis maidir le rátaí cómhaoinithe CETFT.

## 7. Córais rialachais agus córais chomhordúcháin

### 7.1. Comhlachtaí rialachais, údarais bainistíochta agus comhlachtaí eile a shainaitheint

Áireofar san fhoroinn seo:

- (a) i gcás gach cineál comhlachta (údarais inniúla, údarais bainistíochta, gníomhaireachtaí íocaíochta, comhlacht chomhordúcháin, i gcás inarb ábhartha, agus comhlachtaí deimhniúcháin) léiriú ar na cistí a bhfuil siad freagrach astu, chomh maith le hainmneacha agus sonraí teagmhála na ndaoine freagracha;

soláthrófar an fhaisnéis chéanna le haghaidh comhlachtaí eile amhail an coiste/na coistí faireacháin, comhlachtaí tarmilgthe agus idirmheánacha i gcás inarb ábhartha, chomh maith leis na struchtúir ábhartha chomhordúcháin le haghaidh AKIS, le haghaidh Oifigeach Cumarsáide an Phlean CBT, dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2021/1060, agus le haghaidh líonra CBT. Sonrófar freisin ról na gcomhlachtaí tarmilgthe agus idirmheánacha;

- (b) gearrthuirisc ar leagan amach agus eagrú an údaráis inniúil;
- (c) nuair a tharmligtear cur chun feidhme ionstraimí airgeadais chuig údaráis réigiúnacha, tuairisc ar na socruithe rialachais maidir leis an oibríocht ionstraime airgeadais (cúraimí an údaráis bainistíochta agus na gníomhaireachta íocaíochta a tharmligean, amhail tairbhí a roghnú, tuairiscíú, íocaíochtaí, rialú).

### 7.2. Tuairisc ar na córais faireacháin agus tuairiscithe

Gearrthuirisc ar na córais faireacháin agus tuairiscithe a bunaíodh chun an fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT a thaifeadadh, a choinneáil, a bhainistiú agus a thuairiscíú, lena n-áirítear an córas tuairiscithe a cuireadh i bhfeidhm chun críocha na tuarascála feidhmíochta bliantúla faoi Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115.

### 7.3. Faisnéis maidir leis na córais rialaithe agus pionóis

#### (a) **CCRR**

Áireofar san fhaisnéis maidir le CCRR:

- (i) sonraíochtaí maidir leis an raon feidhme, go háirithe maidir le cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear le haghaidh earnáil an fhíona é, mar a leagtar síos in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus le haghaidh na coinníollachta;
- (ii) sainmhíniú ar dháileacht talmhaíochta, lena n-áirítear talamh talmhaíochta, i gcás inarb ábhartha;
- (iii) deimhniú maidir le hoibríocht CCRR ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, agus deimhniú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil II de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(\*)</sup>;
- (iv) faisnéis maidir leis na córais chun ainmhithe a shainathint agus a chlárú dá dtagraítear in Airteagal 65(4), pointe (c), agus in Airteagal 66(1), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/2116;
- (v) cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear córas éilimh uathoibríoch i bhfeidhm;
- (vi) tuairisc ar na córais rialaithe agus pionós, lena mínítear go háirithe cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis an gcóras seiceálacha córasacha a dhíríonn freisin ar réimsí inar mó an riosca go ndéanfar earráidí, agus conas a áirithítear le leibhéal na seiceálacha bainistíocht éifeachtach rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2021/2116. Maidir le pionóis, míneofar san fhaisnéis pionóis dá bhforáiltear maidir le neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta i dtaca le hidirghabhálacha a shainítear sa Phlean Straitéiseach CBT. Má chuirtear córais éagsúla rialaithe agus pionóis i bhfeidhm le haghaidh idirghabhálacha éagsúla, soláthrófar faisnéis maidir le gach ceann de na córais.

Féadfar faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an gcóras sainaitheanta le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas iarratais geospásúil agus ainmhí-bhunaithe agus an córas faireacháin limistéir i gcás ina measann an Ballstát go bhfuil sé sin tábhachtach.

#### (b) **Córas rialaithe agus pionóis le haghaidh idirghabhálacha nach gcumhdaítear le CCRR**

Maidir le hidirghabhálacha CERT agus CETFT nach gcumhdaítear le CCRR, áireofar san fhaisnéis na nithe seo a leanas:

- (i) gearrthuirisc ar an gcóras pionóis i gcomhréir le prionsabail na héifeachtachta, na comhréireachta agus na hathchomhairleachta;
- (ii) gearrthuirisc ar na córais rialaithe, lena n-áirítear sonraíochtaí le haghaidh ionstraimí airgeadais, i gcás inarb ábhartha;
- (iii) míniú gearr maidir leis an gcaoi a gcomhlíontar rialacha an tsoláthair phoiblí.

#### (c) **An córas rialaithe agus pionóis maidir leis an gcoinníollacht**

Áireofar san fhoroinn seo na nithe seo a leanas:

- (i) tuairisc ar an gcóras rialála maidir leis an gcoinníollacht;
- (ii) léiriú ar na cineálacha seiceálacha le haghaidh gach CRB agus DRTC;

<sup>(\*)</sup> Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

- (iii) tuairisc ar an gcóras pionóis;
- (iv) sainmhíniú ar phrionsabail an atarlaithe agus na hintinntiúlachta agus cur i bhfeidhm na bprionsabal sin;
- (v) léiriú ar chur i bhfeidhm córais rialaithe simplithe le haghaidh feirmeoirí beaga;
- (vi) faisnéis maidir leis na comhlachtaí rialaithe inniúla atá freagrach as na seiceálacha ar chaighdeán na coinníollachta agus ar cheanglais reachtúla bainistíochta.

(d) **An choinníollacht shóisialta**

Áireofar san fhoroinn seo na nithe seo a leanas:

- (i) tuairisc ar an gcóras rialaithe maidir leis an gcoinníollacht shóisialta;
- (ii) tuairisc ar an gcóras pionóis maidir leis an gcoinníollacht shóisialta.

I gcás ina gcuirtear an choinníollacht shóisialta i bhfeidhm ó 2024 nó 2025 ar aghaidh, soláthrófar an tuairisc dá dtagraítear i bpointe (i) agus pointe (ii) ar a dhéanaí sa Phlean Straitéiseach CBT arna fhorghabháil agus na gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115 roimh chéad bhliain chur i bhfeidhm na coinníollachta sóisialta.

## 8. Nuachóiriú: AKIS agus digitíú

### 8.1. *Leagan amach eagraíochtúil foriomlán AKIS*

Áireofar san fhoroinn seo míniú ar chur chuige straitéiseach foriomlán AKIS bunaithe ar an anailís SWOT agus ar an measúnú ar riachtanais lena dtugtar achoimre ar an gcaoi a n-oibreoidh na hidirghabhálacha agus na gníomhaíochtaí le chéile chun rannchuidiú leis an gcuspóir idirdhisciplíneach dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

### 8.2. *Tuairisc ar an gcaoi a n-oibreoidh seirbhísí comhairleacha, taighde, líonraí CBT agus idirghabhálacha le chéile laistigh de chreat AKIS*

Áireofar san fhoroinn seo míniú ar eagrú chomhar na gcomhairleoirí, na dtaighdeoirí agus líonraí CBT. Cuirfear in iúl má tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe comhcheangailte le bearta ábhartha eile nó le hionstraimí i raon feidhme an Phlean Straitéisigh CBT nó lasmuigh de.

### 8.3. *Tuairisc ar eagrú na gcomhairleoirí feirme*

Áireofar san fhoroinn seo míniú ar an gcaoi a bhfuil soláthar na comhairle eagraithe, lena gcomhtháthófar na comhairleoirí uile agus lena gcumhdófar na gnéithe uile dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/2115, agus comhlíonfar freisin na ceanglais maidir leis an neamhchlaontacht a leagtar síos in Airteagal 15(3) den Rialachán sin.

### 8.4. *Tuairisc ar an gcaoi a soláthraítear tacaíocht nuálaíochta*

Áireofar san fhoroinn seo míniú ar an gcaoi a bhfuil tacaíocht nuálaíochta agus sreabha eolais laistigh de AKIS eagraithe.

### 8.5. *An straitéis um dhigitíú*

Áireofar san fhoroinn seo míniú ar an gcur chuige straitéiseach chun borradh a chur faoin digitíú, lena n-áirítear tuairisc ar an gcur chuige maidir leis an gcaoi a gcuirtear bearta faoin straitéis um dhigitíú in oiriúint chun deighiltí digiteacha a sheachaint nó a mhaolú idir réigiúin, cineálacha gnólachtaí agus grúpaí daonra.

## 9. Iarscríbhinní a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT

### 9.1. *Iarscríbhinn I maidir leis an meastóireacht ex ante agus an measúnú straitéiseach comhshaoil (MSC) dá dtagraítear i dTreoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* <sup>(10)</sup>

In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 beidh achoimre ar thorthaí na meastóireachta *ex ante* agus príomh-mholtaí na meastóireachta *ex ante* agus an mheasúnaithe straitéisigh comhshaoil.

<sup>(10)</sup> Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

De réir ghnéithe an Phlean Straitéisigh CBT nach mór measúnú a dhéanamh orthu sa mheastóireacht *ex ante* sin, déanfar na moltaí a aicmiú de réir:

- anailís SWOT, measúnú ar riachtanais;
- loighic idirghabhála/rannchuidiú le cuspóirí;
- comhleanúnachas seachtrach/inmheánach;
- leithdháileadh acmhainní buiséadacha;
- aschur, torthaí agus bunú garspriocanna agus spriocanna;
- bearta chun an t-ualach riaracháin a laghdú;
- ionstraimí airgeadais;
- moltaí sonracha MSC;
- eile.

Luafar go soiléir conas a tugadh aghaidh ar na moltaí nó áireofar an t-údar atá leis an bhfáth nár cuireadh san áireamh iad.

Soláthrófar naisc chuig an meastóireacht iomlán *ex ante* agus chuig tuarascálacha MSC.

#### 9.2. Iarscríbhinn II maidir leis an anailís SWOT ar staid reatha an limistéir a chumhdaítear leis an bPlean Straitéiseach CBT

In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 leagfar amach in anailís SWOT na gnéithe a leagtar síos san fhoráil sin maidir le gach cuspóir de réir Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán sin. Cuirfear an anailís SWOT in iúl de réir ceithre phríomhghné: láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí agus léireofar san anailís foinsí na sonraí a úsáidtear seachas na táscairí comhthéacs.

#### 9.3. Iarscríbhinn III maidir leis an gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe

Áireofar in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 torthaí an chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe, agus go háirithe leis na húdaráis ábhartha ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, agus gearrthuairisc ar an gcaoi a ndearnadh an comhairliúchán.

#### 9.4. Iarscríbhinn IV maidir le hidirghabhálacha le haghaidh na híocaíochta i leith barr sonrach le haghaidh an chadáis

In Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 beidh na nithe seo a leanas:

Coinníollacha incháilitheachta chun comhsheasmhacht leis an anailís SWOT/measúnú ar riachtanais agus le hidirghabhálacha eile a áirithiú, go háirithe: — critéir oibiachtúla a bhfuil talamh talmhaíochta agus cineálacha údaraithe chun cadás a tháirgeadh ar a mbonn; — cineálacha údaraithe; — dlús íosta plandaí agus an t-údar atá leis.	téacs
Comhlántacht na híocaíochta i leith barr sonrach le haghaidh an chadáis leis na hidirghabhálacha eile sa Phlean Straitéiseach CBT.	téacs

#### 9.5. Iarscríbhinn V maidir le maoiniú náisiúnta breise

In Iarscríbhinn V a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, comhlánófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach idirghabhála san fhorbairt tuaithe dá ndeonaítear maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 115(5), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c), agus in Airteagal 146, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2021/2115:

An tAirteagal i dTeideal III, Caibidil IV de Rialachán (AE) 2021/2115 ar dá réir a dheonaítear an maoiniú	téacs
An bunús dlí náisiúnta maidir leis an maoiniú a dheonú	téacs

An idirghabháil sa Phlean Straitéiseach CBT dá ndeonaítear an maoiniú	téacs
Buiséad iomlán an mhaoinithe (in euro)	uimhir
Léiriú ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha de Rialachán (AE) 2021/2115	TÁ/NÍL
Comhlántacht: (a) líon níos airde tairbhíthe; (b) déine cabhrach níos airde; (c) maoiniú a sholáthar d'oibríochtaí áirithe laistigh den idirghabháil.	Cuir in iúl na cinn atá i bhfeidhm agus tabhair faisnéis bhreise, más ábhartha.
A chumhdaítear le hAirteagal 42 CFAE	CUMHDAÍTEAR/NÍ CHUMHDAÍTEAR (más NÍ CHUMHDAÍTEAR an freagra, cuir in iúl ionstraim an imreítigh Státchabhrach)

I ndáil leis an earnáil torthaí agus glasraí, comhlánófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh an chúnamh airgeadais náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2115:

Méid measta bliantúil an chúnamh airgeadais náisiúnta san earnáil torthaí agus glasraí in aghaidh an réigiúin lena mbaineann agus iomlán an chúnamh le haghaidh an Bhallstáit.	téacs
--	-------

#### 9.6. Iarscríbhinn VI maidir le cabhair idirthréimhseach náisiúnta (i gcás inarb infheidhme)

In Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 115(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 áireofar na gnéithe a leagtar síos san fhoráil sin maidir le gach cabhair idirthréimhseach náisiúnta aonair in aghaidh na hearnála, i gcás inarb infheidhme.

- (a) an t-imchlúdach airgeadais bliantúil earnáilsonrach le haghaidh gach earnála dá ndeonaítear cabhair idirthréimhseach náisiúnta;

Earnáil	An t-imchlúdach airgeadais earnáilsonrach (in euro)				
	2023	2024	2025	2026	2027
	<i>Le líonadh isteach ag na Ballstáit</i>	...			
...	...				

- (b) i gcás inarb ábhartha, maidir le gach earnáil, an t-uasráta aonaid tacaíochta le haghaidh gach bliana den tréimhse, agus an t-uasráta aonaid á urramú;

Earnáil	Ráta aonaid
	<i>Le líonadh isteach ag na Ballstáit</i>
...	

- (c) i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir leis an tréimhse thagartha arna modhnú i gcomhréir le hAirteagal 147(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115;

Earnáil	Faisnéis maidir leis an tréimhse thagartha arna modhnú
...	

- (d) gearrthuairisc ar chomhlántacht na cabhrach idirthréimhsí náisiúnta le hidirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT.

## IARSCRÍBHINN II

**Freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát a bhaineann le SFC2021****1. Freagrachtaí an Choimisiúin**

- 1.1. Feidhmiú córais leictreonaigh um malartú oifigiúil agus slán faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a áirithiú, dá ngairtear “SFC2021” anseo feasta. In SFC2021 beidh ar a laghad an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2021/2115.
- 1.2. Na tréithe seo a leanas de SFC2021 a áirithiú:
  - (a) foirmeacha idirghníomhacha nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí atá taifeadta sa chóras cheana;
  - (b) ríomhanna uathoibríocha, i gcás ina laghdaíonn siad an dua ar úsáideoirí iad a ionchódú;
  - (c) rialuithe uathoibríocha leabaithe chun comhsheasmhacht inmheánach na sonraí tarchurtha agus comhsheasmhacht na sonraí sin leis na rialacha is infheidhme a fhíorú;
  - (d) foláirimh arna gcruithiú ag an gcóras lena dtugtar rabhadh d’úsáideoirí SFC2021 gur féidir nó nach féidir bearta áirithe a dhéanamh;
  - (e) rianú stádais ar líne ar láimhseáil na faisnéise a iontráiltear sa chóras;
  - (f) infhaighteacht sonraí stairiúla i leith na faisnéise uile a iontráiltear le haghaidh cláir;
  - (g) síniú éigeantach leictreonach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> a bheith ar fáil a aithneofar mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha.
- 1.3. Beartas slándála teicneolaíochta faisnéise a áirithiú le haghaidh SFC2021 is infheidhme maidir leis an bpearsanra a úsáideann an córas i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- 1.4. Duine nó daoine a ainmniú a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm ceart an bheartais slándála i leith SFC2021 a shainmhíniú, a choinneáil ar bun agus a áirithiú.

**2. Freagrachtaí na mBallstát**

- 2.1. A áirithiú go ndéanfaidh údarais chlár an Bhallstáit arna sainaitheint i gcomhréir le Teideal VI de Rialachán (AE) 2021/2115, chomh maith leis na comhlachtaí arna sainaitheint chun cúraimí áirithe a dhéanamh faoi fhreagracht an údarais bainistíochta, an fhaisnéis a bhfuil freagracht orthu í a tharchur, agus aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin, a iontráil in SFC2021.
- 2.2. Fíorú na faisnéise arna cur isteach ag duine nach é an duine a d’iontráil na sonraí le haghaidh an tarchuir sin a áirithiú.
- 2.3. Socruithe a dhéanamh le haghaidh dheighilt na gcúraimí dá dtagraítear i bpointe 2.1 agus pointe 2.2 trí chórais bainistíochta agus rialaithe faisnéise an Bhallstáit atá ceangailte go huathoibríoch le SFC2021.
- 2.4. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cearta rochtana chun na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích a bhainistiú:
  - (a) na húsáideoirí a iarrann rochtain a shainaitheint, agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil na húsáideoirí sin fostaithe ag an eagraíocht;
  - (b) úsáideoirí a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí slándáil an chórais a chaomhnú;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

- (c) a fhíorú go bhfuil úsáideoirí i dteideal an leibhéil pribhléide is gá i ndáil lena gcúraimí agus lena n-áit san ordlathas;
  - (d) a iarraidh go gcuirfeadh deireadh le cearta rochtana nuair nach dteastaíonn na cearta rochtana sin a thuilleadh nó nach bhfuil údar leo a thuilleadh;
  - (e) aon rud amhrasach a d'fhéadfadh slándáil an chórais a chur i mbaol a thuairisciú go pras;
  - (f) cruinneas sonraí aitheantais na n-úsáideoirí a áirithiú ar bhonn leanúnach trí aon athrú orthu a thuairisciú;
  - (g) na réamhchúraimí is gá i dtaca le cosaint sonraí agus rúndacht tráchtála a dhéanamh i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta;
  - (h) an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athrú a dhéanann difear do chumas údarais na mBallstát nó úsáideoirí SFC2021 na cúraimí dá dtagraítear i bpointe 2.1 a dhéanamh nó dá gcumas pearsanta na freagrachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) a dhéanamh.
- 2.5. Socruitear a dhéanamh chun cosaint príobháideachais agus cosaint sonraí pearsanta a urramú i gcás daoine aonair, agus rúndacht tráchtála a urramú i gcás eintitis dhlítheanacha i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE <sup>(3)</sup>, agus Rialachán (AE) 2016/679 <sup>(4)</sup> agus (AE) 2018/1725 <sup>(5)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- 2.6. Beartais slándála faisnéise náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a ghlacadh i dtaca le rochtain ar SFC2021 bunaithe ar mheasúnú riosca is infheidhme maidir le gach údarás a úsáideann SFC2021 agus a thugann aghaidh ar na gnéithe seo a leanas:
- (a) na gnéithe slándála TF den obair a dhéanann an duine nó na daoine atá freagrach as bainistiú na gcearta rochtana dá dtagraítear i bpointe 2.4 i gcás ina gcuirtear úsáid dhíreach i bhfeidhm;
  - (b) maidir le córais ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá nasctha le SFC2021, trí chomhéadan teicniúil mar chuid de chórais bainistíochta agus rialaithe faisnéise an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe 2.3, na bearta slándála le haghaidh na gcóras sin a fhágann gur féidir iad a ailíniú le riachtanais slándála SFC2021 agus lena gcumhdaítear na nithe seo a leanas:
    - (i) an tslándáil fhisiceach;
    - (ii) rialú meán sonraí agus rialú rochtana sonraí;
    - (iii) rialú stórála;
    - (iv) rialú rochtana agus pasfhocail;
    - (v) faireachán;
    - (vi) an t-idirnas le SFC2021;
    - (vii) bonneagar cumarsáide;
    - (viii) bainistíocht acmhainní daonna roimh fhostú, le linn na fostaíochta agus i ndiaidh na fostaíochta;
    - (ix) bainistiú teagmhas.
- 2.7. An doiciméad nó na doiciméid ina bhfuil na beartais dá dtagraítear i bpointe 2.6 a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin.
- 2.8. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas slándála TF náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a choinneáil ar bun agus a áirithiú agus as bheith mar phointe teagmhála leis an duine nó na daoine atá ainmnithe ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear i bpointe 1.4.

<sup>(3)</sup> Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonaigh) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).



### 3. Freagrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin agus na mBallstát

- 3.1. Inrochtaineacht a áirithiú, bíodh sin go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (i.e. feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil agus úsáid á baint as prótacail réamhshainithe (i.e. seirbhísí gréasáin) a fhágann gur féidir sioncronú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais faisnéise na mBallstát agus SFC2021.
- 3.2. Foráil a dhéanamh maidir le dáta tharchur leictreonach na faisnéise ón mBallstát chuig an gCoimisiún agus *vice versa* sa mhalartú sonraí leictreonacha, arb é an dáta cur isteach an doiciméid lena mbaineann é.
- 3.3. A áirithiú go ndéanfar sonraí oifigiúla a mhalartú trí SFC2021, ach amháin má bhíonn cás *force majeure* ann, agus nach gcuirtear sonraí neamh-struchtúrtha in ionad na faisnéise arna soláthar sna foirmeacha leictreonacha atá leabaithe in SFC2021 (“sonraí struchtúrtha”), agus, i gcás neamhréire, go mbeidh tús áite ag sonraí struchtúrtha thar shonraí neamhstruchtúrtha.  

I gcás *force majeure*, mífheidhmiú SFC2021 nó easpa naisc le SFC2021, féadfaidh an Ballstát, ach faomhadh an Choimisiúin a fháil roimh ré, na doiciméid a sheoladh i bhfoirm eile, faoi na coinníollacha a leagfaidh an Coimisiún síos. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcúis a bhí leis an *force majeure* iontrálfaidh an páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a tugadh cheana féin i bhfoirm páipéir in SFC2021 gan mhoill.
- 3.4. A áirithiú go gcomhlíonfar na téarmaí agus na coinníollacha slándála TF arna bhfoilsíú ar thairseach SFC2021, agus go gcomhlíonfar na bearta arna gcur chun feidhme in SFC2021 ag an gCoimisiún chun tarchur na sonraí a dhaingniú, go háirithe i ndáil le húsáid an chomhéadain theicniúil mar chuid de chórais bainistíochta agus rialaithe faisnéise an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe 2.3.
- 3.5. Éifeachtacht na mbeart slándála, arna nglacadh chun na sonraí a stóráiltear agus a tharchuirtear trí SFC2021 a chosaint, a chur chun feidhme agus a áirithiú.
- 3.6. Nuashonrú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas slándála TF SFC2021 agus ar na beartais ábhartha slándála TF náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i gcás athruithe ar an teicneolaíocht, bagairtí nua a shaináithnítear nó forbairtí ábhartha eile.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2290 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos rialacha maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 133 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos creat dlíthiúil nua maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) chun feabhas a chur ar an gcaoi a mbaintear cuspóirí an Aontais amach leis. Leagtar síos leis an Rialachán sin cuspóirí an Aontais i ndáil le CBT agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit agus, san am céanna, solúbthacht á fágáil faoi na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le soláthar ina bPleananna Straitéiseacha CBT. Ní mór do na Ballstáit na Pleananna Straitéiseacha CBT a tharraingt suas agus a dtograí le haghaidh na bpleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2022.
- (2) De bhun Airteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115, bunófar creat feidhmíochta chun gur féidir tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT le linn a chur chun feidhme. Chun na críche sin, leagtar amach comhtháscairí aschuir agus toraidh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, comhtháscairí atá mar bhonn le sásra an imréitigh feidhmíochta agus le sásra an athbhreithnithe feidhmíochta, agus atá mar bhonn le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT. Is gá rialacha soiléire coiteanna a leagan síos maidir leis na modhanna chun na táscairí sin a ríomh.
- (3) Ós rud é gur gá do na Ballstáit rialacha a bheith acu maidir leis na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a ríomh agus a ndréchtphleananna straitéiseacha CBT á bhforbairt acu lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2022, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a leagtar síos na modhanna chun na comhtháscairí aschuir agus toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a ríomh.

<sup>(1)</sup> IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

## IARSCRÍBHINN

## MODHANNA CHUN NA COMHTHÁSCAIRÍ ASCHUIR AGUS TORAIDH A LEAGTAR AMACH IN IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LE RIALACHÁN (AE) 2021/2115 A RÍOMH

## TÁSCAIRÍ ASCHUIR

**Modhanna ríofa le haghaidh táscairí aschuir atá le húsáid i gcás imréiteach feidhmíochta**

1. Agus táscairí á ríomh chun críche imréitigh feidhmíochta, cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh:
  - (a) is in aghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta a bheidh an phleanáil aschuir agus déanfar í mar a leanas:
    - (i) in aghaidh na hidirghabhála. Má bhunaítear roinnt aonadmhéideanna le haghaidh idirghabhála, féadfar aschuir a phleanáil in aghaidh an aonadmhéid, maidir le grúpaí aonadmhéideanna nó gach aonadmhéid. Má bhunaítear níos mó ná aonad tomhais amháin le haghaidh tháscaire aschuir na hidirghabhála, déanfar an phleanáil in aghaidh an aonaid tomhais;
    - (ii) in aghaidh na hearnála i gcás idirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/2115;
  - (b) is in aghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta a dhéanfar tuairisciú ar aschuir agus déanfar é sin ar na hidirghabhálacha uile a ndearnadh íocaíochtaí lena n-aghaidh laistigh den bhliain airgeadais talmhaíochta lena mbaineann mar a leanas:
    - (i) in aghaidh an aonadmhéid;
    - (ii) in aghaidh an chláir oibríochtúil in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/2115;
  - (c) ní dhéanfar aschuir a ghintear le hidirghabháil a phleanáil agus a thuairisciú ach uair amháin faoin táscaire aschuir a bhaineann leis an idirghabháil sin sa Phlean Straitéiseach CBT;
  - (d) i gcás ina n-áirítear le hidirghabháil tacaíocht i bhfoirm deontas agus ionstraimí airgeadais, ríomhfar an táscaire aschuir le haghaidh gach cineáil tacaíochta;
  - (e) comhfhreagróidh an luach aschuir a thuairisceofar don sciar den chaitechas a íocadh go héifeachtach le haghaidh an aschuir sin laistigh den bhliain airgeadais talmhaíochta lena mbaineann. Déanfar aschuir pháirteacha a thuairisciú le haghaidh idirghabhálacha a chuirtear i gcrích go páirteach sa bhliain airgeadais talmhaíochta áirithe sin.

**Tuairisciú airleacan i dtáscairí aschuir atá le húsáid i gcás imréiteach feidhmíochta**

2. Maidir le hidirghabhálacha a ndearnadh íocaíocht lena n-aghaidh i bhfoirm airleacan dá dtagraítear in Airteagal 32(4) pointe (a), agus (5) agus in Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> roimh sheachadadh an aschuir chomhfhreagraigh, ní áireofar iad sin sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115 le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta inar íocadh an t-airleacan. Déanfar na hairleacain sin a thuairisciú le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta ina n-íocfar as an aschuir ina iomláine.

**Tuairisciú luachanna comhiomlána táscairí aschuir agus luachanna tháscairí aschuir O.3 agus O.34 atá le húsáid chun críoch faireacháin, cumarsáide agus meastóireachta**

3. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas agus luachanna comhiomlána táscairí aschuir mar aon le luachanna aschuir eile á dtuairisciú:
  - (a) agus táscairí aschuir a úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta á dtuairisciú, áireoidh na Ballstáit na luachanna comhiomlána seo a leanas freisin:

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

- (i) an t-aschur iomlán in aghaidh na hidirghabhála i gcás ina mbunaítear roinnt aonadmhéideanna le haghaidh idirghabhála;
  - (ii) an t-aschur iomlán in aghaidh an aonaid tomhais i gcás ina mbunaítear roinnt aonaid tomhais le haghaidh idirghabhála;
  - (iii) an t-aschur iomlán in aghaidh an chineáil idirghabhála i gcás ina bhfuil roinnt idirghabhálacha ag cineál idirghabhála;
  - (iv) an t-aschur iomlán in aghaidh an aonaid tomhais agus, i gcás inarb iomchuí, an t-aschur iomlán agus aonad tomhais coiteann á úsáid i gcás ina n-áirítear leis an gcineál idirghabhálacha roinnt idirghabhálacha a dtomhaistear a n-aschur le haonaid tomhais dhifriúla;
  - (v) maidir le táscairí aschuir O.4, O.36 agus O.37, i gcás nach mbaineann idirghabhálacha leis an gcineál céanna idirghabhála, an t-aschur iomlán le haghaidh na n-idirghabhálacha sin;
- (b) Soláthróidh na Ballstáit luachanna go bliantúil le haghaidh na dtáscairí aschuir seo a leanas nach n-úsáidtear le haghaidh imréiteach feidhmíochta:
- (i) táscaire aschuir O.3:
    - soláthrófar luach an táscaire sin in aghaidh na hidirghabhála agus in aghaidh an chineáil idirghabhála;
    - soláthrófar líon na dtairbhíthe de thacaíocht CBT ar feirmeoirí iad agus líon iomlán na bhfeirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí díreacha;
    - soláthrófar líon na dtairbhíthe de thacaíocht CBT ar feirmeoirí iad de réir inscne;
    - déanfar na tairbhíthe a áireamh ina n-iomláine;
  - (ii) táscaire aschuir O.34:
    - soláthrófar líon iomlán na heicteár dá dtugtar tacaíocht CBT a chumhdaítear leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta ábhartha (CRB), dea-riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) a bhunaítear faoi Theideal III, Caibidil I, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus faoi chleachtais chomhshaoil a bhunaítear de bhun Airteagail 31 agus 70 agus Teideal III, Caibidil III, den Rialachán sin, seachas le haghaidh idirghabhálacha atá beartaithe in aonaid eile;
    - soláthrófar líon iomlán na heicteár faoi chleachtais chomhshaoil a bhunaítear faoi Airteagail 31 agus 70 agus Teideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115. seachas le haghaidh idirghabhálacha atá beartaithe in aonaid eile;
    - déanfar na heicteáir a áireamh ina n-iomláine.

**Modhanna ríofa le haghaidh luachanna comhiomlána táscairí aschuir atá le húsáid chun críoch faireacháin, cumarsáide agus meastóireachta**

4. Agus luachanna comhiomlána táscairí aschuir á ríomh, déanfar na haschuir a áireamh mar seo a leanas:
- (a) i gcás luachanna comhiomlána táscairí aschuir a bhaineann le hidirghabhálacha a chumhdaítear leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 (an “córas comhtháite”) agus a bhaineann le hidirghabhálacha a íoctar ina n-iomláine laistigh den bhliain airgeadais agus nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite, déanfar na haschuir a áireamh ina n-iomláine i gcónaí;
  - (b) i gcás luachanna comhiomlána táscairí aschuir a bhaineann le hidirghabhálacha nach gcumhdaítear leis an gcóras comhtháite a íoctar i dtráthchodanna difriúla thar roinnt blianta, déanfar aschuir pháirteacha a chomhaireamh.

**Maoiniú náisiúnta breise le haghaidh táscairí aschuir**

5. I gcás ina ndeonaítear tacaíocht mar mhaoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 (‘an maoiniú náisiúnta breise’), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
- (a) leis na haschuir atá beartaithe, áireofar na haschuir a ghintear le maoiniú náisiúnta breise;

- (b) tuairisceofar aschuir a ghintear le maoiniú náisiúnta breise ar leithligh ó na haschuir a ghintear le caiteachas poiblí eile seachas maoiniú náisiúnta breise;
- (c) ní chuirfear san áireamh aschuir a ghintear le maoiniú náisiúnta breise chun críche imréitigh feidhmíochta;
- (d) cuirfear san áireamh aschuir a ghintear le maoiniú náisiúnta breise agus luachanna comhiomlána táscairí aschuir á ríomh chun críche faireacháin, cumarsáide agus meastóireachta.

**Rialacha maidir le háireamh dúbailte a sheachaint i dtáscairí aschuir atá le húsáid chun críoch faireacháin, cumarsáide agus meastóireachta**

- 6. Chun luachanna comhiomlána táscairí aschuir a ríomh gan áireamh dúbailte, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
  - (a) i gcás ina gcumhdaítear aonad aschuir le roinnt idirghabhálacha ábhartha, nó roinnt oibríochtaí laistigh den idirghabháil chéanna, ní dhéanfar an t-aonad aschuir sin a áireamh ach uair amháin agus an luach comhiomlán á ríomh;
  - (b) le luachanna comhiomlána táscairí aschuir a bhaineann le hidirghabháil a chumhdaítear leis an gcóras comhtháite agus a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta N-1, áireofar líon na n-aonad dá dtugtar íocaíocht pháirteach nó íocaíocht iomlán sa bhliain airgeadais talmhaíochta N-1 i ndáil le hidirghabhálacha a thuairiscítear sa bhliain N-2;
  - (c) i gcás ina gcuirtear teidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha i bhfeidhm, tuairisceoidh na Ballstáit an limistéar ábhartha ar cinneadh é a bheith incháilithe d'íocaíocht tar éis rialuithe riaracháin agus sula gcuirfidh siad na teorainneacha sin i bhfeidhm faoi na táscairí aschuir ábhartha.

TÁSCAIRÍ TORAIDH

**Nasc idir cuspóirí sonracha, táscairí toraidh agus idirghabhálacha**

- 7. Ina bPlean Straitéiseach CBT, sainaitheoidh na Ballstáit nasc idir cuspóirí sonracha, táscairí toraidh agus idirghabhálacha mar seo a leanas:
  - (a) Sainaitheoidh na Ballstáit nasc idir táscairí toraidh agus cuspóirí sonracha. Féadfar táscaire toraidh a nascadh le níos mó ná cuspóirí sonracha amháin;
  - (b) nasctar idirghabhálacha leis na táscairí toraidh uile a bhfuil na hidirghabhálacha sin ina rannchuidiú leo go díreach agus go mór;
  - (c) ní shannfar don táscaire toraidh sin ach oibríochtaí laistigh d'idirghabháil atá ina rannchuidiú go díreach nó go mór le táscaire toraidh;
  - (d) féadfaidh idirghabháil aonair, nó oibríocht aonair laistigh d'idirghabháil amháin, a bheith ina rannchuidiú le níos mó ná táscaire toraidh amháin;
  - (e) sannfar luach an aschuir a ghintear le hoibríocht ina iomláine don táscaire toraidh ábhartha nó do na táscairí toraidh ábhartha i gcónaí, lena n-áirítear i gcás ina nasctar é le tuilleadh táscairí toraidh;
  - (f) gealltanais bhainistíochta agus infheistíochtaí lena rannchuidítear leis an gcuspóir céanna, nasctar iad sin le táscairí toraidh ar leithligh, seachas i gcás tháscairí toraidh R.43 agus R.44;
  - (g) nasctar táscaire toraidh R.35 le hidirghabhálacha in earnáil na beachaireachta a áirítear sa chineál idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 55(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115. Ní thuairisceofar na hidirghabhálacha sin ach amháin faoi tháscaire toraidh R.35;
  - (h) limistéir atá faoi réir CRB agus DRCT amháin, ní áireofar iad i ríomh na dtáscairí toraidh, seachas i gcás táscaire toraidh R.4, atá ceaptha go sonracha chun an sciar den limistéar talmhaíochta dá dtugtar tacaíocht ioncaim CBT agus atá faoi réir coinníollachta a ghabháil.

### Modhanna ríofa mionsonraithe le haghaidh táscairí toraidh

8. Agus táscairí toraidh á bpleanáil agus á dtuairisciú sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, cuirfear na pointí seo a leanas san áireamh:
- (a) ríomhfar luachanna le haghaidh táscairí toraidh ina n-iomláine le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta ina ndéantar an chéad íocaíocht, fiú amháin mura ndéantar ach íocaíocht pháirteach sa bhliain airgeadais thalmhaíochta lena mbaineann;
  - (b) de mhaolú ar phointe (a), i gcás tháscaire toraidh R.37, déanfar luachanna a áireamh ina n-iomláine tráth a chríochnófar an oibríocht;
  - (c) maidir le luachanna a bhaineann le híocaíochtaí i bhfoirm airleacan dá dtagraítear in Airteagal 32(4), pointe (a) agus (5) agus in Airteagal 44(2), an dara fómhír, agus (3) de Rialachán (AE) 2021/2116, ní áireofar iad sin i gcainníochtú na dtáscairí toraidh ábhartha roimh sheachadadh an aschuir chomhfhreagraigh;
  - (d) ríomhfar luachanna bliantúla le haghaidh tháscairí toraidh R.4, R.5, R.6, R.7, R.8, R.11, R.12, R.13, R.14, R.19, R.20, R.21, R.22, R.23, R.24, R.25, R.29, R.30, R.31, R.33, R.34, R.43 agus R.44;
  - (e) ríomhfar luachanna carnacha le haghaidh tháscairí toraidh R.1, R.2, R.3, R.9, R.10, R.15, R.16, R.17, R.18, R.26, R.27, R.28, R.32, R.35, R.36, R.37, R.38, R.39, R.40 R.41 agus R.42;
  - (f) baineann táscaire toraidh R.4 leis an limistéar a chumhdaítear le gach cineál idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Rialachán (AE) 2021/2115 mar aon le tacaíocht do limistéar faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán sin agus le tacaíocht do mhíbhuntáistí de thoradh ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar dá dtagraítear in Airteagal 72 den Rialachán sin;
  - (g) baineann táscaire toraidh R.6 le gach cineál idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115, seachas idirghabhálacha i bhfoirm na híocaíochta barrshonraí le haghaidh cadáis dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin;
  - (h) baineann táscaire toraidh R.7 le gach cineál idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Rialachán (AE) 2021/2115 seachas idirghabhálacha i bhfoirm na híocaíochta barrshonraí le haghaidh cadáis dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin, mar aon le tacaíocht do limistéir faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán sin agus le tacaíocht do mhíbhuntáistí de thoradh ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar dá dtagraítear in Airteagal 72 den Rialachán sin;
  - (i) de mhaolú ar phointe (h), i gcás ina ndearann na Ballstáit idirghabhálacha i gcomhréir le hAirteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115 lena dtacaítear le limistéir foraoise agus leis na limistéir sin amháin, féadfar na hidirghabhálacha sin a nascadh le táscaire toraidh R.30, faoi réir an mhéid seo a leanas:
    - ní dheartar aon idirghabhálacha le haghaidh limistéir thalmhaíochta faoi shrianta nádúrtha nó faoi shrianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/2115; agus
    - ní chuirtear i bhfeidhm Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 i leith limistéir a ainmnítear de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>;
  - (j) baineann táscaire toraidh R.38 le hidirghabhálacha le haghaidh LEADER dá dtagraítear in Airteagal 77(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/2115. Ina bPlean Straitéiseach CBT, agus an plean sin á chur isteach lena fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 118 de Rialachán (AE) 2021/2115, socróidh na Ballstáit sprioc le haghaidh tháscaire toraidh R.38, ar sprioc í lena léireofar daonra na tuaithe a mheastar a chumhdófar le straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>. Nuair a roghnófar na straitéisí forbartha áitiúla uile faoi Phlean Straitéiseach CBT, modhnóidh

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

an Ballstát lena mbaineann an Plean Straitéiseach CBT i gcás inarb ábhartha chun an ranníocaíocht bhreise a mheastar a bheith ann de thoradh chur chun feidhme na straitéisí forbartha áitiúla a roghnaíodh a chur leis na spriocluachanna atá ann cheana. Féadfar naisc breise idir na hidirghabhálacha le haghaidh LEADAR agus na comhtháscairí toraidh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a áireamh leis sin;

- (k) Táscairí toraidh R.12, R.14, R.19, R.20, R.21, R.22, R.23, R.24, R.29, R.31, R.33 agus R.34, ar táscairí toraidh iad a bhaineann le limistéar, ní bhaineann siad ach le cleachtais chomhshaoil dheonacha a théann níos faide ná ceanglais shainordaitheacha a íoctar i heicteáir faoi éiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115, le gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, agus le hidirghabhálacha ábhartha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115;
- (l) de mhaolú ar phointe (k), féadfaidh na Ballstáit freisin táscairí toraidh R.12, R.14, R.19, R.20, R.21, R.22, R.23, R.24, R.29, R.31, R.33 agus R.34 a nascadh le hidirghabhálacha seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (k), ar choinníoll go rachaidh na cleachtais dá dtugtar tacaíocht níos faide ná ceanglais shainordaitheacha ábhartha agus go rannchuideofar go mór agus go díreach leis na táscairí toraidh ábhartha leo;
- (m) cuirfear maoiniú náisiúnta breise san áireamh i ndáil le táscairí toraidh a ríomh.

### **Rialacha maidir le háireamh dúbailte a sheachaint i dtáscairí toraidh**

- 9. Chun táscairí toraidh a ríomh gan áireamh dúbailte, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
  - (a) Maidir le haonad atá ina rannchuidiú le cainníochtú táscaire toraidh, i gcás ina gcuimhdaítear é sin le roinnt idirghabhálacha, nó le roinnt oibríochtaí laistigh den idirghabháil chéanna, atá nasctha leis an táscaire toraidh céanna, ní dhéanfar an t-aonad sin a áireamh ach uair amháin i gcainníochtú an táscaire toraidh;
  - (b) le táscairí aschuir a bhaineann le hidirghabháil a chumhdaítear leis an gcóras comhtháite agus a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht le haghaidh na bliana airgeadais talmhaíochta N-1, áireofar líon na n-aonad dá dtugtar íocaíocht pháirteach nó íocaíocht iomlán sa bhliain airgeadais talmhaíochta N-1 i ndáil le hidirghabhálacha a thuairiscítear sa bhliain N-2;
  - (c) i gcás ina gcuirtear teidlíochtaí íocaíochta nó uastairseacha i bhfeidhm, tuairisceoidh na Ballstáit an limistéar ábhartha ar cinneadh é a bheith incháilithe d'íocaíocht tar éis rialuithe riaracháin agus sula gcuirfidh siad na teorainneacha sin i bhfeidhm faoi na táscairí toraidh ábhartha;
  - (d) de mhaolú ar phointe (a), féadfar glacadh le háireamh dúbailte i gcás tháscairí toraidh R.1, R.2, R.3, R.10 agus R.28.

### **Ainmneoirí táscairí toraidh**

- 10. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le hainmneoirí:
  - (a) luachanna na dtáscairí comhthéacs a úsáidtear mar ainmneoirí táscairí toraidh, socrófar iad le haghaidh thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh CBT. Má tá údar cuí leis, féadfaidh na Ballstáit na luachanna sin a thabhairt cothrom le dáta mar chuid de leasú ar Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115;
  - (b) de mhaolú ar phointe (a), maidir leis an tuairisciú, tabharfar ainmneoirí le haghaidh tháscairí toraidh R.6, R.7 agus R.11 cothrom le dáta gach bliain.

### **Miondealú ar tháscairí toraidh le haghaidh an tuairiscithe**

- 11. Ní thuairisceofar na Ballstáit ach luach amháin in aghaidh an táscaire toraidh ábhartha. De mhaolú ar an gcéad abairt, tá gá leis na miondealuithe seo a leanas:
  - (a) de réir earnála i gcás tháscaire toraidh R.11;
  - (b) de réir an fhochatagóra i gcás tháscaire toraidh R.17;
  - (c) de réir an aistrithe go feirmeoireacht orgánach agus an fheirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun i gcás tháscaire toraidh R.29;



- (d) de réir an chineáil talún i gcás tháscaire toraidh R.33;
- (e) de réir inscne i gcás tháscaire toraidh R.36;
- (f) de réir an speicis beostoic i gcás tháscairí toraidh R.43 agus R.44.

### Comhéifeachtaí chun ainmhithe a thiontú ina n-aonaid beostoic

12. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le comhéifeachtaí tiontúcháin a úsáid:

- (a) Bainfear úsáid as comhéifeachtaí Eurostat chun ainmhithe a thiontú ina n-aonaid beostoic i gcás táscairí aschuir agus táscairí toraidh, i gcás inarb ábhartha;
- (b) De mhaolú ar phointe (a), féadfar na comhéifeachtaí tiontúcháin simplithe a chuirtear ar fáil sa tábla seo a leanas a úsáid:

Speiceas	Aois/catagóir	Comhéifeacht
Bó-ainmhithe	faoi bhun 6 mhí d'aois	0,4
	ó 6 mhí d'aois go dtí 2 bhliain d'aois	0,6
	os cionn 2 bhliain d'aois	1,0
Each-ainmhithe	os cionn 6 mhí d'aois	1,0
Caoirigh agus gabhair		0,15
Muca	cránacha pórúcháin > 50kg	0,5
	Muca eile	0,3
Éanlaith chlóis	béaróga	0,014
	éanlaith chlóis eile	0,03

- (c) féadfar na comhéifeachtaí tiontúcháin a chuirtear ar fáil sa tábla a leagtar amach i bpointe (b) a mhéadú nó a laghdú i gcásanna ina bhfuil údar cú leis agus féadfar iad a mhíniú sa Phlean Straitéiseach CBT agus fianaise eolaíoch á cur san áireamh;
- (d) féadfar catagóirí ainmhithe eile a chur leis an tábla a leagtar amach i bpointe (b) go heisceachtúil i gcásanna ina bhfuil údar cú leis sin, agus déanfar an chomhéifeacht tiontúcháin le haghaidh aon cheann de na catagóirí sin a bhunú agus a mhíniú sa Phlean Straitéiseach CBT agus fianaise eolaíoch á cur san áireamh.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2291 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 230(1) de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 <sup>(3)</sup> ón gCoimisiún bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i mbunaíocht nua gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire i Sasana, agus deimhníodh í an 30 Samhain 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i mbunaíocht gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh i Sasana, gar do Tutbury, Staffordshire Thoir, Staffordshire i Sasana agus gar do Leominster, Herefordshire Thuaidh, Herefordshire i Sasana agus deimhníodh iad an 2 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (7) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann gar do Gretna, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway in Albain, gar do Crickhowell, Powys sa Bhreatain Bheag agus gar do Richmond, Richmondshire, Yorkshire Thuaidh i Sasana agus deimhníodh iad an 3 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (8) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann gar do Newent, Forest of Dean, Gloucestershire i Sasana agus i mbunaíocht nua gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh i Sasana agus deimhníodh iad an 5 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i mbunaíocht nua gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire i Sasana, agus deimhníodh í an 6 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (10) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i mbunaíocht nua gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire i Sasana, agus gar do Pocklington, Yorkshire Thoir, East Riding of Yorkshire i Sasana agus deimhníodh iad an 7 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (11) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann gar do Sudbury, Babergh, Suffolk Theas i Sasana agus i mbunaíocht nua gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh i Sasana agus deimhníodh iad an 8 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (12) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Annan, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway in Albain agus deimhníodh í an 9 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (13) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann gar do Moffatt, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway in Albain, gar do Highworth, Swindon, Wiltshire i Sasana agus gar do Clifford, Hereford agus Herefordshire Theas, Herefordshire i Sasana agus deimhníodh iad an 10 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (14) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i mbunaíocht nua gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire i Sasana, agus deimhníodh í an 11 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (15) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Alford, Lindsey Thoir, Lincolnshire i Sasana, agus deimhníodh í an 12 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (16) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhlíú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann i mbunaíocht nua gar do Alford, Lindsey Thoir, Lincolnshire i Sasana, agus deimhníodh í an 13 Nollaig 2021 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (17) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach an fhlíú éanúil ardphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (18) Tá faisnéis curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a chríoch agus maidir leis na bearta atá déanta aige chun leathadh breise an fhlíú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhlíú éanúil ardphataigineach, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na ceantair atá faoi shrianta a leagann údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe síos.

- (19) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (20) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Ríocht Aontaithe a chur san áireamh maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

- (a) i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh criosanna GB-2.40 go GB-60 tar éis an ró le haghaidh creasa GB-2.39:

‘GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.40	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		30.11.2021	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		30.11.2021	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		30.11.2021	
		Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		30.11.2021	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		30.11.2021	
		Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		30.11.2021	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		30.11.2021	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		30.11.2021	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		30.11.2021	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		30.11.2021	
	GB-2.41	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		02.12.2021	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		02.12.2021	
		Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		02.12.2021	
		Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		02.12.2021	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		02.12.2021	
		Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		02.12.2021	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		02.12.2021	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		02.12.2021	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		02.12.2021	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		02.12.2021	

GB-2.42	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		02.12.2021	
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		02.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		02.12.2021	
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		02.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		02.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		02.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		02.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		02.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		02.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		02.12.2021	
GB-2.43	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		02.12.2021	
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		02.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		02.12.2021	
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		02.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		02.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		02.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		02.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		02.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		02.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		02.12.2021	

GB-2.44	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		03.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		03.12.2021	
GB-2.45	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		03.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		03.12.2021	

GB-2.46	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		03.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		03.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		03.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		03.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		03.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		03.12.2021	
GB-2.47	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		05.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		05.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		05.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		05.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		05.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		05.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		05.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		05.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		05.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		05.12.2021	



GB-2.48	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		05.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		05.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		05.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		05.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		05.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		05.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		05.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		05.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		05.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		05.12.2021	
GB-2.49	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		06.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		06.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		06.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		06.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		06.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		06.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		06.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		06.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		06.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		06.12.2021	

GB-2.50	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		07.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		07.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		07.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		07.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		07.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		07.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		07.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		07.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		07.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		07.12.2021	
GB-2.51	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		07.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		07.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		07.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		07.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		07.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		07.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		07.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		07.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		07.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		07.12.2021	

GB-2.52	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		08.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		08.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		08.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		08.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		08.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		08.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		08.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		08.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		08.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		08.12.2021	
GB-2.53	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		08.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		08.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		08.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		08.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		08.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		08.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		08.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		08.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		08.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		08.12.2021	

GB-2.54	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		09.12.2021	
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		09.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		09.12.2021	
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		09.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		09.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		09.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		09.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		09.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		09.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		09.12.2021	
GB-2.55	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		10.12.2021	
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		10.12.2021	
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		10.12.2021	

GB-2.56	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		10.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		10.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		10.12.2021	
GB-2.57	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		10.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		10.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		10.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		10.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		10.12.2021	

GB-2.58	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		11.12.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		11.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		11.12.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		11.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		11.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		11.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		11.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		11.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		11.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		11.12.2021	
GB-2.59	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		12.11.2021	
	Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		12.11.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		12.11.2021	
	Raitítigh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		12.11.2021	
	Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		12.11.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		12.11.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		12.11.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		12.11.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		12.11.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		12.11.2021	

GB-2.60	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		13.12.2021	
	Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.12.2021	
	Éanlaith chlóis atá beartaithe a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		13.12.2021	
	Raitígh atá beartaithe a mharú	SR	N, P1		13.12.2021	
	Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		13.12.2021	
	Sicíní lae raitíteach	DON	N, P1		13.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		13.12.2021	
	Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		13.12.2021	
	Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.12.2021	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		13.12.2021'	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach tuairiscí na gcriosanna GB-2.40 go GB-2.60 tar éis na tuairisce ar an gcrios GB-2.39:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.40	Gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.77 agus W1.12.
	GB-2.41	Gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54.22 agus W1.42
	GB-2.42	Gar do Tutbury, Staffordshire Thoir, Staffordshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.87 agus W1.76
	GB-2.43	Gar do Leominster, Herefordshire Thuaidh, Herefordshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.25 agus W2.86
	GB-2.44	Gar do Gretna, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway, Albain: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N55.03 agus W3.11.
	GB-2.45	Gar do Crickhowell, Powys, an Bhreatain Bheag: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N51.86 agus W3.23.

GB-2.46	Gar do Richmond, Richmondshire, Yorkshire Thuaidh, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54.47 agus W1.79
GB-2.47	Gar do Newent, Forest of Dean, Gloucestershire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N51.91 agus W2.33
GB-2.48	Gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54.2 agus W1.43
GB-2.49	Gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.76 agus W1.11
GB-2.50	Gar do Barrow upon Soar, Charnwood, Leicestershire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.77 agus W1.08.
GB-2.51	Gar do Pocklington, Yorkshire Thoir, East Riding of Yorkshire: Sasana An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53.91 agus W0.72.
GB-2.52	Gar do Sudbury, Babergh, Suffolk Theas, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.02 agus E0.78.
GB-2.53	Gar do Thirsk, Hambleton, Yorkshire Thuaidh, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N54.19 and W1.32.
GB-2.54	Gar do Annan, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway, Albain: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N55.05 agus W3.21.
GB-2.55	Gar do Moffat, Dumfriesshire, Dumfries agus Galloway, Albain: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N55.24 agus W3.40.
GB-2.56	Gar do Highworth, Swindon, Wiltshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N51.66 agus W1.79
GB-2.57	Gar do Clifford, Hereford agus Herefordshire Theas, Herefordshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.11 agus W3.10



	GB-2.58	Gar do Willington, Derbyshire Theas, Derbyshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.86 agus W1.52
	GB-2.59	Gar do Alford, Lindsey Thoir, Lincolnshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53.28 agus E0.21
	GB-2.60	Gar do Alford, Lindsey Thoir, Lincolnshire, Sasana: An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53.26 and E0.19'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh criosanna GB-2.40 go GB-2.60 tar éis an ró le haghaidh creasa GB-2.39:

<b>GB</b> An Ríocht Aontaithe	GB-2.40	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		30.11.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		30.11.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		30.11.2021	
	GB-2.41	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		02.12.2021	
	GB-2.42	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		02.12.2021	
	GB-2.43	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		02.12.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		02.12.2021	
	GB-2.44	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		03.12.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		03.12.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		03.12.2021	
	GB-2.45	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		03.12.2021	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		03.12.2021	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		03.12.2021	

GB-2.46	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		03.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		03.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		03.12.2021	
GB-2.47	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		05.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		05.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		05.12.2021	
GB-2.48	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		05.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		05.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		05.12.2021	
GB-2.49	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		06.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		06.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		06.12.2021	
GB-2.50	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		07.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		07.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		07.12.2021	
GB-2.51	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		07.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		07.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		07.12.2021	
GB-2.52	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		08.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		08.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		08.12.2021	
GB-2.53	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		08.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		08.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		08.12.2021	
GB-2.54	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		09.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		09.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		09.12.2021	

GB-2.55	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		10.12.2021	
GB-2.56	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		10.12.2021	
GB-2.57	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		10.12.2021	
GB-2.58	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		11.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		11.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		11.12.2021	
GB-2.59	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		12.11.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		12.11.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		12.11.2021	
GB-2.60	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.12.2021	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.12.2021	
	Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		13.12.2021'	

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/2292 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Aibreán 2021

**maidir le tíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh cinneadh ó Chomhlacht Feidhmiúcháin a bhaineann leis an modheolaíocht le haghaidh coigeartuithe chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas a léiriú, d'fhonn an 41ú seisiún de chuid an Chomhlachta Feidhmiúcháin don Choinbhinsiún Aerthruaillíú Trasteorann Fadraoin, agus maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seisiún sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'fhormheas an tAontas Prótacal 1999 a ghabhann le Laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún don Choinbhinsiún ar Aerthruaillíú Trasteorann Fadraoin, arna leasú an 4 Bealtaine 2012 ("Prótacal Gothenburg leasaithe"), faoin le Cinneadh (AE) 2017/1757 <sup>(1)</sup> ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2019.
- (2) Sa 36ú seisiún de chuid Chomhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin ar Aerthruaillíú Trasteorann Fadraoin ("an Coinbhinsiún"), d'iarr Páirtithe an Choinbhinsiúin ar an Aontas agus ar a Bhallstáit modheolaíocht a mholadh lena ndéanfar coigeartú ar uasteorainneacha astaíochtaí an Aontais a leagtar amach i dtábla 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal bunaidh Gothenburg a glacadh in 1999, chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas Eorpach a thabhairt san áireamh;
- (3) Sa 37ú seisiún de chuid Chomhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin Aeir, glacadh an cinneadh a mhol an tAontas agus a Bhallstáit le Cinneadh 2017/3 ón gComhlacht Feidhmiúcháin.
- (4) Is gá an mhodheolaíocht lena ndéanfar coigeartú ar luacha an Aontais a leagtar amach i dtáblaí 2 go 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Gothenburg, modheolaíocht atá bunaithe go heisiach ar ríomh matamaiticiúil nach n-úsáidtear ann ach faisnéis atá liostaithe cheana féin sna táblaí luaite chun athruithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a chur san áireamh, chun go bhféadfar athruithe den sórt sin a léiriú i gceart i bhfianaise an athbhreithnithe a rinneadh ar chomhlíonadh an Aontais Eorpaigh maidir lena chuid oibleagáidí faoin leagan leasaithe de Phrótacal Gothenburg. Ní bhaineann sin le haon choigeartú ar uasteorainneacha astaíochtaí náisiúnta ná ar ghealltanais laghdaithe astaíochtaí sna táblaí céanna.
- (5) A luaithe a ghlacfaidh Comhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin an mhodheolaíocht le haghaidh coigeartuithe, ba cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na coigeartuithe is gá a chur faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, chun athruithe ar an mballraíocht san Aontas a thabhairt san áireamh ón nglacadh Prótacal Gothenburg leasaithe. Ba cheart don Choimisiún aon choigeartú is gá i gcás athruithe ar bhallraíocht san Aontas dá éis a thíolacadh.
- (6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin, a leagan síos, ós rud é go mbeidh na cinntí a dhéanann sé ina gceangal ar an Aontas.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (AE) 2017/1757 ón gComhairle an 17 Iúil 2017 maidir le glacadh, thar ceann an Aontais, le Leasú ar an bPrótacal 1999 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ó 1979 ar laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún (IO L 248, 27.9.2017, lch. 3).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Sa 41ú seisiún de chuid Chomhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin, saothróidh an tAontas an cuspóir maidir leis an modheolaíocht a leagan síos lena bhféadfar coigeartuithe a dhéanamh ar bhunlínte astaíochtaí agus ar ghealltanais laghdaithe astaíochtaí an Aontais a leagtar amach i dtáblaí 2 go 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótocal Gothenburg, lena áirithiú gur féidir luachanna an Aontais sna táblaí sin a choigeartú chun líon iomlán bhunlínte astaíochtaí agus gealltanais laghdaithe astaíochtaí a Bhallstát a léiriú go hionchuí, tar éis athruithe a theacht ar an mballraíocht san Aontas.
2. D'fhonn an 41ú seisiún de chuid Chomhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin, agus chun an cuspóir a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh an tAontas an togra le haghaidh na modheolaíochta riachtanaí is gá a thíolacadh <sup>(?)</sup>.
3. Cuirfidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an togra seo in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

*Airteagal 2*

1. Féadfaidh an tAontas tacú le leasuithe arna moladh ag Páirtithe eile sa Choinbhinsiún ar choinníoll go rannchuideoidh siad le cuspóirí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach.
2. I gcás ina molfaidh Páirtithe eile sa Choinbhinsiún go n-úsáidfidh cinneadh an Chomhlachta Feidhmiúcháin Airteagal 13(2) de Phrótocal Gothenburg mar bhunús dlí dó, féadfaidh an tAontas glacadh leis an togra sin agus dul i mbun caibidlíochta ina leith sin.
3. I gcás ina n-iarrfaidh Páirtithe sa Choinbhinsiún eile go ndéanfar an nós imeachta chun luachanna nuashonraithe an Aontais a thíolacadh a ailíniú leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 13(4) agus (5) de Phrótocal Gothenburg, féadfaidh an tAontas nós imeachta simplithe a mholadh.

*Airteagal 3*

Féadfar mionchoigeartú ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 agus 2 a chomhaontú, i bhfianaise forbairtí ag an 41ú seisiún de Chomhdháil Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin, idir ionadaithe de chuid an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

A luaithe a ghlacfaidh Comhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin an mhodheolaíocht lena bhféadfar na nuashonruithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún a thíolacadh, thar ceann an Aontais, na nuashonruithe is gá lena gcuirtear an mhodheolaíocht sin chun feidhme.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS

---

<sup>(?)</sup> Féach doiciméad ST 7683/21 ar <http://register.consilium.europa.eu>.

**CINNEADH (AE) 2021/2293 ÓN gCOMHAIRLE****an 20 Nollaig 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe maidir le síneadh a chur leis an maolú ón oibleagáid sonraí i dtaifid ainmneacha paisinéirí na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht ón Ríocht Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 an 29 Aibreán 2021 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann den pháirt eile <sup>(2)</sup> ("TCA") leagtar síos rialacha faoina bhféadfar sonraí i dtaifid ainmneacha paisinéirí ("PNR") a aistriú chuig údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus faoina bhféadfaidh siad iad a phróiseáil agus a úsáid i gcás eitiltí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus leagtar amach ann na bearta cosanta sonracha i ndáil leis sin.
- (2) Le Teideal III de Chuid a Trí de TCA leagtar síos rialacha faoina bhféadfar sonraí PNR a aistriú chuig údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus faoina bhféadfaidh siad iad a phróiseáil agus a úsáid i gcás eitiltí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus bunaítear bearta cosanta sonracha i ndáil leis sin.
- (3) Déantar foráil le hAirteagal 552(4) de TCA go bhfuil an Ríocht Aontaithe le sonraí PNR na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht ón tír, ach amháin i gcás ina léirítear i measúnú riosca gur gá sonraí PNR den sórt sin a choinneáil.
- (4) Déantar foráil le hAirteagal 552(11) de TCA gur féidir leis an Ríocht Aontaithe maolú ó Airteagal 552(4) de TCA ar bhonn sealadach ar feadh tréimhse eatramhaí, ar fheithreamh coigeartuithe teicniúla a bheith curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe a luaithe agus is féidir. Le linn na tréimhse eatramhaí sin, cuirfidh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe cosc ar úsáid na sonraí PNR atá le scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) de TCA trí na bearta cosanta breise a liostaítear in Airteagal 552(11), pointí (a) go (d) de TCA a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR sin.
- (5) Sonraítear in Airteagal 552(10) de TCA go bhfuil feidhm ag Airteagal 552(11) de TCA mar gheall ar na himthosca speisialta a chuireann bac ar an Ríocht Aontaithe na coigeartuithe teicniúla is gá a dhéanamh chun na córais phróiseála PNR a d'oibrigh an Ríocht Aontaithe fad a bhí feidhm ag dlí an Aontais maidir léi, a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) de TCA.
- (6) Déantar foráil le hAirteagal 552(13) de TCA i gcás ina mbeidh na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) de TCA fós ann, go bhfuil an Chomhairle Comhpháirtíochta le síneadh bliana a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552(11) de TCA.

<sup>(1)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

<sup>(2)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

- (7) Tá feidhm ag Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh <sup>(3)</sup> laistigh den Aontas i gcomhréir leis na Conarthaí.
- (8) An 1 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Ríocht Aontaithe measúnú dá dtagraítear in Airteagal 552(12), pointe (b), de TCA faoi bhráid an Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú le TCA.
- (9) Ina measúnú, tháinig an Ríocht Aontaithe ar an gconclúid go bhfuil na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) de TCA fós ann, ag tagairt di don staid shonrach atá os comhair na Ríochta Aontaithe maidir le córais phróiseála sonraí PNR atá cumraithe chun bheith i gcomhréir le dlí an Aontais mar Bhallstát a chomhlíonadh a oiriúnú chuig córas atá cumraithe chun ceanglais TCA a mhéid a bhaineann le haistrihe idirnáisiúnta sonraí PNR ón Aontas go tríú tíortha a chomhlíonadh. Thug an Ríocht Aontaithe tuairisc ar na hiarrachtaí a rinneadh maidir lena gcórais próiseála sonraí a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) de TCA. Thug an Ríocht Aontaithe le fios go raibh anailís á déanamh aici ar na ceanglais dhlíthiúla, theicniúla agus oibríochtúla, lena n-áirítear na ceanglais fheidhmiúla agus neamhfheidhmiúla araon, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh córais próiseála sonraí PNR na Ríochta Aontaithe Airteagal 552(4) de TCA. I gcomhréir le hAirteagal 552(13) de TCA, rinne an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach tuarascáil na Ríochta Aontaithe a mheas an 19 Deireadh Fómhair 2021.
- (10) An 1 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Ríocht Aontaithe faoi bhráid an Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach an tuarascáil ón gcomhlacht riaracháin neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 552(12), pointe (a), de TCA, lena n-áirítear iarscríbhinn ó údarás maoirseachta na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 525(3) den chomhaontú sin, maidir le cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh na bearta cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 552(11) den chomhaontú sin i bhfeidhm go héifeachtach.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 552(13) de TCA, rinne an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach tuarascáil na Ríochta Aontaithe a mheas an 19 Deireadh Fómhair 2021. Ag an ócáid sin, shonraigh an Ríocht Aontaithe go raibh sé beartaithe aici an iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil sin a chomhlánú agus go ndéanfaí é sin i mí na Samhna 2021, sula ndéanfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta cinneadh maidir le síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach de bhun Airteagal 552(13) de TCA.
- (12) Dá bhrí sin, meastar go bhfuil na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) de TCA fós ann agus de bhun Airteagal 552(13) de TCA, ba cheart don Chomhairle Comhpháirtíochta síneadh bliana a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552(11) de TCA, go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (13) Tá an Comhaontú Trádála agus Comhair ina cheangal ar na Ballstáit uile de bhua Chinneadh (AE) 2021/689, atá bunaithe ar Airteagal 217 CFAE mar a bhunús dlí substainteach.
- (14) Tá an Danmhairg agus Éire faoi cheangal ag Cuid III den Chomhaontú Trádála agus Comhair de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 agus dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo, lena gcuirtear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta de bhun Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair teacht ar chomhaontú maidir le síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ón oibleagáid sonraí PNR na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht ón Ríocht Aontaithe faoi bhliain amháin, go dtí an 31 Nollaig 2022.

<sup>(3)</sup> IO L 119, 4.5.2016, lch. 132.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
An tUachtarán  
A. VIZJAK

---



**CINNEADH (AE) 2021/2294 ÓN gCOMHAIRLE****an 20 Nollaig 2021****lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hÍsiltíre,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.
- (2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 <sup>(2)</sup>, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.
- (3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Andy DRITTY a cheapadh.
- (4) Mhol Rialtas na hÍsiltíre Henk STAGHOUWER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *gedeputeerde provincie Groningen* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Groningen), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023.
- (5) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Henk STAGHOUWER ina chomhalta de Choiste na Réigiún.
- (6) Mhol Rialtas na hÍsiltíre Maarten VAN GAANS-GIJBELS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *gedeputeerde provincie Limburg* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Limburg), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún go dtí an 15 Márta 2023:

(a) mar chomhalta:

— Henk STAGHOUWER, *gedeputeerde provincie Groningen* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Groningen),

<sup>(1)</sup> IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Maarten VAN GAANS-GIJBELS, *gedeputeerde provincie Limburg* (comhalta d'Fheidhmeannas Cúige Limburg).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. VIZJAK

---

**CINNEADH (AE) 2021/2295 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**  
**an 21 Nollaig 2021**  
**lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 254 agus Airteagal 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rachaidh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028.
- (2) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige Lauri MADISE, Iko NÖMM, Anna MARCOULLI, Savvas S. PAPANAVVAS, Tuula PYNNÄ agus Heikki KANNINEN ina gcáil mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.
- (3) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 48 de Phrótocal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, go mbeidh beirt Bhreithiúna in aghaidh an Bhallstáit ar an gCúirt Ghinearálta amhail ón 1 Meán Fómhair 2019. Foráiltear le hAirteagal 2, pointe (c), den Rialachán sin go dtiocfaidh deireadh, an 31 Lúnasa 2025, le téarma oifige cúigear Breithiúna, as an naonúr Breithiúna breise atá le ceapadh amhail ón 1 Meán Fómhair 2019.
- (4) Ainmníodh Damjan KUKOVEC don phost mar Bhreitheamh breise den Chúirt Ghinearálta.
- (5) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótocal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis cheapadh Anthony COLLINS ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, ba cheart breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Anthony COLLINS, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2025.
- (6) Ainmníodh Suzanne KINGSTON don fholúntas sin.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótocal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis cheapadh Dimitrios GRATSIAS ina bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, ba cheart breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Dimitrios GRATSIAS, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2022.
- (8) Ainmníodh Ioannis DIMITRAKOPOULOS don fholúntas sin.
- (9) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna don Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028:

— Lauri MADISE,

— Iko NÖMM,

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótocal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341, 24.12.2015, lch. 14).

- Anna MARCOULLI,
- Savvas S. PAPASAVVAS,
- Tuula PYNNÄ,
- Heikki KANNINEN.

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2025:

- Damjan KUKOVEC,
- Suzanne KINGSTON.

*Airteagal 3*

Leis seo, ceaptar Ioannis DIMITRAKOPOULOS ina Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2022.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*An tUachtarán*  
I. JARC

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2296 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (“Deimhniú Digiteach COVID AE”) a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Leis an Rialachán sin, rannchuideofar freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadáitear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcríoch agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhéise a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana choibhéise sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcríoch na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 1 Samhain 2021, chuir Poblacht na Túinéise faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú faoin gcóras dar teideal “EVAX”. Chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil a deimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad lena bhfágtar gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX”.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (4) Chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíní agus tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (5) An 7 Nollaig 2021, i ndiaidh iarraidh a fháil ó Phoblacht na Túinéise, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíní arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX”, ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíní arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX”.
- (6) Ina theannta sin, chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Spikevax, Vaxzevria, COVID-19 Vaccine Janssen, CoronaVac, BBIBP-CorV, Sputnik V agus Hayat-Vax.
- (7) Thairis sin, chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún nach n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh ná le mearthástálacha antaiginí.
- (8) Thairis sin, chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún nach n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh.
- (9) Ina theannta sin, chuir Poblacht na Túinéise in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun stádas vacsaínithe, stádas tástála agus stádas téarnaimh an tsealbhora a fhíorú agus a dheimhniú agus chuige sin amháin nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí sa Túinéis, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíní arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX” le meas mar dheimhnithe atá coibhéseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíní arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX”, ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart Poblacht na Túinéise a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó a aisghairm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun Poblacht na Túinéise a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíní arna n-eisiúint ag Poblacht na Túinéise i gcomhréir leis an gcóras “EVAX” ina ndeimhnithe atá coibhéseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 2*

Déanfar Poblacht na Túinéise a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2297 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Montainéagró leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh ('Deimhniú Digiteach COVID AE') a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Leis an Rialachán sin, rannchuideofar freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadáitear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcóir agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhéise a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhéise sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcóir na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 31 Lúnasa 2021, chuir Montainéagró faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh faoin gcóras dar teideal 'SafeGO MNE'. Chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil a dheimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE'.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).



- (4) Chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sé le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (5) An 14 Nollaig 2021, i ndiaidh iarraidh a fháil ó Mhontainéagró, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE', ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE'.
- (6) Ina theannta sin, chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sé deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Vaxzevria, BBIBP-CorV agus Sputnik V.
- (7) Thairis sin, chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sé deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh agus i ndáil le mearthástálacha antaiginí a liostaítear sa liosta coiteann cothrom le dáta de mhearthástálacha antaiginí COVID-19 arna chomhaontú ag an gCoiste Slándála Sláinte ar bhonn Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 <sup>(3)</sup>, ar Coiste é a bunaíodh le hAirteagal 17 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>.
- (8) Thairis sin, chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sé deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh. Tá na deimhnithe sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá tar éis dháta na chéad tástála dearfaí.
- (9) Ina theannta sin, chuir Montainéagró in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun vacsaíniú, toradh tástála nó stádas téarnaimh an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú, agus chuige sin amháin, nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí i Montainéagró, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE' le meas mar dheimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE', ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart Montainéagró a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó a aisghairm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun Montainéagró a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

<sup>(3)</sup> Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 maidir le creat comhchoiteann maidir le húsáid agus bailíochtú mearthástálacha antaiginí agus le haitheantas frithpháirteach do thorthaí tástála COVID-19 in san Aontas (IO C 24, 22.1.2021, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le mórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Montainéagró i gcomhréir leis an gcóras 'SafeGO MNE' ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 2*

Déanfar Montainéagró a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2298 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (“Deimhniú Digiteach COVID AE”) a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Leis an Rialachán sin, rannchuideofar freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadaítear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcóir agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhéise a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhéise sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríoch na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 8 Deireadh Fómhair 2021, chuir Poblacht Oirthearach Uragua faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh faoin gcóras dar teideal “Plataforma Nacional Coronavirus Uy”. Chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil a deimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad lena bhfágtar gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san larscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy”.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (4) Chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, tástálacha aimplíúcháin aigéid núicléasaigh agus téarnamh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (5) An 14 Nollaig 2021, i ndiaidh iarraidh a fháil ó Phoblacht Oirthearach Uragua, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy”, ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy”.
- (6) Ina theannta sin, chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Vaxzevria, Spikevax, COVID-19 Vaccine Janssen, Covishield, BBIBP-CorV, CoronaVac, Covaxin, Sputnik V agus Convidecia.
- (7) Chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún freisin go n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimplíúcháin aigéid núicléasaigh, ach nach ndéanann sí amhlaidh i ndáil le mearthástálacha antaiginí.
- (8) Thairis sin, chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh. Tá na deimhnithe sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá tar éis dháta na chéad tástála dearfaí.
- (9) Ina theannta sin, chuir Poblacht Oirthearach Uragua in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun vacsaíniú, toradh tástála nó stádas téarnaimh an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú, agus chuige sin amháin, nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí in Uragua, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy” le meas mar dheimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy”, ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart Poblacht Oirthearach Uragua a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó a aisghairm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun Poblacht Oirthearach Uragua a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 a luaithe is féidir, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag Poblacht Oirthearach Uragua i gcomhréir leis an gcóras “Plataforma Nacional Coronavirus Uy” ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 2*

Déanfar Poblacht Oirthearach Uragua a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2299 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Téalainn leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh ('Deimhniú Digiteach COVID AE') a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Leis an Rialachán sin, rannchuideofar freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadáitear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcóir agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhése a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhése sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcóir na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 4 Samhain 2021, chuir an Téalainn faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh faoin gcóras dar teideal 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom'). Chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil a deimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir leis an gcóras 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom').

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (4) Chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (5) An 24 Samhain 2021, i ndiaidh iarraidh a fháil ón Téalainn, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir le córas, an córas 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom'), ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir leis an gcóras 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom').
- (6) Ina theannta sin, chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Spikevax, Vaxzevria, COVID-19 Vaccine Janssen, BBIP-CorV agus CoronaVac.
- (7) Thairis sin, chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh agus i ndáil le mearthástálacha antaiginí a liostaítear sa liosta coiteann cothrom le dáta de mhearthástálacha antaiginí COVID-19 arna chomhaontú ag an gCoiste Slándála Sláinte ar bhonn Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 <sup>(3)</sup>, ar Coiste é a bunaíodh le hAirteagal 17 de Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>.
- (8) Thairis sin, chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh. Tá na deimhnithe sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá tar éis dháta na chéad tástála dearfaí.
- (9) Ina theannta sin, chuir an Téalainn in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun stádas vacsaínithe, stádas tástála agus stádas téarnaimh an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú agus chuige sin amháin nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí sa Téalainn, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir leis an gcóras 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom') le meas mar dheimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir leis an gcóras 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom'), ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(8) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart an Téalainn a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó an Cinneadh a aisghairm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun an Téalainn a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

<sup>(3)</sup> Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 maidir le creat comhchoiteann i ndáil le húsáid agus bailíochtú mearthástálacha antaiginí agus le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do thorthaí tástála COVID-19 san Aontas (IO C 24, 22.1.2021, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le mórbhagairtí trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh arna n-eisiúint ag an Téalainn i gcomhréir leis an gcóras 'MOHPROMT' (nó 'Mor Prom') ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 2*

Déanfar an Téalainn a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---



**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2300 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Téaváin (\*) leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh ('Deimhniú Digiteach COVID AE') a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Leis an Rialachán sin, rannchuideofar freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadáítear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ina gcóir agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhéise a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhéise sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcóir na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 17 Samhain 2021, chuir an Téaváin faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú agus tástáil faoin gcóras dar teideal 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System'. Chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil a deimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gceart iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System'.

(\*) Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú mar léiriú ar sheasamh oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcúinsí ar bith maidir le stádas dlíthiúil na Téaváine.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (4) Chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh agus téarnamh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (5) An 10 Nollaig 2021, i ndiaidh iarraidh a fháil ón Téaváin, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System', ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System'.
- (6) Ina theannta sin, chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Spikevax, Vaxzevria agus MVC COVID-19 vaccine.
- (7) Chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún freisin go n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh, ach nach ndéanann sí amhlaidh i ndáil le mearthástálacha antaiginí.
- (8) Thairis sin, chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún nach n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh.
- (9) Ina theannta sin, chuir an Téaváin in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun vacsaíniú, toradh tástála nó stádas téarnaimh an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú, agus chuige sin amháin, nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fóraitheoirí sa Téaváin, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System' le meas mar dheimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System', ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5) agus Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart an Téaváin a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó a aisghairm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun an Téaváin a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras 'Taiwan Digital COVID-19 Certificate System' ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 2*

Déanfar an Téaváin a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2301 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 21 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíníú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaothluiséacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9 (1), pointe (c), de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953 leagtar amach Deimhniú Digiteach COVID AE arb é is cuspóir dó a bheith mar chruthúnas go bhfuair duine vacsaín COVID-19, go bhfuair duine toradh diúltach ar thástáil nó gur théarnaigh duine ó ionfhabhtú chun go n-éascófar ceart an tsealbhóra chun saorghluaiseachta le linn phaindéim COVID-19 a fheidhmiú.
- (2) Ionas go n-oibreoidh Deimhniú Digiteach COVID AE ar fud an Aontais, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha chun sonraí a chur i nDeimhnithe Digiteacha COVID AE agus chun iad a eisiúint agus a fhíorú ar bhealach slán, chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, struchtúr comhchoiteann aitheantóir uathúil an deimhnithe a leagan síos agus barrachód bailí, slán agus idir-inoibritheach a eisiúint.
- (3) An 17 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2014 <sup>(3)</sup> lena leagtar amach rialacha aonfhoirmeacha chun sonraí a chur sna deimhnithe vacsaínithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/953 arna n-eisiúint tar éis teanndáileoga vacsaínithe in aghaidh COVID-19 a thabhairt.
- (4) De réir mar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, tá tréimhse chaighdeánach inghlacthachta 270 lá le cur i bhfeidhm maidir le deimhnithe vacsaínithe lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil, bíodh gur shraith phríomhúil aon dáileoige a bheadh inti, nó sraith phríomhúil dhá dháileog, nó, i gcomhréir le straitéis vacsaínithe an Bhallstáit inar tugadh an vacsaíníú, sraith phríomhúil aon dáileoige de vacsaín dhá dháileog i gcás duine a raibh ionfhabhtú SARS-CoV-2 air cheana. An tráth céanna, níl tréimhse bhailíochta le leagan síos maidir le deimhnithe lena léirítear gur tugadh teanndáileoga nó gur tugadh dáileoga breise chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine nach léiríonn freagairt imdhíonachta leordhóthanach tar éis dóibh an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear dáileoga breise den chineál sin freisin le tagairtí do theanndáileoga sa Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 230, 30.6.2021, lch. 32).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2014 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 410, 18.11.2021, lch. 180).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil (Féach leathanach 459 den Iris Oifigiúil seo).

- (5) Chun bheith in inmhe idirdhealú, i ngach cás, idir deimhnithe a eisítear ar bhonn chríochnú na sraithe vacsaínithe príomhúla agus deimhnithe a eisítear ar bhonn teanndáileog a bheith tugtha, ba cheart na rialacha aonfhoirmeacha maidir le sonraí a chur sna deimhnithe vacsaínithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/953 a oiriúnú.
- (6) Deimhnithe ina leantar rialacha difriúla maidir le hionchódú na dteanndáileog, ba cheart do na Ballstáit iad a atheisiúint ionas nach gcuirfean an tréimhse chaighdeánach bhailíochna 270 i bhfeidhm maidir leo.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 a leasú dá réir sin.
- (8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup> agus thug sé barúlacha foirmiúla an 14 Nollaig 2021.
- (9) I bhfianaise an ghá atá le cur chun feidhme tapa na sonraíochtaí teicniúla leasaithe le haghaidh Dheimhniú Digiteach COVID AE, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (10) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

<sup>(7)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073:

**5.2. Teanndáileoga**

I gcás ina dtugtar dáileoga do dhuine tar éis na sraithe vacsaínithe príomhúla, is mar a leanas a chuirfear na teanndáileoga sin in iúl sna deimhnithe comhfhreagracha:

- Sonraítear le 2/1 gur tugadh teanndáileog tar éis cúrsa vacsaínithe aon dáileoige príomhúil, nó gur tugadh teanndáileog tar éis cúrsa príomhúil a chríochnú ina bhfuil dáileog amháin de vacsaín 2-dháileog a thugtar do dhuine téarnaithe i gcomhréir leis an bprótocal vacsaínithe a chuir Ballstát i bhfeidhm. Tar éis sin, sonrófáir na dáileoga (X) a thugtar tar éis na chéad teanndáileoige le  $(2+X)/(1) > 1$  (3/1, mar shampla);
- Sonraítear le 3/3 gur tugadh teanndáileog tar éis sraith vacsaínithe phríomhúil 2-dháileog a fháil. Tar éis sin, sonrófáir na dáileoga (X) a thugtar tar éis na chéad teanndáileoige le  $(3+X)/(3+X) = 1$  (4/4, mar shampla).

Cuirfidh na Ballstáit na rialacha ionchódaithe a leagtar amach sa Roinn seo chun feidhme faoin 1 Feabhra 2022.

Atheiseoidh na Ballstáit, go huathoibríoch nó arna iarraidh sin don duine lena mbaineann, deimhnithe vacsaínithe ina n-ionchódáitear tabhairt teanndáileoige tar éis cúrsa vacsaínithe aon dáileoige príomhúil ar bhealach nach bhféadfar é sin a idirdhealú ón tsraith vacsaínithe phríomhúil a bheith críochnaithe.

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear freisin, le tagairtí do 'teanndáileoga', dáileoga breise a thugtar chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine nach léiríonn freagairt imdhíonachta leordhóthanach tar éis dóibh an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú. Féadfaidh na Ballstáit, laistigh den chreat dlíthiúil arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar staid grúpaí leochaileacha a d'fhéadfadh dáileoga breise a fháil mar ábhar tosaíochta. Mar shampla, má chinneann Ballstát dáileoga breise a thabhairt d'fhoghrúpaí sonracha den daonra agus do na foghrúpaí sin amháin, féadfaidh sé a roghnú, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/953, gan deimhnithe vacsaínithe a eisiúint lena léirítear gur tugadh na dáileoga breise sin ach amháin arna iarraidh sin seachas ar bhonn uathoibríoch. I gcás ina nglacfar bearta den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit na daoine lena mbaineann ar an eolas dá réir sin, agus cuirfidh siad in iúl dóibh freisin go bhféadfaidh siad leanúint d'úsáid a bhaint as an deimhniú a fuarthas tar éis dóibh an tsraith chaighdeánach vacsaínithe phríomhúil a chríochnú.'

---

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 117 an 6 Aibreán 2021)

**(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaelge an 6 Aibreán 2021)**

Ar leathanach 169, Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn L, pointe 3.2:

*in ionad:* “Chun an cóimheas maolaithe Dm, an cóimheas maolaithe Dr, le maolairí hidrálacha bainte, agus minicíocht F an chrochta a bhunú trí thástáil, beidh an fheithicil ualaithe:

- (a) á tiomáint ag luas íseal (5 km/u ± 1 km/u) thar chéim 80 mm leis an bpróifíl a thaispeántar i bhFíor 1. Tarlaíonn an t-ascalú neamhbhuan a bhfuil anailís le déanamh air i gcomhair minicíochta agus maolaithe tar éis do rotha an acastóra tiomána an chéim a fhágáil;
- (b) tarraingthe síos ag a fonnadh ionas gurb ionann ualach an acastóra tiomána agus 1.5 uaire a uasluch statach. Scaoiltear an fheithicil atá coinnithe síos go tobann agus déantar anailís ar anascalú comhleanúnach;
- (c) tarraingthe aníos ag a fonnadh ionas go n-ardaítear an mhais chrochta 80 mm os cionn an acastóra tiomána. Scaoiltear anuas an fheithicil atá coinnithe thuas go tobann agus déantar anailís ar anascalú comhleanúnach;
- (d) faoi réir nósanna imeachta eile a mhéid is gur chruthaigh an monaróir, chun sástacht na seirbhíse teicniúla, go bhfuil siad combhionann.”

*léitear:* “Chun an cóimheas maolaithe Dm, an cóimheas maolaithe Dr, le maolairí hidrálacha bainte, agus minicíocht F an chrochta a bhunú trí thástáil, beidh an fheithicil ualaithe:

- (a) á tiomáint ag luas íseal (5 km/u ± 1 km/u) thar chéim 80 mm leis an bpróifíl a thaispeántar i bhFíor 1. Tarlaíonn an t-ascalú neamhbhuan a bhfuil anailís le déanamh air i gcomhair minicíochta agus maolaithe tar éis do rotha an acastóra tiomána an chéim a fhágáil, sin nó;
- (b) tarraingthe síos ag a fonnadh ionas gurb ionann ualach an acastóra tiomána agus 1,5 uaire a uasluch statach. Scaoiltear an fheithicil atá coinnithe síos go tobann agus déantar anailís ar anascalú comhleanúnach, sin nó;
- (c) tarraingthe aníos ag a fonnadh ionas go n-ardaítear an mhais chrochta 80 mm os cionn an acastóra tiomána. Scaoiltear anuas an fheithicil atá coinnithe thuas go tobann agus déantar anailís ar anascalú comhleanúnach, sin nó;
- (d) faoi réir nósanna imeachta eile a mhéid is gur chruthaigh an monaróir, chun sástacht na seirbhíse teicniúla, go bhfuil siad combhionann.”

**Ceartúchán ar Chinneadh (AE) 2020/245 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhpháirtíochta agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhpháirtíochta, na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile arna mbunú ag an gComhairle Comhpháirtíochta, agus bunú liosta na bhfochoistí, chun an Comhaontú sin a chur i bhfeidhm cé is moite de Theideal II de**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 52 an 25 Feabhra 2020)*

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 25 Feabhra 2020)*

Ar leathanach 2, fonóta (1):

*in ionad:* “Féach doiciméad ST 15226/19 ar <http://register.consilium.europa.eu>.”,

*léitear:* “Ní hann do théacs an dréachtchinnidh seo sa Ghaeilge.”.

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)